CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

| | |
|---|---|
| Title | Gaelphobail nua-aoiseacha: inmharthanacht agus pobail mhionteanga i saol faoin domhandú |
| Authors | Ní Shionnain, Ursula |
| Publication date | 11/12/2020 |
| Original Citation | Ní Shionnain, U. 2020. Gaelphobail nua-aoiseacha: inmharthanacht agus pobail mhionteanga i saol faoin domhandú. PhD Thesis, University College Cork. |
| Type of publication | Doctoral thesis |
| Rights | © 2020, Ursula Ní Shionnain. - https://creativecommons.org/licenses/by-nc-nd/4.0/ |
| Download date | 2026-10-23 20:33:13 |
| Item downloaded from | https://hdl.handle.net/10468/10902 |

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

# Gaelphobail Nua-Aoiseacha

## Inmharthanacht agus Pobail Mhionteanga i Saol faoin Domhandú

Ursula Ní Shionnain B.A., M.A.

Tráchtas i dtaobh na céime PhD.
An Roinn Staidéar Sóisialta Feidhmeach
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

**Stiúrthóir Taighde:**
An Dr. Féilim Ó hAdhmaill

**Comhairleoir Taighde:**
An Dr. Ciarán Dawson

**Nollaig 2020**

# Clár na nÁbhar

**Dearbhú** ..... **ix**
**Noda agus Sainmhínithe** ..... **x**
**Achoimre/Abstract** ..... **xi**
**Buíochas** ..... **xiv**
**Caibidil 1: Réamhrá** ..... **1**
1.1 Teideal an Tráchtais ..... 1
1.2 Aidhm an taighde ..... 1
1.3 Comhthéacs an taighde ..... 2
1.3.1 An Comhthéacs Idirnáisiúnta: An Domhandú ..... 2
1.3.2 Gaelphobail na hÉireann ..... 4
1.3.3 Nádúr Athraithe an Phobail ..... 10
1.4 Ag lonnú an taighdeora: Réasúnaíocht Phearsanta ..... 13
1.5 Na Ceisteanna Taighde ..... 14
1.6 Struchtúr an Tráchtais ..... 14
1.7 Conclúid ..... 15
**Caibidil 2: An Mhodheolaíocht Taighde** ..... 16
2.1 Réamhrá ..... 16
2.2 An Léirmheas Litríochta ..... 16
2.3 Cur chuige modheolaíoch ..... 17
2.4 Na modhanna bailithe eolais ..... 21
2.4.1 Na cás-staidéir ..... 21
2.4.2 Na hagallaimh ..... 28
2.4.3 An tAgallamh grúpa ..... 30
2.4.4 An Ceistneoir ..... 31
2.4.5 Foinsí eile ..... 36
2.5 An Próiseas Taighde ..... 38
2.6 Cúrsaí Eiticiúla ..... 40
2.7 Conclúid ..... 40
**Caibidil 3: An Léirmheas Litríochta** ..... 42
3.1 Réamhrá ..... 42
3.2 Seachadadh idirghlúine agus fearainn na sprioctheanga ..... 42
3.3 Pobail na nua-aoise ..... 47
3.3.1 An tIar-nua-aoiseachas ..... 48

3.4 Pobail na Gaeilge .....57
3.4.1 Coincheap an Phobail Cheantraigh .....57
3.4.2 Iarrachtaí ar Nua-Ghaeltachtaí a chruthú .....69
3.4.3 An Líonra Gaeilge .....82
3.5 An Phleanáil Teanga .....90
3.6 An Fhorbairt Pobail .....95
3.7 Conclúid .....100
**Caibidil 4: Anailís ar an eolas ó na hAgallaimh** .....102
4.1 Réamhrá .....102
4.2 Na Téamaí .....102
4.3 Na Príomhfhaisnéiseoirí .....103
4.4 Anailís ar an eolas ó na hagallaimh .....105
4.4.1 An Fhorbairt Pobail .....105
4.4.2 Tacaíochtaí stáit agus pobail .....138
4.4.3 Dáileadh an Phobail Teanga .....142
4.4.4 Na fachtóirí a chothaíonn an pobal Gaeilge .....153
4.4.5 Na bagairtí agus na fachtóirí a chuireann bac ar an bpobal Gaeilge .....163
4.5 Conclúid .....177
**Caibidil 5: Anailís ar an eolas ón Agallamh Grúpa** .....183
5.1 Réamhrá .....183
5.2 Rannpháirtithe na ngrúpaí fócais .....183
5.3 Na Téamaí .....185
5.4 Anailís ar an eolas ón agallamh grúpa .....185
5.4.1 Pobail chomhaimseartha na Gaeilge .....185
5.4.2 Seachadadh Idirghlúine na Gaeilge .....195
5.4.3 Fachtóirí cothaithe: Láidreachtaí a bhaineann le pobail chomhaimseartha na Gaeilge .....202
5.4.4 Baic: Laigí agus bagairtí a bhaineann le pobail chomhaimseartha na Gaeilge .....208
5.4.5 Cur chuige i bhforbairt pobail chomhaimseartha na Gaeilge .....220
5.4.6 Pobail na Gaeilge agus Ról an Stáit .....224
5.5 Conclúid .....229
**Caibidil 6: Anailís ar an eolas ón gCeistneoir** .....237
6.1 Réamhrá .....237
6.2 Próifíl na bhfreagróirí .....237

6.2.1 Inscne ..... 237
6.2.2 Aoisghrúpaí ..... 238
6.2.3 Sórt ceantair ..... 239
6.2.4 Stádas pósta ..... 240
6.2.5 Leibhéal oideachais ..... 240
6.2.6 Stádas fostaíochta ..... 241
6.2.7 Gairm bheatha ..... 242
6.3 Cúlra Teanga na bhfreagróirí ..... 245
6.3.1 Cúlra Teanga ..... 245
6.3.2 Cumas sa Ghaeilge ..... 246
6.3.3 Cumas sa Bhéarla ..... 247
6.3.4 Teangacha laethúla ..... 248
6.4 Úsáid Teanga na bhfreagróirí leis an teaghlach ..... 251
6.4.1 Teangacha a labhraítear sa bhaile ..... 251
6.4.2 Teangacha a labhraítear le baill an teaghlaigh ..... 252
6.5 Úsáid Teanga le páistí ..... 255
6.5.1 Úsáid teanga an pháiste ..... 255
6.5.2 Cinneadh an tuismitheora ..... 258
6.5.3 Cumas Gaeilge an pháiste ..... 259
6.5.4 Gaelscolaíocht ..... 260
6.5.5 Deacrachtaí an tuismitheora páiste a thógáil le Gaeilge ..... 262
6.6 Úsáid teanga na bhfreagróirí le cairde ..... 264
6.6.1 Grúpaí sóisialta ..... 264
6.7 Úsáid teanga na bhfreagróirí sa phobal ..... 271
6.7.1 Úsáid teanga i réimsí an phobail ..... 271
6.7.2 Deiseanna cainte eile ..... 278
6.7.3 Baic i leith úsáid na Gaeilge ..... 281
6.7.4 Dáileadh an Phobail Teanga ..... 283
6.8 Dearcthaí na bhfreagróirí i leith na Gaeilge ..... 284
6.8.1 Dearcthaí i leith na Gaeilge ..... 284
6.9 Úsáid teanga na bhfreagróirí agus na meáin chumarsáide ..... 290
6.9.1 Úsáid na Gaeilge agus na meáin chumarsáide ..... 290
6.10 Conclúid ..... 292
**Caibidil 7: Achoimre agus Conclúidí** ..... 300
7.1 Réamhrá ..... 300

7.2 Achoimre ar na ceisteanna taighde agus mórthorthaí an staidéir.....300
7.3 Teorainneacha an staidéir.....316
7.4 Léargais nua agus moltaí do thaighde amach anseo .....318
**Leabharliosta**.....321
**Aguisíní** .....338
Aguisín 1: Bileog Eolais do na hagallaimh.....338
Aguisín 2: Foirm Thoilithe.....343
Aguisín 3: Litir chuig baill phobail maidir leis an gceistneoir .....344
Aguisín 4: An ceistneoir.....346
Aguisín 5: Comhfhreagras ón gCoiste um Eitice Thaighde .....367
Aguisín 6: Foirm cheadaithe eitice .....368

# Táblaí

Tábla 1: Líon na rannpháirtithe a ghlac páirt sa staidéar píolótach .....36
Tábla 2: Rannpháirtithe a ghlac páirt sa taighde de réir líon agus inscne.....38
Tábla 3: Tréimhse an Taighde Pháirce.....39
Tábla 4: Gairmeacha beatha na bhfreagróirí de réir pobail.....244
Tábla 5: Cainteoirí líofa na Gaeilge de réir aoisghrúpa .....247
Tábla 6: Cumas Béarla na bhfreagróirí de réir pobail.....247
Tábla 7: Úsáid laethúil na Gaeilge de réir aoisghrúpa .....249
Tábla 8: Úsáid laethúil na Gaeilge de réir leibhéal oideachais .....250
Tábla 9: Úsáid laethúil na Gaeilge de réir stádas fostaíochta .....250
Tábla 10: Úsáid teanga le baill an teaghlaigh de réir pobail .....253
Tábla 11: Deiseanna eile cainte chun Gaeilge a úsáid .....281

# Léaráidí

Léaráid 1: Coilínteachtaí Gaeltacha i gCo. na Mí (Ó Cadhain, 2002: 96) (tógtha ó Thuarascáil Choimisiún na Talún 1951 – 1952). ..... 24
Léaráid 2: Typical shape of a negative correlation between age and profiency for L2 acquisition (Montrul, 2008: 264) ..... 44
Léaráid 3: The Postmodern Condition (Allan & Turner, 2000: 381) ..... 53
Léaráid 4: Graded Intergenerational Disruption Scale (Fishman, 1991: 88 – 109) ... 61
Léaráid 5: Inscne na bhfreagróirí de réir pobail ..... 238
Léaráid 6: Aoisghrúpaí na bhfreagróirí de réir pobail ..... 238
Léaráid 7: Stádas pósta na bhfreagróirí de réir pobail ..... 240
Léaráid 8: Leibhéal oideachais is airde na bhfreagróirí de réir pobail ..... 240
Léaráid 9: Stádas fostaíochta na bhfreagróirí de réir pobail ..... 241
Léaráid 10: Cúlra teanga na bhfreagróirí de réir pobail ..... 245
Léaráid 11: Cumas Gaeilge na bhfreagróirí de réir pobail ..... 246
Léaráid 12: Úsáid laethúil teangacha de réir pobail ..... 248
Léaráid 13: Teangacha a labhraítear sa bhaile de réir pobail ..... 251
Léaráid 14: Úsáid teanga na bpáistí i gcás Bhóthar Seoighe ..... 255
Léaráid 15: Úsáid teanga na bpáistí i gcás Ráth Chairn ..... 256
Léaráid 16: Úsáid teanga na bpáistí i gcás Chluain Dolcáin ..... 257
Léaráid 17: Úsáid teanga na bpáistí i gcás Charn Tóchair ..... 258
Léaráid 18: Cinneadh comhfhiosach an tuismitheora maidir le páiste a thógáil le Gaeilge ..... 259
Léaráid 19: Cumas teanga an pháiste/na bpáistí de réir pobail ..... 260
Léaráid 20: Freastal na bpáistí ar Ghaelscoil de réir pobail ..... 261
Léaráid 21: Grúpaí sóisialta na bhfreagróirí de réir pobail ..... 266
Léaráid 22: Teangacha na ngrúpaí sóisialta de réir teanga ..... 267
Léaráid 23: Teangacha na ngrúpaí sóisialta de réir pobail ..... 268
Léaráid 24: Bunús áitiúil na ngrúpaí sóisialta de réir pobail ..... 269
Léaráid 25: Grúpaí sóisialta áitiúla/neamháitiúla ..... 270
Léaráid 26: Teagmháil na bhfreagróirí le grúpaí áitiúla/neamháitiúla de réir minicíochta ..... 270
Léaráid 27: Fearainn agus úsáid teanga i bpobal Bhóthar Seoighe ..... 271
Léaráid 28: Fearainn agus minicíocht teagmhála i gcás Bhóthar Seoighe ..... 272

Léaráid 29: Fearainn agus úsáid teanga i gcás Ráth Chairn.....273
Léaráid 30: Fearainn agus minicíocht teagmhála i gcás Ráth Chairn.....274
Léaráid 31: Fearainn agus úsáid teanga i gcás Chluain Dolcáin.....275
Léaráid 32: Fearainn agus minicíocht teagmhála i gcás Chluain Dolcáin.....276
Léaráid 33: Fearainn agus úsáid teanga i gcás Charn Tóchair.....277
Léaráid 34: Fearainn agus minicíocht teagmhála i gcás Charn Tóchair.....278
Léaráid 35: 'Tá mo dhearcadh ginearálta i leith na Gaeilge an-dearfach'.....285
Léaráid 36: 'Tá an Ghaeilge tábhachtach i dtaobh féiniúlacht na hÉireann'.....285
Léaráid 37: 'Tá an Ghaeilge tábhachtach do m'fhéiniúlacht féin'.....286
Léaráid 38: 'Tá cothú/cur chun cinn na Gaeilge mar theanga phobail i mo phobal féin tábhachtach dom'.....286
Léaráid 39: 'Tá cothromaíocht idir an Ghaeilge agus an Béarla i mo phobal amach anseo tábhachtach dom'.....287
Léaráid 40: 'Tá cothromaíocht idir phróifíl na Gaeilge agus an Bhéarla i mo phobal amach anseo tábhachtach dom': Carn Tóchair.....287
Léaráid 41: 'Tá sé tábhachtach dom go mbeidh an Ghaeilge in uachtar i mo phobal amach anseo'.....288
Léaráid 42: 'Tá sé tábhachtach dom go mbeidh an Ghaeilge in úsáid go laethúil ag formhór an chomhphobail amach anseo': Carn Tóchair.....288
Léaráid 43: 'Tá athbheochan na Gaeilge sa tír ina hiomlán tábhachtach dom'.....289
Léaráid 44: 'Tá an rialtas ag déanamh a dhóthain chun bisiúlacht na Gaeilge amach anseo a chinntiú'.....289
Léaráid 45: 'Breathnaím ar chláir theilifíse as Gaeilge'.....290
Léaráid 46: 'Éistim le cláir raidió as Gaeilge'.....291
Léaráid 47: 'Léim nuachtáin nó irisí as Gaeilge'.....291
Léaráid 48: 'Bainim úsáid as suíomhanna idirlíne as Gaeilge'.....292

# Dearbhú

Dearbhaím gur liomsa an saothar seo agus nár chuireadh faoi bhráid aon institiúid é le haghaidh measúnaithe do chéim PhD. ag Coláiste na hOllscoile Corcaigh nó ag aon institiúid eile. Tugtar aitheantas sa saothar do gach tagairt agus foinse sheachtrach san ábhar féin. Tá rialacháin Choláiste na hOllscoile Corcaigh maidir le bradaíl léite agam agus tuiscint agam orthu.

Síniú digiteach an iarrthóra: *Úrsula Ní Shionnain*

Dáta: 11 Nollaig 2020

## Noda agus Sainmhínithe

CLG: Cumann Lúthchleas Gael

Dlúthphobal: Pobal a bhfuil bunús déimeagrafach dlúth ag baint leis

Líonra Gaeilge: '...ceantair a bhfuil bunmhais chriticiúil bainte amach acu maidir le tacaíocht pobail agus Stáit don Ghaeilge' (Foras na Gaeilge, 2014: ar líne)

LPT: Limistéar Pleanála Teanga

SCT: *An Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (Ó Giollagáin, Mac Donnacha, Ní Chualáin, Ní Shéaghdha & O'Brien, 2007)

T1: an chéad teanga a shealbhaíonn an páiste

T2: an dara teanga a shealbhaíonn an páiste

Xish: téarma Fishman don mhionteanga

Yish: téarma Fishman don mhórtheanga

Ymen: téarma Fishman do chainteoirí na mórtheanga

# Achoimre/Abstract

Is é príomhchuspóir an taighde seo ná iniúchadh a dhéanamh ar na fachtóirí a bhaineann le hinmharthanacht i bpobail mhionteanga na sochaí nua-aoisí. Díríonn an staidéar nua agus uathúil seo ar Ghaelphobail atá ceantrach-bhunaithe agus ar phobail Ghaeilge a fheidhmíonn trí ghréasáin shóisialta mar chás mionteanga ar leith chun na fachtóirí seo a chíoradh. Taispeánann teoiricí Fishman (1989; 1991; 2001) an tábhacht a bhaineann le seachadadh idirghlúine na mionteanga agus an nasc idir an baile, an chomharsanacht agus an pobal i gcothú na mionteanga agus cuirtear argóintí chun cinn i bhfabhar dlúthphobal déimeagrafach sa chothú sin. Cíorann an tráchtas seo na teoiricí seo, chomh maith le teoiricí eile a bhaineann le hinmharthanacht mhionteanga, agus rinneadh taighde príomhúil chun na teoiricí seo a mheas. Baineadh úsáid as modhanna measctha chun eolas a bhailiú don taighde, léirmheas litríochta, agallaimh, agallamh grúpa agus ceistneoir go príomha.

Léiríonn an taighde, cé go bhfuil méadú tagtha ar úsáid na Gaeilge leis na glúnta éagsúla ó ghlúin na seantuismitheoirí síos go dtí glúin na ngarpháistí sna Gaelphobail atá faoi scrúdú anseo, go bhfuil an dátheangachas chun cinn sna pobail ar fad. Taispeántar an tionchar a imríonn an tógáil Ghaeilge aonteangach ar iompar teanga rannpháirtithe an taighde seo níos déanaí le linn an tsaoil le tromlach an ghrúpa sin ag tógáil a bpáistí féin le Gaeilge inniu agus úsáid níos fabhraí i leith na sprioctheanga i gceist leo i gcomparáid leis na rannpháirtithe a tógadh le Béarla. Léirítear chomh maith gur ghlac tromlach na dtuismitheoirí atá ag tógáil clainne le Gaeilge sa staidéar seo cinneadh comhfhiosach maidir leis an mbeartas seo. Mar atá pléite ag Ó Giollagáin *et al* (2007a), d'fhéadfadh an cás seo castacht nó leochaileacht atá ag an bpobal teanga ina chuid teagmhálacha le pobal teanga eile a thaispeáint agus d'fhéadfaí hipitéis a thabhairt sa chás seo go bhfuil na tuismitheoirí ag dul i ngleic leis seo trí chinneadh comhfhiosach a ghlacadh maidir le cur ar aghaidh na mionteanga chuig an gcéad ghlúin eile.

I gcomhthéacs theoiricí Fishman ar inmharthanacht an phobail mhionteanga, taispeánann an taighde seo go bhfuil fearann an teaghlaigh sna pobail faoi scrúdú i mbaol ó thaobh cothú na mionteanga de agus nach bhfuil an chomharsanacht ag feidhmiú mar fhearann cothaithe do pháistí na bpobal seo. Léiríonn torthaí an cheistneora go bhfuil iompar teanga níos láidre i bhfabhar na Gaeilge soiléir i gcás

na rannpháirtithe a bhfuil cónaí orthu i gcomharsanachtaí Gaeilge agus go bhfuil bunús áitiúil ag formhór na ngréasán sóisialta atá ag rannpháirtithe an taighde. I gcás an staidéir seo, tá sé soiléir go bhfeidhmíonn na pobail Ghaeilge ar bhonn logánta den chuid is mó.

Taispeánann an taighde seo go bhfuil modhanna forbartha pobail éagsúla i bhfeidhm sna pobail faoi scrúdú ach meastar go bhfuil éifeachtacht ar leith ag baint leis an gcur chuige ón mbun aníos, cás a chruthaíonn úinéireacht, rannpháirtíocht phobail agus tógáil nasc i measc na mball. Taispeánann an staidéar seo an ról tábhachtach a imríonn siombailí i gcothú na sprioctheanga agus an nasc a dhéanann baill phobail le stair, oidhreacht agus cur faoi chois i gcomhthéacs na Gaeilge. Airítear an tionchar a imríonn an mhórtheanga ar úsáid na mionteanga, an brú síoraí a mhothaítear uaidh agus an creimeadh a dhéanann sé ar phobail na Gaeilge. Taispeánann an taighde seo, má tá an mhionteanga le cothú, go bhfuil gá le teorainneacha éifeachtacha a fhorbairt leis an mórtheanga chomh maith le tacaíocht chuí stáit chun staid níos fabhraí a chruthú do Ghaelphobail chomhaimseartha na linne.

*The primary objective of this research is to examine the factors associated with viability in modern society's minority language communities. This new and unique study focuses on Irish-language communities that are geographically based as well as Irish-language communities that function through social networks as a specific minority language case to examine these factors. Fishman's theories (1989; 1991; 2001) demonstrate the importance associated with the intergenerational transmission of the minority language and the link between the home, the neighbourhood and the community in its maintenance. In terms of that preservation, they argue in favour of a demographically concentrated community. This thesis examines those theories, as well as others relating to minority language viability, and primary research was carried out to assess those theories. Mixed methods were used to collect data for this research, primarily a literary review, interviews, a group interview and questionnaires.*

*This research shows that, although there has been an increase in the usage of Irish with various generations, from grandparents down to grandchildren in all of the Irish-language communities being studied here, that bilingualism is to the fore in all of the communities. The influence that raising a family with Irish only has on the*

*language behaviour of this research's participants later in life is demonstrated with the majority of that group raising their own families with Irish today and displaying stronger language behaviour favourable to Irish in comparison to participants who were raised with English. It also shows that the majority of parents who are raising a family with Irish consciously decided to do so. As discussed by Ó Giollagáin et al (2007a), this case could demonstrate the complexity or the vulnerability of the language community in relation to its relationship with another language community and it could be hypothesized in this case that the parents are tackling this by making a conscious decision to pass the minority language on to the next generation.*

*In light of Fishman's theories on the viability of the minority language community, this research shows that the home domain in the communities being examined here are at risk in terms of language maintenance and that the neighbourhood is not functioning as a maintenance domain for the children of these communities. The results of the questionnaire demonstrate stronger language behaviour in favour of Irish from those who live in Irish-language neighbourhoods and show that most of the social networks of the research participants have a local basis. In the case of this study, it is clear that the Irish-language communities function locally for the most part.*

*This research shows that various community development methods are in use in the communities being studied here but it is estimated that the bottom-up approach is particularly effective, which creates ownership, community participation and the building of connections amongst its members. This study shows the important role played by symbols in the maintenance of the target language and the connection that community members make with history, heritage and oppression in the context of Irish. The influence that the majority language has on the usage of the minority language is seen here as well as the constant pressure from English and its erosion of Irish-language communities. This research shows that, if the minority language is to be maintained, effective boundaries with the majority language must be developed as well as appropriate state support to create a more favourable state for contemporary Irish-language communities.*

# Buíochas

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil leis an iliomad daoine a chabhraigh liom an taighde seo a chur i gcrích agus a chuir tacaíocht ollmhór ar fáil dom agus mé i mbun an staidéir seo. Ní mór ar dtús aitheantas a thabhairt do na daoine ar fad a ghlac páirt sa taighde seo agus a roinn a gcuid eolais, ama agus taithí go fial liom. Chomh maith leis sin, tá mé go mór faoi chomaoin ag mo stiúrthóir taighde, Féilim Ó hAdhmaill, a rinne obair thar na bearta chun a chinntiú gur éirigh liom an taighde seo a dhéanamh i gceart taobh istigh den phríosún.

Tá buíochas mór ag dul do na foirne oideachais i bPríosún Luimnigh agus i bPríosún Ban Mhuinseo as gach cabhair a chuir siad ar fáil agus tugaim aitheantas do mo chairde agus mo chomrádaithe a thug an-chabhair dom le linn an phróisis taighde agus a chinntigh go raibh an t-ábhar cuí agam chun an staidéar seo a dhéanamh i dtimpeallacht an phríosúin. Gabhaim buíochas ó chroí le Pádraig Ó Snodaigh, Cris Ní Choisdealbha agus Gearóid de Grás as a chinntiú go raibh na leabhair, na hailt agus na hirisí ar fad a bhí ag teastáil chun PhD. a chur i gcrích agam agus as gach comhairle a chuir siad ar fáil le linn an phróisis taighde. Thug Feargal Mac Ionnrachtaigh agus Ciarán Mac Giolla Bhéin cabhair mhór dom ó thaobh an ghrúpa fhócais a eagrú.

Tá buíochas ollmhór ag dul d'Éamon Ó Cuív, Clare Daly, Thomas Pringle, Mícheál Cholm Mac Giolla Easbuig agus Maureen O' Sullivan a throid ar mo shon chun coinníollacha príosúin níos fabhraí a bhaint amach dom le cinntiú go mbeadh timpeallacht oiriúnach ar fáil dom chun an taighde seo a dhéanamh i gceart. Tá buíochas ar leith ag dul go hÉamon Ó Cuív a chuir tacaíocht ar fáil dom i gcónaí le linn na tréimhse príosúin sin agus a ghlac páirt sa taighde seo é féin.

Bhí an iliomad cairde agus comrádaithe bainteach le tiomsuithe airgid a dhéanamh ar mo shon chun na táillí ollscoile a chlúdach agus tá mé go mór faoi chomaoin ag na cairde sin. Tá buíochas ar leith ag dul do Dean Mac Aogáin, Margaret Shannon, Matt Lundy, Cris agus Olivia Ward, Bas Ó Curraoin, Joanne McDonald, Brian Poole, Stew Reddin, John McGrath, Lar Ó Tuama, Brian Leeson, Scott Masterson, Liam Manning agus, ar ndóigh, mo theaghlach féin as airgead a bhailiú agus cúnamh airgeadais a chur ar fáil go flaithiúil iad féin. Mo bhuíochas leis na daoine sin agus leis na daoine a chabhraigh leis na táillí ollscoile gach bliain.

Ar deireadh, ní mór dom buíochas a ghabháil le mo theaghlach a chuir tacaíocht agus grá ar fáil dom le linn an phróisis taighde agus le mo mháthair ach go háirithe, a d'fheidhmigh mar chúntóir pearsanta, chomhairleoir agus chara dom le linn tréimhse thar a bheith dúshlánach. Buíochas ó chroí libh ar fad.

# Caibidil 1: Réamhrá

## 1.1 Teideal an Tráchtais

Roghnaíodh an teideal ‘Gaelphobail Nua-Aoiseacha: Inmharthanacht agus Pobail Mhionteanga i Saol faoin Domhandú’ toisc go gcuimsíonn sé aidhm an taighdeora agus an cuspóir atá le baint amach don taighde: na fachtóirí a bhaineann le hinmharthanacht i gcás pobail mhionteanga an lae inniu a aithint. Sa tráchtas seo, tá an téarma ‘Gaelphobal’ bunaithe ar an sainmhíniú atá ag Grenoble & Whaley (2006: 15) ar phobal urlabhra: ‘...a group of individuals who are united by regular interaction in a language’. Sa chás seo, is í an Ghaeilge teanga labhartha an phobail agus, cé go bhfuil inmharthanacht mhionteangacha go ginearálta mar fhócas an taighde, dírítear ar chás na Gaeilge chun an staidéar seo a chur i gcrích.

## 1.2 Aidhm an taighde

Is é móraidhm an taighde seo ná cur leis an eolas agus teoiric atá ann faoi inmharthanacht agus phobail mhionteanga i saol faoin domhandú, tríd taighde a dhíríonn ar Ghaelphobail nua-aoiseacha in Éirinn. Dírítear ar phobail intinniúla don taighde seo, is é sin dlúthphobal beag atá cruthaithe thart timpeall ar smaointe tuata nó reiligiúnach maidir leis an mbealach a mhaireann daoine, le comhstíl mhaireachtála, eilimintí cultúrtha comhroinnte agus cúis chomónta acu (Grinde *et al*, 2018: 626). Déantar anailís shochtheangeolaíoch ar Ghaelphobail nua-aoiseacha agus go hairithe ar na fachtóirí a bhaineann le hinmharthanacht i bpobail chomhaimseartha na Gaeilge sa tsochaí nua-aoiseach.

Is staidéar uathúil é seo a dhíríonn ar dhá choincheap den Ghaelphobal nua-aoiseach chun dul i mbun anailíse: an Nua-Ghaeltacht, is é sin Gaelphobal intinniúil atá bunaithe go tíreolaíoch ach nach bhfuil ina chuid den Ghaeltacht fhadbhunaithe, agus an ‘Líonra Gaeilge’, pobal atá scaipthe ar fud ceantair ar leith agus a fheidhmíonn trí ghréasáin shóisialta. Chun na fachtóirí seo a scrúdú, cíorann an staidéar seo iompar teanga na nGaeilgeoirí atá lonnaithe sa dá chineál phobail seo sna gréasáin shóisialta a bhaineann leo agus trí anailís a dhéanamh ar úsáid teanga i bhfearainn éagsúla. Chomh maith leis sin, bailítear eolas ó phríomhfhaisnéiseoirí atá gníomhach sna

Gaelphobail seo agus i nGaelphobail éagsúla eile in Éirinn atá gréasán-bhunaithe maidir leis na fachtóirí a bhaineann le hinmharthanacht ina bpobail féin.

## 1.3 Comhthéacs an taighde

### 1.3.1 An Comhthéacs Idirnáisiúnta: An Domhandú

Déanann Giddens agus Sutton cur síos ar an domhandú mar 'The various processes through which geographically dispersed human populations are brought into closer and more immediate contact with another, creating a single **community** of fate or global **society**' [cló trom sa bhuntéacs] (2017: 16-7). De réir Williams, baineann coincheap an domhandaithe, go príomha, le dírialáil na heacnamaíochta agus a cuid margaí agus úsáidtear an téarma mar choincheap chun anailís a dhéanamh ar an domhan comhaimseartha (Williams, 2010: 6). Bíonn aontú domhanda ar mhargaí i gceist leis an domhandú agus, dar leis, cruthaíonn sé spás eacnamaíochta don chaipitleachas atá domhanda agus idirspleách, agus baint ag margaí domhanda le cumhacht an airgeadais gan cosc ann ó bhaic pholaitiúla. Dar leis an údar, '...it involves a deinstitutionalisation of the world through the effect of economic forces. This has profound implications for language and society, and for the relationship between them' (*ibid*.: 6). Maidir leis na himpleachtaí atá ann do mhionteangacha, tacaíonn Hogan-Brun & O'Rourke leis an maíomh seo agus luann siad:

> Under the effect of globalization, the pressure of dominant languages on minority languages is relentless, partly because many users of smaller languages can see more opportunities if they switch to a dominant one. Such homogenizing trends are also at play in countries, where cross-border migrants are expected to become proficient in their host language (2019: 1).

De réir Dominelli, tá sainmhíniú nua tugtha ag an domhandú do phobail, le teorainneacha athraithe agus comhtháthú déanta ar chultúir (2018: 31). Tá caidrimh shóisialta idir agus laistigh de phobail athraithe agus tá caidrimh shóisialta dhomhandaithe ag déanamh teorainneacha idir pobail níos tréscaoiltí agus scagaí, go háirithe na pobail sin atá bunaithe go tíreolaíoch (*ibid*.: 31, 34). Léiríonn an taighde idirnáisiúnta go bhfuil an domhandú ag brú mórtheangacha agus ollteangacha ar mhionphobail ar fud an domhain agus go bhfuil na mílte mionteangacha faoi bhagairt an aistrithe teanga. Measann teangeolaithe go labhraítear idir 5,000 agus 6,700 teanga ar fud an domhain (Nettle & Romaine, 2000: 27) agus, faoi dheireadh an chéid seo, go mbeidh idir 50% agus 90% de na teangacha seo díbheo (Crystal,

2000: 24-5). Tugann Krauss (1992: 6) cur síos ar an bhfeiniméan a bhaineann leis an mbás teanga:

> The circumstances that have led to the present language mortality known to us range from outright genocide, social or economic or habitat destruction, displacement, demographic submersion, language suppression in forced assimilation or assimilatory education, to electronic media bombardment, especially television, an incalculably lethal new weapon (which I have called 'cultural nerve gas').

Nuair a tharlaíonn bás teanga, tarlaíonn creimeadh ar an eolas, ar an gcultúr agus ar an saibhreas intleachtúil a bhaineann go sainiúil le muintir dhúchasach na teanga sin (féach Nettle & Romaine, 2000: 56, 69-70, 166). Sa chomhthéacs seo, áitítear sa tráchtas seo go bhfuil luach ríthábhachtach ag baint le teangacha na cruinne agus gur tubaiste é scriosadh mhionteangacha an domhain gur chóir a sheachaint agus a aisiompú.

Is sochtheangeolaí mór le rá é Joshua Fishman agus aithnítear go forleathan gurb é a bhunaigh réimse na socheolaíochta teanga agus gur scoláire agus ceannaire é in athbheochan teangacha i mbaol. Scríobh sé beagnach 100 leabhar agus níos mó ná 1,000 alt agus bhí sé ina bhunaitheoir agus eagarthóir ar *The International Journal of the Sociology of Language* (Yuen, níl dáta: ar líne). Déanann Fishman tagairt don domhandú agus na himpleachtaí atá ann do mhionteangacha ar fud an domhain. Dar leis:

> But globalisation is both a constructive and a destructive phenomenon, both a unifying and a divisive one, and it is definitely not a culturally neutral or impartial one. In our day and age, it is definitely the globalisation of pan-Western culture (and pop-consumer culture in particular) that is the motor of language shift' (2001: 6).

Caithfear cur in aghaidh na gcumhachtaí is láidre a bhagraíonn ar mhionteangacha, dar leis, iarracht atá ollmhór agus thar a bheith casta:

> And since American-dominated globalisation has become the major economic, technological and cultural thrust of worldwide modernisation and Westernisation, efforts to safeguard threatened languages (and, therefore, inevitably, contextually weaker languages) must oppose the very strongest processes and powers that the world knows today. That, in a word, is exactly why it is so hard to save threatened languages (*ibid*.: 6)

Luann Fishman go mbíonn daoine atá i mbun aisiompú teanga dírithe níos mó ar fhéinrialúchán ar na ‘processes of sociocultural change which globalisation fosters’. Déantar iarracht frithchothromú leis an domhandú a bhaint amach ‘with more of their own language-and-culture institutions, processes and outcomes’ (*ibid*.: 6) agus tá an cás seo le feiceáil i gcás ghníomhairí na Gaeilge atá ag iarraidh fearainn dá gcuid féin a chruthú, áit a mbeadh an Ghaeilge i réim.

### 1.3.2 Gaelphobail na hÉireann

***Cúlra stairiúil***

Le bunú an stáit Éireannaigh sna 26 Contae i 1922, tugadh tacaíocht láidir don Ghaeilge agus bhí an stát nua tiomnaithe do réabhlóid chúltúrtha leis an teanga lárnach sa réabhlóid sin (Buttimer, 2003: 539). Tugadh ról ríthábhachtach do na scoileanna in athbheochan na Gaeilge (*ibid*.: 542) agus bhí suntas siombalach tugtha don Ghaeltacht mar gheall ar an leanúnachas gan briseadh a bhain léi ó thaobh labhairt na Gaeilge de (*ibid*.: 544). Tugadh ardchéim don Ghaeilge i mBunreacht na hÉireann i 1937, áit a aithníodh an Ghaeilge mar chéad teanga oifigiúil na tíre agus an Béarla mar an dara teanga oifigiúil (Mac Donnacha, 2011: 54). Bhí méadú tagtha ar líon na gcainteoirí Gaeilge sa stát idir 1926 agus 1936, ó 18.29 faoin gcéad go dtí 23.75 faoin gcéad (*ibid*.: 54) ach idir 1936 agus 1946 bhí laghdú i líon na gcainteoirí Gaeilge ó 23.7 faoin gcéad go dtí 21.2 faoin gcéad (Hindley, 1990: 23). Le linn na mblianta seo, bhí laghdú sé faoin gcéad i gceist don Ghaeltacht (Ó Cuív, 1971: 36). Mar gheall ar staidéar Uí Chuív ar an nGaeltacht a léirigh go raibh an Ghaeltacht mar a bhí sí sainithe go míchruinn, rinneadh athshainiú ar an nGaeltacht i 1956 chun réaltacht shóisialta na Gaeilge a léiriú mar ba cheart (Mac Giolla Chríost, 2012: 402). Bunaíodh Roinn na Gaeltachta i 1956, an chéad roinn rialtais a bhí tiomnaithe don Ghaeilge, agus An Coimisiún um Athbheochan na Gaeilge i 1958 chun moltaí i leith na Gaeilge a dhéanamh don rialtas. I 1957 bunaíodh Gaeltarra Éireann chun forbairt eacnamaíoch na Gaeltachta a chur chun cinn agus imirce ón nGaeltacht a choisc (*ibid*.: 402-3). Léirítear sa chás seo an fócas ceantar-bhunaithe a bhí ag an stát Éireannach i dtaobh na bpobal inar labhraíodh an Ghaeilge agus an dóchas a bhí ann go bhféadfadh an córas oideachais an mhionteanga a athbheochan.

Ba léir sna luath-1970aí áfach, go raibh tiomantas an stáit d’athbheochan na Gaeilge ag dul i léig (*ibid*.: 569). Tugann Ó Giollagáin ‘An Dátheangachas Mianaidhme:

1971-1990aí' ar an tréimhse seo agus luann sé go molann cáipéisí polasaí agus páipéir ar an staid i leith na Gaeilge nár chóir do pholasaithe ar mhaithe leis an nGaeilge dul in iomaíoch le staid cheannasach an Bhéarla (2014a: 25). De réir Mhic Ghiolla Chríost, bhí cúlú pholasaí ann i leith na Gaeilge le linn na 1970aí (2012: 403) agus aithnítear bearta ar leith a thacaíonn leis an maíomh seo. Beartaíodh i 1973 an Ghaeilge a bhaint mar ábhar éigeantach don Ardteistiméireacht agus i 1974 fuarthas réidh le Gaeilge éigeantach do scrúdaithe iontrála na Státseirbhíse. De réir an údair, tá an cúlú seo soiléir sa chóras oideachais ach go háirithe, áit a fheictear laghdú i líon na meánscoileanna lán-Ghaeilge ó 80 scoil aitheanta i 1960 go dtí 17 scoil i 1975 (*ibid.*: 403). Chomh maith leis na bearta a luaitear thuas, feictear meon an rialtais i leith na Gaeilge nuair a chuaigh Éire isteach i gComhmhargadh na hEorpa agus stádas don Ghaeilge mar theanga oifigiúil Eorpach á ofráil, ach diúltaíodh dó. Luann Mac Síomóin 'This offer was refused by the Irish negotiators, who, in a display of neo-colonial subservience to high-status group cultural values, denied the first official language of their own State full official EEC status' (2014: 66-7). Breathnaíodh ar an mBéarla mar theanga na nua-aoise agus an réalachais a bhain le dul chun cinn ábharach agus uile go léir idirnáisiúnta ach, ar an taobh eile, bhain an Ghaeilge le hidéalach (Mac Giolla Chríost, 2012: 403-4).

Ó 2009 ar aghaidh, cuireadh bearta ar leith i bhfeidhm chun iarracht a dhéanamh staid na Gaeilge a fheabhsú. Tugann Ó Giollagáin 'An Dátheangachas Reitriciúil' ar an tréimhse seo (2014a: 25). D'fhoilsigh an rialtas an *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* i 2010 le haidhmeanna ar leith inti i dtaobh méadú in úsáid agus ar eolas na Gaeilge sa tír i gcoitinne agus í a chaomhnú mar phríomhtheanga labhartha na Gaeltachta (Rialtas na hÉireann, 2010: 3). Luaitear sa *Straitéis* go bhfuil sé ina aidhm ag an rialtas go mbeidh an oiread saoránach agus is féidir dátheangach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla chomh maith le líon na dteaghlach a úsáideann an Ghaeilge go laethúil mar theanga chumarsáide a mhéadú, go mbeidh an rogha ag saoránaigh Gaeilge nó Béarla a úsáid i ndioscúrsaí poiblí agus i seirbhísí poiblí agus go mbeidh an Ghaeilge níos infheicthe sa tsochaí (*ibid.*: 3).

Maidir leis na Sé Chontae, taispeánann Daonáireamh 1911 go raibh 28,729 cainteoir Gaeilge sna Sé Chontae le Gaelphobail shubstaintiúla in Ulaidh Thuaidh-Thoir, i lár Uladh, i gContaetha Ard Mhacha agus an Dúin, i nDeisceart agus in Oirthear Thír Eoghain agus i nDeisceart Fhear Manach (Mac Giolla Chríost & Aitchison, 1998:

302). Faoi na 1950aí, bhí staid na Gaeilge baolach sna ceantair is láidre a bhí ann ó thaobh na teanga de ag tús na haoise (*ibid.*: 302). Mar gheall ar an tromlach polaitiúil a bhí ag na haontachtóirí, bhí torthaí tubaisteacha ann don Ghaeilge i roinnt ceantair bheaga ina raibh Gaeilgeoirí lonnaithe (Ó Croidheáin, 2006: 196). Bhí an Ghaeilge ina siombal eitneach den ghrúpa a bhí faoi smacht agus, cé go raibh ardtacaíocht ag an nGaeilge le linn na tréimhse ag deireadh an Dara Cogadh Domhanda, bhí labhairt na teanga ag dul i léig de réir a chéile. Bhí nádúr seicteach ag baint le dáileadh acmhainní a cinntíodh go raibh Caitlicigh i gcónaí i gcás níos measa ná Protastúnaigh agus, de réir Uí Chroidhéain 'The cultural hegemony of Unionist politicians showed itself in the use of political power to enforce loyalist ideology' (*ibid.*: 253-4).

Le linn na 1970aí léirigh cimí poblachtánacha suim sa Ghaeilge agus bhí sí ina siombal frithbheartaíochta acu. Luann Ó Croidheáin 'Irish came to signify ethnic difference and was used in a decolonising discourse as a political weapon in the fight against the British administration' (*ibid*.: 255). Taobh amuigh den phríosún, bhí gníomhairí teanga i mbun gníomhaíochta ar son na Gaeilge. Bhí an Ard Scoil agus Cumann Chluain Ard, craobh de Chonradh na Gaeilge, ar an bhfód faoin am seo (Maguire, 1991: 30) agus, sna 1950aí, chonacthas buaicphointe i leith na Gaeilge ó thaobh gníomhaíochtaí athbheochana de i mBéal Feirste le go leor imeachtaí sóisialta eagraithe trí mheán na sprioctheanga. I measc na n-imeachtaí sin, airítear clubanna agus grúpaí rothaíochta, snámha, creidimh, léitheoireachta agus drámaíochta (*ibid*.: 32). Bhí bunaitheoirí phobal Bhóthar Seoighe ag foghlaim na Gaeilge le linn na mblianta seo (*ibid*.: 32) agus baint ag cuid acu sna himeachtaí a luaitear thuas (Mac Seáin, 2010: 69). Ba é Cumann Chluain Ard an áit ar bhuail bunaitheoirí phobal Bhóthar Seoighe le chéile agus an áit ar phleanáil siad an Nua-Ghaeltacht (Maguire, 1991: 30).

Faoi 1969, bhí na chéad tithe i Nua-Ghaeltacht Bhóthar Seoighe ar imeall Bhéal Feirste tógtha (féach Caibidil 2) (Mac Seáin, 2010: 140). Bhunaigh gníomhairí Bhóthar Seoighe an chéad naíscoil lán-Ghaeilge sna Sé Chontae agus chuaigh siad i mbun cainteanna le húdaráis Stormont maidir le bunscoil lán-Ghaeilge a bhunú (Mac Ionnrachtaigh, 2013: 90). Fuair na gníomhairí litir bhagrach ar ais ag bagairt go gcuirfí an dlí orthu dá n-osclóidís an scoil, ag maíomh nach meastar múineadh trí mheán na Gaeilge mar theagasc ceart do pháistí óga (*ibid.*: 91). Rinne na gníomhairí

neamhaird ar an mbagairt agus d'oscail siad an chéad bhunscoil lán-Ghaeilge, Scoil Ghaeilge Bhéal Feirste, sna Sé Chontae i Mí Mheán Fómhair 1971 le rang amháin de sheachtar páistí (Mac Seáin, 2010: 160). Nuair a theip ar Stormont agus cuireadh an Riail Dhíreach i bhfeidhm ó Londain, bhí an tAireacht Oideachais faoi stiúir státsheirbhísigh agus, de réir Mhic Phóilín, bhí an Riail seo níos oscailte do thionscnamh Bhóthar Seoighe (Mac Ionnrachtaigh, 2013: 91).

Ó 1989 i leith, chuir an stát cur chuige nua i bhfeidhm ó thaobh na Gaeilge de le hathmhíniú ar an nGaeilge agus ar an gcultúr Gaelach sa chomhthéacs Thuaisceart Éireannach (Kachuk, 1994: 135). Tar éis 1980, bhí athbheochan ann i dtaobh gníomhaíochta ar son na Gaeilge a bhí ag teacht ó na príosúin agus ó Shinn Féin chomh maith le gníomhairí Gaeilge neamhpholaitiúla a bhí eagraithe ag an bpointe seo. Bhunaigh rialtas na Breataine Iontaobhas ULTACH (Ulster Language, Traditions and Cultural Heritage) i 1989 agus tugadh maoiniú stáit don eagraíocht a tháinig ón mbuiséad do chaidrimh phobail (Walsh, 2011a: 54). Maíonn Ó Tuathaigh go raibh an teanga chun a bheith ina gné d'aon socrú polaitiúil bunaithe ar chothroime mheasa le fás láidir na Gaeilge i gceantair phoblachtánacha i mBéal Feirste, i nDoire agus sa phobal náisiúnach go ginearálta, mar sin, bhí cás na Gaeilge ina chuid de na cainteanna a chríochnaigh le Comhaontú Aoine an Chéasta 1998 (2008: 37). Gheall na páirtithe polaitiúla a bhí páirteach sna cainteanna go mbeadh tuiscint agus caoinfhulaingt ann i dtaobh éagsúlacht chultúrtha agus teanga (*ibid.*: 37) agus luaitear ann:

> All participants recognise the importance of respect, understanding and tolerance in relation to linguistic diversity, including in Northern Ireland, the Irish language, Ulster-Scots and the languages of the various ethnic communities, all of which are part of the cultural wealth of the island of Ireland (Northern Ireland Office 1998, Clause 3 luaite i Mac Giolla Chríost & Aitchison, 1998: 301).

Tá alt faoi leith ann sa Chomhaontú a shonraíonn rún rialtas na Breataine chun an Ghaeilge a chur chun cinn, chun oideachas lán-Ghaeilge a spreagadh agus chun iniúchadh a dhéanamh ar leathnú amach a dhéanamh ar theilifís Ghaeilge (Ó Laighin, 2008: 256). Bunaíodh Foras na Gaeilge mar chuid den Chomhaontú laistigh de na hinstitiúidí trasteorann agus idir-rialtais (Ó Tuathaigh, 2008: 39) le dhá chuid neamhspleácha mar chuid den áisíneacht: Foras na Gaeilge ag feidhmiú don

Ghaeilge agus Tha Boord o Ulstèr-Scotch ag feidhmiú don Ultais (Walsh, 2011a: 54-5).

***Pobail na Gaeilge inniu***

Déantar argóint inniu fós go bhfuil ról suntasach ag na ceantair Ghaeltachta in Éirinn i gcothú na Gaeilge mar theanga phobail (Rialtas na hÉireann, 2010: 5; Nic Pháidín, C. & Ó Cearnaigh, S., 2008: *ix-x*; Ó Giollagáin *et al*, 2012: 3-17) ach léiríonn an taighde is déanaí ar na ceantair seo go bhfuil staid na Gaeilge mar phríomhtheanga na bpobal seo an-leochaileach ar fad. Taispeánann an *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* (SCT as seo amach) (Ó Giollagáin & Mac Donnacha *et al*, 2007b) go bhfuil diminicí sóisialta chomh maith le comhdhéanamh teangeolaíoch na bpobal Gaeltachta ag imirt tionchair ar threochtaí sochtheangeolaíochta sna ceantair seo. De réir údair an staidéir seo, tá na pobail Ghaeltachta nasctha le gréasáin réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta a imríonn tionchar ar chomhdhéanamh teangeolaíoch an phobail Ghaeltachta (2007b: 10). Chomh maith leis sin:

> Tá ceantair áirithe Ghaeltachta ina bhfuil athrú mór tagtha ar chomhdhéanamh an phobail de bharr iad a bheith in aice bailte atá ag forbairt agus iad a bheith áisiúil mar áit lonnaíochta do dhaoine ar de bhunadh na mbailte sin iad nó do dhaoine atá ag obair iontu. Tá limistéir eile Ghaeltachta ag teacht faoi bhrú ó chúinsí sóisialta den chineál céanna de bharr gur ceantair iad atá tarraingteach ó thaobh na turasóireachta de agus a bhfuil ráchairt mhór ar thithe saoire iontu, nó go bhfeileann siad mar áit chónaithe do dhaoine ó cheantair lasmuigh den Ghaeltacht arb acmhainn dóibh aistriú tí, buan nó sealadach, a dhéanamh (*ibid.*: 10).

Léiríonn an méid atá ráite sa sliocht seo ón SCT an nádúr éideimhin a bhaineann le comhdhéanamh an phobail mhionteanga a fheidhmíonn taobh le taobh le pobal mórtheanga agus neamhábaltacht an mhionphobail teorainneacha a choinneáil leis an mórphobal ar mhaithe le cosaint na mionteanga. Taispeánann Pádraig Ó Riagáin i gcás Ghaeltacht Chorca Dhuibhne na hathruithe a tháinig ar chórais imoibrithe ó na 1960aí i leith agus maíonn sé gur de bharr ‘changes in demographic, occupational, educational, retailing and car ownership patterns’ a tharla na hathruithe sin (1997: 141). De réir Uí Riagáin:

> Up to this point, social networks tended to be localized. Since 1960, they have become increasingly more extensive and differentiated. Formerly, in

> rural areas work, school, shop, and church networks tended to coincide and operate within the same locality. Nowadays, people may only reside in rural areas, but work, attend school, and shop elsewhere (*ibid*.: 141).

Tá impleachtaí suntasacha ag na hathruithe seo don Ghaeilge mar theanga phobail na réigiún Gaeltachta agus léirítear anseo an chaoi go bhfuil athrú tagtha ar eagrú an phobail. Áitíonn údair an *Nuashonrú ar an Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht: 2006-2011*, a foilsíodh i 2015, go bhfuil sé deacair saolré níos faide ná deich mbliana a shamhlú don Ghaeilge mar theanga phobail (Ó Giollagáin & Charlton, 2015: 6). Taispeánann staidéar nua ar Ghàidhlig na hAlban, *The Gaelic Crisis in the Vernacular Community* (Ó Giollagáin *et al*, 2020), go bhfuil an teanga sin faoi bhagairt freisin agus tá imní ann go mbeidh sí díbheo taobh istigh de dheich mbliana chomh maith (Carrell, 2020: ar líne). Léirítear anseo an ghné idirnáisiúnta a bhaineann leis an ngéarchéim teanga agus an t-am srianta atá ann chun aghaidh a thabhairt ar cheisteanna mionteanga.

Tá ceisteanna ardaithe ag Mac Donnacha maidir le stádas na Gaeilge mar theanga bheo. De réir an údair,

> In sociolinguistic terms, a language can be defined as living if it meets two criteria. First, it should be the dominant (but not necessarily the only) language in most or all of the social networks that make up a community. Second, the community of individuals who speak it as their dominant language must be capable of regenerating themselves as a "language community" – in other words, they must be a sustainable community in terms of both their demographic regeneration and the intergenerational transmission of their language (2020: ar líne).

Dar leis, de réir na gcritéar seo, ní teanga bheo í an Ghaeilge taobh amuigh nó taobh istigh den Ghaeltacht (*ibid*.: ar líne)

Cé go bhfuil an Ghaeilge sa Ghaeltacht ag meath, níl neamhshuim tugtha do choincheap an phobail cheantraigh mar phobal inmharthana do chothú na Gaeilge. Luann Hindley go ndearnadh iarrachtaí tréimhsiúla baile satailíte, gairdín bruachbhaile nó ceantar cónaithe proifisiúnta Gaelach i mBaile Átha Cliath a thosú do theaghlaigh Ghaelacha a gcruthódh bunáit cheantrach don teanga chomh maith le fíorphobal (1990: 144). In Éirinn, tá roinnt iarrachtaí déanta cheana féin chun Nua-Ghaeltachtaí a bhunú taobh amuigh de cheantair Ghaeltachta thraidisiúnta ar nós

Páirc na Gaeltachta i mBaile Átha Cliath i 1928 (Ó Canainn, 1964: 10), Ráth Cairn i gCo. na Mí i 1935 (Ó Cadhain, 2002: 96), Ard Barra i gCo. Chorcaigh i 1966 (Inniu, 1966) agus Bóthar Seoighe i mBéal Feirste i 1969 (Mac Seáin, 2010: 140). D'éirigh le roinnt de na hiarrachtaí seo pobail bheaga Ghaelacha a bhunú, mar shampla Nua-Ghaeltacht Bhóthar Seoighe i mBéal Feirste (agallamh le Mac Seáin, 2017) agus Ard Barra i gCorcaigh (comhfhreagras pearsanta, Mac Aodha Bhuí, 2015), ach d'fhan na pobail seo ina bpobail bheaga theoranta. Theip ar iarrachtaí eile ar nós iarrachta i mBaile Átha Cliath chun comharsanacht Ghaeilge a bhunú le linn na 1970aí, iarracht le baill Chonradh na Gaeilge i 1998 ar imeall Bhaile Átha Cliath (Agallamh le Ó Snodaigh, 2016, 2017; Comhfhreagras pearsanta ó Ó Snodaigh, 2015) agus ar iarracht a rinne an eagraíocht Comhluadar Gaelphobal a bhunú i mBaile Átha Cliath i 2010 (Shannon, 2011). Léiríodh sna cásanna sin go raibh an-deacracht le bunú Ghaelphobal ceantracha gan tacaíocht rialtais, go háirithe maidir le bailiúchán airgid, ceantair oiriúnach a aithint agus talamh a cheannach (Agallamh le Ó Snodaigh, 2016, 2017; Kelly, 2015).

Tá an Gaelphobal ceantrach-bhunaithe molta ag acadúlaigh agus gníomhairí teanga ar mhaithe le cosaint na mionteanga agus chun beogacht fhadtéarmach na Gaeilge mar theanga phobail a chinntiú. Tá moltaí curtha chun cinn ag Brian Ó Curnáin (2009), Máirtín Ó Cadhain (1964; 1969; 2002), Tomáis Mac Síomóin (2006; 2011), Liam Ó Sé (1966; 2000), Pól Breathnach (1994) agus Deasún Fennell (1969a-e; 1980) maidir leis an bpobal tíreolaíoch mar thearmann cosanta don Ghaeilge agus tá sé áitithe freisin ag an sochtheangeolaí mór le rá, Joshua Fishman (1989; 1991; 2001), go bhfuil ríthábhacht le pobal tíreolaíoch má tá an mhionteanga le maireachtáil mar theanga phobail. Pléitear cuid de na teoiricí sin sa taighde seo.

### 1.3.3 Nádúr Athraithe an Phobail

Mar gheall ar nádúr athraithe an phobail agus na sochaí leis an domhandú, le méadú in úsáid an idirlín agus roghnú gréasán mar chineál pobail nua, tá sainmhínithe nua ar phobal tagtha chun cinn nach bhfuil ceantrach-bhunaithe. Aithníonn Giddens agus Sutton an bhéim a cuirtear ar ghréasáin mar struchtúr na sochaí nua-aoisí agus luann siad: 'Although networks are very old forms of human association, for some sociologists, as information technology creates many new opportunities for networking, they are becoming the defining organizational structure of contemporary societies' (2017: 193).

Tá nádúr athraithe an phobail pléite ag acadúlaigh ar nós Williams (2010), Beck (1992), Delanty (2003) agus Bauman (2000) agus pléitear a gcuid teoiricí sa tráchtas seo. Agus é ag plé na Gearmáine ó na 1950aí i leith, maíonn Beck go bhfuil athrú tagtha ar phatrúin lonnaíochta thraidisiúnta agus go bhfuil ceannchathracha agus forbairtí uirbeacha ag teacht ina n-áit. Áitíonn an t-údar go bhfuil cineálacha pobail traidisiúnta taobh amuigh den teaghlach ag imeacht agus go bhfuil gréasáin agus caidrimh á roghnú ag baill an teaghlaigh agus go bhfuil comharsanachtaí mar atá á mbriseadh (Beck, 1992: 97). Dar le Beck, 'The newly formed social relationships and social networks now have to be individually chosen; social ties, too, are becoming *reflexive*, so that they have to be established, maintained, and constantly renewed by individuals' (*ibid*.: 97). Áitíonn Beck go bhféadfadh sé seo dul i dtreo '*self-selected and self-created hierarchies and forms of stratification'* i gcaidrimh nach bhfuil spleách ar ghaireacht fhisiciúil níos mó (*ibid*.: 97-8).

De réir Delanty, 'Postmodern communities are nomadic, highly mobile, emotional and communicative. These communication communities are sustained by mass culture and aesthetic sensibilities and practices rather than in symbolic battles between self and other' (2003: 132). Dar leis, tá ballraíocht an ghrúpa níos éideimhne agus scagaí sa tsochaí iar-nua-aoiseach ná mar a bhí sé sa tsochaí nua-aoiseach agus go bhfuil ballraíochtaí iolracha ann sa lá atá inniu ann (*ibid*.: 131). Is léir go bhfuil coincheap an phobail níos oscailte ná sainmhínithe níos luaithe a thug cur síos ar an bpobal mar cheann a bhí ceantrach-bhunaithe (féach Parsons, 1951: 91) agus maítear gur ábhar conspóide é an téarma 'pobal' le bríonna éagsúla ag baint leis (Dominelli, 2018: 32). Leathnaíonn an coincheap amach anois go dtí gach cuid den saol ar nós pobal idirlín (Rothaermela & Sugiyamab, 2001: 298-9; Castells, 2000: 694), grúpaí sainspéise (Putnam, 2000: 148-152), gluaiseachtaí sóisialta uirbeacha (Castells, 1997: 60) agus cairdis (Delanty, 2003: 143).

Tagraíonn McCloskey don Ghaelphobal 'tánaisteach' cainteoirí, 'daoine nach bhfuil an teanga ó dhúchas acu ach a bhfuil leibhéal réasúnta cumais bainte amach acu, daoine atá sásta an teanga a úsáid i rithimí a saoil' (2001: 47). Pléann an t-údar na comhthéacsanna éagsúla ina bhfuil an Ghaeilge á húsáid, mar shampla, sa litríocht, sna meáin agus fiú leis an gcéad ghlúin eile agus, dar leis, 'is féidir saol intleachta iomlán agus sásúil a bheith agat trí mheán na teanga seo ar bhéal na huaighe ceithre scór bliain ó shin' (*ibid*.: 47). Feictear dó go bhfuil leaganacha áitiúla den teanga

tagtha chun cinn, mar shampla, i mBaile Átha Cliath agus Béal Feirste agus go bhfuil leaganacha eile á gcumadh sna Gaelscoileanna, gan fios againn cén sórt teangacha a thiocfaidh chun cinn amach anseo (*ibid*.: 48-9). D'fhéadfaí féachaint ar phobail na Gaeilge, a fheidhmíonn trí ghréasáin chultúrtha, theangeolaíochta agus shóisialta taobh amuigh den Ghaeltacht (Denvir, 1999: 28) i dtéarmaí na gcoincheapa nua seo ar phobal. Maíonn Ó Riagáin go bhfuil beogacht na Gaeilge ag brath ar na gréasáin shóisialta seo:

> The stability of current Irish usage is dependent on the stability of the social networks of users, that is, on the series of interlinked social relationships that may grow out of contacts in an institutional setting, but whose survival depends on the achievement of some degree of friendship, intimacy and interpersonal knowledge among participants (2008: 64).

I gcomhthéacs an phobail nua seo, tháinig coincheap an 'Líonra Gaeilge' chun cinn agus moladh go dtugfar aitheantas don chineál pobail seo mar chatagóir Ghaeltachta (Rialtas na hÉireann, 2012: 23). Pléitear an coincheap seo i *Stráitéis 20 Bliain don Ghaeilge* Rialtas na hÉireann, áit a mholtar aitheantas a thabhairt do ghréasáin shóisialta na Gaeilge, atá bunaithe go príomha i bpobail uirbeacha agus a bhfuil mais chriticiúil de Ghaeilgeoirí ann agus seirbhísí ar fáil trí mheán na Gaeilge (Rialtas na hÉireann, 2010: 24). Tugtar aitheantas oifigiúil don 'Líonra Gaeilge' san *Acht Gaeltachta, 2012* agus, de réir an achta seo, is féidir leis an Aire Gaeltachta pobal ar leith, taobh amuigh de Limistéar Pleanála Teanga Gaeltachta nó limistéar Gaeltachta, a ainmniú mar Líonra Gaeilge (Rialtas na hÉireann, 2012: 23). Déantar cur síos ar an gcineál pobail seo mar phobal '(*a*) a thacaíonn le húsáid na Gaeilge, agus (*b*) a chomhaontaigh plean Gaeilge dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)* a chur i ngníomh' (*ibid*.: 23). Léiríonn tabhairt isteach an chineáil Ghaeltachta nua seo, atá bunaithe ar ghréasáin shóisialta, aitheantas Rialtas na hÉireann do nádúr athraithe an phobail agus, chomh maith leis sin, tuiscint go bhfuil mionteanga ábalta feidhmiú go rathúil tríd an bpobal seo. Cruthaíonn an cur chuige oifigiúil seo i leith na pleanála teanga riachtanas chun taighde a dhéanamh ar éifeachtacht na ngréasán teanga seo in atáirgeadh chainteoirí T1 (chéad teanga) na mionteanga agus ar a gcumas in atáirgeadh an mhionphobail. Chomh maith leis sin, airítear an gá atá ann le pleanáil éagsúil a bheith i bhfeidhm do phobal teanga a fheidhmíonn mar ghréasáin in áit pobal atá bunaithe go tíreolaíoch agus na riachtanais a bheidh ag an ngréasán chun maireachtáil go seasmhach.

### 1.4 Ag lonnú an taighdeora: Réasúnaíocht Phearsanta

Is í mo thaithí féin mar Ghaeilgeoir agus mar ghníomhaire teanga a spreag mé chun dul i mbun taighde ar an ábhar seo chomh maith leis an ngrá atá agam don Ghaeilge agus mo mhian í a fheiceáil ag maireachtáil mar theanga bhisiúil amach anseo. D'fhreastal mé ar Ghaelscoileanna bunscoile agus meánscoile agus, de bharr mo shuime sa teanga, thosaigh mé ar chéim sa Nua- agus Luath-Ghaeilge i gColáiste na Tríonóide. Agus mé ag freastal ar an ollscoil, bhí baint agam le heagraíochtaí éagsúla Gaeilge a ghníomhaigh ar mhaithe le hathbheochan na Gaeilge. Nuair a chríochnaigh mé mo chéim fuair mé post mar mhúinteoir meánscoile i mBaile Átha Cliath. D'oibrigh mé mar theagascóir Gaeilge leis an gCoiste Gairmoideachais ag múineadh ranganna Gaeilge do dhaoine fásta chomh maith. Le linn na tréimhse seo, chinn mé go mb'fhearr liom a bheith ag obair ar son athbheochan na Gaeilge ar bhealach níos dírí agus chuaigh mé chun obair leis an óg-eagraíocht Ghaeilge, Feachtas, ag eagrú an iliomad gníomhaíochtaí sóisialta trí mheán na Gaeilge do dhaoine óga. Chreid mé go raibh sé tábhachtach an Ghaeilge a thógáil taobh amuigh den seomra ranga agus d'aithin mé an gá le húsáid na teanga go sóisialta agus go neamhfhoirmeálta chun athbheochan éifeachtach a chur ar bun. Bheartaigh mé tar éis bliana cur isteach ar an M.A. sa Phleanáil Teanga a reáchtáltar in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, chun na scileanna riachtanacha atá ag teastáil chun teanga a chothú agus a athbheochan go rathúil a fhoghlaim ionas go mbeidh mo chuid iarrachtaí i leith na Gaeilge níos éifeachtaí. Mar chuid den chúrsa M.A., scríobh mé tráchtas den teideal 'Gaelphobail á mBeartú: Pleanáil Riachtanach d'Inmharthanacht Pobail Nua Teanga' agus is leathnú amach é an tráchtas seo ar na coincheapa i dtaobh pobail nua teanga a tháinig chun cinn le linn mo thaighde M.A.

Tá todhchaí na Gaeilge ag brath ar iarrachtaí na ngníomhairí teanga a théann i mbun gnímh ar a son agus a thugann aghaidh ar na céimeanna riachtanacha a bhaineann le hathbheochan teanga. Is céim chriticiúil í an t-athdhlúthú pobail san athbheochan teanga agus tá géarghá le haghaidh a thabhairt ar Ghaelphobail inmharthana a thógáil más todhchaí bhisiúil atá i ndán don Ghaeilge. Is chun leas na Gaeilge agus pobal na Gaeilge a théim i mbun an taighde seo agus tá súil agam go gcabhróidh sé ar bhealach fiúntach chun an todhchaí bhisiúil sin a bhaint amach.

## 1.5 Na Ceisteanna Taighde

Is é príomhcheist taighde an tráchtais seo ná *Cad iad na fachtóirí a bhaineann le hinmharthanacht phobail chomhaimseartha na Gaeilge sa tsochaí nua-aoiseach?*

As an bpríomhcheist seo eascraíonn na fo-cheisteanna seo a leanas:

- Cé chomh éifeachtach agus atá seachadadh idirghlúine na Gaeilge i nGaelphobail chomhaimseartha agus cad iad na tuiscintí i leith a shuntasachta?
- Cad iad na fearainn is láidre i dtaobh úsáid na Gaeilge sna Gaelphobail chomhaimseartha seo agus cad iad na himpleachtaí atá ann do chothú na teanga?
- An bhfuil nasc ann idir dáileadh an phobail teanga agus iompar teanga an duine, agus an bhfuil suntas ag baint leis an bpobal áitiúil i gcothú na mionteanga?
- Cén cur chuige atá éifeachtach i bhforbairt phobail Ghaeilge na linne?
- Cad iad na fachtóirí a chothaíonn agus a chuireann bac ar fhorbairt Ghaelphobail na linne?

## 1.6 Struchtúr an Tráchtais

**Caibidil 1: Réamhrá**

Tugann an chaibidil seo cur síos gearr ar aidhm agus réasúnaíocht an staidéir chomh maith leis an gcomhthéacs stairiúil, idirnáisiúnta agus reatha in Éirinn. Sainítear an phríomhcheist taighde chomh maith leis na fo-cheisteanna taighde a iniúchtar. Tugtar léargas chomh maith ar réasúnaíocht phearsanta an taighdeora le dul i mbun taighde ar an ábhar áirithe seo agus déantar cur síos ar struchtúr an tráchtais.

**Caibidil 2: An Mhodheolaíocht Taighde**

Déantar cur síos sa chaibidil seo ar an modheolaíocht taighde a úsáidtear don staidéar seo agus mínítear a feiliúnacht don taighde seo. Tugtar cuntas ar na príomhchás-staidéir a roghnaíodh don taighde seo agus pléitear an cur chuige a cinneadh don staidéar agus na huirlisí a úsáidtear chun iniúchadh a dhéanamh orthu.

**Caibidil 3: An Léirmheas Litríochta**

Sa chaibidil seo pléitear an litríocht ábhartha a bhaineann le seachadadh idirghlúine agus fearainn na sprioctheanga chomh maith le héabhlóid choincheap an phobail agus smaointeoireacht ar phobal an lae inniu. Déantar plé ar theoiricí a bhaineann le hathrú sóisialta, sa chás seo an t-iar-nua-aoiseachas agus an tsochaí iarthionsclaíoch, agus na himpleachtaí a airítear don phobal i gcás na dteoiricí sin. Chomh maith leis sin, déantar plé ar choincheapa éagsúla a bhaineann le pobail teanga agus iarrachtaí a rinneadh roimhe seo maidir le Gaelphobail nua a thógáil. Pléitear an Líonra Gaeilge agus, ar deireadh, coincheap na pleanála teanga chomh maith le cur chuige na forbartha pobail i leith na Gaeilge.

**Caibidil 4: Anailís ar an eolas ó na hagallaimh**

Léirítear sa chaibidil seo torthaí na n-agallamh a rinneadh le ceannairí na bpobal Gaeilge a roghnaíodh mar chás-staidéir don taighde seo.

**Caibidil 5: Anailís ar an eolas ón agallamh grúpa**

Sa chaibidil seo, pléitear na torthaí a tháinig chun cinn ón agallamh grúpa a rinneadh le gníomhairí Gaeilge atá páirteach i bpobail éagsúla Ghaeilge atá gréasán-bhunaithe.

**Caibidil 6: Anailís ar an eolas ón gceistneoir**

Léirítear sa chaibidil seo na torthaí a fuarthas ón gceistneoir a dáileadh ar na ceithre phobal Ghaeilge atá á n-iniúchadh don taighde seo.

**Caibidil 7: Achoimre agus Conclúidí**

Tugtar achoimre sa chaibidil seo ar na ceisteanna taighde chomh maith leis na príomhthorthaí a tháinig ón taighde. Pléitear teorainneacha an staidéir agus moltaí do thuilleadh taighde amach anseo chomh maith le léargais nua a eascraíonn ón taighde seo.

## 1.7 Conclúid

Sa chaibidil seo pléadh aidhm agus comhthéacs an taighde seo agus rinneadh cur síos gearr ar réasúnaíocht an staidéir. Sainíodh an phríomhcheist taighde chomh maith leis na fo-cheisteanna taighde a iniúchtar. Tugadh léargas chomh maith ar réasúnaíocht phearsanta an taighdeora le dul i mbun taighde ar an ábhar áirithe seo agus tugadh cur síos ar struchtúr an tráchtais.

# Caibidil 2: An Mhodheolaíocht Taighde

## 2.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo déantar cur síos ar an modheolaíocht taighde a roghnaíodh don staidéar seo. Pléitear ar dtús an léirmheas litríochta agus na teoiricí atá lárnach don taighde seo chomh maith leis an measúnú a d'fhorbair UNESCO chun beogacht teanga a mheas. Déantar plé ar an gcur chuige modheolaíoch agus na modhanna bailithe eolais a roghnaíodh don staidéar seo. Ar deireadh, pléitear an próiseas taighde a cuireadh ar bun don staidéar seo agus na cúrsaí eiticiúla a bhí le meas sa chás seo.

## 2.2 An Léirmheas Litríochta

Tosaíonn an taighde le staidéar ar an litríocht a bhaineann leis na teoiricí a bhaineann le fachtóirí cothaithe na mionteanga, is iad sin seachadadh idirghlúine na sprioctheanga agus na fearainn ina mbíonn an sprioctheanga ag feidhmiú. Dírítear ansin ar choincheapa ar phobail an lae inniu agus ar athruithe sa tsochaí nua-aimseartha. Chomh maith leis sin, scrúdaítear coincheap an phobail cheantraigh i leith mionteanga a chosaint, iarrachtaí a rinneadh chun Nua-Ghaeltachtaí a chruthú ó bunaíodh an stát agus an Líonra Gaeilge atá molta ag rialtas na hÉireann. Déantar iniúchadh ar theoiric an tsochtheangeolaithe Fishman (1991: 395) ar iompú teanga a aisiompú i gcás mionphobal teanga a bhunú chomh maith le teoiricí acadúlaigh eile a bhaineann leis an réimse seo. Cuimsíonn an léirmheas litríochta coincheap na pleanála teanga agus an próiseas a bhaineann le teangacha a chothú. Freisin, breathnaítear ar chur chuige na forbartha pobail mar chuid den phleanáil teanga agus ar shamplaí d'úsáid na forbartha pobail in iarrachtaí éagsúla ghluaiseacht agus phobal na Gaeilge.

Baintear leas as measúnú a d'fhorbair grúpa de shaineolaithe ar theangacha i mbaol de chuid UNESCO don staidéar seo, measúnú a úsáidtear chun tréithriú a dhéanamh ar chás sochtheangeolaíoch teanga. Tugtar aitheantas do naoi bhfachtóir ar leith chun measúnú a chur ar bun; tá sé fhachtóir ann chun beogacht na teanga agus contúirt don teanga a mheas, dhá fhachtóir chun dearcthaí i leith na teanga a mheas agus fachtóir amháin chun cáipéisíocht sa teanga a mheas (2003: 7). Chun freagraí a fháil

ar cheisteanna taighde an staidéir seo, dírítear ar chúig chinn de na fachtóirí a bhaineann leis an measúnú agus taispeántar na fachtóirí sin i gcló iodálach thíos. Is iad na fachtóirí ar fad a aithníonn UNESCO ná (2003: 7-16):

***Fachtóir 1:*** *Seachadadh idirghlúine na teanga*

**Fachtóir 2:** Líon iomlán na gcainteoirí

**Fachtóir 3:** Cion na gcainteoirí taobh istigh den daonra iomlán

***Fachtóir 4:*** *Treochtaí sna fearainn teanga atá ann*

***Fachtóir 5:*** *Freagra d'fhearainn nua agus do na meáin chumarsáide*

**Fachtóir 6:** Ábhair d'oideachas agus do litríocht na teanga

**Fachtóir 7:** Dearcthaí agus polasaithe rialtais agus institiúideacha, le stádas agus úsáid oifigiúil san áireamh

***Fachtóir 8:*** *Dearcthaí bhaill an phobail i leith a dteanga féin*

**Fachtóir 9:** Méid agus cineál na gcáipéisí.

Chuir Institiúid na hEitneolaíochta agus na hAntraipeolaíochta d'Acadamh Síneach na nEolaíochtaí Sóisialta le liosta na bhfachtóirí seo agus liostaigh siad fachtóirí breise i staidéar dá gcuid féin a bhí ábhartha i gcás sochtheangeolaíoch na Síne. Ina measc siúd liostaítear: *'**Factor 10** – Distribution of the language community: concentrated, mixed (living together with other ethnic groups), scattered (the more concentrated a community is, the safer its language is)'* (UNESCO, 2011: 6).

Chun staidéar cuimsitheach a chur ar bun agus eolas nua a bhailiú don taighde seo, beartaíodh teoiricí Fishman agus shochtheangeolaithe eile a úsáid chomh maith le measúnú UNESCO ar staid shochtheangeolaíoch mhionteangacha.

### 2.3 Cur chuige modheolaíoch

***Cur chuige modhanna measctha: Taighde cainníochtúil agus cáilíochtúil***

Baineann an taighde seo leas as cur chuige modhanna measctha lena n-úsáidtear taighde cainníochtúil agus cáilíochtúil. Mar chuid den taighde cainníochtúil, úsáideadh ceistneoir don cheithre chás-staidéir chun eolas a bhailiú ar iompar teanga rannpháirtithe na bpobal cuí i bhfearainn éagsúla. Don taighde cáilíochtúil, tugadh faoi agallaimh leathstruchtúrtha le ceannairí ó na ceithre phobal faoi scrúdú chun eolas níos doimhne a fháil ar dhiminicí inmheánacha na bpobal agus chun léargas a

fháil ar na fachtóirí cothaithe, na baic agus an cur chuige atá i bhfeidhm i bhforbairt na bpobal. Rinneadh agallaimh chomh maith le gníomhairí a raibh baint acu le Nua-Ghaeltachtaí a bhunú ach nár éirigh leo, le roinnt de na hagallaimh sin tógtha ó mo thráchtas M.A. Airítear go bhfuil tábhacht ag baint le hagallaimh leathstruchtúrtha don staidéar seo toisc go ligeann siad don taighdeoir eolas níos doimhne a bhailiú ar éifeachtacht na bpobal i leith na sprioctheanga a chothú. Maidir le cur chuige modhanna measctha, luann Kumar:

> The rationale underpinning the mixed/multiple methods approach is primarily based upon two beliefs. The first related to the ability of the methods of a paradigm to provide accurate answers to all of your research questions in all situations. The second relates to the belief that the use of more than one method in most situations will provide a better and more complete picture of a situation or phenomenon than a single method alone (2014: 25).

Ligeann cur chuige modhanna measctha don taighdeoir tuiscint níos doimhne a fháil ar an gcás sochtheangeolaíoch sna pobail chuí agus, toisc go bhfuiltear ábalta tarraingt ar na láidreachtaí ón dá pharaidím, meastar go bhfuil an cur chuige seo buntáisteach don taighde seo agus gur chuir sé go mór leis an léargas a fuarthas ar na pobail faoi scrúdú. In ainneoin na láidreachtaí a bhaineann leis an gcur chuige modhanna measctha, tá míbhuntáistí ag baint leis gurb fhiú a lua. Cuimsíonn an cur chuige seo níos mó oibre mar gheall ar an eolas breise a bhíonn le bailiú agus anailís a dhéanamh air agus bhí ar an taighdeoir scileanna nua a fhoghlaim a bhain leis an mbogearra SPSS (Statistical Package for the Social Sciences) don anailís ar an gceistneoir.

Baintear leas as an bhfealsúnacht léirmhínitheach sa staidéar seo chomh maith, modh a chuireann i bhfeidhm ar an taighdeoir go bhfuil gá le dearcthaí na ndaoine a fháil sa phróiseas taighde. Luann Schutt gurb éard atá i gceist leis an modh léirmhínitheach ná: ‘The belief that reality is socially constructed and that the goal of social scientists is to understand what meanings people give to that reality’ (2009: 92). Beartaíodh go raibh an fhealsúnacht seo tábhachtach chun léargas níos doimhne a fháil ó na pobail faoi scrúdú agus rinneadh agallaimh le príomhfhaisnéiseoirí ó na pobail sin chun eolas cruinn a bhailiú agus chun an pictiúr níos leithne a thuiscint.

***An cur chuige imoibrithe – Anailís ar Ghréasáin Shóisialta***

Sa tráchtas seo, úsáidtear an Anailís ar Ghréasáin Shóisialta mar uirlis shochtheangeolaíoch chun sonraí a bhailiú ar iompar teanga na bpobal atá faoi scrúdú sa tráchtas seo. I gcomhthéacs theoiricí ar an iar-nua-aoiseachas a leagann béim ar ghréasáin shóisialta an duine in áit an phobail áitiúil (féach Caibidil 3), meastar go bhfuil gá le hiniúchadh breise a dhéanamh ar na pobail nua seo atá tagtha chun cinn chun léargas níos doimhne a fháil ar iompar teanga an duine.

Tá tuiscintí éagsúla ann i dtaobh cad é Anailís ar Ghréasáin Shóisialta. De réir Sainsbury (2009: 27) is *modh* é a dhéanann iniúchadh ar na caidrimh shóisialta atá idir daoine. Úsáideann Lanza agus Svendsen an téarma *uirlis shochtheangeolaíoch* chun cur síos a dhéanamh ar an anailís (2007: 275) agus maíonn Marin agus Wellman nach teoiric nó modheolaíocht atá i gceist leis ach *peirspictíocht* nó *paraidím* a thugann bealach le breathnú ar fhadhb, ní réamhaithris ar thoradh (Marin & Wellman, 2011: 22). Dar leo:

> It [Social network analysis] takes as its starting point the premise that social life is created primarily and most importantly by relations and the patterns they form. ... Social network analysis does not provide a set of premises from which hypotheses or predictions can be derived (*ibid*.: 22).

Tá Kapferer den tuairim gur *teicníc* do bhailiúchán sonraí agus anailís é coincheap an ghréasáin shóisialta agus molann sé an teoiric mhalairte mar bhunús oiriúnach d'anailís ar ghréasán (Mitchell, 1974: 282). Tá Wolfe agus Whitten den tuairim chéanna sa chás seo agus, dar leo, tá an bunús teoiriciúil d'anailís ar ghréasáin le fáil i dteoiricí na malairte agus na gníomhaíochta (*ibid*.: 282). Creideann Otte agus Rousseau, áfach, gur straitéis leathan é Anailís ar Ghréasáin Shóisialta ar mhaithe le struchtúir shóisialta a fhiosrú agus nach teoiric fhoirmiúil é (2002: 441-2).

Ba iad Lesley agus James Milroy a thionscain Anailís ar Ghréasáin Shóisialta don chéad uair i réimse na sochtheangeolaíochta trí staidéar a dhéanamh ar chanúint Bhéal Feirste i 1975 (Milroy, 2000: 217). Tugann Milroy cur síos ar cad atá i gceist le staidéar ar ghréasáin shóisialta:

> An individual's social network is quite simply the sum of relationships which he or she has contracted with others, and social network analysis examines the variable structures and properties of personal networks. A fundamental postulate of such an analysis is that individuals create personal communities

> which provide them with a meaningful framework for solving the problems of their day-to-day existence (2000: 217-8).

Maíonn Milroy go ndíríonn staidéar ar ghréasáin ar na 'first-order network ties i.e., those persons with whom they directly interact' in ionad ar na ceangail líonmhara atá scaipthe ar fud na sochaí (*ibid*.: 218). Áitíonn Milroy agus Milroy go bhfuil sé níos dóchúla go gcoinneoidh daoine le noirm chanúna má tá ceangail níos dlúithe acu le gréasán pobail áitiúil agus go bhfuil dlúthghréasán ábalta a bheith ina mheicníocht a chuireann noirm i bhfeidhm (1985: 359).

Tá sampla de staidéar ar ghréasáin shóisialta i gcás teangacha le feiceáil i dtaighde a rinne Stoessel (2002) ar dheichniúr ban sna Stáit Aontaithe. Déanann an taighde seo anailís ar fhearainn úsáide teanga trí mhinicíocht i gcás úsáid an T1 a scrúdú i bhfearainn éagsúla ar mhaithe le fáil amach an bhfuil an duine ag tacú le cothú na mionteanga nó ag aistriú ón mionteanga go dtí an mhórtheanga. Déantar iniúchadh ar úsáid na sprioctheanga i ngréasáin shóisialta an duine chun a fháil amach an gcothaíonn na gréasáin seo úsáid na Gaeilge nó úsáid na mórtheanga trí thaighde cainníochtúil a chur ar bun. Chum Stoessel ceistneoir ar ghréasáin shóisialta '…to establish which features of the network would pattern with maintenance ratings' agus, ag baint úsáid as taighde cáilíochtúil, rinne sí agallaimh le rannpháirtithe chun fachtóirí eile '...possibly standing in relationship to observed language maintenance or shift…' (2002: 93).

Luann Lanza agus Svendsen 'Social network analysis has proved particularly useful in explaining why speakers in bilingual communities maintain or change their language behavior. Researchers have employed this sociolinguistic tool to investigate language shift and maintenance among longstanding stable bilingual communities' (2007: 275). Tacaíonn Sainsbury le húsáid na huirlise seo chomh maith agus luann sé go mbíonn na torthaí a bhaineann le hAnailís ar Ghréasáin Shóisialta seasmhach go hinmheánach agus, cé go bhfuil an anailís casta agus neamhaithnidiúil, go mbíonn an modh taighde seo in úsáid go coiteann ag socheolaithe agus síceolaithe pobail (2009: 28). Meastar, mar sin, go bhfuil fiúntas ag baint leis an uirlis seo chun iniúchadh a dhéanamh ar ghréasáin na bpobal Gaeilge atá faoi scrúdú sa tráchtas seo agus baintear leas aisti sa cheistneoir don taighde seo.

## 2.4 Na modhanna bailithe eolais

### 2.4.1 Na cás-staidéir

Roghnaíodh dhá Líonra Gaeilge agus dhá Nua-Ghaeltacht chun an staidéar seo a dhéanamh, pobail uirbeacha agus pobail tuaithe, sna 26 Contae agus sna 6 Contae. Is iad na Líonraí Gaeilge a roghnaíodh ná Líonra Gaeilge Chluain Dolcáin i mBaile Átha Cliath atá ina phobal uirbeach agus Líonra Gaeilge Charn Tóchair i gContae Dhoire atá ina phobal tuaithe. Is iad na Nua-Ghaeltachtaí a roghnaíodh don staidéar ná Bóthar Seoighe i mBéal Feirste atá ina phobal uirbeach agus Ráth Cairn i gContae na Mí atá ina phobal tuaithe. Is ar mhaithe le torthaí níos údarásaí a fháil don taighde seo a beartaíodh iniúchadh a dhéanamh ar phobail Ghaeilge sa dá stát mar gheall ar na cúinsí éagsúla atá ann i dtaobh tacaíocht stáit don Ghaeilge, na dearcthaí éagsúla atá ann ó thaobh na Gaeilge de i measc na bpobal éagsúil ó thuaidh agus ó dheas agus na comhthéacsanna sochpholaitiúla difriúla atá soiléir sa tuaisceart agus sa deisceart. Beartaíodh chomh maith go raibh gá le hidirdhealú a dhéanamh idir pobail uirbeacha agus tuaithe mar gheall ar choinníollacha éagsúla a fheictear sa dá chineál pobal sin, mar shampla, cúrsaí fostaíochta, méid na ngréasán sóisialta atá ag an duine, deiseanna eile chun sóisialú a dhéanamh agus tionchair sheachtracha ó thaobh amuigh den phobal.

***Bóthar Seoighe***

Tá Bóthar Seoighe suite i mbarda Bhóthar an Ghleanna agus, de réir Daonáireamh 2011, bhí 5,573 duine ina gcónaí sa bharda seo (Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staitisticí agus Taighde, 2011: ar líne). Tuairiscítear go raibh roinnt eolais ar an nGaeilge ag 29.07% den daonra os cionn 3 bliana d'aois (*ibid*.: ar líne). Bhunaigh grúpa cairde an Nua-Ghaeltacht uirbeach ar imeall chathair Bhéal Feirste sa bhliain 1969 (Mac Seáin, 2010: 140). Chreid an grúpa seo go raibh gá le núicléas comhtháite pobail chun páistí a thógáil i dtimpeallacht a mbeadh tacúil go teangeolaíoch agus áit a mbeadh teaghlaigh le Gaeilge in ann idirghníomhú trí mheán na Gaeilge (Nig Uidhir, 2006: 137). Bhí suim ag naoi lánúin déag cónaí i Nua-Ghaeltacht Bhóthar Seoighe ar dtús ach thit an líon sin go cúig theaghlach faoin am a cuireadh an scéim i gcrích (Mac Seáin, 2010: 74).

Bhunaigh an pobal nua Gaelach banc darbh ainm Gléas agus chuir an banc sin iasachtaí airgid ar fáil do thionóntaí nua chun tithe a cheannach i bpobal Bhóthar Seoighe. Fuarthas seirbhís saor in aisce ó shainchomhairleoirí dlí agus ailtireachta

(Maguire, 1991: 17). Nuair a d'éirigh leis an teaghlach morgáiste a fháil, aisíocadh an t-airgead a fuarthas ó Ghléas (*ibid*: 158). I 1970, tógadh trí theach nua sa phobal agus bhí seachtar páistí ina gcónaí ann a bhí ag aois scolaíochta faoi dheireadh na bliana sin (*ibid.*: 158). Bunaíodh Scoil Ghaeilge Phobal Feirste, an chéad Ghaelscoil i mBéal Feirste, ag tús Mhí Mheán Fhómhair 1971 (O' Reilly, 1999: 20) le rang amháin agus seachtar páistí (Mac Seáin, 2010: 160). Reáchtáil an pobal Gaelach an bhunscoil nua seo iad féin gan maoiniú stáit don chéad trí bliana déag (O' Reilly, 1999: 22). Le linn na mblianta sin, bhí na tuismitheoirí gnóthach le bailiúcháin airgid chun pá an mhúinteora a íoc agus ag plé leis na húdaráis oideachais ar mhaithe le stádas deonach faoi chothabháil agus maoiniú don scoil (Nig Uidhir, 2006: 140). D'éirigh leis an scoil maoiniú stáit a fháil i 1984 (Mac Seáin, 2010: 191).

Maidir le meánscolaíocht trí Ghaeilge a chur ar fáil, bhí an pobal ag brath ar mhúinteoirí deonacha ach níor mhair an córas seo ach ar feadh dhá bhliain (Nig Uidhir, 2006: 141). I 1980 dúnadh an mheánscoil Ghaeilge agus chuaigh roinnt daltaí go Coláiste Íosagáin i mBaile Átha Cliath chun Gaeloideachas a fháil (Mac Seáin, 2010: 229). I 1991 áfach, rinneadh an dara hiarracht le meánscoil lán-Ghaeilge a bhunú agus bunaíodh Meánscoil Feirste i bhfoirgneamh Chultúrlann Mac Adam Ó Fiaich (*ibid*. 237). Bhí naonúr páistí, beirt mhúinteoirí lánaimseartha agus beirt mhúinteoirí páirtaimseartha gan tuarastal i gceist leis an dara hiarracht seo (*ibid*.: 237). I 1995, fuair an mheánscoil maoiniú £100,000 ón gcomhlacht *Making Belfast Work* (*ibid.*: 248) agus fuair an scoil aitheantas oifigiúil i 1996 (*ibid.*: 250). Chonacthas méadú mór i líon na ndaltaí idir na blianta 1991 agus 1996 leis an gcéad naonúr daltaí ag fás go 150 dalta taobh istigh den tréimhse ama sin (*ibid*. 251). I 1999 bhog an mheánscoil isteach sa seanospidéal, Teach Ard na bhFeá, le 300 dalta (*ibid*. 252).

Tógadh tuilleadh tithe sa phobal Gaelach agus inniu tá 22 teach i bpobal Bhóthar Seoighe (Nig Uidhir, 2006: 141). Tógadh 42 páiste le Gaeilge sa phobal ó bunaíodh é i 1969 agus tá cónaí ar sheachtar acu ann anois, leis an tríú glúin á tógáil le Gaeilge (Mac Seáin, 2010: 288-9).

***Ráth Chairn***

Tá Ráth Chairn ina chuid de Ghaeltacht na Mí, áit a bhfuil Baile Ghib ina chuid den Limistéar Pleanála Teanga (LPT) céanna, agus pléann an Daonáireamh leis an LPT

iomlán sin mar cheantar amháin. Pléitear anseo, mar sin, staitisticí Dhaonáireamh 2016 i gcás an dá phobal sin. Léiríonn na staitisticí sin go raibh cónaí ar 1,857 duine sa LPT seo i 2016, 939 fear agus 918 bean, agus cumas sa Ghaeilge ag beagnach 60% den daonra os cionn 3 bliana d'aois (An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2016a: ar líne). Tá 26.6% dóibh siúd ina gcainteoirí laethúla Gaeilge (*ibid.*: ar líne).

Ba í Gaeltacht na Mí an chéad Nua-Ghaeltacht a bhunaigh an stát nuair a d'aistrigh Coimisiún na Talún 122 teaghlach Gaeltachta (772 duine) chuig Co. na Mí idir 1935 agus 1940, áit ar bunaíodh trí choilíneacht Ghaeltachta i Ráth Chairn, Baile Ghib agus Baile Ailín (Hindley, 1990: 131). Bhí droch-choinníollacha forleathan i gConamara ag an am agus luann O' Sullivan (25ú Bealtaine 2010: ar líne) go ndeachaigh dream fear chun bualadh le hÉamonn De Valera, an Taoiseach ag an am, chun an cheist talún a phlé leis. Luann Ó Cathasaigh gurb é an t-eagras Muinntear na Gaedhealtachta, a bhunaigh Óglaigh na hÉireann i gConamara i 1934, a chuaigh i mbun feachtais maidir le cúrsaí talún '...agus é mar phríomhaidhm aige talamh bán i lár na tíre a bhaint amach do dhaoine i gConamara' (2005: 23). D'athlonnaigh Coimisiún na Talún na teaghlaigh Ghaeltachta ar ghabháltais theaghlaigh 2,929 acra ó ocht n-eastát éagsúla a ghlac an stát seilbh orthu roimhe sin ar mhaithe le hathdháileadh (Hindley, 1990: 131). Chosain sé £48,926 don Choimisiún an talamh a cheannach agus £36,988 na teaghlaigh a aistriú go Contae na Mí agus '...eallach, acmhainn agus eile a chur ar fáil dóibh' (Ó Cadhain, 2002: 97). De réir Uí Chadhain, chosain gach gabháltas i gCo. na Mí tuairim is £300 agus d'fhág na teaghlaigh a chuaigh ar imirce 2,820 acra ina ndiaidh i gConamara (*ibid.*: 97)

Luann Hindley go ndearnadh comhshamhlú go luath ar Bhaile Ailín, an choilíneacht ba lú, toisc nach raibh ach 23 theaghlach ann, nó 112 duine, agus go raibh orthu páirt a ghlacadh sa scoil agus sa séipéal a bhí sa cheantar cheana féin, gan aon soláthair ar leith ann don Ghaeilge (1990: 131). Ba é Baile Ghib an choilíneacht ba mhó le 59 teaghlach, nó 373 duine, ach, dar le Hindley, bhí drochphleanáil teangeolaíoch i gceist léi le coilínigh tagtha ó sé Ghaeltacht éagsúla agus canúintí difriúla acu. Iompaíodh ar an mBéarla sa chás seo mar an *lingua franca* ab éasca do na coilínigh cé go raibh roinnt coilínigh ann a raibh amhras fúthu i dtaobh a ndílseachta don teanga (*ibid.*: 131). De réir Hindley, fuair Baile Ghib aird níos oifigiúla i mBaile Átha Cliath ach níor chomhghreamaigh na coilínigh i gceart (*ibid.*: 131). Dar leis, bhí na feirmeacha oiriúnach do na tuismitheoirí agus paistí scoile amháin mar sin,

b'éigean don lucht óg ag lorg oibre imeacht nó taisteal ón gcoilíneacht. Luann an t-údar chomh maith: 'Marriage too was almost inevitably outside, as was most daily shopping, except for the little post office and general store at Gibstown' (*ibid*.: 132).

Ba é Ráth Chairn an choilíneacht ba rathúla as na trí choilíneacht, le seacht gcomhluadar is fiche ag teacht as Conamara agus as Ceantar na nOileán, go háirithe sa chéad bhliain agus '...lonnaigh trí chomhluadar déag eile sa mbaile fearainn ó dheas de Ráth Cairn, Cill Bhríde, a dtugann muintir na háite Leaimbé air, i 1937' (Ó Giollagáin, 2002: 26). B'éigean do na teaghlaigh a d'aistrigh go Ráth Chairn méid áirithe talún a bheith acu chun a bheith páirteach san aistriú (Ó Giollagáin, 1999: 130) agus, nuair a d'fhág siad Conamara, roinneadh a dtalamh ar a gcomharsana (*ibid*.: 155). Ní raibh cead ag na teaghlaigh aon rud a thógáil leo chuig a mbaile nua i gCo. na Mí seachas troscán agus bhí orthu aon ainmhithe a bhí acu a dhíol roimh imeacht dóibh (*ibid*.: 129). Tugann Ó Cadhain briseadh síos ar na himircigh agus na blianta a d'imigh siad ó na mbailte féin:

<table>
<tr><td colspan="6">Coilínteachtaí Gaeltacha i gCo. na Mí</td></tr>
<tr><td colspan="6">Coilínteachtaí Lucht labhartha Gaeilge</td></tr>
<tr><td>Bliain a n-imirce</td><td>An méid muiríní</td><td>An méid daoine</td><td>An Contae ar dhe iad</td><td>Bailte fearainn i gCo. na Mí</td><td></td></tr>
<tr><td>1935</td><td>27</td><td>182</td><td>Gaillimh</td><td>Ráth Cairn</td><td rowspan="2">} Bailte fearainn comh-theorainneach</td></tr>
<tr><td>1937</td><td>13</td><td>105</td><td>Gaillimh</td><td>Cill Bhríde</td></tr>
<tr><td rowspan="5">1937</td><td>18</td><td>133</td><td>Maigh Eo</td><td rowspan="4">Baile Ghib etc.</td><td rowspan="7">Na bailte fearainn comh-theorainneach 13 mhíle ó Ráth Cairn</td></tr>
<tr><td>16</td><td>82</td><td>Ciarraí</td></tr>
<tr><td>14</td><td>95</td><td>Tír Chonaill</td></tr>
<tr><td>2</td><td>11</td><td>Corcaigh</td></tr>
<tr><td rowspan="2">1939</td><td>5</td><td>29</td><td>Ciarraí</td><td rowspan="2">Cluaingil</td></tr>
<tr><td>4</td><td>23</td><td>Tír Chonaill</td></tr>
<tr><td>1940</td><td>23</td><td>112</td><td>Gaillimh</td><td>Baile Ailín etc.</td><td>5 mhíle ó Bhaile Ghib agus barr ar 8 míle ó Ráth Cairn</td></tr>
<tr><td></td><td>122</td><td>772</td><td></td><td></td><td></td></tr>
</table>

*Léaráid 1: Coilínteachtaí Gaeltacha i gCo. na Mí (Ó Cadhain, 2002: 96) (tógtha ó Thuarascáil Choimisiún na Talún 1951 – 1952).*

Maíonn Ó Giollagáin gur tugadh neamhaird stáit agus institiúideach do phobal Ráth Chairn i ndiaidh a bhunaithe i 1935 seachas comhairle a fuarthas ó Choimisiún na Talún sna blianta tosaigh i dtaobh talamhaíochta agus bunú na bunscoile, Scoil Eoghain Uí Ghramhnaigh, i 1936 (2002: 27). De réir Uí Ghiollagáin, '...seachas sin bhíodar fágtha ar a gconlán féin i gceantar nua agus i gcomhthéacs nua soch-chultúrtha lena saoil féin a chleachtadh go dtí gur tugadh aitheantas Gaeltachta don cheantar i 1967' (*ibid.*: 27). Nuair a sainmhíníodh teorainneacha na Gaeltachta i 1957, fágadh coilíneachtaí na Mí ar lár agus ní bhfuair Gaeltachtaí Ráth Cairn agus Bhaile Ghib aitheantas oifigiúil go dtí 1967 (Hindley, 1990: 132). Dar le Hindley, chabhraigh na deontais Ghaeltachta le Gaeltacht na Mí ar bhealaí áirithe ach theip orthu ar bhealaí eile:

> Gaeltacht grants have certainly helped transform the quality of housing, diversify employment, and improve education and communal facilities, so given material value, which Irish could never previously offer in competition with English. They have not changed the basic setting, either socially or economically. Within forty miles of the centre of Dublin city, with such things as marriage and jobs to think about, there is not much hope of confining either of those to the tiny colony communities, even if in principle anyone wanted to (*ibid*.: 134).

***Cluain Dolcáin***

Cuimsíonn ceantar Líonra Gaeilge Chluain Dolcáin toghranna Shráidbhaile Chluain Dolcáin agus Cluain Dolcáin-An Mhainistir, áit a raibh cónaí ar 20,468 duine i 2016 agus úsáid laethúil na Gaeilge in úsáid ag 2.1% den daonra atá os cionn trí bliana d'aois (An Phríomh-Oifig Staidreamh, 2016b, c: ar líne). Bhí Cluain Dolcáin ar cheann de thrí bhaile iartharacha nua a mhol tuairisc Myles Wright i 1967 mar sholáthair don daonra i mBaile Átha Cliath a bhí ag dul i méid. Ba é an coincheap a bhain leis na bailte nua seo ná go mbeidís ina mórphobail agus go mbeidís féininmharthanach i bpáirt, ag cuir fostaíochta ar fáil dá bpobal féin. Tháinig méadú mór ar phobal Chluain Dolcáin le linn na 1970aí agus 1980aí agus feictear pobail nua atá tagtha ar an bhfód taobh istigh de Chluain Dolcáin tríd an bhfás i dtaobh scoileanna, séipéil agus áiseanna pobail (Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, níl dáta: ar líne).

Tháinig pobal na Gaeilge i gCluain Dolcáin chun tosaigh ó na 1970aí ar aghaidh. Bhí baint mhór ag an ngrúpa Gaeilge Muintir Chrónáin le cur chun cinn na Gaeilge sa cheantar, grúpa deonach Gaeilge a bunaíodh i 1972 (Foras na Gaeilge, níl dáta: 47). Thosaigh a ghníomhaíocht le club Gaeilge do dhaoine fásta a bhunaigh an grúpa darbh ainm Club Chrónáin, a d'eagraigh imeachtaí ceoil i dtithe tábhairne do Ghaeilgeoirí ar mhaithe le pobal tacaíochta Gaeilge a thógáil (Ó hAilín, 2006: 49-50). Bhunaigh Muintir Chrónáin clubanna do dhaoine óga, is iad sin Déagóirí Chrónáin (*ibid*.: 50) agus Óige Chrónáin do pháistí bunscoile (*ibid*.: 52).

D'oscail Scoil Chrónáin i 1975 i sráidbhaile Ráth Chúil agus thart ar bhliain ina dhiaidh sin, d'oscail Naíscoil Chrónáin (*ibid*.: 53). D'oscail an mheánscoil lán-Ghaeilge, Coláiste Chilliain i 1981 (Bord Oideachais agus Oiliúna Átha Cliath agus Dhún Laoghaire: ar líne). Inniu tá ceithre naíonra, dhá bhunscoil (Gaelscoileanna, níl dáta. a, b, c, d, e, f: ar líne) agus an t-aon mheánscoil Ghaeilge, Coláiste Chilliain, ag soláthair oideachais trí mheán na Gaeilge i gCluain Dolcáin le thart ar 1,500 dalta sa cheantar ag fáil a gcuid oideachais trí mheán na sprioctheanga (O'Carroll, 2012: ar líne).

Cheannaigh Muintir Chrónáin teach a bhí suite in úllord i gCluain Dolcáin (Ó hAilín, 2006: 55), áit a thug siad Áras Chrónáin air, agus feidhmíonn an grúpa ón áras sin ag eagrú réimse leathan imeachtaí trí mheán na Gaeilge. Cuirtear teanga, ceol, cultúr agus oidhreacht na hÉireann chun cinn 'trí imeachtaí sóisialta agus oidhreachta in Áras Chrónáin Ionad Cultúir, Cluain Dolcáin agus i mBaile Átha Cliath Theas i gcoitinne' (Áras Chrónáin, níl dáta: ar líne). Cuireann an grúpa ranganna Gaeilge ar fáil chomh maith le himeachtaí atá dírithe ar chúrsaí ceoil agus rince. Eagraítear campa samhraidh do pháistí agus club amhránaíochta 'An Béal Binn'. Tá Grúpa Tuismitheoirí & Leanaí ag feidhmiú ón áras chomh maith le naíonra lán-Ghaeilge (*ibid*.: ar líne).

***Carn Tóchair***

Tá Tír Chiana, lárionad Charn Tóchair, ina cuid de bharda toghchánach an tSuaitrigh (Currie Armstrong, 2011a), agus de réir Daonáireamh 2011, bhí cónaí ar 3,291 duine ann i 2011 agus roinnt eolais ag 30.95% de dhaonra an bharda os cionn 3 bliana d'aois ar an nGaeilge (Gníomhaireacht Thuaisceart Éireann um Staitisticí agus Taighde, 2011: ar líne). Is sampla ar leith é Carn Tóchair d'iarracht chun Gaeltacht a

chruthú sa chaoi is go bhfuil iarracht á déanamh pobal Béarla a aistriú ina phobal Gaeilge. Is ceantar tuaithe é Carn Tóchair atá suite thuaidh thiar ón mbaile Machaire Rátha i gCo. Dhoire, áit a bhfuil an sráidbhaile Tír Chiana mar lárionad an cheantair (Currie Armstrong, 2011a).

I 2008 sheol Coiste Forbartha Charn Tóchair agus Glór na nGael, Carn Tóchair an cháipéis *An Bealach chun Tosaigh: Straitéis don Ghaeilge i gCarn Tóchair agus i Machaire Rátha*, ag fógairt straitéise chun an ceantar a Ghaelú taobh istigh de dhá ghlúin (2008: 10). Is é an smaoineamh atá á chur chun cinn ag Coiste Forbartha Charn Tóchair ná a bpobal a athbhunú mar Ghaeltacht, ní Nua-Ghaeltacht a chruthú as (Currie Armstrong, 2011b: 173) agus dírítear ar stádas na Gaeilge a ardú sa phobal trí nasc a chruthú idir an teanga agus stair an cheantair agus a léiriú go raibh Carn Tóchair ina Ghaeltacht go dtí le fíorghairid (Currie Armstrong, 2011a, níl lth). I 2015, d'fhoilsigh Coiste Forbartha Charn Tóchair an tuairisc *An Phleanáil Teanga: I dtreo na gníomhaíochta*, tuairisc atá bunaithe ar thionscnamh a rinne an coiste le pobal Charn Tóchair idir 2014 agus 2015 'chun bun-líne lucht na Gaeilge a mheas i mórphobal Charn Tóchair' (2015: 4, 5). Eagraíonn an Coiste Forbartha imeachtaí éagsúla chun an Ghaeilge a chur cinn sa cheantar agus roinnt de na ratha a mhaíonn siad ná bunú na chéad naíscoile i gceantar iargúlta sna Sé Chontae, rud a chur bun leis an gcéad bhunscoil i gceantar iargúlta sa dlínse chomh maith (Carntogher Community Association, 2015: ar líne). Is é Coláiste Dhoire an mheánscoil lán-Ghaeilge is cóngaraí do Charn Tóchair.

Eagraítear réimse leathan imeachtaí Gaeilge in An Carn, ionad sa phobal a bhfuil úinéireacht ag an gCumann Forbartha air (Coiste Forbartha Charn Tóchair agus Glór na nGael, 2008: 32). I measc na n-imeachtaí sin, áirítear ranganna Gaeilge do dhaoine fásta agus óga agus léachtaí trí Ghaeilge agus tríd an Bhéarla ar ábhair a chuireann Gaeilge chun cinn/ag ardú próifíl na Gaeilge, craobh d'Ógras agus ÓgÓgras, club óige seachtainiúil a bheith ann i rith na scoilbhliana do pháistí bunscoile, club maidin Shathairn, club spóirt, club dúlra, ranganna ceoil agus ceardlanna ealaíne (Coiste Forbartha Charn Tóchair, 2015: 2).

### 2.4.2 Na hagallaimh

Is é príomhaidhm na n-agallamh ná eolas sonrach a fháil ar dhiminicí inmheánacha na bpobal atá faoi scrúdú don taighde seo chomh maith le freagraí níos doimhne a fháil ar fho-cheisteanna taighde 1, 3, 4 agus 5.

*Nua-Ghaeltachtaí Bhóthar Seoighe agus Ráth Chairn agus Líonraí Gaeilge Chluain Dolcáin agus Charn Tóchair*

I gcás na Nua-Ghaeltachtaí, beartaíodh agallamh a dhéanamh le bean amháin agus fear amháin as gach pobal le cinntiú go mbeadh cothromaíocht inscne ag baint leis an taighde agus go gcuimsítear taithí ban agus fear in obair le Gaelphobail chomhaimseartha. Chomh maith leis sin, roghnaíodh agallaithe a bhfuil ról lárnach acu i bhforbairt na bpobal cuí agus atá eolasach ar chúrsaí Gaeilge ina bpobal féin ionas go bhfaigheadh an taighdeoir léargas suntasach ó na hagallaimh i dtaobh na gceisteanna atá le freagairt don taighde seo. Tugann Schutt 'purposive sampling' ar an gcur chuige seo agus luann sé '… a purposive sample may be a "key informant survey," which targets individuals who are particularly knowledgeable about the issues under investigation' (2009: 173). I gcás Nua-Ghaeltacht Bhóthar Seoighe, tá aithne ag an taighdeoir ar dhuine de na hagallaithe, Séamus Mac Seáin, toisc gur ghlac sé páirt ina taighde M.A. i 2011. Is duine de bhunaitheoirí Nua-Ghaeltacht Bhóthar Seoighe é Mac Seáin. Mhol an t-agallaí seo a iníon, Colma McKee, a d'fhás aníos sa phobal agus atá ag tógáil a cuid paistí féin ann inniu mar an dara hagallaí. Tugann Schutt 'snowball sampling' ar an gcur chuige seo agus déanann sé cur síos air mar 'A method of sampling in which sample elements are selected as they are identified by successive informants or interviewees' (*ibid.*: 174). I gcás Ghaeltacht Ráth Chairn, rinneadh agallaimh le beirt cheannairí a bhaineann leis an bpobal: Seán Mac Donncha agus Máirín Sarikaya. Fuarthas ainmneacha na n-agallaithe úid ó chara leis an taighdeoir a chónaíonn sa phobal agus a bhfuil baint aige le cúrsaí teanga sa cheantar.

Agallaimh neamhstruchtúrtha a bhí i gceist leis na hagallaimh a bhain le Bóthar Seoighe agus Ráth Chairn. Rinneadh gach agallamh don taighde i bPríosún Ban Mhuinseo. Mhair gach agallamh a rinneadh idir tuairim is uair a chloig agus dhá uair a chloig. Cinntíodh go bhfuair na hagallaithe go léir cóip den bhileog eolais, an fhoirm toilithe, réamhrá an tráchtais agus na ceisteanna don agallamh trí ríomhphost nó sa phost ar a laghad seachtain roimh an agallamh. Ag tús gach agallaimh, míníodh

nádúr an staidéir do na hagallaithe agus iarradh orthu an fhoirm toilithe a shíniú. Fiafraíodh de gach agallaí a ghlac páirt sa taighde seo an raibh sé/sí toilteanach go n-ainmneofar sa tráchtas iad nó an mb'fhearr leo a bheith páirteach gan ainm. Luaigh gach agallaí go raibh siad sásta go n-ainmneofar iad. Ag deireadh na n-agallamh, ligeadh do na hagallaithe aon cheisteanna a bhí acu maidir leis an taighde agus a rannpháirtíocht féin a chur ar an taighdeoir. Rinneadh taifead ar na hagallaimh sa chás seo ar dheachtafón agus cinntíodh go raibh tras-scríbhinn den agallamh ag na hagallaithe taobh istigh de mhí ón agallamh. Cuireadh fáilte roimh na hagallaithe aon cheartúchán nó leasú a dhéanamh agus aon ní eile a ba mhian leo a chur leis an tras-scríbhinn dá mbeadh sé ag teastáil.

I gcás na Líonraí Gaeilge, rinneadh agallamh le bean amháin agus fear amháin as gach pobal agus baineadh úsáid as 'purposive sampling' anseo chomh maith. Bhí 'snowball sampling' i gceist le haithint na n-agallaithe a bhaineann le Líonra Gaeilge Chluain Dolcáin agus mhol rannpháirtí amháin a ghlac páirt sa taighde, Éamon Ó Cuív, an tOifigeach Forbartha in Áras Chrónáin, Brian Ó Gaibhín, chun páirt a ghlacadh sa taighde mar agallaí. Tar éis agallamh a dhéanamh le Ó Gaibhín, mhol an t-agallaithe seo Edel Ní Arrachtáin, atá ar choiste Mhuintir Chrónáin, mar an dara hagallaí ó Chluain Dolcáin. Rinneadh agallaimh le beirt ghníomhairí ó Líonra Gaeilge Charn Tóchair ar an nguthán: Liam Ó Flannagáin agus Leonne Ní Loinsigh. Is trí stiúrthóir taighde an taighdeora a aithníodh Ó Flannagáin mar rannpháirtí féideartha don agallamh agus, arís, le húsáid 'snowball sampling', mhol Ó Flannagáin Ní Loinsigh mar an dara hagallaí.

Agallaimh neamhstruchtúrtha a bhí i gceist leis na hagallaimh a bhain le Líonraí Gaeilge Chluain Dolcáin agus Charn Tóchair. Leanadh an comhghnás céanna a luadh leis na Nua-Ghaeltachtaí thuas maidir leis na cáipéisí a bhaineann le hábhar a sheoladh chuig na hagallaithe, míniú ar nádúr an staidéir ag tús an agallaimh a thabhairt, an fhoirm toilithe a shíniú agus am a fhágáil ag an deireadh le haghaidh ceisteanna ó na hagallaithe. Chomh maith leis sin, leanadh an comhghnás céanna a bhí i gceist le taifeadadh na n-agallamh agus na tras-scríbhinní a bhaineann leo.

*Iarrachtaí ar Nua-Ghaeltachtaí a bhunú*

Rinneadh taighde ar Nua-Ghaeltachtaí a bunaíodh taobh amuigh den Ghaeltacht agus ar iarrachtaí eile a rinneadh chun pobail Ghaeilge a bhunú ach nár éirigh leo. Mar

gheall ar easpa eolais fhoilsithe ar na hiarrachtaí seo, bhí gá le dul i mbun taighde cáilíochtúil trí agallaimh a dhéanamh le ceannairí a raibh baint acu leis na hiarrachtaí éagsúla. Rinneadh agallaimh le gníomhaire teanga, an staraí Pádraig Ó Snodaigh, a bhí bainteach le togra i mBaile Átha Cliath le linn na 1970aí a rinne iarracht chun Nua-Ghaeltacht a bhunú sa phríomhchathair. Ní raibh deachtafón ar fáil don taighdeoir don chéad agallamh le Ó Snodaigh mar gheall ar shrianta an phríosúin mar sin beartaíodh an dara hagallamh leis nuair a fuarthas deachtafón ag staid níos déanaí. Leanadh an cur chuige neamhstruchtúrtha le hagallamh Uí Shnodaigh agus baineadh leas as teicníc na Staire Béil den chuid is mó chun taifead a fháil ar an togra a bhí ar bun ag gníomhairí teanga chun Nua-Ghaeltacht a bhunú i mBaile Átha Cliath ag tús na 1970aí.

Ag tús an agallaimh seo, tugadh míniú don agallaí maidir le nádúr an staidéir, iarradh air an fhoirm toilithe a shíniú agus fágadh am ag an deireadh le haghaidh ceisteanna uathu. Mar a luadh cheana féin, cinntíodh go raibh tras-scríbhinn den agallamh ag Ó Snodaigh taobh istigh de mhí ón agallamh sin agus cuireadh fáilte roimhe aon cheartúchán nó leasú a dhéanamh air agus aon ní eile a chur leis.

### 2.4.3 An tAgallamh grúpa

Beartaíodh agallamh grúpa a chur ar bun le gníomhairí Gaeilge a bhfuil baint acu le forbairt Gaelphobal gréasán-bhunaithe éagsúla in áiteanna eile in Éirinn chun peirspictíocht níos leithne a fháil ar chúrsaí a bhaineann le Gaelphobail an lae inniu. De réir Kumar, ‘In a focus group interview you explore the perceptions, experiences and understandings of a group of people who have some experience in common with regard to a situation or event’ (2014: 193). Oibríonn na rannpháirtithe go léir a ghlac páirt san agallamh grúpa in earnáil na Gaeilge agus tá ról lárnach acu i bhforbairt ghréasáin teanga ina bpobail féin. Baineadh úsáid as ‘snowball sampling’ leis an agallamh grúpa chomh maith sa chaoi is gur mhol rannpháirtithe áirithe daoine eile chun a bheith páirteach sa taighde.

Tugadh cuireadh d’ochtar gníomhairí teanga freastal ar an agallamh, beirt atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath, triúr atá lonnaithe i mBéal Feirste, duine amháin i gCo. an Chabháin, duine amháin i gCo. Ard Mhacha agus duine amháin i gCo. Thír Eoghain. Ar an lá, tháinig cúigear as an ochtar sin chuig an agallamh le beirt as Béal Feirste, duine amháin as Baile Átha Cliath, duine amháin as Co. Thír Eoghain agus

duine amháin as Co. Ard Mhacha. Bhí triúr fear agus beirt bhan i láthair agus iad go léir idir 28 agus 36 bliain d'aois.

Mar an gcéanna leis na hagallaimh eile, leanadh an comhghnás céanna a bhain le bileoga eolais agus foirmeacha toilithe agus míniú ar nádúr an staidéir a chur ar fáil do rannpháirtithe. Rinneadh taifead ar an agallamh le deachtafón. Bhí gá leis an agallamh seo a dhéanamh i ndá leath mar gheall ar shrianta ama a chuir baill fhoirne an phríosúin i bhfeidhm mar sin rinneadh an chéad leath den agallamh grúpa i seomra comhairle an phríosúin agus an dara leath tríd an nasc físeáin 'Cisco Meeting'.

### 2.4.4 An Ceistneoir

Tá an ceistneoir dírithe ar an méid is mó baill phobail, atá os cionn 18 bliana d'aois, a bhfuil baint acu leis dá Nua-Ghaeltacht agus an dá Líonra Gaeilge. Is é príomhaidhm an cheistneora ná eolas a bhailiú ar iompar teanga agus dearcthaí na mball sna ceithre phríomhchás-staidéar ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar bheogacht na Gaeilge sna pobail sin. Tá an ceistneoir roinnte in ocht gcuid: Eolas fút féin, Cúlra Teanga, Úsáid Teanga leis an Teaghlach, An Ghaeilge agus do Pháistí, Úsáid Teanga le Cairde, Úsáid Teanga sa Phobal, Dearcthaí i leith na Gaeilge agus Úsáid na Gaeilge agus na Meáin Chumarsáide le 29 ceist ann san iomlán (féach Aguisín 4).

Maidir leis an gcuid ar Eolas fút féin, lorgaítear eolas maidir le ceantar, gnéas, aoisghrúpa, leibhéal oideachais, stádas fostaíochta agus gairm bheatha, cúlra teanga agus cumas teanga na bhfreagróirí. Maidir leis an gceist ar aoisghrúpa an fhreagróra, roghnaíodh na rannóga cuí bunaithe ar shuirbhé a chuir Conradh na Gaeilge ar bun in éindí le Milward Brown agus a foilsíodh i 2015 (Conradh na Gaeilge, 2015: 5). I dtaobh na ceiste a bhaineann le leibhéal oideachais an fhreagróra, baintear leas as na freagraí a úsáidtear i staidéar an ESRI, *Attitudes towards the Irish Language on the Island of Ireland,* chomh maith le roinnt freagraí a bhaineann le stádas fostaíochta an rannpháirtí (ESRI, 2015: 166). Léiríonn an t-eolas a bailítear ón gceistneoir aon difríochtaí in iompar teanga na bpobal faoi scrúdú bunaithe ar na hathróga thuas.

Tá suntas ar leith ag baint le fearann an bhaile i gcás mionteangacha a chothú, mar atá luaite ag Dorian. Luann an t-údar gurb é an baile '...the last bastion of a subordinate language in competition with a dominant language of wider currency'

([1981] luaite i Govindasamy & Nambiar, 2003: 31). Lorgaítear eolas sa cheistneoir, mar sin, ar úsáid na Gaeilge agus an Bhéarla sa bhaile agus le baill an teaghlaigh níos leithne sa tríú cuid den cheistneoir, is é sin Úsáid Teanga leis an Teaghlach, chun iniúchadh a dhéanamh ar an bhfearann tábhachtach seo.

Lorgaítear eolas sa cheathrú cuid ar an nGaeilge agus do Pháistí chun iompar teanga na bpáistí le baill an teaghlaigh agus le comharsana a mheas. Lorgaítear eolas freisin maidir leis na fearainn agus na grúpaí éagsúla ina labhraíonn páistí na bhfreagróirí Gaeilge chun léargas a fháil ar na deiseanna cainte taobh amuigh den teach agus den scoil atá ar fáil dóibh. Leagtar béim ar dheiseanna cainte a chruthú don óige taobh amuigh d'fhearann na scoile, mar atá pléite sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*:

> Is é an tátal a bhaintear as iarrachtaí athneartaithe teangacha ar fud an domhain go bhfuil sé thar a bheith riachtanach beocht a chur sa Ghaeilge lasmuigh den seomra ranga i gcás na ndaoine óga atá á foghlaim sa chóras oideachais foirmiúil. Má táthar le cultúr agus féiniúlacht don óige agus a gcineálacha cuí Gaeilge a chothú, caithfear deiseanna a chur ar fáil le go n-úsáidfear an teanga go nádúrtha [...] (Rialtas na hÉireann, 2010:12).

Leagann Fishman béim ar choimpléasc an bhaile-teaghlaigh-comharsanachta-pobail agus maíonn sé gurb é an coimpléasc seo saol iomlán an pháiste agus seachadadh idirghlúine na teanga. Dar leis, ní mór d'iarrachtaí RLS (*reversing language shift*) díriú ar na fearainn seo thar aon fhearann eile (1991: 95). Díríonn an cúigiú agus an séú cuid den cheistneoir, mar sin, ar úsáid na teanga le cairde agus sa phobal. Baintear úsáid as Anailís ar Ghréasáin Shóisialta sa chúigiú cuid chun eolas a bhailiú ar lárnachas na Gaeilge i ngréasáin shóisialta an duine agus cé chomh minic agus a fhaigheann an duine deis an Ghaeilge a úsáid sna gréasáin sin. Léiríonn an t-eolas a bhailítear sa chuid seo, in éindí leis an eolas ar úsáid teanga leis an teaghlach, cé chomh forleathan is atá úsáid na Gaeilge i réimsí lárnacha an tsaoil. Lorgaíonn an ceistneoir mar sin, eolas ar na príomhghréasáin atá ag an bhfreagróir agus an bunús áitiúil a bhaineann leo chun measúnú a dhéanamh ar an tábhacht a thugtar do ghaireacht fhisiciúil an phobail teanga i gcothú na sprioctheanga. Sa cheistneoir, déantar tagairt do ghréasáin shóisialta mar ghrúpaí sóisialta chun éiginnteacht a sheachaint maidir leis an téarma 'gréasán'.

Baineann an séú cuid sa cheistneoir, Úsáid Teanga sa Phobal, leas as anailís ar fhearainn (féach Fishman, 1989: 235-9) chun léargas a fháil ar úsáid na Gaeilge agus

an Bhéarla i réimsí éagsúla sa saol. Cuirtear ceisteanna anseo faoi dheiseanna úsáid teanga sa mhórphobal agus minicíocht i dtaobh na húsáide sin. Cuireann an t-eolas seo leis an mórphictiúr a bhaineann le hiompar teanga an duine agus baintear úsáid as chun an nasc idir dáileadh an phobail teanga agus a iompar teanga a mheas.

Tá aitheantas forleathan tugtha don tábhacht a bhaineann le dearcthaí dearfacha ó thaobh na mionteanga a chosaint (Mac Donnacha, 2000; UNESCO, 2003; Fishman, 1991; Grenoble & Whaley, 2006). Léiríonn suirbhéanna ar dhearcthaí i leith na Gaeilge go bhfuil tromlach na ndaoine a chónaíonn sna 26 Contae fabhrach don teanga. I suirbhé a rinne Mac Gréil agus Ó Reactagáin idir 2007 agus 2008, tuairiscíodh go raibh 40.9 faoin gcéad d'fhreagróirí i bhfábhar 'Athbheochan na Gaeilge len í a úsáid sa phobal', go raibh 52.2 faoin gcéad i bhfábhar 'Caomhnú na Gaeilge sa Ghaeltacht agus í a athbheochan i gCultúr agus Ealaíon' agus nach raibh ach cion beag, nó 6.6 faoin gcéad i bhfábhar 'An Ghaeilge a Chaitheamh i dTraipsí' (2009: 3). Léiríonn na staitisticí seo go raibh 93 faoin gcéad d'fhreagróirí i bhfách leis an nGaeilge leis na dreamanna is mó i bhfách ina ndaoine óga, ina bhfir, ina n-áitritheoirí cathracha, ina ndaoine le hardoideachas orthu agus le slite beatha sinsearacha acu (*ibid*.: 4).

Díríonn an seachtú cuid den cheistneoir, mar sin, ar na dearcthaí atá ag baill na bpobal Gaeilge i leith na sprioctheanga. Baintear úsáid as an scála Likert atá ar fáil i suirbhé an ESRI i dtaobh dearcthaí i leith na Gaeilge don cheist seo sa cheistneoir (ESRI, 2015: 78). Tá suntas ar leith ag baint leis na dearcthaí seo mar tugann siad léargas ar na féidearthachtaí atá ann ó thaobh na Gaeilge a chosaint mar theanga an phobail amach anseo nó an baol a bheadh ann do na pobail Ghaeilge muna bhfuil lucht an phobail dearfach i leith na mionteanga. Braitheann todhchaí teanga ar na dearcthaí atá ag an bpobal teanga ina leith:

> Members of a speech community are not usually neutral towards their own language. They may see it as essential to their community and identity and promote it; they may use it without promoting it; they may be ashamed of it and, therefore, not promote it; or they may see it as a nuisance and actively avoid using it (UNESCO, 2003: 14).

Lorgaíonn an ceistneoir eolas ar Úsáid na Gaeilge agus na Meáin Chumarsáide. Tógadh ráitis a bhaineann leis na meáin chumarsáide ó shuirbhé an ESRI (2015: 117) don cheist a bhaineann leis an topaic seo. Maidir le fachtóir 5 UNESCO,

luaitear ‘Schools, new work environments, new media, including broadcast media and the Internet, usually serve only to expand the scope and power of the dominant language at the expense of endangered languages’ (*ibid*.: 11). De réir údair na cáipéise seo, muna n-éiríonn le mionphobail teanga déileáil leis na dúshláin a thagann leis an nua-aoiseachas, cuirtear an mhionteanga i mbaol trí neamhfheidhm agus náiriú a bheith ag baint léi (*ibid*.: 11). Airítear anseo, mar sin, go bhfuil tábhacht ag baint le freagraí cuiditheacha do na fearainn nua atá tagtha ar an bhfód leis na nua-theicneolaíochtaí trí fhorbairt leanúnach ar na meáin Ghaeilge. Taispeánann torthaí an cheistneora na deiseanna atá ar fáil do lucht na nGaelphobal úsáid a bhaint as na meáin chumarsáide Ghaeilge agus an t-éileamh a bhaineann leo.

Seoladh an ceistneoir ar-líne ar an 4ú Bealtaine 2018 agus ar dtús cuireadh an spriocdháta an 8ú Meitheamh 2018 leis ach, mar gheall ar cheistneoirí eile ag dul thart ar Charn Tóchair agus Chluain Dolcáin ag an am céanna a bhain le seoladh na Líonraí Gaeilge, beartaíodh spriocdháta níos déanaí a chur leis, is é sin an 31ú Lúnasa 2018. Bhí an ceistneoir ar fáil ar Survey Monkey ag https://www.surveymonkey.com/r/F5CRG69 agus i bhfoirm chrua. San iomlán, fuarthas 173 freagra bailí ar ais, sé chóip chrua agus 167 ceistneoir ar líne. Ní raibh sé indéanta ráta freagartha cruinn a oibriú amach don cheistneoir toisc gur ar líne den chuid is mó a dáileadh é, idir ríomhphoist agus na meáin shóisialta. Scaipeadh an ceistneoir chomh forleathan agus ba fhéidir ar na hardáin seo agus iarradh ar chairde le cuntais ar na meáin shóisialta agus teagmhálacha acu do bhaill na bpobal Gaeilge an rud céanna a dhéanamh.

I ndiaidh comhairle a fháil ó ghníomhaire Gaeilge i gCarn Tóchair, athraíodh dhá ráiteas a bhaineann le ceist a 27 agus rinneadh cóip den bhuncheistneoir leis na leasuithe cuí. Baineadh an dá cheist ‘Tá cothromaíocht idir an Ghaeilge agus an Béarla i mo phobal amach anseo tábhachtach dom’ agus ‘Tá sé tábhachtach dom go mbeidh an Ghaeilge in uachtar i mo phobal amach anseo’ amach as an gceistneoir do Charn Tóchair agus cuireadh na ceisteanna ‘Tá cothromaíocht idir phróifíl na Gaeilge agus an Bhéarla i mo phobal amach anseo tábhachtach dom’ agus ‘Tá sé tábhachtach dom go mbeidh an Ghaeilge in úsáid ag formhór an chomhphobail amach anseo’ ina n-áit mar gheall gur iarr an gníomhaire céanna go ndéanfar é sin. Tá difríochtaí le haireachtáil i dtorthaí an cheistneora, mar sin, maidir le líon na bhfreagraí a fuarthas ó fhreagróirí Charn Tóchair ar na ceisteanna seo toisc an

bunleagan a bheith i gcúrsaíocht ar dtús sa phobal agus ansin leagan nua dírithe ar an bpobal sin á dháileadh ina dhiaidh. Bhí an ceistneoir dírithe ar Charn Tóchair ar fáil ag https://www.surveymonkey.com/r/PXRDZV8 agus an spriocdháta céanna i Mí Lúnasa ag baint leis.

Cé go bhfuil éifeachtacht ag baint leis an gceistneoir chun eolas a bhailiú ón méad daoine agus is féidir taobh istigh de thréimhse ama ghairid, tá míbhuntáistí ar leith ag baint leis mar gheall ar an ngné anaithnid a théann leis. Sa chás seo, is féidir le daoine nach bhfuil cónaí orthu sna pobail faoi scrúdú an ceistneoir a líonadh isteach agus tionchar a imirt ar thorthaí an taighde i ngan fhios don taighdeoir.

I gcás Bhóthair Seoighe, airítear gur líon triúr iar-chónaitheoirí isteach an ceistneoir agus go n-imríonn a gcuid freagraí tionchar ar na torthaí sa taighde seo. Cé go bhfuil tábhacht ag baint le freagraí na n-iar-chónaitheoirí sin, is fiú a bheith airdeallach air seo i gcomhthéacs na taighde seo toisc go dtugann sé léargas ar leith ar staid na Gaeilge sa phobal sin nach bhfuil iomlán cruinn.

**An Staidéar Píolótach**

Beartaíodh staidéar píolótach den cheistneoir a chur ar bun chun a chinntiú go raibh na ceisteanna agus an fhoclaíocht soiléir sa cheistneoir agus chun moltaí a fháil ar aon leasuithe a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil. Chuathas i mbun an staidéir phíolótaigh i bPríosún Ban Mhuinseo le linn 2017 agus chuidigh cimí agus fostaithe sa phríosún araon leis an staidéar seo tríd an gceistneoir a léamh agus aiseolas a thabhairt ar na ceisteanna. Roimh dháileadh na gceistneoirí, míníodh do na cimí agus do na fostaithe príosúin gur aiseolas ar cheisteanna an cheistneora amháin a bhí ag teastáil uathu toisc nár bhain siad leis na pobail atá faoi scrúdú don tráchtas agus nach mbeadh orthu aon eolas pearsanta a líonadh isteach.

Dáileadh 18 ceistneoir ar chimí agus ar bhaill fhoirne an phríosúin idir Mí Iúil agus Mí Mheán Fómhair 2017 agus iarradh ar na rannpháirtithe sin na ceistneoirí a thabhairt ar ais taobh istigh de choicís. Ar mhaithe le héagsúlacht, dáileadh na ceistneoirí ar sheachtar cimí, cúigear ball foirne sa phríosún a chuimsigh an gobharnóir, ceannasaí agus triúr bairdéirí; cúigear múinteoirí ó ionad oideachais na scoile, beirt shéiplíneach phríosúin agus comhairleoir amháin atá ag obair sa phríosún. Ina measc siúd bhí ceathrar fear agus seisear ban déag. Fuarthas ceistneoirí ar ais le haiseolas ó sheisear déag agus ina measc siúd, bhí ceathrar ban déag agus

beirt fhear. Rinneadh roinnt leasuithe ar an gceistneoir bunaithe ar an aiseolas a fuarthas ón staidéar píolótach.

| Rannpháirtithe | Seolta | Fillte |
|---|---|---|
| **Cimí** | 7 | 6 |
| **Baill Fhoirne** | 5 | 3 |
| **Múinteoirí** | 5 | 4 |
| **Séiplínigh** | 2 | 2 |
| **Comhairleoir** | 1 | 1 |
| **Iomlán** | 20 | 16 |

*Tábla 1: Líon na rannpháirtithe a ghlac páirt sa staidéar píolótach*

***An Ceistneoir – An leagan críochnaitheach***

Forbraíodh an ceistneoir ar-líne ar www.surveymonkey.com le linn 2017 agus, tar éis aiseolas a fháil ó rannpháirtithe an staidéir phíolótaigh, seoladh nasc an tsuímh ghréasáin chuig na ceannairí pobail ó Nua-Ghaeltacht Bhóthar Seoighe, Ghaeltacht Ráth Chairn, agus Líonraí Gaeilge Charn Tóchair agus Chluain Dolcáin. Iarradh ar na ceannairí pobail an nasc don cheistneoir a sheoladh thart ar bhaill phobail a gcuid pobal féin trí ríomhphost. Bhí na ceannairí ar fad toilteanach cuidiú leis an gcuid seo den taighde.

Chomh maith leis sin, seoladh an nasc céanna chuig teagmhálacha pearsanta an taighdeora a bhfuil cónaí orthu sna pobail chuí agus seoladh cóipeanna crua den cheistneoir chuig na daoine céanna le scaipeadh ar dhaoine nach mbeadh eolas nó fáil acu ar an suíomh idirlín. Cuireadh litir chumhdaigh leis an gceistneoir ar líne agus leis an gcóip chrua chun míniú a thabhairt don bhfreagróir cad atá i gceist leis an taighde. Baineadh úsáid chomh maith as na meáin shóisialta – Facebook, Twitter agus LinkedIn – chun an nasc don cheistneoir a scaipeadh chomh maith.

### 2.4.5 Foinsí eile

*Comhfhreagras Pearsanta*

Bailíodh eolas ar iarrachtaí chun Nua-Ghaeltachtaí a bhunú trí chomhfhreagras pearsanta, is é sin litreacha agus ríomhphoist:

- Fuarthas litir ó iar-chónaitheoir de Nua-Ghaeltacht Ard Barra i gCorcaigh, Rónán Mac Aodha Bhuí (comhfhreagras pearsanta ó Mac Aodha Bhuí, 1 Meán Fómhair 2015).
- Fuarthas cáipéisí ón staraí agus gníomhaire teanga, Pádraig Ó Snodaigh (comhfhreagras pearsanta ó Ó Snodaigh, 12 Márta 2015), maidir le hiarracht nár éirigh leis i mBaile Átha Cliath i 1997.
- Bhí iarracht eile, stiúrtha ag Deasún Fennell, a ghlaoigh ar Ghaeilgeoirí na tíre athlonnú i nGaeltacht Chonamara ach a theip air, taifeadta in an iliomad ailt agus leabhair. Sheol Fennell sleachta ó 'The View from Maoinis' (comhfhreagras pearsanta ó Fennell, 22 Meitheamh 2015) chuig príomhoide na scoile i bpríosún ban Mhuinseo trí ríomhphost chun go mbeifí ábalta taighde a dhéanamh ar an iarracht sin.
- Fuarthas sonraí trí chomhfhreagras pearsanta ó Fhergus Ó Cuilinn maidir le hiarracht a rinne an eagraíocht Ghaeilge Comhluadar chun Nua-Ghaeltacht a bhunú i mBaile Átha Cliath i 2010 (comhfhreagras pearsanta ó Ó Cuilinn, 16 Meitheamh 2015). Seoladh litir chuig ó Cuilinn i 2015 ag lorg eolais nuashonraithe ar an iarracht seo i ndiaidh dom staidéar a dhéanamh ar an togra seo i 2011 mar chuid de mo M.A. agus agallamh a dhéanamh leis ag an am. Fuarthas an t-eolas nuashonraithe ar an iarracht seo ó Ó Cuilinn trí litir a seoladh chuig an bpríosún.
- Fuarthas comhfhreagras pearsanta ó Éamonn Ó Cuív T.D. a bhí ina Aire Gaeltachta i 2010 maidir leis an smaointeoireacht a bhí taobh thiar de Líonraí Gaeilge a aithint. Sheol Ó Cuív an t-eolas seo trí ríomhphost chuig duine de bhaill fhoirne an phríosúin (comhfhreagras pearsanta ó Ó Cuív, 29 Lúnasa 2017).

*Agallaimh mar chuid den M.A.*

Rinneadh agallaimh le linn 2011 do mo thráchtas M.A. agus tá roinnt acu in úsáid mar eolas don tráchtas PhD. Is iad na hagallaimh sin ná:

- agallamh le Feargal Ó Cuilinn ar an nguthán (Shannon, 2011). D'imigh Feargal ar shlí na fírinne i 2017;
- agallamh le Fergus Breathnach maidir le togra Bhaile Munna (*ibid*.);

- agallamh le Tomás Ó Canainn ar an nguthán ó Nua-Ghaeltacht Ard Barra (*ibid*.). Tá Tomás imithe ar shlí na fírinne ó shin.

*Foinsí tánaisteacha*

- Baineadh leas as foinsí tánaisteacha freisin chun taighde a dhéanamh ar Nua-Ghaeltachtaí a bhí rathúil agus iadsan nár éirigh leo, is iad sin ailt a foilsíodh i nuachtáin ag an am chomh maith le taighde níos luaithe atá foilsithe in irisí acadúla.

| Rannpháirtithe | Fir | Mná | Líon iomlán |
|---|---|---|---|
| **Ráth Cairn: agallaimh** | 1 | 1 | 2 |
| **Bóthair Seoighe: agallaimh** | 1 | 1 | 2 |
| **Carn Tóchair: agallaimh** | 1 | 1 | 2 |
| **Cluain Dolcáin: agallaimh** | 1 | 1 | 2 |
| **Iarrachtaí eile: agallaimh** | 1 | 0 | 1 |
| **An tAgallamh Grúpa** | 3 | 2 | 5 |
| **Comhfhreagras pearsanta** | 5 | 0 | 5 |
| **Iomlán** | **13** | **6** | **19** |

*Tábla 2: Rannpháirtithe a ghlac páirt sa taighde de réir líon agus inscne*

## 2.5 An Próiseas Taighde

Cuireadh tús leis an PhD. i Mí Eanáir 2014 agus caitheadh an chéad bhliain i mbun léitheoireachta, ag díriú isteach ar an litríocht ábhartha don léirmheas litríochta go sonrach. Le linn na chéad bhliana, ní raibh fáil agam ar ríomhaire glúine agus mé i bPríosún Luimnigh ag an am ach d'éirigh liom ríomhaire glúine a fháil i Mí Dheireadh Fómhair na bliana sin agus ag an bpointe sin thosaigh mé ag obair ar réamhrá an tráchtais. Ba é an tréimhse seo an tréimhse ba dhúshlánaí den taighde mar gheall ar choinníollacha neamhfhabhracha a bheith ann sa phríosún do mhic léinn. Gan leabharlann, fáil ar an idirlíon agus timpeallacht nach raibh fabhrach ó thaobh staidéir de, bhí gá le teagmhálacha a aimsiú chun cabhair a thabhairt dom leis an litríocht chuí a chur ar fáil dom agus tacaíocht leis an taighde páirce. Cé go raibh an cás thar a bheith dúshlánach, d'éirigh liom gréasán de dhaoine a aithint a mbeadh sásta cabhrú liom leis na constaicí seo agus lean an tacaíocht seo ar aghaidh go dtí gur scaoileadh saor mé i 2018.

Le linn 2015 tosaíodh ar an léirmheas litríochta agus cuireadh tús leis an gcaibidil ar an léirmheas litríochta. Rinneadh an modúl *PG6004: Getting Started with Graduate Research and Generic Skills* le linn na bliana seo chomh maith. Le linn 2016 críochnaíodh an léirmheas litríochta agus scríobhadh tuairisc dul chun cinn a bhí á lorg ón ollscoil i ndiaidh dhá bhliain a chaitheamh i mbun an PhD. Roghnaíodh cás-staidéir don taighde le linn na bliana seo agus cuireadh tús leis an léitheoireacht a bhaineann leis an gceithre phobal a roghnaíodh mar phríomhchás-staidéir. Críochnaíodh an chaibidil maidir le próifílí na bpríomhchás-staidéar le linn na bliana seo chomh maith. Cuireadh an modúl, *PG7003: PhD II From development to completion*, le linn na bliana seo chomh maith.

I 2017 scríobhadh an chaibidil ar an modheolaíocht taighde don staidéar agus cuireadh plean le chéile don taighde páirce. Cuireadh tús leis an taighde páirce do na cás-staidéir i 2017.

| Gné den Taighde | Tréimhse |
|---|---|
| **Agallaimh do na cás-staidéir** | Lúnasa – Samhain 2017 & Aibreán 2018 |
| **Agallaimh le gníomhairí Gaeilge maidir le hiarrachtaí eile chun Gaelphobail a bhunú** | Bealtaine 2016, Lúnasa 2017. |
| **Staidéar Píolótach don cheistneoir** | Iúil – Deireadh Fómhair 2017. |
| **An tAgallamh Grúpa** | Samhain 2017 & Eanáir 2018 |
| **Dáileadh an Cheistneora** | Bealtaine – Lúnasa 2018 |

*Tábla 3: Tréimhse an Taighde Pháirce*

Scaoileadh saor ón bpríosún mé i Mí Iúil 2018 agus chruthaigh sé seo níos mó saoirse dom ó thaobh dáileadh an cheistneora de agus fáil ar an idirlíon agus ar leabharlann. Ag deireadh 2018 agus i 2019, cuireadh tús leis an anailís ar an eolas a bailíodh le linn an phróisis taighde. Críochnaíodh le scríobh na gcaibidlí a bhaineann leis na hagallaimh, an t-agallamh grúpa agus an ceistneoir agus scríobhadh an chéad dréacht den Chonclúid. I 2020 críochnaigh mé an modúl deireanach, *PG7038: Almost PhinisheD*. Cuireadh na dréachtaí deireanacha den tráchtas i gcrích agus, i Mí Lúnasa, cuireadh an tráchtas isteach chuig an ollscoil.

## 2.6 Cúrsaí Eiticiúla

Tá gá don taighdeoir measúnú a dhéanamh ar an dochar go bhféadfadh sé/sí a dhéanamh le linn an phróisis taighde agus luann Polonsky & Waller nach mór:

> (a) behave according to appropriate ethical standards; (b) consider how your research might negatively affect participants; and (c) protect yourself, your supervisors/teachers, and your institution from being placed in situations in which individuals could make claims of inappropriate behavior, resulting in public criticism or even your being sued. Unfortunately, there is an increasing amount of litigation in the world (2018: 53).

Níor aithníodh aon chúrsaí eiticiúla ó thús an phróisis taighde toisc nár measadh go raibh topaic an staidéir conspóideach. Chomh maith leis sin, níl an taighde dírithe ar dhaoine faoi 18 bliana d'aois, ar dhaoine le riachtanais speisialta nó ar dhaoine a bhaineann le grúpa leochaileach. Líonadh foirm cheadaithe isteach agus cuireadh chuig an gCoiste um Eitic Thaighde é (féach Aguisín 6) agus tugadh eolas ar an taighde, ar na modheolaíochtaí taighde agus ar rannpháirtithe a earcú don staidéar. Ní raibh orm dul tríd Bord Eitice na hollscoile agus fuair mé cead leanúint leis an taighde (féach Aguisín 5).

Taobh istigh den chead a fuarthas ón gCoiste um Eitice Thaighde, bhí gá fós le smaoineamh ar an éifeacht a bheadh ar mo thaighde ar na pobail faoi scrúdú. Bhí cás amháin ann a tháinig chun cinn le linn dáileadh an cheistneora nach mór a phlé. Mar a pléadh roimhe seo, d'iarr ball pobail ó Charn Tóchair orm dhá cheist a athrú i gcás an cheistneora chun aighneas a sheachaint sa phobal sin. Míníodh dom go raibh baill phobail sa phobal sin nach raibh i bhfabhar an togra Ghaeilge atá ar bun sa cheantar agus go bhféadfaidís bagairt a aireachtáil. Cé nach raibh mé ag iarraidh cinsireacht a dhéanamh ar mo thaighde, bhraith mé go raibh freagracht agus dualgas orm rannpháirtithe an taighde a chosaint agus meas a léiriú ar phobal Charn Tóchair. D'athraigh mé an dá cheist sa cheistneoir a d'ardaigh an ball pobail agus sheol mé cóip nua den cheistneoir thart ar an bpobal sin.

## 2.7 Conclúid

Sa chaibidil seo pléadh an mhodheolaíocht taighde a roghnaíodh don staidéar seo agus tugadh eolas maidir leis an bpróiseas taighde a cuireadh ar bun. Pléadh roghnú na gcás-staidéir don taighde agus na foinsí a baineadh úsáid astu chun an staidéar a

chur i gcrích. Freisin, tugadh cuntas ar na cúrsaí eiticiúla a bhaineann leis an staidéar seo.

# Caibidil 3: An Léirmheas Litríochta

## 3.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo pléitear an suntas a thugtar do sheachadadh idirghlúine na sprioctheanga i gcothú na teanga chomh maith leis na fearainn atá tábhachtach don bheartas seo. Pléitear coincheapa ar phobal, teoiricí a bhaineann le hathrú sóisialta, is iad sin an t-iar-nua-aoiseachas agus an tsochaí iarthionsclaíoch, agus na himpleachtaí a airítear don phobal i gcás na dteoiricí sin. Críortar ansin coincheapa i leith an phobail teanga cheantraigh chomh maith le smaointe atá léirithe ag údair agus acadúlaigh i dtaobh Ghaelphobail thíreolaíocha a chruthú chomh maith le smaointe eile ar fhorbairt ghréasán sóisialta trí mheán na mionteanga. Pléitear freisin an tuiscint a bhaineann le próiseas na pleanála teanga sa lá atá inniu ann agus, ar deireadh, pléitear cur chuige na forbartha pobail i leith na Gaeilge.

## 3.2 Seachadadh idirghlúine agus fearainn na sprioctheanga

Tá glacadh forleathan ann ó theangeolaithe maidir le tábhacht sheachadadh idirghlúine na sprioctheanga mar T1 sa chothú teanga agus suntas an bhaile mar fhearann lárnach sa chothú sin. Luann an sochtheangeolaí mór le rá, Joshua Fishman: ‘Ultimately, nothing is as crucial for basic RLS [Reversing language shift] success as intergenerational mother-tongue transmission’ (2001: 458). Maíonn an t-údar gurb é an beartas seo an ghné is riachtanaí don aisiompú teanga agus áitíonn sé nach mbeidh rath ar iarrachtaí aisiompaithe teanga muna dtugtar aghaidh ar fhearainn an teaghlaigh agus an phobail: ‘…societally based RLS cannot be accomplished at all if it is not accomplished at the intimate family and local community levels’ (1991: 4).

Dar leis, is iad an baile agus an pobal na fearainn is tábhachtaí don teanga atá faoi bhagairt agus ní mór do theangacha sa chás seo smacht a ghabháil ar na réimeanna seo, fiú muna n-éiríonn leo smacht a fháil ar na réimeanna cumhachta agus údaráis áitiúla. Is togra casta é seo toisc nádúr na bhfearann seo: ‘…: *the intimate domains are also the most sheltered;* they nurture inter-generational continuity, even if these domains are not the major movers and shakers of the modern world’ [cló iodálach sa bhuntéacs] (1989: 399). Maíonn Fishman go bhfuil fócas ar an bpobal féin i gceist leis an togra seo:

> Assuming control of the home and community domains means (re-)building those domains via the endangered language, becoming inseparably interpenetrated by them, inextricably associated with them. In short, it means community building, community policy, community well-being, community institutions, community life, community activity, rather than language policy alone, language policy and language policy *ad nauseam*, language fears and dreams and nothing more (*ibid*.: 399).

Tacaíonn Grenoble agus Whaley le tábhacht an tseachadta idirghlúine agus luann siad:

> The intergenerational transmission of a language […] is typically, and appropriately, used as a benchmark for whether a language will maintain its vitality into the indefinite future. [...] The dynamics of intergenerational transmission are perhaps more important to understand than any other relevant factor in assessing the need for language revitalization (2006: 6).

Dar leo, caithfidh teanga a bheith in úsáid go gníomhach ag páistí má tá teanga le bheith bisiúil agus tá an sealbhú teanga riachtanach i gcás an pháiste má tá úsáid fhadtéarmach na teanga le tarlú (*ibid.*: 6). Áitíonn siad go bhfuil staid na teanga neamhchinnte nuair a stopann na páistí ag foghlaim na teanga: 'In cases of rapid or accelerated language shift, disrupted transmission to children can move a vital language to near extinction in the course of a single generation' (*ibid*.: 13).

Aithnítear gurb iad na luathbhlianta i saol an pháiste na blianta is cinniúnaí sa sealbhú teanga. Áitíonn Ó Curnáin gurb iad na blianta 0-6 bliana d'aois an tréimhse chriticiúil i sealbhú na teanga agus go mbíonn foghlaim teanga i gceist tar éis na tréimhse seo (Ó Curnáin, 2007: 9). Léiríonn Montrul freisin an tábhacht a bhaineann le sealbhú na sprioctheanga le linn tréimhse na luathbhlianta:

> Under a version of the critical period that considers the type of knowledge and the cortical representations subserving early L1 and late L2 acquisition are very different, exposure to a language early in childhood should have long-lasting traces in the neural circuits subserving language processing, representation, and use (Long 2000;DeKeyser 2000; M. Paradis 2004; Ullman 2001; Pallier et al. 2003; Hyltenstam & Abrahamsson 2003) (Montrul, 2008: 263-4).

Taispeánann an cás seo go bhfuil éifeachtacht ag baint le seachadadh na mionteanga go luath le linn na tréimhse criticiúla agus go n-imríonn an beartas seo tionchar fadtéarmach chun leas na sprioctheanga. Léiríonn an t-údar go dtéann inniúlacht i sealbhú na teanga i léig tar éis na tréimhse cinniúnaí seo agus taispeántar an meath a

tharlaíonn sa léaráid thíos. Tacaíonn an cás seo le háitimh maidir le ríthábhacht an tseachadta idirghlúine chomh luath sa saol agus is féidir.





**Figure 8.1** Typical shape of a negative correlation between age and proficiency for L2 acquisition.

*Léaráid 2: Typical shape of a negative correlation between age and profiency for L2 acquisition (Montrul, 2008: 264)*

Leagann Mac Donnacha béim ar an ngá le seachadadh idirghlúine na teanga sa bhaile agus maíonn sé gur chóir go mbeadh an seachadadh seo ina phríomhsprioc in aon iarracht a dhíríonn ar chothú teanga (2000: 20). Luann sé:

> Unless some of the generation which learns the target language as an additional language passes on the language to the next generation through the normal process of familial and societal acquisition, each new generation of children starts off with levels of language ability and usage similar to those of the previous generation, and thus no real advances have been made by the target language (*ibid*.: 21).

Áitíonn sé gurb í príomhsprioc aon iarrachta a bhaineann le cothú teanga ná seachadadh idirghlúine na sprioctheanga agus ‘The protected use of the language as the sole or main language for specific purposes within society will ensure that the language in some shape and form is passed from generation to generation’ (*ibid*.: 20). Dar leis, ‘To be successful, all language-reinforcement efforts must have as their objective to increase the level of organic growth in the number of speakers of the

language' (*ibid*: 21). Gan an fás orgánach seo, áitíonn an t-údar nach mbeidh dul chun tosaigh ann don sprioctheanga:

> This can only be done by increasing the level of intergenerational transmission of the language through the medium of the family. In practice this means, firstly, ensuring as far as possible that those whose mother language is the target language, pass on the target language as a mother language to their own children. Secondly, it means convincing other parents whose mother language is not the TL, but who have acquired the TL as an additional language, to use it as a mother language with their own children (*ibid*.: 22).

Tacaíonn Fishman leis an maíomh seo agus pléann sé laige an chórais oideachais sa chás seo gan iarrachtaí athneartaithe teanga ar bun sa bhaile:

> A very commonly adopted functional goal of threatened languages is to offer education in which those languages can operate as sole or, at least, as co-media. If the same threatened languages are not first acquired as ethnic mother tongues at home, before children arrive at school, and if, in addition, they are not used out of school, after school and even after schooling as a whole is over, then the school has a much more difficult task on its hands. Its pupils always arrive already speaking another mother tongue rather than the threatened language on behalf of which the school has ostensibly been established. If the school cannot influence the parent body (actual or potential) also to learn and constantly to activate intimately the threatened language, the school itself becomes one link in an established intergenerational sequence of teaching the threatened language as a second language (ThLSL) and on keeping it as a second language at least for another generation (2001: 14).

Tá Nettle agus Romaine ar aon intinn maidir leis an dearbhú seo agus áitíonn siad go bhfuil sé riachtanach díriú ar fhearann an bhaile roimh acmhainní a ídiú ar leibhéil níos airde ar nós na scoile, na hoibre, ar an rialtas, agus araile. Dar leo, 'Without transmission, there can be no long-term maintenance' (2000: 177). Cé go mbeidh smacht ar na fearainn thuasluaite ina sprioc d'iarrachtaí athbheochana agus cothú teanga, áitíonn na húdair nár chóir dóibh a bheith ina dtosaíochtaí agus tugann siad aghaidh ar sheachadadh na teanga:

> Without safeguards for language use at home sufficient to ensure transmission, attempts to prop the language up outside the home will be like blowing air into a punctured tire. It will be impossible to achieve a steady state based on the incoming air due to the continual losses resulting from the unmended puncture (*ibid*.: 178).

Dar leo, ní shíothlaíonn úsáid na teanga in ardinstitiúidí na sochaí, in institiúidí ar nós na meán agus na scoile, síos isteach sna leibhéil níos ísle ar nós an phobail agus an bhaile. Áitíonn siad go gcaithfidh an scoil an gréasán baile-pobal a neartú, ní a mhalairt (*ibid*.: 187). Maíonn na húdair gur beag costas a bhaineann le fearann an bhaile a chur ó bhaol agus ní bhíonn comhoibriú leis an tromlach ag teastáil chun é seo a bhaint amach. Léiríonn an litríocht ar fad sa chás seo an tábhacht a bhaineann le seachadadh idirghlúine na sprioctheanga don chothú teanga agus an suntas a bhaineann le fearainn an bhaile agus an phobail.

Áitíonn Shen *et al* go bhfuil comhthéacs níos leithne ina mbíonn próisis agus cleachtais ábhartha fhearann an teaghlaigh ag feidhmiú agus go mbíonn gníomhairí cumhachta, ar nós ranna rialtais, ag cur dioscúrsaí idé-eolaíocha éagsúla chun cinn agus cleachtais pholasaí i bhfeidhm (2020: 1-2). Luann siad:

> Research has noted that a variety of contextual factors contribute to the language related beliefs and practices within families, such as national language policy and socioeconomic status, which profoundly mediate the popular perceptions of particular languages and individuals' access to resources that can be used to sustain their use (*ibid*.: 2).

Aithnítear, mar sin, nach féidir neamhaird a thabhairt ar na fórsaí seachtracha a imríonn tionchar ar fhearann ríthábhachtach an bhaile agus ar na hacmhainní atá ag teastáil d'úsáid na teanga.

Cé go leagtar béim shuntasach ar an teaghlach sa chothú teanga agus nach meastar go síothlaíonn úsáid na mionteanga in ardinstitiúidí na sochaí síos isteach sa phobal agus sa bhaile (Nettle & Romaine, 2000: 187), léirítear eisceacht i gcás na hEabhraise sa chomhthéacs seo. Taispeántar sa chás seo an tionchar a d'imir an tumoideachas i gcás athbheochan na hEabhraise sa Phalaistín ar ghlúnta níos sine, áit a chonacthas nasc á chruthú ag páistí Giúdacha idir an scolaíocht agus an teaghlach. Pléann Ó Laoire na hiarrachtaí a rinneadh chun seanteanga na Eabhraise a athbheochan mar theanga labhartha agus luann sé an tábhacht a bhain leis an scolaíocht agus an ghlúin óg a d'fhoghlaim Eabhrais taobh istigh den chóras oideachais:

> Dhealródh sé gurbh iad na páistí féin sa deireadh thiar a d'imir an tionchar ba mhó agus a d'fheidhmigh mar chatalaíoch i bpróisis chasta na hathbheochana féin. Ba iad na páistí seo a chruthaigh an nasc idir réimse na scolaíochta agus

> réimse an teaghlaigh agus a thug ar a dtuismitheoirí an Eabhrais a chleachtadh cois teaghlaigh, ar theacht abhaile ón scoil istoíche' (1999: 224).

Tá suntas nach beag ag baint leis an gcás seo agus léiríonn sé na féidearthachtaí a bhaineann leis an gcóras oideachais in athbheochan mhionteanga ach na cúinsí a bheith oiriúnach.

### 3.3 Pobail na nua-aoise

Léiríonn coincheapa luatha ar phobal an bunús ceantrach agus áitiúil a bhain leis an bpobal (Lyon, 1989: 5) ach ó lár na 1980aí i leith, tháinig athrú ar dhearcadh na socheolaíochta nua uirbí ar an gcathair (Delanty, 2003: 56). Maidir leis an tréimhse seo, luann Delanty:

> Place gave way to global flows, and neighbourhoods had either become ghettos located on the 'edge city' or 'gated communities'. The restructuring of capitalism by global markets, information technology and neoliberal policies marked the end of industrialization and the coming of a new age of deindustrialization. The consequences for the city and urban communities were enormous. The city lost its connection with community (*ibid*.: 56-7).

Agus é ag déanamh cur síos ar an bpobal ag tús an chéid seo, maíonn Delanty gur pobal cumarsáide é bunaithe ar chineálacha ballraíochtaí éagsúla agus níos lú teoranta ná pobail a bhí ar an bhfód le déanaí (*ibid*.: 187). I dtaobh mhothú na ballraíochta seo, luann sé 'By this is meant a sense of belonging that is peculiar to the circumstances of modern life and which is expressed in unstable, fluid, very open and highly individualized groups' (*ibid*.: 187). Dar leis:

> The communicative ties and cultural structures in the contemporary societies of the global age – as opposed to in industrial and traditional societies – have opened up numerous possibilities for belonging, based on religion, nationalism, ethnicity, lifestyle and gender. It is in this world of plurality rather than of closure that the new kinds of community are emerging (*ibid*.: 187).

Bhíodh an pobal bunaithe ar chumarsáid i gcónaí, dar le Delanty; leis an bpobal traidisiúnta, pobail uirbeacha lucht oibre agus comharsanachtaí eagraithe trí naisc bhéalscaoilteacha ach, le cumarsáid níos saoire ó na seanstruchtúir chultúrtha ar nós an teaghlaigh thraidisiúnta, ghaoil agus aicme, tá an pobal níos soghabhála do chineálacha ballraíochta bunaithe ar mhodhanna cumarsáide éagsúla (*ibid*.: 188). Ag tús an chéid seo, mhaígh Delanty go raibh an duine nasctha le níos mó ná pobal amháin agus go bhféadfadh ceangail iolracha a théann thar a chéile a bheith i gceist

leo (*ibid*.: 188). Chomh maith leis sin, ‘there are more possibilities to enter and exit the group, which may lack continuity over time; and, crucially, the new social bond is tendentially global in its scope due to the growing importance of mediated or indirect social relations’ (*ibid*.: 188). Áitíonn an t-údar:

> Organized more like a network, community today is abstract and lacks visibility and unity, and as a result is more an imagined condition than a symbolically shaped reality based on fixed reference points. Its boundaries are also more contested and consequently community is also the site of a great deal of conflict. The vitality of community is above all due to its imagined capacity: it is found as much in the search and desire for it than in its capacity to provide enduring forms of symbolic meaning. (*ibid*: 188-9.).

De réir Mulligan, creideann Delanty go bhfuil pobail thógtha dínasctha ó áit mar is gá ach, dar leis, ní féidir linn maireachtáil taobh amuigh nó os cionn caidreamh le spás nó le háit (2015: 341). Molann an t-údar idirdhealú a dhéanamh idir ‘pobail thalmhaithe’, áit a bhfuil tábhacht ag baint leis an nasc le háit, agus ‘pobail bheartaithe’, a d’fhéadfadh tagairtí d’áit a chuimsiú nó a mhalairt (*ibid*.: 349). Measann Mulligan go mbeidh méadú ar an mian chun braistint chómhuintearais slán le pobail bunaithe ar áit a bhaint amach mar gheall ar neamhchinnteacht agus riosca domhanda a bheith sa domhan (*ibid*: 253).

### 3.3.1 An tIar-nua-aoiseachas

Úsáidtear teoiricí an nua-aoiseachais agus an iar-nua-aoiseachais chun míniú a thabhairt d’athruithe sóisialta a d’imir tionchar ar phobail agus ar shochaithe na linne. Tugtar sainmhíniú ar na teoiricí sin sa chuid seo agus pléitear coincheap an phobail iar-nua-aoisigh.

De réir Habermas agus Ben-Habib, ba thionscnamh a cuireadh in eagar le linn an 18ú aois ag fealsúna Ré na hEagnaíochta a bhí i gceist leis an nua-aoiseachas a bhain le forbairt a dhéanamh ar eolaíocht oibiachtúil, moráltacht agus dlí uilíoch agus ealaíon neamhspleách (1981: 9). Úsáidtear an téarma nua-aoiseachas ar bhealaí éagsúla agus luann Aloysius trí bhrí ar leith: an nua-aoiseachas mar thréimhse ama, mar shraith institiúidí polaitiúla atá nua-aoiseach agus mar chruthú fánach de chineál ar leith atá ina shíordhialachtaice idir cur síos agus leigheas (2009: 49). Maíonn Williams gurb éard atá i gceist leis an nua-aoiseachas ná an smaoineamh go bhfuil ord ann a dhéanann éabhlóid; go bhfuil an t-am i láthair éagsúil ón am atá caite agus, ar an taobh eile, an mhuinín go bhfuil dul chun cinn dosheachanta. Fritéis ar an

traidisiúin atá i gceist le réasúnacht taobh thiar de (2010: 195-6). Áitíonn Williams chomh maith gur cineálacha sochaithe atá i gceist leis an nua-aoiseachas chomh maith a dhéanann tagairt do chéimeanna le linn stair an chine dhaonna (*ibid*.: 196). Díríonn sé ar na trí bhuntomhas a bhaineann le deicseas: am, duine agus áit agus, dar le Williams, 'together, [these] allow a social conception to emerge through language. The particular configuration of these elements provides the basis for how we experience the world' (*ibid*.: 196).

Is iad na heachtraí a léiríonn an scoilt idir an domhan traidisiúnta agus an domhan nua-aoiseach ná réabhlóid Mheiriceá agus réabhlóid na Fraince chomh maith le luathú na réabhlóide tionsclaíche (Zanotti: 1999: 434). Dar le Zanotti, bhí impleachtaí ag na heachtraí seo don duine:

> The dynamics started by these events involved massive processes of what Giddens has called the "disembedding" of people from the physical places, the cultural and social practices upon which their individual and social identities were based. New social relationships emerged that were framed in the originally individualistic project of modernity. This meant stressing the individual's emancipation from the constraints of a traditional "social" dimension that was taken as identical with local community and religiously legitimated authority. These relationships, however, became social in new, specific ways, through new forms of the organization of production and division of labor, as well as through the bureaucratic organization of political and administrative power (*ibid*.: 454).

Dar le Meiksins Wood, leanann tréimhse an nua-aoiseachais ar aghaidh suas go dtí na 1970aí nuair a tháinig tréimhse an iar-nua-aoiseachais ar an bhfód (1997: 541). Maíonn sí go raibh briseadh mór ann i stair an chaipitleachais am éigin idir an nua-aoiseachas agus an t-iar-nua-aoiseachas agus luann sí:

> [...] postmodernity seems to represent a distinctive kind of break. People may disagree about exactly when the break took place, or about its magnitude. But they seem to agree that this break is different from other epochal changes in the history of capitalism. It seems to be a break not just from some immediately preceding phase but from the whole preceding history of capitalism (*ibid*.: 541).

Déanann Zanotti tagairt do na hathruithe a tháinig chun cinn le linn na tréimhse seo. Áitíonn an t-údar gur scriosadh buanseasmhacht ord an domhain le linn na 1960aí mar gheall ar chíréib shóisialta fhoréigneach agus mar gheall ar ghluaiseacht an chaipitleachas idirnáisiúnta i dtreo an domhandaithe (1999: 459).

Maíonn Williams go bhfuil dhá phríomhbhrú ar leith ann i dtaobh forbairtí teoiriciúla sna heolaíochtaí sóisialta, is iad sin athrú ón tsochaí tionsclaíoch go sochaí iar-thionsclaíoch agus ón nua-aoiseachas go nua-aoiseachas déanach nó athfhillteach. Dar leis, 'While it is not clear how these changes derive from globalisation and the new technology, some form of relationship is implied' (2010: x). Aithnítear gur tháinig athrú ar nádúr an nua-aoiseachais agus go bhfuil an tsochaí chomhaimseartha éagsúil ón luath-nua-aoiseachas nó ón nua-aoiseachas simplí (*ibid*.: 206). Tá easaontas ann maidir le conas tagairt a dhéanamh don tsochaí nua ach luann Williams comharthaí éagsúla a bhaineann leis an athrú seo: 'a reduced faith in science as that which drives progress through its mastery of nature, fundamental changes in the family, heightened individualism, increased tendency of risk and uncertainty, etc.' (*ibid*.: 206).

Luann Meiksins Wood go bhfuil muid ceaptha a bheith ag maireachtáil i ré staire nua ó na luath 1970aí ar aghaidh (1997: 539). Dar léi, tugtar sainmhínithe éagsúla ar an ré seo leis an mbéim leagtha ar athruithe éagsúla a bhaineann leis an tsochaí: 'Some accounts emphasize cultural changes ('postmodernism'), while others focus more on economic transformations, changes in production and marketing or in corporate and financial organization ('late capitalism', 'multinational capitalism', 'flexible accumulation', 'globalization' and so on)' (*ibid*.: 539). Tá na sainmhínithe seo go léir tugtha do na nua-theicneolaíochtaí, an t-idirlíon, cineálacha cumarsáidí éagsúla agus an *'information superhighway'* agus, leis na fachtóirí seo go léir san áireamh, aithnítear iad mar ré an iar-nua-aoiseachais (*ibid*.: 539). I dtaobh athruithe cultúrtha, luann Meiksins Wood an comhfháscadh am-spás a bhaineann le luathú ama agus cúngú spáis mar gheall ar nua-theicneolaíochtaí, mhodhanna nua ó thaobh eagrú airgeadais, pátrúin nua ó thaobh caithimh de agus modhanna nua gasta i dtáirgeadh agus margaíocht (*ibid*.: 540-1). Dar léi, 'The result has been a new cultural and intellectual configuration summed up in the formula 'postmodernism', which is said to have replaced the culture of modernism and the intellectual patterns associated with the 'project of modernity'' (*ibid*.: 541).

Is tréithe lárnacha iad an t-athfhillteachas agus neamhbhuaine i smaointeoireacht ar phobail iar-nua-aoiseacha. Agus é ag trácht ar an bpobal iar-nua-aoiseach, áitíonn Delanty:

> Postmodern community is neither traditional nor modern; it is sustained by its own reflexivity, creativity and awareness of its limits. Postmodern conceptions of community stress the fluidity of relations between self and other, leading to a view of community as open rather than closed. The upshot of all of this is a transformative notion of community which fills the place of mass culture. Postmodern communities emerge to fill the vacuum in contemporary society that has come with the opening up of culture to expressivist kinds of individualism (2003: 141).

Leis an tsochaí iar-nua-aoiseach, maíonn Delanty go bhfuil ballraíocht an ghrúpa níos scagaí agus neamhbhuaine ná mar a bhí sí sa tsochaí nua-aoiseach (*ibid*.: 131). Áitíonn sé 'The old certainties of class, race, nation and gender that were the basis of the kind of society that emerged with industrialization have become contested categories in what is now an age of multiple belongings' (*ibid*.: 131). Leis an saol iar-nua-aoiseach, áfach, tá cuardach don bhallraíocht ann de bharr na neamhdhaingne a mhothaíonn a lán daoine (*ibid*.: 132).

Maíonn Delanty go bhfuil cairdeas ina shampla den phobal iar-nua-aoiseach agus, ag plé Pahl (2001), luann sé go bhfuil cairdeas ag tógáil áit an teaghlaigh agus ag éirí níos tábhachtaí i gcaidrimh shóisialta (*ibid*.: 143-4). Dar leis, tá cairde ag glacadh freagrachtaí áirithe ón teaghlach traidisiúnta agus ón bpobal agus go bhféadfadh gréasáin neamhfhoirmeálta taobh amuigh den obair agus den teaghlach dul i bhfeidhm ar fhéiniúlachtaí pearsanta agus naisc ghrúpa (*ibid*.: 144). Luann Delanty go bhféadfaí breathnú ar chairdeas mar phobal atá solúbtha agus neamhcheantrach agus éasca a shlógadh, ag brath ar chúinsí. Maireann na pobail seo ar leibhéil 'thiubha' nó 'thanaí' agus, dar leis an údar, 'Cutting across the private and the public spheres and with its emphasis on choice, it also has the features of postmodern community' (*ibid*.: 144-5). Áitíonn Pahl, go bhféadfadh cairdeas 'pobail phearsanta' a fhorbairt atá oiriúnach don aois seo agus, sna pobail seo, 'identity and social usefulness are combined in a high degree of functionality' (*ibid*.: 145).

Agus é ag scríobh faoin chéad seo caite, tugann Bauman 'Liquid Modernity' ar an tsochaí sin agus tugann sé áit lárnach do chúrsaí cumhachta sna hathruithe domhanda seo. Áitíonn sé gur bail é an dínascadh sóisialta den teicníc chumhachta nua a úsáideann dícheangal agus fios ar éalú mar phríomhuirlisí (2012: 14). Dar leis, ní mór don domhan a bheith saor ó bhacainní, teorainneacha agus seicphointí chun gluaiseacht na cumhachta a éascú. Luann sé:

> Any dense and tight network of social bonds, and particularly a territorially rooted tight network, is an obstacle to be cleared out of the way. Global powers are bent on dismantling such networks for the sake of their continuous and growing fluidity, that principal source of their strength and the warrant of their invincibility. And it is the falling apart, the friability, the brittleness, the transcience, the until-further-noticeness of human bonds and networks which allow these powers to do their job in the first place (*ibid*.: 14).


Téann an tsochaí nua-aoiseach i mbun indibhidiúlú agus déanann gníomhartha dhaoine aonaracha athmhúnlú agus ath-idirbheartaíocht ar an tsochaí agus, dar leis, ní fhanann ceachtar páirtí i bhfad (*ibid*.: 31). Feictear don údar go bhfuil athneadú an duine sa tsaoránacht neamhdhóchúil agus áitíonn sé go nglacann an duine páirt inti toisc go mothaíonn an duine gá le gréasáin (*ibid*.: 37). De réir Bauman, ní chruthaíonn an teicníc thógála seo ach '[...] communities as fragile and short-lived as scattered and wandering emotions, shifting erratically from one target to another and drifting in the forever inconclusive search for a secure haven: communities of shared worries, shared anxieties or shared hatreds [...]'. Tionól sealadach atá sna pobail seo, dar leis, 'a momentary gathering around a nail on which many solitary individuals hang their solitary individual fears' (*ibid*.: 37). Tacaíonn argóintí Bauman maidir le nádúr 'Liquid Modernity' le hargóintí Delanty maidir leis an bpobal iar-nua-aoiseach agus pléann sé an easpa inbhuanaitheachta a bhaineann le pobal an lae inniu:

> Family, workmates, class, neighbours are all too fluid to imagine their permanence and credit them with the capacity of reliable reference frames. The hope that 'we will meet again tomorrow', the belief which used to offer all the reasons needed to think ahead, to act long-term and to weave the steps, one by one, into a carefully designed trajectory of the temporary, incurably mortal life, has lost much of its credibility; the probability that what one will meet tomorrow will be one's own body immersed in quite different or radically changed family, class, neighbourhood and the company of other workmates is nowadays much more credible and so a safer bet (*ibid*.: 183).

De réir Allan agus Turner, tá díréadú agus díbhuanú ag baint le teacht chun cinn na sochaí iar-nua-aoisí agus maítear go bhfuil dhá choinníoll bhunúsacha is cúis leis an díbhuanú seo: dí-institiúidiú agus éalú ó theorainneacha siombalacha (2000: 372). Bogann an duine ó ghrúpa go grúpa 'in a greatly expanded web of affiliations' agus mothaíonn an duine go bhfuil siad imeallach do na grúpaí seo go léir; níl an duine páirteach in aon chomhchoitiantacht nó córas cultúrtha ar leith (*ibid*.: 376). Tá athrú dílse sa saol i gceist leis seo don duine:

> [...] individuals increasingly must shift allegiances as they move from group to group, and they must adopt often-divergent symbols, forcing on them the sense that they are not embedded in any one group or culture but in many. This sense, in turn, offers additional evidence to individuals that they choose their own modes of adopting and adapting expectations of diverse groups and associated cultural symbols (*ibid*.: 376).

Cruthaíonn an riocht iar-nua-aoiseach, mar sin, duine atá aonair agus neamhchúiseach mar gheall ar an easpa tumtha i ngrúpaí áitiúla nó i gcórais chomhtháite de shiombail chultúrtha a chruthaíonn ceangail thochtacha (*ibid*.: 376-7).




*Léaráid 3: The Postmodern Condition (Allan & Turner, 2000: 381)*

Is é an t-athfhillteachas is cúis le meath inmharthanacht an duine, dar le Allan agus Turner, agus luann siad 'the viability of self declines as sensory overload and blockage increase, as emotional investments in culture and social structures decline, and as reflexivity intensifies' (2000: 378). Is mar gheall ar an síor-athrú timpeallachta a tharlaíonn an neamhábaltacht seo chun baint thochtach a bheith ag an duine le daoine eile, le struchtúir nó le siombail chultúrtha. Ina thaobh, luann Allan agus Turner:

> This change is generated by high rates of technological innovation, high levels of social differentiation that force constant adjustments to new social niches, high levels of market velocity and expansion that lead to the rapid circulation of commodified images and symbols, and high levels of destabilization and dereification of culture that undermine the coherence and boundaries of culture (*ibid*.: 378).

Bunaítear amhras agus neamhchinnteacht le diminicí iar-nua-aoiseacha, diminicí a dhéanann creimeadh ar theorainneacha cultúrtha agus a chruthaíonn sár-idirdhealú agus athrú. Mar thoradh air seo, ní bhíonn an duine ábalta braistint fhéiniúlachta sheasmhach a ghineadh (*ibid*.: 379).

Leagann Beck béim ar an athfhillteachas freisin lena phlé ar a theoiric ar a thugann sé 'an nua-aoiseachas athfhillteach'. Agus é ag plé na Gearmáine ó na 1950aí, maíonn an t-údar gur thóg tionscnaimh thithíochta uirbeacha áit na gcineálacha lonnaíochta traidisiúnta, rud a imríonn tionchar ar phátrúin imoibrithe atá spleách ar shocruithe maireachtála. Tá meascán ann de dhaoine ó chúlraí cultúrtha éagsúla agus feictear go bhfuil cineálacha pobal traidisiúnta taobh amuigh den teaghlach imithe (Beck, 1992: 97). Dar leis:

> [...] traditional forms of community beyond the family are beginning to disappear. Often, the members of the family choose their own separate relationships and live in networks of their own. This need not imply that social isolation increases or that relatively private family life prevails – although this may happen. But it does imply that already existing (ascriptively organized) neighborhoods are shattered, together with their limitations and their opportunities for social control. The newly formed social relationships and social networks now have to be individually chosen; social ties, too, are becoming *reflexive*, so that they have to be established, maintained, and constantly renewed by individuals [Cló iodálach sa bhuntéacs] (*ibid*.: 97).

Feictear do Beck go bhféadfadh na hathruithe seo dul i dtreo uaignis agus leithlise don duine mar phríomhphatrún caidrimh agus go bhféadfadh forbairt ar chliarlathaigh atá féinroghnaithe agus féinchruthaithe tarlú chomh maith le cineálacha srathaithe i gcaidrimh le cairde, comharsana agus daoine aitheantais. Níl na caidrimh seo spleách ar ghaireacht fhisiciúil go príomha ach, in aon chás, cruthaítear na caidrimh seo bunaithe ar shuimeanna, uaillmhianta agus ghealltanais dhaoine atá i mbun eagrúcháin ar a gcaidrimh agus teagmhálacha féin (*ibid*.: 97-8). Tagann fadhbanna chun cinn leis an modh maireachtála nua seo, áfach, mar a luann Beck: 'The reflexive conduct of life, the planning of one's own biography and social relations, gives rise to a new inequality, the *inequality of dealing with insecurity and reflexivity*' (*ibid*.: 98).

Léiríonn Bernando agus Palma-Oliveira, áfach, go bhféadfadh braistint fhéiniúlachta a bheith i gceist leis an áit ina gcónaíonn an duine agus pléann siad coincheap na

féiniúlachta áite mar '…place identity as a self-categorization process in terms of belonging to a place' (2012: 35). De réir Hernández *et al*, tá comhchoibhnis le braistint idir féiniúlacht áite agus ceangal áite agus luann siad:

> Place attachment is an affective bond that people establish with specific areas where they prefer to remain and where they feel comfortable and safe. Place identity, however, has been defined as a component of personal identity, a process by which, through interaction with places, people describe themselves in terms of belonging to a specific place. Most research has observed positive correlations between these variables in populations that have maintained ongoing interactions over long periods of time (2007: 310).

Luann Bernando agus Palma-Oliveira go bhfuil féiniúlacht shóisialta spleách ar chomhthéacs agus go bhfuil go bhfuil roinnt féiniúlachtaí sóisialta suntasacha bunaithe ar áiteanna: '(*e.g.*, nationality, place of residence, home)' (2012: 25). Maíonn Massey, áfach, go bhfuil éiginnteacht níos mó ann maidir le cad is brí le háiteanna agus an bealach a nascann muid leo mar gheall ar an gcomhbhrú am-spáis (1991: 24). Luann an t-údar chomh maith go bhfuil dúil ann don chomhleanúnachas a bhaineann le pobal agus áit:

> An (idealized) notion of an era when places were (supposedly) inhabited by coherent and homogeneous communities is set against the current fragmentation and disruption. The counterposition is anyway dubious, of course; 'place' and 'community' have only rarely been coterminous. But the occasional longing for such coherence is none the less a sign of the geographic fragmentation, the spatial disruption, of our times (*ibid*.: 24).

Léiríonn an smaointeoireacht seo maidir leis an suntas a bhaineann le háit don duine go bhféadfadh gnéithe den phobal traidisiúnta a bheith tarraingteach fós don duine agus go bhfuil dúil sa leanúnachas ann ó chohórt den daonra.

Áitíonn Anthony Richmond (1969) gurb iad gréasáin shóisialta pobal na sochaí iarthionsclaíoch; iad ag feidhmiú trí ghréasáin chumarsáide na teilifíse, an ghutháin, an eitleáin, srl., gan bunús ceantrach ag teastáil uathu nó teagmháil díreach (luaite i Bell & Newby, 1971: 47). Tá tábhacht ar leith ag baint le gréasáin shóisialta don taighde seo agus na pobail nua, nach mbaineann leis an bpobal áitiúil, a thógann an duine astu. De réir Milroy, is éard atá i gceist le gréasán sóisialta an duine ná an méid caidrimh atá tógtha ag an duine sin (2000: 217-8). Breathnaíonn staidéir ar ghréasáin ar na gréasáin a bhaineann le daoine aonaracha agus ar naisc den chéad ord, is é sin imoibrithe díreacha an duine le daoine eile (*ibid*.: 218). Tá suntas ar leith

ag baint le gréasáin shóisialta sa chaoi is go gcuireann siad tacaíocht ar fáil don duine. De réir Milroy:

> Personal social networks are characterised by ties of different types and strengths, and structural relationships between links can vary. In particular, if a network consists chiefly of strong ties, and those ties are multiplex or many-stranded, and if the network is also relatively dense – i.e. many of the ties of ego are linked to each other – then such a network has the capacity to support its members in both practical and symbolic ways (*ibid*.: 218).

Beidh raon an ghréasáin éagsúil i gcás gach duine agus d'fhéadfadh gréasáin áitiúla a bheith ann i gcásanna áirithe (Bell & Newby, 1971: 53). I gcásanna eile, ní bheidh gréasáin bunaithe go háitiúil agus, fiú le linn na 1970aí, luaigh Bell & Newby go raibh a lán gréasáin shóisialta níos lú bunaithe go háitiúil agus níos lú dlúth (*ibid*.: 53).

Tá maíomh Richmond i dtaobh ghréasáin shóisialta le haireachtáil i scríbhinní Delanty maidir leis an argóint atá aige go raibh an pobal ag tús an chéid seo eagraithe ar nós gréasáin (2003: 188). Tá Calhoun de tuairim chéanna maidir le coincheap an phobail agus luann sé:

> Community life can be understood as the life people live in dense, multiplex, relatively autonomous networks of social relationship. Community life, thus, is not a place or simply a small-scale population aggregate, but a mode of relating, variable in extent. Though communities may be larger than the immediate personal networks of individuals, they can in principle be understood by an extension of the same lifeworld terms ([Calhoun, 1998] luaite i Delanty, 2003: 179-80).

Léiríonn teoiricí ar an iar-nua-aoiseachas go bhfuil pobail áirithe atá tagtha chun cinn neamhbhuan, neamhinmharthana agus teibí mar choincheap. I gcomhthéacs chosaint mhionteanga, is léir ón litríocht ábhartha i dtaobh phobail iar-nua-aoiseacha nach bhfuil na pobail seo seasmhach agus go bhfuil gné shealadach ag baint leo ach amháin i gcás rogha atá beartaithe ag an duine, cé go bhfhéadfadh roghanna athrú chomh maith thar am. I gcás na Gaeilge sa Ghalltacht, feictear go bhfuil pobal na Gaeilge eagraithe ar bhonn ghréasáin shóisialta, gréasáin a chruthaítear trí chairdis agus sainspéis i leith na teanga. Maítear gur fhorbair gréasáin shóisialta leis an tsochaí iarthionsclaíoch agus, dar le Richmond, gur pobal na sochaí iarthionsclaíoch iad (1969 luaite i Bell & Newby, 1971: 47). Tugann *An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* (2010: 23) aitheantas ar leith do 'Líonraí Gaeilge' mar chineál Gaeltachta

nua. Ní mór a cheistiú, áfach, cé chomh buan agus atá na gréasáin seo agus an bhfuil sé de chumas acu mionteanga a chosaint go fadtéarmach tríd an nGaeilge a chur ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile go horgánach. Le béim ar athfhillteachas, neamhbhuaine agus neamhsheasmhacht i gcás na bpobal atá tagtha ar an bhfód leis an iar-nua-aoiseachas, ceistíonn an tráchtas seo cumas na 'Líonraí Gaeilge' chun an mhionteanga a chothú agus a hinmharthanacht go fadtéarmach a chosaint.

## 3.4 Pobail na Gaeilge

### 3.4.1 Coincheap an Phobail Cheantraigh

Tá coincheap an dlúthphobail cheantraigh don mhionteanga pléite ag an iliomad teangeolaithe, pleanálaithe teanga agus gníomhairí Gaeilge agus iarrachtaí déanta chun dlúthphobail Ghaeilge a chruthú taobh amuigh den Ghaeltacht ag grúpaí agus gníomhairí Gaeilge éagsúla in Éirinn. Déantar plé anseo ar na teoiricí éagsúla atá tagtha chun cinn i leith dlúthphobail déimeagrafaigh don mhionteanga agus cíortar moltaí atá léirithe ag údair Éireannacha maidir le Gaelphobal ceantrach a chruthú.

Áitítear go bhfuil cosaint an phobail ríthábhachtach do chosaint na mionteanga agus dlúthú an mhionphobail teanga ina chéim chriticiúil i gcothú mionteanga. Tá sé luaite ag an teangeolaí Crystal 'Languages need communities in order to live. So, only a community can save an endangered language' (2014: 205). Tacaíonn Mac Donnacha leis an éileamh seo agus luann sé 'A language cannot survive or be revived without a community of speakers' (2000: 19). Tá cialla éagsúla ag baint leis an gcoincheap 'pobal', mar atá pléite roimhe seo, ach más pobal tíreolaíoch nó pobal gréasán-bhunaithe atá i gceist, aontaítear go bhfuil pobal riachtanach chun mionteanga a chosaint mar theanga labhartha.

Tá go leor argóintí curtha chun cinn ag an teangeolaí mór le rá, Joshua A. Fishman, maidir le tábhacht an phobail i gcosaint na mionteanga, céim atá criticiúil sa phróiseas aisiompaithe teanga, dar leis. Maíonn an t-údar nach mór do gach gluaiseacht aghaidh a thabhairt ar an dlúthphobal déimeagrafach, coincheap nach bhfuil de réir cineáil ach atá riachtanach agus lena mbíonn buntáistí ag baint leis:

> Every pro-RLS movement must strive to provide physical breathing-space for its constituency, demographically concentrated space where Xish [an mhionteanga] can be on its own turf, predominant and unharassed. Such spaces may appear abnormal or atypical *vis-à-vis* the outside, non-Xish surrounding reality; but *vis-à-vis* internal Xish reality, such spaces become

> potential oases of authenticity and centers of increased cultural self-regulation that seek to counteract the physical dislocation that minority life is so commonly afflicted with (1991: 59).

Is é an coincheap a mholann Fishman maidir le húsáid an téarma 'pobal' ná an pobal *Gemeinshaft*. Luann sé maidir leis an gcoincheap seo: '*Gemeinschaft* (the intimate community whose members are related to one another via bonds of kinship, affection and community of interest and purpose) is *the real secret weapon of RLS'* [cló iodálach sa bhuntéacs] (2001: 458-9). Trí bhéim a leagadh ar an nasc 'baile-teaghlach-comharsanacht-pobal' (1991: 95), tugann Fishman le fios gurb é an pobal tíreolaíoch atá á mholadh aige don mhionteanga, le lucht an mhionphobail ina gcónaí in aon láthair amháin.

Dar le Nettle agus Romaine, 'The preservation of a language in its fullest sense ultimately entails the maintenance of the group who speaks it, and therefore the arguments in favour of doing something to reverse language death are ultimately about preserving cultures and habitats' (2000: 179). Maíonn na húdair go bpléann an chuid is mó de pholasaithe teanga le leibhéil náisiúnta nó idirnáisiúnta in ionad úsáid na teanga ag an leibhéal áitiúil agus, dar leo, is féidir leis an iomarca fócais ar ráitis pholasaí oifigiúla a bheith friththáirgiúil muna bhfuil gníomh ar bun ag an mbunleibhéal (2000: 178).

Ina leabhar, *Language Death*, luann Crystal go bhfuil níos mó ná 500 teanga ar fáil ar an idirlíon inniu agus go dtugann sé féiniúlacht nach bhfuil ceangailte le suíomh ceantrach níos mó ach gur féidir féiniúlacht theangeolaíoch a chothú le clann agus cairde pé áit ina bhfuil siad sa domhan (2014: 189). Dar leis, ní fachtóir tábhachtach é scaipeadh tíreolaíoch an phobail i meath na teanga níos mó:

> Whereas, traditionally, the geographical scattering of a community through migration has been an important factor in the dissolution of its language, in future this may no longer be the case. The Internet, along with the growth of faster and cheaper means of travel between locations, is altering our scenarios of endangerment (*ibid*.: 189).

Maíonn Fishman go bhfuil buntáistí ann do mhionteangacha an domhain leis na teicneolaíochtaí nua-aimseartha atá ar fáil inniu ach áitíonn sé gurb ar an bh*fíorphobal* a bhraitheann seachadadh na máthar teanga agus:

> [...] although cyber-space can be put to use for RLS purposes, neither computer programmes, e-mail, search engines, the web as a whole, chat

> boxes nor anything directly related to any or all of them can substitute for face-to-face interaction with *real family imbedded in real community*. Ultimately, nothing is as crucial for basic RLS success as intergenerational mother-tongue transmission (2001: 458).

Luann Delanty go bhféadfaí pobail 'tanaí' a thabhairt ar na pobail fhíorúla seo agus 'As thin communities they are not based on strong ties and are often communities of strangers' (2003: 171). Ag plé teoiricí Castells i dtaobh phobail fhíorúla, luann Delanty go dtacaíonn pobail fhíorúla le caidrimh atá bunaithe cheana féin ach ní chruthaíonn siad caidrimh nua (*ibid*.: 177). Tá Calhoun den tuairim go bhfuil tionchar an idirlín le feiceáil go soiléir nuair a athneartaíonn sé caidrimh shóisialta atá bunaithe cheana féin ach ní gá go gcruthófar nó go gcuirfear gréasáin chun cinn (luaite i Delanty, 2003: 179): 'Most e-mail, for instance, is not with strangers but with family, friends, colleagues or those who share a common life-world'. Ceistítear anseo inmharthanacht nó buaine phobail fhíorúla nó an mbeidh atáirgeadh mar thoradh orthu i leith chainteoirí mionteanga nua.

Maíonn Ó Giollagáin agus Péterváry go dteastaíonn gnáthóga ó ghrúpaí teanga agus, ó thaobh socheolaíocht mhionteanga de, nach ionann pobal agus gréasán (2016: 26). Dar leo:

> Is minic a mheasctar an dá théarma ar bhealach atá dochrach do na riachtanais atá ag pobal mionteanga i ngeall go gceileann sé aird ar riachtanais tíreolaíochta an phobail teanga. Is é a thuigtear le coincheap an phobail daoine a mhaireann i bhfoisceacht a chéile go tíreolaíoch agus/nó grúpa daoine a bhfuil cumarsáid mhinic eatarthu (*ibid*.: 26).

Áitíonn an bheirt údar go ndéantar trácht rialta ar ghréasáin mar nasc ócáideach sainspéise i gcás na mionteanga agus, san iar-nua-aois, go bhfuil fadhbanna ag baint leis an gcoincheap seo. Maíonn siad go gcúngaítear 'gréasáin mhionlaigh nuair a bhíonn siad in iomaíocht shóisialta le cainteoirí mórtheanga ar an láthair chéanna, go háirithe ó thaobh an teaghlaigh agus an tsaoil oibre de' (*ibid*.: 26).

Áitíonn Fishman 'The best guarantee of disadvantaged ethnolinguistic continuity is, of course, a strictly enforced and territoriality principle with a corresponding regulation of migration and economic control across territorial lines' (1989: 474). Ní togra éasca é seo, dar leis, agus tá ceist na cumhachta lárnach anseo sa chaoi go gciallódh sé aistriú na cumhachta áitiúla ó dhaoine faoi bhuntáiste go daoine faoi mhíbhuntáiste, cás neamhdhóchúil gan mórchlaochlú míleata. Mar sin, maíonn

Fishman, '…all that can be realistically expected – and even then not too often – are personality principle policies, on the one hand, and weak territoriality principle policies on the other (*ibid*.: 474).

Tá ceisteanna mórtheangacha agus mionteangacha ar aon láthair amháin pléite go mion ag Fishman agus ag Ó Curnáin. Maíonn Ó Curnáin go bhfuil éagothroime chumhachta i bhfeidhm idir mionteanga agus mórtheanga agus sa tsochaí mheasctha dhátheangach go mbíonn mionteangóirí i gcónaí sa mhionlach (2009: 12). Luann Fishman gur cás coitianta é go mbeidh an mhionteanga ag maireachtáil taobh le taobh leis an mórtheanga agus gur réaltacht eitneateangeolaíoch a tharlaíonn arís agus arís go mbíonn an mhórtheanga ar a dtoil ag an mionteangóir (2001: 9). Dar leis, bíonn an iomarca buntáistí ag baint leis an mórtheanga: 'The mainstream language yields too many advantages for RLSers and their supporters for them ever to give it up entirely, no matter how much danger it portends for their own threatened language' (*ibid*.: 9). Ceistítear anseo mar sin, an féidir an dá thráth a fhreastal, ó thaobh na Gaeilge agus an Bhéarla de, agus pobal mionteanga a chothú áit a bhfuil na buntáistí is mó ag baint leis an mórtheanga? An bhfuil comórtas ró-éagothrom ann don Ghaeilge agus an éireoidh léi an pobal a mhealladh sa chomórtas sin?

Tá leithlis an phobail ardaithe, áfach, mar a luann Crystal (2014: 118): 'Indeed, some say that the only way for a small language to survive is for its speakers to remain in isolation – a rare option, nowadays'. Pléann Crystal sampla ar leith:

> A report on the Ugong of Thailand tries to explain why this language has died out in some places and not in others. The researcher, David Bradley, concludes that the language has survived in geographical areas which are relatively isolated, the communities there being more likely to be economically self-sufficient and to have had little contact with outside groups (and thus few or no marriages to outsiders.) (*ibid*.: 170-1).

Pléann Fishman ceist na leithlise chomh maith i gcás na mionteanga agus ceistíonn sé an bhféadfadh normalú fisiciúil na mionteanga dul i dtreo *"self-ghettoization"* ach creideann sé de bharr neamhchosaint do agus spleáchais an mhionphobail ar idirghníomhaíochtaí le sochaithe, geilleagair, cultúir agus rialtais cheannasaíochta eile, go bhfuil sé neamhdhóchúil go dtarlódh an *"self-ghettoization"* seo (1991: 59). Luann sé:

> Physical 'normalization' merely represents an effort at minimal balance, at boundary maintenance and demographic preponderance in at least a few areas of basic, normal daily interaction, so that Xish can have some space to call its own, some space in which it is the normal and self-evident channel, expression and accompaniment of at least some crucial cultural transmission and maintenance processes (*ibid*.: 59).

Ina leabhar, *Reversing Language Shift*, molann Fishman (1991: 86) an *'Graded Intergenerational Disruption Scale'* nó 'GIDS', scála a mheasann staid mhionteangacha. Moltar ocht ngrád, an grád is airde a thugann le tuiscint go bhfuil bagairt níos mó ann don mhionteanga.

**Graded Intergenerational Disruption Scale (GIDS)**

- Stage 8: most vestigial users of Xish are socially isolated old folks and Xish needs to be re-assembled from their mouths and memories and taught to demographically unconcentrated adults.
- Stage 7: most users of Xish are a socially integrated and ethnolinguistically active population but they are beyond child-bearing age.
- Stage 6: the attainment of intergenerational informal oralcy and its demographic concentration and institutional reinforcement.
- Stage 5: Xish literacy in home, school and community, but without taking on extra-communal reinforcement of such literacy.
- Stage 4: Xish in lower education (types a and b) that meets the requirements of compulsory education laws.
- Stage 3: use of Xish in the lower work sphere (outside of the Xish neighborhood/community) involving interaction between Xmen and Ymen.
- Stage 2: Xish in lower governmental services and mass media but not in the higher spheres of either.
- Stage 1: some use of Xish in higher level educational, occupational, governmental and media efforts (but without the additional safety provided by political independence).

*Léaráid 4: Graded Intergenerational Disruption Scale (Fishman, 1991: 88 – 109)*

D'fhorbair Fishman *Toward a theory of reversing language shift;* anailís ar agus leigheas don aisiompú teanga lena bhfuil ocht gcéim ag baint léi, mar a mhalairt de theoiric phleanála sa chaoi go líonann sí an bhearna idir an eolaíocht shóisialta agus leasú sochaíoch (1991: 393). Tá a theoiric nasctha leis an GIDS agus gach céim ag

tagairt do na céimeanna luaite ar an scála sin. Baineann céimeanna 8 go dtí a 5 le débhéascna a bhaint amach, cás atá riachtanach san aisiompú teanga dar le Fishman, agus bíonn an t-aisiompú teanga lag ag na céimeanna seo. Maíonn Fishman go bhfuil débhéascna riachtanach san aisiompú teanga (1989: 401), cás ina mbíonn feidhmeanna éagsúla ag dhá theanga éagsúla ag leibhéal na sochaí: 'Diglossia … represents an enduring societal arrangement, extending at least beyond a three-generation period, such that two 'languages' each have their secure, phenomenologically legitimate and widely implemented functions' (*ibid*.: 181). Tacaíonn Nettle agus Romaine (2000: 191) leis an ráiteas seo agus luann siad 'When diglossia is stable, each language has its own set of functions and space without threatening the other'.

Tosaíonn Fishman le Céim 8 ar an scála, an cás lena bhfuil an bhagairt is mó ag baint léi, agus molann sé céimeanna riachtanacha i gcás gach céim don ghníomhaire aisiompaithe teanga ar mhaithe leis an mbagairt a bhaineann le gach céim a shárú. I measc na gcéimeanna a luaitear ar an scála, tugann Fishman suntas ar leith do chéim 6: 'Stage 6 on the GIDS: the attainment of intergenerational informal oralcy and its demographic concentration and institutional reinforcement' (1991: 92) agus, sa teoiric 'Toward a theory of reversing language shift', moltar céim 6: 'The intergenerational and demographically concentrated home-family-neighborhood: the basis of mother tongue transmission' (*ibid*.: 395). Dar leis '…stage 6 represents a language-in-culture waiting for young people to create their own families and for intergenerationally diverse families to achieve the demographic concentration of communities' (*ibid*.: 93). Luann sé:

> *Stage 6*, consisting of home-family-neighborhood-community reinforcement (and of organized RLS actively squarely aimed at each of the foregoing), constitutes the heart of the entire intergenerational transmission pursuit and the *sine qua non* of the initial stages thereof. …it is inescapably true that the bulk of language socialization, identity socialization and commitment socialization generally takes place 'huddled together', through intergenerationally proximate, face-to-face interaction and generally takes place relatively early in life at that (*ibid*.: 398).

Luann Fishman go mbaineann céim 6 le hateacht an teaghlaigh idirghlúine agus gur céim fhíorchriticiúil í toisc '*…the lion's share of the world's intergerationally continuous languages are at this very stage and they continue to survive and, in most cases, even to thrive, without going on to subsequent ('higher') stages* [cló iodálach

sa bhuntéacs].' (*ibid*.: 92)  Ag céim 6, is í Xish gnáththeanga trí ghlúin an teaghlaigh agus úsáidtear Yish (an mhórtheanga) i gcúrsaí níos foirmeálta. Baintear céim 7 amach ar dtús ('Stage 7 on the GIDS: most users of Xish are a socially integrated and ethnolinguistically active population but they are beyond child-bearing age' (*ibid*.: 89), is é sin go gcuireann cohórt daoine óga, a labhraíonn Xish mar T2, atá óg go leor chun a bpáistí féin a bheith acu, an mhionteanga i bhfeidhm mar 'the language (or co-language) of normal socialization for the functions that pro-RLSers stress as part and parcel of their preferred image of Xmen-via-Xish' (*ibid*.: 90-1). Luann an t-údar gurb í sprioc chéim 7 ná na rudaí atá gann a bhaint amach ionas go n-éireoidh le hiarrachtaí aisiompaithe teanga: 'a variety of youth groups, young people's associations, young parent groups and, finally, residential communities or neighborhoods, all of which utilize (or lead to the utilization of) Xish' (*ibid*.: 91).

Maíonn Fishman gur modhanna atá i gceist le gníomhaíochtaí ar nós bunú gréasán, áfach, ní deireadh na n-iarrachtaí toisc nach ndíríonn siad ar an ngné is tábhachtaí den aisiompú teanga: leanúnachas idirghlúine. Ní leor an chéim seo, dar le Fishman (*ibid*.: 398), cé go bhfuil gá le gréasáin shóisialta teanga a fhorbairt roimh chéim 6 a chur i bhfeidhm. Dar leis, ní mór don mhionteanga tarchéimniú agus bogadh ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile: céim 6. Le céim 7 bainte amach, luann Fishman nach mór don ghlúin óg '(a) leave behind an already ongoing sociolinguistic *modus vivendi* and (b) create another that is demographically concentrated and intergenerationally continuous' (*ibid*.: 92).

Molann an t-údar dlúthú déimeagrafach a bhaint amach ar bhealaí níos éasca, mar shampla, dlúthú pleanáilte i gcomharsanachtaí, áit a bhfuil institiúidí chéim 7 lonnaithe cheana féin (*ibid*.: 92). Dar leis, cuireann na modhanna seo deiseanna breise riachtanacha ar fáil do chainteoirí óga na mionteanga ar mhaithe le cruthú *'families of procreation'* nua agus ar mhaithe le hidirghníomhú neamhfhoirmeálta taobh amuigh de chríocha a gcuid *'families of orientation'* (*ibid*.: 92-3). Luann Fishman an tábhacht a bhaineann le dlúthú déimeagrafach:

> Instead of being the language of linguistically isolated families (however numerous and large these may come to be), Xish must also become the language of interfamily interaction, of interaction with playmates, neighbors, friends and acquaintances. Via demographic concentration, those who initially constitute generationally diverse speakers that are organized only on

> an individual family basis strive to attain an even higher form of social organization: beginning with family they attain community (*ibid*.: 93).

Tá céim 6, dar le Fishman, riachtanach in iarrachtaí aisiompaithe teanga, céim nach féidir fágáil ar lár agus céim a thugann cosaint don seachadadh idirghlúine: '[…] for only such a community, made up of demographically concentrated Xish-using families and neighborhoods, can provide the basic mechanisms that safeguard the processes of intergenerational mother tongue transmission' (*ibid*.: 111). Chomh maith leis sin, cuireann cruinniú le chéile na dteaghlach cosaint bhreise chomh maith le 'facilitative further scope for the family' mar chroílár an aisiompaithe teanga (1991: 95). Dar leis, oibríonn 'the more dramatic and modern arenas and media of sociocultural life' chun leas na mionteanga ach ní féidir leo 'substitute for, home-family-neighborhood-community processes……. The home-family-neighborhood-community complex is the normal 'whole' of childhood life and of intergenerational mother tongue transmission. Accordingly, it must remain at the center of RLS-efforts, no matter what are the stages that necessarily come thereafter' (*ibid*.: 95).

Maíonn Fishman nach mór bac a chur ar na mórthionchair shochaíocha a thagann ó mhaicreafhórsaí ón taobh amuigh a gcuirfeadh isteach ar institiúidí chéim 6 agus go ndéanfaí tréaniarracht cruthú agus dlúthú na n-institiúidí baile-teaghlach-comharsanacht-pobal a éascú. Dar le Fishman, ní féidir céim 6 a fhágáil ar leataobh:

> *One cannot jump across or dispense with stage 6.* That has been tried several times and, uniformly, it has resulted in less success and more wasted resources than RLS can afford. Without an intimate and sheltered harbour at stage 6 an RLS movement tends toward peripheralization from personal and emotional bonds and faces the danger of prematurely tilting at dragons (the schools, the media, the economy) rather than squarely addressing the immediate locus of the intergenerational transmission of Xish (*ibid*.: 95).

Aithnítear chomh maith an deacracht a bhaineann le cúlú na gcainteoirí atá i bhfabhar aisiompú teanga ón saol sóisialta atá faoi cheannas Yish agus le bunú na ngréasán macasamhala atá neamhspleách oscailte go mothúchánach, ó thaobh dearcaidh de, go hidé-eolaíoch agus iad ag oibriú trí mheán Xish. Chomh maith leis sin, aithníonn Fishman nach luíonn an méid pleanála agus na hiarrachtaí chun a leithéid de phleanáil a chur i bhfeidhm le neamhfhoirmeáltacht an ghnáthshaoil agus go bhféadfadh an togra seo na ceangail mhothúchánacha agus dhlúthchaidrimh a bhaineann leis an máthairtheanga a bhaint. Maíonn sé, áfach, 'nothing can substitute

for the rebuilding of society at the level of pockets of basic, everyday, informal life' (*ibid*.: 112). Má theipeann ar an gcéim seo, áitíonn Fishman:

> At this point, it must suffice to say that *if this stage is not satisfied, all else can amount to little more than biding time,* at best generation by generation, without a natural, self-priming social mechanism having been engendered thereby. … Attaining stage 6 is a necessary, even if not a sufficient, desideratum of RLS. Unlike other stages, when stage 6 is transcended it is not merely 'left behind'; quite contrary: all subsequent stages must be diligently tied back to and connected with stage 6 if they too are to contribute to the living reality of RLS rather than merely to its propagandistic hoopla, one-upmanship or hype (*ibid*.: 399).

Dar le Fishman, éireoidh le gluaiseachtaí aisiompaithe teanga a bheith slán go hidirghlúineach má éiríonn leo céim 1 go dtí 5 a bhaint amach 'provided they can maintain sufficient ethnocultural separation from Yish encroachment on their own family-home-neighborhood-community intragroup institutional bases' (*ibid*.: 105).

I gcás na Gaeilge, molann Brian Ó Curnáin 'pobal deonach pleanáilte Gael' agus maíonn sé go mairfeadh an pobal Gaeltachta dhá scór bhliain eile ar a laghad dá mbunófaí é (2009: 30). Is i gcomhthéacs an aistrithe teanga sa Ghaeltacht a mholann Ó Curnáin an tearmann tíreolaíoch agus, trí phlé a dhéanamh ar na tionchair éagsúla atá ag imirt tionchar ar an nGaeltacht mar phobal teanga agus trí réitigh a mholadh ar mhaithe le todhchaí na Gaeilge mar theanga labhartha, a léiríonn sé an suntas a bhaineann le pobal pleanáilte Gaelach. Leagann Ó Curnáin béim ar thábhacht an 'tearmann tíreolaíoch' don mhionteanga agus, i dtaobh na Gaeilge agus na Gaeltachta, áitíonn sé 'Teastaíonn tearmann tíreolaíoch ó mhionteanga … Sin áit a mbeadh ceangal cointeanóideach idir teaghlach, scoil, pobal agus eacnamaíocht' (*ibid*.: 30). Dar leis beidh deireadh leis an nGaeltacht muna mbeidh tearmann aici go gairid agus go gcaithfidh sí a bheith ina pobal tearmainn (*ibid*.: 30).

In áit tearmainn thíreolaíoch, molann Ó Curnáin gurb é comhar gréasán an chéad rud eile ab fhearr agus moltar sóisialú agus gníomhú i ngréasáin Ghaeilge atá foirmeálta agus neamhfhoirmeálta (*ibid*.: 30). Áitíonn Ó Curnáin nach mór tearmann aonteangach a chothú do pháistí aonteangacha agus páistí a bhfuil Béarla acu chomh maith a cheadú isteach sa tearmann má tá siad sásta an mhionteanga amháin a labhairt toisc 'Mara bhfuil cosc ar an mórtheanga, tá cosc ar an mionteanga. Mara bhfuil cosc ar Bhéarla, tá cosc ar Ghaeilge' (*ibid*.: 12). Is é an comhthéacs tearmainn

aonteangaigh an chumhacht chomhshamhlaithe is fearr chun mionteanga ó mhórtheanga sa saol nua-aoiseach, dar leis (2009: 14).

Cuireann Ó Curnáin comhthéacs leathan ar fáil i dtaobh tábhacht an tearmainn trí phlé a dhéanamh ar na tionchair éagsúla atá ag imirt tionchair ar an nGaeltacht mar phobal teanga agus trí réitigh a mholadh ar mhaithe le todhchaí na Gaeilge mar theanga labhartha. Leagann an t-údar béim ar an éagothroime chumhachta a bhíonn ann idir mionteanga agus mórtheanga agus na himpleachtaí a bhaineann leis an dátheangachas nuair a bhíonn cinseal na mórtheanga i gceist:

> I sochaí mheasctha dhátheangach nua-aoiseach mar sin tá mionteangóirí *i gcónaí* sa mionlach. Mar shampla:
>
> [beirt Ghall + ochtar Gael = deichniúr Béarlóirí].
>
> Is iad an bheirt Ghall cinnirí an mhóraimh de dheichniúr Béarlóirí. Tá an Gall i gcónaí i ngreim sa roth tiomána i gcarr seo an dátheangachais (*ibid*.: 12).

Áitíonn sé gurb é '…cinseal an mhóraimh is bonn le coimpléasc na hísleachta i mionlach' agus gurb é an Gall a bhíonn ina chinnire i measc Gael (*ibid*.: 12). Molann Ó Curnáin gasúir a thógáil aonteangach má tá mionteanga le seachadadh chuig an gcéad ghlúin eile. Tá buntáiste an ardáin ag baint leis an mórtheanga, dar leis, agus 'brú chun an aonteangachais riail an dátheangachais' (*ibid*.: 13). Is cainteoirí iomlána iad cinnirí an Bhéarla; ní bhíonn códmhalartú ar bun acu agus toirt agus téagar san fhoclóir agus struchtúir ghramadúla acu ach, buntáiste suntasach eile a bhaineann leo ná '…is iad na Béarlóirí coimeádaithe agus cinnirí fhaisiúin an mhórchultúir a thaganns ina sruth fuaimfhíse síoraí chucu… Tá an caipiteal sóisialta agus cultúrtha brinnta suas ar an mórtheanga agus ar a ceannródaithe' (*ibid*.: 13). De réir Uí Churnáin, ní féidir comparáid a dhéanamh, ó thaobh an dátheangachais de, idir mionteanga agus mórtheanga agus:

> Ní hionann an cás ar chor ar bith nuair atá gach cainteoir dátheangach, mar go bhfuil iomarcacht i gceist insa gcás sin is go gcailltear an teanga is lú sochar, .i. an mhionteanga. Ciallaíonn cothroime (theoiriciúil) cumais sa dátheangachas bás don teanga iomarcach (*ibid*.: 13).

Ag caint faoin nua-aoiseachas, maíonn Ó Curnáin 'Tá Éire ar cheann de na tíortha is nua-aoisí ar domhan agus baineann tábhacht ár gcás sinne le hábhar don domhan mór, faoi láthair agus mar thuar don todhchaí' (*ibid*.: 3). Pléann sé na básanna éagsúla a bhaineann leis an saol nua-aoiseach agus, maidir le 'bás an nádúir' agus

‘bás an tíreolais’, luann sé ‘…tá tionchar, smacht agus freagracht ag an tsochaí nua-aoiseach ar thréithe den tsaol a bhí do-smachtaithe go dtí seo’ (*ibid*.: 3). Dar leis, baineann scáinteacht chultúr na Gaeltachta inniu le ‘bás an nádúir’, le ‘meicniú na feirmeoireachta agus a cúlú ar thalamh domheicnithe’ sa bhealach céanna agus go bhfuil ‘bás an tíreolais’, soghluaiseacht fhisiciúil agus mheánaithe, bainteach le ‘mionlú na nGael sa nGaeltacht’. Maíonn sé ‘Ceann d’iarmhairtí ‘bhás an tíreolais’ is ea smacht nua forleathan an Bhéarla sa saol domhandaithe atá ina chionsiocair le ‘bás’ nua-aoiseach eile: ‘bás na dteangacha’’ (*ibid*.: 3).

Is ceisteanna cumhachta iad ceisteanna a bhaineann le teangacha agus luann an t-údar ‘Tá tuar an díothaithe mionchultúr faoin nua-aoiseachas: lárnú na cumhachta eacnamaíche, polaitiúla, oideachais agus cumarsáide. … Tá an t-ilteangachas nádúrtha nuair atá cothroime cumhachta i gceist, m.sh., mionteanga le mionteanga’ (*ibid*.: 7-8). Ní go hiondúil a bhíonn cothroime chumhachta i gceist sa saol nua-aoiseach, dar le Ó Curnáin, áfach (*ibid*.: 7-8). Luann sé go bhfuil na pobail mhionteangacha i sochaithe nua-aoiseacha a bhíonn fadsaolach in aghaidh gníomhú sa saol nua-aoiseach, ‘…mar shampla Aimisigh na tuaithe agus Haisidim na cathrach i Státaí Aontaithe Mheiriceá’ (*ibid*.: 7). Tugann Ó Curnáin léargas ar an diúltú síceolaíoch don mhionteanga i gcás an dátheangachais:

> Ag leibhéal na córa agus an ghnáthchainteora óig, níl sé loighciúil a bheith ag súil go labharfaidís mionteanga nuair atá an deis insealbhaithe ceilte orthu sa tréimhse chriticiúil agus nuair atá formhór an chaipitil shiombalaigh i ndomhan na mórtheanga. Ar leibhéal an duine aonair agus ar leibhéal domhanda tá riail na heacnamaíochta fíorláidir. Dhá mhéad dátheangachas dhá bhfuil ann, is amhlaidh is lú a theastaíonns an mhionteanga. Dhá mhéad rogha idirchultúrtha dhá bhfuil ann, is amhlaidh is lú a sheasfas a mhionchultúr (*ibid*.: 23).

Is ar ghuaillí an mhionteangóra féin anois é slánú na mionteanga agus dar le Ó Curnáin, is ‘Léiriú ar fhadhb nua-aoiseach an dícheannais, díphobail, is gurb é an duine aonair crann taca na mionteanga anois’. Is togra pearsanta í an mhionteanga don mhionteangóir sa saol nua-aoiseach agus dar leis, ‘Tá gá le tuiscintí nua-aoiseacha, frithfhillteacha ar chultúr, ar shiombalachas na féiniúlachta i saol paradacsach domhandaithe’ (*ibid*.: 25). Áitíonn an t-údar go bhfuil míroinnt dhomhanda ann, le domhanchultúr ar thaobh amháin agus ilteangachas ar an taobh eile ach gurb í an fhadhb ná an ilghnéitheacht. Maíonn sé go bhfuil an

aonghnéitheacht ag teastáil sa tearmann chun an mhionteanga a shlánú le go mbeidh ilghnéitheacht sa domhan (*ibid*.: 31). Gan pobal iomlán Gaelach, tiocfaidh deireadh le leanúnachas pobal labhartha na Gaeilge (*ibid*.: 32) agus gan an tearmann inmholta níl aon dóchas ann go mairfidh pobal Gaeltachta (*ibid*.: 35). Dar leis, tá an Gaeilgeoir ag freastal ar dhá thráth na Gaeilge agus an mhórchultúir ach ní mhairfidh mionteangacha sa chás seo agus maíonn sé 'Más Gall-Ghael gach iar-Ghael, má bhíonn gach duine 'fleiscínithe', ní mhairfidh mionteangacha' (*ibid*.: 35). Le mionteanga i gcoimhlint le mórtheanga, coimhlint iomlán a bhíonn i gceist agus, gan smacht a bheith ag an bpobal, bíonn gach rud trioblóideach: 'pobal mionlaithe, sin pobal ar easpa smachta, tá a smacht nó a scáth cosanta tugtha uathu' (*ibid*.: 15).

Áitíonn Ó Curnáin nach bhfuil aon dóchas ann go mairfidh pobal Gaeltachta nó go mbeidh 'aon chomhthionól de chainteoirí dúchais' ann gan tearmann aonteangach. Maíonn sé, afách, go bhfuil dóchas ann go slánófar an Ghaeilge mar dhara teanga (*ibid*.: 35). Luann sé 'Bíonn náire ar dhaoine admháil gan Útóipe de thearmann nach bhfuil dóchas don Ghaeltacht' (*ibid*.: 35) ach maíonn Ó Curnáin 'Más útóipeachas caintiú ar thearmann, is seafóideach an frithghníomh a mhaíomh gur féidir é bheith ina ghruth agus ina mheadhg againn' (*ibid*.: 34). Leis an tearmann, tá cosaint ar fáil ó thionchair sheachtracha agus luann Ó Curnáin:

> Mara bhfuil tearmann aonteangach de bhonn agus de dheis ag gasúir, iompar inmheánaithe acu, is doiligh smacht a chothú ar a gcuid nósmhaireachtaí. Má tá sin acu agus léirmhíniú agus féinmhuinín as a n-eitniúlacht féin, is féidir tionchar síoraí an ghalldaithe a bhainistiú go dté siad i gcomhthéacs na mórtheanga, bíodh sin sa mbunscoil nó sa meánscoil…(*ibid*.: 27).

Áitíonn moltaí maidir le mionphobal tíreolaíoch go bhfuil diúltú don phobal iar-nua-aoiseach riachtanach chun dlúthphobail mhionteanga a bhunú go héifeachtach. Tá gá le plé, áfach, i gcomhthéacs na leithlise pobail, ar an mbaint atá ag daoine le gréasáin shóisialta éagsúla agus na caidrimh éagsúla a bhíonn ag an duine sa saol. Sa saol nua-aoiseach, maítear go bhforbraíonn an duine caidrimh le grúpaí difriúla lena mbíonn teagmháil aige leo, gan bunús ceantrach ag baint leo. Tugann Delanty cur síos ar na caidrimh nua seo:

> Modern society has progressively increased and intensified the search for belonging and has created many new ways of belonging. These ways of belonging differ from group ties in the past in that they are characterized by a stronger communicative component. The individual is not tied to only one community but may have multiple and overlapping bonds; there are more

> possibilities to enter and exit the group, which may lack continuity over time; and, crucially, the new social bond is tendentially global in its scope due to the growing importance of mediated or indirect social relations (2003: 188).

Sa chomhthéacs seo, ardaítear arís an tábhacht a bhaineann leis an bpobal uileghabhálach chun freastal ar riachtanais a bhall agus ceistítear an leor pobal ceantrach amháin chun pobal mionteanga a chothú sa saol nua-aoiseach.

Aithnítear, áfach, go mbeadh Gaelphobal tíreolaíoch úr pleanáilte go comhfhiosach ag díograiseoirí teanga a mbeadh sé de rogha acu cónaí le díograiseoirí teanga eile, ar bhonn tíreolaíoch, ar mhaithe le todhchaí bhisiúil a chinntiú do mhionteanga na Gaeilge agus go mbeadh ardspreagadh i gceist le tionscnamh den saghas seo. Sa bhealach seo, tá sé deacair comparáid a dhéanamh idir pobal atá pleanáilte le cuspóir ar intinn ag na bunaitheoirí agus pobail cheantracha na mórtheanga an lae inniu. Ceistítear, áfach, an mbeadh an meon céanna i dtaobh chosaint na Gaeilge ag na glúnta nua a saolófar sa Ghaelphobal agus cad iad na himpleachtaí a mbeadh ann, i gcomhthéacs nádúr athraithe an phobail agus na hathruithe a thagann leis, d'fhadsaolaí an phobail Ghaelaigh. Níl aon amhras ann go mbeadh tréaniarrachtaí i gceist le tionchair sheachtracha a sheachaint agus an sprioctheanga a chosaint.

Chun Gaelphobal ceantrach a thógáil, aithnítear sa tráchtas seo go mbeadh tacaíocht mhór ón stát ina buntáiste chun togra den saghas seo a chur i bhfeidhm. Aithnítear na cumhachtaí, an mhaoin agus an cúnamh airgid go bhféadfadh an stát a chur ar fáil do Ghaelphobal úr agus go mb'fhiú tacaíocht a fháil do thógáil an phobail.

### 3.4.2 Iarrachtaí ar Nua-Ghaeltachtaí a chruthú

Pléitear sa chuid seo iarrachtaí atá déanta chun Gaeltachtaí nua ceantar-bhunaithe a bhunú ó bunaíodh an stát Éireannach i 1922.

#### *Páirc na Gaeltachta*

Feictear an chéad iarracht in Éirinn chun pobal ceantrach Gaelach a chruthú le bunú Pháirc na Gaeltachta, atá suite trí mhíle amach ó lár Bhaile Átha Cliath, ag deireadh na 1920aí (Ó Canainn, 1964: 10). Cumann darbh ainm An Ghaedhealtacht, a bhunaigh Cumann Fóntais Poiblí, a bhí i mbun an togra agus coilíneacht Ghaeilge mar aidhm acu (McManus, n.d.: 32). Bhí sé ina aidhm ag an gcumann, mar a luaigh bunaitheoir na scéime, Seán Ó Cuill, i bpáipéar Chonradh na Gaeilge, *Fáinne an Lae* i Meitheamh 1924, baile beag Gaelach a bhunú díreach taobh amuigh de Bhaile Átha

Cliath (Ó Canainn, 1964: 7). Luadh riail dhaingean ó thaobh na Gaeilge de chomh maith: ní bheadh cead Béarla a labhairt ar chor ar bith ar láthair an bhaile Ghaelaigh agus dá bpósfadh áitritheoir singil duine gan Gaeilge, bheadh orthu an teach a thabhairt ar ais don chumann taobh istigh de ráithe. Creideadh go bhféadfadh an cumann aon chéad teach a thógáil taobh istigh de bhliain agus bheartaigh siad tosú le 25 theach (*ibid.*: 7). Scríobh Ó Cuill i bh*Fáinne an Lae* i 1926 go raibh cúig acra déag faighte mar bhronntanas ó Choimisinéirí na Cathrach acu agus go mbeidh cíos le híoc air sin ach go raibh sé ina choinníoll go dtógfaidís 75 teach taobh istigh de thrí bliana (*ibid*.: 8). I 1927, scríobh Ó Cuill go raibh an scéim réidh, ach amháin go raibh na cúrsaí dlí le socrú agus go raibh deich dteach le tógáil ar dtús (*ibid.*: 8, 9). Cuireadh fáilte roimh iarrthóirí agus leagadh síos trí choinníoll a bhí le comhlíonadh:

(a) Gaeilge a bheith aige agus ag a chlann;
(b) An ceathrú chuid de phraghas an tí a dhíol;
(c) Slí maireachtála buan a bheith aige agus polasaí saoil árachais a bheith ina ainm (*ibid.*: 9).

Cuireadh tús oifigiúil leis an scéim i 1928 cé nach ndeachaigh na daoine isteach sna tithe go dtí samhradh 1929 (*ibid.*: 10). Ar Lá Fhéile Pádraig 1928, chuir an T.D. Risteard Ó Maolchatha an chloch-bhoinn ina ionad agus fógraíodh an lá sin '...go dtógfaí ochtó teach, séipéal, dhá scoil, páirc imeartha, halla, amharclann agus pictiúrlann "dá mba gá"' (*ibid.*: 7).

Luann McManus (n.d.: 32-3) go raibh deacrachtaí leis an scéim tithíochta seo ón tús toisc nach raibh sé de mhaoin ag an gcumann tithíochta bóithre a thógáil agus, nuair a lorgaíodh cúnamh airgeadais ón mBardas i 1929, níor mhór don chumann an chéad léas a ghéilleadh don Bhardas in áit na ndeich léas a bhí ag an deichniúr a thóg tithe sa cheantar. Beartaíodh go n-úsáidfear an talamh lena thaobh, a raibh 27 acra ann, le haghaidh scéim tithíochta agus go nglacfadh an Roinn Tithíochta sa Bhardas ceannas ar an talamh chun forbairt a dhéanamh ar thithíocht agus ar na hoibreacha bóthair (*ibid.*: 32-3). Tugadh léas do Chumann Tithíochta an Státseirbhísigh i 1932 le haghaidh suíomh tógála forbartha sa cheantar agus glacadh dhá bhliain ar an tréimhse thógála. Chuir Seán Ó Cuill, ball den Chumann Nua Ghaedhealtachta, litir agóide chuig Cumann Tithíochta an Státseirbhísigh de bharr gealltanais a dúradh go dtugadh dó ag rá go mbainfear leas as an talamh ar mhaithe le tógáil tithe an Chumainn Nua-Ghaedhealtachta amháin ar mhaithe le seilbh Ghaeilgeoirí. In

ainneoin na hagóide seo, leanadh ar aghaidh leis an bhforbairt agus tugadh tuilleadh léasanna don Chumann Fóntais Phoiblí Státseirbhíseach Saorstát (*ibid.*: 32-3).

Bhí drochthionchar ag beart an Bhardais i leith léasanna a thabhairt do chumainn tithíochta eile sa chaoi is gur bhog Béarlóirí isteach sa cheantar agus tharla comhshamhlú leis na comharsana a labhair Béarla. Luann Ó Sé (2000: 241) maidir leis an gcéad togra seo:

> The difficulties were underestimated; most tellingly, what had begun as a virtual 'green field' project became wrapped around and engulfed by the spreading tentacles of a burgeoning city. Hopes of expansion were rapidly closed off; and with no effective means for keeping out English-speaking families, assimilation was inevitable.

Maíonn Ó Canainn, áfach, nach coilíneacht cheart Ghaeilge a bhí i bPáirc na Gaeltachta riamh. Luann sé go mb'éigean don Chumann Nua-Gaedhaltachta tithe a dhíol le teaghlaigh a labhair Béarla de bharr a dteipe custaiméirí le Gaeilge a aimsiú do na deich dteach ar fad (1964: 10). Tugann sé briseadh síos ar an gcomhdhéanamh teangeolaíochta a bhí i gceist leis na teaghlaigh ar fad:

> Ní raibh ach teach amháin inar tógadh clann le Gaeilge. Bhí dhá lanáin eile le Gaeilge nach raibh clann orthu agus bhí sárghaeilgeoir i dteach amháin a raibh a bhean is a chlann ina gcónaí faoin tuaith. Bhí dhá theach ina raibh daoine singil ina gcónaí. I dtrí chinn de na dtithe bhí Gaeilge ag fear a tí ach ní raibh Gaeilge ag na mná nó ag na páistí. Mar a dúirt mé bhí clann amháin gan Gaeilge ar bith (*ibid.*: 10, 19).

Cé nár éirigh leis an iarracht sin, léiríonn an iarracht féin go raibh tuiscint ag lucht na Gaeilge le linn na bhfichidí ar an tábhacht a bhaineann le pobal maidir le mionteanga a chosaint.

### *Iarracht Uí Chadhain*

Tugann Ó Cadhain (2002: 112) cuntas gairid ar iarracht amháin lena raibh sé bainteach chun sráid a Ghaelú a bhí cóngarach do Scoil Lorcáin i mBaile na Manach. Bunaíodh Scoil Lorcáin i 1952 (Scoil Lorcáin, 2015: ar líne) agus luann Ó Cadhain, i ndiaidh don scoil a chur ar bun, gur moladh dó trí theach a bhí bán ar shráid chúlráideach in aice na scoile a cheannach. Níorbh fhada go mbeadh tithe eile ar an tsráid saor le ceannach agus bhí Ó Cadhain den tuairim go mbeidh an tsráid iomlán glan gan moill. Dar leis, bhí teaghlaigh ag lorg tithe in aice leis an scoil ag an am.

Theip ar an iarracht seo de bharr easpa suime na dteaghlach, a raibh an t-airgead acu, sa tsráid féin ach a chreid nach raibh an tsráid 'sách taibhseach' (*ibid.*: ar líne). I ngan fhios do lucht na dteaghlach, bhí fear gnó tar éis cíosanna talún cheann de chearnóga na comharsanachta a cheannach ar fad d'fhonn comaoin a chur ar an scoil (*ibid.*: ar líne).

***Ard Barra***

Bunaíodh Gaelphobal Ard Barra sna seascaidí i nGleann Maghair ar imeall Chathair Chorcaí (Mac Seáin, 2010: 73). Is baile satailíte é Gleann Maghair (Comhairle Contae Chorcaí, 2005: 39) atá cúig mhíle taobh amuigh den chathair (Glanmire Community Association, 2011: ar líne). Bhí Tomás Ó Canainn, Fionntán Mac Aodha Bhuí agus Séamus Ruiséal i mbun an togra (Mac Seáin, 2010: 73). I ndiaidh dóibh Gaeilgeoirí eile a earcú chun an Gaelphobal a thógáil, bhunaigh an grúpa comhlacht darbh ainm Buaic Teoranta agus, tríd an gcomhlacht nuabhunaithe, cheannaigh an grúpa dhá acra agus ceathrú. Bhí Fionntán Mac Aodha Bhuí ina ailtire, rud a chabhraigh go mór le tógáil an phobail (Shannon, 2011: 37). Fógraíodh san iris *Inniu*, ar an 19ú Lúnasa 1966, go raibh talamh ceannaithe ag Buaic Teoranta ó Ghaeldhealachas Teo. agus go raibh meastachán á lorg acu chun na chéad tithe a thógáil (Inniu, 1966). De réir an ailt seo, ligfear na tithe ar cíos '...le teaghlaigh arb í an Ghaeilge a ngnáth-theanga' ach de réir Uí Chanainn, níor leagadh aon riail dhaingean síos ó thaobh úsáid na Gaeilge de sa phobal toisc gur cúis imní don phobal í nach n-éireodh leo an talamh a dhíol (Shannon, 2011: 36). Faoi 1967 bhí an chéad dá theach tógtha agus dhá theaghlach ina gcónaí ar an suíomh (comhfhreagras pearsanta ó Mhac Aodha Bhuí, 1 Meán Fómhair 2015). San iomlán, tháinig cúig lánúin chun cónaí sa phobal agus Gaeilgeoirí go léir a bhí iontu agus, de réir Uí Chanainn, bhí iompar teanga an phobail láidir i dtaobh na Gaeilge. As na cúig lánúin sin, bhí páistí ag ceithre lánúin agus bhí bunscoil agus meánscoil Ghaeilge, Gaelscoil Uí Dhrisceoil agus Coláiste an Phiarsaigh, in aice láimhe dóibh nuair a shroich siad aois na scoile. Níl cónaí ar pháistí an phobail sa phobal a thuilleadh (Shannon, 2011: 37). De réir Uí Chanainn, duine de bhunaitheoirí an phobail, níor chuir chéad ghlúin eile an phobail an Ghaeilge ar aghaidh go nádúrtha chuig a bpáistí féin (*ibid.*: 71).

***Baile Átha Cliath sna luath-1970aí***

Le linn na luath-1970aí, cuireadh sraith chruinnithe ar bun i mBaile Átha Cliath ar mhaithe le Nua-Ghaeltacht a bhunú sa phríomhchathair (Agallamh le Pádraig Ó

Snodaigh, 2016, 2017). Bhí Pádraig Ó Snodaigh, Breandán Ó Leanglaoich, Mícheál Ó Bréartúin, Seán Ó Cléirigh, Mícheál Ó Cíosóg agus Mathún Mac Fheorais i mbun na hiarrachta seo. Trí bliana roimhe sin, bunaíodh Nua-Ghaeltacht Bhóthar Seoighe agus ba í an iarracht rathúil seo a bhí ina spreagadh don dream a bhí i mbun na hiarrachta i mBaile Átha Cliath. Bhí sé ar intinn ag an ngrúpa Gaeilgeoirí seo pobal beag Gaelach le 30 teaghlach a fhorbairt agus pléadh féidearthachtaí éagsúla i leith lonnaíochta an phobail le Caisleán Ráth Fearnáin ina fhéidearthacht. Cuireadh an caisleán ar an margadh ag an am sin ach d'éirigh leis na hÍosánaigh an tairiscint a fháil don fhoirgneamh. Smaoineamh eile a bhí ag an ngrúpa ná teaghlaigh Ghaelacha a bhogadh go Ráth Chairn, Gaeltacht bhunaithe i gContae na Mí, agus go dtaistealódh oibrithe an phobail go Baile Átha Cliath don obair. Tréigeadh an smaoineamh seo toisc nár chreid an grúpa go mbeadh sé praiticiúil é seo a dhéanamh cé gur bhog méid áirithe daoine ón ngrúpa chuig an gceantar lena dteaghlaigh ina dhiaidh sin. Cé nach raibh áit aitheanta ann don Nua-Ghaeltacht, bhí ball den ghrúpa, Máthún Mac Fheorais, ina thógálaí agus bhí praghsanna socraithe do thógáil an phobail.

De réir Uí Shnodaigh, theip ar an iarracht ar fáthanna éagsúla. Lorgaíodh airgead ó mhórphobal na Gaeilge, ón stát agus ón Eaglais don togra ach níor éirigh leis an ngrúpa dóthain a bhailiú chun an Nua-Ghaeltacht a chur ar bun. Luann Ó Snodaigh chomh maith, de bharr coimhlinte idir teaghlaigh áirithe, tharraing daoine áirithe siar ón iarracht; iad míshásta a bheith ina gcomharsana ag daoine áirithe eile. Creideann Ó Snodaigh go bhfuil an toil ann chun Nua-Ghaeltacht a chruthú taobh amuigh den Ghaeltacht ach gurb iad na fadhbanna is mó i dtaobh a leithéid de thogra a bhaint amach ná cúrsaí airgeadais agus teacht ar thalmhaíocht oiriúnach (*ibid.*).

***Iarracht Phobal Mhá Life – 1997***

I 1997 rinne grúpa Gaeilge Pobal Mhá Life, craobh de Chonradh na Gaeilge, iarracht Gaelphobal ceantrach a bhunú i Leamhcán i mBaile Átha Cliath (Pobal Mhá Life, 1998). Ghlac an grúpa páirt i scéim tithíochta sa cheantar ar le Máirtín Ó Loideáin é, fear arbh as Gaeltacht Ráth Cairn dó. Bhí an-tacaíocht agus cabhair ag an togra ón tús ón iliomad daoine a d'obair i réimsí tithíochta, poiblíochta, airgeadais agus a bhí gníomhach le cúrsaí teanga. De réir *Phobal Mhá Life: Nuachtlitir Aibreán 1998*, cuireadh '...fiche éigin suíomh i mbóthar caoch i leataobh don phobal Gaeltachta a

bhí beartaithe' agus d'éirigh leis an ngrúpa feachtas poiblíochta 'sármhaith' a chur ar bun (*ibid.*). Leagadh coinníollacha ar leith agus argóint maidir le tábhacht úinéireachta síos do cheannaitheoirí tí:

- Ba ghá go mbeadh Gaeilge air a dtoil ag gach duine a mbeadh cónaí orthu ar an eastát.
- Bheadh an Roinn i mbun monatóireachta, ar an mbonn céanna le scéim na ndeontas Gaeltachta.
- Dá mba rud é gur díoladh teach go neamhGhaeilgeoir bhainfí an faoiseamh go siarghabhálach ón tús (Pobal Mhá Life, 1998: comhfhreagras pearsanta Ó Phádraig Ó Snodaigh).

Cé gur léiríodh suim mhór sa scéim, theip ar an ngrúpa dóthain ceannaitheoirí a mhealladh chun teach a cheannach agus b'éigean dóibh éirí as an scéim (Pobal Mhá Life, 1998). Sa nuachtlitir a scríobh an grúpa bliain i ndiaidh na hiarrachta úid, léiríodh díomá i nGluaiseacht na Gaeilge mar gheall ar a heaspa gníomhaíochta i dtaobh comharsanachtaí Gaeltachta a bhunú mar chuid dá polasaí. Luaitear sa nuachtlitir 'Ceapadh go raibh gá chomh mór sin le tionscnaimh nua réabhlóideacha den chineál sin go dtuigfeadh Gaeilgeoirí an gá a bhí leo. Faraor, ní mar sin a tharla' (*ibid.*). Luaitear sa nuachtlitir chomh maith gur ritheadh rún d'aon ghuth ag Ard Fheis Chonradh na Gaeilge i 1995 a chuir dualgas ar Chonradh na Gaeilge Gaeltachtaí cathracha a thionscnamh:

> Gur ceart go mbeadh bunú Gaeltachtaí cathrach ar nós Ghaeltacht Bhéal Feirste ina chuid de straitéis na hAthbheochana, agus gur dual do Chonradh na Gaeilge bheith ina cheannródaí ina mbunú (*ibid.*).

Bíonn an grúpa breithiúnach ar Chonradh na Gaeilge sa nuachtlitir ar a easpa díospóireachta ar an rún agus a theip i dtaobh plé a chur ar bun ar an ábhar. Tugtar le fios ón méid atá le rá ag an ngrúpa ina nuachtlitir nach raibh an tacaíocht chuí ar fáil don togra a bhí ar bun ar mhaithe le Nua-Ghaeltacht chathrach a thógáil.

### *Gaelphobal Bhaile Munna*

I 2005 chuir Glór na nGael Bhaile Munna tús le pleanáil chun Nua-Ghaeltacht a thógáil i gCrann Papáin i mBaile Munna, Baile Átha Cliath, le 36 teach úrnua do Ghaeilgeoirí ón gceantar (Shannon, 2011: 54). Ba é a bhí ar intinn ag Glór na nGael Bhaile Munna ná pobal tíreolaíoch a chruthú d'iar-dhaltaí na nGaelscoileanna atá ag feidhmiú sa cheantar, ar mhaithe le pobal comhtháite beag a fhorbairt ina labhrófar

Gaeilge mar phríomhtheanga. Bunaíodh comharchumann tithíochta, Comharchumann Tithíochta an tSeachtar Laoch (CTSL amach anseo), chun an togra seo a chur i bhfeidhm agus chuathas i mbun cainteanna le Bardas Bhaile Átha Cliath chun tithíocht ar phraghas réasúnta a fháil (Mac Fhearghusa, 17ú Meitheamh 2011: 8). Ba faoi Scéim Láithreán an Rialtais a thógfaí tithe an phobail (*ibid*.: 8). Ceannaíodh 3 ½ acra don Nua-Ghaeltacht agus bheadh an comharchumann tithíochta i gceannas ar thithe an phobail. Níor mhór do theaghlaigh a fhágfaidh an pobal an teach a dhíol leis an gcomharchumann, a dhíolfadh an teach leis an gcéad duine eile ar an liosta feithimh. Cé nach raibh an spás ann chun leathnú amach suntasach a dhéanamh ar an bpobal Gaeilge seo, bhí sí ina fís ag Glór na nGael Bhaile Munna go mbeidh staid na Gaeilge sa cheantar níos láidre de bharr iarrachta an phobail i leith na Gaeilge (Shannon, 2011: 80-1). Go poiblí, ní fhéadfadh Glór na nGael Bhaile Munna a rá gur pobal do Ghaeilgeoirí a bhí i gceist leis an Nua-Ghaeltacht ar eagla go n-imreodh an coinníoll sin tionchar ar iasacht a fháil ón mbanc nó ó Chomhairle Bhaile Átha Cliath. Chomh maith leis sin, de bharr bhaint an stáit le maoiniú an phobail, níor cheadaíodh do Ghlór na nGael coinníoll i leith úsáid na Gaeilge a leagadh síos do cheannaitheoirí tí an phobail (*ibid.*: 76) ach bhí coinníollacha eile i bhfeidhm d'áitritheoirí a bhí ag iarraidh teach a cheannach sa phobal agus níor mhór d'iarrthóirí trí choinníoll a chomhlíonadh:

Caithfidh an t-áitritheoir (m'aistriúchán féin anseo):

- a bheith ina áitritheoir tí don chéad uair
- a bheith ina áitritheoir i gceantar Bhaile Munna
- a bheith ina iar-áitritheoir de cheantar Bhaile Munna
- a bheith ina thionónta de Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus ina chónaí i gceantar Bhaile Munna
- a bheith ag obair i gceantar Bhaile Munna ar feadh bliana ar a laghad roimh chur isteach ar bhallraíocht an chomharchumainn
- suim a thaispeáint i bpobal nua Bhaile Munna trí thosaíocht a thabhairt do Bhaile Munna agus iad ag cur isteach ar Liosta Tithíochta Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
- a bheith ina charachtar maith agus suim a bheith aige i ndlúthphobal
- a bheith ábalta cead morgáiste a fháil
- tá roinnt coinníollacha eile ann (*ibid*.: 53).

Nuair a thit an cúlú eacnamaíochta amach i 2008, bhí laghdú ar líon na nGaeilgeoirí a bhí sásta teach a cheannach sa phobal nuabheartaithe agus b'éigean do choiste

Ghlór na nGael glacadh le Béarlóirí chun na tithe beartaithe a dhíol (*ibid*.: 54). I 2011 bhí 34 áitritheoir ar liosta an chomharchumainn tithíochta agus, de réir ghníomhaire Ghlór na nGael Bhaile Munna, Fergus Breathnach, bhí Gaeilge líofa ag 60 faoin gcéad de theaghlaigh an phobail agus a gcuid páistí ag freastal ar Ghaelscoil áitiúil. Maidir leis an 40 faoin gcéad eile, bhí meascán teanga i gceist leis na teaghlaigh úd a raibh Gaeilge ag tuismitheoir amháin nó, Gaeilge ar bith ag ceachtar de na tuismitheoirí ach a gcuid paistí ag freastal ar Ghaelscoil áitiúil (*ibid.*: 54). De bharr an chomhdhéanaimh mheasctha teanga, tuigeadh go mbeadh amhras ann maidir le todhchaí an phobail mar Ghaelphobail agus mhaígh Breathnach nach raibh aon ráthaíochtaí ann i dtaobh inmharthanacht an phobail mar Nua-Ghaeltacht:

> Tá muid ag glacadh le daoine ag teacht sa chomharchumann gan Gaeilge. Níl aon *guarantees* ann ach tá súil againn go mbeidh daoine sásta fanacht leis an nGaeilge… Níl an Ghaeilge ag na tuistí ach beidh an Ghaeilge ag na páistí. Níl aon *guarantees* ann go bhfanfaidh sé ina Ghaeltacht (*ibid*.: 76).

Bhí Breathnach dóchasach go meallfar Béarlóirí an phobail chun na Gaeilge trí dheathaithí leis an teanga a thabhairt dóibh. Níor chreid sé gur chóir brú a chur ar thuistí Gaeilge a labhairt ach go mbeadh dea-íomhá i gceist leis an teanga:

> Tá muid ag iarraidh daoine ón bpobal Béarla a thógaint isteach agus go mbeidh siad ag freastal ar na scoileanna Gaeilge. Níl muid ag iarraidh brú a chur ar thuistí agus nach *"a heavy load to carry"* í chun a bheith ag foghlaim Gaeilge agus go bhfuil an Ghaeilge go maith. Leis an gcomharchumann tá muid ag iarraidh go mbeidh daoine sásta a bheith ina gcónaí i measc daoine le Gaeilge (*ibid.*: 76).

Maidir le deiseanna sóisialaithe, bheadh imeachtaí sóisialta dátheangacha don phobal sa cheantar i mBaile Munna, ar nós damhsa bálseomra agus biongó, agus bheadh na himeachtaí seo ar fáil do lucht na Nua-Ghaeltachta. Ní ar lucht na Gaeilge go príomha a bheadh na himeachtaí seo dírithe agus, mar sin, ní bheidís fóinteach do mhionphobal teanga (*ibid*.: 76).

Ní raibh CTSL ábalta airgeadas a chinntiú don tionscnamh tithíochta agus tháinig siad le chéile leis na comharchumainn tithíochta Ó Cualann Housing agus le Parkside Co-operative i 2014 agus é ar intinn ag na trí chomharchumann an suíomh talún a cheannach le chéile (Kelly, 8 Meitheamh 2016: ar líne). Fógraíodh san *Irish Times* i Mí na Samhna 2015 go raibh an comharchumann CTSL ag lorg aisíoc ar an

€200,000 a d'infheistigh a mbaill mar gheall ar chinneadh na Comhairle tithíocht mhodúlach a lonnú ar an suíomh a fuarthas cead pleanála dó (Kelly, 30 Samhain 2015: ar líne). De réir Kelly, 'The planning permission does not expire until 2017, but the co-op said the council had rendered its permission null and void by proceeding to install modular housing for homeless families on the land' (*ibid.*: ar líne). Áitíonn an Chomhairle go bhfuil an suíomh mór go leor chun an tithíocht mhodúlach agus an tithíocht chomharchumainn a lonnú ach tá aighneas eascartha as an gcás anois agus, de réir urlabhraí de chuid na Comhairle, tá próiseas comhairliúcháin aontaithe leis na comharchumainn atá bainteach leis an gcás (*ibid.*: ar líne).

Fógraíodh san *Irish Times* i 2016 go mbeidh Ó Cualann Housing ag tógáil 49 teach ar an suíomh talún (Kelly, 8 Meitheamh 2020: ar líne). Leis na trí chomharchumann ag obair agus ag cónaí le chéile agus CTSL an t-aon chomharchumann Gaelach ina measc, beidh tábhacht ag baint le hiompar teanga i bhfabhar na Gaeilge a choinneáil láidir i measc iad siúd a tháinig le chéile chun pobal Gaelach a chruthú ag an tús.

***Gaeltacht Cheanada***

Is sampla ar leith é Gaeltacht Thuaisceart an Oileáin Úir i gCeanada chun iarracht a dhéanamh pobal Gaeilge a bhunú taobh amuigh d'Éirinn, áit a bhfuil 60 acra ceannaithe ar mhaithe le Gaeltacht a bhunú ann. Bhí Cumann na Gaeltachta bainteach le bunú an togra seo i 2007 agus fear Ceanadach, Aralt Mac Giolla Chainnigh, lárnach dó (O'Driscoll, 17ú Feabhra 2007). Rinneadh forbairt ar an suíomh talún seo mar spás ar leith d'fhoghlaim agus do labhairt na Gaeilge (McGonagle, 2012a: 134) le lucht an diaspóra bainteach leis an bpobal comhchleachais seo agus le coinneáil an tsuímh (McGonagle, 2012b: 407). Reáchtáltar Oireachtas Gaeilge Cheanada ar an suíomh gach bliain ó bhí 2010 ann (Hickey, 2015: ar líne).

Maíonn McGonagle gur eascair gréasáin Ghaeilge ó ranganna Gaeilge atá curtha ar bun ag institiúidí éagsúla i gCeanada ó na 1990aí ar aghaidh agus gur toradh é an Ghaeltacht i Ontario ar na gréasáin a tógadh (*ibid.*: 408). Ó ceannaíodh an suíomh i 2007, tagann lucht labhartha na Gaeilge agus foghlaimeoirí na teanga le chéile ann do sheachtain tumoideachais gach samhradh (*ibid.*: 409). Léiríonn taighde Giles go bhfuil éagsúlacht chúlraí i gceist maidir leo siúd a bhaineann leas as an nGaeltacht

seo chun Gaeilge a fhoghlaim, le daoine gan sliocht Éireannach ag glacadh páirte in imeachtaí Gaeilge (2015: 135-6).

Luann Mac Giolla Chainnigh nach bhfuil aon phleananna ann faoi láthair chun áit a chruthú ina mbeidh daoine ina gcónaí ann go leanúnach ach go bhféadfadh an plean sin athrú i gceann caoga bliain (2012b: 409). Mar gheall air seo, aithnítear go bhfuil mearbhall ann maidir le brí an téarma Gaeltacht mar áit ina gcónaíonn Gaeilgeoirí ach aithníonn McGonagle an suntas a thugann an togra seo do spás a bheith ann theanga go praiticiúil agus go siombalach, áit a bhfuil ganntanas fearann feidhmiúla ann don Ghaeilge:

> A dedicated space is necessary to the survival, practice and learning of lesser-used languages that have little or no presence in public life. The Gaeltacht continues to be a place of learning in Ireland. The site established in Canada is dedicated to the learning and speaking of Irish and is therefore generally well received by those learners and speakers surveyed in this study. And while this dedicated space may be criticised for being artificial in its existence, the flipside of that claim is the symbolic significance of the site. That pertains to both the history of the Irish who migrated to Canada during a period of pronounced language decline and to those contemporary Canadians who identify an Irish heritage among many (*ibid*.: 420).

***Gaeltacht Uirbeach Bhaile Átha Cliath***

D'eascair an smaoineamh maidir le pobal nua Gaeilge uirbeach a thógáil as mian a bhí ag grúpa tuismitheoirí i mBré a thógann a gcuid páistí le Gaeilge. Chuaigh an grúpa tuismitheoirí chuig an eagraíocht Ghaeilge Comhluadar agus eagraíodh cruinniú poiblí i mBaile Átha Cliath chun an t-éileamh do Nua-Ghaeltacht uirbeach a mheas. Chomh maith leis sin, tugadh an dualgas don eagraíocht taighde a dhéanamh ar áiteanna a mbeadh oiriúnach do Nua-Ghaeltacht agus aontaíodh go bhfeidhmeodh Comhluadar thar ceann na dtuismitheoirí Gaelacha (Shannon, 2011: 54) agus bhunaigh an eagraíocht comharchumann tithíochta (Foinse, 2010: ar líne).

Ar an 19ú Bealtaine 2010, fógraíodh san iris *Foinse* go raibh suim cláraithe ag 15 teaghlach sa tionscadal agus bhí, de réir Uí Chuilinn, '...réimse an-éagsúil teaghlaigh i gceist, ó lánúin nuaphósta gan páistí, do theaghlaigh ar aois na meánscoile' (Foinse, 2010: ar líne). Bhreathnaigh Comhluadar ar na heastáit tithíochta a bhí folamh ag an am a bhí faoi cheannas NAMA agus suite ar imeall na cathrach agus chuaigh siad i mbun cainteanna leis na húdaráis áitiúla chun soláthar tithíochta sóisialta a phlé

(Shannon, 2011: 55). Dhírigh an comharchumann tithíochta ar cheantair a mbeadh seirbhísí bunaithe ann '...ar nós córas gaelscolaíochta sa cheantar, seirbhís cúraim leanaí, córas taistil poiblí, siopaí agus araile' (Foinse, 2010: ar líne). Ba fhís fhadtéarmach a bhí i gceist leis an togra agus lorgaíodh spás forbartha don phobal nua ionas go mbeidh deis ann d'fhás nádúrtha agus spás ann don chéad ghlúin eile. Faoi Mhí Iúil, 2011, bhí suim léirithe ag 20 teaghlach sa togra (Shannon, 2011: 55). Leagadh coinníoll síos ón gcéad lá ó thaobh úsáid na Gaeilge de agus cinntíodh gurbh í an Ghaeilge teanga an tí. Socraíodh conradh idir na teaghlaigh go léir agus an cumann tithíochta agus bhí gach teaghlach le bheith ina scairshealbhóir. Cé nach raibh seasamh dlíthiúil ag an gconradh, cosúil le Bóthar Seoighe, conradh morálta a bhí i gceist nó gealltanas ón teaghlach. Bhí an grúpa a bhí i mbun an togra den tuairim, áfach, go raibh sé inghlactha teaghlaigh nach raibh Gaeilge ach ag tuismitheoir amháin a thógáil isteach sa phobal cé go mbeadh tús áite tugtha do theaghlaigh ag a raibh Gaeilge ag an mbeirt thuismitheoirí. Luann Ó Cuilinn ón eagraíocht Comhluadar 'Tá roinnt teaghlaigh ann agus níl Gaeilge ach ag tuismitheoir amháin agus bheadh orainn é sin a aithint… Caithfear a bheith réalaíoch faoin rud gurb í an Ghaeilge príomhtheanga an bhaile' (*ibid*.: 77).

Bhí sé ar intinn ag an gcumann tithíochta gréasáin shóisialta Ghaeilge a chruthú sa phobal iad féin agus maíonn Ó Cuilinn go raibh cairdeas i measc mhuintir an phobail ríthábhachtach chun go mbeidh rath ar an togra:

> Níl aon dabht go mbeadh fonn ar dhaoine a bheith ina gcónaí ina leithéid d'áit agus tá tú ag brath go mór go bhfuil daoine sásta an iarracht a dhéanamh agus aon áit ar éirigh leis riamh, agus is dócha gurb é Bóthar Seoighe an sampla is fearr. Bhí cairdeas eatarthu cheana féin agus thógadar air sin (*ibid*.: 77).

Bhí Ó Cuilinn den tuairim go bhféadfadh an Nua-Ghaeltacht a bheith ar aon dul leis an nGaeltacht ar Bhóthar Seoighe '…mar eiseamláir do rudaí eile ar fud na tíre agus go mbeidís mar dhea-chleachtais pleanáil teanga'. Bhí fás gan srian mar sprioc don phobal nua seo agus chreid Ó Cuilinn gurb é coincheap na Nua-Ghaeltachta an t-aon bhealach chun athréimniú na Gaeilge a bhaint amach. De réir Uí Chuilinn:

> Má tá muid dáiríre faoi athréimniú na Gaeilge, caithfidh sé tarlú go mbeidh daoine ábalta a saolta a chaitheamh trí mheán na Gaeilge mar chomhluadar Gaeilge. Tógadh mise le Gaeilge i mBaile Átha Cliath agus ní raibh éinne

> thart orainn agus d'éirigh leo clann a thógaint le Gaeilge. Ní fheicim aon chúis nach mbeadh deichniúr á dhéanamh le chéile agus go mbeadh fás ann gan aon srian air (*ibid*.: 80).

Bhí fís ann go leathnódh an Nua-Ghaeltacht amach ar nós phobal eile leis na hacmhainní cuí céanna agus atá ag pobail cheantracha eile. Shamhlaigh Ó Cuilinn bruachbhaile Gaelach ina mbeadh '...ní amháin tithíocht ach halla pobail, siopaí agus lár ionaid agus go mbeadh an pobal seo ag maireachtáil timpeall air agus go mbeadh sé ag leathnú amach seachas ag cúngú'. Bheadh tionchar ag a leithéid de phobal ar lucht an Bhéarla agus, dar leis:

> Creidim go mbeadh tionchar iontach ag an rud sin ar lucht labhartha an Bhéarla. Sin an eiseamláir ar cad gur féidir a dhéanamh. Sin an aisling, go mbeadh áit éigin, sráidbhaile, go mbeadh croí ag an lonnaíocht seo le gnáthsheirbhísí, go mbeadh siopa an phoitigéara ann agus a leithéid de rudaí mar sin (*ibid.*: 81).

Eagraíodh trí chruinniú phoiblí chun coincheap na Nua-Ghaeltachta a phlé agus, luann Ó Cuilinn, 'Bhí meascán de fhreastal, idir baill Comhluadair ag a raibh déagóirí acu, tuistí aonarach le leanaí réamhscoile, gníomhairí teanga gan pháistí agus mic léinn i láthair' (Comhfhreagras pearsanta ó Fheargal Ó Cuilinn, 16ú Meitheamh 2015). Léiríodh tuairimí éagsúla ag na cruinnithe agus ba léir go raibh éagsúlacht shuntasach i leith na dtuairimí seo a gcruthódh coimhlint don phobal sa todhchaí. Liostaíonn Ó Cuilinn an meascán tuairimí a tháinig chun cinn ag na cruinnithe poiblí:

(a) Ba chór suíomh glas a cheannach/a fháil ón stait agus eastáit a thógaint
(b) Ba chór eastáit nua thógtha/eastáit síog a cheannach/a fháil
(c) Comharchumann tithíochta a bhunú le tithe a ligint ar cíos
(d) Tithe aonarach a cheannach i gcomharsan comónta ag teaghlaigh aonaracha
(e) An gá le soláthar oideachas/seirbhísí lánGhaeilge sa cheantar
(f) Rial docht Gaeilge a bheith i bhfeidhm lastigh de na tithe/teaghlaigh
(g) Gan rial Gaeilge a bheith i bhfeidhm lastigh de na tithe/teaghlaigh (Comhfhreagras pearsanta ó Fheargal Ó Cuillinn, 16ú Meitheamh 2015. Botúin chló sa bhuntéacs).

Tar éis na gcruinnithe poiblí, chuaigh Comhluadar i mbun fiosrúcháin le fáil amach cad a bhí ar fáil don phobal nuabheartaithe agus bhreathnaigh an eagraíocht ar fhéidearthachtaí ar fud na cathrach, '...i dTamhlacht, Leamhcán, Domhnach Bat, Balmayne agus i dtreo Bré Chualainn' (*ibid.*). Chuir Comhluadar iarratas chuig an

Aire Comhshaoil, a bhí freagrach as na heastáit fholmha, ag lorg suímh don lonnaíocht nua Ghaeilge ach níor éirigh leis an eagraíocht freagra a fháil. Tar éis dóibh dul i mbun fiosrúcháin, mhol Comhluadar dhá eastát tithíochta don phobal nua ach níor éirigh leo aontú a fháil ó na tuismitheoirí agus fonn ar dhaoine áirithe cónaí i gceantair éagsúla. Maidir leis an easaontú seo, luann Ó Cuilinn:

> Bhí daoine páirteach sa ghrúpa oibre a dúirt nach raibh ceantar den dá ceantar molta oiriúnach dóibh agus dá gclann. Bhí daoine eile den tuairim go raibh meánscolaíocht áirithe ag teastáil uathu, ó thuaidh nó theas den chathair, seachas na scoileanna a bhí ar fáil gar do na ceantracha molta (*ibid.*).

Luann Ó Cuilinn go raibh suim mhór ag daoine i gcoincheap na Nua-Ghaeltachta ach, nuair a tháinig am na cinniúna, ní raibh dóthain daoine sásta dul ar aghaidh leis an togra agus bhí saolta roinnt de na tuismitheoirí ag bogadh ar aghaidh go gasta. Bhí tuismitheoirí ann a bheartaigh tithe a cheannach in áiteanna eile agus bhí leanaí nua ag teacht ar an saol nó ní raibh na tuismitheoirí toilteanach a bpáistí a aistriú chuig ceantar nua toisc fréamhacha a bheith curtha síos acu ina gceantair féin. Dar le Ó Cuilinn, cheap daoine gurb an-smaoineamh é baile nó eastát uirbeach lán-Ghaeilge a bheith ann, ach '...ní rabhadar sásta 'dul sa tseans' agus a socraithe reatha a athrú. Ní raibh an tairseach chriticiúil ann le inmharthanacht an lonnaíocht a chinntiú' (*ibid.*). Ag an deireadh, mheas sé nár leor suim agus tiomantas a bheith ag daoine i nGaeltacht uirbeach nua chun iad a spreagadh le bogadh óna gceantair dhúchais nó ón gceantar reatha ina raibh siad ag cónaí agus fréamhacha curtha acu sna ceantair seo. Chomh maith leis an gceist áirithe sin, bhí dearcadh ann i dtaobh cúrsaí aicme agus luann Ó Cuilinn: 'I mo thuairim bhí baint fiú ag dearcadh daoine maidir le ceantracha áirithe (thuaidh vs theas na cathrach) lena cinneadh nó easpa cinneadh, tabhairt faoi' (*ibid.*). De bharr na dtuairimí measctha agus deacrachtaí teacht ar aontú maidir le Nua-Ghaeltacht uirbeach, stop an grúpa ag teacht le chéile agus tháinig deireadh lena iarrachtaí chun pobal nua a chruthú (*ibid.*). Léiríonn an iarracht a rinne Comhluadar chun Nua-Ghaeltacht a bhunú na deacrachtaí agus na heasaontais a thagann chun cinn i measc daoine i mbun tógála pobail, ceacht tábhachtach don ghníomhaire forbartha pobail.

Taispeánann na hiarrachtaí ar Ghaelphobail nua a thógáil taobh amuigh den Ghaeltacht na deacrachtaí éagsúla a thagann chun cinn agus forbairt á déanamh ar phobal nua a bhunú. Cé nár éirigh le hiarrachtaí ar leith, tá go leor le foghlaim ag

ceannairí phobail na Gaeilge uathu agus forbairt pobail ar bun acu amach anseo. Tá taithí agus eolas suntasach bainte amach acu siúd a ghlac páirt in iarrachtaí ar thógáil Gaelphobail roimhe seo agus ceachtanna tábhachtacha foghlamtha a d'fhéadfadh a bheith ina dtreoir don ghníomhaire Gaeilge inniu.

### 3.4.3 An Líonra Gaeilge

Coincheap pobail a moltar i gcás na Gaeilge ná an 'gréasán Gaeltachta' atá luaite sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge*, straitéis a sheol Rialtas na hÉireann i 2010 don Ghaeilge. De réir Éamonn Uí Chuív, a bhí ina Aire Gaeltachta nuair a seoladh an *Straitéis* i 2010, chreid sé:

> [...] go mba cheart "pobail Ghaeilge" a thógáil timpeall ar na Gaelscoileanna agus Gaelcoláistí agus seachas pobal Gaeltachta cathrach a bhunú a bheadh cosúil le na gnáth-Ghaeltachtaí, go mba cheart "Gréasáin Gaeltachta" a bhunú a bheadh bunaithe ar ghréasáin de pobail uirbeacha ach a bheadh scaipthe go fisiciúil i gceantair éagsúla (comhfhreagras pearsanta ó Ó Cuív, 29/08/17).

Bunaithe ar léargas a fuair sé ar an gcaoi a mhaireann mionteangacha ó ghlúin go glúin i gcathracha den chuid is mó i dtíortha eile éagsúla, bhí Ó Cuív den tuairim go méadódh na Gréasáin Ghaeltachta seo líon na bpáistí sna pobail Ghaelscoile a mbeadh an Ghaeilge acu ón gcliabhán in ionad leanúint leis an gcur amú a bhaineann le Gaeilge a mhúineadh ó thús do gach glúin nua. Bheadh comhpháirtíocht i gceist idir 'na pobail éagsúla, na forais oideachais, na húdaráis áitiúla agus an Stát. Gan gach taobh a bheith ag obair le chéile, ní oibreodh an smaoineamh' (*ibid*.).

Pléitear coincheap an ghréasáin Ghaeltachta mar chuid den réimse gnímh 'Tionscnaimh agus Pleananna Teanga Áitiúla lasmuigh den Ghaeltacht' sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge,* áit a luaitear:

> Aithneofar catagóir eile pobail teanga san Acht nua chun soláthar a dhéanamh do sprioctionscnaimh le pobail/gréasáin nua teanga a fhorbairt lasmuigh den Ghaeltacht. I bpobail uirbeacha is mó a bheidh siad sin, pobail a bhfuil an mhais chriticiúil riachtanach de thacaíocht Stáit agus pobail acu don Ghaeilge (Rialtas na hÉireann, 2010: 23).

Sa *Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht* mhol na húdair go ndéanfar catagóiriú ar phobail teanga na Gaeltachta bunaithe ar speictream úsáide Gaeilge agus go dtugfar Catagóir A, B nó C ar na pobail chuí, Catagóir A i gcás an phobail is láidre agus mar sin de (Ó Giollagáin *et al*., 2007a:

81-2). I gcomhthéacs an chatagóirithe ar an nGaeltacht, molann an *Straitéis* aitheantas a thabhairt don cheathrú cineál pobail, is é sin an Ghaeltacht gréasáin, a bheadh lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht (Rialtas na hÉireann, 2010: 24). De réir na *Straitéise*:

> I bpobail uirbeacha, a bhfuil mais chriticiúil bhunúsach tacaíochta pobail agus Stáit iontu don Ghaeilge, nithe mar shaoráidí cúram leanaí trí Ghaeilge, gaelscoileanna, oideachas dara leibhéal trí Ghaeilge, clubanna óige Gaeilge agus seirbhísí eile lena n-áirítear grúpaí máithreacha agus mamailíneach, seirbhísí creidimh i nGaeilge, a bheidh siad sin (*ibid*.: 24).

Forbrófar critéir shonracha don chatagóir nua lena mbainfidh '...dearcthaí poiblí, cumas teanga, soláthar oideachais trí mheán na Gaeilge agus an toil a bheith rannpháirteach go gníomhach i dtionscnaimh Ghaeilge' (*ibid*.: 24). Tugtar seasamh dleathach don chineál pobail nua seo sa *Bhille Gaeltachta, 2012,* áit a luaitear go bhféadfadh an tAire pobal sonraithe a ainmniú chun a bheith ina 'Líonra Gaeilge' (Rialtas na hÉireann, 2012: 23). I Mí na Nollag 2014, d'fhógair an áisíneacht stáit atá freagrach as an bpróiseas, Foras na Gaeilge, faoi threoir ón Roinn Ealaíona, Oidhreachta agus Gaeltachta agus, ag éirí as *Acht na Gaeltachta, 2012*, próiseas léiriú suime d'iarratasoírí i gceantair a bheadh oiriúnach do Líonraí Gaeilge (Foras na Gaeilge, 2015: ar líne). Thug Foras na Gaeilge an sainmhíniú seo a leanas ar 'Líonraí Gaeilge': '...ceantair a bhfuil bunmhais chriticiúil bainte amach acu maidir le tacaíocht pobail agus Stáit don Ghaeilge' (Foras na Gaeilge, 2014: ar líne). Chun aitheantas agus stádas oifigiúil mar Líonra Gaeilge a bhaint amach, bheadh ar eagraíochtaí pleananna teanga a ullmhú agus a chur i bhfeidhm ina gceantair féin, le Foras na Gaeilge freagrach as tacaíocht a thabhairt ina dtaobh (*ibid*.: ar líne). Tá sé chéim i gceist chun aitheantas mar Líonra Gaeilge a bhaint amach: 1) Léiriú spéise, 2) Iarratas a chomhlánú, 3) Plean teanga a ullmhú agus a aontú, 4) Ainmniú na gCeantar mar Líonraí Gaeilge, 5) Pleananna teanga a chur i bhfeidhm agus, 6) Monatóireacht ar chur i bhfeidhm na bpleananna teanga (*ibid*.: ar líne).

Roghnaíodh cúig eagraíocht i 2015 chun dul ar aghaidh chuig céim a trí, an chéad chéim eile den phróiseas roghnaithe: Muintir Chrónáin Teoranta i gCluain Dolcáin, Baile Átha Cliath; Gaeilge Locha Riach, Co. na Gaillimhe; An Clár as Gaeilge, Co. an Chláir; Forbairt Feirste in Iarthar Bhéal Feirste agus Coiste Forbartha Charn Tóchair i gCarn Tóchair, Co. Dhoire (Foras na Gaeilge, 2015: ar líne). De réir Fhoras

na Gaeilge, ‘Beidh sé mar aidhm ag na pleananna seo cur le húsáid na Gaeilge sna ceantair lena mbaineann siad i dteaghlaigh, sa phobal, san oideachas, sa saol sóisialta, i ngnó agus san earnáil phoiblí’ (Foras na Gaeilge, 15 Nollaig 2015).

Tá an smaoineamh céanna i dtaobh an Ghaelphobail atá bunaithe ar ghréasáin léirithe ag Dónall Ó Riagáin. Dar leis, tá difríocht idir na múnlaí traidisiúnta d’imoibriú sóisialta a bhfuil taithí againn air agus an t-imoibriú a tharlaíonn i gcomhthéacs uirbeach: ‘People who live in apartment blocks may barely know those living on either side of them and prefer to interact socially with friends and acquaintances acquired through work, recreation, family contacts or cultural and educational activities’ (Ó Riagáin, 2011: 93). Áitíonn Ó Riagáin go bhfuil gá le gaireacht thíreolaíoch chun sásamh a bhaint as saol an ghnáthphobail ach, sa tsochaí chomhaimseartha, go bhfuil scóip ann le haghaidh fachtóirí eile. Cé go n-aithníonn Ó Riagáin go bhfuil fiúntas ag baint le hiarrachtaí atá dírithe ar Ghaeltachtaí nua tíreolaíocha a bhunú lasmuigh den Ghaeltacht, creideann sé nach mbeidh rath orthu gan tacaíocht oifigiúil (*ibid*.: 93). Molann sé go n-athrófaí an coincheap ar Ghaeltacht ó choincheap ceantrach go coincheap atá bunaithe ar phobal a labhraíonn Gaeilge, is cuma cén áit ina bhfuil an pobal sin lonnaithe (*ibid*.: 92-3). Maíonn Ó Riagáin go bhféadfaí athmhachnamh a dhéanamh ar GIDS Fishman trí thuiscint éagsúil a thabhairt do ‘Comharsanacht’, is é sin ‘gréasáin shóisialta’ (*ibid*.: 93). Luann sé:

> I am suggesting that, as part of the new proposed national plan for Irish, Ceantair Forbartha Teanga [CFT], ‘language development areas’, should be chosen and every effort made to facilitate people living in these areas to convert their ability in Irish into active daily usage. […] One area [pilot area] might be a large urban conglomeration, such as the designated ‘Gaeltacht Quarter’ in west Belfast. Another might be adjacent to one of the Gaeltacht ‘colonies’ in County Meath. […] Another might be a provincial market town, such as Abbeyfeale in County Limerick, which has consistently performed well in the Glór na nGael competition, and where there are strong Irish-speaking networks (*ibid*.: 94).

Cosúil leis na moltaí maidir le ‘gréasáin Ghaeilge’ sa *Straitéis 20 Bliain*, molann Ó Riagáin go dtugfar tús áite do cheantair a bhfuil institiúidí Gaeilge iontu cheana féin agus, chomh maith leo siúd, go mbeidh gníomhaíocht eacnamaíochta mar chuid lárnach ina bhforbairt. Beidh cumas maith sa Ghaeilge ag seirbhísigh phoiblí ar nós Gardaí agus banaltraí a cheapfar sa CFT agus d’iarrfaí ar bhainc, siopaí, lucht na

hEaglaise agus ghnóthaí áitiúla seirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil. D'iarrfaí chomh maith ar Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge cúrsaí a chur ar fáil sna CFT. Bheadh coiste stiúrtha le cruthú i ngach ceantar le hionadaíocht áitiúil agus stáit le monatóireacht leanúnach i bhfeidhm ón tús (*ibid*.: 94). Luíonn smaointeoireacht Uí Riagáin leis na coincheapa nua-aoiseacha atá tagtha chun cinn i leith cad atá i gceist le pobal. Dar le Delanty, tá pobal an lae inniu eagraithe ar nós gréasáin, teibí agus gan infheictheacht nó aontacht (2003: 188).

Is é an sainmhíniú a thugann Holmes ar ghréasán i gcomhthéacs na sochtheangeolaíochta ná an patrún a bhaineann le caidreamh neamhfhoirmeálta a bhíonn daoine bainteach leo ar bhonn rialta (2008: 194). Maíonn an t-údar go bhfuil dhá théarma theicniúla ann chun cur síos a dhéanamh ar chineálacha gréasáin éagsúla: dlús agus *plexity*. Luann Holmes: 'Density refers to whether members of a person's network are in touch with each other. […] Plexity is a measure of the range of different types of transaction people are involved in with different individuals' (*ibid*.: 194). Is féidir briseadh síos a dhéanamh arís ar an téarma '*plexity'* agus caidrimh atá '*uniplex'* agus '*multiplex'* a aithint chomh maith. Is éard atá i gceist le caidreamh atá *uniplex* ná go bhfuil nasc idir daoine i gcomhthéacs amháin agus, le caidrimh atá *multiplex*, bíonn imoibrithe ar go leor buntomhais éagsúla (*ibid*.: 194-5). Is féidir leas a bhaint as na coincheapa seo chun measúnú a dhéanamh ar staid teanga i ngréasán ar leith.

I gcás teanga, d'fhorbair Lesley Milroy an teoiric ar ghréasán sóisialta chun cuntas a thabhairt ar fhachtóir i gclaochlú teanga a bhí bunaithe ar a tuairimí ar shaghsanna éagsúla Béarla a labhraíodh i mBéal Feirste (Sallabank, 2010: 186). Cé go bhfuil staidéar Milroy bunaithe ar athruithe teangeolaíochta na bpobal sa Bhéarla, tá suntas le haithint ina cuid tuairimí ar na hathruithe sin toisc go léiríonn an staidéar an tionchar a bhíonn ag dlús na ngréasán sóisialta ar noirm theangeolaíochta na bpobal cuí. Aithníonn staidéar le Milroy & Milroy tréith ar leith a imríonn tionchar ar na noirm seo, is é sin go bhfuil gréasán atá dlúth in ann cosaintí éagsúla a thabhairt don chanúint. Dar leo:

> Generally speaking, it seems to be true that the closer the individual's ties to a local community network, the more likely he is to approximate to vernacular norms (see L. Milroy, 1980, for details). Following some well-developed anthropological findings, we have suggested that a closeknit network has an intrinsic capacity to function as a norm-enforcement mechanism, to the

> extent that it operates in opposition to larger scale institutional standardising pressures. One corollary of this capacity of a closeknit network to maintain linguistic norms of a non-standard kind is that the LOOSENING of such a network structure will be associated with linguistic change (L. Milroy, 1980: 185; Gal, 1979) (1985: 359).

De réir Milroy & Milroy, léiríonn a staidéar go bhféadfaí a fheiceáil go bhfeidhmíonn an dlúthghréasán mar fhórsa caomhnach a sheasann an fód in aghaidh athruithe ó lasmuigh den ghréasán agus gurb iad na cainteoirí a bhfuil na naisc is laige acu leis an ngréasán a sheasann leis na noirm chanúna is lú agus atá leochaileach do na brúnna athraithe a thagann ó lasmuigh den ghréasán (*ibid*.: 362).

Tá an sochtheangeolaí, Pádraig Ó Riagáin, amhrasach maidir le cumas na ngréasán sóisialta in atáirgeadh chainteoirí Gaeilge T1, áfach, nó in atáirgeadh an phobail Ghaeilge agus luann sé '...Irish-speaking networks have been characterized by a marked degree of impermanence, openness and instability' (2008: 60). Luann sé gurb é cumas an chórais oideachais a chruthaigh dátheangaigh chumasacha in Éirinn agus, mar sin, a chothaigh rátaí buanseasmhacha an dátheangachais. Ní raibh sé de chumas ag an bpobal dátheangach a phobal féin a atáirgeadh agus an dátheangachas a chothú (2001: 204). Go príomha, is cainteoirí T2 iad tromlach na gcainteoirí seo a shealbhaigh an teanga i gcomhthéacs na scoile mar ábhar acadúil agus a chuireann le líon na gcainteoirí Gaeilge lasmuigh den Ghaeltacht (O'Rourke & Walsh, 2015: 63-4).

Is ionann na cainteoirí nua laethúla seo atá lonnaithe sa Ghalltacht sna 26 Contae agus 1.8 faoin gcéad de dhaonra an stáit agus trí cheathrú de líon iomlán na gcainteoirí laethúla Gaeilge a úsáideann Gaeilge taobh amuigh den chóras oideachas (*ibid*.: 4). Sa Tuaisceart, maíonn 4% den daonra go n-úsáideann siad an Ghaeilge go sóisialta ó am go chéile (Darmody & Daly, 2015: 89). Tá an fhorbairt chéanna i dtaobh ghréasáin na Galltachta le feiceáil i gcás na Gaeltachta chomh maith, áit a airítear meath na Gaeilge mar theanga phobail agus a himeallú sna ceantair sin mar theanga ghréasán sóisialta ar leith (Ó Riagáin, 2008: 58). Tá an pointe seo ardaithe ag Walsh chomh maith agus luann sé: '...Irish is rapidly becoming primarily a language of social networks and is ceasing to be the language of a clustered geographical community...' (2011a: 411) mar sin, léirítear i gcás na Gaeilge go bhfuil an t-idirdhealú idir an Ghaeltacht mar cheantar a labhraíonn Gaeilge agus an Ghalltacht mar cheantar a labhraíonn Béarla, ag éirí níos doiléire le Gaeilgeoirí an dá

cheantair éagsúil ag forbairt agus ag coinneáil gréasán teanga chun an Ghaeilge a chothú.

Sa Ghaeltacht agus lasmuigh di, tá an Ghaeilge ag maireachtáil taobh le taobh leis an mBéarla, le lucht na Gaeilge ag dul i ngleic leis an dátheangachas gach lá (Walsh, 2011b: 43). Tá gach cainteoir Gaeilge dátheangach, le hualach an dátheangachais ag titim ar an mionteangóir Gaeilge (*ibid*.: 43), rud a chiallaíonn go bhfuil an Béarla éigeantach don Ghaeilgeoir ach go bhfuil an Ghaeilge roghnach don Bhéarlóir (Ó Giollagáin & Ó Curnáin, 20 Nollaig 2009). I gcás mionteanga ag dul i ngleic le mórtheanga, is é 'an dátheangachas aontreoch' a bhíonn i ndán don mhionteangóir, is é sin go dtéann sé i dtreo na mórtheanga (Ó Curnáin, 2012: 360). Is sa chóras oideachais is mó a úsáidtear an Ghaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht agus i ndiaidh fágáil na scoile don dalta, tagann laghdú ar an úsáid seo (Denvir, 1999: 26). Dar le Denvir:

> The marked distinction between, on the one hand, attitudinal support and claimed competency levels, and, on the other hand, actual use and visibility/audibility on a day-to-day basis in public and private life, is a direct result of state concentration on competence levels (mostly through the school system) to the detriment of the creation of a linguistic milieu that would foster bilingual (not to mention monolingual Irish) behaviour (1999: 28).

De réir Uí Ghiollagáin, bhí béim straitéiseach ag an stát maidir le cainteoirí tánaisteacha Gaeilge a chruthú tríd an gcóras oideachais, le comharthaí ann go mbeadh athbheochan na teanga trasghearrtha agus rannógach (2014a: 24). Inniu, dar leis, tá an stát Éireannach ag ligeaint cultúr beo na Gaeilge chun na staire, '...while at the same time attempting to disguise this significant shift in policy by subcontracting its new policy of encouraging L2 language networks to language agencies with inadequate capacities and resources for the task' (2014b: 101). Maíonn sé áfach, go bhfuil gá le haithint '...that the State's language policies to date have most likely prolonged the lifecycle of the Irish-speaking communities in the Gaeltacht and that they have contributed to the emergence of a sizeable cohort of second-language speakers of Irish' (2014a: 36). Ardaíonn an díospóireacht seo an suntas a bhaineann le cruthú chainteoirí T1 don mhionteanga agus na fachtóirí atá ag teastáil chun é sin a bhaint amach go héifeachtach. Tá an tábhacht seo aitheanta ag Krauss (1992: 4) a luann 'Languages no longer being learned as mother-tongue by children are beyond mere endangerment, for, unless the course is somehow dramatically reversed, they

are already doomed to extinction, like species lacking reproductive capacity. Such languages I shall define as 'moribund''. Pléann Denvir an cheist seo chomh maith agus luann sé:

> Unless the language remains the first or home language, or at least in a situation of perfect or compound bilingualism, for a significant number of families both in the Gaeltacht and throughout the country, the long-term future of the language will be insecure, to say the least (1999: 26).

Maidir leis an dátheangachas cothrom, tá acadúlaigh éagsúla den tuairim nach bhfuil sé seo indéanta. Mar shampla, dar le Ó Giollagáin agus Ó Curnáin, déanfar creimeadh ar úsáid shóisialta na Gaeilge sa Ghaeltacht má chuirtear an dátheangachas chun cinn sna ceantair sin agus luann siad: 'Bilingual social practice is inherently and disadvantageous for the minority language' (20 Nollaig 2009). Maíonn Dunbar maidir leis an dátheangachas cothrom:

> Scholarly attention is now focused not simply on questions of competence, but on the ways in which people use their two languages in different contexts (so-called 'functional bilingualism'). It is reasonably clear, though, that 'balanced bilingualism' – strongly similar, and high levels of competence in two languages – is not the norm amongst people who do have some command and who make use of two languages, and that the two languages tend to be used to different extents in different social situations. This tends to be particularly true of speakers of minoritised languages [...] (2011: 151).

Má tá an fhírinne le baint as na hargóintí seo i gcás na mionteanga, ceistítear an bhfuil gréasáin Ghaeilge ábalta an chosaint riachtanach don Ghaeilge mar T1 a chur ar fáil i gcomhthéacs dátheangach, áit a bhfuil ceannas ag an mBéarla. Chun páiste a thógáil le Gaeilge i dtimpeallacht ina labhraíonn tromlach an phobail Béarla, bíonn cinneadh comhfhiosach agus pleanáil i gceist chun sóisialú rialta trí mheán na mionteanga a aimsiú don pháiste agus don teaghlach. De réir Denvir, bíonn tuiscint fhéiniúlachta i gceist leis an gcinneadh seo:

> A person or a community of people who choose to use a particular language – especially a "minority" or "endangered" or lesser-used language – will be conscious most times of the ramifications of their declaration of allegiance. Such a conscious decision comes from a developed sense of identity and of positive self-worth. In addition to that, a person or community making such language choices will not tend toward passivity and mute acceptance of imposed decisions from above and outside (1999: 44).

Is léir go bhfuil bainistíocht ar ghníomhaíochtaí an tsaoil ag teastáil chun ionchur substaintiúil a fháil ón mionteanga taobh amuigh den bhaile agus déanann an taighde

seo iniúchadh ar úsáid na Gaeilge i ngréasáin shóisialta an duine chun an t-ionchur seo a chur ar fáil.

Léiríonn Ó Tuathaigh amhras maidir leis na gréasáin Ghaeilge atá ag feidhmiú in Éirinn agus ceistíonn sé a n-éifeacht i gcothú na Gaeilge. Tá pobal sainspéise na Gaeilge bunaithe ar ghréasáin theanga leochaileacha i gceantair uirbeacha lena bhfuil cainteoirí dúchais agus dátheangaigh thánaisteacha bainteach leo agus ardaíonn an t-údar ceisteanna i dtaobh seachadadh idirghlúine na Gaeilge ina gcásanna agus atáirgeadh na ngréasán seo:

> The social 'porosity' of these networks, their vulnerability to disruption in a highly mobile society, are only the more obvious signs of this fragility. Again, these networks are frequently generated and sustained (in so far as they are sustained) through association with a particular Gaeltacht community/experience. What would be the consequence for these dispersed (largely urban) networks if the remaining Gaeltacht enclaves were, in effect, to wither away as viable Irish-speaking communities? (2008: 41).

Dar le Ó Tuathaigh, ní fios an bhfuil an toil pholaitiúil ann, ag an leibhéal áitiúil nó ag leibhéal an stáit, chun bearta radacacha a ghabháil mar chuid de phlean tarrthála a bheadh inchreidte chun an t-aistriú teanga sa Ghaeltacht atá fós beo nó ar mhaithe le pobal Gaelach a bhunú sa tír i gcoitinne (*ibid*.: 41). Aithníonn sé gur chóir an athbheochan atá ar bun ar mhaithe leis an nGaeilge i measc an daonra scaipthe ar fud na tíre a aithint, cé gurb é an Béarla atá i mbarr réime, ach maíonn sé: 'But nowhere among the widely dispersed community of real (and aspiring) Irish-speakers throughout Ireland has a self-sustaining urban community been established in which Irish runs uninterrupted through the main communication arteries of that community' (*ibid*.: 41). Dar leis, theip ar Ghaeilgeoirí scaipthe ar fud na tíre dlúthphobal Gaelach a bhunú ina mbeadh an Ghaeilge ina gnáththeanga:

> [...] the large number of Irish-speakers dispersed throughout Ireland still have not succeeded (nor has state policy seriously attempted to plan for or to assist them) in establishing settlements of Irish-speakers of sufficient critical mass to generate the kind of 'credible acoustic reality' of Irish, that would affirm the young in a language reflex favourable to using Irish, or that would ensure that the stranger, newcomer or language-learner would accept the normalcy of linguistic conformity in the interests of living 'the full life' in such a community (*ibid*.: 41).

Maíonn Ó Riagáin nach bhfuil mionlach na dteaghlach Gaelacha líonmhar nó comhchruinnithe a dhóthain go spásúil chun pobal iomlán a chruthú, pobal a bheadh

in ann réimse iomlán fearannas sóisialta a choinneáil, taobh amuigh den Ghaeltacht (2008: 59). Ní úsáideann ach trí faoin gcéad de dhaoine fásta sa Ghalltacht an Ghaeilge mar a gcéad theanga nó mar phríomhtheanga (*ibid*.: 58). Áitíonn sé nach bhfuil na gréasáin Ghaeilge láidir go leor chun atáirgeadh na Gaeilge labhartha nó a seachadadh chuig an gcéad ghlúin eile a chinntiú (2001: 211). Dar leis, le cainteoirí na Gaeilge dáilte go forleathan i measc ceantar ina labhraítear Béarla, is féidir caillteanas thar an saolré a shamhlú agus, leis na gréasáin seo bunaithe go lag, scaipthe óna chéile agus gan iad a bheith mór go leor nó creathach go leor, tá sé deacair rannpháirtithe nua a mhealladh agus a choinneáil (*ibid*.: 202-203). Tá Ó Riagáin den tuairim go bhfuil gréasáin Ghaeilge teoranta ina ndáileadh, a líon daoine agus a méid i dtimpeallacht Bhéarla (*ibid*.: 202).

Ceistítear sa tráchtas seo, mar sin, cumas na ngréasán sóisialta Gaeilge cainteoirí nua T1 a atáirgeadh go héifeachtach agus an mionphobal a atáirgeadh chomh maith.

### 3.5 An Phleanáil Teanga

De réir Uí Ifearnáin (2006: 5), 'Fís eile don teanga agus do lucht a labhartha atá taobh thiar den phleanáil teanga'. Nuair a thugtar faoi pholasaí pleanála teanga, bíonn fís maidir le cás sochtheangeolaíoch i gceist atá le baint amach sa todhchaí (Daoust, 1997: 440). Áitíonn Webb go ndíríonn an próiseas pleanála teanga ar an duine agus an pobal:

> Firstly, referring to the process as *language* planning can be misleading, and may contribute to creating unfounded expectations. "Language planning" should be rather seen as *people* (or community) planning, with the emphasis on the educational, economic, political and social development of people (2002: 44).

Is é an cur síos a thugann Ó Riain ar an bpleanáil teanga ná 'Gníomhaíocht eagraithe chun fadhbanna teanga a réiteach, ar an leibhéal náisiúnta de ghnáth, sin an sainmhíniú is mó a bhaineann le hábhar den iliomad sainmhínithe atá ar an bpleanáil teanga' (1994: 1-2). Is í sprioc na pleanála teanga ná athrú san iompar teangeolaíochta chomh maith le dearcthaí i leith na teanga (Daoust, 1997: 451). Úsáideann Ní Dhúda an téarma 'pleanáil teanga' ina saothar 'chun tagairt do na gníomhaíochtaí a cheaptar chun dul i bhfeidhm ar iompar teanga' agus úsáideann sí an téarma 'córas idirghabhála' mar mheicníocht chun plean teanga a fheidhmiú chun cur síos a dhéanamh ar an bpleanáil (2014: 8).

Maíonn an teangeolaí Crystal (2006: 444) gurb éard atá i gceist leis an bpleanáil teanga ná '[...] the creation and implementation of an official policy about how the languages and linguistic varieties of a country are to be used.' Tugann Crystal cur síos leathan ar úsáid na pleanála teanga agus luann sé:

> [...] planning issues are to be found in all countries, as people debate such topics as the place of minority languages, foreign language teaching and learning…, the role of an academy in safeguarding standards, the influence of the media on usage, the value of spelling reform, the avoidance of sexist language, the need for plain English, stylistic standards in publishing, and the maintenance of oracy and literacy levels in school (*ibid*.: 444).

De réir Ager, is éard atá i gceist leis an bpleanáil teanga ná na bealaí éagsúla a úsáideann pobail eagraithe a bhfuil naisc reiligiúnacha, eitneacha nó pholaitiúla acu, chun iarracht choinsiasach a dhéanamh le tionchar a imirt ar na teangacha a úsáideann a mbaill féin, más sa chóras oideachais atá i gceist nó sna slite a úsáideann na hacadaimh, na foilsitheoirí nó na hiriseoirí chun an teanga a athrú (Ager, 2001: 5-6). Bíonn an beartas teanga ionadaíoch ar chleachtas cumhachta polaitiúil mar gheall gur pleanáil oifigiúil atá sa phleanáil teanga atá curtha i bhfeidhm ag an údarás polaitiúil (*ibid*.: 5-6). Creideann Ó hIfearnáin, áfach, gur leis an bpobal urlabhra féin an beartas teanga, ní leis na húdaráis pholaitiúla amháin agus go bhfuil fíorbheartas teanga an phobail le feiceáil sna rudaí a chreideann siad faoina gcuid teangacha (an idé-eolaíocht), sna roghanna a dhéanann siad i dtaobh na dteangacha sin agus ó thaobh cineáil na teanga a úsáideann siad (an cleachtas) (2006: 1).

Ní chun leas na teanga a tharlaíonn an phleanáil teanga i gcónaí, áfach. Luann Ó hIfearnáin gur féidir bás teanga a phleanáil chomh maith (2006: 2) agus feictear é seo i gcás an choilíneachais le cur chun cinn theanga an choilínithe trí theanga na ndúchasach a scrios. Tá samplaí den bheart seo le feiceáil in Éirinn, i Meiriceá Theas agus i dtíortha éagsúla san Afraic. Creidtear go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le scriosadh teanga na ndúchasach mar atá pléite ag Ngũgĩ Wa Thiong'o, scríbhneoir ón Chéinia. Dar leis, is é an mhórtheanga a chur ar na dúchasaigh an chéim is tábhachtaí i bpróiseas an choilíneachais agus, ag trácht ar chás teanga dúchasach sa Chéinia, is í sin Gikũyũ, luann sé:

> The real aim of colonialism was to control the people's wealth: what they produced, how they produced it, and how it was distributed; to control, in other words, the entire realm of the language of real life. [...] But its most important area of domination was the mental universe of the colonised, the

> control, through culture, of how people perceived themselves and their relationship to the world. Economic and political control can never be complete or effective without mental control. [...] The domination of a people's language by the languages of the colonising nations was crucial to the domination of the mental universe of the colonised (1986: 16).

I gcás na Gaeilge in Éirinn, pléann Mac Ionnrachtaigh an tionscnamh comhshamhlaithe a cuireadh i bhfeidhm chun muintir na hÉireann a thógáil isteach i mórchultúr an Bhéarla (2013: 63). Dar leis, bhí an taithí chomhshamhlaithe a d'airigh na hÉireannaigh mar an gcéanna le taithí na ndúchasach eile in impireacht na Breataine, áit a raibh scriosadh nó comhshamhlú na dteangacha dúchasacha ina bpríomhghné a tharla in aon turas de ghnáth. Bhí buntáiste i gceist do na coilínigh, dar leis, toisc: 'Such cultural invasion not only created subservient and loyal subjects, but simultaneously facilitated the economic power and wealth of the expanding power' (*ibid.*: 63).

I gcomhthéacs an tséanta chultúrtha, pléann Freire an tionchar a imríonn ionradh cultúrtha ar an duine atá coilínithe agus mian an duine aithris a dhéanamh ar an gcoilíní:

> For Cultural invasion to succeed, it is essential that those invaded become convinced of their intrinsic inferiority. Since everything has its opposite, if those who are invaded consider themselves inferior, they must necessarily recognize the superiority of the invaders. [...] The more invasion is accentuated and those invaded are alienated from the spirit of their own culture and from themselves, the more the latter want to be like the invaders: to walk like them, dress like them, talk like them (1970: 134).

Luann Ó Giollagáin go gcleachtann gach pobal nó aonad polaitiúil an phleanáil teanga ach, i gcás an mhionlaigh teanga, go mbíonn siad níos 'féinchomhfhiosaí faoina bhféiniúlacht de thoradh phróiseas an mhionlaithe' (2012: 199, 200). Aithnítear gur féidir le pleanáil agus polasaí do theanga a bheith faoi cheilt ach fós féin tionchar mór a bheith acu (Liddicoat & Taylor-Leech, 2020: 4). Maíonn Ó hIfearnáin (2006: 6) nach gcaithfidh an beartas teanga a bheith follasach i gcónaí ach 'bíonn sé le tuiscint as dioscúrsa agus gníomh i leith na teanga, nó i leith na dteangacha, a labhraítear sa tsochaí.' Cé nach mbíonn teanga luaite i gcáipéisíocht oifigiúil go hoscailte i gcónaí, is ón gcleachtas a bhíonn ag an bpobal nó ag na húdaráis i leith na teanga a thuigtear an beartas teanga. Maidir leis an mbeartas teanga neamhoscailte sin, creideann Ó hIfearnáin go mbíonn '…sé níos deacra an

*beartas intuigthe* sin a shainiú ar an ábhar gur minic i bhfolach é, nó bunaithe chomh fada agus chomh domhain in intinn an phobail nó an stáit is nach luaitear é' (*ibid*.: 6). Feictear sampla den bheartas teanga neamhoscailte i gcás an Bhéarla:

> Is beag bunreacht nó dlí i dtíortha an Bhéarla a luann an teanga ar chor ar bith, cuir i gcás, ach tá beartas na dtíortha sin agus a bpobal le brath ina n-iompar, ina ndearcadh comhchoiteann ar fhoirmeacha áirithe den teanga a bheith níos uaisle nó níos cirte, níos údarásaí nó níos tútaí, ar dhualgas na n-inimirceach an teanga a fhoghlaim agus a úsáid, agus ar gach gné d'iompar teangeolaíochta na sochaí. Tá beartas teanga i bhfeidhm sa chás sin, fiú mura bhfuil sé fógartha (Ó hIfearnáin, 2006: 6).

De réir Webb, bíonn cur chuige ón mbun anuas agus ón mbun aníos i gceist leis an bpróiseas ach leagann sé béim ar leith ar an gcur chuige ón mbun aníos a bhíonn i gceist leis:

> Language planning is, essentially, a top/down activity – it needs to be effectively managed. However, if language planning does not have the support of the communities it is intended for, it cannot succeed (without excessive force). To be effective, language planning needs to be complemented by a bottom/up approach. A bottom/up approach does not necessarily mean that people from grass-roots levels have to be actively involved in the process. It does mean though that the interests of the general public have to be served, and not just the interests of government (2002: 43).

Aithnítear an phleanáil chorpais, an phleanáil stádais agus an phleanáil shealbhaithe mar na trí phríomhghné den phleanáil teanga. Luann Crystal 'In *corpus planning*, the changes are introduced into the structure (or *corpus*) of a language/variety – as when changes are proposed in spelling, pronunciation, grammar, or vocabulary' (2006: 444-5). Leis an bpleanáil stádais, 'dírítear ar sheasamh na teanga maidir le teangacha eile nó ar a hionad sa tsochaí nó ar riachtanais an rialtais náisiúnta… Le leagan amach feidhmeanna teanga a bhaineann an phleanáil stádais, leagan amach a fhreagraíonn go minic do thoscaí seachtheangeolaíochta' (Ó Riain, 1994: 3).

Chuir Cooper (1989) le cineálacha na bpleanáil teanga leis an bpleanáil shealbhaithe. Bíonn an phleanáil shealbhaithe bainteach le múineadh, foghlaim agus sealbhú na teanga (Mac Donnacha, 2000: 11) agus téann sí i bhfeidhm ar 'acquisition, reacquisition or maintenance of first, second or foreign languages' (sleachta ó Cooper, 1989 luaite i Ager, 2001: 5-6). Tá dlúthbhaint idir an phleanáil teanga agus forbairt iomlán an phobail mar sin tá sé ríthábhachtach díriú ar an ngné shuntasach seo chun pleanáil teanga rathúil a chur i bhfeidhm. Luann Mac Donnacha (2000: 19):

> For language planning to be successful, the long-term viability of the community expected to support the language has to be taken into account. This calls for activities which promote the economic viability of the community, ensure they have access to services such as education, health and social welfare, and develop the community's own sense of self-belief and esteem.

Cuimsíonn an ghné seo den phleanáil teanga forbairt pobail, cultúrtha, sóisialta, fisiciúil agus eacnamaíoch. Tá tábhacht ar leith ag baint le cothú an phobail féin agus aithnítear an ról a imríonn an fhorbairt pobail sa phleanáil teanga. Is próiseas mall céimnithe fadtéarmach é an phleanáil teanga (Ní Dhúda, 2014: 14) agus bíonn struchtúr cinnte idirghabhála agus tacaíochta ag teastáil chun go mbeidh an seans is fearr ag próiseas na pleanála teanga (*ibid*.: 6).

Luann Ní Dhúda (2014: 7) go bhfuil ceithre chéim bainteach le próiseas na pleanála teanga: Taighde, Plé, Cur i bhFeidhm agus Monatóireacht. Ag croílár an phróisis bíonn an Fhís agus na haidhmeanna atá le baint amach. Luann Mac Donnacha (2000: 16-7) go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le dearcthaí dearfacha i leith na sprioctheanga sa phleanáil teanga toisc go bhféadfaidís daoine a chur i mbun gnímh a thacaíonn léi. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh dearcthaí dearfacha tacaíocht mhorálta a chur ar fáil dóibh siúd atá ag foghlaim na sprioctheanga nó ag cuir na sprioctheanga chun cinn (*ibid*.: 17). Bíonn airgeadas i gceist le hiarrachtaí athneartaithe teanga agus, mar gheall air sin, 'Regardless of economic circumstances, it is unlikely that any government could sustain such high levels of investment over long periods of time if favourable attitudes toward the target language did not exist in the community' (*ibid*.: 17). Sa chomhthéacs seo, creideann Mac Donnacha go bhfuil giniúint dearcthaí dearfacha i leith na sprioctheanga ina chuid thábhachtach den iarracht athneartaithe teanga ach nach féidir breathnú air mar thomhas éifeachta (*ibid*.: 17).

Lonnaítear dearcthaí i leith teangacha i gcomhthéacs leathan nach mór don phleanálaí teanga a bheith ar an eolas faoi. Luann Fishman (1989: 251) 'Obviously, languages are not liked or disliked in a vacuum, but rather liked or disliked as symbolic of values, of peoples, of ideologies, of behaviours'. Maíonn Aronson freisin nach féidir iompar a spreagadh i gcónaí le dearcthaí dearfacha ach go bhfuil insroichteacht ar dhearcadh ina fachtóir tábhachtach a mhéadaíonn an dóchúlacht ó thaobh dearctha a chur i ngníomh: '**Attitude accessibility** refers to the strength of

the association between an object and your evaluation of it' (*ibid*.: 161-2). De réir Kircher, 'A language that is perceived to have much status is one that is associated with power, economic opportunity, and upward social mobility' (2019: 5). Léiríonn dearcthaí i leith an Bhéarla san Afraic Theas an chumhacht a bhaineann le comhcheangail idir teanga agus feidhmeanna leis an ardstádas a thugtar don Bhéarla. Luann Webb:

> [...] black parents in South Africa overwhelmingly prefer English as the language of learning and teaching for their children, for the simple reason that English is equated with success and opportunity. Parents argue, quite rightly, that their children will only be successful in life in South Africa if they know English, since English is the dominant language of all public domains in the country (2002: 10).

Taispeántar sa chás seo an suntas a bhaineann le feidhmeanna na sprioctheanga agus na spreagthaí a ghintear i gcomhthéacs na gcomhcheangal a dhéantar idir teanga agus dul chun cinn. I gcás na mionteanga agus cúrsaí féiniúlachta, ní airíonn an duine comhcheangail i gcónaí idir an teanga agus féiniúlacht an duine. De réir May, is dúshlán é seo do ghluaiseachtaí mionteanga agus luann sé:

> A particular challenge for advocates of MLR [minority language rights] in this regard is the widespread consensus in social and political theory, and increasingly in sociolinguistics and critical applied linguistics, that language is at most only a contingent factor of one's identity. In other words, language does not define who people are, and may not be an important feature, or indeed even a necessary one, in the construction of their identities, whether at the individual or collective levels (2003: 97).

Léirítear sa chás seo go n-imríonn dearcthaí agus comhcheangail i leith na sprioctheanga tionchar suntasach ar iompar an spriocphobail i leith na teanga agus go bhfuil beartais atá dírithe ar stádas agus sainbhrí na mionteanga i saol an duine ríthábhachtach sa phróiseas pleanála teanga.

### 3.6 An Fhorbairt Pobail

Mar atá pléite níos luaithe sa chaibidil seo, tá sé maíte ag Mac Donnacha (2000) agus Romaine (2006 luaite i Ní Dhúda, 2014) go bhfuil inmharthanacht an mhionphobail féin ríthábhachtach agus iarrachtaí pleanála teanga ar bun. Maítear sa tráchtas seo mar sin go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an bhforbairt pobail i bpróiseas na pleanála teanga agus tugtar sainmhíniú ar an gcoincheap anseo.

De réir Gilchrist & Taylor, tuigtear gur cur chuige atá i gceist leis an bhforbairt pobail lena mbaineann na prionsabail seo a leanas leis: ceartas sóisialta, comhionannas, rannpháirtíocht, cumhachtú, comhghníomhú, comhoibriú agus foghlaim (2011: 67-8). Bíonn cur chuige ón mbun aníos i gceist le prionsabail na forbartha pobail (*ibid*.: 75) agus, dar leis na húdair, 'Community development is fundamentally concerned with power relations, in society at large and at the micro level' (*ibid*.: 117). De réir Meade *et al*, tá an fhorbairt pobail:

> [...] premised on the belief that citizens can, or at least should, be active agents of social, economic, political or cultural change. Their collective agency may be expressed via localised forms of organisation or through expressions of solidarity and shared purpose that transcend geography (2016: 2).

De réir Bridger agus Luloff, má tá forbairt pobail inmharthana le tarlú, ní mór eolas agus iarrachtaí na ndaoine áitiúla a bheith bainteach léi (2001: 461). I gcás na Gaeilge, áfach, ní bheifí ag díriú ar dhaoine áitiúla i gcónaí mar chuid de phróiseas na forbartha pobail mar gheall ar nádúr na bpobal éagsúil a bhaineann leis an nGaeilge. Feidhmíonn pobail áirithe na Gaeilge trí ghréasáin shóisialta agus d'fhéadfaí a mhaíomh gur pobal sainspéise é pobal na Gaeilge i go leor cásanna. Tugann Cullen cur síos ar an gcineál pobail seo: 'Interest communities occur when people express their common interests across and within geographic boundaries. Solidarity interest communities exist in relation to common interests such as ethnicity, nationality, religion and language' (1994: 38). De ghnáth, cruthaítear pobail sainspéise trí iarrachtaí atá beartaithe agus bíonn na daoine a bhíonn i mbun a gcruthaithe ina mbaill dhóchúla '...who wish to form such groups in pursuing their own needs and issues or of others who advocate the formation of such groups in order to reach out and discover a common voice for group members' (*ibid*.: 39). Is féidir leis an ngrúpa sainspéise feidhmiú trí ghréasáin:

> Interest communities tend to exist on both network and organised levels. Networks facilitate the flow of information and mutual support across individuals and groups of individuals with shared interests. Organised interest communities are usually tightly integrated around a common understanding of issues and of actions, sometimes political, required to resolve problems (*ibid*.: 39)

Déantar iniúchadh sa tráchtas seo ar mhúnlaí forbartha pobail atá in úsáid i bpobail éagsúla Ghaeilge agus, toisc gur mionghrúpa é pobal na Gaeilge a labhraíonn teanga

atá leochaileach i dtír ina bhfuil an Béarla ina mhórtheanga agus forleathan i ngach réimse den saol, airítear go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le prionsabail a chuireann le cothú agus forbairt na bpobal Gaeilge.

Feictear go mbíodh agus go bhfuil cur chuige na forbartha pobail in úsáid ag gluaiseacht na Gaeilge ina gcuid iarrachtaí chun an teanga a chothú agus a chur chun cinn. Mar shampla, tá cur chuige na forbartha pobail le feiceáil i ngníomh lucht Bhóthar Seoighe, nuair a bhunaigh cúig theaghlach Nua-Ghaeltacht in iarthar Bhéal Feirste, pobal a d'fhás go 22 teaghlach Ghaelacha. Gan tacaíocht ón stát agus ag brath ar airgead a d'éirigh leis na teaghlaigh a bhailiú agus a fháil ar iasacht (Mac Ionnrachtaigh, 2013: 89-90), tá prionsabal na féinchabhrach a bhaineann leis an bhforbairt pobail le haireachtáil sa chás seo. Luann Meade *et al* '…*community development* is concerned with promoting community self-help and citizen participation' [cló iodálach sa bhuntéacs] (2016: 3-4). Tá tábhacht ar leith ag baint le grúpaí féinchabhracha, dar le Putnam, a luann 'Self-help groups certainly provide emotional support and interpersonal ties that are invaluable to the participants' (2000: 150).

Tá tábhacht ag baint le prionsabail fhéinchabhracha don phobal mionteanga agus maíonn Nettle agus Romaine go mbaineann spleáchas ar an stát an bonn ó fhreagracht agus cheart an mhionlaigh chun smacht a bheith acu ar a gcúrsaí féin. Leagann na húdair béim ar thábhacht an neamhspleáchais don ghrúpa mionlaigh:

> Insofar as a minority language represents an alternative point of view and lifestyle that is potentially in conflict with the dominant culture, requests for bilingual education may represent a threat to the powers that be. … No language or culture can endure if it is dependent on another for its intergenerational transmission (2000: 189).

Taispeánann an choimhlint seo an tábhacht a bhaineann le meon neamhspleách an phobail mhionteanga agus na buntáistí a bhaineann le cur chuige na forbartha pobail don phobal sin.

Leagann Putnam béim ar an gcaipiteal sóisialta agus na buntáistí a bhaineann leis do phobail. Is éard atá i gceist le caipiteal sóisialta ná na naisc atá ann idir daoine aonaracha, '– social networks and the norms of reciprocity and trustworthiness that arise from them' (2000: 19). Luann an t-údar go bhfuil an coincheap nasctha le suáilce sibhialta ach go bhfuil difríocht eatarthu:

> The difference is that "social capital" calls attention to the fact that civic virtue is most powerful when embedded in a dense network of reciprocal social relations. A society of many virtuous but isolated individuals is not necessarily rich in social capital (*ibid*.: 19).

Dar le Putnam, bíonn tuiscint chómhalartachta i gceist leis an gcoincheap agus luann sé go bhfuil tairbhe ann don phobal áit a mbíonn cómhalartacht ghinearálaithe ann (*ibid*.: 21). Luann sé:

> A society characterized by generalized reciprocity is more efficient than a distrustful society, for the same reason that money is more efficient than barter. If we don't have to balance every exchange instantly, we can get a lot more accomplished. Trustworthiness lubricates social life. Frequent interaction among a diverse set of people tends to produce a norm of generalized reciprocity (*ibid*.: 21).

Luann Franklin go mbíonn na ceangail a thógtar le caipiteal sóisialta tairbheach don phobal agus go gcothaíonn caipiteal sóisialta comhtháthú sóisialta chomh maith le braistint mhuiníne agus chómhuintearais. Cuireann caipiteal sóisialta deiseanna ar fáil chomh maith (2007: 2). Dá mhéad caipiteal sóisialta atá ann, dar leis, '[…] the more we are likely to get involved in local communities, and become economically active and prosperous' (*ibid*.: 2).

Tá cur chuige na forbartha pobail le feiceáil inniu chomh maith san obair a dhéanann gluaiseacht na Gaeilge ar son phobail na Gaeilge. Bíonn an iliomad grúpaí agus eagraíochtaí Gaeilge ar nós Conradh na Gaeilge agus Misneach gníomhach i stocaireacht a dhéanamh ar mhaithe le cearta teanga do lucht na Gaeilge. Airítear sa ghníomh seo cur chuige Saul Alinsky, eagraí pobail ó na 1930aí go dtí na 1970aí, i dtaobh obair phobail. Molann Alinsky don radacaí obair taobh istigh den chóras chun athruithe réabhlóideacha a bhaint amach sa tsochaí (1971: xix-xxii) agus go dtógfar Eagraíocht na nDaoine chun na hathruithe seo a bhaint amach, eagraíocht atá daonlathach le ceannairí dúchais ón bpobal féin (1946: 87). Is grúpa coimhlinte é Eagraíocht na nDaoine agus, dar le Alinsky:

> The building of a People's Organization is the building of a new power group. The creation of any new power group automatically becomes an intrusion and a threat to the existing power arrangements. It carries with it the menacing implication of displacement and disorganization of the status quo (*ibid*.: 153).

Dar leis, caithfidh daoine teacht le chéile chun eagraíocht a thógáil má tá athruithe le tarlú: ‘Change comes from power, and power comes from organization’ (1971: 113). Chun pobal a eagrú, tá mí-eagar pobail ag teastáil ar dtús agus luann Alinsky ‘Present arrangements must be disorganized if they are to be displaced by new patterns that provide the opportunities and means for citizen participation. *All change means disorganization of the old and organization of the new’* [cló iodálach sa bhuntéacs] (*ibid*.: 116).

Feictear peirspictíocht Paulo Freire, fear a raibh baint aige le cúrsaí oideachais do dhaoine fásta, san iarracht a rinne Deasún Fennell agus Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta chun féinriail don Ghaeltacht a bhaint amach le linn na 1960aí. Rinne an iarracht seo iarracht caidrimh chumhachta a athrú trí stát nua Gaelach taobh istigh den stát a chruthú a bheadh lonnaithe i nGaeltacht na Gaillimhe agus a chuirfeadh cumhacht i lámha na nGael. Tá Fennell den tuairim go raibh muintir na Gaeltachta buailte agus áitíonn sé ‘In their present condition, they saw themselves, to a considerable degree, merely as objects on which others acted’ (Fennell, 1985: comhfhreagras pearsanta). Creideann an t-údar go mbeadh féinriail don Ghaeltacht ina cabhair do mhuintir na Gaeltachta agus go mbreathnóidís orthu féin mar ‘*shapers and developers of their own lives*’ [cló iodálach sa bhuntéacs] (*ibid*.).

Luíonn smaointeoireacht Fennell le smaointeoireacht Freire i dtaobh daoine faoi chois agus is é an cur chuige atá ag Freire i dtaobh na sochaí a athrú ná athruithe a bhaint amach trí chumhacht a bhaint ón lucht ansmachta agus é a thabhairt do lucht na fulaingthe. Áitíonn an t-údar go bhfuil oideolaíocht lucht na fulaingthe i gcroílár an phróisis ar mhaithe le saoirse a bhaint amach, oideolaíocht atá ina malairt ar an oideachas a fhaigheann an duine ón lucht ansmachta:

> Education as the practice of freedom – as opposed to education as the practice of domination – denies that man is abstract, isolated, independent, and unattached to the world; it also denies that the world exists as a reality apart from people. Authentic reflection considers neither abstract man nor the world without people, but people in their relations with the world (1970: 62).

Maíonn Freire go bhfuil sé tábhachtach, mar chuid den chineál oideachais seo, go mothaíonn daoine go bhfuil siad ina ‘masters of their thinking’ trí phlé a dhéanamh ar smaointeoireacht agus ar dhearcthaí an domhain atá léirithe ina gcuid tuiscint féin agus i dtuiscintí a gcuid comrádaí, más soiléir nó go ceilte atá siad (*ibid*.: 105). Toisc

go gcreidtear, leis an dearcadh seo ar oideachas, nach féidir clár oideachais a chur ar fáil ach go gcaithfear clár oideachais a lorg in éindí leis na daoine trí chomhrá ón dá thaobh, tionscnaítear oideolaíocht lucht na fulaingthe lena mbíonn lucht na fulaingthe páirteach (*ibid*.: 105). Pléann Freire *conscientização,* is é sin 'The term […] refers to learning to perceive social, political, and economic contradictions, and to take action against the oppressive elements of reality' (*ibid*.: 17 (fonóta 1)). Dar leis an údar, '...reflection – true reflection – leads to action' (*ibid*.: 48) agus leagann sé béim ar an tábhacht a bhaineann le praitic, is é sin machnamh agus gníomhú ar an domhan ar mhaithe len é a athrú (*ibid*.: 33). Áitíonn Freire go bhfuil rannpháirtíocht an duine ríthábhachtach agus maíonn sé go ndéantar rudaí de dhaoine nuair a diúltaítear páirt dóibh sa phróiseas déanaimh-chinntí a bhaineann leo (*ibid*.: 66). Dar leis, ní mór do na ceannairí réabhlóideacha obair i dtreo réabhlóid chultúrtha, in éindí le lucht na fulaingthe, chun saoirse a bhaint amach agus dar leis:

> "Cultural revolution" takes the total society to be reconstructed, including all human activities, as the object of its remolding action. Society cannot be reconstructed in a mechanistic fashion; the culture which is culturally recreated through revolution is the fundamental instrument for this reconstruction. "Cultural revolution" is the revolutionary regime's maximum effort at *conscientização* – it should reach everyone, regardless of their personal path (*ibid*.: 139-40).

## 3.7 Conclúid

Léiríonn an litríocht sa chaibidil seo an tábhacht a bhaineann le seachadadh idirghlúine na sprioctheanga don chothú teanga agus taispeántar an suntas a bhaineann le fearainn an bhaile agus an phobail don mhionteanga. Pléadh coincheapa luatha ar phobal chomh maith le smaointeoireacht ar an bpobal reatha. Pléadh teoiricí an nua-aoiseachais agus an iar-nua-aoiseachais chomh maith le teoiricí i dtaobh na sochaí tionsclaíche agus na sochaí iarthionsclaíoch chun mínithe ar athrú sóisialta a chur ar fáil agus na himpleachtaí don phobal a bhaineann leo. Chomh maith leis sin, breathnaíodh ar theoiricí a bhaineann le coincheap an phobail cheantraigh i gcás na mionteanga chomh maith le hiarrachtaí a rinneadh chun Gaelphobail nua a bhunú taobh amuigh den Ghaeltacht. Breathnaíodh ar ghréasáin Ghaeilge agus na tuiscintí éagsúla a bhaineann leo i gcás chothú na sprioctheanga freisin.

Tugadh cuntas sa chaibidil seo ar smaointeoireacht atá léirithe maidir le pobail nua Ghaeilge a chruthú agus pléadh coincheap na pleanála teanga. Rinneadh scrúdú ar an suntas atá ag an bhforbairt pobail i gcomhthéacs phobail na Gaeilge agus taispeánadh an tábhacht a bhaineann le forbairt pobail níos leithne a chur i bhfeidhm agus pleanáil teanga ar bun.

# Caibidil 4: Anailís ar an eolas ó na hAgallaimh

## 4.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo, pléitear an t-eolas a bailíodh ó na hagallaimh a rinneadh le ceannairí pobail sna ceithre phobal atá faoi scrúdú don taighde seo, is iad sin Gaeltacht Ráth Chairn, Nua-Ghaeltacht Bhóthar Seoighe, Líonra Gaeilge Charn Tóchair agus Líonra Gaeilge Chluain Dolcáin. Rinneadh na hagallaimh seo idir an 15 Lúnasa 2017 agus an 4 Aibreán 2018.

Leagtar amach ar dtús na téamaí a tháinig chun cinn ó na ceisteanna taighde agus le linn na n-agallamh. Tugtar eolas ar chúlra na n-agallaithe a bhaineann leis na ceithre phobal agus an ról atá acu ina bpobal féin. Déantar anailís ansin ar an eolas a bailíodh le linn na n-agallamh agus pléitear an t-eolas sin faoin téama cuí. Ar deireadh, pléitear na torthaí a tháinig chun cinn agus nasctar na torthaí sin leis an litríocht ábhartha.

Mar gheall ar na canúintí éagsúla a bhaineann leis na pobail ar fad agus na leaganacha cainte éagsúla a tháinig chun cinn le linn na n-agallamh, beartaíodh gan aon mhórathruithe a dhéanamh ar thras-scríobh na n-agallamh ó thaobh cruinnis teanga de agus caighdeán na Gaeilge de.

Is fiú a lua gur cuireadh reachtaíocht nua i bhfeidhm i mbliana ag tabhairt aitheantais don Ghaeilge sna Sé Chontae ach go ndearnadh na hagallaimh ar fad don staidéar seo roimh thógáil isteach na reachtaíochta sin. Déantar tagairt rialta i roinnt de na hagallaimh d'Acht Gaeilge a bhaint amach do na Sé Chontae agus, cé nár baineadh Acht Gaeilge neamhspleách amach don Ghaeilge, fuarthas roinnt de na príomhéilimh a lorg feachtasóirí:

> [...] the granting of official status to Irish in Northern Ireland, the establishment of the post of Language Commissioner, the introduction of "language standards", the ending of the prohibition on Irish in the courts and the establishment of a central translation unit in government (RTÉ, 2020: ar líne).

## 4.2 Na Téamaí

Roghnaíodh téamaí ar leith i gcás na n-agallamh atá nasctha leis na ceisteanna taighde agus a bhaineann le Measúnú UNESCO ar Bheogacht Teanga chomh maith.

Tá macallaí le feiceáil idir na hagallaimh agus an ceistneoir agus airítear mórthéamaí eile a tháinig chun cinn atá fite fuaite tríd an bplé anseo.

Pléitear na hagallaimh faoi na cúig théama seo thíos:

Téama 1: An Fhorbairt Pobail
Téama 2: Tacaíochtaí stáit agus pobail
Téama 3: Dáileadh an Phobail Teanga - comhchruinniú
Téama 4: Na fachtóirí a chothaíonn an pobal Gaeilge
Téama 5: Na fachtóirí a chuireann bac ar an bpobal Gaeilge

### 4.3 Na Príomhfhaisnéiseoirí

***Ráth Chairn: Máirín Sarikaya***

Tá Sarikaya ina bainisteoir ar Chomharchumann Ráth Chairn le trí bliana anuas agus tá sí ina cónaí i Ráth Chairn. Cuimsíonn an ról atá aici riarachán, cuntasaíocht agus rannpháirteachas ar na coistí go léir a bhaineann leis an gComharchumann. Tá stair fhada ag a teaghlach sa cheantar agus bhí a hathair ar an gcéad choiste den Chomharchumann nuair a bunaíodh é i 1973.

***Ráth Chairn: Seán Mac Donncha***

Tá Mac Donncha ina ghníomhaire pobail agus Gaeilge le blianta fada agus is de bhunadh na háite é chomh maith. Bhí sé ina bhainisteoir ar halla an phobail agus ar an gclub i Ráth Chairn ar feadh dhá scór bliain agus d'oibrigh sé do Chomharchumann Ráth Chairn ar feadh ceathracha bliain chomh maith. D'éirigh sé as an obair i 2016 ach tá baint aige fós le himeachtaí áitiúla ar nós an Chumainn Dhrámaíochta agus imeachtaí a eagraítear sna scoileanna agus leis na clubanna óige sa phobal.

***Nua-Ghaeltacht Bóthar Seoighe: Séamus Mac Seáin***

Is gníomhaire pobail agus teanga é Mac Seáin le blianta fada agus ba dhuine de bhunaitheoirí Nua-Ghaeltacht Bhóthar Seoighe é i 1969. Bhí páirt lárnach aige i bhforbairt na Gaelscolaíochta i mBéal Feirste agus é bainteach le bunú Bhunscoil Forbairt Feirste agus Choláiste Feirste. Bhí Mac Seáin agus comrádaithe leis bainteach le hatógáil Shráid Bombay i 1970 nuair a dóadh na tithe sin agus scríobh sé ailt Gaeilge don *Andersonstown News*. Bhí sé lárnach chomh maith i mbunú Chultúrlann McAdam Ó Fiaich agus bhí sé ina chathaoirleach ar Iontaobhas na

Gaelscolaíochta. Tá sé ina chathaoirleach ar Taca, carthanacht a bhailíonn airgead don Ghaelscolaíocht ó thuaidh. Tá leabhar foilsithe aige faoin nGaeilge i gcomhthéacs a shaoil féin: *D'imigh sin agus tháinig seo. Scéal oibrí fir i mBéal Feirste a linne.*

***Nua-Ghaeltacht Bóthar Seoighe: Colma McKee***

Is iníon Mhic Sheáin í McKee a tógadh ar Bhóthar Seoighe agus atá anois ina cónaí sa phobal lena clann féin. Tháinig sí tríd an nGaelscolaíocht i mBéal Feirste a chuir muintir Bhóthar Seoighe tús leis agus is táirgeadh í den Nua-Ghaeltacht ar Bhóthar Seoighe. Bhain sí céim amach sa ríomhaireacht agus sa ghnó agus oibríonn sí anois le Forbairt Feirste, comhlacht a phléann le forbairt na Ceathrún Gaeltachta i mBéal Feirste, mar chomhordaitheoir oiliúna. Tá sí i mbun an chúrsa oiliúna 'I dTreo na Fostaíochta'. Tá sí ina gobharnóir ar Choláiste Feirste, meánscoil lán-Ghaeilge i mBéal Feirste.

***Cluain Dolcáin: Brian Ó Gaibhín***

Tá Ó Gaibhín ag obair le Muintir Chrónáin mar Oifigeach Forbartha le sé bliana déag anuas. Cuimsíonn an ról atá aige forbairt an Líonra Ghaeilge i gCluain Dolcáin chomh maith len a bheith ina urlabhraí don eagraíocht le heagraíochtaí stáit, pobail, an t-údarás áitiúil agus scoileanna. Tá stair fhada aige le cúrsaí Gaeilge agus, cé gur fhreastal sé ar scoileanna Béarla, d'fhoghlaim sé an Ghaeilge agus é ag dul ar thurais chun na Gaeltachta agus é ina bhall de Dhéagóirí Chrónáin. Bhí sé ina chathaoirleach ar Dhéagóirí Chrónáin ina dhiaidh sin. Nuair a bhain sé cáilíocht amach mar mhúinteoir meánscoile, fuair sé post múinteoireachta i nGaelscoil Chluain Dolcáin agus i 1998 ceapadh é mar Oifigeach Forbartha le Muintir Chrónáin.

***Cluain Dolcáin: Edel Ní Arrachtáin***

Is ball de bhord bainistíochta Mhuintir Chrónáin í Ní Arrachtáin le ceithre bliana anuas agus is duine de bhunadh Chluain Dolcáin í. Is táirgeadh í den togra Gaeilge a chuir Muintir Chrónáin ar bun sa cheantar a thosaigh sna seachtóidí. Chaith Ní Arrachtáin seal ag múineadh sa cheantar agus tháinig sí féin tríd an gcóras Gaelscolaíochta a thosaigh Muintir Chrónáin sna seachtóidí. Bhí a tuismitheoirí bainteach le Muintir Chrónáin nuair a bunaíodh an grúpa agus tá a muintir féin lonnaithe sa cheantar le caoga bliain anuas. Oibríonn sí leis an An tSeirbhís um

Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí agus, mar gheall ar an gcúram san oideachas atá aici, tá saineolas ar leith aici a thógann sí léi chuig bord Mhuintir Chrónáin.

***Carn Tóchair: Leonne Ní Loinsigh***

Is as Co. Thír Eoghain ó dhúchas í Ní Loinsigh agus bhog sí féin agus a fear céile go Carn Tóchair i 2008 nuair a fuair sí post mar Oifigeach Forbartha Gaeilge le Coiste Forbartha Charn Tóchair. D'fhoghlaim sí Gaeilge agus í ag freastal ar mheánscoil Bhéarla.

***Carn Tóchair: Liam Ó Flannagáin***

Is as Béal Feirste ó dhúchas do Liam agus bhog sé féin agus a bhean chéile go Carn Tóchair i 1992. Is duine de bhunadh Charn Tóchair í a bhean chéile. Tá sé ina chathaoirleach ar Choiste Forbartha Charn Tóchair agus oibríonn sé mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin le Comhairle na Gaelscolaíochta, comhlacht ionadaíoch thar ceann na Gaelscolaíochta sna Sé Chontae.

## 4.4 Anailís ar an eolas ó na hagallaimh

### 4.4.1 An Fhorbairt Pobail

Dhírigh an chéad chuid de na hagallaimh isteach ar an bhforbairt pobail i ngach pobal agus, don chuid seo, beartaíodh ceisteanna sonracha ar leith do gach pobal faoi scrúdú a chur ar na rannpháirtithe ar fad. Is mar gheall ar na difríochtaí móra atá ann idir dlús na bpobal, stádas Gaeltachta nó easpa stádais, láthair agus comhdhéanamh teangeolaíoch gach pobal a glacadh leis an gcur chuige seo agus chonacthas don taighdeoir go bhfaighfí eolas níos mine ar gach pobal sa chaoi seo in áit na ceisteanna céanna a dhearadh do gach cás. Mar sin féin, cloíodh le roinnt de na ceisteanna céanna maidir le topaicí ar leith atá oiriúnach do na pobail ar fad.

Chun léargas a fháil ar fhorbairt pobail na Gaeilge i gcás Ráth Chairn, lorgaíodh eolas maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

- Cad iad na heagraíochtaí éagsúla a bhfuil ról acu i bhforbairt an phobail seo mar phobal Gaeilge?
- Cén gníomhaíochtaí atá ar bun chun pobal na Gaeilge a dhlúthú sa cheantar seo?
- Cén leibhéal rannpháirtíochta ó mhórphobal an cheantair atá ann in imeachtaí an phobail?

- Cé mhéad de na daoine sin a ghlacann páirt go rialta?
- Cad iad na himeachtaí a bhfuil níos mó dúil iontu?
- Cén cur chuige atá in úsáid i bhforbairt an phobail?
- Cén leibhéal rannpháirtíochta ón bpobal atá ann in eagrú imeachtaí don phobal?

I gcás Bhóthar Seoighe, lorgaíodh eolas ar na ceisteanna seo a leanas:

- Cén dul chun cinn ó thaobh na Gaeilge de atá déanta ag an bpobal seo ó bunaíodh é?
- Cén gníomhaíochtaí atá ar bun chun pobal na Gaeilge a dhlúthú sa cheantar seo?
- Cén cur chuige atá in úsáid i bhforbairt an phobail?

I gcás Chluain Dolcáin agus Charn Tóchair, lorgaíodh eolas ar:

- Cén ról atá ag Muintir Chrónáin/An Carn i bhforbairt an Líonra Ghaeilge sa cheantar seo?
- Cad iad na himeachtaí a eagraíonn Muintir Chrónáin/An Carn do lucht na Gaeilge sa cheantar?
- Cén leibhéal rannpháirtíochta ón gceantar atá ann in imeachtaí an phobail?
- Cé mhéad de na daoine sin a ghlacann páirt go rialta?
- Cad iad na himeachtaí a bhfuil níos mó dúil iontu?
- Cén cur chuige atá in úsáid i bhforbairt an phobail nó i bhforbairt an Líonra Ghaeilge?
- Cén leibhéal rannpháirtíochta ón bpobal atá ann in eagrú imeachtaí don phobal?

***Ráth Chairn***

Chun eolas a fháil ar na scairshealbhóirí éagsúla a bhfuil ról acu i bhforbairt an phobail Ghaeilge i Ráth Chairn, fiafraíodh de Mhac Donncha cé na heagraíochtaí a bhfuil ról acu sa phróiseas seo agus, dar leis, is é Comharchumann Ráth Chairn an phríomheagraíocht. De réir Mhic Dhonncha, tá béim ar leith ar an óige sa phobal Gaeilge agus ar an leanúnachas i saol an duine óig a bheidh rannpháirteach sa phobal:

> ***Mac Donncha:*** *Bíonn an club óige lárnach […]. Tá trí chailín ansin […] tógann siad le chéile iad uair sa mí agus, mar a dúirt mé, na páistí a chuaigh ar an scoil i Ráth Chairn. Is dócha anois, ó bunaíodh an mheánscoil i Ráth Chairn, go bhfuil seans níos fearr ag a leithéidí siúd a thagann isteach agus a fhoghlaimíonn an teanga sa mbunscoil mar bíonn leanúnacht ann. […] Tá [naíolann i Ráth Chairn] agus tá sé sin faoi chúram COIS freisin.*

*Na gníomhaíochtaí atá ar bun chun an pobal Gaeilge a dhlúthú*

Maidir le Ráth Chairn, luann Sarikaya go mbíonn deacrachtaí ann ó thaobh pobal na Gaeilge a dhlúthú mar gheall ar an laghdú i líon na dteaghlach a labhraíonn Gaeilge sa bhaile. Rinneadh iarracht lucht na Gaeilge a dhlúthú sa cheantar trí dhaoine a thógáil le chéile ar shuíomhanna talúna a dhíol an Comharchumann ach, i measc na n-óg, airítear teacht chun cinn an Bhéarla go mór:

> ***Sarikaya:*** *Ag dul siar bhí suíomhanna ar díol. Díoladh suíomhanna le muintir na háite agus, maidir leis na tithe sóisialta, is Gaeilgeoirí atá iontu sin. Bíonn muid ag triail. Tá laghdú tagtha ar na teaghlaigh atá ag labhairt Gaeilge. Tá Gaeilge ag go leor daoine i Ráth Chairn ach ní thógann sé ach duine amháin chuile dhuine a chur ag labhairt Béarla. […] Caithfidh an duine a bhfuil Gaeilge aige brú a chur ar dhaoine Gaeilge a labhairt ó thaobh gasúr a bhfuil an dá thuismitheoir sa bhaile ag labhairt Gaeilge. Tá laghdú tagtha; tá go leor teaghlaigh go bhfuil Béarla ag duine amháin de na tuismitheoirí; tá Gaeilge ag na gasúir ar fad mar tá siad ag dul ag an mbunscoil ach aireoidh tú go leor Béarla ar an mbealach abhaile ón scoil.*

Luíonn an argóint seo le ráiteas Uí Churnáin (2009) maidir leis an mbrú a chuirtear ar an mionlach iompú ar an mBéarla nuair a thagann Béarlóir isteach i gcomhluadar ghrúpa Ghaeilgeoirí. Is ábhar imní é freisin an laghdú atá tagtha ar líon na bpáistí atá á dtógáil le Gaeilge agus déantar tagairt don laghdú seo san SCT (Ó Giollagáin *et al*, 2007a).

Luann Sarikaya go ndírítear ar imeachtaí sóisialta chun lucht na Gaeilge a thógáil le chéile chomh maith le ranganna d'fhoghlaimeoirí Gaeilge an phobail:

> ***Sarikaya:*** *Tá club óige ar siúl, club tuismitheoirí agus gasúir, go leor ranganna Gaeilge. [...] Tá cúrsaí samhraidh agus bhí 160 gasúr againn i mbliana […] Tá Coláiste na bhFiann lonnaithe i Ráth Chairn ach cheapfainn*

*caithfidh imeachtaí a bheith ar siúl do ghasúir óga taobh amuigh den scoil. Tá sin an-an-tábhachtach. […] mura mbíonn siad ag labhairt Gaeilge sa mbaile, tá siad ag ceapadh, go bhfuil an Ghaeilge páirteach sa scoil agus níl siad ag labhairt Gaeilge ansin taobh amuigh den scoil agus sin fadhb.*

Tá suntas ar leith ag baint le ráiteas Sarikaya maidir leis an gcomhcheangal a dhéanann daoine óga idir an teanga agus an scoil. Déanann Moreno tagairt don mheon seo i gcás na Catalóinise agus luann sé go bhfeictear do roinnt taighdeoirí go ndéantar droch-cheangail idir an teanga a labhraítear sa scoil agus an scoil féin agus, ar bhealach, leis na húdaráis áitiúla (2008: 9). Dar leis, chonacthas go raibh easpa éagsúlachta sóisialta agus stílí ag baint leis an gCatalóinis agus gur cosúil go raibh úsáid shóisialta níos mó ag baint leis an Spáinnis. Luíonn an argóint seo leis an méid a luann Fishman maidir leis an siombalachas a bhaineann le teangacha: 'Obviously, languages are not liked or disliked in a vacuum, but rather liked or disliked as symbolic of values, of peoples, of ideologies, of behaviours' (1989: 251). D'fhéadfaí a mhaíomh gurb amhlaidh an cás maidir leis an nGaeilge agus an ceangal a luann Sarikaya atá ann i gcás na scoile.

Feidhmíonn grúpa mamailíneach sa cheantar uair sa tseachtain chomh maith atá dírithe ar thuismitheoirí le Gaeilge agus orthu siúd a bhfuil caighdeán íseal sa Ghaeilge acu ach feictear do Sarikaya go bhfuil gá le tuilleadh imeachtaí chun déagóirí a thógáil le chéile. Leagann Mac Donncha béim ar imeachtaí sóisialta i ndlúthú an phobail Ghaeilge chomh maith agus go háirithe ar na féilte a eagraítear don phobal i Ráth Chairn agus taobh amuigh de:

***Mac Donncha:*** *[…] Féile na Mí […] Is dócha an sean-nós, amhráin shean-nós. Bíonn sé sin ar siúl oíche Dé hAoine agus chas caoga a sé gasúr óg, idir cailíní agus buachaillí, chas siad amhráin […] faoi 10, faoi 15, faoi 18, faoi 12. Bíonn sé sin ar siúl i Mí Dheireadh Fómhair chuile bliain. Chas 38 ag an gcomórtas mór […] Ar an mbealach sin, is dócha, cuidíonn an deireadh seachtaine sin go mór, ó thaobh na Gaeilge de ar aon chaoi. Ar nós an Chumainn Dhrámaíochta, rudaí ar nós amhráin ar an sean-nós, caithfidh tú an Ghaeilge a bheith agat agus an dream a bheas ag dul ann agus ag éisteacht, is Gaeilge a bheas ann go huile is go hiomlán. Is dóigh liom go*

*bhfuil sé sin an-tábhachtach. […] Tá cumann drámaíochta ann […] do dhaoine fásta.*

Eagraíonn an Comharchumann ranganna Gaeilge d'fhoghlaimeoirí na teanga agus tagann daoine ó thaobh amuigh den phobal isteach chun freastal orthu chomh maith le tuismitheoirí na bpáistí scoile.

*An leibhéal rannpháirtíochta atá ann ó mhórphobal an cheantair in imeachtaí an phobail*

Luann Sarikaya go mbraitheann an leibhéal rannpháirtíochta ón bpobal ar an imeacht féin atá á eagrú ach go mbíonn go leor rannpháirteachais i gceist sna himeachtaí a eagraítear. Dar léi:

> ***Sarikaya:*** *Má tá imeacht ar siúl abair, tá Éigse Dharach Uí Chatháin ar siúl an deireadh seachtaine seo. Beidh an áit ar fad pacáilte. […] Féile na Mí, bíonn sé plódaithe, go háirithe daoine óga ag Féile na Mí. Bíonn sé sin ar siúl Mí na Samhna. Braitheann sé céard atá ar siúl. Má eagraíonn tú cruinniú faoi phleanáil teanga, gheobhaidh tú daoine ach ní gheobhaidh tú an oiread.*

Luann Sarikaya go bhfuil thart ar 700 duine ina gcónaí sa phobal agus go mbíonn 50 nó 60 duine ann a ghlacann páirt in imeachtaí ar bhonn rialta. Bíonn daoine rannpháirteach ar na coistí a bhaineann leis an gComharchumann chomh maith le dháréag ar choiste an Chomharchumainn agus thart ar fiche duine ar an gcoiste imeachtaí. Is iad tuismitheoirí na ndaoine óga a bhíonn i mbun na hógeagraíochta, Óige na Gaeltachta.

De réir Sarikaya, is iad na himeachtaí a bhfuil níos mó dúil iontu ná na himeachtaí sóisialta a reáchtáltar sa phobal. Bíonn réimse leathan imeachtaí ar fáil:

> ***Sarikaya:*** *Féile na Mí go háirithe. Bíonn sé plódaithe. Tá go leor comórtais. Is maith le daoine comórtais freisin. Ag Féile na Mí, tá comórtas amhráin ar an sean nós do ghasúir faoi ocht, dó dhéag, cúig déag agus ocht déag agus ansin comórtas do dhaoine fásta, amhránaíocht ar an sean nós, comórtas bodhráin agus comórtas damhsa ar an sean nós faoi ocht déag agus arís daoine fásta agus bíonn sé plódaithe. Siamsóir na Mí ceann eile. Bíonn sé sin ar siúl Mí Eanáir. Is maith le daoine comórtais agus imeachtaí dáiríre.* Like

*Óige na Gaeltachta, tá daoine páirteach ansin. Sin daoine a bhfuil suim acu i gclann a thógáil le Gaeilge, tá siad ag iarraidh go mbeidh na gasúir ag cloisteáil Gaeilge taobh amuigh den scoil.*

Tá Mac Donncha den tuairim go mbíonn ardleibhéal rannpháirtíochta ann ón bpobal in imeachtaí sa phobal chomh maith ach, mar a luann Sarikaya, go mbraitheann sé ar an imeacht atá á eagrú.

***Mac Donncha:*** *Ag imeachtaí na mbóithre, […] bhí thart ar seasca agus céad ansin ach is dócha, má tá tú ag caint ar ghrúpa seachtó sa gclub, b'fhéidir nach mbeadh ann ach b'fhéidir scór nó mar sin. […] I gcónaí bíonn fadhbanna ag daoine, ní bhíonn siad in ann a bheith ann ach is dócha ó am go chéile go dtagann siad uilig le chéile, go háirid le Féile na Mí. Tá mé ag ceapadh go raibh ceithre chéad ansin anuraidh. Anois, ní raibh siad ar fad as Ráth Chairn.*

Feictear do Mhac Donncha go mbíonn na daoine céanna bainteach le gach imeacht ach luann sé go bhfuil sé dóchasach faoin todhchaí toisc go n-airíonn sé suim ón lucht óg sa chultúr Gaelach:

***Mac Donncha:*** *Is é an rud é ar nós chuile Gaeltacht nó chuile eagraíocht nó chuile áit, is iad na daoine céanna a bhíonn ag glacadh páirte i ngach rud ar nós an Chumainn Dhrámaíochta agus ag plé leis an gcomharchumann; daoine a bhfuil suim acu sa teanga agus sásta obair go deonach agus grá acu don teanga agus meas acu ar an áit agus tá mé ag ceapadh go bhfuil muid iontach faoi láthair leis na daoine óga. Bhí mé ag cailleadh misneach b'fhéidir siar fiche bliain ó shin nó mar sin ach, na daoine óga anois atá ag teacht suas, tá siad ag déanamh an-mhaith agus is dóigh liom go bhfuil baint aige sin go bhfuil siad ag foghlaim na n-amhrán agus an cheoil agus gach gné den chultúr tríd an teanga. Tá moladh mór ag dul do na scoileanna.*

Leagann Mac Donncha béim ar na himeachtaí sóisialta freisin maidir leis na himeachtaí a bhfuil níos mó dúil iontu agus maíonn sé go bhfuil suim mhór ag daoine sa cheol, spraoi, siamsaíocht agus ranganna Gaeilge chomh maith. Is léir ón eolas a chuireann Sarikaya agus Mac Donncha ar fáil go mbíonn an ráchairt is mó ag baint le himeachtaí sóisialta a eagraítear don phobal agus go bhfuil deiseanna ann

daoine a mhealladh isteach sa phobal Gaeilge agus an pobal féin a dhlúthú ar an gcaoi seo.

*Cur chuige i bhForbairt an Phobail*

Is léir go bhfuil ról lárnach ag an gComharchumann i bhforbairt an phobail agus go bhfuil sé ina áis do mhuintir an phobail chomh maith. Airítear é seo tríd an méid imeachtaí a eagraíonn an eagraíocht agus trí na seirbhísí a chuireann siad ar fáil do mhuintir na háite. Luann Sarikaya go gcruthaíonn Comharchumann Ráth Chairn poist chomh maith, poist a bhaineann le riarachán na hoifige agus cúrsaí samhraidh a reáchtáltar gach bliain. Tagann an beár faoi scáth an Chomharchumainn agus fostaítear beirt ansin.

Freisin, tá úinéireacht ag an gComharchumann ar an bhfoirgneamh ina bhfuil an siopa agus an bhialann lonnaithe agus cuirtear an áis sin ar fáil saor in aisce do lánúin áitiúil a reáchtálann na seirbhísí sin. Tá ceithre theach shóisialta agus dhá árasán ann a ligeann an Comharchumann amach ar cíos do Ghaeilgeoirí chomh maith le hoifig Ghlór na nGael atá lonnaithe i Ráth Chairn. De réir Sarikaya, bíonn an Comharchumann agus COIS ag obair ar chúrsaí forbartha pobail agus ar an bpleanáil teanga sa cheantar. Chun mianta an phobail a chloisteáil, reáchtáltar cruinnithe poiblí agus déanann an Comharchumann teagmháil leis an gComhairle Contae chun plé a dhéanamh leo maidir le cúrsaí a bhaineann leis an nGaeilge:

> ***Sarikaya:*** *[…] bhí go leor cruinnithe poiblí againn le fáil amach céard atá muintir an cheantair ag iarraidh freisin mar má bhrúnn tú rudaí ar dhaoine ní bhíonn siad sásta ar aon nós. Iarrann muid tacaíocht ar mhuintir na háite agus oibríonn muid leis na daoine atá ag iarraidh obair linn. […] Tá talamh díolta sa gceantar, 16 acra, agus tá imní orainn faoi sin ó thaobh pleanála de. Táimid ag iarraidh cruinniú a eagrú leis an gComhairle Contae mar níl muid ag iarraidh go mbeidh tríocha teach tógtha ann díolta le Béarlóirí. Tá fadhbanna ann freisin ach ceapaim go n-oibríonn muid leis an bpobal dáiríre, go mbíonn cruinnithe poiblí againn ach ó thaobh forbairt pobail féin de, níl aon mhaith ag caint faoi mhonarcha nó tada mar sin. Tá monarcha mhór i Ráth Chairn, Turmec. Níl ach cúpla duine as Ráth Chairn ag obair ann.*

Feictear do Sarikaya go bhfuil fadhbanna ag baint leis an bhforbairt pobail i Ráth Chairn ó thaobh fostaíochta de agus poist a chruthú atá dírithe ar mhuintir an phobail. Bíonn baint ag Údarás na Gaeltachta le cruthú post sna Gaeltachtaí agus, dar léi, níl an mhonarcha Turmec, oiriúnach don phobal Gaeilge atá lonnaithe sa cheantar:

> ***Sarikaya:*** *Ceantar ar nós Ráth Chairn, teastaíonn eagraíochtaí ar nós Glór na nGael, Foras na Gaeilge; sin é a theastaíonn. Agus rud eile faoi Ráth Chairn, tá daoine an-fhoghlamtha […] tá go leor acu a chuaigh ag an ollscoil. Ó thaobh postanna de, bheifeá in ann postanna oifige, sin é an cineál postanna a cheapfainn atá feiliúnach do Ráth Chairn. Níl aon mhaith cuir isteach monarcha ina lár. Níl na daoine sin ann. […] [Turmec] sna seachtóidí, bhí daoine as Ráth Chairn ag obair ann ach […] ceapaim triúr as Ráth Chairn atá ag obair anois ann. […] Ní chreidim go bhfuil Turmec ag cur aon ní as do Ráth Chairn ach an oiread […] ach cheapfainn ó thaobh forbairt pobail i Ráth Chairn, teastaíonn gnóthaí beaga ar nós ceardlainne agus áiteacha beaga ar nós an tsiopa agus bialainne agus tá go leor múinteoirí i Ráth Chairn. […]agus ceoltóirí againn. Is gnóthaí beaga a theastaíonn uainn dáiríre agus gnóthaí Gaeilge, ní monarcha mhór millteach le Béarlóirí ar fad iontu. Is fearr liom cúigear Gaeilgeoirí ag obair in áit ná céadta Béarlóirí.*

Ardaíonn an ráiteas seo maidir le fostaíocht a chruthú do mhuintir na Gaeltachta a mheallann Béarlóirí isteach sa phobal ceisteanna móra maidir le héifeachtacht na straitéise atá ar bun chun muintir na Gaeltachta a choinneáil sa Ghaeltacht agus an Ghaeilge a chothú. Ní mór don straitéis sin díriú isteach ar riachtanais an phobail agus na scileanna, oideachas agus traenáil a bhaineann leis an bpobal sin.

De réir Sarikaya, feidhmíonn an Comharchumann ar bhonn daonlathach agus tá siad cláraithe le Cláraitheoir na gCara-chumann. Bíonn cruinnithe cinn bliana gach bliain agus toghcháin chun na poist ar an gcoiste a líonadh. Luann sí:

> ***Sarikaya:*** *[...] bíonn cuireadh ag chuile scairshealbhóir a theacht ag an gcruinniú agus tá aon déag ar an gcoiste agus chuile bhliain éiríonn ceathrar as agus caithfidh muid ceathrar nua... Tá cead ag an gceathrar ag éirí as dul suas le haghaidh toghcháin arís ach bíonn toghchán chuile bhliain*

*le triail an coiste a athrú go rialta. […] Tá guth ag gach duine ag an gcruinniú cinn bliana agus cuireann muid cuntais iniúchta os comhair an chruinnithe agus tá siad sin ar fáil do mhuintir na háite freisin.*

I roinnt cásanna, fanann daoine áirithe ar an gcoiste ar feadh na mblianta ach luann Sarikaya go bhfuil daoine nua tagtha ar bord nach bhfuil ann ach le bliain nó dhó anuas.

Maidir leis an gcur chuige atá in úsáid i bhforbairt an phobail, luann Mac Donncha go dtugtar faoin bpróiseas seo trí na fo-choistí éagsúla a bhaineann leis an gComharchumann. Luann sé go reáchtálann an Comharchumann an teach tábhairne sa phobal agus go mbaintear leas as an áis seo chun muintir an phobail a thógáil le chéile. Osclaíonn an teach tábhairne ceithre lá sa tseachtain agus glacann muintir an phobail páirt in eagrú imeachtaí don chuid eile den phobal. Tugtar deis do dhaoine áitiúla a bheith bainteach leis an bpróiseas cinnteoireachta trí na fo-choistí:

***Mac Donncha:*** *Tá fo-choistí ansin. Tá fo-choistí imeachtaí ansin agus sin iad a ritheann Féile na Mí mar shampla, agus go leor rudaí eile. […] Ag teacht suas ag Féile na Mí mar sin, d'fhéadfadh cúig dhuine dhéag a bheith ar an gcoiste sin. B'fhéidir nach dtiocfaidís ag chuile chruinniú i rith na bliana ach, le Féile na Mí, déanann siad a gcuid oibre féin leis sin. Is dócha gur trí na fo-choistí go bhfuil baint ag an bpobal agus go bhfuil deis acu.*

De réir Mhic Dhonncha, is féidir le duine ar bith páirt a ghlacadh ar fho-choiste gan a bheith tofa ach mar gheall ar scileanna ar leith atá acu. Tá an fo-choiste imeachtaí, mar shampla, oscailte do gach duine, fiú daoine nach bhfuil ina mbaill den Chomharchumann.

Maidir le leibhéal rannpháirtíochta an phobail in eagrú imeachtaí don phobal, luann Sarikaya an fo-choiste imeachtaí chomh maith agus luann sí go bhfuil thart ar scór bainteach leis an gcoiste sin. Cuireadh tús le hImeachtaí na mBóithre le déanaí chomh maith, imeachtaí a d'eagraigh cónaitheoirí gach bóthar sa phobal don chuid eile don phobal. De réir Sarikaya, cuireann an Comharchumann go leor áiseanna ar fáil do ghrúpaí éagsúla chun imeachtaí a reáchtáil sa phobal. Luann Mac Donncha go dtagann go leor daoine isteach ón taobh amuigh freisin chun páirt a ghlacadh sna himeachtaí pobail.

***Bóthar Seoighe***

Chun léargas a fháil ar staid reatha phobal Bhóthar Seoighe, lorgaíodh eolas ó na rannpháirtithe sa phobal sin maidir leis an dul chun cinn sin a bhí déanta ó bunaíodh é i 1969. Léiríonn an t-eolas a chuireann Mac Seáin ar fáil go raibh baint mhór ag an bpobal seo, ní amháin i bhforbairt na Gaeilge sa cheantar máguaird, ach i gcúrsaí forbartha pobail eile. Luann sé:

> ***Mac Seáin:*** *Tosaíodh ar Ghaeltacht Bhóthar Seoighe a bheartú i 1961 ach, de bharr go mb'éigean daoine a aimsiú, talamh a cheannach, iasachtaí pearsanta a fháil leis an scéim a fhorbairt, srl., níor éirigh leis an chéad chúig theaghlach bogadh isteach go dtí 1969. Bhí an Ghaeilge mar theanga an tí i ngach teach cheana féin. I gcomhar le Gaeilgeoirí eile, rinne siad Sráid Bombay a atógáil nuair a scriosadh an tsráid i 1969 agus bhí an Ghaeilge lárnach san atógáil sin. Bhunaigh siad an chéad bhunscoil Ghaelach sna Sé Chontae i 1971 agus an chéad mheánscoil Ghaelach i 1978. Bhí cuid de theaghlaigh Bhóthar Seoighe lárnach i mbunú Chultúrlann MacAdam/Ó Fiaich agus Coláiste Feirste i 1991.*

Maidir le forbairt Bhóthair Seoighe, tháinig níos mó teaghlaigh chun cónaí sa phobal chomh maith le páistí áirithe a d'fhás aníos sa phobal agus a dteaghlaigh nua féin in éindí leo.

> ***Mac Seáin:*** *D'fhás an pobal ó chúig theaghlach go dtí fiche is a dó agus níl níos mó talún fágtha. Tá Gaeilge i ngach teach. Tá seisear den dara glúin a tógadh ar Bhóthar Seoighe ina gcónaí ann iad féin agus iad ag cruthú an leanúnachais teanga agus Ghaeilge ag a dteaghlaigh siúd. As an seachtó duine atá fágtha ar Bhóthar Seoighe, níl ach triúr a phós isteach sa dara glúin sa scéim nach bhfuil iomlán líofa sa Ghaeilge ach go bhfuil Gaeilge ag a bpáirtnéirí agus Gaeilge ag a bpáistí agus iad uilig ar scoil Ghaelach chomh maith. Ó thaobh na Gaeilge de, is dócha go dtiocfaidh a rá go bhfuil Bóthar Seoighe ar cheann de na mion-Ghaeltachtaí is láidre sa tír agus Gaeilge líofa ag 95% den phobal.*

Tá suntas ag baint leis an leanúnachas idirghlúineach a fheictear i gcás an phobail seo, go háirithe i dtaobh nádúr athraithe an phobail a pléadh i gCaibidil 1 den tráchtas. Léiríonn na teoiricí a bhaineann leis an nádúr athraithe sin go bhfuil

míshocracht agus neamhbhuaine coitianta i gcás an phobail chomhaimseartha ach, i gcás Bhóthar Seoighe, feictear go bhfuil gné thraidisiúnta ann a mheall cuid den chéad ghlúin eile ar ais chuig an bpobal arís. Bheadh tairbhe mhór i gceist le tuilleadh taighde a dhéanamh ar an dara ghlúin de phobal Bhóthar Seoighe chun measúnú a dhéanamh ar iompar teanga na ndaoine sin agus a gclainne.

*Na gníomhaíochtaí atá ar bun chun pobal na Gaeilge a dhlúthú sa cheantar*

Déanann Mac Seáin trácht ar an tionchar a imríonn muintir Bhóthar Seoighe ar an mórphobal agus é ag tagairt do na gníomhaíochtaí atá ar bun chun pobal na Gaeilge a dhlúthú sa cheantar. Tá pobal Bhóthar Seoighe nasctha go dlúth leis an mórphobal Gaeilge in iarthar Bhéal Feirste agus tá na naisc sin soiléir sna gníomhaíochtaí a luann Mac Seáin atá ar bun sa cheantar:

> ***Mac Seáin:*** *An dara glúin a tógadh ar Bhóthar Seoighe, tá sciar suntasach acu ag obair in earnáil na Gaeilge, ina múinteoirí scoile, ina gceoltóirí, i gcúrsaí oideachais agus gan fiú sagart a deir an tAifreann Gaeilge go rialta agus a chuireann seirbhísí eaglasta ar fáil go Gaelscoileanna. Chomh maith leis sin, de bharr bunú na scoile, tá go leor daoine ón cheantar máguaird atá ag cur a gcuid páistí chun na scoile agus ag fágáil na scoile agus iad iomlán líofa sa teanga. Sin an bealach is éifeachtaí le dul i bhfeidhm ar an cheantar ina iomlán.*

*An cur chuige atá in úsáid i bhforbairt an phobail*

Chun léargas a fháil ar an gcur chuige atá in úsáid i bhforbairt an phobail, lorgaíodh eolas maidir leis na céimeanna praiticiúla atá i bhfeidhm chun rannpháirtíocht na mball pobail a chinntiú. Léirítear i gcás an phobail seo go raibh smaointeoireacht fhadtéarmach ar intinn ag na bunaitheoirí ón gcéad lá agus go raibh forbairt an phobail sa todhchaí tógtha san áireamh agus na chéad tithe á dtógáil:

> ***Mac Seáin:*** *An fhorbairt a ba mhó a rinne na chéad teaghlaigh a tháinig isteach ná, cé go ndearna siad féin an chéad infheistiú sa talamh, chuir siad suíomh saor in aisce ar fáil do gach teaghlach a tháinig isteach ina ndiaidh agus ba shuim shuntasach airgid é sin ag deireadh thiar thall. An chéad chlann a bhunaigh agus a cheannaigh an talamh chun an t-airgead agus sin a fhorbairt, thug siad an maoiniú sin ar aghaidh chuig an chéad dream eile,*

*sin a tháinig isteach de réir a chéile agus fuair gach duine suíomh, talamh saor in aisce* so *sin an rud a ba mhó ansin.*

Maidir leis an bpróiseas cinnteoireachta, maíonn Mac Seáin gur próiseas daonlathach a bhí i gceist cé go raibh deacrachtaí ag baint leis an gcur chuige sin ó am go ham:

> ***Mac Seáin:*** *[...] bhí an rud daonlathach go hiomlán agus tá buntáistí agus míbhuntáistí ag baint leis sin sa mhéid is go gcaithfidh tú gach rud a phlé amach agus cuireann sin fad ar rudaí. Dar ndóigh, tá daoine ann atá níos díograisí ná a chéile. Tá daoine ann in achan pobal atá níos éirimiúla ná a chéile ach b'éigean gach duine a thabhairt isteach ins an phlé, is cuma cé acu a d'fhan siad ina dtost nó nár fhan siad ina dtost. Ní raibh sé i gceist ag am ar bith go dtiocfaidh deachtóir isteach agus ag rá, sin an rud atá muid ag déanamh, bíodh is gurb iad an dream amháin a bhí ag cur smaointe chun tosaigh. Ach bhí an rud daonlathach go hiomlán.*

Áitíonn Mac Seáin agus McKee gurb fhiú leanúint leis an gcur chuige rannpháirtíochta ón mbun aníos sin in ainneoin na ndeacrachtaí a chruthaíonn sé agus an mhoill a chuireann sé ar chúrsaí forbartha:

> ***Mac Seáin:*** *Tá sé fusa do fearas ar bith go mbeidh iarracht de dheachtóireacht ann ach ní oibríonn sé amach i gceart sa deireadh sa mhéid is gur éirigh linne fanacht agus cuspóirí réasúnta domhain agus deacair againn. San am céanna d'éirigh an pobal a choinneáil i gcomhair le chéile. Tá sin beagnach dodhéanta i sochaí ar bith, gan daoine briseadh óna chéile go hiomlán agus is de bharr an daonlathais sin gur pléadh rudaí go minic, gur fhan muid le chéile.*

Tugann McKee cur síos anseo ar an bpróiseas a chuaigh baill an phobail tríd agus teach á fháil acu sa phobal agus áitíonn sí go nascann an próiseas daonlathach iad mar phobal agus go bhfuil siad níos láidre dá bharr:

> ***McKee:*** *Nuair a bhí muidne ag tógáil tithe s'againne ar chúl tithe s'agaibhse [ag caint lena hathair], bhí seisear againn ann agus muid uilig ag tógáil tithe le chéile agus bhí orainn aontú ar achan rud ó cé na brící a bhí in úsáid ins an teach, cén dath a bhí ar na fuinneoga agus bhí sin uilig le haontú idir seisear agus* then *páirtnéirí s'acu uilig agus ní raibh aontú ann riamh nó bhí*

*muidne fuinneoga bána agus fuinneoga donna agus bhí duine eile níor thaitin* PVC *leo, ba mhian leo* aluminium *agus bhí orainn suí síos agus bhí muid ag cruinniú i ndiaidh cruinniú i ndiaidh cruinniú agus bhí orainn cinneadh a dhéanamh; seo an chuma a bheas ar thithe s'againn sa tsráid seo. Ní bhfuair mise na fuinneoga a ba mhian liom* but *ghlac mé leis gur shuigh mé ansin le seisear eile agus dúirt mé,* right ok, *tá mise sásta dul le* because *bhí mé bréan dubh dóite. […] Nascann sé muid ar dhóigh anois go bhfuil muid inár dtithe agus go bhfuil muid anois dhá bhliain déag síos an líne agus na páistí againn uilig agus tá muid níos láidre mar phobal mar gheall ar go ndeachaigh muid fríd an phróiseas sin agus go raibh orainn uilig suí i seomra seachtain i ndiaidh seachtain le cinntí a dhéanamh ar mhaithe linn uilig agus déanann sin muidne níos láidre ná – chónaigh mise áiteanna eile sular chónaigh mé sa tsráid sin […] agus ní raibh an nasc céanna agat le do chomharsan. Bhí cuid daoine ann nár éirigh go rómhaith leo le linn an phróisis. Tá muid mór go leor le chéile mar dhream agus sílim gur sin mar gheall ar go bhfuil an bunstruchtúr sin ann, an struchtúr sin go gcaithfidh muid uilig a bheith ag comhoibriú le chéile […]*

Tá suntas ag baint leis an tógáil nasc idir muintir an phobail a luann McKee anseo agus an tionchar a imríonn an cur chuige ón mbun aníos ar chaidreamh an phobail lena chéile. Léiríonn an cás seo gur dea-thionchar a bhí i gceist leis an gcur chuige seo i gcás Bhóthar Seoighe agus gur eiseamláir é d'aon iarrachtaí eile a dhéanfar amach anseo agus Gaelphobail nua á dtógáil.

Luann Mac Seáin go raibh sé tábhachtach agus iad ag tógáil an phobail nach mbeadh brú ar dhaoine a bheith ag maireachtáil go dlúth lena chéile agus go mbeadh daoine saor lena bheith leo féin:

***Mac Seáin:*** *Ní raibh ach cuspóir amháin ann, sin go mbeidh an Ghaeilge mar phríomhtheanga an tí agus gur sin a raibh de chuspóir againn agus d'fhág sé sin, taobh istigh den teach, […] mura maith le daoine meascadh le daoine eile, níor ghá. Go díreach mar atá sé ins an Ghaeltacht nó i gcomhluadar eile, ní raibh siad i gcónaí i bpócaí a chéile. [...] Díreach cosúil le gach pobal eile i sochaí uirbeach áit ar bith – sílim go mbaineann sé le huirbeachas – caithfidh daoine iad féin a scaradh. Ní thig leo a bheith*

*beo i bpócaí a chéile nó rachaidh siad ar mire. Mar sin de, tá daoine scartha ar bhealach.*

Chonacthas i gcás iarrachta a rinne Comhluadar i mBaile Átha Cliath i 2010 gur chuir an próiseas daonlathach deireadh leis an togra a bhí beartaithe ag an eagraíocht chun Nua-Ghaeltacht a bhunú i mBaile Átha Cliath. De réir Uí Chuilinn, níor éirigh le daoine a bhain leis an togra sin aontú ar cheantar don phobal nua agus, de réir a chéile, bhog saolta na ndaoine sin ar aghaidh (comhfhreagras pearsanta ó Ó Cuilinn, 2015). Nuair a rinneadh iarracht sna 1970aí pobal Gaeilge a bhunú san ardchathair, léiríonn an t-eolas a thugann Ó Snodaigh gur tháinig na castachtaí céanna aníos le heasaontas ann idir na daoine a bhí i mbun an Ghaelphobail nua seo a thógáil (agallamh le Ó Snodaigh, 2016, 2017). Ní mór a thabhairt san áireamh, áfach, i gcás phobal Bhóthar Seoighe, gur tháinig na baill phobail seo ón bpobal céanna i mBéal Feirste, pobal a bhí dlúth agus a bhí faoi chois. D'fhéadfadh na fachtóirí seo tionchar a imirt ar an gcaidreamh a bhí ann idir na baill seo agus go raibh siad ina mbuntáistí don phobal nua a bhí á thógáil. Bheadh tuilleadh taighde ag teastáil chun an cheist seo a chíoradh.

Luadh an sampla maidir le hiarracht Chomhluadar leis na hallagaithe ó Bhóthar Seoighe agus fuarthas a dtuairimí ar an gcás sin:

> ***McKee:*** *Sílim an rud atá deas i gcás s'againne ná gur tógadh cuid againn ina gcónaí i sráid s'againne, tógadh muid sa phobal agus an chéad ghlúin eile [...]* so *tuigeann muidne nach bhfuil tú a dhul a fháil go díreach mar is mian leatsa, go gcaithfear comhréiteach a bheith ar rudaí [...].*
>
> ***Mac Seáin:*** *Bhí sin amhlaidh caoga bliain ó shin nuair a bhunaigh muid (Colma: Bhí titim amach ar ndóigh) an bhunscoil. An t-am sin bhí an Eaglais Chaitliceach láidir agus chreid daoine go hiomlán i gcúrsaí Caitliceachais agus, ar an ábhar sin, caithfidh tú do chuid páistí a chuir ag scoil Chaitliceach. Bhuel, ní scoil Chaitliceach (Colma: a bhunaigh sibh), chan ar chúrsaí oideolaíocht ná rud ar bith. Bhí a fhios againn nach bhfaighimis é dá mbeimis i mbun an mhaoinithe. Bhí daoine a tháinig chugamsa ag rá, ba bhreá liom mo chuid páistí a chur chuig scoileanna eile, níl mise sásta nach bhfuil sé ina scoil Chaitliceach,* so *bhí an brú sin ann ó thaobh sin de agus tuigim an rud sin. Leis an fhírinne a dhéanamh, bíonn claonadh ag daoine a*

*bheith ag smaointiú ar na deacrachtaí […] seachas a bheith ag rá, tá deacrachtaí ann agus tá deacrachtaí le réiteach ach ná tosaigh ag réiteach na ndeacrachtaí sula raibh siad ann.*

Luann McKee go gcaithfear an bhunsprioc a bhaineann leis an togra pobail a choinneáil ar intinn fad is atá an próiseas tógála ar bun, is é sin pobal do Ghaeilgeoirí a bhunú. Chomh maith leis sin, luann sí an tábhacht a bhaineann le húinéireacht na mball ar an bpobal:

***McKee:*** *[…] tagann muid uilig ag pointe go bhfuil bunsprioc againn* so *an bhfuil sé níos tábhachtaí duit go bhfuil tú i do chónaí i bpobal Gaeilge nó an bhfuil sé níos tábhachtaí duit go bhfuil tú i do chónaí ins an cheantar deas ins an chathair nó go bhfuil scoileanna deasa ann do do chuid páistí? Cé acu atá níos tábhachtaí duit agus caithfidh tú dul fríd an phróiseas sin; bhuel sin an sprioc, an bun- bunsprioc; sin an rud a ba mhaith liom agus rudaí eile, thig leo titim ar leataobh agus go minic, go háirithe sa saol atá ann anois, ní thig le daoine é sin a dhéanamh. Ba mhaith leo achan rud. […] Agus sílim go bhfuil rud beag de sin ann agus go dtagann sé síos go daoine a bheith ann a ndeir níor mhaith liom ach a bheith i mo chónaí i bpobal.* Yes, *ba bhreá liom fuinneoga donna a bheith agam ach fad is go bhfuil an teach agam i gcónaí ins an phobal, tá sin níos tábhachtaí dom ná rud ar bith eile.*

***Taighdeoir:*** *Mar shampla, an mbeadh sé níos fearr dá leithéid de Chonradh na Gaeilge mar shampla, eastát tithíochta a cheannach, áit ar bith a bhfuil siadsan ag iarraidh é a cheannach agus cuireadh a thabhairt do dhaoine bualadh isteach. Sin sórt cur chuige eile, sin cur chuige ón mbarr anuas.*

***McKee:*** No. *Thiocfadh leat é sin a fheiceáil ag obair. An t-aon rud atá ann ná an bhfuil tú ag tabhairt úinéireachta do na daoine agus an mbeidh siad dílis don phobal agus an bhfanfaidh siad don sprioc má thugtar isteach iad ar an dóigh sin* as opposed to *siadsan ag ceannach isteach ann? Sin an rud. Tá sé suimiúil agus ní bheadh a fhios agat gan é a thoiseacht agus tabhairt faoi […].*

Lorgaíodh eolas ó McKee agus Mac Seáin maidir le hidirghníomhaíocht le mórphobal an Bhéarla chun léargas a fháil ar an gcaidreamh atá ann idir baill an

phobail agus an pobal thart timpeall orthu. Léiríonn an t-eolas a fuarthas gur leathnaigh an pobal Gaeilge amach:

> ***Mac Seáin:*** *Nuair a bhunaigh muid an scoil, tógadh tithe eile a dheas dúinn agus bhog roinnt Gaeilgeoirí isteach ansin.* So *tá cúpla teaghlach Gaelach ansin nach cuid de phobal s'againne iad ach gur teaghlaigh iad le Gaeilge agus tá go leor daoine ins na sráideanna agus a gcuid páistí á gcur ar an bhunscoil.*

Is léir ón agallamh le McKee gur athraigh meon an phobail Bhéarla go suntasach maidir leis an nGaelphobal ar Bhóthar Seoighe trí na blianta. Dar léi, bhí an dearcadh ann go raibh na Gaeilgeoirí ar Bhóthar Seoighe ar mire ach feictear i gcás an phobail seo gur athraigh an dearcadh seo:

> ***McKee:*** *Tá a lán scoileanna ann. Tá cuid acu ag cur a gcuid páistí nó garpháistí s'acu ar scoileanna agus tá, is dócha, meas ag na daoine sin nó ní chuirfeadh siad a phaistí chuig an scoil dá mba rud é nár shíl siad gur rud maith a bhí ann.*

***Cluain Dolcáin***

*An ról atá ag Muintir Chrónáin i bhforbairt Líonra Gaeilge sa cheantar*
De réir Uí Ghaibhín, is iad Muintir Chrónáin an príomhghrúpa atá i mbun na forbartha ar an Líonra Gaeilge i gCluain Dolcáin. Tá grúpa níos leithne cruthaithe ag an Líonra, is é sin Dáil Chrónáin, agus leagann Ó Gaibhín béim ar an tábhacht a bhaineann leis an bpobal ar fad a tharraingt le chéile chun teacht ar acmhainní:

> ***Ó Gaibhín:*** *Muintir Chrónáin* is *an grúpa atá ag tarraingt an rud iomlán le chéile ar son Cluain Dolcáin* so *cuirfidh muid le chéile agus glaofaidh muid Dáil Chrónáin air agus ag suí ar an ngrúpa sin tá na príomhoidí ar fad ó na meánscoileanna agus na bunscoileanna agus tá ionadaí an chumainn tráchtála áitiúla agus ionadaí ón údarás* South Dublin County Council. *Ní fiú dúinn [Muintir Chrónáin] tabhairt faoi mar ghrúpa.* It'll become just a little Irish crowd *[…] caithfidh an pobal ar fad a bheith ann* because *níl na hacmhainní againn.*

De réir Uí Ghaibhín, tá gnó i gceist le hÁras Chrónáin agus clár oibre atá thar a bheith gnóthach:

> ***Ó Gaibhín:*** We're running a business. It's €500,000 turnover a year. We've a *naíonra le seasca páiste le ceathrar atá fostaithe. Tá muid ag súil leis an naíonra a fhorbairt i gceann dhá bhliain. Tá dhá bhunscoil nua, foirgneamh nua, ag tógaint an dá bhunscoil ar thaobh Choláiste Chilliain.* Hopefully we'll move into in 2019. *Nuair a bhogann siad amach, an* formal deal *déanta leis an gComhairle Contae agus leis an Roinn, go gcoinneoidh muid na* prefabricated buildings which are pretty new and *tá muid chun an naíonra a fhorbairt ó sheasca páiste go céad seasca páiste* so *beidh muid ar cheann de naíonraí pobail is mó sa tír. Tá mise ag déileáil leis sin ar fad agus ag pleanáil […]* looking at putting a satellite studio in for *Raidió na Life anois in Áras Chrónáin […]*

*An leibhéal rannpháirtíochta ón gceantar atá ann in imeachtaí an phobail*

Chun tuairim a fháil ar cé chomh mór agus atá an pobal Gaeilge i gCluain Dolcáin, lorgaíodh eolas maidir leis an leibhéal rannpháirtíochta a bhíonn i gceist in imeachtaí an phobail Ghaeilge. Tá deacrachtaí ag baint le pobal a fheidhmíonn trí ghréasáin shóisialta a thomhas mar gheall ar an nádúr athraithe a bhaineann leis agus an sreabhántacht a théann leis. Meastar, mar sin, gur féidir an tomhas seo a dhéanamh trí rannpháirtíocht lucht na Gaeilge in imeachtaí an phobail Ghaeilge a mheas.

De réir Ní Arrachtáin, díríonn an Líonra Gaeilge isteach ar shráidbhaile Chluain Dolcáin agus luann sí:

> ***Ní Arrachtáin:*** *[...] tá sé cineál thart timpeall an áit a bhfuil an túr* so *tá b'fhéidir na seaneastáit tithíochta san áireamh b'fhéidir* Castle *agus* Monastery *[...] tá b'fhéidir míle. Dá mba rud é go raibh Áras Chrónáin sa lár agus go ndearna tú mar chompás, ní bheadh níos mó, déarfainn, ná míle i gceist mar go bhfuil an Líonra daonra ansin.*

Dar le Ó Gaibhín, bíonn 1% nó 2% den phobal rannpháirteach in imeachtaí an phobail Ghaeilge; sin céatadán as 200,000 duine. Luann sé go bhfuil líon mór daoine atá ag dul tríd an nGaelscolaíocht ach go bhfuil deacrachtaí ann daoine a mhealladh isteach toisc go bhfuil saol an lae inniu chomh gnóthach sin:

> ***Ó Gaibhín:*** *Dá dtógfá an Ghaelscolaíocht amháin atá insa cheantar, tá naíonra atá lán go béal. Tá seasca gach lá. Tá an dá Ghaelscoil lán go béal* so *tá os cionn 800 páiste ansin* and then *tá meánscoil le os cionn 800* so *tá os cionn 1,400 páiste ag fáil oideachais go hiomlán trí Ghaeilge gach lá i gCluain Dolcáin agus cheapfá*, you're set. *Sin iad na daoine is deacra, na tuismitheoirí sin, le fáil isteach ag an Áras creid nó ná creid […] Tá saol dhaoine, go háirithe i mBaile Átha Cliath,* nuts. *Feiceann tú sceideal pháistí […] níl am ag tuismitheoirí nó ag páistí chun dul ag déanamh rudaí. Nuair atá tú ag plé fán tuath, rud difriúil. […] Tá 120 náisiún difriúil i* South Dublin County. That's *dúshlán. […] Na lads thuas i gCarn* [ionad Gaeilge i gCarn Tóchair, Co. Dhoire] *[…] Tá stair ag baint leis sin […]* You're either in or you're out. *Thuas i mBaile Átha Cliath, is caitheamh aimsire é.* Take or leave it lads.

Tá suntas ar leith ag baint leis an dá mheon éagsúla a airíonn Ó Gaibhín sa chathair agus faoin tuath agus tá tagairt déanta roimhe seo maidir leis na naisc níos dlúithe atá soiléir i bpobail tuaithe. I staidéar a rinne Obst, Smith agus Zinkiewicz ar an mothú síceolaíoch a mhothaíonn pobail éagsúla i dtaca lena bpobal, léiríodh go raibh *'a psychological sense of community'* níos láidre ag baint leis na rannpháirtithe tuaithe a ghlac páirt ina staidéar, i gcomparáid leis na rannpháirtithe uirbeacha (2001: 1).

Baintear leas as Áras Chrónáin mar ionad pobail de shaghas agus feictear é seo leis an méid grúpaí a úsáideann an t-ionad ar bhonn rialta:

> ***Ó Gaibhín:*** *Ag teacht isteach tríd doras an Árais gach aon seachtain, [...] os cionn 500 duine agus i bhfad níos mó. Tá ár gcuid ranganna ag tosú ar ais […] Beidh oíche Chéadaoin, idir seasca agus nócha tuismitheoirí ag foghlaim na Gaeilge […] Ranganna ceoil, beidh idir 170 agus 260 ag foghlaim ceoil. Ag teacht isteach is amach tríd an áit*, that's going to be *ar bharr an 500 a bhíonn ann gach aon seachtain.* Then *bíonn na grúpaí pobail áitiúla* because *tá muidne mar ionad pobail anois agus níl aon rud eile i gCluain Dolcáin seachas na scoileanna* so we have the history society, the camera clubs, the yoga *[…]*

De réir Uí Ghaibhín, spreagann úsáid an ionaid grúpaí eile sa phobal chun Gaeilge a labhairt agus luann sé go bhfuil athruithe móra tarlaithe i gCluain Dolcáin le déanaí:

> ***Ó Gaibhín:*** *[...] de réir a chéile, tá na grúpaí sin ag úsáid níos mó Gaeilge. Tá sé ag tarlú ar bhealach nádúrtha,* organic *tríd an rud […]* the whole round tower and the new visitors' centre *i gCluain Dolcáin* and the Happy Pears coming out and doing the restaurant *agus chuile shórt. Tá sin tar éis saol Chluain Dolcáin a athrú thar oíche […]*

Maidir le Cluain Dolcáin, luann sé:

> ***Ó Gaibhín:*** *[…] tá gach rud dátheangach. […] Tá bainisteoir an chontae,* sees it as a win-win situation. […] If we create community spirit and pride, *réiteoidh sé an chuid is mó de na fadhbanna in aon phobal agus má ghlacann an pobal úinéireacht ar aon rud ina áit sin,* you're done. *[…] Tá rudaí tar éis athrú. […] Tá deis againne é sin a thapú agus dul leis an Líonra agus é a bheith fite fuaite tríd an rud. […] má chruthaíonn muid deiseanna, sin an rud is tábhachtaí faoin bplean: go mbeidh deiseanna do dhaoine pé Gaeilge atá acu a úsáid go nádúrtha* and it can't be *Áras Chrónáin […] Áras Chrónáin* is an *ionad cultúir. Bíonn Gaeilge in úsáid ann. Má tá tú chun an rud ar fad a chrochadh thart timpeall air sin, an rud céanna i mBéal Feirste, an rud céanna sa Charn. […] Muna bhfuil an Ghaeilge in úsáid go nádúrtha i suíomhanna nádúrtha laethúla […] An rud is tábhachtaí faoi aon ghrúpa pobail nó aon ghluaiseacht is leanúnachas.*

Maidir leis an ngrúpa Muintir Chrónáin, luann Ó Gaibhín go mbíonn 250 ball cláraithe gach bliain ach creideann sé go bhfuil an bealach saoil a bhaineann le ballraíocht de ghrúpaí agus d'eagraíochtaí imithe. Tacaíonn an tuairim seo le teoiricí iar-nua-aoiseacha a bhaineann le ballraíocht pobail agus na naisc neamhbhuana a thagann leis an bpobal comhaimseartha a phléann Delanty (2003).

*Méid na ndaoine a ghlacann páirt go rialta*

Cé go measann Ó Gaibhín go bhfuil athruithe móra saoil tarlaithe do Chluain Dolcáin agus go bhfuil cúrsaí ballraíochta athraithe dá bharr, feictear dó go bhfuil leanúnachas idirghlúine ag tarlú sa Ghaeloideachas. Dar leis:

> ***Ó Gaibhín:*** *D'athraigh an saol tar éis an* Celtic Tiger. After 2008, everything changed*. […] Go dtí sin* you had *daoine a tháinig chuile Dhéardaoin ar an Déardaoin gan teip. Bhí daoine a tháinig an oíche Aoine*

> *[…] bhí daoine a tháinig ar an Satharn le haghaidh ócáid éigin […] Tá na himeachtaí sin fós ar siúl ach níl na daoine céanna ann* and *tá cúpla fáth leis sin: athrú saoil, daoine ag teacht agus ag imeacht ón saol.* We're top heavy now *le daoine ar an taobh eile den* fifty year bracket *[…] ach anois tá muid ag feiceáil na daoine seo, a bpáistí* are now *ag tabhairt a bpáistí tríd an naíonra agus an Ghaelscoil* so there's this flip around. *Fíricí an-spéisiúla ná i gCluain Dolcáin, cuid mhaith de na daoine le clann óga i gCluain Dolcáin, rugadh agus tógadh iad i gCluain Dolcáin. Tá daoine tar éis teacht ar ais* because they see it as a great place.

Tá suntas ag baint leis an ngné idirghlúineach a bhaineann leis an nGaeloideachas i gCluain Dolcáin. Bheadh tuilleadh taighde maidir le líon na ndaoine a tháinig tríd an gcóras agus atá ag tógáil clainne le Gaeilge inniu tairbheach chun eolas a bhailiú ar an tionchar a imríonn an Gaeloideachas ar iompar teanga na ndaltaí a théann tríd.

*Na himeachtaí a bhfuil níos mó dúil iontu*

Chun eolas a fháil ar na cineálacha pobal sainspéise atá ag feidhmiú taobh istigh de phobal na Gaeilge i gCluain Dolcáin agus an ráchairt a bhaineann leis an gcineál pobail sin, lorgaíodh eolas ó na príomhfhaisnéiseoirí maidir leis na himeachtaí a bhfuil níos mó dúil iontu. Léiríonn an t-eolas a fuarthas ó Ó Gaibhín go bhfuil éagsúlacht i gceist ó thaobh an chaighdeáin Ghaeilge atá ag na daoine a bhaineann leas as Áras Chrónáin agus nach pobal aonchineálach Gaeilge atá i gceist:

> ***Ó Gaibhín:*** *Níl aon cheann [imeacht] nach bhfuil dúil iontu. Eagraíonn muidne os cionn 350 agus 400 imeacht in aghaidh na bliana. […] Tá siad ar fad difriúil* and we're repackaging the same stuff year in, year out. *Tagann daoine isteach ag Áras Chrónáin, an foirgneamh. Tá daoine a thagann isteach atá líofa sa Ghaeilge – fíorbheagán. Tá daoine ag teacht isteach le blaisín agus cúpla focal. Tá daoine a thagann ann nach bhfuil focal Gaeilge acu. Tá daoine a thagann ann mar gur maith leo an áit. Tá daoine a thagann ann don cheol. Tá daoine a thagann don rince. Tá daoine a thagann ann* because they just like the people in the place but *thug muidne riail ón gcéad lá*, it's an unwritten rule, *nach gcuirfidh muid bac ar aon duine teacht isteach ach go gcoinneoidh muid polaitíocht agus reiligiún taobh amuigh den gheata. Níl cead acu istigh anseo* so *má thagann aon ghrúpa reiligiúnach nó*

> political party *[…] má fheictear dúinn a bheith páirteach le haon* political, religious organisation *ar leith, tá muid ag cur bac ar dhaoine a theacht isteach. Tá an teanga 3,000 bliain nó níos mó […]* It [an Ghaeilge] shouldn't be used as a political pawn. It's culture; it's part of what we are; it's our DNA.

Luann Ní Arrachtáin gurb iad ceolchoirmeacha agus an Beithilín Beo an dá imeacht a eagraíonn Muintir Chrónáin a bhfuil an dúil is mó iontu. Luann sí:

> ***Ní Arrachtáin:*** *[...] Tagann Kíla d'fhéadfá a rá chuile bhliain. Tagann siad agus líonann siad an áit agus, cé go dtagann siad ar ais chuile bhliain, fós tagann daoine amach chucu chuile bhliain agus an ceann eile a thagann chun intinne ná an Beithilín Beo agus [...] ní féidir na daoine a choinneáil ón rud sin agus chuile bhliain roghnaíonn muid aoi speisialta agus lainseálann siad an rud [...] Níl aon teanga* so *ceol ar fad gan aon teanga [...] Sin an deis atá againn bualadh le daoine nua agus nuair a dhéantar é ar bhealach cairdiúil mar sin bíonn daoine b'fhéidir sásta gur thángadar isteach go dtí an tÁras [...] agus má cheapann siad nach bhfuil a nGaeilge sách maith go leor* then *chuirfeadh sé sin faitíos ar dhuine ar bith teacht isteach* so *tá muid ag iarraidh an teachtaireacht a chur amach ansin gur gnáthdhaoine muid agus go bhfuilimid ag iarraidh rudaí a fheabhsú do gach duine ins an phobal agus, chomh maith leis sin, bíonn muid ag smaoineamh ar na scoláirí atá ag dul tríd an gcóras anois, go bhfuil sé le feiceáil dóibh go bhfuil an Ghaeilge beo agus go bhfuil muid ag leanúint ar aghaidh agus daoine ar gach aon aois ag treabhadh leo ar son na Gaeilge* so *sin an Beithilín Beo. D'fhéadfá a rá sin an rud is mó a bhaineann muid amach ó thaobh uimhreacha de.*

Is léir ón eolas a thugann Ní Arrachtáin go bhfuil na himeachtaí is mó a eagraítear don phobal dírithe ar an bpobal ar fad agus ní ar lucht na Gaeilge amháin. Leagann Ó Gaibhín béim ar an ngné chultúrtha a bhaineann le hÁras Chrónáin; ní ionad Gaeilge atá san ionad agus freastalaíonn sé ar phobail éagsúla taobh istigh de phobal Chluain Dolcáin. Ceistítear anseo, mar sin, an freastal atá á chur ar fáil do lucht na Gaeilge sa cheantar agus na hiarrachtaí atá ar bun chun pobal na Gaeilge a dhlúthú. Luann Mac Donnacha (2000: 20), mar shampla, an tábhacht a bhaineann le tacaíocht a chur ar fáil don phobal teanga agus, dar leis:

> Structures for supporting language communities [...] ought to facilitate the interaction of individuals, groups, organisations, institutions and regions of the language community. They should increase communication and interaction between the dispersed elements of the community in order to faciliate them in planning and managing the provision of relevant services through the medium of the target language, thus ensuring that they are not "required/compelled to use outside institutions, personnel, norm and procedures for sensitive functions in connection with familial, religious, educational and economic pursuits' (Fishman 1991 luaite i Mac Donnacha 2000).

*An cur chuige atá in úsáid i bhforbairt an Líonra Ghaeilge*

Fiafraíodh de na hagallaithe an cur chuige atá in úsáid acu i bhforbairt an phobail Ghaeilge agus de réir Uí Ghaibhín, is meascán de chur chuige ón mbun aníos agus ón mbarr anuas atá i gceist le cur chuige Mhuintir Chrónáin. Leagann sé béim ar leith ar thús áite a thabhairt don óige sa phróiseas agus ar an tábhacht a bhaineann leis an gcéad ghlúin eile:

> ***Ó Gaibhín:*** *[...] an rud is tábhachtaí ná an óige.* If you can get that, *athróidh sé gach rud agus creidim go mór é sin.* You can't teach an old dog new tricks and that's *fíor. An rud is fearr a thuigimse féin ná, an grúpa is tábhachtaí dúinn ná na daoine atá sa naíonra agus na tuismitheoirí sin. Sin an grúpa is tábhachtaí* because, if you can get them now, *tá siad chun glúin eile a thógáil leo […] má thosaíonn siad go nádúrtha leis an óige agus tá an Ghaeilge mar chuid nádúrtha den saol, beidh sé ann i gcónaí.*
>
> ***Taighdeoir:*** *[…] Lena leithéid d'imeachtaí agus rudaí mar sin a eagrú, an bhfuil coiste i gceist ansin? […] Nó an dtagann na smaointe ón phobal a mbíonn páirteach ann?*
>
> ***Ó Gaibhín:*** *An dá rud.* Supply and demand. *Má bhíonn muidne bainteach leis an teanga,* our de facto, *tá an cultúr, ceol agus rince agus gach rud fite fuaite. Tá mise ag iarraidh imeacht uaidh sin. Níl mé ag iarraidh neamhaird a dhéanamh air. Tá stiúideo taifeadta againn anois, tar éis caoi a chur air,* best thing ever *don óige.* Boys love it, brand new digital system, training them all in sound, everyone wants to be in X Factor. *[…] Ceann de na rudaí is tábhachtaí ná* the *cúla* camps and the GAA. We got a youth policy *leis na towers. Maidin Shathairn* there's *220 páiste ó cheithre bliana d'aois go*

*hocht mbliana d'aois ag foghlaim peile is iomáint agus cuir Gaeilge fite fuaite tríd. An chuid is mó de na tuismitheoirí, na paistí, is ón nGaelscoil iad.* Why? Reinvent the wheel. *[…] Muidne an t-aon ghrúpa san ardchathair. […] Tá* more *gluaiseachtaí agus eagrais Ghaeilge. Tá oifigí acu i mBaile Átha Cliath.* You can go *tríd Gaelscoileanna* and *Conradh na Gaeilge* and all that. *Níl aon ghrúpa i mBaile Átha Cliath ach Muintir Chrónáin.* That's nuts. That's *mícheart. Taispeánann sé sin laige sa chóras [...]*

Feictear do Ó Gaibhín go bhfuil tábhacht ann don eagraíocht a bheith féin-chothabhálach. Dar leis, cinntíonn an cur chuige seo inbhuaine don ghrúpa:

***Ó Gaibhín:*** *[...] cuirfidh mé mar seo é, dá n-imeodh Foras na Gaeilge amárach agus go ndéarfadh an stát,* we're cutting all *maoiniú for an Ghaeilge agus cultúr* and that's the end of it, *tá muid ag fáil réidh leis,* we're still here, we're still doing what we're doing. *Ní bheidh éinne ag cur isteach nó amach orainn. Beidh sé deacair.* Get on with it. *[…] Tá mise ag súil le deich mbainis a chur isteach an samhradh seo chugainn nuair atá an áit ciúin i rith an tsamhraidh. Beidh ioncam níos mó,* bottom line profit of €20,000 plus *an ioncam ar an mbeár, ioncam breise san Áras. Nuair a bhogann muid an naíonra amach agus* hopefully expand it from 60 to 160, *beidh muid ag cruthú ocht bpost lánaimseartha nua trí mheán na Gaeilge. […]* it's self-survival but that *ioncam ón naíonra* will plug a hole *dá dtitfeadh an rud ón bhForas* because what they're getting off them at the moment is pennies anyway. *Ní dhiúltóidh muid maoiniú riamh* but *ní bheidh muid ag brath air.* Then we become *neamhspleách.*

***Taighdeoir:*** So *tá sé sin tábhachtach daoibhse go bhfuil sibh neamhspleách?*

***Ó Gaibhín:*** *Tá sé tábhachtach d'aon ghrúpa […]* If you're successful, people want to be a part of you. *[…] An fhís a bhí ag Séamus Ó Cathasaigh, ceann de na bunaitheoirí, cailleadh é cúpla bliain ó shin. Bhí Séamus ag rá,* whatever we do, *caithfidh sé a bheith ar chomhchaighdeán nó níos airde ná an Béarla* because they're just waiting to fire at you, pull you down [...].

Tá meon féinchothabhálach Uí Ghaibhín i leith an ghrúpa Ghaeilge suntasach agus léiríonn sé go bhfuil an cur chuige atá in úsáid ó thaobh cothú an ghrúpa tairbheach don todhchaí. Pléann Nettle agus Romaine an cheist seo i gcomhthéacs na

scolaíochta agus an baol a bhaineann le spleáchas ar acmhainní stáit. Dar leo, baineann an spleáchas seo an bonn ó fhreagracht agus ó chearta an mhionlaigh smacht a choinneáil ar a chúraimí féin agus nach mairfidh an teanga atá spleách ar éinne eile don seachadadh idirghlúine (2000: 189).

Luann Ní Arrachtáin gur comhlacht teoranta iad Muintir Chrónáin agus go mbíonn toghchán acu gach bliain chun na róil éagsúla a bhaineann leis an eagraíocht a líonadh. Chomh maith leis sin, déantar iarracht daoine agus grúpaí eile sa phobal níos leithne a thógáil le chéile chun imeachtaí a eagrú:

> ***Ní Arrachtáin:*** *Tá an coiste againn, sin an bord bainistíochta agus ansin tá Dáil Chluain Dolcáin againn agus is éard atá i gceist le Dáil Chluain Dolcáin ná na daoine atá bainteach leis na heagraíochtaí eile atá ag iarraidh Gaeilge a chur chun cinn* so *seo an bealach a rinneamar é chun go mbeadh gaol eadrainn agus ag an gComhairle Contae agus ag an gcumann staire agus na* Tidy Towns *agus na cumainn a bhíonn i ngach aon phobal ach go bhfuil siad ag teacht go dtí an tÁras chun rudaí a phlé linn* so *tá, d'fhéadfá a rá,* representation *de an-chuid daoine agus muid ag teacht le chéile mar tá muid ag iarraidh rudaí maithe do Chluain Dolcáin agus an Ghaeilge mar chuid lárnach de sin [...]* so *tá muid ag dul i ngleic le gan a bheith ag feidhmiú linn féin mar ní oibríonn sé.*

Leagann Ní Arrachtáin béim ar rannpháirtíocht an phobail a mhealladh chuig an togra Gaeilge, fachtóir atá aitheanta mar chuid thábhachtach den fhorbairt pobail. Tá guth an phobail ríthábhachtach i bhforbairt pobail inmharthana mar atá pléite ag Bridger agus Luloff (2001) agus Meade *et al* (2016).

Cuirtear béim ar an dátheangachas agus ar dhaoine a mhealladh chuig an nGaeilge agus iad a spreagadh léi. Maíonn Ní Arrachtáin go mbíonn easpa féinmhuiníne ag baint le húsáid na Gaeilge agus feictear di go bhfuil áit ar leith ag imeachtaí sóisialta i gcur chun cinn na Gaeilge:

> ***Ní Arrachtáin:*** *[...]* so *aon rud a cuireadh le chéile gur cuireadh le chéile i nGaeilge agus i mBéarla sa cheantar* so *tá sé sin thar a bheith tábhachtach dúinne mar phobal Gaeilge agus ní ag cur brú ar dhaoine ach go mbeadh sé sin an gnáthrud.* That's how we do things here. *Gaeilge agus Béarla i gcónaí agus ins na siopaí agus fáil amach cé aige nó aici a bhfuil Gaeilge. An féidir*

*linn daoine, go mbeidís ar a suaimhneas Gaeilge a labhairt? [...] Tá neart ann ón scolaíocht ach uaireanta bíonn faitíos ar dhaoine [...] B'shin an méid atá ann, easpa féinmhuiníne [...] Is rud mall é an próiseas seo ach is fiú go mór é a dhéanamh ag an am céanna. Is fiú go mór leanúint linn.*

***Taighdeoir:*** *An bhfuil tuairim agat cén céatadán de na baill a bhfuil Gaeilge mhaith acu, Gaeilge líofa?*

***Ní Arrachtáin:*** *Níl an freagra sin agam [...] ach caithfidh go bhfuil céatadán ard anois ag an am seo ag muintir Chluain Dolcáin mar gheall ar na scoileanna ar fad. Sin an smaoineamh a bhí ann i gcónaí, go mbeadh sé mar dheis ag na hiarscoláirí de Choláiste Chilliain agus na Gaelscoileanna ar fad áit lena gcuid Gaeilge a choimeád agus an-chuid de na múinteoirí anois atá ag obair sna scoileanna sin, is iarscoláirí den chóras sin cuir i gcás* so *d'fhreastal siad ar cheann de na scoileanna d'fhéadfá a rá agus chomh maith leis sin tagann daoine. [...] bíonn* Pop up *Gaeltacht agus tá sé tábhachtach go mbeadh sé sin. Bhí [...] ceann amháin acu in* The Laurels *i gCluain Dolcáin. Sin gnáthphub* so *sin deis againne mar mhuintir Líonra Gaeilge cur in iúl don phobal go bhfuil muid ann agus go bhfuil Gaeilge againn agus go bhfuil fáilte roimh dhaoine teacht isteach agus tá roinnt imeachtaí tríd an mbliain ar fad chun daoine nua a mhealladh isteach chuig an Áras. Ní bhíonn siad i gcónaí iomlán trí Ghaeilge ach déanann muid gach iarracht [...] Ní féidir linn a bheith ag rá le daoine, caithfidh tú Gaeilge a labhairt. Glacann muid leis an dátheangachas ach go mbeadh tús áite tugtha ag an nGaeilge.*

*An leibhéal rannpháirtíochta ón bpobal atá ann in eagrú imeachtaí don phobal*

Cuireann teoiricí ar an bhforbairt pobail béim ar leith ar rannpháirtíocht an phobail sa phróiseas cinnteoireachta (Freire, 1970; Bridger & Luloff, 2001; Meade *et al*: 2016). Chun léargas a fháil ar an leibhéal rannpháirtíochta ón bpobal atá ann in eagrú imeachtaí don phobal, lorgaíodh eolas ó na hagallaithe maidir leis an ábhar seo:

***Ó Gaibhín:*** *Cosúil le haon eagraíocht,* you've the core *cúigear nó seisear a bhíonn fite fuaite i ngach aon rud. Rud atá aitheanta le blianta beaga anuas,* you won't get the long-term commitment *ach má tá togra ar leith ar siúl agat,* you'll get a buy in for that. *Na rudaí* for daoine who'd be like a

> *cathaoirleach. Proinsias,* he was *cathaoirleach ar feadh 35 bliain.* You don't get that no more. […] They're in and out. They're transient. And *arís, go háirithe san ardchathair, níl mé ag caint faoin tuath. Tá an tuath iomlán difriúil. […] Bíonn daoine ag fanacht le ceist.*

Tacaíonn an t-eolas a chuireann Ó Gaibhín ar fáil anseo leis na teoiricí a phléann Delanty (2003) agus Allan & Turner (2000) maidir le nádúr an phobail iar-nua-aoisigh agus an ghné oscailte a bhaineann le gréasáin sa lá atá inniu ann.

***Carn Tóchair***

*An ról atá ag An Carn i bhforbairt an Líonra Ghaeilge sa cheantar*

Tá Coiste Forbartha Charn Tóchair i gCarn Tóchair ainmnithe ag Foras na Gaeilge mar an grúpa atá freagrach as an Líonra Gaeilge sa cheantar a fhorbairt agus feidhmíonn an grúpa ón ionad, An Carn. Fiafraíodh de na hagallaithe a bhaineann leis an gCoiste an ról atá acu i bhforbairt an Líonra Ghaeilge sa cheantar agus, de réir Uí Fhlannagáin:

> ***Ó Flannagáin:*** *Ar mhaithe le soiléireacht, nuair a dúirt tú féin Líonra Gaeilge, beidh tú féin ag caint ar an chomhphobal leathan Gaeilge thart orainn seachas rud ar bith go miongheografach mar a déarfá. I dtaca leis an ról atá ag Carn Tóchair, tchím é mar ról lárnach in athbheochan na Gaeilge i gceantar níos leithne ná ár gceantair féin, i gceantar Dhoire Theas déarfainn. Sin an* vehicle *inar thosaigh athbheochan na Gaeilge insa cheantar go forleathan. Thiocfadh leat a rá gur thosaigh Coiste Forbartha Charn Tóchair amach ag tús na nóchaidí agus is grúpa comhphobail é, grúpa fá choinne atógáil comhphobail, grúpa a bunaíodh leis sin a dhéanamh […] Nuair a thosaigh muid amach leis an cheantar a athbheochan agus go luath chonaic muid an Ghaeilge mar thiománaí iontach tábhachtach leis sin a dhéanamh* so *bhí muid ag amharc ar athbheochan chomhphobail ar dhóigheanna eacnamaíochúla, sóisialta, cultúrtha agus teanga agus mar cheann de na chéad ghníomhartha a rinne muid mar ghrúpa ná gur bhunaigh muid an chéad naíscoil inár gceantar i gCarn Tóchair agus b'shin an chéad uair a bunaíodh naíscoil fán tuath taobh amuigh de na Gaeltachtaí insa tír uilig, agus sin 1992 sílim. […][bhí] Naíscoil Charn Tóchair bunaithe insa bhaile fearainn Sleacht Néill ag an am agus tá sin thart ar dhá mhíle*

*amach ó bhaile mór Mhachaire Rátha.* So *bliain ina dhiaidh sin, bhunaigh muid Naíscoil Mhachaire Rátha agus bhunaigh muid fosta, sa bhliain chéanna, an chéad bhunscoil, Bunscoil Luraigh an t-ainm a bhí air ag an am sin, agus bhí sin ann le bheith cinnte go dtiocfadh leis na páistí a bhí tosaithe cheana féin ag na naíscoileanna, ábalta dul ar aghaidh chun a gcuid oideachais a dhéanamh trí mheán na Gaeilge.*

Luann Ó Flannagáin nach raibh Gaelscolaíocht ar fáil i gceantar tuaithe ar bith sa tír, ach amháin sa Ghaeltacht, agus go bhfacthas don choiste go bhféadfadh an Ghaeilge a bheith lárnach in atógáil an cheantair ar go leor bealaí:

***Ó Flannagáin:*** *Nuair a thosaigh muid air sin, nuair a thosaigh muid an atógáil teanga, atógáil chultúir agus féinmhuiníneachas ag daoine ina gcultúr, ina dteanga, ina bhféiniúlacht féin mar Éireannaigh, ina dtír féin, chonaic muidinne sin mar thiománaí iontach láidir le bheith ag dul ar aghaidh leis an atógáil ar dhóigheanna difriúla fosta agus chonaic muid nasc idir stair agus cúlra na ndaoine agus an teanga agus cultúr. Chonaic muid nasc idir an teanga agus an tír féin, an tíreolaíocht, ainmneacha na háite, an béaloideas, tuigmheáil a bheith ag daoine ar a stair féin, ar a gcúlra féin agus sin uilig. Chonaic muid gur seo nasc iontach láidir agus gur seo an dóigh leis an fhéinmheas sin a atógáil i bpobal fán tuath mar roimhe seo bhí an ceantar fán tuath, ceantar Charn Tóchair go háirithe, sin na bailte fearainn a luíonn uilig faoi scáth an sliabh áitiúil, Carn Tóchair. Chonaic muid go raibh an áit ag dul síos, go raibh na daoine óga ag fágáil na háite, bhí scoil áitiúil fán tuath i mbaol bás a fháil, bhí an áit ag dul i laige i rith an ama.* So *thosaigh muid amach mar ghrúpa leis an Ghaeilge a chur chun cinn cinnte ach sin a bheith mar chuid de chomhphobal na háite a atógáil agus a thabhairt ar aghaidh chun láidreacht fosta ag an am céanna* so *thosaigh muid ar a lán rudaí ag an am céanna agus bhí muid ag tógáil Gaelscolaíochta insa cheantar, tógáil ranganna Gaeilge do dhaoine fásta, ag déanamh rudaí cosúil le ag oscailt trialacha suas leis an cheantar a oscailt suas fá choinne daoine ag dul ar shiúlóidí agus iad a thabhairt suas ar na cnoic agus thosaigh muid ar chuid mhór stuif mar bhí muid ag obair i rith an ama ar scéim bheag tithíochta. Bhí muid ag iarraidh lárionad a thógáil dár*

*gcomhphobal, rud a rinne muid go luath ina dhiaidh sin. […] sin an áit a bhfuil ionad pobail Charn Tóchair anois […]*

Léiríonn an méid a luann Ó Flannagáin go bhfuil an togra atá ar bun acu sa phobal i bhfad níos leithne ná cur chun cinn na Gaeilge agus go bhfuil forbairt níos cuimsithí ar bun a nascann gnéithe éagsúla an phobail le chéile. Luíonn an cur chuige seo le smaointeoireacht Webb (2002: 44) ar cad is pleanáil teanga ann mar gheall ar an nádúr cuimsitheach a bhaineann leis an gcur chuige agus an bhéim ar an bhforbairt oideachasúil, eacnamaíoch, agus sóisialta. Leagann Mac Donnacha béim ar inmharthanacht fhadtéarmach agus inmharthanacht eacnamaíoch an phobail chomh maith le braistint fhéinmhuiníne na ndaoine (2000: 19) agus airítear gnéithe den smaointeoireacht seo i gcás an togra i gCarn Tóchair.

*An leibhéal rannpháirtíochta ón gceantar atá ann in imeachtaí an phobail*

Feictear i gcás Charn Tóchair go bhfuil cosúlachtaí ann leis na pobail eile maidir leis an leibhéal rannpháirtíochta atá ann ón gceantar in imeachtaí an phobail sa chaoi is go mbraitheann sé ar an gcineál imeachta atá ar siúl. Lorgaíodh eolas ó na rannpháirtithe maidir leis an leibhéal seo agus luann Ó Flannagáin:

***Ó Flannagáin:*** *Sílim gur rannpháirtíocht láidir atá ann. Is dócha an eagraíocht is láidre chomhphobail shochaí i gceantar s'againne ná an Cumann Lúthchleas Gael agus ciallaíonn sin i gceantar s'againne Cumann Sleacht Néill go háirithe agus, sa bhaile mór, Cumann na Gleann. Cheangail Cumann Lúthchleas Gael go háitiúil isteach i caidé a bhí muid ag déanamh go hiomlán agus d'athraigh siad a chuid comharthaíochta uilig […] i nGaeilge amháin nó dátheangach. Ag Cumann Sleacht Néill mar shampla, bíonn cúrsaí ann fá choinne cuid de na traenálaithe a bheith ábalta Gaeilge a úsáid nuair atá siad ag obair le daoine óga. Cuid mhór de na daoine óga anois, go háirithe mar gheall ar an Ghaeloideas, atá ag teacht fríd agus ag dul chuig an traenáil leis an chumann áitiúil, tá Gaeilge acu. Nuair a bhain Cumann Sleacht Néill, na cailíní, nuair a bhain siadsan Craobh na hÉireann i mbliana, thart ar bheagnach leathchuid de na cailíní ar an phainéal, is Gaeilgeoirí iad. Sin na máithreacha don todhchaí. […] Ag brath ar caidé atá muid ag déanamh, beidh slua mór ag an Choire […] reáchtálann muid ar an 12ú Mí Iúil – an rud a dhéanann muidinne ná bíonn lá spraoi, teaghlaigh,*

*spóirt agus teanga agus ceoil againn ag an Tóchar agus tig na céadta chuige; tig an comhphobal uilig chuige […] lena gcuid páistí. Bíonn siad ag spraoi agus ag imirt, bíonn* barbeque *againn, bíonn rásaí againn ar maidin […] agus siúlóidí agus rásaíocht rothair agus […] suíonn achan duine thart agus bíonn* barbeque *acu agus ceol agus amhránaíocht agus tá sin uilig ag cur béime ar an teanga agus ar an cheol […] Reáchtáil muid siúlóid sa choill […] Tháinig beagnach ocht gcéad duine chuige agus, as an ocht gcéad duine, déarfainn go raibh Gaeilge ag thart ar dhá chéad go leith acu.*

Luann Ní Loinsigh go mbraitheann an rannpháirtíocht ar an imeacht agus ar an am den bhliain atá i gceist:

***Ní Loinsigh:*** *Tá cuid mhór foghlamtha againn thar na blianta. Téann an séasúr seo ó Mheán Fómhair go Nollaig agus tchíonn muid an oiread is mó rannpháirtíochta ar imeachtaí atá iontach rathúil ar fad an téarma seo […] tá dul chun cinn ollmhór i líon na ndaoine atá ag freastal ar na himeachtaí mar [...] ní raibh ach trí rang; anois tá muid ábalta cúig rang a ofráil agus, ag brath ar éileamh, b'fhéidir go mbeidh sé rang á n-ofráil againn agus seo chomh maith le ranganna breise dírithe ar theaghlaigh […] Chomh maith leis sin, bíonn imeachtaí aonuaire cosúil leis an tsiúlóid laindéir. Tá muid ag dúil le 500 duine sa bhreis ón mhórcheantar ag teacht chuig an ócáid sin. Má tá imeachtaí á n-ofráil againn don mhórphobal, déanann muid iarracht iad a ofráil go dátheangach nó trí Ghaeilge amháin ar an dóigh go bhfuil muid ábalta an teanga a normalú. Cluineann siad an Ghaeilge, tá an Ghaeilge feicthe acu ar na fógraí agus ar na póstaeirí agus tá muid ag iarraidh an teanga a normalú. B'fhéidir nach mbeadh suim dá laghad ag tuismitheoir an Ghaeilge a fhoghlaim iad féin ach tá muid ag iarraidh iad a mhealladh agus b'fhéidir a bheith ag smaoineamh ar a bpáistí a chur chuig an Ghaelscoil. As rannpháirtíocht ón mhórcheantar, déarfainn bheadh […] 70%, 80% ón mhórcheantar. Is dócha, bhí orainn imeachtaí a thriail. Ní maith linn imeachtaí a chur ar fáil nach bhfuil ráchairt orthu* so *má tharlaíonn sin, tagann muid ar ais le chéile agus smaoiníonn muid bhuel, níor oibrigh sin, agus amharcann muid ar an chúis cén fáth nár oibrigh seo, siúd agus araile agus déanann muid athbhreithniú ar an imeacht féin agus an chóir dúinn é a thriail arís nó nár chóir.*

*Méid na ndaoine a ghlacann páirt go rialta*

De réir Uí Fhlannagáin, tá dul chun cinn déanta ag an bpobal ó thaobh na Gaeilge de le tríocha bliain anuas agus, maidir le rannpháirtíocht, maíonn sé go mbíonn idir céad agus dhá chéad a ghlacann páirt in imeachtaí ar bhonn rialta:

> ***Ó Flannagáin:*** *Déarfainn thart fá, dá mbeadh rud inteacht againn ag an Choire i dtaca le siamsaíocht thiocfadh le céad go dtí dhá chéad daoine a theacht ag brath ar caidé atá ag tarlú ach déarfainn thiocfadh leat i gcónaí brath ar chéad […] Níl sé mícheart a rá go bhfuil […] ár dteanga á labhairt go rialta ná go minic ag b'fhéidir 20% den chomhphobal mór thart orainn […] ag teacht ó chor a bheith náid tríocha bliain ó shin.*

Díreach cosúil le Ráth Chairn, bíonn croíghrúpa daoine bainteach le himeachtaí an phobail Ghaeilge agus luann Ní Loinsigh:

> ***Ní Loinsigh:*** *Tá sé tábhachtach a rá go bhfuil croíghrúpa daoine, teaghlaigh, ag teacht chuig na himeachtaí go rialta ach is é an croíghrúpa sin fosta atá gníomhach leis an choiste, gníomhach leis an chlub cheana féin agus ceann de na deacrachtaí atá ann, uaireanta tá sé deacair ar dhaoine. Caithfidh muid a bheith ag smaoineamh go cúramach caidé atá muid ag ofráil agus caidé atá muid ag déanamh toisc go bhfuil an croíghrúpa seo sásta teacht chuig cuid mhór rudaí agus nach bhfuil muid ag cur brú ar dhaoine teacht amach ar mhaithe le teacht amach.*
>
> ***Taighdeoir:*** *Cé mhéad duine a mbeadh bainteach leis an gcroíghrúpa sin?*
>
> ***Ní Loinsigh:*** *Déarfainn go bhfuil thart fá 15 go 20 teaghlach; bheidís mar chuid den chroíghrúpa sin. Seo teaghlaigh ina bhfuil Gaeilge líofa ag beirt thuismitheoirí nó tuismitheoir amháin agus tá réimse aoise do na páistí eatarthu idir páistí óga, páistí trí bliana d'aois suas go dtí ina bhfuil clann tógtha acu, páistí ar ollscoil. Tá an réimse chomh fada sin.*

Léiríonn an cás seo, cosúil le Ráth Chairn agus Cluain Dolcáin, go bhfuiltear ag brath ar na daoine céanna chun an pobal Gaeilge a reáchtáil agus é a choinneáil ag obair agus go bhfuil athghiniúint tábhachtach sa chás seo chun a chinntiú go bhfuil daoine nua ag teacht chun cinn.

*Na himeachtaí a bhfuil níos mó dúil iontu*

Dar le Ó Flannagáin, bíonn ráchairt ar na hoícheanta ceoil a eagraíonn An Carn agus éiríonn leo líon mór daoine le Gaeilge a mhealladh chuig na hócáidí sin. Luann sé chomh maith go bhféadfaí céad duine óga a mhealladh chuig imeachtaí atá á reáchtáil ag Ógras agus go gcuirtear béim ar leith ar an óige agus imeachtaí á n-eagrú.

Is léir ón méid a luann Ní Loinsigh go bhfuil ráchairt ar na himeachtaí sóisialta a eagraíonn An Carn:

> ***Ní Loinsigh:*** *Bíonn réimse imeachtaí á reáchtáil againn i rith na bliana. Bíonn féile againn do Sheachtain na Gaeilge. […] Imeacht eile a bhfuil an-ráchairt air agus tá sé ag dul ó neart go neart mar chuid den fhéile atá againn i rith an tsamhraidh, Féile Charn Tóchair. Tá lá againn, Rith an Chairn ar an 12ú de Mhí Iúil gach bliain. Is lá saoire bainc a mbíonn anseo sna Sé Chontae agus bíonn achan duine saor […]* so *shocraigh muid roinnt blianta ó shin imeacht a dhéanamh agus an áit a bhfuil muid lonnaithe, tá muid iargúlta agus ar bhun sléibhe […]* so *tá turas thart fá cúig chiliméadar oibrithe amach againn agus caithfidh tú rith suas ag barr cnoic agus anuas arís* so *tá sin ag dul ó neart go neart. Bhí […] 150 a ghlac páirt ar an rith é féin agus tá féile agus* barbeque *sóisialta le siamsaíocht ar ais ag an ionad agus déarfainn go raibh thart fá 300, 400 duine i láthair ag an tsiamsaíocht sin idir páistí agus daoine fásta agus gach rud. Bíonn siamsaíocht ann do na páistí agus giota ceoil agus* barbeque *[…]*

*An cur chuige atá in úsáid i bhforbairt an phobail*

Luann Ó Flannagáin go mbíonn meascán den chur chuige, is é sin ón mbarr anuas agus ón mbun aníos, i gceist leis an gcur chuige a úsáideann Coiste Charn Tóchair. Aithníonn sé, áfach, go bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis an gcur chuige ón bhun aníos agus luann sé:

> ***Ó Flannagáin:*** *Ní thig leat rud ar bith a dhéanamh gan daoine ón bhun aníos a bheith leat, mar shampla, sin caidé mar a tharla gach rud bainteach le Gaeloideas […] tuismitheoirí ag teacht le chéile ag iarraidh rud inteacht a dhéanamh dá bpáistí agus ansin teacht le chéile agus ag obair air. […] Tig sin uilig agus tháinig sin uilig ón talamh. Ní raibh cuid ar bith den stát […]*

*go háirithe i gceantar go forleathan ins na Sé Chontae is ag rá, seo an stát agus tá an stát i bhfách le Gaeloideas agus ba mhaith linn Gaeloideas a bhunú anseo* so *achan rud fá dtaobh de sin, tig sé agus tháinig sé ón bhun aníos. An grúpa s'againne, tig sé ón chomhphobal thart orainn. Forbraíonn muidinne ár gcruinniú cinn bliana go forleathan. Go háitiúil, thig le duine ar bith a theacht agus a bheith páirteach ann agus páirt a ghlacadh ar an choiste nó cibé rud a dhéanamh. Nuair atá muidinne ag déanamh rudaí, cuireann muid amach scairt go forleathan fá choinne* volunteers*, fá choinne daoine a theacht agus cuidiú, le rud inteacht a ghlanadh suas, le rud inteacht a dhéanamh réidh fá choinne imeacht nó rud éigin mar sin agus tiocfaidh daoine agus beidh siad páirteach ann.*

Aontaíonn Ní Loinsigh leis an ráiteas seo agus luann sí go ndearnadh teagmháil leis an bpobal maidir le forbairt an ionaid agus go mbíonn fáilte roimh dhaoine ról a ghlacadh ar an gcoiste:

***Ní Loinsigh:*** *[…] ag an choiste forbartha, bíonn cruinniú cinn bliana ann gach bliain fosta* so *bíonn deis ag daoine agus téann muid amach ag lorg daoine le teacht isteach agus cuidiú linn agus bíonn fáil ag daoine teacht ar bord.*

*Leibhéal rannpháirtíochta ón bpobal in eagrú imeachtaí don phobal*

Pléann Ó Flannagáin an comhoibriú atá ar bun idir Coiste Forbartha Charn Tóchair agus an stát agus é ag plé an leibhéil rannpháirtíochta atá ann ón bpobal in eagrú imeachtaí don phobal. Dar leis, caithfidh rannpháirtíocht uile a bheith ann:

***Ó Flannagáin:*** *[...] caithfidh muid a bheith ag iarraidh an oiread a mhealladh as an stát i dtaca le comhoibriú linn agus is féidir. An deis is fearr atá againne leis sin a dhéanamh ná leis an chomhairle áitiúil, sin Comhairle Lár Uladh. Mar a tharlaíonn sé, is comhairle atá measartha báúil go polaitiúil le cúrsaí cultúrtha na hÉireann. […] agus tá pleananna acu agus cuspóirí acu a bhaineann leis an chultúr agus leis an teanga agus le rudaí cosúil le turasóireacht agus leis an timpeallacht agus na rudaí sin uilig atá muidinne ag déanamh* so *tá muid ábalta suí síos leofa agus a rá, tá muidinne ag déanamh rudaí anseo atá ar aon chuspóir libhse* so *caidé a thig libhse a dhéanamh le cuidiú linn, agus […] tá scéim mhaith de chláracha a chuidíonn*

> *le cúrsaí ealaíne agus teanga agus cultúir agus tá muidinne ábalta roinnt airgid a fháil ón chomhairle áitiúil agus cuidiú leo lena gcuid dualgaisí ins na rudaí seo* so *mar chineál* service level agreement *[…] go bhfaighidh muidinne airgead fá choinne rudaí a dhéanamh mar chuid de na seirbhísí don chomhphobal go háitiúil […] Níl sé maith go leor […] an abairt sin* core funding*, níl sin againn. Níl duine ar bith ag rá linn, seo slám airgid le foireann a fhostú ó bhliain go bliain [...] ach tá muid ábalta cúpla duine a fhostú fríd Scéim Phobal na Gaeilge, fríd Foras na Gaeilge. Tá sin iontach tábhachtach dúinne agus tá muid faoi an-bhrú anois mar gheall ar na ciorruithe atá ar an airgead atá ag teacht fríd sin […]*

Airítear sa chás seo arís go bhfuil easnamh i gceist ó thaobh maoinithe stáit de sa chaoi is nach bhfuil bunmhaoiniú á chur ar fáil do Choiste Forbartha Charn Tóchair agus go mbíonn orthu foinsí éagsúla a aithint chun cúnamh airgeadais a bhaint amach. Tá ceisteanna polaitiúla lárnach i bpobail Ghaeilge sna Sé Chontae agus maíonn na hagallaithe ó Charn Tóchair go n-imríonn an diúltú d'Acht Gaeilge don limistéar tionchar ar chúrsaí maoinithe don sprioctheanga.

Pléann Ní Loinsigh na struchtúir atá i bhfeidhm ag Coiste Forbartha Charn Tóchair, le ball coistí ag reáchtáil imeachtaí don phobal. Fáiltítear, áfach, roimh thuairimí an phobail agus, dar léi:

> ***Ní Loinsigh:*** *Na daoine is gníomhaí, is iad na daoine atá gnóthach cheana féin. […] Tá deis ag daoine agus tá fáilte roimh dhaoine teacht isteach. Is dócha na daoine a thagann isteach agus a léiríonn suim i rud éigin a reáchtáil, is iad na daoine a thagann isteach agus bíonn siad páirt den choiste ar an dóigh sin. […] Tá na ball coistí ann agus tá cuid acu níos gníomhaí ná cuid eile […] Duine ar bith nach ball coiste iad nó nach ball foirne iad, má thagann siad chugainn le himeachtaí gur mhaith leo rud éigin a sholáthair nó a reáchtáil, cinnte bíonn muid sásta cuidiú leo agus bíonn muid sásta sin a mhealladh ach an chuid is mó de na himeachtaí, titeann siad faoi scáth cibé tionscadal atá idir lámha againn faoi láthair agus na daoine a bhíonn anseo […]*

Tá suntas an chur chuige ón mbun aníos pléite ag Meade *et al* (2016), Gilchrist & Taylor (2011) agus Bridger agus Luloff (2001) agus, i gcás na pleanála teanga,

moltar an cur chuige céanna a thógáil isteach mar chuid den phróiseas chun rath na hiarrachta a chinntiú. Leagann Webb béim ar an gcur chuige seo agus luann sé, cé gur cur chuige ón mbarr anuas a bhíonn a i gceist leis an bpróiseas, ní mór é a chomhlánú le cur chuige ón mbun aníos chun éifeachtacht a chinntiú (2002: 43).

### 4.4.2 Tacaíochtaí stáit agus pobail

Fiafraíodh de na hagallaithe ar fad:

- Cad na hacmhainní agus tacaíochtaí atá ann don phobal seo mar phobal Gaeilge?
- An acmhainní agus tacaíochtaí stáit nó ón mórphobal iad?

I gcás gach pobal a rinneadh scrúdú orthu don taighde seo, maíodh i ngach cás go raibh maoiniú ón stát don phobal Gaeilge ró-íseal nó nach raibh ann dó. Cuireann an easpa maoinithe seo brú ar na pobail Ghaeilge i Ráth Chairn, Cluain Dolcáin agus Carn Tóchair ó thaobh dóthain fostaithe a earcú chun na pobail Ghaeilge a fhorbairt. I gcás na bpobal céanna, bíonn gá le hairgead a aimsiú ó fhoinsí éagsúla chun dul i mbun oibre éifeachtaí sna pobail chuí.

***Ráth Chairn***

Is é Ráth Chairn an t-aon phobal atá faoi scrúdú don taighde seo a bhfuil aitheantas oifigiúil Gaeltachta aige. Mar gheall ar an aitheantas sin, faigheann an pobal tacaíocht airgeadais ó Údarás na Gaeltachta agus Roinn na Gaeltachta. Luann Sarikaya:

> ***Sarikaya:*** *Ón stát, gheofann muid deontas reáchtála: €14,500 chuile trí mhí. Sin €58,000 deontas reáchtála ó Údarás na Gaeltachta. Ansin gheofann muid deontas ó Ealaín na Gaeltachta le haghaidh na bhféilte. Gheofann muid deontas le haghaidh Féile na Mí, Éigse Dharach Uí Chatháin. Gheofann muid deontais ón gComhairle Contae, deontais bheaga chun imeachtaí agus obair a chur ar siúl. [...]*
>
> ***Taighdeoir:*** *Agus an bhfaigheann sibhse aon tacaíocht ón mórphobal i gCo. na Mí?*
>
> ***Sarikaya:*** *Tá dháréag ar choiste an chomharchumainn* so *sin daoine áitiúla a thugann a gcuid ama go deonach. […] gheofann muid go leor tacaíochta ó mhuintir na Mí. Dhá bhliain ó shin cuireadh tús le himeachtaí na*

*mbóithre[…] tá beár ann agus, chun níos mó daoine a tharraingt isteach sa mbeár, tháinig muid suas le bealach chun níos mó imeachtaí a reáchtáil – 'Imeachtaí na mBóithre' – agus is éard a bhí i gceist ansin ná gur […] eagraigh muintir na Gaeltachta oíche sa gclub go míosúil agus bhailigh siad airgead le haghaidh carthanacht éicint. […] lean sé ar aghaidh ar feadh bliana. Tugann muintir na Mí tacaíocht do na himeachtaí ar fad a bhíonn ar siúl againn.*

Léiríonn an tacaíocht a phléann Sarikaya ó mhuintir na Mí go bhfuil leibhéal áirithe caipiteal sóisialta sa phobal agus sa chontae go ginearálta sa chaoi is go gcuireann daoine a gcuid ama ar fáil go deonach agus go bhfuil siad sásta tacú leis na himeachtaí a eagraíonn an Comharchumann sa phobal. Tá an tábhacht a bhaineann le caipiteal sóisialta pléite ag Putnam (2000: 22) a léiríonn na buntáistí atá ann do phobail trí na naisc, comhoibriú, tacaíocht fhrithbheartach agus muinín a chruthaíonn sé le daoine agus pobail eile.

De réir Sarikaya, tá tacaíocht airgeadais ar fáil ón mórphobal chomh maith agus tá daoine ón bpobal agus ó thaobh amuigh den phobal ag ceannach scaireanna sa Chomharchumann ó 1973.

Luann Mac Donncha go bhfaigheann Comharchumann Ráth Chairn deontas riaracháin ó Údarás na Gaeltachta agus gan an deontas sin, nach mbeidís in ann feidhmiú. Cuireann an Chomhairle Ealaíne maoiniú ar fáil d'imeachtaí ar nós drámaíochta agus Foras na Gaeilge agus Comhairle Contae na Mí d'imeachtaí ar leith chomh maith.

***Bóthar Seoighe***

Nuair a bunaíodh Nua-Ghaeltacht Bhóthar Seoighe i 1969, bhraith an pobal ar a mhuintir féin chun an pobal a fhorbairt agus na tithe a thógáil do na teaghlaigh Ghaelacha gan aon tacaíocht ón stát sna Sé Chontae. Maíonn Mac Seáin an tábhacht a bhain leis an bpróiseas sin sa chaoi is gur chinntigh sé úinéireacht iomlán don phobal ar an bpobal a bhí tógtha acu:

***Mac Seáin:*** *Bhí muid i stát nach raibh chun rud ar bith a chur ar fáil. Bhí saoirse iontach ag baint leis sin sa mhéid is go dtiocfaidh linn ár rogha rud a dhéanamh. Ní raibh muid ag brath air. Leis an fhírinne a dhéanamh, tháinig deacrachtaí áirid ó thaobh na scoile de nuair a rinne an stát amach go raibh*

> *siad chun maoiniú na scoile i ndiaidh trí bliana déag. Roimhe sin, bhailigh muid féin an t-airgead, chuir muid achan rud ar fáil, cheannaigh muid na tithe, fuair muid morgáistí, ní bhfuair muid pingin rua riamh. D'fhág sé saoirse iomlán againn. Bhí muid saor go háirid. Is linne an t-airgead mar sin de tá muid i dteideal é a bheith againn. Ní déirc atá ann nó ní deontas atá ann. […] Is ceart dúinn cibé rud atá muid i dteideal a fháil.*

Luíonn an smaointeoireacht taobh thiar d'fhorbairt Bhóthar Seoighe leis na prionsabail fhéinchabhracha atá nasctha leis an bhforbairt pobail (Meade *et al*, 2016) agus smaointeoireacht Putnam. De réir Putnam, tá tábhacht ar leith ag baint le grúpaí féinchabhracha agus luann sé go bhféadfadh na grúpaí seo tacaíocht mhothúchánach agus ceangail idirphearsanta a chur ar fáil do na rannpháirtithe (2000: 150).

***Cluain Dolcáin***

I gcás na Líonraí Gaeilge, faigheann Muintir Chrónáin i gCluain Dolcáin agus Coiste Forbartha Charn Tóchair i gCarn Tóchair maoiniú ó Fhoras na Gaeilge trí Scéim Phobail na Gaeilge. Go dtí seo, níl maoiniú ar leith faighte ag an dá dhream mar Líonraí Gaeilge aitheanta. Chomh maith leis sin, tá gearradh siar ollmhór déanta ar an maoiniú a chuirtear ar fáil trí Scéim Phobail na Gaeilge. De réir Uí Ghaibhín:

> ***Ó Gaibhín:*** *Tá Scéim Phobail Gaeilge ag Muintir Chrónáin* […] In 2000 we got a *deontas* of £78,000. We're now getting a *deontas* of €26,000. *[…]* Take away the *buiséad* for *riarachán.* Our *buiséad d'imeachtaí agus imeachtaí a chur ar fáil* was cut by 98% in one fell swoop. *[…]*

Ní fhaigheann Muintir Chrónáin aon chúnamh ón mórphobal i gCluain Dolcáin agus chun Áras Chrónáin a choinneáil ag dul, caithfidh an coiste €500,000 a thiomsú. Feictear i gcás Mhuintir Chrónáin, cosúil le Bóthar Seoighe, go bhfuil cur chuige láidir ann i dtaobh prionsabail fhéinchabhracha. Chun costais an Árais a ghlanadh, ní mór don ionad foinsí airgid eile a aithint agus gnó a reáchtáil ón bhfoirgneamh. Tugtar cuireadh do ghrúpaí agus eagraíochtaí eile sa cheantar leas a bhaint as an ionad agus, dar le Ó Gaibhín, imríonn an tÁras tionchar ar na grúpaí sin ó thaobh a ndearcthaí i leith na Gaeilge de.

Ardaítear ceisteanna anseo maidir leis an mbrú a chuireann an obair bhreise seo chun gnó a reáchtáil ar Mhuintir Chrónáin agus an easpa tacaíochta a airítear ón stát i bhforbairt an phobail Ghaeilge seo. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh an cur chuige

seo faillí a dhéanamh ar fhorbairt agus dhlúthú an phobail Ghaeilge sa chaoi is go mbíonn gá le pobail éagsúla a mhealladh chuig an áras chun an t-ionad a choinneáil. Tá Ó Gaibhín den tuairim gur céim shuntasach é aitheantas a thabhairt do Líonraí Gaeilge agus tá sé den tuairim go mbeidh an chéim seo ina triail don stát i dtaobh na freagrachta atá orthu i leith na Gaeilge:

> ***Ó Gaibhín:*** *Líonra* is a great *céim domsa. Is aitheantas é.* The proof of the pudding will be *nuair a dheireann an Roinn linn nuair a bheas an plean curtha le chéile, tuigeann siad go mbeidh acmhainní ag teastáil chun na pleananna seo a chur i bhfeidhm* so *beidh muid sásta breathnú orthu agus féachaint cé na hacmhainní* because *le haon phlean, beidh ar a laghad triúr nó ceathrar a bheith fostaithe* because you're going to need *oifigeach óige,* you're going to need *oifigeach [srl., srl.] Tá an t-ádh dearg linn i gCluain Dolcáin go bhfuil foirgneamh reatha, go bhfuil seanstair againn sa cheantar, go bhfuil muid ag feidhmiú le hos cionn caoga bliain, go bhfuil líonra cruthaithe againn cheana féin le gach aon ghrúpa pobail sa cheantar […] Tá muidne fite fuaite agus tá an líonra cruthaithe againn cheana féin* so *tá céim againn.* Where it goes from here, *níl a fhios agam.*

Cáineann Ní Arrachtáin an easpa tacaíochta atá ann don Ghaeilge go ginearálta ón stát, rud atá ag tarlú le blianta fada, dar léi. Ardaíonn sí ceisteanna tábhachtacha maidir le traenáil do mhúinteoirí Gaelscolaíochta agus an brú a chuirtear ar mhúinteoirí san earnáil sin tuilleadh oibre a dhéanamh i gcomparáid leis na scoileanna Béarla, mar shampla, go mbíonn ar mhúinteoirí Gaelscoile níos mó ábhar a mhúineadh nó go mbíonn aistriúchán go Gaeilge bainteach leis an bpost. Léiríonn an méid atá luaite ag Ní Arrachtáin an easpa spreagtha atá ann do dhaoine fostaíocht a lorg sa Ghaeloideachas agus san earnáil Ghaeilge i gcoitinne. Is cosúil go bhfuil an earnáil ina iomláine ag brath ar dhea-thoil dhíograiseoirí teanga chun obair ar son na Gaeilge.

### *Carn Tóchair*

Faigheann Coiste Forbartha Charn Tóchair agus an t-ionad atá acu, An Carn, maoiniú ó Fhoras na Gaeilge tríd Scéim Phobail na Gaeilge agus cúnamh airgeadais ó am go ham ón gcomhairle áitiúil, Comhairle Lár Uladh, comhairle atá measartha

báúil go polaitiúil le cúrsaí cultúrtha na hÉireann. Luann sé foinsí eile maoinithe atá ar fáil:

> ***Ó Flannagáin:*** *[...] Tá tú ábalta cur isteach fá choinne cláracha anseo, cláracha ansiúd fá dtaobh de thimpeallacht, fá dtaobh de chúrsaí ealaíne nó tógáil chomhphobail […] Tá sé níos fusa airgead in amanna a fháil fá choinne cúrsaí caipitleacha ná mar atá sé fá choinne cúrsaí reáchtála […] Ceann de na rudaí is úsáidí dúinne i dtaca leis sin, airgead caipitleach. Sin an rud a tháinig amach i ndiaidh* St. Andrew's Agreement *nuair a chuir siad Ciste Infheistíochta na Gaeilge ar bun. Bhí muid ábalta airgead a fháil ón chiste infheistíochta le cuidiú leis an Choire a dhéanamh mar shampla.*

Ní fhaigheann an coiste bunmhaoiniú, rud a chiallaíonn go bhfuil neamhchinnteacht ann ó thaobh acmhainní a bheith ann don choiste chun forbairt a dhéanamh ar an nGaelphobal áitiúil ach fostaítear cúpla duine trí Scéim Phobail na Gaeilge.

Sa chomhthéacs seo, airítear an suntas a bhaineann le féinchabhair agus an tábhacht a bhaineann lena a bheith neamhspleách. Ceistítear anseo, mar sin, cumas an choiste chun dul i mbun pleanála fadtéarmaí straitéisí gan cinnteacht a bheith ann faoi acmhainní amach anseo. Maidir le tacaíochtaí ón mórphobal, luann Ó Flannagáin go bhfaigheann an coiste airgead ó bhaill an phobail trí chostas a ghearradh ar imeachtaí a eagraítear, mar shampla, ranganna Gaeilge. Ní mór don choiste íoc as an ionad ina bhfuil siad lonnaithe iad féin toisc nach bhfuil an bunmhaoiniú a luadh roimhe seo ar fáil dóibh.

Maidir le tacaíochtaí ón mórphobal, luann Ní Loinsigh an stocaireacht a dhéanann na baill choistí ar pholaiteoirí áitiúla chun próifíl na Gaeilge agus mianta an phobail a ardú. Feictear di dá mbeadh níos mó airgid ar fáil don choiste go mbeidís in ann i bhfad níos mó a dhéanamh agus a sholáthair don phobal Gaeilge.

### 4.4.3 Dáileadh an Phobail Teanga

Chun tuairimí na n-agallaithe a fháil ar an tionchar a imríonn dáileadh an phobail teanga ar úsáid na Gaeilge ina bpobail féin, cuireadh an cheist seo a leanas ar na hagallaithe ar fad:

- Meas tú an bhfuil aon tionchar ag comhchruinniú ar iompar teanga an phobail?

I gcás Ráth Chairn agus Bóthar Seoighe, na Gaelphobail thíreolaíocha, cuireadh ceist sa bhreis ar na hagallaithe ó na pobail sin chun a dtuairimí a fháil ar inmharthanacht an Ghaelphobail atá bunaithe go tíreolaíoch:

- I do thuairim, an bhfuil an Gaelphobal tíreolaíoch inmharthana go fadtéarmach?

I gcás an dá Ghaelphobail thíreolaíocha, Ráth Chairn agus Bóthar Seoighe, airíonn na hagallaithe ó na pobail sin tábhacht ó thaobh comhchruinniú a bheith ann do lucht na Gaeilge chun iompar teanga láidir a chinntiú don Ghaeilge.

***Ráth Chairn***

Tá Sarikaya den tuairim go mbíonn úsáid na Gaeilge níos láidre nuair atá Gaeilgeoirí ina gcónaí in aice lena chéile agus luann sí scéim a chur an Comharchumann i bhfeidhm a raibh an smaointeoireacht chéanna taobh thiar de:

> ***Sarikaya:*** *Má tá cúig theach agat a bhfuil Gaeilgeoirí ar fad ann, is Gaeilge ar fad a bheas siad ag caint le chéile. Abair má tá Gaeilgeoir, Béarlóir, Gaeilgeoir, Béarlóir, Gaeilgeoir, Béarlóir, cheapfainn go mbeadh níos mó Béarla ann. Thosaigh an Comharchumann scéim suíomhanna ag dul siar 15 bliana ó shin anois […] suíomhanna talúna go dtógfadh daoine tithe, go mbeadh an Ghaeltacht á láidriú dáiríre ach tá go leor acu fós ag labhairt Gaeilge ach an fhadhb a bhí ansin ná, dhíol daoine tithe ach dhíol siad na tithe le Béarlóirí.*
>
> ***Taighdeoir:*** *Nach raibh conradh ann?*
>
> ***Sarikaya:*** *Bhí; ní raibh sé dlíthiúil. Cheannaigh siad suíomh, rinne siad an teach agus ansin dhíol siad an teach ach díoladh chuile theach le Béarlóir. Tá sé an-deacair greim a choinneáil ar rudaí i ndáiríre. Thriail muid é ach cinnte, má tá go leor Gaeilgeoirí ag cónaí le chéile, tá difríocht ann dáiríre. [...] Sin an phríomhbhrí le Gaeltacht – go raibh chuile dhuine istigh sa spás beag seo ag labhairt Gaeilge le chéile ach ansin tháinig na Béarlóirí isteach agus nuair a thosaigh na Béarlóirí ag teacht isteach, bhí sé ag fáil níos laige agus níos laige an t-am ar fad.*

Tá sé áitithe ag Ó Curnáin (2009), Ó Sé (2000), Breathnach (1994), Fennell (1969a-e, 1980), Ó Cadhain (1964; 1969; 2002) agus Mac Síomóin (2006; 2011) go bhfuil

tábhacht le dlús i ndáileadh an phobail teanga agus tacaíonn áiteamh Sarikaya leis an argóint seo. Fiafraíodh de Sarikaya an bhfuil sé indéanta daoine a choinneáil le chéile ar an gcaoi sin sa lá atá inniu ann agus, dar léi, níl, ach maíonn sí fós go gcaithfear grúpaí Gaeilge a choinneáil le chéile agus go bhféadfaí Gaeilge a mhúineadh do lucht an Bhéarla sa phobal trí dheontais a chur ar fáil dóibh. Lean an comhrá seo go dtí an chéad cheist eile a bhaineann leis na Gaelphobail thíreolaíocha, is é sin an bhfuil an Gaelphobal tíreolaíoch inmharthana go fadtéarmach:

> ***Sarikaya:*** *B'fhéidir fiche bliain. Is dócha go mbeidh fadhb ann faoi cheann fiche bliain. Nuair a bhí mise óg bhí Gaeilge ag gach duine. Dá mbeifeá ag siúl an bhóthair labhródh gach duine Gaeilge leat ach tá go leor de na tithe díolta agus Béarlóirí bogtha isteach. Sin é an fhadhb atá againn dáiríre agus má tá tú ag iarraidh do theach a dhíol, fiú amháin sa nGaeltacht, tá tú ag iarraidh an praghas is fearr. Má thugann Béarlóir an praghas do dhuine éicint […] tuigim é. Ach an mbeimis in ann fiú amháin na daoine sin a chur ag ranganna Gaeilge agus Gaeilge a mhúineadh dóibh agus fiú amháin muintir na Gaeltachta ag tosú ag labhairt Gaeilge leis na daoine seo? Cúpla focal? Ní thógann sé ach cúpla focal. […] Sin an rud faoi Ráth Chairn, níl aon duine diúltach faoin nGaeilge […] Ní labhraíonn siad í ach ní bheidís ag rá, tá mé ag iarraidh go maraítear, go ngeobhaidh an Ghaeilge bás […]*

Creideann Sarikaya go mbeidh Gaeltacht Ráth Chairn ann i gceann céad bliain toisc go bhfuil suim ann sa Ghaeilge ach go mbeidh sí lagaithe go mór faoi cheann fiche bliain eile. Dar léi, tá an Ghaeltacht ann ag éirí níos laige an t-am ar fad. Tacaíonn an tuairim seo leis an SCT (Ó Giollagáin *et al*, 2007a) agus leis an Nuashonrú ar an SCT (Ó Giollagáin *et al*, 2015). Fós féin creideann Sarikaya gurb fhiú Gaeltachtaí nua a chruthú i gcónaí taobh amuigh den Ghaeltacht toisc go bhfuil ag éirí lena leithéid de Bhóthar Seoighe pobal Gaeilge a chruthú go rathúil. Tá Mac Donncha den tuairim chéanna agus luann sé:

> ***Mac Donncha:*** *[tá] sé fíorthábhachtach go maireann an Ghaeltacht i dtosach mar muna bhfuil Gaeilge á labhairt ag grúpa daoine go laethúil agus an gnó ar fad á dhéanamh trí Ghaeilge, beidh Béarla á theacht isteach agus beidh an-deacracht ag an nGaeilge maireachtáil. Is dóigh liom gur ceart na Gaeltachtaí a choinneáil agus a chothú ar dtús agus is dóigh liom*

*go bhfuil sé an-tábhachtach go mbeadh daoine i bpobal le chéile ag oibriú dá chéile agus níl dabht ar bith faoi nach bhfuil sé níos éasca an Ghaeilge a choinneáil agus a mhúineadh agus a fhoghlaim má tá grúpa daoine le chéile.*

***Taighdeoir:*** So *tá sé tábhachtach go bhfuil daoine ina gcónaí in aice lena céile?*

***Mac Donncha****: Níl aon amhras nó aon dabht. […] Muna féidir le duine é sin a dhéanamh, go dteip ar an teanga […] Mura bhfuil ann ach teach anseo agus teach míle síos an bhóthair, beidh an iomarca spáis eatarthu agus beidh an Béarla ag teacht isteach. Ní bheidh na deiseanna acu. […] Ní neart go cur le chéile.*

Maidir le hinmharthanacht an Ghaelphobail thíreolaíoch, luann Mac Donncha:

***Mac Donncha:*** *[…] go gcaithfidh muintir na Gaeilge iarracht a dhéanamh theacht le chéile agus b'fhéidir Gaeltachtaí, ar nós a rinne muintir Bhéal Feirste; Gaeltachtaí beaga a thabhairt le chéile taobh istigh de na cathracha agus tá sé déanta i mBéal Feirste agus tá sé déanta is dóigh i mBaile Átha Cliath anseo i gCluain Dolcáin de bheagán nó mórán […] Níl dabht ar bith faoi, tá go leor Gaeilgeoirí agus tá siad i mBaile Átha Cliath agus tá siad scaipthe agus ní chuidíonn sé sin ach tá sé tábhachtach go mbeidís ag bualadh le chéile go rialta […] b'fhéidir uair sa tseachtain agus ag eagrú rudaí le chéile […]*

Tá Mac Donncha den tuairim go bhfuil sé níos éasca páistí a thógáil le Gaeilge i dtimpeallacht lán-Ghaeilge ach go bhfuil sé deacair daoine óga a choinneáil sa cheantar. Luann sé gur fhág go leor daoine a raibh oideachas tríú leibhéal acu an ceantar tar éis na géarchéime eacnamaíochta i 2007 chun post maith a aimsiú. Tá macalla le haireachtáil sa mhéid seo i dtaobh pobail thuaithe go ginearálta agus an fhadhb atá ann daoine óga a choinneáil sna pobail sin.

***Bóthar Seoighe***

I gcás Bhóthar Seoighe, bhí bunaitheoirí an phobail den tuairim go raibh dlúthphobal Gaeilge ag teastáil chun páistí a thógáil le Gaeilge toisc go gcuirfeadh an cineál pobail sin timpeallacht thacúil ar fáil chun é sin a dhéanamh (Nig Uidhir, 2006: 137). Maíonn Mac Seáin go bhfuil an múnla pobail seo buntáisteach don teanga:

***Mac Seáin:*** *Is cinnte gur buntáiste mór é dlúthphobal teanga ó thaobh caomhnú na teanga de mar chuid lárnach den tsochaí ina gcónaíonn daoine. Samhlaigh an Ghaeltacht gan dlúthphobal teanga. Níorbh ann dó.*

***Taighdeoir:*** *[…] An mbíonn úsáid na teanga níos láidre toisc go bhfuil sibh go léir i bhur gcónaí ina aice lena chéile?*

***Mac Seáin:*** *Cinnte. […] Mar sin de, is féidir teanga ócáidiúil a dhéanamh den Ghaeilge. Nuair a fhágann tú an teach, téann tú ag áit éigin, labhraíonn tú Gaeilge ar feadh tamaill, tagann tú abhaile. Bíodh is go mb'fhéidir go labhraíonn tú leis na daoine ins an teach ach ní pobal é sin.*

Maidir le hinmharthanacht an Ghaelphobail thíreolaíoch go fadtéarmach, léiríonn Mac Seáin neamhchinnteacht ach dar leis:

***Mac Seáin:*** *Níl a fhios agam faoin fhadtéarma ach tá an tríú glúin de dhaoine óga ag fás aníos ar Bhóthar Seoighe agus Gaeilge acu agus Béarla agus sin chomh fada agus is féidir a thomhas is dóigh liom. Ní féidir dul níos faide ná sin.*

***Taighdeoir:*** *[...] An fiú do dhaoine dul i mbun Nua-Ghaeltachtaí a bhunú go fóill?*

***Mac Seáin:*** *Déarfainn […] Má tá tú ag caint ar theaghlach amháin atá cúig mhíle ar shiúl, teaghlach eile atá cúig mhíle thiar an bealach sin nach mbuaileann le chéile ach uair sa tseachtain, amharcaim ar dhaoine béal dorais duit agus go bhfeicfidh iad gach lá, go mbeannófaí duit. Is rud simplí agamsa é, an dtuigeann tú, go bhfuil sé i bhfad níos láidre ach is cinnte gurbh fhearr é ná faic. Sular bhunaigh muidne Bóthar Seoighe, bhí líonra againn sa mhéid is bhí teaghlaigh fríd Bhéal Feirste a bhí ag tógáil clainne le Gaeilge agus rinne muid amach nach raibh sin maith go leor, go gcaithfidh muid dlúthú le chéile le go mbeidh an teanga ar fáil agus go mbeidh sé mar theanga a bhfeiceann muid gach lá. […]*

Aontaíonn McKee leis an tuairim seo agus, dar léi, tá tábhacht leis an mbunphobal ar an talamh:

***McKee:*** *Sílim go dtarlaíonn líonra go nádúrtha, go mbeidh sin i gcónaí ann, daoine a bhfuil rud éigin i gcoiteann acu, ag siúl sna sléibhte atá ann agus tá grúpaí ann agus tá ceangail ag daoine thart ar an tír. Sílim go nádúrtha go bhfuil líonra mar sin a dhul a bheith beo agus a dhul a bheith ansin ach ó thaobh an bhunphobail ar an talamh agus iad a bheith bunaithe i gceantar amháin, sílim go bhfuil sin de dhíth nó go dtarlaíonn na líonraí go nádúrtha agus gur tharla ar feadh na mblianta fada ar scor ar bith* so *sílim go bhfuil sé tábhachtach go bhfuil pobal ar an talamh. Sílim b'fhéidir go dtiocfaidh leis sin a bheith ina gcontúirt, sílfidh siad gur leor na líonraí […]*

***Mac Seáin:*** *Níl sé dlúth go leor.*

***McKee:*** *Níl, tá sé ró-theibí.*

***Mac Seáin:*** *Níl sé dlúth go leor le go mbeidh sé ina Ghaeltacht. Chomh maith leis sin, tá an bunréasún a bhí againne, an chreidiúint a bhí againne ná go gcaithfidh an Ghaeilge a theacht chun tosaigh, go gcaithfidh sé theacht amach as an Ghaeltacht thraidisiúnta agus fás aníos sa chuid eile den tír. […] Bímse i gcónaí ag caint ar rudaí a dúirt Máirtín Ó Cadhain […] dúirt seisean […] ní mhairfidh an Ghaeilge gan an Ghaeltacht, uimhir a haon, ach ní mhairfidh an Ghaeltacht gan an Ghaeilge ag teacht chun tosaigh ins an chuid eile den tír. Creidim sin go huile is go hiomlán agus sin an rud a bhí seisean ag iarraidh. Seisean, i 1952, ag cur smaointiú, cé go raibh an smaointiú ann roimhe, gur ceart do Ghaeilgeoirí a theacht le chéile, […] agus mionphobal a thógáil. Bhí sé ag an dream a chuir an Tuairisc um Athbheochan na Gaeilge amach i 1962/63. Labhair siadsan ar phobal aonad Gaeilge a bhunú. Ba é an rud céanna é.*

De réir McKee, tháinig fás eacnamaíochta ar earnáil na Gaeilge mar gheall ar dhlúthphobal Bhóthar Seoighe i mBéal Feirste sa chaoi is gur cuireadh tús leis an nGaelscolaíocht sa chathair, ansin tháinig méadú ar an éileamh don Ghaelscolaíocht agus, mar gheall air sin, bhí éileamh ann do mhúinteoirí Gaeilge. Maíonn McKee gurb é an pobal atá bunaithe ar an talamh a thosaigh an fás sin:

***McKee:*** *[…] An rud a ndeirim i gcónaí faoin nGaeilge ná, thig leat líonra a bheith agat, thig leat pócaí de dhaoine ag dul ag iascaireacht le chéile i nGaeilge […] agus tá sin uilig tábhachtach. Tá an taobh sóisialta iontach*

*tábhachtach ach nuair a théann sé fríd go dtí pointe eacnamaíochta, sin nuair a fhaigheann sé greim fíor.*

***Taighdeoir:*** *Pointe eacnamaíochta?*

***McKee:*** *An rud a tharla i mBéal Feirste ná, thosaigh na scoileanna. Nuair a thosaigh na scoileanna, bhí múinteoirí de dhíth. Thosaigh na coláistí, na hollscoileanna ag cur cúrsaí do mhúinteoirí ar fáil […] thosaigh gnónna ag toiseacht don rud seo agus rud eile agus tchí tú fás. Téann sé thart i gciorcal agus […] nuair a fheiceann tú sin ag tarlú, sílim gur sin comhartha go bhfuil rudaí ag fás ar dhóigh fhíor agus go bhfuil an teanga ag teacht ar ais isteach ins an phobal agus sin an rud a fheiceann tú in iarthair Bhéal Feirste ag teacht ó na tithe sin ar Bhóthar Seoighe* because *ba é sin an* catalyst *a bhunaigh na scoileanna agus a bhunaigh achan céim eile ina dhiaidh sin agus sin fás fíor.* So *sílim gur an pobal sin a bheith ann, muna bhfuil an pobal sin bunaithe, níl na rudaí eile sin a dhul a bheith de dhíth orthu muna bhfuil siad ar an talamh.*

***Cluain Dolcáin***

De réir Uí Ghaibhín, imríonn comhchruinniú tionchar ar iompar teanga pobail ach dar leis, tá buntáistí agus míbhuntáistí ag baint leis.

***Ó Gaibhín:*** *Má tá plean teanga agus an Ghaeilge ar leibhéal* whatever, *in úsáid go nádúrtha agus deiseanna ann do dhaoine i measc an phobail,* then that doesn't become *na Gaeilgeoirí sa chúinne.* It becomes a level I'd like to get to. *Áras Chrónáin,* that's the Irish place. *Tá muid ag iarraidh go mbeidh Cluain Dolcáin,* that's great they're all saying *go raibh maith agat* in the shops. Middle of Dublin. When it's not *aisteach. Aontaím leat, tumoideachas […]* is *an bealach le haon rud a dhéanamh. […]* It doesn't matter what you're doing. Likeminded people in a likeminded situation, cocoon them *ar feadh píosa, tréimhse ama,* they will excel in that area *níos sciobtha ná daoine nach bhfuil sa suíomh céanna. […] Ó thaobh na Gaeilge de,* yes, *ach braitheann sé ar cad atá tú ag iarraidh a bhaint amach* because can you survive in that situation? I'm looking at the holistic *mórphictiúr. […] Aontaím leis an gcoincheap. B'fhearr liomsa é a dhéanamh ar bhonn náisiúnta seachas ar bhonn logánta […]* Once it's a county wide policy *tá sé*

*an-éasca ach má dheirimse go logánta beidh daoine [ag gearán]. […] An rud faoin nGaeilge agus an teanga agus arís an Líonra, is rud náisiúnta é […]* absolutely *ach an féidir coinníollacha [a chur i bhfeidhm]? Nuair a athraíonn cúrsaí eacnamaíochta nó cúrsaí sláinte,* people become a different person altogether and they have to. It's human nature to survive and *má tá cosc orthu* what impact does that have?

Le linn 2015, eagraíodh seimineáir i gCluain Dolcáin ar mhaithe le Gaelphobal tíreolaíoch a bhunú do Ghaeilgeoirí sa phobal ach, de réir Uí Ghaibhín, thit an togra as a chéile mar gheall ar chúrsaí praiticiúla:

***Ó Gaibhín:*** *Is fís é ach nuair a bhí siad ag breathnú air go praiticiúil, ní raibh sé chun oibriú. Ceann de na rudaí,* say *go raibh cúig theach agus seo an áit go raibh siad agus ceannóidh muid ar fad na tithe agus fuair tusa jab áit éicint agus bhí tú ag bogadh go Corcaigh agus bhí tú ag iarraidh an teach a dhíol, níl cead agat é a dhíol ach go duine le Gaeilge.* Hang on a second, no. I have to move to Cork. I've got to buy a house. I have to sell my house to buy a house so I'm going to sell my house.

***Taighdeoir:*** So *thit an togra sin as a chéile?*

***Ó Gaibhín:*** Big time. *Nuair a bhreathnaigh siad ar an rud praiticiúil ní raibh daoine sásta, fiú na daoine a bhí an-bháúil don rud ar fad, […] Cad a tharla? Tá chuile duine pósta agus tá siad ag bogadh go Cill Mhantáin.*

Fiafraíodh de Ní Arrachtáin an raibh aon tionchar ag comhchruinniú ar iompar teanga an phobail chomh maith:

***Ní Arrachtáin:*** *Is dócha go mbeadh. Ceapaim go bhfuil a leithéid de rud i Ráth Cúil, go bhfuil sráid nó píosa beag a tugadh do dhaoine a bhí ag iarraidh an Ghaeilge a chothú ó thaobh teaghlach. Tá mise ag ceapadh go bhfuil a leithéid de rud ann [...] Dónall Ó Riagáin, agus tá mise ag ceapadh go raibh b'fhéidir lána nó rud éigin inar tógadh tithe do theaghlaigh Ghaeilge agus an rud faoi bhí daoine* but *ní raibh aon scéim faoi leith i gCluain Dolcáin. [...] Ní raibh ceantar faoi leith do theaghlaigh Ghaeilge.*

Ardaítear dhá cheist shuntasacha anseo i dtaobh an Ghaelphobail thíreolaíoch, is iad sin an phraiticiúlacht a bhaineann le pobal den chineál seo a thógáil agus é a

choinneáil, agus pobal atá eisiach a thógáil. Chonacthas na deacrachtaí céanna ó thaobh tús a chur le Gaeltachtaí nua i gcásanna Bhaile Átha Cliath sna seachtóidí (Agallamh le Ó Snodaigh, 2016, 2017), Phobal Mhá Life i 1997 (comhfhreagras pearsanta ó Ó Snodaigh, 12ú Márta 2015) agus Ghaeltacht Uirbeach Bhaile Átha Cliath in 2010 (Shannon, 2011; Ó Cuilinn, comhfhreagras pearsanta, 2015). Léiríonn na deacrachtaí seo gur mór an togra é pobal nua atá bunaithe go tíreolaíoch a thógáil agus daoine a thógáil le chéile atá aontaithe ar an sprioc chéanna.

***Carn Tóchair***

Tá Ó Flannagáin den tuairim go bhfuil mais chriticiúil tábhachtach chun an Ghaeilge a úsáid go laethúil agus chun scolaíocht agus imeachtaí a eagrú don phobal Gaeilge. Luann sé:

> ***Ó Flannagáin:*** *Tchímse féin go bhfuil na buntáistí uilig ag baint leis an* phrase *seo* critical mass. *Nuair atá daoine go dlúth le chéile, tá níos mó deiseanna acu na rudaí a dhéanamh go héifeachtach le chéile. Tá níos mó deiseanna acu leis an teanga ar bhonn laethúil, ar bhonn nádúrtha agus gach rud mar sin. Tá sé fusa an scolaíocht a eagrú nuair nach bhfuil daoine scaipthe amach thart fán áit* so *leis an fhírinne a dhéanamh, nuair nach bhfuil an* critical mass *sin agat go lárnach istigh in achan rud, an rud is fearr a thig leat a dhéanamh ná a bheith cinnte go bhfuil tú ag láidriú an líonra agus na línte sin atá thart ar cheantar mór leis na daoine agus ag iarraidh na deiseanna sin a thabhairt daofa a bheith ag láidriú a chéile agus a bheith ag comhoibriú lena chéile agus tá sin i bhfad i bhfad níos fearr ná* just *grúpa beag a bheith fágtha amuigh ansin leo féin agus ag iarraidh feidhmiú dóibh féin. Iontach iontach doiligh mar rud a oibríonn in intinn dhaoine nuair a shíleann siad go bhfuil rud inteacht normálta agus nuair a tchíonn siad go bhfuil rud ag teacht le tacaíocht agus muinín ó dhaoine eile, faigheann daoine láidreacht ó sin.* So *tá sin tábhachtach.*
>
> ***Taighdeoir:*** *Agus an bhfuil dlúthphobal agaibhse i gCarn Tóchair?*
>
> ***Ó Flannagáin:*** *Tá muid ag dul an bealach sin […] Go fisiciúil tá ár lárionad a mbíonn daoine ag dul isteach agus ag obair gach lá. […] Tá siopa againn ansin [..] siopa ceardlainne agus siopa leabhair agus áit fá choinne bhronntanais […] istigh insa lárionad sin. Sin an áit a mbíonn ár ranganna;*

*sin an áit a mbíonn cruinnithe comhphobail ann. Tá leabharlann Ghaeilge agus Bhéarla. Sin an áit a bhfuil oifig an phoist áitiúil. Cheannaigh muidinne an oifig an phoist áitiúil mar bhí an* Royal Mail *a dhul é a druidim síos mar a bhí siad ag déanamh in a lán áiteanna faoin tuath* so *tá sin á reáchtáil againne anois mar ghnó comhphobail. […] Meallann sin daoine isteach. Tá daoine ón chomhphobal ag teacht isteach achan uile lá. Tá sé taobh le taobh leis an scoil. Sin an áit a bhfuil na máithreacha ag teacht insa tráthnóna lena gcuid páistí a fháil ón scoil. Tig siad isteach sa lárionad le fáil amach caidé atá ag tarlú, caidé atá ag dul ar aghaidh. Sin an áit a reáchtálann muid an cumann iarscoile agus cumann óige agus Ógras […] agus An Coire ar an áit chéanna. Sin an áit a dtéann tú fá choinne na hoícheanta ceoil nó ceolchoirm nó má tá rang ann fá dtaobh de rud éigin nó má tá cruinniú ann fá dtaobh de rud éigin. Tig an Cumann Lúthchleas Gael […] fá choinne scannánaíochta* so *thig leo amharc ar na cluichí […]* so *tá muid ag dul an bealach sin. Seo an áit a dtagann an comhphobal áitiúil le chéile agus tá dlúthcheangail ansin leis an Ghaeilge.*

De réir Uí Fhlannagáin, tarlaíonn comhchruinniú i measc Gaeilgeoirí go nádúrtha i gCarn Tóchair agus, dar leis, tá na pobail seo níos láidre dá bharr. Bheadh plean fadtéarmach ag teastáil chun an múnla seo a chur i bhfeidhm go hintinniúil:

***Ó Flannagáin:*** *Má tharlaíonn sé i gceantar s'againne, tarlaíonn sé de thaisme nó go nádúrtha mar a déarfá. Ní hé gur thóg muidinne grúpa teach mar a rinne siad ar Bhóthar Seoighe. […] Smaoinigh ar chlochán teach mar shampla agus, mar a tharlaíonn sé, chuaigh na páistí uilig chuig an Ghaelscoil. Tá Gaeilge ag leibhéil dhifriúla. Cuid is mó acu, de na tuismitheoirí, tá siad líofa. Insa ghrúpa teach atá faoin tuath, tá siad thart fá céad slat óna chéile ach imríonn na paistí uilig le chéile agus imríonn siad i nGaeilge, rud nach dtarlaíonn fiú sa Ghaeltacht níos mó* so *tá an-tábhacht leis sin. Níl sé chomh furasta sin le cruthú. Tá sé i bhfad níos láidre má tharlaíonn sé go nádúrtha. […] agus sin plean caoga bliain, céad bliain. Ní dhéanann tú seo taobh istigh de chúig bliana. Caithfidh tú a bheith ag amharc air seo mar rud atá tú ag obair i dtreo, a mhairfidh go dtí an chéad ghlúin eile.*

Maíonn Ní Loinsigh go gcuidíonn sé le hiompar teanga níos láidre nuair a chónaíonn Gaeilgeoirí in aice lena chéile agus luann sí an pobal beag atá ann i gCarn Tóchair:

> ***Ní Loinsigh:*** *[…] tá thart fá sé theach cóngarach lena chéile ar an lána céanna. Téann na páistí uilig chuig an bhunscoil nó chuig an mheánscoil agus labhraíonn na daoine siúd, i measc na bpáistí sin, labhraíonn siad Gaeilge an t-am ar fad toisc go bhfuil siad cleachta leis sin. Tá siad cairdiúil ar scoil agus tagann siad abhaile agus tá cúpla de na clanna sin, tá Gaeilge ag na tuismitheoirí fosta* so *tá an nós sin ann. Tá an nós sin acu cheana féin. B'fhéidir nach mbeadh Gaeilge ag gach tuismitheoir as na tithe sin ach tá na páistí cairdiúil lena chéile* so *tá siad cleachta as Gaeilge a labhairt lena chéile ar scoil agus lasmuigh den scoil agus tá siad ag fás aníos mar sin agus labhraíonn siad Gaeilge go fóill.*

Maidir le comhchruinniú, feictear i gcás pobal go bhfuil tionchar dearfach ag an múnla pobail seo ar iompar teanga na mball pobail ach ardaíodh roinnt ceisteanna maidir le Gaelphobail thíreolaíocha a thógáil agus a choinneáil, is iad sin an phraiticiúlacht atá ann a luann Ó Gaibhín chun aontú a fháil i measc na mball maidir le bunú an phobail agus an pobal a choinneáil do Ghaeilgeoirí tríd gealltanas a bheith ann chun tithe a dhíol le Gaeilgeoirí amháin. Luadh chomh maith an tionchar a imríonn cúrsaí eacnamaíochta ar chinntí dhaoine ó thaobh fostaíocht a aimsiú de agus an baol a bhaineann le pobal atá eisiach a thógáil. Chomh maith leis sin, luadh i gcás Ráth Chairn an deacracht atá ann daoine óga a choinneáil sa phobal agus Béarlóirí ag teacht isteach sa Ghaeltacht, ag imirt tionchar ar úsáid na Gaeilge sa phobal sin.

I gcás Bhóthar Seoighe, tá an chuma ar an scéal gur éirigh leis an bpobal seo na fadhbanna atá luaite thuas a sheachaint, áfach. Trí chonradh nach raibh dleathach a aontú le gach cónaitheoir sa phobal, d'éirigh leis an bpobal seo Gaeilgeoirí amháin, ach amháin triúr céilí, a mhealladh isteach sa phobal agus, go dtí seo, níor bhris aon chónaitheoir an conradh trí theach a dhíol le teaghlach lán-Bhéarla. Ó thaobh fostaíochta de, chuir bunú an phobail seo tús le fás na Gaelscolaíochta, rud a spreag fostaíocht san earnáil seo agus a chruthaigh poist do Ghaeilgeoirí sa cheantar níos leithne chomh maith. D'éirigh le muintir Bhóthar Seoighe leithleasacht a sheachaint tríd an bhunscoil a bhunaigh siad a oscailt do lucht an Bhéarla agus an mheánscoil a

bhunú ina dhiaidh sin, gan aon mhaoiniú ón stát ar feadh na mblianta fada. Chomh maith leis sin, chuidigh an pobal seo le hatógáil Shráid Bombay nuair a dóadh tithe an phobail i 1970. Tá an tríú glúin ina gcónaí ar Bhóthar Seoighe anois agus is de bharr easpa talún an chúis nach féidir leis an bpobal tuilleadh tithe a thógáil sa phobal don ghlúin ag teacht aníos. Ar ndóigh, tá Nua-Ghaeltacht Bhóthar Seoighe lonnaithe i gceantar uirbeach mar sin ní bheidh na fadhbanna céanna ann ó thaobh imirce na n-óg de agus atá ag Ráth Chairn, ceantar tuaithe.

### 4.4.4 Na fachtóirí a chothaíonn an pobal Gaeilge

Fiafraíodh de na hagallaithe ar fad ó na ceithre chás staidéir:

- I do thuairim, cad iad na fachtóirí a chothaíonn an pobal Gaeilge seo mar phobal teanga?

***Ráth Chairn***

I gcás Ráth Chairn, maíonn Sarikaya gurb iad na háiseanna atá ag an bpobal a chothaíonn an pobal agus luann sí na háiseanna éagsúla atá ar fáil i Ráth Chairn: '*Tá an t-áras pobail ann, tá an séipéal ann, club, pub, siopa, bialann, tá ceithre theach sóisialta, tá leabharlann, tá páirc imeartha, páirc spraoi, ionad cúram leanaí, naíonra, bunscoil, meánscoil.*' Luann Sarikaya go mbíonn go leor cóisir ar siúl sa chlub agus go gcuireann an siopa bia ar fáil agus, ó d'oscail an bhialann sa phobal, go bhfanann daoine i Ráth Chairn anois le haghaidh ócáidí ar leith. Aithnítear an ról a imríonn an club agus an halla sa Ghaeltacht i nósmhaireachtaí teanga a mhúnlú sa chaoi is go spreagann na háiseanna sin úsáid na Gaeilge iontu. Molann Sarikaya imeachtaí a eagrú taobh istigh den phobal, áit a bhfuil an Ghaeilge i réim iontu:

> ***Sarikaya:*** *Neart imeachtaí a chur ar siúl ceapaim agus na daoine a choinneáil sa gceantar áitiúil. Má thagann daoine isteach againne, abair sa bpub, san áras pobail, sa siopa, sa mbialann, sa leabharlann – mar Gaeilge atá sa leabharlann – labhróidh siad Gaeilge ach má théann siad taobh amuigh den Ghaeltacht, is Béarla ar fad atá ann [...] nuair a gheofann duine bás, cheana bheadh an tsochraid in Áth Buí ach théadh na daoine go hóstáin in Áth Buí tar éis, ach anois, gheall go bhfuil an bhialann ann, déanann an bhialann an bia agus tagann daoine ar ais go Ráth Chairn.*

> ***Taighdeoir:*** *Agus cad atá ag Ráth Chairn a chothaíonn an Ghaeilge? Cad a dhéanann sibhse i gceart a chothaíonn an Ghaeilge?*
>
> ***Sarikaya:*** *Cheapfainn an Ghaeilge a labhairt le daoine, í a bhrú ar dhaoine ach ceapaim de bharr go bhfuil an t-áras pobail againn, tá muid in ann go leor imeachtaí a chur ar siúl do mhuintir na háite. Tá sé an-tábhachtach. Caithfidh áis éicint a bheith agat taobh istigh sa nGaeltacht mar labhróidh daoine Gaeilge taobh istigh den Ghaeltacht ach nuair a théann siad taobh amuigh, is Béarla a labhraíonn siad. Níl an fhadhb acu. Tá na siopaí i mBéarla agus tá gach rud as Béarla.*

Is léir go bhfuil deacrachtaí ann ó thaobh úsáid na Gaeilge de nuair a fhágtar an Ghaeltacht agus go gcruthaíonn áiseanna an phobail tearmainn theanga don Ghaeilge taobh istigh den Ghaeltacht a chothaíonn an sprioctheanga.

Leagann Mac Donncha béim ar an nasc atá ann idir an teanga agus an cultúr Gaelach níos leithne mar fhachtóir a chothaíonn pobal na Gaeilge i Ráth Chairn agus luann sé go ndéantar gach imeacht trí mheán na Gaeilge chun an teanga a chothú:

> ***Mac Donnacha:*** *Is dócha an Ghaeilge a labhairt an rud is tábhachtaí agus is dócha a bheith ag déanamh rudaí cultúrtha na tíre a dhéanamh trí Ghaeilge agus gach rud a dhéanamh trí Ghaeilge. […] Mar a dúirt mé, rudaí ar nós amhránaíochta agus an ceol agus an damhsa agus damhsa ar an sean-nós. Tá cáil ar Ráth Chairn don damhsa ar an sean-nós freisin […]*

Tá Mac Donncha dóchasach faoin nGaeilge i Ráth Chairn mar feictear dó go bhfuil na daoine óga a tháinig tríd an gcoláiste samhraidh Gaeilge sa phobal anois ag múineadh nó ag obair mar chúntóirí sa choláiste anois. Léiríonn an cás seo go bhfuil leanúnachas á chothú taobh istigh den áis seo.

***Bóthar Seoighe***

I gcás Bhóthar Seoighe, tuairiscítear go bhfuil Gaeilge líofa ag 95 faoin gcéad den phobal agus ag 100 faoin gcéad de pháistí an phobail. Luann Mac Seáin gur phós triúr isteach sa phobal gan Gaeilge le bean ón mBrasaíl, bean ón tSile agus bean ón mBreatain Bheag san áireamh. Sna tithe sin, tá roinnt de na páistí trítheangach le Portaingéilis, Spáinnis agus Breatnais á labhairt ag na teaghlaigh sin faoi seach. Dar

leis, áfach, tá an dlúthphobal ann agus, cé go bhfuil an briseadh sin ann, tá an Ghaeilge fós lárnach.

I gcás Bhóthar Seoighe, is féidir feasacht dhomhain ar thábhacht na Gaeilge a aireachtáil i dtógáil an phobail Ghaeilge seo, feasacht a seachadadh ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile. Tógadh McKee ar Bhóthar Seoighe agus, maidir leis seo, luann sí:

> ***McKee:*** *Thuig muid gur tógáil speisialta a bhí againn, gur tógáil as an choitianta a bhí againn agus is sin an rud […] sheas sin amach dúinn uilig agus gur aithin muid sin uilig go hóg go minic, gur rud ar leith a bhí ann agus nach rud a bhí ag achan duine a bhí ann ach nár aithin muid é mar dhrochrud, gur aithin muid é mar, agus muid níos sine, tchí muid an luach a bhí leis.*

Tá meascán teangacha in úsáid sa phobal anois i gcomparáid le nuair a bhí McKee óg agus ag fás aníos agus a luann sí go bhfuil a lán Béarla le cloisteáil ar a sráid féin. Dar léi, áfach, tá tuiscint fós ann ar an luach a bhaineann leis an nGaeilge i measc na ndaoine óga sa phobal agus go dtuigeann siad go bhfuil rud éigin breise acu. Labhróidh páistí an phobail a lán Gaeilge os comhair Béarlóirí a thagann isteach sa phobal mar gheall air an tuiscint seo. Dar léi:

> ***McKee:*** *Tchíonn daoine, níl sin iontach deas, níl sin iontach múinte ach tá sé deas go bhfuil na páistí sin ag dul fríd an phróiseas go dtuigeann siad go bhfuil luach ar leith le rud éigin atá acu siúd agus gurb é an teanga an luach breise atá acu thar páiste eile.*

Luann Mac Seáin agus McKee go bhfuil athruithe tagtha ar an saol agus gurb é an fáth leis an meascán teanga atá ag tarlú i measc na n-óg ar Bhóthar Seoighe ná go meascann páistí an phobail le Béarlóirí agus iad ar scoil agus ag imeachtaí eile taobh amuigh den scoil agus go bhfuil laghdú tagtha ar an méid ama a chaitheann páistí lena dtuismitheoirí:

> ***Mac Seáin:*** *I ndiaidh caoga bliain, d'athraigh an saol sa mhéid is nuair a tógadh tithe s'againne, uimhir a haon, ní raibh sé de nós ag mná an t-am sin a bheith ag obair. D'fhan siad sa bhaile agus thug siad aire. Sin an nós amaideach a bhí ann. Mar sin de, is beag Béarla a chuala siadsan in am ar bith.*

***McKee:*** *Nuair a bhí muidne óg, ní thiocfaidh linne mórán Béarla a labhairt go raibh muid rud beag níos sine. […] Ní raibh tú iomlán compordach uaireanta ag labhairt Béarla go dtí aois ar leith nó ní raibh Béarla cluinste agat ach tagann sé ag na gasúir nuair a chluintear é.*

***Mac Seáin:*** *D'athraigh sé go mór san idirlinn.*

***Taighdeoir:*** *Cad atá athraithe? Labhair sibhse Gaeilge lena chéile* (ag caint le Colma anseo) *ach, na páistí inniu, tá meascán ann?*

***Mac Seáin:*** *Tá meascán ann sa mhéid is gur, uimhir a haon, caitear amach iad ag an scoil. Tá an mháthair agus an t-athair ag obair. Níl siad i gcuideachta. Tá siad ag dul chuig naíonra Gaeilge ach go hiondúil, is ag cumann iarscoile. Cé go bhfuil sin ag athrú, tá cumann iarscoile Béarla agus, mar sin de, tá siad ag foghlaim Béarla nuair atá siad ceithre bliana d'aois.*

***McKee:*** *Agus tá siad ar scoil le páistí* so *tá níos mó scoileanna ann. Tá siad i bhfad níos mó ná nuair a bhí muidne i mbothán amháin agus is Gaeilgeoirí muid uilig. Tá páistí s'agamsa ar scoil le daoine, níl Gaeilge ag ceachtar tuismitheoir sa bhaile, agus bhí siadsan b'fhéidir níos compordaí le Béarla nuair a thosnaigh siad ar dtús báire* so *cluinfidh na páistí atá ó na teaghlaigh Ghaelacha níos mó Béarla sna scoileanna Gaeilge ná mar a chuala siad. Níl mise ag rá ní drochrud é sin. Sílim gur próiseas nádúrtha é don fhás […] gur pobal éagsúil atá ann anois ón phobal a bhí ann.*

Taispeántar sa chás seo sampla a luíonn le hargóintí Uí Churnáin maidir le tearmann aonteangach a chothú don pháiste chun an Ghaeilge a choinneáil i réim (2009: 12) agus ceistítear an chumhacht a bheidh ag an sprioctheanga sa chás seo teacht slán sa chomhthéacs dátheangach atá tagtha chun cinn.

Cothaítear an pobal Gaeilge seo chomh maith trí riail a leagadh síos ón tús maidir leis an nGaeilge a bheith ina príomhtheanga sa teach:

***Mac Seáin:*** *Ag an tús, dar ndóigh, bhí an Ghaeilge amháin agus tá sé mar riail anois uimhir a haon. Dar ndóigh, thar caoga bliain, tháinig daoine, d'imigh daoine agus, dar ndóigh, thiar ag an tús […] bhí ar gach duine dearbhú a shíniú, dá mba rud é go raibh orthu bogadh, go ndíolfaidís an*

*teach ag Gaeilgeoir eile agus tharla sin caithfidh mé a rá. Sin ceann de na ceisteanna a chuirtear.*

***Taighdeoir:*** *Agus an bhfuil an riail sin i bhfeidhm go fóill?*

***Mac Seáin:*** *Tá sé i bhfeidhm go fóill.*

***McKee:*** *Agus cloíonn daoine leis sin. Bhí sin mar gheall ar an phróiseas a dtéann tú fríd nuair a cheannaíonn tú isteach ins an phobal, go dtuigeann tú sin, agus tá sé iontach deacair ag duine éigin a rá* oh *níl muid chun cloí leis seo, tá muid chun an teach a dhíol le cibé duine,* the highest bidder. *Sílim mar gheall ar an phróiseas a ndeachaigh tú fríd agus tú ag dul isteach insa struchtúr, insa phobal, go gcloíonn daoine leis sin, go dtuigeann siad gur cheannaigh siad isteach i rud speisialta agus cloíonn siad leis sin. Ar ndóigh, thiocfadh le duine tiontú thart agus a rá, ní mise a thuig, ach níl sin déanta riamh agus tá sin suimiúil agus sílim go mbaineann sin leis an chur chuige ins an phobal.*

***Mac Seáin:*** *Thóg sin deacrachtaí, dar ndóigh, sa mhéid is nuair a b'éigean do dhaoine imeacht bhí orthu fanacht tamall go bhfuair siad ceannaitheoir. B'fhéidir dá gcuireadh ar an mhargadh oscailte é go bhfaighfí ceannaitheoir níos gasta ach a thoradh den rud a raibh daoine ceangailte isteach ann, bhí siad sásta fanacht go bhfuair siad Gaeilgeoir agus gach uair go dtí seo, b'fhéidir go dtarlóidh sé am éigin, […] díoladh teach le Gaeilgeoir eile.*

Is fachtóir eile é a chothaíonn an pobal Gaeilge ná tógáil clainne le Gaeilge agus pléann Mac Seáin agus McKee na difríochtaí suntasacha atá tagtha chun cinn ó thaobh teaghlaigh Ghaelacha de agus an ról a imríonn mná i gcothú na Gaeilge:

***Mac Seáin:*** *Dá mhéad é an pobal teanga is amhlaidh is mó an seans go leanfaidh an Ghaeilge mar theanga chomónta an tí seachas mar a bheadh ag daoine agus iad scartha leo féin ar an uaigneas. […] agus caithfidh mé a rá gur rud é sin atá ag tarlú níos minice i mBéal Feirste de bharr fás na Gaelscolaíochta. Tá teaghlaigh a bhfuil an teanga ag duine amháin ins an teaghlach agus nach bhfuil líofa ach tá muinín ag daoine anois an teaghlach a thógáil le Gaeilge ainneoin sin. Nuair a bhí mise óg seasca bliain ó shin, níor thóg duine ar bith teaghlach le Gaeilge ach amháin daoine a raibh*

*teaghlach acu a raibh Gaeilge ag an dá thuismitheoir. Shíl siad nach bhféadfadh a leithéid a dhéanamh ach tá sé ag tarlú níos minice anois.*

***McKee:*** *Tá. Tá sé níos coitianta agus is rud maith é sin. Tá cuma eile air.*

***Mac Seáin:*** *Mná, cuid mhór, is cúis leis sin fosta, go bhfuil mná a tháinig fríd an Ghaelscolaíocht, mar shampla, a bhfuil líofacht teanga, is cuma caidé chomh bocht is atá sé, go bhfuil siadsan sásta seilbh a thógáil ar theanga an tí agus í a úsáid […]*

***McKee:*** *Agus sílim go bhfuil ról tábhachtach ag na mná. […] gur an bhean a shocraíonn an scoil a dtéann an páiste air […] agus go gciallaíonn sé sin amuigh i bpobal s'againne go bhfuil a lán de na mná ag déanamh an chinnidh, go bhfuil muinín acu go bhfuil siad ag dul ar Ghaelscoil nó níl siad ag dul ar Ghaelscoil […] na mná atá ag déanamh an chinnidh faoin Ghaeloideachas.*

***Cluain Dolcáin***

De réir Uí Ghaibhín, baineann cúrsaí stairiúla le cothú an phobail Ghaeilge i gCluain Dolcáin agus comhoibriú le grúpaí Gaeilge eile. Dar leis:

***Ó Gaibhín:*** *Ceann de na fáthanna go bhfuil an Ghaeilge láidir i gCluain Dolcáin ná an stair, gur bhunaigh siad an scoil eile agus tá an bhunchloch ann. An rud eile ná, cheannaíodar Áras Chrónáin, chuireadar caoi ar an áit agus tá siad ag rith agus ag feidhmiú na háite ó shin. Tá sé anois in úsáid mar áis don phobal;* we've become a community centre. *Agus ní an stát a rinne é, is é an grúpa a rinne é. […] Dá mbeadh na heagraisí Gaeilge ar fad,* we're all little boats. We can go wherever we want. If we pull together in a big boat, there's nowhere we couldn't go. And *that's an rud faoin Líonra […] Chomh luath agus a thosaigh muid [an chúig Líonra Gaeilge] ag obair le chéile,* what we've achieved in three months is nuts. *[…] Tá deis againn b'fhéidir níos mó daoine a chur ag labhairt na Gaeilge agus* that's *an t-aon deis atá ann. Caithfidh muid deiseanna a chruthú gur féidir leo an Ghaeilge a labhairt. […]*

Fiafraíodh de Ó Gaibhín an raibh aon bhuntáistí ar leith ag baint leis an Líonra Gaeilge mar phobal ó thaobh cothú na Gaeilge de agus, dar leis, is deis é do Mhuintir

Chrónáin níos mó eolais a bhailiú ar an nGaeilge sa phobal agus chun deiseanna a chur ar fáil do dhaoine sa cheantar Gaeilge a labhairt. Mar a luaigh Ó Gaibhín thuas, ní chreideann sé go bhféadfaí Gaelphobal tíreolaíoch a bhunú i gCluain Dolcáin:

> ***Ó Gaibhín:*** *Tá suíomh difriúil go hiomlán le Bóthar Seoighe […]* I think *go bhfuil buntáiste ag baint leis an Líonra Gaeilge, ní hé an stádas Líonra Gaeilge. Munar bhain muid amach an stádas,* I couldn't care less. I'm going to be straight honest with you because *an próiseas a bheidh muid ag dul tríd,* we'll have done a survey, we'll have found out where we are*, agus beidh muid tar éis poiblíocht a dhéanamh. Beidh muid tar éis é a chur isteach i mbéal an phobail […] An obair ar fad atá déanta leis an bpróiseas le dul ó sin go sin,* it's invaluable. *Bailiú an eolais sin, a bheith ag labhairt le daoine. Ceann de na céimeanna is mó atá muidne tar éis a thógáil ná, go bhfios domsa, ná Gaeilge le Chéile seachas Líonra Gaeilge. An focal sin a úsáid* and then *dul an chéad chéim eile;* we just want to use Irish as a means of communication. Jaysus you've broken it right down here for me pal because *níl daoine ag iarraidh a chloisteáil naíonraí, Gaelscoileanna.* Sick of that. […] We just want to use Irish as a means of communication. Talk to people. Then that's open to everybody*. […] Tá muid tar éis é a bhriseadh síos go simplí […]* That's *an rud is tábhachtaí faoin Líonra agus, mar a dheirimse, an próiseas dúinn féin fiú mar ghrúpaí, mar dhaoine atá ag plé leis an nGaeilge.* We've actually had to break this down […] and we've had to say stop. This is not about *Bóthar na bhFál,* this is not about *an Chultúrlann,* this is not about *An Carn,* this is not about *Muintir Chrónáin […]* This is about *níos mó deiseanna.* This is about *líon na gcainteoirí Gaeilge a ardú. […] daoine a chur ag labhairt na Gaeilge. […]* Yes*, Bóthar Seoighe agus mar sin de.* Absolutely but it's a different situation*. Ní fhéadfaí é sin a dhéanamh i mBaile Átha Cliath.* Couldn't do that in Clondalkin. Economically it's not possible so if I can't do it economically, practically, there's no point in even trying to go there because everybody has to survive. Completely different situation in *Bóthar Seoighe* but *an coincheap ó thaobh daoine le comhintinn, le comhaidhm. Muintir Chrónáin* is about a group of likeminded people *a tháinig le chéile le haidhm atá fíorthábhachtach don eagraíocht, fiú nach labhraíonn Gaeilge sa lá atá inniu ann agus atá páirteach san eagraíocht le*

*dhá scór bliain […]* who are *fíor-fíorthábhachtach, ag bunú na scoileanna. Chuaigh a bpáistí ar fad tríd an nGaelscolaíocht. Tá daoine agus páistí acu ag múineadh i nGaelscoileanna anois, ag tógáil clann le Gaeilge agus níl focal Gaeilge acu.* Do you turn them away? No. *Gan iad,* we wouldn't be where we are. So there's a *plé* but *ó thaobh daoine a chur ag labhairt na Gaeilge,* yes. *Mar choincheap,* absolutely, it's immersion, do it. The practical implications *domsa, i gCluain Dolcáin,* could I see it *[Bóthar Seoighe]* being done? No.

Taispeánann an méid atá luaite ag Ó Gaibhín go bhfuil an togra atá ar bun in Áras Chrónáin dírithe, ní amháin ar an bpobal Gaeilge sa cheantar, ach ar ghréasáin chultúrtha níos leithne a chuimsíonn Béarlóirí, foghlaimeoirí na Gaeilge agus an mórphobal níos leithne i gCluain Dolcáin chomh maith. Is léir go bhfuil baint ag an bpobal Béarla le cothú an phobail Ghaeilge agus go bhfeictear na buntáistí sin ar fud na tíre, go háirithe i gcás Ghaelscoileanna a mheallann páistí ó theaghlaigh ina labhraítear Béarla den chuid is mó (Gaeloideachas, níl dáta: ar líne). Tá tacaíocht ón bpobal Béarla don Ghaeilge le feiceáil i gcás Ghaelscoileanna Bhéal Feirste freisin tríd an tacaíocht airgeadais a fuarthas ón bpobal sin trí thiomsuithe airgid a dhéanamh do scoileanna lán-Ghaeilge (Mac Ionnrachtaigh, 2008: 209-10).

Lorgaíodh eolas ó Ní Arrachtáin chomh maith maidir leis na fachtóirí a chothaíonn pobal na Gaeilge mar phobal teanga sa cheantar agus, dar léi:

> ***Ní Arrachtáin:*** *[...] An caidreamh atá ann, an dea-ghiúmar a bhíonn ar dhaoine, an easpa reiligiúin, an easpa polaitíochta. Is cuma le haon duine cé tú féin nó cad as tú. Má tá tú go deas, má tá dea-ghiúmar ort, más féidir leat port a sheinm nó ceol a chasadh nó má tá tú sásta scéal a insint agus, thar aon rud eile, má tá meas agat ar chúrsaí Gaeilge, beidh fáilte romhat i gcónaí in Áras Chrónáin agus i gCluain Dolcáin i gcoitinne. An rud is tábhachtaí agus seo an rud measaim is tábhachtaí in aon phobal, go mothaíonn daoine páirteach is cuma cé chomh beag, is cuma cé chomh mór, go bhfuil siad páirteach agus nach mothaíonn aon duine ar an imeall agus nach mothaíonn aon duine nach féidir leo fiú tuairim a chur chun cinn. Sin an rud is tábhachtaí agus go mbeadh fáilte roimh a leithéid agus sílim go ndéanann muid é sin go maith i Muintir Chrónáin. Tá gach duine gnóthach*

but *nuair atá brú orainn is féidir linn an fón a ardú agus a rá, an cuma libh cabhrú linn leis seo, bíodh iad na heagraíochtaí a luaigh mé ansin agus is buntáiste é sin do na grúpaí ar fad, ní díreach do Mhuintir Chrónáin ach don phobal* so *tarlaíonn sé gur pobal Gaeilge atá muidne ag iarraidh a chothú agus atá á chothú againn ach pobal go ginearálta, caithfear é a bheith fáilteach agus go mbeadh daoine ag mothú go bhfuil luach ins an rud atá acu le tabhairt. Is rud bunúsach é sin ó thaobh sochaí de* but *sin é.*

Léiríonn an méid atá luaite ag Ní Arrachtáin go bhfuil cur chuige a áiríonn an pobal ar fad in úsáid ag Muintir Chrónáin agus go bhfuil caipiteal sóisialta láidir le haireachtáil sa chaoi is go bhfuil cabhair ar fáil dóibh ó eagraíochtaí eile. Tá pobal níos leithne bainteach le cothú an phobail Ghaeilge mar a luaigh Ó Gaibhín thuas agus tá rannpháirtíocht sa togra tábhachtach don ghrúpa.

***Carn Tóchair***

Maidir le Carn Tóchair, maíonn Ó Flannagáin go bhfuil feabhas tagtha ar chumas na Gaeilge sa phobal i gcomparáid le fiche bliain ó shin agus, go fadtéarmach, go bhfuil an pobal ag dul i dtreo a bheith ina cheantar Gaeltachta. Cé nach n-airíonn sé go bhfuil staid na Gaeilge an-láidir ag an bpointe seo, aithníonn sé go bhfuil méadú tagtha ar líon na ndaoine atá ábalta Gaeilge a úsáid agus go bhfuil sé ábalta a ghnó a dhéanamh trí Ghaeilge le daoine áirithe sa bhaile mór i Machaire Rátha. Luann sé go bhfuil deich dteaghlach sa phobal atá ag tógáil clainne le Gaeilge agus gurb í an Ghaeilge príomhtheanga an tí sna teaghlaigh sin. I gcásanna eile, tá neart teaghlaigh ann ina bhfuil Gaeilge ag tuismitheoir amháin agus na páistí á dtógáil go dátheangach le Gaeilge agus Béarla. Feictear do Ní Loinsigh freisin go bhfuil an Ghaeilge ag láidriú sa phobal.

Luann Ó Flannagáin gurb iad an stair a bhaineann leis an gceantar ó thaobh na Gaeilge de agus an meon neamhspleách a chothaíonn pobal na Gaeilge ansin. Chomh maith leis sin, tá líon na bpáistí a fhreastalaíonn ar an nGaeloideachas ag ardú go suntasach. Luann Ó Flannagáin:

> ***Ó Flannagáin:*** *Is pobal ar leith é […] pobal náisiúnach, pobal Gaelach ins na Sé Chontae. Níl tú ag súil le rud ar bith ón stát.*
>
> ***Taighdeoir:*** *Sórt meoin neamhspleách, an ea?*

> ***Ó Flannagáin:*** *Sea, tá meon neamhspleách agat agus tá tú úsáidte leis an choincheap. Dá mba mhaith leat rud inteacht, caithfidh tú dul amach agus é a dhéanamh. Nuair a thagann sé chuig an Ghaeilge, […] níl sé chomh fada sin ar shiúl i gceantar s'againne ón chomhphobal agus a bheadh in áiteanna eile. Ceann de na rudaí a rinne muid blianta ó shin nuair a tháinig an daonáireamh foilsithe ó 1901, chuaigh muid agus rinne muid taighde ar an daonáireamh ins na bailte fearainn thart orainn agus fuair muid amach go raibh, insa daonáireamh sin, thart fá leathchuid de na daoine insa daonáireamh, leathchuid de na teaghlaigh, bhí siad thíos mar chainteoirí Gaeilge agus gur chiallaigh sin gur cainteoirí Gaeilge a bhí iontu achan uile glúin roimhe sin. Chuaigh an teachtaireacht sin i bhfeidhm go mór ar dhaoine […] Chuir muidinne suas ar pháipéirí móra na hainmneacha, na teaghlaigh uilig, mar tá na teaghlaigh céanna ann i gceantair thuaithe is bhí céad bliain ó shin agus […] bhí siad ábalta a fheiceáil gur cainteoirí Gaeilge a bhí iontu. Agus ansin tosaíonn tú an díospóireacht, caidé mar a tharla sin gur imigh an teanga? Cad tuige a d'imigh an teanga agus na fórsaí a bhí i gceist ansin? An rud eile atá ann, an áit a chruthaítear cuid is mó de chainteoirí nua, tig siad fríd Gaeloideas agus sin an bealach fada ansin, tiontú daoine le muinín a bheith acu insa Ghaeloideachas mar chóras a oibríonn do pháistí chomh maith agus don teanga agus sílim go bhfuil muid ag briseadh fríd an tsíleáil sin agus go dtuigeann daoine na buntáistí a thig leis seo agus sin ina rud mór. Tá níos mó páistí, fá dó, ag freastal ar Ghaeloideas i gceantar tuaithe s'againne ná atá ag freastal ar an chóras Béarla. Sin an comhartha dóchais is mó don todhchaí.*

Feictear sa chás seo go bhfuil prionsabail fhéinchabhracha tábhachtach don phobal seo agus go bhfuil suntas ag baint leis an nasc atá á thaispeáint idir stair na Gaeilge sa cheantar agus sliocht na nGael atá ann inniu. Tugann an cur chuige seo úinéireacht ar an teanga don phobal. Leagtar béim ar an nGaeloideachas anseo chomh maith agus, cé go n-éiríonn leis an tumoideachas cainteoirí cumasacha Gaeilge a chruthú, tá sé cruthaithe cheana féin nach gcruthaíonn sé cainteoirí gníomhacha Gaeilge agus go bhfágann cuid mhór daoine óga an sprioctheanga ina dhiaidh tar éis dóibh an córas oideachais a fhágáil. An deacracht atá ann don ghrúpa Gaeilge i gCarn Tóchair ná na Gaeilgeoirí óga a fuair oideachas trí Ghaeilge a

choinneáil sa phobal Gaeilge agus leanúnachas a chinntiú tríd iad a spreagadh chun an teanga a sheachadadh ar aghaidh chuig an gcéad ghlúin eile go nádúrtha. Pléann Mac Donnacha an ríthábhacht a bhaineann leis an mbeartas seo agus maíonn sé, maidir leo siúd a d'fhoghlaim an sprioctheanga mar T2, go bhfuil rath na n-iarrachtaí athneartaithe teanga ag brath ar dhul i bhfeidhm orthu siúd an sprioctheanga a úsáid mar mháthairtheanga lena bpáistí féin (2000: 22). Tá gá ann, mar sin, lucht óg na nGaelscoileanna a spreagadh chun leas a bhaint as an nGaeilge mar theanga an tí agus cainteoirí orgánacha a thógáil a bhfuil an sprioctheanga acu mar T1.

Maidir le fachtóirí a chothaíonn an pobal Gaeilge, luann Ní Loinsigh:

> ***Ní Loinsigh:*** *Dom féin go pearsanta, tá grá agam don teanga. Tá an Ghaeilge á foghlaim agam ó bhí mé sa mheánscoil. Ní raibh an deis agam freastal ar an chóras Gaeloideachais mé féin […] is dócha galar na Gaeilge a thabhairt air sin. Is dócha is é an nasc leis an oidhreacht agus dom féin go pearsanta, teanga chomh saibhir sin, is breá liom an nasc sin. […] Tá páistí agam féin anois […] le bheith ábalta teaghlach a thógáil le Gaeilge, tá sé ríthábhachtach go mbeidh imeachtaí sóisialta ann fosta le daoine a thabhairt le chéile […]*

Tá dearcthaí dearfacha i leith na sprioctheanga ríthábhachtach ó thaobh na pleanála teanga de ach ní féidir brath orthu leo féin chun iompar i leith na sprioctheanga a stiúradh (Mac Donnacha, 2000: 17). Tá gá, mar sin, na dearcthaí dearfacha atá ann a spreagadh agus daoine a mhealladh chun dul céim níos faide agus an sprioctheanga a fhoghlaim.

### 4.4.5 Na bagairtí agus na fachtóirí a chuireann bac ar an bpobal Gaeilge

***Ráth Chairn***

Aithníonn Sarikaya go bhfuil easpa áiseanna ar fáil i Ráth Chairn do Ghaeilgeoirí agus, áit a bhfuil Gaeilgeoirí ag obair cóngarach don Ghaeltacht, nach bhfuil aon chomhartha ann a léiríonn go bhfuil Gaeilge ag an duine sin. Luann sí:

> ***Sarikaya:*** *Cheapfainn an fhadhb nach bhfuil áiseanna ar nós an bhainc, na háiseanna sin taobh istigh den Ghaeltacht nó fiú amháin go mbeadh duine in ann gnó a dhéanamh sa mbanc. Ba chóir go mbeadh na rudaí seo ar fad taobh istigh sa nGaeltacht ach nuair a théann tú taobh amuigh den*

*Ghaeltacht go mbeifeá in ann do chuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge agus freisin ceapaim, fiú amháin anois tóg na hóstáin in Áth Troim, tá go leor de phobal na Gaeltachta ag obair, na daoine óga atá ag ollscoil nó ag meánscoil, bíonn post ag gach duine inniu, go leor daoine ag obair a bhfuil Gaeilge acu a bheadh in ann gnó a dhéanamh ach ní thuigeann daoine go bhfuil Gaeilge acu* so *teastaíonn rud éicint ó phobal na Gaeilge. Fadó bhíodh an fáinne ann* so *teastaíonn rud éicint le taispeáint go bhfuil Gaeilge ag daoine mar tá sé tábhachtach go bhfuil tú in ann do ghnó a dhéanamh taobh amuigh den Ghaeltacht freisin agus tuigfidh, go háirid páistí óga, go bhfuil Gaeilge taobh amuigh den scoil.*

***Taighdeoir:*** *Cad iad na hacmhainní atá ag teastáil ón mórphobal, ó thaobh amuigh den phobal?*

***Sarikaya:*** *Rudaí nach bhfuil againn sa nGaeltacht. Níl aon bhanc againn […] Ní féidir leat do ghnó a dhéanamh le Gardaí trí Ghaeilge in Áth Buí. Béarla ar fad. […] An Chomhairle Contae. Níl muid in ann aon ghnó mar sin a dhéanamh trí Ghaeilge.*

Tacaíonn tuairim Sarikaya le smaointeoireacht Mhic Dhonnacha a mhaíonn go bhfuil inmharthanacht fhadtéarmach an phobail le tabhairt san áireamh má tá an phleanáil teanga le bheith rathúil. Tá fáil ar sheirbhísí leighis, sláinte agus leasa sóisialta tábhachtach chomh maith le hinmharthanacht eacnamaíochta an phobail (Mac Donnacha, 2000: 19). Chomh maith leis sin, léiríonn an easpa áiseanna sa phobal go bhfuil Ráth Chairn ag fulaingt na ndeacrachtaí céanna agus atá pobail tuaithe eile agus go bhfuil gá ag an maicrealeibhéal freastal níos fearr a dhéanamh chun na pobail seo a fhorbairt a thuilleadh. Dar le Sarikaya, caithfear neart imeachtaí trí mheán na sprioctheanga a eagrú agus iarracht a dhéanamh daoine a choinneáil sa cheantar.

Maíonn Sarikaya go n-aithníonn páistí na teorainneacha a bhaineann leis an nGaeilge de bharr easpa na bhfearann ina n-úsáidtear í agus go nascann siad an teanga leis an gcóras oideachais toisc gurb é sin an t-aon áit a reáchtáltar go hiomlán trí Ghaeilge:

***Sarikaya:*** *Feicim mo neachtanna féin, tá gasúir acu, gasúir óga, agus tuigeann siad. Is Gaeilge ar fad atá sa mbaile acu siúd ach tuigeann siad taobh amuigh den Ghaeltacht nach bhfuil aon Ghaeilge agus níl siad ach*

> *beag bídeach. [...] má théann [daoine] taobh amuigh den Ghaeltacht, is Béarla ar fad atá ann agus ceapaim go gcreideann daoine óga inniu, mar fiú amháin tóg an páiste Gaeltachta, má théann a Mhamaí agus Dadaí isteach ag iarraidh gnó a dhéanamh tríd an mbanc, Béarla. Más é an Chomhairle Contae, Béarla. Ritheann siad tada i nGaeilge ach scoil. Tá siad ag ceapadh go bhfuil baint ag an nGaeilge leis an gcóras oideachais an t-am ar fad.*

Tá imeallú na mionteanga go dtí an córas oideachais in intinn an pháiste aitheanta cheana féin. Aithníonn Mac Donnacha nach modh éifeachtach iad na scoileanna chun seachadadh idirghlúine na teanga a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus nach mbíonn fás orgánach i líon na gcainteoirí mar thoradh ar an tumoideachas (2000: 21). Tacaíonn Nettle agus Romaine leis an maíomh seo agus luann siad nach bhfuil úsáid laethúil na Gaeilge ina toradh ar na scoileanna in Éirinn nó an seachadadh idirghlúine. Dar leo, ní mór don scolaíocht teacht tar éis don seachadadh idirghlúine a chur i bhfeidhm (2000:187).

Maíonn Sarikaya go gcaithfidh na daoine atá i gcumhacht suim a léiriú sa teanga chomh maith agus iarracht a dhéanamh í a úsáid:

> ***Sarikaya:*** *Caithfidh an rialtas rud éicint a dhéanamh freisin. Caithfidh sé tosú ag an mbarr. Fiú amháin, creidim istigh sa Dáil abair, go raibh Gaeilge acu fiú lá amháin sa tseachtain go mbeadh gach gnó déanta trí Ghaeilge, fiú dátheangach, go mbeidís ag úsáid Gaeilge agus Béarla ach,* no. *Labhraíonn siad cúpla focal […]*

Léiríonn taighde go nascann an duine teangacha éagsúla le stádas agus feidhm ar leith. Pléann Webb, mar shampla, an nasc a dhéantar idir an Béarla agus feidhmeanna áirithe san Afraic Theas agus taispeántar go bhfuil an Béarla bainteach le dul chun cinn sa saol (2002: 10). Is teanga dhomhanda é an Béarla agus tugann sé rochtain don duine ar fhoinsí a bhaineann le heolas agus le pléisiúr. Chomh maith leo siúd, '[...] it allows one to communicate with billions of people all over the world, it is the language of the most successful people in the Western world, and it is the language of struggle against apartheid' (*ibid.*: 12).

Dar le Mac Donncha, tá feabhas mór tagtha ar dhearcthaí i leith na Gaeilge agus tá sé den tuairim go mbaineann an feabhas sin le heachtrannaigh ag teacht go hÉirinn lena gcultúr agus a dteanga féin acu. Creideann sé go bhfuil náire tagtha ar dhaoine

Éireannacha toisc nach bhfuil an Ghaeilge acu agus go bhfuil rath na Gaelscolaíochta sa phobal bainteach chomh maith le meonta a athrú i leith na teanga.

Airítear go bhfuil an Ghaeilge láidir sa phobal le Gaeilge ag formhór an phobail ach aithníonn Sarikaya go bhfuil úsáid na Gaeilge faoi bhrú mar gheall ar an gcomhthéacs measctha teanga. Dar léi, ní thógann sé ach Béarlóir amháin daoine eile a chur ag labhairt Béarla agus, nuair a phósann duine áitiúil le Gaeilge Béarlóir, go mbíonn an Béarla in uachtar sna teaghlaigh sin. Tá sí amhrasach faoi thodhchaí na Gaeilge sa phobal. Luann sí chomh maith:

> ***Sarikaya:*** *[…] taobh istigh den phobal. Níl siad ag labhairt Gaeilge. Tá siad ag cur Gaeilgeoirí ag labhairt Béarla. Na bagairtí is mó is dóigh ná an Béarla. Mura bhfuil Béarla ann, tá Gaeltacht ann. Cheapfainn an Béarla is mó agus teastaíonn áiseanna, gach cineál áis dáiríre […] 'Sé an Béarla atá ag marú na Gaeltachta.*

Luann Sarikaya go bhfuil Béarlóirí agus Gaeilgeoirí scaipthe i measc a chéile sa phobal agus go gcuireann an cás seo brú ar lucht na Gaeilge iompú ar an mBéarla. Is téama coitianta é forlámhas an Bhéarla agus an dochar atá á dhéanamh aige don mhionteanga agus tá go leor taighde déanta ar mheath na Gaeltachta a léiríonn go bhfuil an Béarla tagtha chun cinn go mór mór i gceantair Ghaeltachta ar fud na tíre (Ó Giollagáin *et al*, 2007a).

Pléann Sarikaya comhnascadh fhoireann peile Ráth Chairn, a d'fheidhmigh trí Ghaeilge, le dhá fhoireann áitiúla 16 bliana ó shin toisc gur measadh ag an am go raibh an pobal Gaeltachta róbheag. Rinneadh dhá leath den fhoireann Ghaeltachta agus chuaigh cuid amháin le hÁth Buí agus an chuid eile le Dún Doire, dhá fhoireann a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla. Taispeántar sa chás seo na deacrachtaí a bhaineann le pobal mionteanga atá srianta ó thaobh daonra de agus an gá atá le mais chriticiúil chun imeachtaí dírithe ar an bpobal sin a fhorbairt agus a chothú.

Maidir le bagairtí seachtracha don phobal, luann Sarikaya gur pobal beag é Ráth Chairn atá timpeallaithe ag an bpobal Béarla agus go mbíonn brú ón mBéarla i gceist leis seo:

> ***Sarikaya:*** *Arís brú an Bhéarla cé go bhfuil go leor daoine ag teacht go Ráth Chairn anois ag foghlaim Gaeilge […] Ach ceapaim gur brú an Bhéarla an rud is mó atá ag cur as i ndáiríre mar tá an pobal chomh beag. Céard atá i Ráth Chairn? Sé mhíle abair. Ón Áras Pobail níl sé ach míle suas an bhóthair agus tá tú istigh sa nGalltacht. Níl ionainn ach áitín beag bídeach agus an Ghalltacht thart air […]*

Tacaíonn Mac Donncha leis an áiteamh seo agus luann sé gur pobal beag é Ráth Chairn le Béarla gach taobh de, gan tacaíocht cheart agus brú mór ar an teanga:

> ***Mac Donncha:*** *Ceapaim gurb é an deacracht atá ann ná go bhfuil muid ar nós oileáin bhig. Níl ach baile fíorbheag ann, trí chéad, trí chéad caoga duine agus ní bheidís sin ar fad ag labhairt Gaeilge agus tá an Béarla... Tá brú orainn ar nós chuile cheantar. Má tá tú ag déileáil le heagraíochtaí stáit agus mar sin, tá brú ort ar aon chaoi. Is minic a cheapann muid gur saoránaigh den dara grád muid. Ceapann muid é sin scaití nuair atá muid ag déileáil le rudaí. Is dóigh liom, […] an Béarla a bheith timpeall orainn, níl muid ach dhá mhíle taobh istigh den 'Phale'. […] Tá brú damanta ansin.*

De réir Sarikaya, tá sé deacair an fhadhb seo a shárú agus pléitear na deiseanna atá ann chun tuilleadh Gaeilgeoirí a mhealladh isteach sa cheantar. Dar léi, thriail an Comharchumann Gaeilgeoirí a mhealladh chuig an bpobal agus tháinig cúpla teaghlach Gaelacha chun cónaí ann agus tá suim á léiriú le déanaí ó Ghaeilgeoirí atá ag iarraidh bogadh isteach sa phobal. Tá imní sa phobal Gaeilge, áfach, maidir le talamh atá ceannaithe sa Ghaeltacht le déanaí agus an baol go dtógfar tithe agus go ndíolfar le Béarlóirí iad. Cuireann Mac Donncha tuilleadh eolais ar fáil faoin bhfadhb thithíochta sa cheantar agus é ag plé bagairtí inmheánacha don phobal:

> ***Mac Donncha:*** *Tá fadhbanna tithíochta ann. Siar sna seachtóidí, cheannaigh an Comharchumann i Ráth Chairn [...] talamh agus choinnigh siad an talamh sin agus dhíol siad na suíomhanna le Gaeilgeoirí agus thug sé sin cabhair mhór mar tháinig go leor leor daoine isteach agus bhí smacht iomlán ar cé a bhí ag teacht isteach agus, dáiríre, sin fadhb atá muid ag plé leis in aghaidh na Gaeltachta agus mar sin ar feadh blianta. Bhí muid ag rá dá dtabharfaidís milliún punt dúinn – is dócha nach dtarlódh sé sin – go leigheasfadh sé na fadhbanna sin uilig. Bheimis in ann tithe, talamh a*

*cheannach agus suíomhanna a cheannach agus a bheith á méadú an Ghaeltacht mar tá an baol eile ann go dtiocfaidh daoine isteach, na tógálaithe móra, agus go dtógfaidh siad talamh agus gur féidir le daoine teacht isteach nach bhfuil suim ar bith acu sa nGaeilge.*

Luann Mac Donncha go gcosnaíonn an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 an pobal Gaeilge go pointe toisc go gcuireann sé bac ar Bhéarlóirí teach nua a thógáil sa Ghaeltacht agus gur éirigh leis an gComharchumann stop a chur le hiarrachtaí roimhe seo. Luann sé go bhfuil eisimirce ina fhadhb le daoine óga ag fágáil an phobail. Maíonn sé go bhfuil brú ann ón stát agus ó na seirbhísí poiblí Béarla a úsáid mar bhagairt sheachtrach agus, dar leis, níl Acht na dTeangacha Oifigiúla á chur i bhfeidhm:

***Mac Donncha:*** *Sin iad na fadhbanna atá againn agus sin é an cur i gcéill. Tá siad ag rá go bhfuil siad ann. Má théann tú ag díospóireacht leo, cruthóidh siad duit go bhfuil siad ann ach, dáiríre, níl siad ann […] agus caithfidh tú do chaipín air agus is dócha gurb shin é an córas atá sa tír, gurb shin é an bealach atá acu: go n-iompóidh daoine ar an mBéarla agus go mbeidh sé sin níos éasca dóibh. [...] Tá mise á rá le fada, caithfidh na Gaeilgeoirí agus na Gaeil breathnú i ndiaidh a chéile agus tá mé ag ceapadh go gcaithfidh muid é sin a dhéanamh. Bhí sé tábhachtach riamh ach is dóigh liom go bhfuil sé i bhfad níos tábhachtaí anois.*

***Bóthar Seoighe***

Luann Mac Seáin ceannas an Bhéarla mar bhac agus mar bhagairt don phobal Gaeilge agus an tábhacht atá ann chun an Ghaeilge a chosaint sa teach. Maíonn sé, i gcás Bhóthar Seoighe, go bhfuil an Ghaeilge fós ann i ngach teach:

***Mac Seáin:*** *Mar atá ag mionteanga ar bith atá faoi bhrú ag teanga idirnáisiúnta ar bith, tá sé dodhéanta an mhórtheanga a sheachaint i suíomh uirbeach go háirithe. Tá tonn rabharta an Bhéarla ag briseadh ar chladach na mionteanga go síoraí agus á creimeadh scaití agus is éigean do thuismitheoirí a bheith ar a n-airdeall nach dtógann an mhórtheanga greim ar theanga an tí chomh maith dá n-ainneoin féin. Fiú amháin agus Gaeilge ag gach tuismitheoir, tá brú láidir na meán Béarla réidh le bearna ar bith sa Ghaeilge a líonadh go háirithe ó thaobh na bpáistí de.*

***Taighdeoir:*** *Agus níl sé sin tarlaithe i ndáiríre i bhur bpobal? Níl greim faighte ag an mBéarla ar aon teach?*

***Mac Seáin:*** No*, i dteach ar bith. Níl mé ag rá nach bhfuil teaghlaigh ann a labhraíonn níos mó Béarla ná teaghlaigh eile ach níor ruaigeadh an Ghaeilge as an teach.*

Dar le Mac Seáin, is iad na páistí is tábhachtaí sa tionscnamh agus ní mór don Ghaeilge a bheith mar theanga an tí chomh fada agus is féidir agus gach seans a bheith acu an sprioctheanga a shealbhú. Is é an Béarla an bhagairt is mó atá ann don mhionteanga dar leis agus, cé nach mbeidh gach duine iomlán líofa sa Ghaeilge, caithfidh bá a bheith ann di agus an toil ann go mbeidh sí chomh láidir céanna leis an mBéarla ar a laghad sa teach agus sa chéad áit ag an tuismitheoir a bhfuil Gaeilge acu. Maidir leis na dúshláin a bhaineann le teaghlach a thógáil le Gaeilge, luann McKee:

***McKee:*** *[…] Tá sé sa scoil níos mó acu ná mar atá sé áit ar bith eile nó tuigeann siad gur cuid de phobal iad agus go bhfuil na páistí eile uilig amuigh anseo a labhraíonn Gaeilge fosta.*

***Mac Seáin:*** *B'fhéidir go bhfuil saibhreas na Gaeilge ag laghdú ach tá saibhreas an Bhéarla ag laghdú agus tá an meán cumarsáide ag tógáil seilbh ar achan rud. […]*

***Taighdeoir:*** *An bhfuil sé deacair páistí a thógáil le Gaeilge?*

***McKee:*** *Níl. Níl ann ach teanga. Modh cumarsáide atá ann.*

***Mac Seáin:*** *Teanga atá ann agus chomh maith leis sin, go háirithe má tá an teanga ag an bheirt thuismitheoir, labhraíonn tú an teanga atá agat. Tiocfaidh fadhbanna ó thaobh friotail agus ó thaobh focla agus de réir sin, go háirid againne nuair a bhí muid ag fás aníos bhí muid ag bunú foclóra agus roimhe sin bhí an Ghaeilge a bhí againn, ar bhealach, bhí sé bunaithe ar an rud a bhí ins an Ghaeltacht agus go minic níor leor sin don Ghaeilge ins an tsaol uirbeach.*

Molann Mac Seáin glacadh le caighdeán Gaeilge na gcónaitheoirí agus gan brú a chur ar dhaoine lena gcumas teanga ach go mbeidh an sprioctheanga láidir go leor le húsáid mar ghnáthchumarsáid sa saol. Dar leis:

> ***Mac Seáin:*** *Sheachain Bóthar Seoighe na coimhlintí sin le socruithe daonlathacha a raibh mé ag caint air agus comhréiteach idir daoine agus a fhios gur go deonach atá siad sa phobal agus go dtig leo imeacht am ar bith is maith leo. Bhí saoirse acu, bhí daonlathas ann agus tá sé tábhachtach nach gcuireann tú an oiread sin brú ar dhaoine ó thaobh na Gaeilge féin de. Seo daoine uilig, seachas ise (ag caint faoi Cholma), a tógadh le cibé Gaeilge a thug muidne di; sin gur daoine a d'fhoghlaim an teanga mar sin de tá raon láidir, nó ní Gaeilge na Gaeltachta atá ann ach, san am céanna, ní shílim go bhfuil duine ar bith i nGaeltacht ar bith nach dtuigfeadh an comhrá atá ag dul ar aghaidh eadrainn. [...] Tá daoine a labhraíonn fíor-Ghaeilge na Gaeltachta agus beagnach go bhfuil an caighdeán Gaeilge truaillithe acu. Tá siad ag iarraidh a bheith chomh cosúil sin le muintir na Gaeltachta gur rud bréagach ar bhealach é.*

Tá go leor pléite cheana ar cheannas an Bhéarla i gcásanna idirnáisiúnta agus scriosadh mhionteangacha ar fud an domhain mar gheall ar an gceannas sin (Nettle & Romaine, 2000). Leagann Mac Seáin béim anseo ar an ról lárnach atá ag an sprioctheanga sa teach, fearann ríthábhachtach atá pléite ag Fishman (1989; 1991; 2001), Ó Curnáin (2009) agus Mac Donnacha (2000) chun an mhionteanga a chosaint ó fhorlámhas na mórtheanga.

***Cluain Dolcáin***

Maíonn Ó Gaibhín go bhfuil tuiscint ina bac don Ghaeilge i gCluain Dolcáin agus go bhfuil fáth ag teastáil ó dhaoine chun an teanga a úsáid:

> ***Ó Gaibhín:*** *Ceann de na bacanna is mó ná an* perception *atá ag daoine ó thaobh na Gaeilge de. […] Tá daoine saying* why? *[…] Dá mbeadh níos mó deiseanna agus má fheiceann daoine fostaíocht nó* improve the quality of life in whatever way*, tá fáth leis. Níl aon duine ag déanamh aon rud ar mhaithe le,* I just like it. They're doing it *ar fáth éicint. […] An rud céanna leis an nGaeilge.* Why? It has to improve your quality of life. […] We're getting there.

Chomh maith leis sin, feictear dó go bhfuil scoilt ann idir tuiscintí ar an nGaeilge ó thuaidh agus ó dheas agus i gcásanna uirbeacha agus tuaithe. Dar leis, tá stair ag baint leis an nGaeilge in áiteanna cosúil leis An Carn ach, i mBaile Átha Cliath,

féachtar ar an nGaeilge mar chaitheamh aimsire. I gcás na Gaeilge ó thuaidh, tá tuiscint ar leith bainteach leis an nGaeilge mar gheall ar chur faoi chois na teanga ag stát na Breataine. Pléann Mac Ionnrachtaigh an cás seo agus maíonn sé go bhfacthas fás i bhféintuilleamaí agus féinmheas an phobail chomh maith le mothú féiniúlachta a bhain le cumhachtú (Mac Ionnrachtaigh, 2013: 205).

Luann Ní Arrachtáin tuiscint dhaoine ar an nGaeilge maidir le baic don phobal Gaeilge chomh maith agus maíonn sí go bhfuil meon eisiach ann i gcás roinnt Gaeilgeoirí:

> ***Ní Arrachtáin:*** *Uaireanta bíonn daoine drochbhéasach ina leith [an Ghaeilge] agus go mbeidís b'fhéidir ag gáire nó ag rá rudaí nach bhfuil fíor* just *mar gheall go bhfuil faitíos orthu féin. Tá sé i bhfad níos éasca a rá,* Irish is stupid, *ná glacadh leis nach bhfuil siad féin go maith aige. [...]*

Airíonn sí gur bagairt iad dearcthaí neamhfhabhracha i leith na Gaeilge don phobal Gaeilge chomh maith leis an easpa Gaeilge sna seirbhísí stáit. Caithfidh daoine a fheiceáil go bhfuil luach leis an nGaeilge. Pléann Ní Arrachtáin náire i leith na Gaeilge anseo freisin, ábhar atá pléite roimhe seo ag Freire agus Ngũgĩ Wa Thiong'o. Luann Wa Thiong'o go mbaineann an feiniméan seo le coilíniú agus maíonn sé gurb é an coilíniú intinne, is é sin smacht cultúrtha, an chéim is tábhachtaí i bpróiseas an choilínithe (1986: 16). Pléann Freire an cás seo chomh maith agus an tábhacht a bhaineann le coimpléasc ísleachta an duine chun go mbeidh an t-ionradh cultúrtha rathúil (1970: 134). Luann sí freisin gur féidir le lucht na Gaeilge féin a bheith ina bhac don sprioctheanga trí dhrochbhéasa a léiriú dóibh siúd nach labhraíonn an Ghaeilge go foirfe. Dar léi, tá gá le fáil réidh leis an meon sin.

Dar le Ó Gaibhín, in ainneoin na 1,400 páiste atá ag fáil oideachas trí Ghaeilge sa phobal, tá sé deacair na teaghlaigh sin a tharraingt isteach i saol na Gaeilge sa cheantar agus, mar gheall ar shaol gnóthach a bheith ag daoine, níl an t-am ag daoine a bheith páirteach sa saol sin. Measann sé go bhfuil an Ghaeilge fíorláidir sa cheantar mar gheall ar an méid daoine a tháinig trí na Gaelscoileanna sa cheantar ó 1974 agus an clú agus cáil atá ar Chluain Dolcáin ó thaobh na teanga de. Níl úsáid na Gaeilge láidir, áfach, toisc nach bhfuil na deiseanna ann. Luann Ó Gaibhín gurb iad acmhainní agus leanúnachas na bagairtí inmheánacha atá ann don phobal Gaeilge

ansin. Dar leis, 'Tá an t-ádh orainn *mar we're now running an institution and a* gnó *so* tá acmhainní eile againn'. Is é an bealach chun na bagairtí sin a shárú ná, dar leis:

> ***Ó Gaibhín:*** *Caithfear na hacmhainní cearta a chur ar fáil. […] Caithfear múnla ar leith a chur isteach ann* in that, *má tá tú ag iarraidh go mbeidh rud éigin ann go fadtéarmach* there has to be sustainability with it *agus muna bhfuil an stát in ann é sin a chur ar fáil* then *caithfear rud éicint eile a dhéanamh. […] [maidir leis na bainisí]* I got four grand for the bar. *[...] Bunaíodh Muintir Chrónáin siar i lár na seascaidí. Thosaigh an* síol so that's fifty years so *tá leanúnachas ansin agus an t-aon fháth go bhfuil siad fós ann,* and it's kind of a chicken and egg, because *bhí plé cúpla bliain ó shin. Is cuimhin liom roimh titim an Tíogair, bhí roinnt den bhord ag an am ag rá,* should we sell this place? This is a big beast we got to control. It's going to cost a lot of money to keep this going. […] We have become a commercial entity because *ní hé sin an fáth go bhfuil muid ann* so where's the happy medium? *[…] Cuireann muid amach an foirgneamh ar cíos i rith an lae* like *aon ghrúpa, cruinnithe tionóla [srl., srl.]*

***Carn Tóchair***

I gcás Charn Tóchair, luann Ó Flannagáin an diúltú d'Acht Gaeilge a thabhairt isteach sna Sé Chontae mar bhac agus mar bhagairt do phobal na Gaeilge:

> ***Ó Flannagáin:*** *An rud céanna agus a thugann an láidreacht do dhaoine, sin nach bhfuil an stát ag tabhairt aird; nach bhfeiceann an stát tábhacht ar bith leis an Ghaeilge mar sin caithfidh tú achan pingin a fháil; caithfidh tú é a chroitheadh amach as a chuid pócaí. Ní thagann duine ar bith agus a rá, is rud iontach é ár dteanga náisiúnta a chur chun cinn agus a atógáil. Ba mhaith linn suí síos agus a fheiceáil caidé mar a thig linn cuidiú libh. Ní tharlóidh sé sin a choíche,* so *sin ina rud. B'fhéidir go dtiocfaidh leis sin a theacht dá mbeadh cearta ag an teanga de réir an dlí agus stádas ceart mar theanga náisiúnta de réir an dlí agus ansin bheadh ar an stát rudaí mar sin a dhéanamh* so *sin ina bhac mór: nach bhfuil an stádas ceart de réir an dlí, de réir an rialtais mar rud inteacht atá de cheart againn agus sin bac mór.*

Léiríonn smaointeoireacht Uí Fhlannagáin go bhfuil meon féinchabhrach i gceist sa chás seo mar gheall ar easpa tacaíochta an stáit don Ghaeilge. Tá suntas ag baint leis

an gcás seo i dtéarmaí an duine a bhfuil a gcearta á ndiúltú dóibh agus an spreagadh a ghintear iontu ach, ag an am céanna, na srianta a chuirtear ar an bpobal mar gheall ar easpa stádais don mhionteanga. Molann Ó Flannagáin go gcaithfear leanúint ar aghaidh chun an stádas ceart agus cearta de réir an dlí a bhaint amach.

Aontaíonn Ní Loinsigh gur bagairt é an diúltú d'Acht na Gaeilge ach measann sí go bhfuil baol ann go gcaillfear tacaíocht don fheachtas atá ann chun an tAcht a bhaint amach mar gheall ar an bhfeidhmiúchán sna Sé Chontae a bheith as feidhm agus ceist na Gaeilge lárnach don díospóid sin:

> ***Ní Loinsigh:*** *[...] tá daoine ag amharc ar an easpa airgid do na hospidéil agus na scoileanna. Bhí na fadhbanna sin ann i gcónaí agus beidh na fadhbanna sin ann muna bhfuil Acht na Gaeilge ann nó nach mbeidh agus dá mbeadh an feidhmiúchán ag teacht ar ais le chéile amárach, bheadh easpa airgid ann do na hospidéil agus don Roinn Oideachais agus rudaí mar sin mar gheall ar na ciorruithe a cuireadh i bhfeidhm ag rialtas na Breataine cibé ar bith. Ní bheinn ag iarraidh go mbeidh an mórphobal ag éirí dubh dóite agus éiríonn daoine dubh dóite leis an chóras.*

Luann Ní Loinsigh go bhfuil easpa seirbhísí trí Ghaeilge, go háirithe do pháistí, mar bhac sa cheantar agus go gcaithfear Béarla a úsáid i bhfearainn ar leith mar gheall air sin. Luann sí chomh maith an deacracht atá ann freastal ar na leibhéil éagsúla Ghaeilge agus an easpa ama a thugtar do phobal líofa na Gaeilge mar gheall air sin:

> ***Ní Loinsigh:*** *[...] níl naíolann nó tá sé deacair gogamán a fháil le Gaeilge* so *tá siad cleachta le Béarla a labhairt le páistí eile ins na háiteanna sin […] Tá club iarscoile á sholáthair againn ach níl sin ach uair go leath i ndiaidh am scoile agus tá sin dírithe ar ghrúpa páistí i rang a cúig go dtí rang a seacht […] [Seirbhís gogamán] […] bheadh sin […] go fiormhaith mar caithfidh páiste dul go gogamán a bhfuil Béarla acu. […] ba mhaith liom a fheiceáil; níos mó imeachtaí sóisialta do theaghlaigh mar uaireanta tá muid iontach gníomhach ag eagrú imeachtaí don mhórphobal leis an teanga a normalú agus tá sé deacair, níl tú ag iarraidh duine ar bith a dhiúltú. Tá muid ag iarraidh an pobal a thabhairt linn agus daoine a spreagadh. Toisc go bhfuil tuismitheoirí amuigh ansin fosta agus b'fhéidir go bhfuil siad ag foghlaim na Gaeilge, b'fhéidir nach bhfuil siad chomh líofa sin go fóill agus*

*níl muid ag iarraidh iad a dhiúltú nó iad a chur as an teanga agus in amanna tá sé deacair agus a rá, seo imeacht do chainteoirí Gaeilge amháin ach tá sé tábhachtach a bheith ag freastal ar theaghlaigh atá ag tógáil clainne trí Ghaeilge ach tá teaghlaigh eile, b'fhéidir go bhfuil na tuismitheoirí go fóill ag foghlaim nó b'fhéidir nach bhfuil suim a bheith ag foghlaim, ach tá sé tábhachtach a bheith ag freastal ar na páistí sin chomh maith; na páistí nach bhfuil Gaeilge acu sa bhaile; le bheith ag cuidiú leo. Is iad na teaghlaigh a bhfuil níos mó tacaíochta de dhíth orthu. Muna bhfuil Gaeilge acu sa bhaile, an t-aon bhlaiseadh atá acu ar an Ghaeilge ná sa seomra ranga agus muna bhfuil aon rud ag tarlú lasmuigh den seomra ranga dóibh, beidh sé níos ciotaí ar na páistí sin agus tá sé feicthe agam. Tá cuid páistí agus tá Gaeilge den chéad scoth acu agus níl deacracht ar bith acu leis an teanga ach dá mbeadh Gaeilge acu sa bhaile, dá mbeadh níos mó Gaeilge ag tuismitheoirí sa bhaile, tá sé dochreidte. Cá háit a mbeadh na páistí sin dá mbeadh níos mó Gaeilge acu sa bhaile?*

Tá smaointeoireacht Uí Churnáin (2009) lárnach sa phlé thuasluaite, go háirithe na deacrachtaí a bhaineann le comhthéacs measctha teanga a bhainistiú. Pléann Ó Curnáin an éagothroime chumhachta a bhíonn i réim le mionteanga agus mórtheanga ag feidhmiú sa láthair chéanna agus an brú a chuirtear ar Ghaeilgeoirí iompú ar an mBéarla chun freastal orthu siúd gan Gaeilge. Sa chás seo, tá tearmainn Ghaeilge tábhachtach chun an brú sin a bhaint agus an pobal Gaeilge a fhorbairt. Tá ceisteanna anseo maidir le cumas an phobail Ghaeilge an pobal a fhorbairt gan na cosaintí cuí, ar nós tearmainn, a bheith i bhfeidhm. Cruthaíonn an cur chuige seo castachtaí sa phobal, áfach:

***Ní Loinsigh:*** *[...] bheadh tuismitheoirí eile ag cur glaoch isteach agus bheidís ag gearán nuair nach raibh sé curtha ar fáil tríd an Bhéarla, muna raibh muid sásta é a ofráil go dátheangach agus níor thuig daoine an tábhacht. Caithfidh an t-imeacht a bheith trí Ghaeilge do na páistí a bhfuil Gaeilge acu nó fiú ag freastal ar an Ghaeloideachas […] má tá imeacht go dátheangach agus má tá páiste amháin le Béarla ina measc, titeann achan rud ar an Bhéarla agus tá sé iontach deacair é sin a choinneáil ag dul* so *go háirithe do na himeachtaí do na páistí, bhí sé i gcónaí tábhachtach rudaí a bheith trí Ghaeilge do na páistí sin* so *shocraigh muid ansin gur chóir*

*imeachtaí a dhéanamh go dátheangach ach bheadh sé tábhachtach go mbeidh Gaeilge ag na cinnirí, go mbeidh siad ábalta blaiseadh den Ghaeilge a thabhairt do na páistí nach bhfuil Gaeilge acu ach ní bheidís ag freastal ar imeacht Gaeilge agus bhí orainn sin a dhéanamh le muintir na háite a shásamh agus iad a mhealladh agus iad a thabhairt linn ar bhealach* so *tá líne chothrom ansin ar dhóigheanna a bheith tarraingteach do lucht na Gaeilge agus daoine a mhealladh i dtreo na Gaeilge agus cuid eile den phobal nach bhfuil sásta Gaeilge a fhoghlaim nó nach bhfuil dúil acu insa Ghaeilge, iad a mhealladh agus an teanga a normalú leo agus gan an teannas a bheith ann idir daoine le Gaeilge agus daoine gan Gaeilge.*

Luíonn meon Ní Loinsigh ar an gceist seo le teoiricí Uí Churnáin (2009) maidir le tearmann aonteangach a bheith ann don pháiste chun smacht a choinneáil ar iompar teanga agus an lámh in uachtar a thabhairt don Ghaeilge. Léiríonn a ráiteas go bhfuil castachtaí ag baint leis an modh sin, áfach, mar gheall ar an gcoimhlint a d'fhéadfadh sé cruthú laistigh den phobal idir lucht an Bhéarla agus lucht na Gaeilge má fheictear don lucht Béarla go bhfuil eisiamh i bhfeidhm ag Gaeilgeoirí.

Pléann Ó Flannagáin an chontúirt a mhothaíonn daoine sa phobal i dtaobh athruithe ag tarlú laistigh den phobal ó thaobh atógáil na Gaeilge de. Luann sé:

***Ó Flannagáin:*** *Beidh i gcónaí daoine ann nach maith leo rud ar bith nua. Beidh daoine ann i gcónaí a mhothaíonn faoi chosaint ina gcuid cumhacht bheag féin,* you know; *rud ar bith úr ag teacht ó aníos. Beidh daoine ann a amharcann ar atógáil na Gaeilge mar rud inteacht ró-réabhlóideach, rud nach bhfuil. Níl sé polaitiúil i ndóigh ar bith. Tá daoine ann agus déanann siad an mhíthuiscint sin agus beidh daoine ann agus, de réir mar a fheiceann siad an Ghaeilge ag éirí níos láidre, iad a mhealladh, de thairbhe nach bhfuil Gaeilge acu féin iad ag mothú iad féin faoi rud beag contúirt.*

***Taighdeoir:*** *Agus conas a sháraítear na bagairtí sin?*

***Ó Flannagáin:*** *Sílim go gcaithfidh tú a bheith i gcónaí ag caint le daoine agus i gcónaí ag míniú an scéil, i gcónaí ag insint an scéil fá dtaobh de, seo an teanga a bhí ag achan duine anseo suas go dtí céad bliain ó shin agus ní rud bagairteach nó ní rud contúirteach i ndóigh ar bith; ár gcuid páistí agus na glúnta atá le teacht a bheith ábalta dhá theanga a labhairt* because *beidh*

*an Béarla againn […] agus de réir a chéile […] buaileann tú síos na ballaí sin a bhíonn ag daoine.*

Luann Ní Loinsigh an líon beag daoine gur féidir brath orthu agus an dainséar atá ann foireann a chailliúint de bharr easpa maoinithe. Dar léi:

***Ní Loinsigh:*** *Níl muid ag iarraidh daoine a chailliúint nó a bheith ag bogadh ar aghaidh muna bhfuil maoiniú ann chun iad a choinneáil. Níor mhaith linn taithí na ndaoine sin a bheith ag bogadh ar aghaidh fosta. Cé go bhfuil sé go maith taithí úr a fháil isteach, an taithí atá ann, níl muid ag iarraidh sin a chailliúint ach an oiread.*

Chun an bhagairt sin a shárú, molann Ní Loinsigh a bheith inmharthana agus luann sí na bealaí éagsúla atá fiosraithe ag An Carn chun é seo a bhaint amach:

***Ní Loinsigh:*** *D'aithin an coiste, cé nach bhfuil bunmhaoiniú againn, tá muileann gaoithe,* turbine *gaoithe curtha in airde agus sílim go bhfuil plean ann cúpla ceann eile a chur in airde go bhfios dom. Bhuel, tá dhá cheann ann insa cheantar […] Tá siad ag iarraidh an t-airgead a dhéanann an* turbine *gaoithe a dhíol ar ais chuig an bhord leictreachais agus beidh sé mar ioncam […] Bíonn muid ag amharc ar an dóigh gur féidir linn a bheith inmharthana, nach mbeidh muid ag brath ar rudaí mar fhoirgneamh. Tá cúpla teach féinfhreastal anseo* so *tá muid ag iarraidh tuilleadh margaíochta a dhéanamh orthu agus pacáistí turasóireachta sa dóigh is gur féidir linn tuilleadh daoine a mhealladh chuig an cheantar agus teacht isteach agus bheadh sin mar ioncam fosta* so *dá mbeadh pacáiste ann deireadh seachtaine, cuir i gcás go mbeidh seisiún ceoil agus cnocadóireacht agus béile agus ceolchoirm, cibé rud nó laethanta nó deireadh seachtaine tógáil foirne, go mbeidh muid ábalta a leithéid d'eachtra ala amuigh a ofráil do dhaoine* so *bheadh na pacáistí seo ar fáil i rith na bliana fosta* so *bheadh sin dóigh eile chun ioncam a fháil isteach chuig an cheantar agus bheidís ábalta cur le tuarastal nó cur le hinfreastruchtúr insa cheantar.*

Léirítear an meon féinchabhrach sa chás seo arís agus an gá a aithnítear i leith féininmharthanacht a bhaint amach. Mar a pléadh cheana le Nettle & Romaine (2000), tá baol ag baint le spleáchas ar an stát ó thaobh mionteanga a chothú, go háirithe má tá cultúr na mionteanga sin i gcoimhlint leis an mórchultúr. Bheadh sé

tairbheach mar sin, bealaí éagsúla a aithint chun inmharthanacht a bhaint amach don phobal mionteanga atá bunaithe ar phrionsabail fhéinchabhracha.

### 4.5 Conclúid

Sa chaibidil seo cuireadh eolas ar fáil maidir le rannpháirtithe na n-agallamh don taighde ar na príomhchás-staidéir. Pléadh na torthaí a tháinig chun cinn sna hagallaimh de réir na dtéamaí a roghnaíodh leis an litríocht idirnáisiúnta a bhaineann le hábhar. Léiríonn an t-eolas a bailíodh ó na hagallaimh go bhfuil modhanna measctha i gceist le forbairt pobail na nGaelphobal atá faoi scrúdú. Tuairiscítear i gcás Ráth Chairn, Chluain Dolcáin agus Charn Tóchair go bhfuil coistí tofa ann a bhaineann lena n-eagraíochtaí pobail féin agus go mbíonn cur chuige ón mbarr anuas agus ón mbun aníos i gceist leis an bhforbairt pobail a bhíonn ar bun sna pobail chuí. Molann Webb an cur chuige seo sa phleanáil teanga (2002: 43) ach léirítear i gcás Chluain Dolcáin go bhfuil deacrachtaí ann rannpháirtíocht a mhealladh ón bpobal. Airítear sa chás seo nádúr neamhbhuan an phobail leis an easpa tiomantais fhadtéarmaigh a thuairiscítear i gcás na heagraíochta agus rannpháirtíocht ón bpobal i gceist do thograí ar leith. Tá an cás seo aitheanta i dteoiricí an iar-nua-aoiseachais (Delanty, 2003; Allan & Turner, 2000; Bauman, 2000) maidir le nádúr an phobail agus an ghné oscailte a bhaineann le gréasáin inniu. Aithnítear gur pobal ilchineálach é an pobal a bhaineann úsáid as Áras Chrónáin le béim ar an dátheangachas agus ar dhaoine a mhealladh leis an nGaeilge. Ceistítear sa chás seo an mbeadh cur chuige nua tairbheach don phobal seo a spreagann úinéireacht ar an bpobal i gcomhthéacs na ndiminicí nua a airítear leis an tsochaí iar-nua-aoiseach.

I gcás Bhóthar Seoighe, tuairiscítear gur cur chuige ón mbun aníos atá i bhfeidhm sa phobal sin le próiseas daonlathach ann ó thaobh cinnteoireachta de. Léiríonn agallamh Mhic Sheáin go raibh baint níos leithne ag pobal Bhóthar Seoighe i gcúrsaí forbartha sa mhórphobal trí atógáil Shráid Bombay agus oscailt na nGaelscoileanna don mhórphobal Béarla. Taispeántar sa chás seo, cé gur tógadh dlúthphobal do phobal na Gaeilge i mBéal Feirste, nach pobal leithlisithe a cruthaíodh a scar go hiomlán ón mórphobal ach pobal a léirigh tacaíocht dó agus a spreag foghlaim agus úsáid na Gaeilge ann.

Tá forbairt pobail níos leithne ar bun ag Coiste Forbartha Charn Tóchair sa chaoi is gur athbheochan chomhphobail ar dhóigheanna eacnamaíochúla, sóisialta, cultúrtha

agus teanga é. Is cur chuige ar leith é atá in úsáid sa chás seo agus an Ghaeilge lárnach in atógáil níos leithne an phobail. Luíonn an cur chuige seo le hargóintí Webb (2002) agus Mhic Dhonnacha (2000) maidir le forbairt pobail níos cuimsithí a chur ar bun a dhíríonn ar riachtanais eile an phobail teanga. Taispeántar i gcás Ráth Chairn go mbíonn deacrachtaí cosúla ag baint leis an gceantar seo mar cheantar tuaithe agus go bhféadfadh Údarás na Gaeltachta ról níos éifeachtaí a imirt i bhforbairt níos cuimsithí an phobail, go háirithe ó thaobh cúrsaí fostaíochta de.

Leagtar béim mhór ar imeachtaí sóisialta chun pobal na Gaeilge a thógáil le chéile i Ráth Chairn, Cluain Dolcáin agus Carn Tóchair. I Ráth Chairn, glacann baill an phobail páirt in eagrú imeachtaí tríd a gcuid sainspéiseanna féin agus léiríonn an cur chuige seo an mhian atá ann róil a thabhairt do dhaoine a aithníonn a gcuid buanna féin. Taispeántar i gcás Chluain Dolcáin, go bhfuil líon mór daoine ag dul tríd an nGaelscolaíocht ach go bhfuil deacrachtaí ann daoine a mhealladh chun na heagraíochta toisc go bhfuil saolta dhaoine chomh gnóthach. Tuairiscítear chomh maith go bhfuil easpa deiseanna ann do dhaoine an Ghaeilge a úsáid, cás a phléitear ar bhonn níos leithne sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge* (Rialtas na hÉireann, 2010: 7) agus a aithnítear mar bhagairt. Meastar gur caitheamh aimsire í an Ghaeilge do dhaoine i mBaile Átha Cliath i gcomparáid le ceantair thuaithe, áit a bhfuil naisc níos dlúithe le haireachtáil i measc an phobail. Léiríonn an cás seo an easpa luacha a bhaineann leis an nGaeilge sa phobal seo agus an iomaíocht atá ann di i gcomparáid le caitheamh aimsire eile. Taispeánann cás Bhóthar Seoighe, áfach, go bhfuil féidearthachtaí ann luach agus tuiscint a spreagadh i measc na n-óg maidir le tábhacht na sprioctheanga agus áit lárnach a thabhairt di i saol an duine. Muna bhfuil an luach seo á spreagadh sa bhaile, d'fhéadfadh na Gaelscoileanna ról a imirt sa phróiseas seo chun feasacht teanga agus fhéiniúlachta níos doimhne a ghineadh.

Taispeántar i gcás na gceithre phobal faoi scrúdú go bhfuil leibhéal éigin féininbhuanaitheachta tábhachtach dóibh, go léirítear amhras faoi spleáchas ar an stát agus go bhfuil céimeanna tógtha chun staid fhéinchothabhálach a bhaint amach. Luíonn an meon féinchothabhálach a airítear i ngach cás le háiteamh Nettle & Romaine maidir leis an gcontúirt a bhaineann le spleáchas an mionchultúr nó mionteanga ar chultúr nó teanga an mhórchultúir (2000: 189) agus feictear go bhfuil éifeachtacht ag baint leis na hiarrachtaí sin ó thaobh inmharthanachta a chinntiú do na pobail sin.

I gcás Bhóthar Seoighe, ní bhfuarthas aon tacaíocht stáit chun an dlúthphobal a thógáil agus bhíothas ag brath ar na cónaitheoirí chun costais na tógála a íoc. Chomh maith leis sin, bhunaigh muintir an phobail an chéad Ghaelscoil sna Sé Chontae gan maoiniú stáit agus rinneadh bailiúcháin airgid chun na costais sin a íoc ar feadh trí bliana déag. Maítear go raibh saoirse ag baint leis an gcás seo agus léirítear gur chinntigh sé úinéireacht an phobail ar an bpobal féin. Tá braistint láidir de smaointeoireacht fhéinchabhrach le haireachtáil sa chás seo, rud a phléann Putman (2000) maidir le grúpaí féinchabhracha agus Meade *et al* (2016) maidir leis an bhforbairt pobail agus na prionsabail fhéinchabharacha a ghabhann leis. Chomh maith leis sin, feictear suntas leis na naisc a chruthaíonn an cur chuige ón mbun aníos idir baill an phobail agus an bealach a choinnigh an cur chuige seo an pobal le chéile, cás atá le moladh agus a sheasann mar eiseamláir. Taispeántar prionsabail láidre na forbartha pobail sa mheon seo, chomh maith le meon féinchumhachtaithe agus foghlamtha (Meade *et al*, 2016; Putnam, 2000; Gilchrist & Taylor, 2011).

Tuairiscíonn na hagallaithe ar fad ón gceithre phobal faoi scrúdú anseo go n-aithnítear dóibh go mbíonn iompar teanga níos láidre ann i bhfabhar na Gaeilge áit a mbíonn cónaí ar Ghaeilgeoirí le chéile. Tá aghaidh tugtha ar an dlúthphobal teanga i gcás trí cinn de na pobail agus ar Bhóthar Seoighe ach go háirithe. Luaitear i gcás an phobail seo gur féidir teanga ócáidiúil a dhéanamh den Ghaeilge gan dlúthphobal a bheith ann di agus airíodh an suntas a bhaineann le timpeallacht Ghaeilge a bheith ann agus páistí á dtógáil le Gaeilge nuair a bheartaigh bunaitheoirí Bhóthar Seoighe an pobal Gaeilge sin a thógáil. Meastar sa chás seo go mbíonn úsáid na Gaeilge níos láidre i bpobal Gaeilge tíreolaíoch. Feictear gur chuir an dlúthphobal teanga ar Bhóthar Seoighe tús le próiseas níos leithne a bhaineann leis an nGaeilge, is é sin an fás sa chóras Gaelscolaíochta a d'eascair ón bpobal, an t-éileamh do mhúinteoirí a d'eascair ón bhfás sin agus an fhostaíocht a cruthaíodh do lucht na Gaeilge san earnáil sin.

Cé go n-aontaíonn Ó Gaibhín le coincheap an dlúthphobail Ghaeilge, feictear dó go n-athraíonn tosaíochtaí an duine nuair a thagann ceisteanna praiticiúla chun cinn, go háirithe i gcás na heacnamaíochta agus ó thaobh cúrsaí sláinte de. Tá an cás céanna pléite i gcás iarrachtaí eile a rinneadh chun pobail Ghaeilge cheantracha a thógáil (agallamh le Ó Snodaigh, 2016, 2017; comhfhreagras pearsanta ó Ó Cuilinn, 2015) agus ardaítear ceisteanna anseo maidir leis an gcur chuige cuí atá ag teastáil. I dtaobh

cúrsaí praiticiúla, tá argóint láidir ann go mbeadh iarrachtaí stáit níos rathúla ag tógáil pobail Ghaeilge tíreolaíocha do phobal na sprioctheanga ar mian leo cónaí i bpobal intinniúil. Léiríonn an t-eolas a fuarthas ó McKee áfach, an tábhacht a bhaineann le braistint úinéireachta agus, ó thaobh coincheap na forbartha pobail de, an luach a bhaineann le rannpháirtíocht sa phróiseas cinnteoireachta agus an cumhachtú a théann leis sin don duine. Meastar i gcás Charn Tóchair go bhfuil tábhacht le mais chriticiúil a bheith ann don sprioctheanga agus maítear go gcuireann sé seo deiseanna laethúla ar fáil d'úsáid na Gaeilge. Taispeánann an gá a bhí le deireadh a chur le foireann Chumann Lúthchleas Gael Ráth Chairn na deacrachtaí a thagann chun cinn gan mais chriticiúil a bheith ann don phobal teanga.

Taispeántar i gcás na bpobal faoi scrúdú go bhfuil fachtóirí áirithe ann a chothaíonn na pobail chuí. Léiríonn na fachtóirí a luaitear go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le luach i leith na sprioctheanga a bheith ag an nglúin óg mar a luaitear i gcás Bhóthar Seoighe. Léirítear i gcás an phobail seo chomh maith go bhfuil nasc láidir idir baill an phobail agus tuiscint dhomhain ar thábhacht na sprioctheanga inti sa chaoi is gur éirigh leo a chinntiú go gcoinneofar tithe an phobail do lucht na Gaeilge in ainneoin conradh a bheith i bhfeidhm gan bunús dleathach a bheith leis. Taispeántar go n-imríonn bá an phobail Bhéarla i leith na Gaeilge dea-thionchar ar chúrsaí oideachais mar a phléitear i gcás Ráth Chairn agus go bhfuil tábhacht ag baint le háiseanna chun tearmainn a chruthú don Ghaeilge agus don chultúr níos leithne.

Imríonn an stair ról lárnach i gcothú na bpobal Gaeilge i gCarn Tóchair agus Cluain Dolcáin agus taispeántar go bhfuil suntas ag baint leis na teagmhálacha atá tógtha ag an dá eagraíocht le grúpaí eile pobail sna ceantair chuí i gcothú na bpobal Gaeilge. Leagtar béim ar an ngá atá ann go mothaíonn daoine páirteach sa togra i gCluain Dolcáin in áit a bheith ar an imeall agus an fháil atá acu ar thacaíocht dhaoine eile nuair atá an grúpa faoi bhrú, fachtóirí atá ríthábhachtach san fhorbairt pobail agus a léiríonn caipiteal sóisialta láidir sa phobal (Meade *et al*, 2016: 3-4; Putnam, 2000: 19). Taispeántar i gcás Charn Tóchair go bhfuil meon féinchothabhálach i réim sa phobal seo, fachtóir tábhachtach a phléann Nettle & Romaine (2000). Airítear chomh maith líon na bpáistí atá ag freastal ar an nGaeloideachas sa cheantar mar ábhar dóchais don todhchaí agus taispeánann an fachtóir seo go bhfuil smaointeoireacht fhadtéarmach i bhfeidhm.

Taispeántar i gcás na bpobal ceantrach-bhunaithe go bhfuil ceannas an Bhéarla ina bhagairt do na pobail teanga sin agus go bhfuil tábhacht leis an sprioctheanga a choinneáil i réim i bhfearann an tí, cás atá pléite go mion ag Fishman (1991; 2001). I gcás Ráth Chairn, feictear an tionchar a imríonn Béarlóirí ar chleachtais teanga na nGaeilgeoirí sa phobal agus an brú a airíonn an mionteangóir. Pléann Ó Curnáin an cás céanna nuair a bhíonn comhthéacs measctha teanga i bhfeidhm (2009: 12). Meastar go bhfuil laghdú ann i líon na dteaghlach ina bhfuil Gaeilge ag an mbeirt thuismitheoirí agus go bhfuil drochimpleachtaí ag an gcás seo don Ghaeilge sa phobal seo. Tá an pobal beag, timpeallaithe ag an mBéarla agus tá easpa áiseanna ar fáil taobh istigh den phobal féin. Airítear sa chás seo go bhfuil staid na Gaeltachta seo leochaileach agus iarrachtaí ag teastáil chun an staid sin a fheabhsú. Léirítear go n-aithníonn páistí na teorainneacha a bhaineann leis an nGaeilge taobh amuigh de chomhthéacs na scoile agus go nascann na páistí sin an Ghaeilge le hoideachas dá bharr. Tá baol ann sa chás seo go nascfar an mhionteanga le húdarás agus go bhforbrófar bac in intinn an pháiste i leith na Gaeilge. Tá an cás seo pléite ag Webb (2002: 10) agus léiríonn sé an tábhacht a bhaineann le fearainn eile sa chothú teanga.

Airítear i gcás Chluain Dolcáin go bhfuil easpa acmhainní agus leanúnachais ina mbagairtí don Ghaeilge ach léirítear meon gníomhach sa chás seo tríd gnó a reáchtáil ón áras. Léirítear staid leochaileach an phobail Ghaeilge sa chás seo, gan rannpháirtíocht sheasmhach agus éiginnteacht ann maidir le todhchaí an phobail. Cé go bhfuil ról an stáit sa chás seo easnamhach, moltar an cur chuige féinchothabhálach atá i bhfeidhm agus an cumhachtú a ghineann an modh seo don duine. Aithnítear dearcthaí neamhfhabhracha i leith na Gaeilge mar bhagairt chomh maith, fachtóir atá pléite ag Freire (1970) agus Ngũgĩ Wa Thiong'o (1986) i gcomhthéacs phróiseas an choilíneachais agus iarrachtaí an choilínithe an coilíneachas a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

I gcás Charn Tóchair, feictear go n-imríonn an diúltú d'Acht na Gaeilge drochthionchar ar phobal na Gaeilge, go háirithe i leith bunmhaoinithe a bhaint amach. Mothaítear go bhfuil easpa suime ag an stát sa Ghaeilge agus is léir go n-airítear imeallú ar phobal na Gaeilge sa chás seo. Níl gach duine sa phobal i bhfách leis an togra Gaeilge sa phobal agus tá baol ann go bhféadfadh an chonstaic seo cur le himeallú níos mó don mhionphobal. Aithnítear, áfach, an tionchar a imríonn cur faoi chois ar an duine agus an spreagadh atá ginte i gCarn Tóchair mar gheall ar

dhiúltú d’Acht Gaeilge. Mar an gcéanna leis na pobail ar fad, bíonn easpa daoine ag stiúradh an togra Ghaeilge agus baol ann i gcónaí go mbeidh scriosdó ann dóibh siúd atá i mbun agus léiríonn an cás seo an tábhacht a bhaineann le hathghiniúint an phobail teanga ar bhonn leanúnach.

# Caibidil 5: Anailís ar an eolas ón Agallamh Grúpa

## 5.1 Réamhrá

Pléitear anseo an t-eolas a bailíodh ón agallamh grúpa a rinneadh le gníomhairí Gaeilge atá ag obair in earnáil na Gaeilge agus a bhfuil baint acu le gréasáin Ghaeilge in áiteanna éagsúla in Éirinn. Cuireadh an t-agallamh grúpa seo ar bun ar dhá dháta éagsúla: an 29 Samhain 2017 agus an 29 Eanáir 2018.

Tugtar eolas anseo ar dtús maidir le cúlra na rannpháirtithe a ghlac páirt sa chuid seo den taighde agus an ról a imríonn siad i ngluaiseacht na Gaeilge inniu. Déantar mionscagadh ansin ar na topaicí éagsúla a pléadh le linn an agallaimh ghrúpa faoi na téamaí cuí agus pléitear na torthaí i gcomhthéacs na litríochta ábhartha.

Mar an gcéanna leis na hagallaimh, beartaíodh gan aon mhórathruithe a dhéanamh ó thaobh cruinnis teanga de agus caighdeán na Gaeilge de le tras-scríobh an agallaimh ghrúpa.

## 5.2 Rannpháirtithe na ngrúpaí fócais

Mar a luaitear i gCaibidil 2, ghlac cúigear páirt san agallamh grúpa agus tugtar eolas thíos ar na rannpháirtithe sin:

**An Dr. Feargal Mac Ionnrachtaigh:** Tá Mac Ionnrachtaigh 36 bliana d'aois agus oibríonn sé mar stiúrthóir páirtaimseartha ar Ghlór na Móna, eagraíocht phobail agus óige in Uachtar Chluanaí a fheidhmíonn trí Ghaeilge. Ba dhuine de bhunaitheoirí na heagraíochta é siar sa bhliain 2004 agus chaith sé seal mar chathaoirleach ar an eagraíocht. Roimhe sin, d'oibrigh sé mar oifigeach tionscadail le Forbairt Feirste, eagraíocht atá ag plé le forbairt na Ceathrún Gaeltachta. Is iardhalta é Mac Ionnrachtaigh ar Bhunscoil Phobal Feirste agus Meánscoil Feirste in Iarthar Bhéal Feirste. D'fhreastal sé ar Ollscoil na Banríona i mBéal Feirste, áit ar bhain sé céim dhochtúireachta amach i 2008 le tráchtas ar Phríosúnaigh Phoblachtánacha agus athbheochan na Gaeilge i dtuaisceart na hÉireann. D'fhoilsigh sé an tráchtas i 2013 den teideal 'Language, Resistance and Revival: Republican Prisoners and the Irish Language in the North of Ireland'. Is ball bunaithe é d'fhoireann peile lán-Ghaeilge na ceathrún Gaeltachta, Laochra Loch Lao CLG. Tá sé lonnaithe i mBéal Feirste agus tá sé féin agus a bhean chéile ag tógáil beirt pháistí le Gaeilge sa chathair.

**An Dr. Pádraig Ó Tiarnaigh:** Tá Ó Tiarnaigh 28 bliain d'aois agus is as Iúr Cinn Trá agus Mullach Bán i ndeisceart Ard Mhacha ó dhúchas é. Tá sé fostaithe mar fheidhmeannach cumarsáide agus cosanta teanga ó thuaidh le Conradh na Gaeilge agus bíonn sé gníomhach leis an bhfeachtas pobalbhunaithe An Dream Dearg ar son Acht Gaeilge sna Sé Chontae. Chomh maith leis sin tá ina chathaoirleach ar Choláiste Aoidh Mhic Bhricne, coláiste samhraidh i nGaeltacht iardheisceart Thír Chonaill, agus ba chomhbhunaitheoir é ar an ngrúpa Gaelphobal Ard Mhacha Theas. Bhain sé céim dhochtúireachta amach in Ollscoil Uladh i 2015 le tráchtas ar na bailitheoirí béaloidis agus Coimisiún Béaloideasa Éireann.

**Brónagh Fusco:** Tá Fusco 28 bliana d'aois agus is as iarthar Bhéal Feirste di. Fuair sí oideachas lán-Ghaeilge agus í ar Ghaelscoil na bhFál agus Coláiste Feirste. Bhain sí céim amach sa Léann Éireannach ar Ollscoil Uladh agus chuir sí Máistreacht sa Taighde (MRes) a bhí dírithe ar an Ghaeilge in Iarthar Bhéal Feirste i gcrích ann freisin. Is Oifigeach Forbartha Gaeilge í le Glór na Móna, eagraíocht phobail agus óige in Uachtar Chluanaí a fheidhmíonn trí Ghaeilge. Tá sí ar Bhord Bhunscoil an tSléibhe Dhuibh agus tá sí ag tógáil a mhic le Gaeilge.

**Michaeline Donnelly:** Tá Donnelly 29 bliain d'aois agus is as Co. Thír Eoghain di. Oibríonn sí mar Oifigeach Forbartha Gaeilge le Pobal ar a'n Iúl, craobh de Chonradh na Gaeilge ar an Ómaigh, agus ba chomhbhunaitheoir í ar an ngrúpa sin. Roimhe sin d'oibrigh sí leis an gcomhlacht teilifíse Tobar Productions, Cultúrlann Uí Chanainn i nDoire, Pobal, Conradh na Gaeilge, an tOireachtas agus leis an gCiste Craoltóireachta Gaeilge. Tá céim sa Ghaeilge agus sa Bhéarla aici ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, chomh maith le M.A. san Aistriúchán.

**Seán Ó hAdhmaill:** Tá Ó hAdhmaill 35 bliana d'aois agus tá sé lonnaithe i mBaile Átha Cliath ó thosaigh sé ar an ollscoil ach is as Béal Feirste ó dhúchas é. Is tuismitheoir é ar cheathrar páistí, triúr atá á dtógáil le Gaeilge. Tá sé ag obair i saol na Gaeilge ó lonnaigh sé i mBaile Átha Cliath, ar dtús leis an ógeagraíocht Feachtas agus i ndiaidh sin leis an eagraíocht Gaelscoileanna mar Fheidhmeannach agus ansin mar Oifigeach Forbartha. Fostaíodh é mar Oifigeach Forbartha le Forbairt Naíonraí Teoranta ar feadh sé bliana, ag bunú naíonraí timpeall na tíre agus ag tacú le buanú naíonraí a bhí bunaithe cheana féin. Tá sé fostaithe anois mar Bhainisteoir Acmhainní Daonna le Conradh na Gaeilge agus Glór na nGael. Tá Conradh na

Gaeilge freagrach as trí mhór-réimse: Ionadaíocht, Cosaint Teanga agus Feasacht Teanga (in Éirinn agus thar sáile) agus tá Glór na nGael freagrach as na mór-réimsí An Ghaeilge sa Teaghlach, sa Ghnó/Fiontraíocht agus sa Phobal. Bhí baint aige le bunú na nGael Óga, Cumann Lúthchleas Gael lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath agus feidhmíonn sé anois mar thraenálaí de chuid na naíonán. Bhí sé bainteach chomh maith le bunú Raidió Rí Rá, cairtstáisiún ceoil a bhíonn ag craoladh trí Ghaeilge, agus tá sé ag díriú anois ar naíolann lán-Ghaeilge a bhunú i mBaile Átha Cliath.

### 5.3 Na Téamaí

Díríodh ar shé théama don agallamh grúpa, téamaí a bhaineann leis na ceisteanna taighde agus le ceisteanna comhaimseartha a bhaineann le pobail na Gaeilge inniu:

1. Pobail chomhaimseartha na Gaeilge
2. Seachadadh Idirghlúine na Gaeilge
3. Fachtóirí cothaithe: cad iad na láidreachtaí atá ag Pobail na Gaeilge inniu?
4. Baic: Cad iad na laigí agus na bagairtí atá ann do Phobail na Gaeilge inniu?
5. Cur chuige forbartha pobail
6. Pobail na Gaeilge agus Ról an Stáit

### 5.4 Anailís ar an eolas ón agallamh grúpa

#### 5.4.1 Pobail chomhaimseartha na Gaeilge

Chun léargas a fháil ar na pobail Ghaeilge atá ag feidhmiú inniu, lorgaíodh eolas ó na rannpháirtithe maidir leis na pobail éagsúla atá teangalárnaithe. I gcás iarthair Bhéal Feirste, pléann Mac Ionnrachtaigh na pobail Ghaeilge éagsúla atá ag feidhmiú in iarthar Bhéal Feirste agus luann sé go bhfuil na gníomhairí Gaeilge sa cheantar sin ag iarraidh na pobail éagsúla Ghaeilge ansin a thógáil le chéile ar bhun struchtúrtha agus pleanáilte chun go mbeidh iarrachtaí athneartaithe teanga níos éifeachtaí. Fuair an ceantar aitheantas mar Líonra Gaeilge i 2015. Pléann Mac Ionnrachtaigh an tábhacht a bhaineann le comhthéacsanna aonteangacha a chruthú freisin chun an Ghaeilge a chothú agus luann sé:

> ***Mac Ionnrachtaigh:*** *Thiar sa bhliain 2008/2009 thosaigh Glór na Móna ag plé cuid mhór le hobair óige mar gur aithin muid go raibh bearna ann. […] ní raibh obair shainiúil óige ann* so *thosaigh muid ag plé leis sin. Ar an iomlán, ceann de na rudaí a bhí muid ag fáil amach ná mórchuid na ndaoine*

*óga a chuaigh fríd na Gaelscoileanna i mBéal Feirste, idir an aois 16 agus 30, bhí siad ag cailleadh a gcuid Gaeilge labhartha. Bhí siad ag críochnú mar a bheadh* passive bilinguals *ann mar a bhíonn tú ag caint faoi i dTír na mBascach agus eile. Tá tuiscint na Gaeilge acu ach tá an* competence *chun an teanga a labhairt imithe* so *sin an áit a bhí muid ag cur an bhéim maidir leis an Líonra. Cén dóigh go dtiocfadh linn plean comhtháite a chur le chéile a ghlac na míreanna sin le chéile agus a rinneadh pobal buan fo-phobal a thógáil ón rud agus sin an áit inar thosaigh an plé* so *tá muid ag glacadh iarthar Bhéal Feirste mar achar de thrí mhíle isteach is amach [...]. Bhí Gaeltacht Bhóthar Seoighe ar ndóigh ann mar an eochair agus, ag eascairt ó sin, bhí muid ag plé le Cultúrlann Mc Adam Ó Fiaich, Raidió Fáilte, Ionad Uíbh Eachach atá ag plé le hógphobail, Glór na Móna, ceithre chumann óige, cúig bhunscoil agus Gaelcholáiste Feirste. Tá siad uilig ins an achar sin agus iadsan ar fad a thabhairt le chéile le plean comhtháite a dhéanamh agus sin an áit ina bhfuil muid anois. Ceann de na rudaí is spéisiúla a tharla go hinmheánach le bliain nó dhó anois, nuair a thosaigh muid ag plé faoin Chumann Lúthchleas Gael a bhunú mar ionad scartha –* obviously *bhunaigh muidinne Laochra Loch Lao* [foireann peile Chumann Lúthchleas Gael] *mar fheachtas poiblíochta thiar sa bhliain 2007 agus ag iarraidh aitheantais a fháil don Cheathrú Ghaeltachta – níor smaoinigh muid ag an am sin go raibh muid chun buan-Chumann Lúthchleas Gael a bhunú mar go raibh sé iontach casta* so *le himeacht aimsire tá muid anois i ndiaidh an chinnidh sin a dhéanamh. Bhí léacht againn i mbliana mar chuid d'Acht na Gaeilge. Tháinig Gearóid Ó Tuathaigh aníos agus chuaigh sé i bhfeidhm go mór orainn. Bhí sé ag caint ar* domains*. Bhí sé ag rá gur gá dúinn mar chomhairle a bheith ag smaointiú ar* domains *ina mbeadh an Ghaeilge mar* the dominant acoustic*. Dúirt sé ach gurb é go gcothaíonn tú* domains *ina mbeidh an Ghaeilge mar* the dominant acoustic, *beidh tú ag plé le dátheangachas agus beidh tú ag plé le meath na Gaeilge* so *chonaic muid taobh istigh d'ocht seachtaine go raibh muid i ndiaidh an* dominant acoustic *sin a chothú leis na Laochra agus an bua atá leis, dar liom, go bhfuil sé ábalta freastal ar na míreanna ar leith seo, go bhfuil sé ábalta féiniúlacht a chothú atá ionadaíoch ar an naíonra, an Ghaelscoil, an cumann óige, an Chultúrlann, an stáisiún raidió ar bhealach [...]* so *sin ceann de na rudaí is*

*spéisiúla a tháinig chun cinn agus sin rud atá muid ag iarraidh a thógáil air, aidhm a bhfuil muid ag iarraidh a thógáil air i gceantar uirbeach ina bhfuil cuid mhór constaicí inár n-éadan.*

Déanann Ó Tiarnaigh cur síos ar na cúlraí éagsúla a bhaineann le pobal na Gaeilge, is iad sin nuachainteoirí na Gaeilge a d'fhoghlaim an teanga tríd an gcóras oideachais agus muintir na Gaeltachta a shealbhaigh an Ghaeilge mar T1. Dar leis, áfach, feidhmíonn na pobail Ghaeilge sin mar aon phobal amháin:

***Ó Tiarnaigh:*** *[...] maidir le cainteoirí reatha na Gaeilge sna Sé Chontae, tá an dá earnáil sin nó tá an dá chúlra sin beo: lucht na Gaelscolaíochta agus ansin lucht na meánscolaíochta Béarla a tháinig ar an teanga an dara huair agus feictear domh go bhfuil an dá ghrúpa sin anois ar bhealach do-scartha mar, nuair a chuireann tú le chéile, níl ann sa deireadh ach cainteoirí Gaeilge. [...] Sin an dóigh a dhéanaimse féin an scaradh idir an dá phobal: as an dóigh a bhfuair siad an teanga. Dar ndóigh tá an tríú grúpa ann, b'fhéidir an seanchainteoir: na daoine a tógadh leis an Ghaeilge ins an teach. Sin cúlra s'agam féin* but *feidhmíonn na grúpaí sin uilig le chéile ach go bhfuil difríochtaí agus idirdhealú ann maidir le cur chuige agus peirspictíocht ach go bhfuil sin uilig anois ag teacht le chéile fríd na grúpaí reatha.*

Luann Ó Tiarnaigh chomh maith go bhfuil pobail nua Ghaeilge tagtha chun cinn: '[...] ar bhealach ceann de na pobail is úire atá ag teacht ná na pobail dhigiteacha […] Bheadh grúpaí WhatsApp ann iomlán trí mheán na Gaeilge'. Níl aon amhras ann go bhfuil na pobail dhigiteacha nua ina dtacaíocht shuntasach do phobail na Gaeilge in Éirinn agus thar lear.

Tugann Fusco léargas maidir leis na hiarrachtaí don oibrí forbartha Gaeilge chun freastal ar phobail éagsúla na Gaeilge, is iad sin cainteoirí líofa agus foghlaimeoirí na teanga:

***Fusco:*** *[...] Suigh agus Scíth cuirim i gcás. Is grúpa tuistí agus tachráin é. Tá sin dírithe ar dhaoine atá ag tógáil clainne le Gaeilge amháin* but *ar an taobh eile de, tchítear dúinne, tá daoine ann atá ag foghlaim na Gaeilge agus tá bá teanga ann* so *tá tú ag iarraidh freastal ar dhaoine atá ag iarraidh saol trí Ghaeilge [...] agus ansin ar an taobh eile daoine eile atá báúil don*

*teanga, atá ag iarraidh foghlaim, ag déanamh ranganna Gaeilge agus ag iarraidh an oiread sin rudaí eile a dhéanamh fosta* so *i dtaobh, cineál, ag iarraidh pobal a chothú agus an oiread sin stuif a chur ar fáil, imeachtaí, seirbhísí. Tá tú ag freastal ar phobal laistigh de phobal. Tá daoine ann agus tá líofacht acu ach na foghlaimeoirí fosta, sílim i dtaobh sin de agus is rud glúine é mar linne, tá na cumainn óige ann, tá Suigh agus Scíth* but *nuair atá muidinne ag freastal ar dhaoine fásta, don chuid is mó is foghlaimeoirí teanga iad ach níos lú, na daoine óga, na déagóirí, tá muid ag feiceáil anois bíonn Suigh agus Scíth, na tuismitheoirí a bhíonn ag teacht agus na daoine níos sine, tá siad ag foghlaim na teanga* so *tá an éagsúlacht sin ann i dtaobh déimeagrafaíochta.*

De réir Donnelly, bíonn castachtaí i gceist chun freastal ar an dá phobal thuasluaite agus feictear i gcás an dá phobal seo a bheith ag idirghníomhú lena chéile go mbíonn an Béarla i réim. Sa chás seo, caithfear imeachtaí ar leith a eagrú don dá ghrúpa éagsúla:

***Donnelly:*** *[...] Tá grúpa tachráin, tuistí agus leanaí againn fosta ach níl ach duine nó beirt a bhfuil Gaeilge acu de na tuismitheoirí* so *caithfidh muid é a dhéanamh do chineál foghlaimeoirí agus bímse ag smaoineamh, níl muid ag caint aon Ghaeilge anseo mar níl caint ag na páistí* so *is beag Gaeilge a chloiseann siad fiú ag an ghrúpa ach cúpla smaoineamh is dócha an cheist sin, an bhfuil pobal áirithe ann a fheidhmíonn d'aoisghrúpa ar leith? Ceann de na rudaí i gceantar s'againne, bhí oifigeach Gaeilge ann sa chomhairle agus an rud a dhéanann seisean ná ranganna Gaeilge d'fhoghlaimeoirí fásta, ranganna ceoil, ranganna sean-nóis, ceolchoirmeacha agus rudaí mar sin ach nuair a tháinig muidinne ar bord, ní raibh seisean* really *ábalta mórán a dhéanamh do theaghlaigh, do dhaoine óga, rudaí mar sin agus bhí iarrachtaí déanta aige ach anois is cineál príomhrud dúinne agus déanann muid iarracht rudaí a dhéanamh d'fhoghlaimeoirí fásta ach is beag éifeacht a bhíonn leo i ndáiríre. Tá líon chomh beag sin a bhaineann líofacht amach. Ní hé nárbh fhiú a bheith ag plé leo nó ní hé nárbh fhiú dul i ngleic ach, as abair caoga duine i gceantar s'againne, abair achan bliain a thosaíonn na ranganna Gaeilge, b'fhéidir go mbainfidh duine amháin nó beirt líofacht taobh istigh de deich mbliana nó rud éigin* so *díríonn muidinne isteach ar*

*pháistí don chuid is mó, na páistí Gaelscoile agus teaghlaigh* so *sin áit a bhfuil béim s'againn faoi láthair agus déanann muid iarracht rudaí a dhéanamh do chainteoirí líofa, d'fhoghlaimeoirí chomh maith ach déanann muid iarracht. Más rud é go bhfuil rud éigin le bheith dátheangach, tá sé sin soiléir. Más rud é gur imeacht do Ghaeilgeoirí, déanann muid iarracht sin a dhéanamh soiléir.*

Tá Ó hAdhmaill bainteach leis an gclub Chumann Lúthchleas Gael, Na Gaeil Óga, a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus a ghníomhaíonn mar ghréasán sóisialta i mBaile Átha Cliath. Tugann Ó hAdhmaill cur síos ar an ngréasán sin agus ar an tionchar a d'imir sé ar phobal na Gaeilge san ardchathair:

***Ó hAdhmaill:*** *Ní imreoirí a bhí i gcuid is mó acu, gníomhairí teanga don chuid is mó nach raibh dhá chos chlé acu, agus chaill muid an chéad 3,000 cluiche ach fuair muid cúpla ceannaire agus an ceannaire is tábhachtaí ag an am sin ná Ciarán Ó Feinneadha mar gheall ar go raibh baint aige leis na pobail bhunaithe, scoilphobail a bhunú in iarthar Bhaile Átha Cliath. Bhí sé bainteach le foireann Choláiste Mhuire chomh maith, an chéad fhoireann i mBaile Átha Cliath a bhí ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge. Foireann peile a bhí ann agus thug sin cineál struchtúr eagrúcháin dúinn. Bhí duine éigin ann a raibh taithí acu* so *bhí sé ó ghlúin eile. Bhí muidinne sna fichidí ag an am don chuid is mó agus bhí an duine seo a bhí níos sine, a bhí taithí shaoil acu agus taithí ar theipeadh agus taithí ar na líonraí neamhGhaeilge go bhfuil orainn dul i bhfeidhm orthu agus an Cumann Lúthchleas Gael go háitiúil, go háirithe ag leibhéal náisiúnta agus go háitiúil, agus bhí seisean ábalta cabhrú linn daoine a fháil isteach. Ach an rud a tharla leis na Gaeil Óga, bhí sé ar nós maighnéid. Gach Gael Óg a bhí ar an pháirc nó ar thaobh na páirce, mheall siad Gael Óg eile. Tá daoine againn ó gach Gaeltacht sa tír, daoine ó na príomhchathracha, na bailte agus an rud a tharla ansin ná, mo ghlúin de na Gaeil Óga, tá muid i ndiaidh fás aníos agus páistí againn. An chéad chluiche de na Gaeil Óga, bhí mo mhac sé mhí d'aois ar an taobhlíne agus anois tá seisean fásta aníos ach tá m'iníon agus an mac is óige anois ag traenáil leis na Gaeil Óga agus tá an ghlúin nua seo de thuismitheoirí Gaelscolaíochta don chuid is mó nach bhfuil mórán Gaeilge acu atá ag líonadh na bhfoirne. Ar nós na nGaelscoileanna, nuair a bunaíodh iad, ní na*

*Gaeilgeoirí amháin a bhí iontu ach na Béarlóirí a bhí ag iarraidh go mbeidh Gaeilge ag a gcuid páistí, an rud céanna leis an fhoireann faoi aois na nGael Óga. Tá an mionlach sin ann de thuismitheoirí atá ag tógáil le Gaeilge, mionlach i bhfad níos airde ná mar a bheadh in aon Chumann Lúthchleas Gael eile i mBaile Átha Cliath […] Ach an rud atá tarlaithe anois, má fheiceann tú ar shaol na Gaeilge ó thaobh postanna agus gairmeacha, formhór na ndaoine sna fichidí, tá baint éigin acu leis na Gaeil Óga so tá pobal cruthaithe againn, tá líonra cruthaithe againn. Tá* skill-set *dochreidte ag an ghrúpa seo de dhaoine atá ina ndlíodóirí, ina n-eagarthóirí, ina dtógálaithe, ina ndochtúirí, ina múinteoirí agus tá líonraí á gcothú tríd sin do ghnó a dhéanamh. Tá postanna á bhfáil ag daoine agus tá comhairle á roinnt. Bhí tú ag labhairt ansin faoi na tras-*domains*, an sóisialú atá ar siúl ó thaobh na nGael Óga de, sin an áit ina gcothaítear na lánúineacha a thógfaidh a gcuid páistí le Gaeilge. Seo an slógadh a bhí ann sna hochtóidí ag céilithe nuair a bhí daoine ag teacht le chéile ag céilithe roimhe sin. Seo an Cumann Lúthchleas Gael agus an sóisialú atá thart timpeall ar na Gaeil Óga agus a tharlóidh le Laochra Loch Lao agus Gaeil na Gaillimhe.*

Aithníonn Ó hAdhmaill, áfach, go bhfuil easpa gréasán Gaeilge ann d'aoisghrúpaí níos sine agus do thuismitheoirí atá ag tógáil clainne le Gaeilge. Tá gá le tacaíocht do na pobail seo agus tá forbairt á déanamh anseo, go háirithe i leith tuismitheoirí le Gaeilge. Tá gá, dar leis, le tuilleadh tacaíochta don dream seo:

***Ó hAdhmaill:*** *Tá tú ag cruthú deiseanna labhartha ach tá sin uilig dírithe ar phobal sna fichidí agus b'fhéidir luath-thríochaidí. An pobal níos sine ná sin, níl mórán ann dóibh. Tá fáilte roimh gach duine chuig an phobal Gaeltachta is cuma cén aois iad ach ní bheidh tú ag imirt i lár na páirce leis na Gaeil Óga má tá tú sna daichidí nó sna caogaidí nó cibé rud agus éiríonn an t-ualach sin agus mothaím féin é cheana féin mar thuismitheoir le triúr páistí, nach bhfuil sé de chumas agamsa traenáil sa tseachtain a dhéanamh agus cluiche mar go bhfuil máthair mo pháistí ag caitheamh an lá ar fad leis na páistí agus caithfidh mise mo chuidse a dhéanamh nuair a théim abhaile. Fá choinne tuismitheoirí, tá sé níos deacra an sóisialú sin a dhéanamh agus caithfidh tú teacht ar bhealaí eile chun an pobal sin a láidriú agus* domain *eile a chruthú do thuismitheoirí agus tá sin á chruthú againn i mBaile Átha*

> *Cliath trí na grúpaí tuistí agus leanaí. An difear atá ann leis an ghrúpa tuistí agus leanaí i mBaile Átha Cliath ná, má fhreastalaíonn tú ar ghrúpa tuistí agus leanaí trí mheán na Gaeilge, tá Gaeilge agat. Ní foghlaimeoir tú don chuid is mó. [...] Ach b'fhéidir gur laige é sin chomh maith sa chaoi is nach bhfuil na foghlaimeoirí ag teacht ar bord, nach bhfuil na háiteanna nó na* domains *do na foghlaimeoirí [...] Mar shampla, mo mháthair féin, ní raibh Gaeilge aici go dtí gur chinn sí dul go dtí ranganna agus, is dócha, ní raibh sé aici tríd an scoil fiú ach thóg sí mise agus mo dheartháir le Gaeilge. Chun an dúshlán sin agus an eisceacht sin a thógáil agus é a dhéanamh normálta, tá go leor rudaí de dhíth agus níl na tacaíochtaí sin ann. Bhí muid ag labhairt níos luaithe ansin maidir le nuair atá teaghlach á chruthú, nuair atá bean torrach, cad iad na tacaíochtaí atá ann? An bhfuil dochtúir ann, an bhfuil banaltra, an bhfuil* midwife *ann trí mheán na Gaeilge, an bhfuil* anti-natal *ranganna ann, an bhfuil na leabhair a cheannaíonn gach máthair agus cuid aithreacha faoi bhabaí ar fáil trí mheán na Gaeilge?*

Feictear an téama maidir le seirbhísí don phobal mionteanga ag teacht chun cinn arís sa ghrúpa fócais, mar a tháinig sé chun cinn le linn na n-agallamh leis na ceannairí pobail. Ardaíonn Mac Donnacha ceist na seirbhísí ina mholadh do mhúnla pleanála teanga chomhtháite agus, dar leis, tá gá le fáil ar sheirbhísí ar nós oideachais, sláinte agus leasa shóisialaigh chun go mbeidh an phleanáil teanga rathúil (2000: 19). Is léir ó na hagallaimh a rinneadh don taighde seo go bhfuil easnaimh ann i bpobal na Gaeilge agus go bhfuil forbairt ar sheirbhísí don phobal mionteanga ina gníomh tábhachtach do chothú phobal na Gaeilge.

Chun eolas a fháil ó na rannpháirtithe maidir le héifeachtacht na bpobal Gaeilge a luaigh na rannpháirtithe ó thaobh cothú na Gaeilge de agus i gcomhthéacs teoiricí ar an nua-aoiseachas, rinneadh tuilleadh plé ar an gceist seo. Ag déanamh comparáide idir Na Gaeil Óga i mBaile Átha Cliath agus a mhacasamhail i mBéal Feirste, Laochra Loch Lao, luann Mac Ionnrachtaigh go raibh pobal Gaeilge ag feidhmiú cheana féin i mBéal Feirste roimh bhunú an chlub Chumann Lúthchleas Gael ann. Dar leis, tá lucht na Gaeilge in iarthar Bhéal Feirste ag iarraidh lonnú ina gceantar féin seachas tarraingt siar agus pobal eisiach a thógáil. Tá dul i bhfeidhm ar a bpobal féin leis an nGaeilge indéanta agus luann sé:

> ***Mac Ionnrachtaigh:*** I suppose *an difear ollmhór atá idir Béal Feirste agus Baile Átha Cliath ná go raibh agus go bhfuil pobal Gaeilge i mBéal Feirste sular bhunaigh muid, cuirim i gcás, na Laochra Loch Lao. [...] Seo an cineál díospóireachta a bhíonn lena leithéidí Conchúr Ó Giollagáin. Bhí seisean ag rá, tá an Ghaeltacht ag fáil bháis; bogfaidh muid uilig go dtí an Ghaeltacht agus seo ceann de na ceisteanna a bhí ag teacht aníos lena leithéidí Séamus Mac Seáin agus iad nuair a ghlac siad Máirtín Ó Cadhain chuig Cumann Chluain Ard ins na seascaidí. Bhí siad ag rá, an mbogfaidh muid go Rann na Feirste? An é sin an rud gur chóir dúinn a dhéanamh?, agus bhí Ó Cadhain ag rá ag an am sin, ba chóir daoibh Gaeltacht a thógáil san áit a sheasann sibh nó an phoblacht a thógáil,* basically *ag déanamh é a pholaitiú ins an áit agus go spreagfaidh sibh an Ghaeltacht fríd an ghníomh insa Ghalltacht* so *sin an cinneadh a rinne siad agus tá muidinne ag tarraingt air sin. An difear atá ann in iarthar Bhéal Feirste ná [...] go bhfuil a lán de na daoine a bhí muid ag caint faoi, daoine a tháinig fríd an chóras Gaeloideachais atá anois gairmiúil, seachas a bheith ag iarraidh éalú ón aicme s'acu agus bogadh amach chuig deisceart Bhéal Feirste nó amuigh chuig* the suburbs*, bhí siad ag iarraidh lonnú ina gceantar féin* so *go siombalach is rud iontach tábhachtach é sin.*

Tá suntas ag baint le maíomh Mhic Ionnrachtaigh maidir leis an nasc a mhothaíonn pobal na Gaeilge le hiarthar Bhéal Feirste agus an mhian atá acu lonnú ina gceantar féin. Airítear anseo go bhfuil mothúcháin láidre i bhfeidhm i measc an phobail Ghaeilge atá nasctha leis an áit ina gcónaíonn na baill phobail. Tá cosúlachtaí le haireachtáil leis na mothúcháin seo i gcoincheap na féiniúlachta áite a phléann Fátima agus Palma-Oliveira (2012: 35) agus sa choincheap a phléann Hernández *et al* (2007: 310) maidir le ceangail le háit ar leith. Airítear go bhfuil gné den phobal traidisiúnta ag baint le hiarthar Bhéal Feirste sa chaoi is gur dlúthphobal é nach bhfuil scaipthe go forleathan. Leagann Mac Ionnrachtaigh béim ar an ngné seo agus luann sé go bhfuil eagraíocht Ghlór na Móna ag díriú isteach, ní ar an nGaeilge amháin, ach ar fhadhbanna sóisialta an cheantair chomh maith:

> ***Mac Ionnrachtaigh:*** *I dtéarmaí iarthar Bhéal Feirste nó i mBéal Feirste, is sráidbhaile muid go háirithe […] Is sráidbhaile beag muid* so *tá sé giota beag difriúil. Tá an inbhuanaitheacht sin ann de chineál éigin. Tá aithne ag*

> *achan duine ar achan duine. Tá muidinne ag iarraidh a bheith ag tógáil air sin. [...] ní thig linn fócas a chur ar shealbhú na Gaeilge amháin mar tá muid ag plé le daoine atá ag cur lámh ina mbás féin, daoine atá ag glacadh* heroin*. Caithfidh muid a bheith ag obair ins an áit ina bhfuil muid agus fuair muid an ceacht go mór mór ó Ghaeltacht Bhóthar Seoighe. Nuair a thóg siad Bóthar Seoighe, rinne siad Sráid Phobal Bombay a atógáil. Bhí siad ag rá, ní thig linn a rá go bhfuil muid ag maireachtáil inár* utopia *beag Gaelach. Tá daoine ag fáil bháis thart orainn.*

Déantar tagairt rialta do cheantair in iarthar Bhéal Feirste mar gheiteonna (Ó hAdhmaill, 1990; Sluka, 2012; Graham-Yooll, 1993; Vieten & Murphy, 2019) agus faightear comhthéacs níos leithne ar an gceantar agus an bhraistint chómhuintearais atá le haireachtáil ón bplé a bhaineann leis an ngeiteo. Pléann Ó hAdhmaill cúiseanna a bhaineann le teacht chun cinn na bpobal seo:

> Segregated living patterns are typical of conflict societies, although they also exist for other reasons – voluntary segregation, the desire to be with one's own ethnic, religious or social group etc. Groups often live apart out of fear or for security. They build their own institutions and are self-contained. (1990: 16)

Dar le Ó hAdhmaill, tugann an geiteo smacht ar chuid shubstaintiúil den saol do ghrúpa daoine, go háirithe más mionghrúpa atá i gceist, agus cruthaítear saol a bhfuiltear ábalta glacadh leis agus smacht a choinneáil air (*ibid*.: 16). I gcás na Sé Chontae, bhí timpeallacht an gheiteo tábhachtach do throdaithe mar a phléann Ó hAdhmaill: ‘In situations where conflict becomes intense, ghettos can become disproportionately important. They can act as secure bases for the groups' combatants to organise (as in the case of Northern Ireland)’ (*ibid*.: 17).

Téann na patrúin lonnaíochta leithscartha i mBéal Feirste siar go dtí an 17ú haois nuair a thóg Arthur Chicester cathair Bhéal Feirste (*ibid*.: 75) agus daingníodh na patrúin seo níos mó nuair a tharla athlonnaithe inmheánacha ollmhóra sa chathair le linn 1969 agus tar éis é sin mar gheall ar imeaglú agus bagairt ionsaithe, ar Chaitlicigh don chuid is mó (*ibid*.: 95). Thóg arm na Breataine an chéad bhalla síochána i mBéal Feirste i 1969 agus, cé gur polasaí gearrthéarmach a bhí ar intinn leo ag an am, lean rialtas na Breataine leis na polasaithe deighilte agus tógáil bhacainní (Byrne, 2012: 10).

Luann Ó hAdhmaill go léiríonn an eitneacht na difríochtaí atá ann idir grúpaí éagsúla agus go nascann sé grúpaí ar leith le chéile (1990: 226). Bhí buntáistí ag an ngeiteo don phobal in iarthar Bhéal Feirste dá n-eitneacht féin:

> In West Belfast, the people regarded themselves as Irish Catholic Nationalists. The ghetto environment enabled them to 'celebrate' this identity as something intrinsically positive and worthwhile. It also enabled them to promote this identity with a pride and dignity which many of them felt might not be afforded to them outside the ghetto. […] However, there were other cultural/ethnic trappings which were also part and parcel of this identity, and all these aspects overlapped at various times – religion, politics, and culture. (*ibid*: 228).

Aithníonn Byrne an feiniméan céanna maidir le forbairt an gheiteo agus luann sé:

> For example, in cities such as Belfast, Beirut, Nicosia, Jerusalem, and Mostar, group ethnicity is often tied to: political affiliation; a history of institutional discrimination; issues and concerns around physical security; questions regarding the legitimacy of policing; and shifting relationships between the majority and minority ethnic communities (2012: 6).

Áitíonn an t-údar go léirítear na haighnis seo ag an micrealeibhéal, aighnis a dhéanann aithris ar na fadhbanna móra ag an maicrealeibhéal, i dtíreolaíocht na cathrach (*ibid*.: 6).

Aithníonn Mac Ionnrachtaigh go bhfuil castachtaí ann le pobal Gaeilge a chothú taobh le taobh le pobal Béarla áfach, agus luann sé go bhfuil gá le heisiachas a bheith i bhfeidhm in amanna. Dar leis, tá cur chuige nua ag teastáil i gcás dhaoine óga chun iad a mhealladh leis an nGaeilge.

> ***Mac Ionnrachtaigh:*** *[...]cén dóigh a bhfuil muid chun buan-phobal a thógáil uathu siúd a bhfuil Gaeilge acu nó a bhí Gaeilge acu agus atá ag cailleadh na Gaeilge? Nuair a théimse chuig an naíonra bíonn cairde a bhí ar scoil liom. Cuid acu labhróidh siad i mBéarla liom* but *shíl siad agus síleann siad gurb fhiú an Ghaeilge. Cuireann siad na páistí, tá siad ag iarraidh an taithí mhaith a bhí acu a atógáil arís. Tá siad linn* just *caithfidh muid an Ghaeilge a thochailt amach uathu agus deis a thabhairt dóibh a bheith páirteach ins an rud. Sin an fáth go raibh Brónagh ag rá maidir le Suigh agus Scíth. Bhí muid ag rá, na daoine sin atá ag iarraidh páistí s'acu a thógáil le Gaeilge, caithfidh rud amach anseo a bheidh* exclusive *dóibh* because *nuair a thagann na Béarlóirí isteach, pillfidh siad ar fad ar an Bhéarla. Déanann muid*

*imeachtaí do Bhéarlóirí. Déanann muid sin d'fhoghlaimeoirí* but *ní foghlaimeoirí iad seo. [...] Tá muid ag streachailt leis seo a oibriú amach. Cén dóigh a ndéanfaidh muid seo agus sin an rud a d'fhoghlaim muid a bhí iontach spéisiúil ó thaobh an obair óige. Fuair muidinne daoine a bhí mar oibrithe óige gairmiúla i dteoiric an obair óige trí mheán an Bhéarla a chuaigh chuig Gaelscoileanna [...]*

Léirítear sa chás seo go bhfuil pobal ann a bhfuil Gaeilge acu atá neamhghníomhach i leith na sprioctheanga tar éis dóibh an córas oideachais a fhágáil agus an gá atá ann straitéis a fhorbairt a mheallann an pobal seo isteach i bpobal gníomhach na Gaeilge. I mBéal Feirste, d'éirigh le Glór na Móna iardhaltaí Gaelscoile a mhealladh isteach san earnáil Ghaeilge trí dhíriú ar fhostaíocht a chruthú dóibh.

### 5.4.2 Seachadadh Idirghlúine na Gaeilge

Luaigh triúr rannpháirtithe a ghlac páirt san agallamh grúpa go raibh siad ag tógáil páistí le Gaeilge i dtimpeallacht Bhéarla, is iad sin Ó hAdhmaill, Fusco agus Mac Ionnrachtaigh. Tá deacrachtaí ag baint le páistí a thógáil i bpobal ina labhraítear Béarla mar phríomhtheanga go forleathan agus, maidir le timpeallacht a bheadh fabhrach don Ghaeilge, luann Fusco:

> ***Fusco:*** *[…] sílim agus ag tógáil páiste le Gaeilge, nuair a imíonn tú ón teach, tá sé iontach doiligh* just *mar tá an Béarla thart ort. Níor tógadh mise le Gaeilge. Tá beagáinín Gaeilge ag mo Mhamaí agus ag mo Dhaidí. Le Mamó agus Daideo ar an taobh eile, gaolta s'agamsa, níl Gaeilge ar bith acu. Anois cuirimse [an páiste] chuig Ionad Uíbh Eachach, cúram leanaí iomlán trí Ghaeilge* so *faigheann sé an teanga uaimse agus ón chúram lae ach dá mba rud é go bhfuil sé le Mamó agus Daideo ar an dá thaobh, tá sé ag fáil Béarla. Sin ceann de na deacrachtaí agus fiú nuair atá mise, cuirim i gcás, i dteach Mhamaí [athair an pháiste], [...] in amanna pillimse ar an Bhéarla os a chomhair mar tá mé ag iarraidh a bheith macánta ach tuigim nár cheart domh. […] Fiú nuair a bhí muidinne sa bhaile nuair a bhí mise ar mháithreachas, bheinn ag labhairt i nGaeilge nuair a tháinig [athair an pháiste] isteach. Go fóill bheinn ag labhairt i nGaeilge le [an páiste] ach bheinn ag labhairt i mBéarla le [athair an pháiste]* so *tá [an páiste] s'agamsa cleachta liomsa a bheith ag labhairt le daoine eile i mBéarla nuair*

*atá mé ag caint le daoine nach bhfuil Gaeilge acu* so *sin an rud. I gcónaí tá an Béarla a dhul a bheith ag brú isteach cé gur féidir leat timpeallacht bheag a thógáil i do theach féin leis an Ghaeilge agus an Ghaeilge a choinneáil ann nuair a imíonn tú ón teach. Tá sé iontach doiligh go háirithe nuair a aithníonn siad go bhfuil tú ag labhairt i mBéarla in áiteanna eile. Tá sé iontach doiligh an Béarla a sheachaint. Sílim gur sin an rud is deacra.*

Molann Fusco an gréasán tuismitheoirí atá ag tógáil clainne le Gaeilge lena bhfuil sí ag obair chun dul i ngleic leis an deacracht seo agus luann sí:

***Fusco:*** *An rud atá maith […] in áit s'againne amháin tá Feargal ag tógáil clainne, tá Orliath ag tógáil clainne, Máirtín; tá muid ar fad. Tá scaifte beag againn agus tá muid ag tógáil. An rud atá ann, nuair atá muid ag déanamh rudaí agus tá tú ag glacadh na bpáistí ar obair chuig imeachtaí, tá freastal maith ann i dtaobh Suigh agus Scíth. Tá muid ag tógáil ar imeachtaí teaghlaigh agus ag iarraidh cur leis sin i gcónaí. Tá sé i mbéal forbartha i dtaobh mír oibre agus tá muid ag iarraidh é sin a dhéanamh* so *tá sé maith go bhfuil níos mó daoine anois ag iarraidh tógáil clainne le Gaeilge. Tá an tacaíocht sin ann* but *arís eile tacaíocht phobail, tá sé pobalbhunaithe.*

Is sampla é an gréasán teaghlaigh seo den sóisialú teanga a phléann Fishman. Dar leis, tarlaíonn an chuid is mó den sóisialú teanga, féiniúlachta agus tiomantais 'huddled together', agus go dtarlaíonn an próiseas seo tríd idirghníomhú cóngarach agus idirghlúine, go luath sa saol de ghnáth (1991: 398). Molann Ó Curnáin an comhar gréasán (2009: 30) agus tearmann aonteangach do pháistí aonteangacha (2009: 12) agus níl amhras ann go dtacaíonn na gníomhaíochtaí teaghlaigh a phléann Fusco leis an sealbhú teanga Gaeilge.

Molann Mac Ionnrachtaigh go bhfuil gá don phobal Gaeilge an pobal a chothú agus tearmainn a chruthú ina labhraítear an sprioctheanga:

***Mac Ionnrachtaigh:*** *[...] sin an cinneadh arbh éigean dúinne a dhéanamh le 'ná habair é, déan é'. Caithfidh tú na seirbhísí seo a sheachadadh tú féin. Níl aon duine eile a dhul an rud seo a dhéanamh [...] beidh [an páiste] s'againn ceithre bliana d'aois i Mí Feabhra. Go dtí go ndeachaigh sé ar an naíonra, is Gaeilge a bhí i réim aigesean mar phríomhmhodh cumarsáide. Anois, bhí sé ag dul chuig an dá Mhamó. Bhí Béarla i réim ansin.* But *uair*

*amháin bhí sé ag an naíonra,* just *d'iompaigh sé […] Tá an Ghaeilge ag bualadh i réim áit éigin* but *mhothaigh sé Béarla achan áit* so *ag an naíonra nuair a smaoiníonn tú faoi, na páistí ar fad nó 90% acu, níl focal Gaeilge acu. Tá siadsan ag fáil an chéad tumoideachas. Tá siadsan ag fáil páistí ag caint i mBéarla. Tá Béarla aige* so *ar ndóigh is Béarla atá ann* but *an t-aon rud gur féidir linne a dhéanamh sílim le dul i ngleic leis sin ná na seirbhísí agus na mogalraí a chothú a bheas i saolta na bpáistí seo ar feadh a n-óige agus sin rud nuair a bhí muid ag caint ó thaobh na Laochra de, an phríomhsprioc a bhí againne, agus bhí seo difriúil arís ó na Gaeil Óga. Thosaigh muidinne leis na páistí ar dtús go scartha mar bhí daoine ag rá tá na cumainn óga againn, tá sin againn, tá na cumainn óga ag glacadh páistí ó seacht mbliana d'aois aníos* so *téann na páistí ar scoil agus tá a bhféiniúlacht acu, mo chumann óga i nGaeilge. Caithfidh muid an Cumann Lúthchleas Gael a chothú dóibh fosta agus an deacracht atá againn ná a lán de na páistí, na páistí a théann ar Ghaelscoileanna, tá 50% níos mó acu siúd bainteach le CLG ná mar a bhí agus le CLG tá mana ann,* 'one life, one club'*, 'saol amháin, cumann amháin'. Tá sé iontach deacair é sin a bhriseadh. […] Ní aistríonn daoine ó chumann go cumann. De ghnáth sin rud a bhíonn daoine ag amharc anuas air* but *i gcás s'againn féin, agus bhí muid ag déanamh cinneadh a dhéanamh,* so *mar fhís má smaoiníonn muid faoi, má tá na páistí ón naíonra, naíscoil, bunscoil, meánscoil, cumann spóirt, cumainn shóisialta agus óige uilig i nGaeilge* then *tá tú ag dul píosa maith suas an bhóthair don tearmann teanga sin a thógáil taobh istigh de theorainneacha an Bhéarla atá i réim.*

Maíonn Ó hAdhmaill gurb é is tábhachtaí ó thaobh cothú na Gaeilge de ná go mbeidh tuismitheoirí an pháiste ag caint Gaeilge leis. Tá gá le cinneadh comhfhiosach a dhéanamh sa chás seo:

***Ó hAdhmaill:*** *Cén sórt timpeallachta atá fabhrach chun páistí a thógáil le Gaeilge? An rud is tábhachtaí ná na tuismitheoirí is mó, nó an dá thuismitheoir más féidir, atá a dhul an t-am a chaitheamh leis na páistí nó na páistí a thógáil le linn na tréimhse ar fad de shaol s'acu, go bhfuil siad ar aon ghuth gurb í an Ghaeilge an teanga labhartha. Nílimse ag rá nach féidir é a dhéanamh le tuismitheoir amháin le teanga eile seachas an Ghaeilge nó*

*beirt Ghaeilgeoirí agus ansin iompaíonn ceann isteach ar an Bhéarla anois is arís. An rud is tábhachtaí ná 'sé is mó Gaeilge gur féidir leis na tuismitheoirí a labhairt,* trump*ann sin gach rud eile agus an sampla s'againn féin, chaith muidinne go leor ama le mo sheantuismitheoirí. Béarla amháin a bhí le cluinstin againn. Tá mise ag tógáil mo chuid páistí le Gaeilge. Bhí tábhacht níos mó ag baint leis an Ghaeilge ná modh cumarsáide dúinn. Ba chuid de m'ionannas mar is Gael mé. Bhí sé mínádúrtha domh a bheith ag labhairt faoi mhothúcháin, faoin teanga, bricfeasta, nó a dhul a luí nó am dinnéir trí mheán an Bhéarla nó súgradh sa chlann, an t-am a chaitheann tú le do thuismitheoirí. Bhí sé mínádúrtha domh trí mheán an Bhéarla agus níor thuig mé sin i gceart go dtí gur thosaigh mé ag labhairt faoi mo chuid mothúchán le mo pháirtí, le mo bhean chéile, cé chomh deacair is bhí sé ag labhairt i mBéarla. Bhí sé go hiomlán mínádúrtha. Ba bhua é sin do mo thuismitheoirí mar chuaigh siad i bhfeidhm* so *sílim gur sin an rud is tábhachtaí mar ní raibh na háiseanna ar fáil dóibh i gCill Uaigh. Ní raibh ach teaghlach amháin eile […] ansin i gCill Uaigh. Ní raibh Ionad na Fuiseoige ann, ní raibh bunscoil ann. Bhunaigh mo thuismitheoirí bunscoil Ghaelscoil na Fuiseoige, an naíscoil ansin* so *is féidir le haon duine difear a dhéanamh ach an rud is tábhachtaí ná an cinneadh a ghlacadh: tá mé dhul mo pháistí a thógáil le Gaeilge. Leanfaidh gach rud eile ina dhiaidh sin. B'fhéidir nach mbeidh sé foirfe, b'fhéidir nach mbeidh an dochtúir ann ach má thig leis an tuismitheoir an cinneadh sin a ghlacadh go dtógfaí a pháistí beag beann ar cibé dúshlán a thagann aníos, ansin iarracht a dhéanamh an saol a dhéanamh rud beag níos fusa don chéad ghlúin eile. Tacaíochtaí beaga breise. Muna bhfuil Gaelscoil ann, bunaigh Gaelscoil, muna bhfuil naíonra ann, bunaigh naíonra, má tá naíonra ann, má tá Gaelscoil ann, bunaigh naíolann, cúram leanaí lae. Níl sin againn i mBaile Átha Cliath* so *an chéad dúshlán mór eile atá againne. An bhfuil club lán-Ghaeilge?*

Luíonn dearbhú Uí Adhmaill maidir le tábhacht an bhaile don mhionteanga leis an aitheantas forleathan atá tugtha don fhearann sin mar an fearann is tábhachtaí ó thaobh seachadadh na mionteanga de (féach Grenoble agus Whaley, 2006: 6; Nettle agus Romaine, 2000: 177; Fishman, 2001: 458; Mac Donnacha, 2000: 21). Pléann sé na tacaíochtaí breise atá ag teastáil chun tacú le beartas an aistrithe teanga agus tá an

cheist seo pléite ag Mac Donnacha a luann an tábhacht a bhaineann le seirbhísí a chur ar fáil don phobal mionteanga (2000: 19). Sa deireadh, molann Ó hAdhmaill don phobal Gaeilge dul i mbun forbartha iad féin agus na seirbhísí atá in easnamh don phobal a thógáil, moladh a luíonn le cur chuige na forbartha pobail a dhíríonn ar mheon féinchabhair an phobail (Meade *et al*, 2016: 3-4).

Maíonn Ó hAdhmaill go bhféadfadh comhdhlúthú níos tréine agus pleanáil níos fearr a bheith ann do na hiarrachtaí athneartaithe teanga ar fad i mBaile Átha Cliath:

> ***Ó hAdhmaill:*** *I mBaile Átha Cliath tá rudaí difriúla. Go leor, is dócha sna ceantair mheánaicmeacha, ceannaíonn daoine seirbhísí iarscoile ar nós ranganna, spóirt, ceoil, ealaíne, cibé rud agus go leor de na Gaelscoileanna, cuireann siad na seirbhísí sin ar fáil agus is tuismitheoirí atá ag cur na seirbhísí sin ar fáil, ceol, damhsa nó cibé rud. An deacracht i mBaile Átha Cliath ná, tá an oiread sin pobail thart timpeall ar na scoileanna. Tá go leor seirbhísí, tá cumainn Ghaeilge, cumainn óige agus ciorcail chomhrá ach níl aon chomhdhlúthú ann, níl aon phlean ann, níl aon nasc ann mar sin is féidir leat dul go dtí club óige nó is féidir leat dul go dtí grúpa tuistí agus leanaí agus gach seans nach bhfeicfidh tú an tras-phobal sin a bhí tú ag labhairt faoi á nascadh [...]*

Dar leis, tá sé níos deacra pobal Gaeilge a thógáil i mBaile Átha Cliath mar gheall ar mhéad na cathrach:

> ***Ó hAdhmaill:*** *[...] an rud faoi iarthar Bhéal Feirste, níl áit ar bith chun fás. Tá an sliabh ar thaobh amháin agus mótarbhealach ar an taobh eile agus tá an chathair ar an taobh eile. Tá sé cineál brúite isteach agus, de réir mar a fhásann pobal na Gaeilge ansin, cuireann sé i bhfeidhm níos mó ar an phobal Béarla timpeall. Cúig mhilliún duine i mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus tá go leor leor Gaeilgeoirí thart ach níl a fhios acu gur Gaeilgeoirí iad go dtí go gcruthaíonn tú na* domains *sin, pobal Gaeltachta, imeachtaí a eagraíonn an scoil ach an chuid is mó de na scoileanna i mBaile Átha Cliath, ní pobail scoile iad. Cuireann siad oideachas ar fáil do na páistí agus críochnaíonn sé i ndiaidh na ranganna iarscoile. Níl ionannas níos leithne ná sin ann nó níl plean nó fís ag dul i bhfeidhm ar an phobal. An chuid is mó de na scoileanna i mBaile Átha Cliath, tá siad dírithe ar an obair*

*atá ar siúl acu taobh istigh de gheataí na scoile agus is dúshlán é sin don tuismitheoir atá lasmuigh de gheataí na scoile an chuid is mó den am.*

Pléadh féidearthachtaí leis na rannpháirtithe maidir le sruth ar leith a chruthú do chainteoirí Gaeilge T1 taobh istigh den chóras oideachas Gaelscoile ach ní fhacthas do na rannpháirtithe go mbeadh sé indéanta mar gheall ar líon na gcainteoirí T1 a bheith chomh híseal. Chomh maith leis sin, bheadh fadhbanna praiticiúla i gceist chun sruth scoile a chur i bhfeidhm. Luann Donnelly nach n-oibreodh an córas seo i gceantar an Ómaigh toisc nach bhfuil ann ach b'fhéidir cúpla tuismitheoir a bhfuil Gaeilge acu. Maidir le Baile Átha Cliath, luann Ó hAdhmaill:

***Ó hAdhmaill:*** *Ní fheicim go n-oibreodh mar níl daoine sásta taisteal trasna na cathrach chun freastal ar scoil má tá Gaelscoil deich mbomaite síos an bhóthair uait. B'fhéidir go bhfaighfeá chéad rang bliain amháin agus an dara rang an dara bliain. Ní mhairfeadh. Tá na Béarlóirí de dhíth, fiú na hiardhaltaí Gaelscoile agus go leor* passive bilinguals. *Tá go leor acu. Daoine i mBaile Átha Cliath, tá sé forbartha ó thaobh an méid ama agus an méid daoine i mBaile Átha Cliath ach níl an dlús ann, níl an tsuim ann ach sílim an bealach a dhéanann tú soláthair ar an T1 grúpa sin ná go gcruthaíonn tú na* domains *eile an bealach uilig tríd an saol bíodh sé ó réamhbhreith* so *mar faoi láthair, grúpa tuistí agus leanaí, caithfidh leanbh a bheith agat. Cad é faoi na lánúineacha sin atá ag smaoineamh faoi pháistí a thógáil le Gaeilge nó atá ag súil? Níl rud ar bith ar fáil dóibh a chuideoidh leo mar de ghnáth ní thosaíonn na ranganna go háitiúil anseo i mBaile Átha Cliath ach sna Gaelscoileanna agus faoin am sin tá an páiste tar éis trí nó ceithre bliana de Bhéarla a fhoghlaim b'fhéidir nó cuid sa naíonra má tá an t-ádh leis.*

De réir Mhic Ionnrachtaigh, tá tuilleadh feasachta agus pleanála ag teastáil anois i dtaobh seachadadh idirghlúine na Gaeilge. Dar leis, go dtí seo, díríodh an fuinneamh ar fad i leith na Gaeilge ar an gcóras oideachais ach go bhfuil glúin nua ag teacht aníos atá níos eolaí faoin gceist seo:

***Mac Ionnrachtaigh:*** *[...] ceann de na bearnaí, dar liom, maidir leis seo ná feasacht maidir leis na ceisteanna seo, páistí s'agat a thógáil le Gaeilge agus* dominant domain *agus Béarla* vs *Gaeilge. Bhí an chuid is mó den bhéim ar*

> *Ghaelscoileanna a thoiseacht, a bhunú* and then *troid chun acmhainní a fháil, chun a choinneáil ag dul. Sin an áit a chuaigh an fuinneamh isteach. Bheinnse ag labhairt le daoine atá ag múineadh i nGaelscoileanna agus labhraíonn siad Béarla leis an pháiste ins an teach ar an ábhar go bhfuil Béarla ag an fhear céile. […] Níor smaoinigh siad ar an rud. Ní raibh daoine ag caint faoi seo ar bhonn struchtúrtha agus ag rá, seo an áit gur chóir dúinn smaointiú, seo an rud atá a leithéidí Fishman ag rá, seo an téama is tábhachtaí. Caithfidh muid a bheith ag smaointiú faoi seo agus ag pleanáil dó. Mar, muna bhfuil tú ag pleanáil dó, bíonn timthriall ann: bunaíonn tú Gaelscoil, foghlaimíonn tú Gaeilge, bíonn dea-thaithí agat, cailleann tú Gaeilge, cuireann tú do pháistí chuig Gaelscoil agus téann an timthriall arís agus ní bhogann tú áit ar bith. Sin an áit ina bhfuil muid anois. Tá glúin ann, dar liom, ag an phointe seo atá gníomhach i saol na Gaeilge, atá airdeallach ar na ceisteanna seo agus ag smaointiú, fríd* trial and error, *ar bhealaí go dtig leo dul i ngleic leis sin agus b'fhéidir an chéad ghlúin eile atá ag teacht inár ndiaidh go mbeidh muidinne ábalta cuid den taithí sin a roinnt leo agus go dtig leo é a bhogadh chuig an chéad chéim eile fríd b'fhéidir scileanna níos fearr a bheith acu nó b'fhéidir acmhainní níos fearr a bheith acu ag an phointe sin.*

Déanann Donnelly tagairt don deacracht atá ann sean-nósanna a bhriseadh ó thaobh cleachtais teanga de. Cé nár tógadh le Gaeilge í, tá a máthair ag déanamh staidéir ar an nGaeilge faoi láthair agus tá iarrachtaí ar bun teanga an chaidrimh a athrú:

> ***Donnelly:*** *Is fíor an rud a deir siad, caithfidh tú cinneadh comhfhiosach a ghlacadh achan uile uair a osclaíonn tú do bhéal agus níl mise ag fiú caint faoi pháistí. Tá mo mháthair ag dul don chéim Ghaeilge faoi láthair agus labhraíonn sí i nGaeilge liom go minic.[...]* Just *tá sé de nós agam [Béarla a labhairt léi] agus tá sé chomh deacair. Fiú Sinéad, mo chara is fearr, beirt uilig ag obair in earnáil na Gaeilge. Go minic, go mion minic is i mBéarla a bhíonn muid ag caint seachas i nGaeilge agus* just *tarlaíonn sé go nádúrtha.*

Léiríonn an cás seo an tábhacht a bhaineann le nósanna a chruthaítear go luath sa saol agus an tionchar fadtéarmach a bhíonn acu i saol an duine fásta.

### 5.4.3 Fachtóirí cothaithe: Láidreachtaí a bhaineann le pobail chomhaimseartha na Gaeilge

De réir Uí Adhmaill, tá na meáin shóisialta agus an ré dhigiteach ina láidreacht ag pobail chomhaimseartha na Gaeilge. Cuirtear deiseanna breise ar fáil do phobal na Gaeilge nascadh lena chéile má tá siad sa bhaile nó thar lear:

> ***Ó hAdhmaill:*** *[...] an bealach gur ghlac an ghlúin óg nó mheánaosta, gur ghlac muid don chuid is mó leis an ré dhigiteach go hiontach gasta, an oiread sin go bhfuil go leor* domains *éagsúla leis na meáin shóisialta ach feiceann tú é leis na figiúirí de 3.7 milliún duine ag foghlaim Gaeilge go hidirnáisiúnta ar* Duolinguo. *[...] Sílim na láidreachtaí atá ansin ná go gcuidíonn na meáin shóisialta linn gan daoine a chailleadh. Tá an oiread sin eisimirce ann. Tá an oiread sin daoine atá ag dul ar shiúl go dtí an Eoraip nó an Astráil nó Meiriceá fiú ar feadh cúpla bliain nuair atá siad sna fichidí i ndiaidh céim a chríochnú nó cibé rud agus má tá siad ag coinneáil na nascanna sin leis na cairde trí mheán na Gaeilge, tá níos mó seans go dtiocfaidh siad ar ais. Tá níos mó seans, fiú muna thagann siad ar ais, go mbeidh an Ghaeilge mar chuid dá saol leo go leanúnach. Feiceann tú go bhfuil daoine ag éisteacht le Raidió na Gaeltachta nó Raidió Rí-Rá nó ag breathnú ar TG4 thar sáile. Bhí muidinne leis an iPad thall i Sasana agus na páistí ag breathnú ar Cúla4. Tugann sé an deis duit an Ghaeilge a theacht isteach. Bhí tusa ag rá nuair a fhágann tú an teach, anois thig linne an teach a fhágáil.* Alright *bíonn muid ag breathnú ar na* phones *agus an* iPad *nó cibé rud ach anois tá bealaí ann go dtig leo an Ghaeilge a úsáid, fiú ar bhonn* passive *nach raibh ann roimhe seo. Nuair a bhí muidinne ag fás aníos ní raibh ach* Thomas the Tank Engine *agus sin é ar fáil ar an teilifís trí mheán na Gaeilge. Anois is beag cartún a roghnaíonn mo pháistí liomsa sna maidineacha ag an deireadh seachtaine nó cibé rud. Anois is arís breathnaíonn siad ar stuif eile níos déanaí ach tá an deis sin ann an Ghaeilge a chur os comhair páistí Gaelscolaíochta agus tacú leis an sealbhú teanga sna* domains *breise.*

Luann Fusco go bhfuil oidhreacht agus stair phobal na Gaeilge sa cheantar ina láidreacht do phobail chomhaimseartha na Gaeilge in iarthar Bhéal Feirste sa lá atá

inniu ann mar gheall ar an tógáil agus forbairt a rinneadh ar an bpobal sna blianta fada roimhe seo:

> ***Fusco:*** *Ag teacht ón taobh eile, i dtaobh láidreacht phobal s'againne, an rud a déarfainn ná an oidhreacht. Bhí an deis agamsa dul ar an Ghaelscoil agus bhí infreastruchtúr maith tógtha* so *sílim an rud atá ann ná an misneach a bhí ag muintir Ghaeltacht Bhóthar Seoighe, ag na cimí poblachtánacha a chuir an Ghaeilge chun tosaigh, go dtiocfadh linn a bheith ag maireachtáil san áit ina bhfuil muid agus tá a fhios agam go bhfuil caint air anois go bhfuil freagracht orainne brú ar aghaidh go dtí na chéad chéimeanna eile ach sílim ó thaobh féiniúlachta agus ó thaobh bróid de i dtaobh teanga, nuair a cuireadh tús leis an ghluaiseacht teanga sna Sé Chontae i ndiaidh críochdheighilte, muintir Sheoighe, na cimí poblachtánacha, ní raibh siad ar na cúinsí a bhfuil muid féin ag maireachtáil* so *tá a lán uainn. Tá a lán obair le déanamh ach chun tús a chur le tacaíocht teanga sna cúinsí sin sílim. I gcónaí deireann muidinne i nGlór na Móna tá muid ar ghuaillí fhathaigh. Sílim gur cúis bhróid agus gur láidreacht sin i bpobal s'againne mar sílim go bhfuil meon agus feachtas ar leith againn sa phobal.*

De réir Donnelly, tá na naisc agus ceangail atá ann idir na pobail Ghaeilge éagsúla atá lonnaithe in áiteanna éagsúla ina láidreacht dá pobal féin toisc go bhfuil meon comhoibritheach i bhfeidhm a chuidíonn le forbairt an phobail Ghaeilge trí chéile. Dar léi:

> ***Donnelly:*** *Bhí cruinniú againn ar maidin, cruinniú óige, agus* it's like right, *tá mise chun an smaointiú sin a ghoideadh uaitse […] Níl aon duine cineál leithleasach. Tá achan duine de ghnáth sásta rudaí a roinnt agus saineolas a roinnt. Piocaim suas an guthán go minic le Ciarán agus deirimse, cad é a dhéanfaidh mé faoi sin. Tá daoine iontach flaithiúil lena gcuid saineolas.*

Tacaíonn Ó hAdhmaill le ráiteas Donnelly agus luann sé an meon cabhrach atá ann i measc lucht na Gaeilge chun cabhrú le Gaeil eile atá i mbun forbartha ar an bpobal:

> ***Ó hAdhmaill:*** *[...] sílim ceann de na láidreachtaí is mó atá againn ná an neamhfhoirmeáltacht atá idir Gaeil is cuma cén ghlúin, is cuma cén áit ina bhfuil siad lonnaithe. Mar a dúirt tú, glaoch fóin a dhéanamh agus don chuid is mó beidh daoine cuidiúil. Tá mise i ndiaidh cuidiú leis na céadta daoine*

*thar na blianta a bhí ar lorg rud éigin agus bhí mise i ndiaidh cuidiú a fháil ó na céadta daoine nuair a bhí mise ar lorg garanna uathu, bíodh sé ag déanamh teagmháil ar* Facebook *ag a 12 a chlog san oíche ag iarraidh teacht ar aoichainteoir nó duine saor nó cuidiú le coiste bunaithe áit éigin. Tá an líne nó an tsreang seo a cheanglaíonn muid le chéile atá dofheicthe. Tá sé iontach láidir má úsáideann muid í agus an tsreang chéanna a bhfuil na líonraí seo uilig aige a cheangal le chéile. Má úsáideann muid í thig linn líne mhór amháin a chruthú as.*

Léiríonn maíomh Uí Adhmaill go n-airítear ceangail láidre taobh istigh de phobal na Gaeilge agus aithnítear plé Putnam maidir le caipiteal sóisialta sa chomhthéacs seo (2000: 19). Taispeánann an méid atá luaite ag Ó hAdhmaill go bhfuil buntáistí móra ag baint leis na naisc láidre atá i bhfeidhm taobh istigh de phobal na Gaeilge sa chaoi is go gcinntítear cómhalartacht ach go bhféadfaí na naisc sin a neartú chomh maith.

Luann Ó Tiarnaigh go mbíonn cur le chéile i réim i measc na nGael, go háirithe i leith ceisteanna móra a bhaineann leis an nGaeilge. Déanann sé tagairt don fheachtas ar son cearta teanga do Ghaeilgeoirí na Sé Chontae agus an bealach a chuaigh an cheist sin i bhfeidhm ar phobal náisiúnta na Gaeilge:

***Ó Tiarnaigh:*** *Ar bhealach ceann na láidreachtaí agus ag caint ar an obair atá ar bun againne sna Sé Chontae ná an rannpháirtíocht atá i measc phobal na Gaeilge, bíodh siad in Iúr Cinn Trá, Doire, An Trá Bhán, cibé áit ar fud na Sé Chontae agus ar fud an oileáin ach go háirithe ná go raibh muid ábalta go háirithe le bliain anuas agus ag amharc ar an fheachtas atá ar bun againn d'Acht Gaeilge agus do reachtaíocht chosanta teanga ó thuaidh. [...] nuair a amharcann muid ar an mhéid atá bainte amach leis an fheachtas sin ó thuaidh maidir le cúrsaí feasachta ar fud na tíre, ar fud an domhain, go bhfuil ceist na Gaeilge anois mar chroí-cheist pholaitíochta don chéad uair riamh. Sílim go ndúirt Alan Titley ag Oireachtas na Gaeilge ná, cad é an uair dheireanach a raibh cúrsaí teanga mar bhuille mharaithe mhuice […] mar rud a bhaineann leis an rialtas nó tá an rialtas thíos mar gheall ar sin? Nuair a amharcann tú air sin ach ar bhealach go bhfuil muidinne mar phobal i ndiaidh an chumhacht a aistriú ó na polaiteoirí ar ais ag an phobal; go bhfuil siadsan anois ag déanamh ionadaíocht ar a bhonn féin don phobal*

*agus tháinig sin ó ghníomh a bhí comhtháite, ó ghníomh agus éileamh a bhí aontaithe ón bhonn urlár aníos frí shraith de chruinnithe seachtainiúla agus go raibh feachtas a thug úinéireacht agus guth don chéad ghlúin eile agus anois go bhfuil an chéad ghlúin eile sin cumasaithe, muiníneach, glórach agus gníomhach go leor lena dearcadh féin a chur chun cinn agus nuair a amharcann tú ar chuid de na híomhánna atá againn ón bhliain seo, ní chreidfeá go raibh glúin de dhéagóirí 16 bliana d'aois, 17 bliana d'aois ar shráideanna Bhéal Feirste maidir le reachtaíocht teanga ach tá siad chomh paiseanta sin go bhfuil luachanna acu i dtaobh na Gaeilge go gcreideann siad agus is ceist fhéiniúlachta í. Níl aon amhras ann faoi sin. Tá sí do-scartha ón pholaitíocht mar gur diúltaíodh ár gcearta, gur diúltaíodh aitheantas, gur diúltaíodh maoiniú, gur diúltaíodh Gaelscoileanna, moltaí forbartha le bliain, le fiche bliain, le tríocha bliain agus anois go bhfuil sin ag teacht amach fríd feachtas atá aontaithe* so *an rannpháirtíocht, sin an rud a nascann na* dot*aí ar bhonn tíreolaíoch agus ar bhonn díospóireachta; gur féidir linn teacht le chéile agus rudaí a bhaint amach; go bhfuil an chumhacht sin le feachtasaíocht i ndiaidh ár bpobal a thabhairt le chéile ar bhealach nár tháinig sé le chéile, dar liom, riamh ó thuaidh.*

Maíonn Ó hAdhmaill go bhfuil láidreacht ar leith ag pobal Gaeilge na Sé Chontae, is é sin fís i dtaobh na teanga, rud atá in easnamh sna 26 Contae:

***Ó hAdhmaill:*** *An laige mhór a fheicimse, is láidreacht é ó thuaidh agus go háirithe in áit cosúil le hiarthar Bhéal Feirste, ná an easpa físe atá ann ó dheas, an easpa físe atá ann agus an easpa féiniúlachta atá ann atá ag teacht amach as na Gaelscoileanna ó dheas. Tá sé á cothú againn go pointe le leithéidí na Gaeil Óga, an fhéinmhuinín sin, go bhfuil sé ceart go leor Gaeilge a labhairt agus gur fiú do chuid ama sóisialta a chaitheamh trí mheán na Gaeilge agus gur fiú do pháistí a thógáil le Gaeilge agus go bhfuil sin ag fás agus ag bláthú ach nuair a smaoiníonn tú go bhfuil caoga Gaelscoil ag feidhmiú, cuid acu ar feadh na mblianta fada, cuid glúnta tagtha tríd, dá mba rud é go raibh an fhís sin ann, bheadh i bhfad níos mó le feiceáil. Níl Carn Tóchair againn i mBaile Átha Cliath, níl Glór na Móna againn i mBaile Átha Cliath. Cén uair a bhí an uair dheireanach a bhuaigh grúpa as Baile Átha Cliath comórtas náisiúnta Ghlór na nGael, nó grúpa ar*

*bith ó dheas? Tá cúpla acu a tháinig cóngarach le blianta anuas go pointe. Cuid de baineann sé le hacmhainní, cuid de níl aon lárionad againn, níl aon chultúrlann againn ach níl aon leithscéal ann ach an oiread. Tá an saibhreas sa chathair. Tá 400,000 duine gur chainteoirí iad. Go leor acu, tá an-chuid airgid acu ach níl muid i ndiaidh a bheith ábalta pócaí na nGael saibhir agus meánaicmeacha a fholmhú agus a chur i dtreo rudaí níos leithne ná an scoil féin. […] Tá leithéidí Coláiste Eoin agus Íosagáin an-mhaith ag déanamh tiomsú airgid dóibh féin agus d'fhoirgneamh s'acu ach níl an t-airgead sin á leathnú amach le haghaidh rudaí pobail agus ní fheicimse é ag dul níos faide ná geataí na scoile.*

Feictear do Ó Tiarnaigh go bhfuil meon na frithbheartaíochta i gceist leis an bhfeiniméan seo sa chaoi is go n-éiríonn daoine amach in aghaidh nuair a chuirtear faoi chois iad. Dar leis:

***Ó Tiarnaigh:*** *Ceann de na croí-dhifríochtaí a aithnímse, agus leag Seán a mhéar air ansin, ná tá difear ann maidir leis an chur chuige, maidir leis an chur amach, maidir leis an taithí agus maidir leis an ghníomh nó maidir leis an ocras don ghníomh sin atá ó thuaidh ná atá ó dheas agus arís baineann sé le féiniúlacht ach an rud atá againn ó thuaidh ná freasúra agus naimhdeas agus níl aon rud a cheanglaíonn pobal le chéile ná cos ar bolg agus tá sin ceart. Nuair a deir stát nó nuair a deir fórsaí leat nach bhfuil cead agat rud a dhéanamh nó nuair atá cosc á chur ar rud, is láidreacht é sin. Ar bhealach éigin suarach tá muidinne ag rá mar gheall ar an DUP, mar gheall ar ghníomh seo an DUP, tá pobal s'againn níos láidre. […]* So *freasúra agus naimhdeas, cothaíonn siad frithghníomh, feachtasaíocht agus éirí amach.*

Tagraíonn Ó hAdhmaill (1990) don mheon frithbheartaíochta seo ina staidéar féin, 'The function and dynamics of the ghetto: a study of Nationalist West Belfast', agus luann sé gur mhothaigh an pobal Caitliceach/Náisiúnach leithcheal mar gheall ar a dtréithe cultúrtha/eitneacha. Mar thoradh ar an leithcheal seo, rinneadh neartú ar na mothúcháin a bhaineann le tábhacht na féiniúlachta: 'The fact that people felt aspects of their identity being attacked or belittled further reinforced in some of them the feeling that these were important as forms of personal and collective resistance to the outside State and its representatives' (1990: 228). Tá macalla le haireachtáil sa chás

seo agus cás na Gaeilge ó thuaidh inniu agus an diúltú do chearta teanga sa chaoi is go n-airítear forbairt ar mheon frithbheartaíochta i ndaoine a airíonn go bhfuil cos ar bolg á cur i bhfeidhm leis an diúltú seo.

Feictear cosúlachtaí anseo chomh maith le ré na gluaiseachta cearta sibhialta a tháinig chun cinn i 1968 sna Sé Chontae agus a ndeachaigh i mbun agóide ar mhaithe le cearta sibhialta do Chaitlicigh a bhí ag fulaingt leithcheala i réimsí na tithíochta, fostaíochta agus vótála. Bhí glúin nua Chaitliceach tagtha chun cinn le hardoideachas orthu ag lorg na gceart sibhialta seo (Dooley, 1998: 35) agus meastar go raibh tionchar ollmhór ag fachtóir an oideachais ar mhianta an phobail Chaitlicigh chun deireadh a chur lena stádas den dara grád agus, mar thoradh air seo, ar fhorbairt na gluaiseachta seo (Bosi, 2008: 249).

I gcás phobal na Gaeilge i mBéal Feirste, meastar go n-éiríonn le líon mór iardhaltaí Gaelscoile ardoideachas a bhaint amach i ndiaidh dóibh an scoil a chríochnú. Léiríonn taighde a rinne Muller ar 159 iardhalta Gaelscoile i mBéal Feirste a d'fhreastal ar Ghaelscoileanna sa chathair ó na1970aí ar aghaidh (2018: 10) agus ón 141 iardhalta a d'fhreagair ceist maidir lena mbreisoideachas, ardoideachas agus traenáil, gur bhain na hiardhaltaí ardoideachas amach le 72.3% d'fhreagróirí ag maíomh go bhfuil céim ollscoile bainte amach acu (*ibid*.: 19). Toisc nach bhfuil figiúirí oifigiúla ar fáil maidir le líon na ndaltaí Gaelscoile sna Sé Chontae mar gheall ar dhiúltú aitheantais an stáit ó thuaidh don Ghaelscolaíocht (*ibid*.: 5), ní féidir cionn den daonra Gaelscoile a oibriú amach i gcás líon na rannpháirtithe a ghlac páirt sa taighde seo.

B'fhiú a aithint freisin go bhfuil comhthéacs níos leithne i bhfeidhm in Éirinn atá dírithe ar dhioscúrsa a bhaineann le cearta daonna le blianta beaga anuas. I 2015, d'éirigh leis an reifreann ar son comhionannais phósta ó dheas (RTÉ, 2015: ar líne) agus i 2018, d'éirigh leis an reifreann chun an t-ochtú leasú a aisghair sa stát ó dheas chomh maith (RTÉ, 2018: ar líne), dhá reifreann a chur go mór le díospóireachtaí a bhain le cearta daonna an duine. Tuigtear mar sin, go bhféadfadh tionchair sheachtracha reatha dul i bhfeidhm ar dhíograis ghrúpaí eile a airíonn cos ar bolg.

Dar le Mac Ionnrachtaigh, tá intinní dhaoine ag athrú maidir le hidé-eolaíocht teanga ó dheas agus go bhfuil léiriú spéise ann maidir le teoiricí a bhaineann le cúrsaí

coilínithe. Maíonn sé go bhfuil ag éirí leis an idé-eolaíocht i dtaca leis an nGaeilge ó thuaidh:

> ***Mac Ionnrachtaigh:*** *Is cuimhin liom muid ag dul thart i laethanta an Tíogair Cheiltigh ag dul thart ag caint fud fad na hÉireann fá dtaobh d'athbheochan na Gaeilge agus Paolo Freire and na* lads *ag iarraidh daoine a spreagadh insa tréimhse sin. Bhí daoine ag rá* that's fucking full of shit that there. *Amharc air, tá muid ag dul go breá; tá muid uilig ar muin na muice. Nuair a thit an tóin as rudaí agus anois, i mo bharúil féin, nuair a théann tú thart ar na 26 Contae ag caint faoin stuif seo, tá níos mó daoine ag iarraidh éisteacht agus sin ceann de na difríochtaí a bhí mé ag rá a fheicim ina leithéidí Coláiste Íosagáin agus uilig. Tá an teachtaireacht folamh ó shubstaint, tá sé folamh ó idé-eolaíocht, tá sé folamh ó sprioc, tá sé folamh ón pholaitíocht. Sin an rud a chaithfidh muid a rá go sonrach agus is cuimhin liom nuair a bhí muid ag caint bhí fear as Albain – tá cuid mhór de seo ag dul ar aghaidh in Albain – bhí muid ag caint ar Paulo Freire agus ag iarraidh an pobal a chothú agus eile agus bhí siadsan ag rá, an rud atá in easnamh in Albain ná idé-eolaíocht. Caithfidh idé-eolaíocht a bheith ann. Sin an rud atá ag tarlú anseo ó thuaidh. Tá daoine ag nascadh é leis na rudaí a bhí Brónagh ag caint faoi ní ba luaithe ach sílim gur féidir leis sin tarlú i mBaile Átha Cliath, gur féidir leis tarlú i gcodanna,* it's just *an dóigh go ndéantar é. Tá sé ina chranntaca ollmhór nuair atá Gregory Campbell ag rá* curry my yoghurt *agus cuidíonn sin go mór leat ach fiú in éagmais sin, má tá tú glic faoi, thig leat é sin a chothú. Thig an freasúra a chothú fríd an cheist a chur, fríd rud éigin a dhéanamh nach bhfuil cead agat a dhéanamh agus gheobhaidh tú amach an bhfuil cuid mhór de na cairde ina namhaid ar bhealach agus thig leat é sin a chothú agus* manufactured *ar bhealach. Sílim go dtig linn an cur chuige sin a úsáid ar fud na tíre ag brath ar dhaoine.*

### 5.4.4 Baic: Laigí agus bagairtí a bhaineann le pobail chomhaimseartha na Gaeilge

Aithníonn Ó Tiarnaigh gurb iad easpa acmhainní daonna, easpa maoinithe agus easpa rannpháirtíochta ó phobal na Gaeilge na laigí a bhaineann le pobail na Gaeilge inniu. Maíonn Mac Ionnrachtaigh go bhfuil gá do phobal na Gaeilge a bheith féininmharthana agus spleáchas ar an stát a sheachaint. Dar leis, is bagairt

inmheánach é an spleáchas seo atá beo taobh istigh de phobal na Gaeilge agus luann sé go gcruthaíonn an spleáchas seo srianta don phobal Gaeilge. Airítear dó gur laige é nach bhfuil pobal na Gaeilge ábalta a shruthanna maoinithe féin a chothú agus luann sé an tábhacht a bhaineann le hacht teanga chun teacht ar mhaoiniú substaintiúil. Molann Mac Ionnrachtaigh tograí nua a fhorbairt chun foinsí maoinithe eile, seachas ón stát, a chur in áit agus molann sé an togra atá ar bun i gCarn Tóchair:

> ***Mac Ionnrachtaigh:*** *Tá eagraíocht amháin ann a bhíonn muid ag obair leofa darbh ainm An Carn thuas i Machaire Rátha agus tá cuid den stuif seo forbartha acu agus iadsan ag plé le cúrsaí éiceolaíochta agus le cúrsaí timpeallachta agus tá cúpla* wind farms *acu cuirim i gcás agus tá siad ábalta £60,000 sa bhliain a thabhairt isteach insa tionscadal pobail atá acu ansin* so *fostaíonn siad daoine insa phobal chun cuid de na tograí sin a chur ar fáil* so *sílim gur sin ceann de na dualgaisí agus na hidirphléite móra atá le plé amach anseo ná a bheith ag iarraidh smaointiú fá thograí atá ábalta a bheith beo againn féin agus daoine a fhostú an bealach sin.*

Pléann Mac Ionnrachtaigh cúrsaí fostaíochta in iarthar Bhéal Feirste agus an gá atá ann poist a chruthú agus ioncam a chruthú chun daoine ón gceantar a fhostú:

> ***Mac Ionnrachtaigh:*** *[...] sin áit a bhfuil muidinne ag smaointiú faoi: gairm. Tá tú ag plé le hUachtar Chluanaí, iarthar Bhéal Feirste. Níl jabanna go flúirseach ann* so *caithfidh muidinne i gcónaí a bheith ag smaointiú ar fhostaíocht a chruthú agus ioncam dár gcuid féin a chothú le go dtig linne daoine a fhostú.*

Tá meon féinchumhachtaithe soiléir anseo agus luíonn an smaointeoireacht seo le cur chuige na forbartha pobail agus an meon féinchabhrach a chuirtear chun cinn (Meade *et al*, 2016: 3-4). Tá suntas ag baint leis an iarracht a rinne muintir Charn Tóchair i dtaobh na ceiste seo tríd infheistiú a dhéanamh i muilte gaoithe agus sruthanna maoinithe a chruthú dóibh féin ar an gcaoi sin. De réir Uí Thiarnaigh, is eiseamláir é an pobal seo ar an gcaoi seo toisc go n-infheistíonn gníomhairí pobail i gcúrsaí fostaíochta don ghlúin óg le cinntiú nach bhfuil ar an nglúin seo imeacht ón gceantar chun poist a aimsiú. Luann sé maidir leis an bpobal sin:

> ***Ó Tiarnaigh:*** *Don chéad uair riamh níl daoine óga ag imeacht chun fostaíocht a fháil in áiteanna eile. Tá siad fostaithe ins na Gaelscoileanna*

> *uilig, tá siad fostaithe i gCarn Tóchair, tá siad fostaithe i nGaelcholáiste Dhoire agus luaigh seisean [Christy McKay] é féin mar cheann den ghlúin dheireanach de na cainteoirí dúchasacha insa cheantar* so *is iompú teanga, is iompú cultúir ar fad atá anois iomlán faoi spotsolas náisiúnta* so *seans go rachaidh sin i bhfeidhm ar dhaoine eile. Is láidreacht é sin ach in achan áit eile seans gur laige atá ann.*

Bíonn traochadh ina fhadhb dóibh siúd atá gníomhach i saol na Gaeilge, dar le Donnelly, agus cruthaíonn an fhadhb seo bac ó thaobh forbartha de. Dar léi, bíonn sé deacair daoine a choinneáil agus daoine nua a mhealladh isteach nuair nach bhfeictear torthaí ar an obair. Pléann Mac Ionnrachtaigh an cheist chéanna agus, dar leis, caithfear aghaidh a thabhairt ar athghiniúint na hearnála ar bhonn leanúnach le cinntiú go bhfuil daoine nua ag teacht isteach in áit na seanghlúine:

> ***Mac Ionnrachtaigh:*** *Is fadhb é sin trasna an bhoird, cibé an earnáil, an pobal nó* just *in earnáil an domhain, daoine a bheith gníomhach. Tá níos lú ama ag daoine, tá níos mó fachtóirí ag cur in éadan daoine imeacht ón teach agus a bheith páirteach i rudaí pobail agus tchímse ar bhealach is buntáiste é sin againn agus ar bhealach is míbhuntáiste é sin againn. Caithfidh muid i gcónaí a bheith airdeallach air sin, ag déanamh cinnte go bhfuil athghiniúint ag tarlú ar choistí agus ar dhaoine agus daoine nua ag teacht chun cinn.*

Léirítear ón méid thuas go bhfuil smaointeoireacht straitéiseach fhadtéarmach i gceist leis an gcás seo a dhíríonn ar thodhchaí an phobail Ghaeilge agus na hearnála i gcoitinne.

Maidir le bagairtí inmheánacha, luann Fusco go bhfuil easpa saineolais ina bhagairt don earnáil Ghaeilge, go háirithe i dtaca leis an óige, i réimsí an oideachais agus cúrsaí traenála. Dar léi, tá earnáil na Gaeilge fós óg i gcomparáid leis an earnáil Bhéarla agus go mbíonn féinfhoghlaim i gceist don earnáil Ghaeilge:

> ***Fusco:*** *[...] I láthair na huaire dúinne, ní saineolaithe muidinne anseo* so just *tá toil ann nuair atá tú ag iarraidh an tseirbhís a chur ar fáil* so *bíonn tú ag brath ar chomhairle ó dhaoine b'fhéidir in earnáil an Bhéarla a bhfuil saineolaithe acu agus ag iarraidh é sin a aistriú go dtí pobal s'againne* so *d'aithin muid go bhfuil sin go fóill ag teacht fríd.*

Feictear do Ó hAdhmaill go bhfuil deacrachtaí ann Gaeil a spreagadh chun tacú le fiontair shóisialta nó comhlachtaí atá féinbhunaithe a fheidhmíonn trí Ghaeilge. Teipeann ar fhiontair ar leith mar gheall ar an easpa tacaíochta seo agus, dar leis, ní féidir brath ar phobal na Gaeilge sa chás seo, pobal atá an-bheag.

> ***Ó hAdhmaill:*** *[...] is fíorbheagán Gael a cheannaigh Lá Nua nó Lá nó Foinse nó Gaelscéal agus fiú Nós. [...] ceannaíonn muid síntiús do* Netflix *nó* Sky *nó téann muid go dtí an siopa agus ceannaíonn muid earraí. Téann muid síos an bóthar agus ceannaíonn muid cúpla pionta nó téann muid síos go dtí* Lidl *nó* Tesco *nó cibé rud agus ceannaíonn muid ár siopadóireacht agus téann an t-airgead sin ar fad i dtreo an Bhéarla ach tá airgead ag gach duine is cuma más duine dífhostaithe iad, tá cúpla pingin ag gach duine. Tá sé ag brath ar cén áit ar féidir leo an t-airgead sin a chur* so *an bhagairt inmheánach atá ann ná, an gcuireann muid an t-airgead atá againn i dtreo an togra Ghaeilge nó an gceannaíonn muid iolar rogha éigin eile atá níos fusa nó atá níos inbhuanaithe nó tá branda níos láidre aige? [...] Caithfidh tú íoc as rud beag níos mó mar gheall ar go bhfuil an margadh chomh beag. [...] is bagairt inmheánach é sin; nach dtig linn brath ar a chéile ó thaobh cúrsaí gnó de. Caithfidh muid a bheith ábalta seirbhís nó earra a chur ar fáil atá inúsáidte ag pobal níos leithne ná pobal na Gaeilge amháin don chuid is mó.*

Is léir go bhfuil an bhagairt seo ina míbhuntáiste mór don earnáil Ghaeilge agus go bhfuil gá le díriú ar an gceist seo chun forbairt a dhéanamh ar an réimse seo. D'fhéadfadh tógáil ar an gcaipiteal sóisialta taobh istigh den phobal Gaeilge ról a imirt san fhorbairt seo, taobh istigh de straitéis mhargaíochta níos leithne.

Luann Donnelly an easpa daoine atá rannpháirteach ina pobal Gaeilge féin chun dul i mbun oibre agus an easpa tacaíochta a mothaítear ón bpobal Gaeilge féin. Mothaíonn sí go dtiteann an obair ar fad ar dhuine nó beirt agus, mar a phléigh Ó hAdhmaill, nach féidir brath ar na Gaeil chun tacaíocht a thabhairt:

> ***Donnelly:*** *Mar shampla amháin, bhí féile aige ag an deireadh seachtaine ansin agus bhí an lucht freastail iontach beag aige agus is ceoltóirí den chéad scoth, cúrsaí den chéad scoth, ceardlanna den chéad scoth agus achan rud a bheag nó a mhór saor in aisce nó b'fhéidir £5 nó rud éigin air, ach go*

> *minic ní fhaigheann muid an oiread sin tacaíochta ag na rudaí. Sílim arís mar atá Seán ag rá, ní thig leat i gcónaí a bheith ag brath ar na Gaeil agus caithfidh muid tacaíocht a tharraingt isteach ó choirnéalacha éagsúla is dócha.*

De réir Uí Adhmaill, tá bagairt ann do sheachadadh idirghlúine na Gaeilge sa chaoi is go roghnaíonn Gaeil an Béarla dá bpáistí mar phríomhtheanga chumarsáide:

> ***Ó hAdhmaill:*** *Is dócha an ceann is mó ó thaobh todhchaí aon phobal na Gaeilge ná an bhagairt inmheánach, na Gaeil ag labhairt as Béarla lena gcuid páistí agus ag tógáil a gcuid páistí le Béarla. Is cuma cé atá tú le nó do chéile nó cibé rud ach má roghnaíonn Gaeilgeoir an Béarla a sheachadadh lena gcuid páistí sa bhaile seachas an Ghaeilge, is bagairt thubaisteach é sin do thodhchaí na Gaeilge sílimse agus ceann de na cinn is mó go gcaithfidh muid aghaidh a thabhairt air beag beann ar sheirbhísí agus acmhainní. Muna bhfuil muid ag labhairt lenár gcuid páistí trí Ghaeilge, an líon beag Gaeilgeoirí atá againn, titfidh sin go tubaisteach agus tá sin ag tarlú i nGaeltachtaí áirithe.*

Tá tagairt déanta don cheist seo i gcás na nGaeltachtaí roimhe seo (féach Ó Giollagáin, *et al*, 2007a) ach tá suntas ag baint le hardú na ceiste seo i gcás Ghaeilgeoirí na Galltachta chomh maith. Pléitear an cheist seo i staidéar Walsh *et al* (2015) agus luaitear go raibh taithí éagsúil ag nuachainteoirí na Gaeilge maidir le húsáid na teanga sa bhaile (*ibid*.: 42). Mhaígh rannpháirtithe ar leith a ghlac páirt sa staidéar sin go bhfuil comhthéacs measctha teanga ina bhac don aistriú teanga sa teaghlach (*ibid*.: 43) agus ‘go bhféadfaí oidhreacht Bhéarla an pháiste a cheilt dá dtógfaí le Gaeilge é nó í’ (*ibid*.: 44). Luaitear sa staidéar seo go bhfuil cumas sa Ghaeilge agus easpa muiníne ina mbaic don aistriú teanga chomh maith (*ibid*.: 45). Léiríonn roinnt de na ceisteanna atá ardaithe i staidéar Walsh *et al* go bhfuil gá le tuilleadh feasachta maidir le clann a thógáil le Gaeilge agus na buntáistí a bhaineann leis don pháiste, fiú i gcomhthéacs measctha teanga.

Maíonn Mac Ionnrachtaigh go bhfuil easpa feasachta ann ó thaobh tábhacht an tseachadta idirghlúine agus go bhfuil spleáchas ar an nGaelscolaíocht chun an Ghaeilge a thabhairt don ghlúin óg. Chomh maith leis sin, tagann castachtaí chun

cinn nuair a bhíonn Gaeilge ag tuismitheoir amháin sa chaidreamh agus Béarla amháin ag an tuismitheoir eile. Luann sé:

> ***Mac Ionnrachtaigh:*** *Tá a lán daoine a bhíonn gníomhach ó thaobh na Gaeilge de iontach tiomanta ó thaobh na Gaeilge de. B'fhéidir go bhfuil siad pósta ar dhuine éigin le Béarla agus go ndearna siad cinneadh comhfhiosach go bhfuil siad a dhul an Béarla a bheith mar theanga an tí agus an fáth nach dtuigeann siadsan cé chomh tubaisteach, cé chomh contúirteach is atá seo ná go bhfuil a fhios acu go bhfuil an páiste chun dul chuig Gaelscoil agus go mbeidh Gaeilge líofa ag an pháiste agus go mbeidh siad ábalta an teanga a úsáid leis an pháiste 30% den am nó 20% den am* but *beidh an Béarla i réim. [...] I dtaca le múinteoirí ins na Gaelscoileanna atá ag tógáil páistí s'acu le Béarla, ar an ábhar nach bhfuil Gaeilge ag an bhean chéile nó* vice versa *agus sílimse gur gá dúinn an nósmhaireacht sin a bhriseadh agus* just *eolas fá fheasacht a thógáil, oideachas a chur ar dhaoine, go bhfuil sin lárnach agus muid ag bogadh chun cinn, go ndéanfaidh muid an Ghaeilge mar theanga tí gach áit ar féidir linn.*

Luann Fusco an easpa forbartha i dtaobh lonnaíochtaí Gaeilge a thógáil mar bhagairt inmheánach. Dar léi, cuireann an easpa seo bac ar shaol a chaitheamh trí Ghaeilge:

> ***Fusco:*** *Ar ndóigh tá na rudaí praiticiúla i dtaobh morgáistí, i dtaobh daoine a fháil ag an am ceart thart ar an aois cheart* but *sin ceann de na rudaí b'fhéidir inmheánacha fosta ná, ní nach bhfuil deis* but *níl cineál deis ag daoine teacht le chéile mar phobal. Tá pobal* but *tá muid ar fad scartha fosta i dtaobh na sráideanna, […] tá muid mar phobal [...] ach i dtaobh lonnaíochtaí, fiú na Gaeltachtaí, feiceann muid go bhfuil streachailtí agus deacrachtaí ansin* but *b'fhéidir gur sin ceann de na rudaí inmheánacha. Tá spás sóisialta dúinn teacht le chéile ach i dtaobh a bheith ag maireachtáil agus, cineál, na taithí saolta, níl sin ann ach oiread* so *b'fhéidir, níl a fhios agam, go mbeidh sin ina deacracht ó thaobh inbhuanaitheacht.*

Pléann Ó Snodaigh an cheist chéanna maidir le hiarracht a rinneadh i mBaile Átha Cliath le linn na 1970aí agus luann sé gur tháinig go leor deacrachtaí praiticiúla chun cinn a bhain le talamh agus airgead a aimsiú chomh maith le tacaíocht stáit (agallamh le Ó Snodaigh, 2016, 2017). I gceantar na hÓmaí, luann Donnelly an

bhagairt atá ann go gcaillfear Gaeilgeoirí óga mar gheall ar an easpa leanúnachais atá ann don Ghaelscolaíocht. Faigheann daoine óga oideachas trí Ghaeilge ag an mbunleibhéal ach sa cheantar seo, níl soláthar oideachais trí Ghaeilge ar fáil ag an dara leibhéal. Cabhraíonn a heagraíocht féin sa chás seo trí thacsaí a chur ar fáil chuig an meánscoil is cóngaraí ach níl an córas seo sásúil, dar léi. Eagraítear imeachtaí trí Ghaeilge chun freastal ar dhéagóirí ach bíonn imní ann faoi chaillteanas an lucht óig:

> ***Donnelly:*** *[...] Tá club óige tosaithe againne do dhéagóirí s'againne sa cheantar* but *tá an Ghaelscoil ann ar an Ómaigh le b'fhéidir dhá bhliain déag anuas agus tá an club óige tosaithe againn le dhá bhliain anuas* so *smaoiním go bhfuil* you know *deich mbliana de pháistí imithe, de dhéagóirí imithe uainn agus níl a fhios againn cé hiad. Beidh Gaeilge s'acu a bheag nó a mhór caillte agus sin rud mór arís i gceantar s'againne.*

Pléann Ó hAdhmaill na deacrachtaí a bhíonn ann nuair a bhíonn Gaeilgeoirí scaipthe óna chéile go tíreolaíoch agus an tionchar a imríonn an scaipeadh sin ar theacht ar sheirbhísí éagsúla agus ar chaidreamh a thógáil. Dar leis:

> ***Ó hAdhmaill:*** *[...] i mBaile Átha Cliath, cé go bhfuil* critical mass *ó thaobh uimhreacha de ann, tá an chathair chomh mór sin [...] Sampla pearsanta ná tá seans go mbeidh ormsa gan mo pháistí a chur go dtí Cumann Lúthchleas Gael na nGael Óga mar nach bhfuil sé praiticiúil taisteal trasna na cathrach chun iad a chur ann le linn na seachtaine nuair atá mise ag obair. Tá baol ansin do dhaoine atá ag iarraidh a bheith páirteach i bpobal na Gaeilge; cén áit ina bhfuil rudaí lonnaithe, na seirbhísí atá ag teastáil uathu nó na daoine éagsúla [...]. Thiocfadh leis a bheith aon soláthair seirbhíse atá de dhíth ar bhall de phobal na Gaeilge; muna bhfuil sé cóngarach go leor, go bhfuil sé inúsáidte go furasta, tá sé i bhfad níos deacra leanúint ar aghaidh agus a chinntiú go bhfuil tú in ann luchtanna a fháil ar a laghad.*

Déanann Fishman agus Ó Tuathaigh tagairt don mhais chriticiúil de chainteoirí atá tábhachtach do chothú na mionteanga. Dar le Ó Tuathaigh, chruthódh mais chriticiúil comhthéacs fabhrach don Ghaeilge i measc na n-óg agus normáltacht na teanga don duine nua ag teacht isteach sa phobal (2008: 41). Maíonn Fishman gur féidir le mais chriticiúil mionphobal a athrú óna bheith ina mhionlach isteach ina

thromlach áitiúil (1991: 398). Tá gá, áfach, le dlúthú pobail chun seirbhísí áitiúla don phobal sin a éileamh agus is léir ón méid a luann Ó hAdhmaill go gcruthaíonn dáileadh phobal na Gaeilge castachtaí i leith teacht ar sheirbhísí.

Ardaíonn Mac Ionnrachtaigh ceist an domhandaithe agus an nualiobrálachais agus an bealach a imríonn na cásanna seo tionchar ar mhionteangacha ar fud an domhain. Dar leis, áfach, is féidir leis na cásanna seo dul i bhfeidhm ar phobail mhionteanga ar bhealach atá fabhrach don mhionteanga chomh maith:

> ***Mac Ionnrachtaigh:*** *[...] thiocfadh linn a rá gur féidearthacht atá ann fosta* because *insa chomhthéacs nuair atá an tsochaí thart orainn faoi bhrú ó thaobh an dóigh a nascann daoine le chéile agus an dóigh a ndéantar deighiltí idir daoine éagsúla, bíonn teanga agus cultúr ina ngléas chun daoine a thabhairt le chéile agus sin ceann de na rudaí a chonaic muidinne insa cheantar seo in amanna. Nuair is féidir cúrsaí féiniúlachta a úsáid mar ghléas chun daoine a thabhairt le chéile i gcúinsí nach bhfuil ró-fhabhrach do sin [...] Caithfidh muid i gcónaí a bheith airdeallach ar na cumhachtaí atá inár n-éadan. Insa chás seo bhí Seán ag caint ar acmhainní. Níl muid a dhul na hacmhainní seo a fháil ón rialtas má tá muid ionraic faoi dhul chun cinn – na móracmhainní atá uainn –* so *caithfidh muid iarracht a dhéanamh an neamhaird sin a úsáid chun polaitiú a dhéanamh ar an phobal agus daoine a spreagadh chun seilbh a fháil ar a gcultúr féin agus ar an chur chuige atá in úsáid againn insa phobal seo.*

Déanann Fishman tagairt don domhandú chomh maith agus an tábhacht a bhaineann le diúltú do na cumhachtaí agus na próisis is láidre ar mhaithe le teangacha atá i mbaol a shlánú. Bíonn institiúidí agus próisis teanga agus chultúir i gceist le frithchothromú a bhaint amach leis an domhandú ach áitíonn an t-údar gur togra casta é tionchar an domhandaithe a sheachaint (2001: 6).

De réir Fusco, tá meon neamhghníomhach i leith na Gaeilge ina bhagairt sheachtrach do phobail na Gaeilge. Dar léi, tá easpa tuisceana ann go bhfuil pobal ann atá ag iarraidh maireachtáil trí Ghaeilge. Chomh maith leis sin, airítear nach nascann daoine an teanga leis an bhféiniúlacht Éireannach:

> ***Fusco:*** *Cé go mbeidh siad ag rá, is Éireannach mé, agus go fóill ní féidir leo an nasc a dhéanamh idir caitheamh saoil agus síleann siad b'fhéidir gur*

*caitheamh aimsire í an Ghaeilge seachas teanga mhaireachtála. Tá muid ag iarraidh dul i bhfeidhm ar na daoine sin,* middle-of-the-roaders *b'fhéidir.*

D'fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil meon neamhghníomhach i leith na Gaeilge forleathan bunaithe ar staitisticí an daonáirimh ó dheas. Ní lorgaíonn an daonáireamh ó thuaidh aon eolas maidir le minicíocht i dtaobh úsáid na Gaeilge ach is féidir léargas a fháil ó na staitisticí a chuireann an Phríomhoifig Staidrimh ar fáil sna 26 Contae. Léiríonn na figiúirí ó Dhaonáireamh 2016 go bhfuil cumas éigin sa Ghaeilge ag 1,761,420 duine ach nach bhfuil ann ach 73,803 cainteoirí laethúla Gaeilge ann taobh amuigh den chóras oideachais (CSO, 2016: ar líne). Ní mór a aithint áfach, nach lorgaítear eolas breise maidir le cumas sa teanga agus go bhféadfaí speictream leathan a bheith i gceist le cumas sa Ghaeilge, ón gcúpla focal go dtí líofacht sa teanga.

Airíonn Fusco go bhfuil bá agus toil ann don Ghaeilge sa phobal áfach, ach is léir nach n-aistríonn na dearcthaí dearfacha sin ina meon gníomhach chun líofacht sa Ghaeilge agus úsáid ghníomhach na teanga a bhaint amach. Luíonn dearbhú Fusco le maíomh Aronson maidir le dearcthaí agus iompar agus luann an t-údar nach n-éiríonn le dearcthaí dearfacha iompar a spreagadh i gcónaí (2008: 161). Chomh maith leis sin, ardaítear ceisteanna a phléann May sa chás seo maidir leis an easpa comhcheangail atá soiléir idir an sprioctheanga agus féiniúlacht an duine (2003: 97).

Maíonn Donnelly go nascann daoine an teanga leis an bpoblachtánachas ina pobal féin agus, mar a phléann Fusco, go bhfuil meon i bhfeidhm ag an móramh a labhraíonn Béarla ó thaobh na Gaeilge de:

> ***Donnelly:*** *Tá an nasc sin ann in intinn s'acu idir an pholaitíocht agus an teanga agus tá sin ann agus, mar a dúirt Brónagh, go minic tá bá ag na daoine sin ach, go minic eile, is díreach easpa tuisceana atá ann agus tá siad cineál neodrach faoi. B'fhéidir nach bhfuil an bá sin acu; is cuma sa tsioc leo. Cad is fiú nuair a bhíonn Acht Gaeilge á phlé ag daoine bíonn siad ag rá, bhuel, tá Béarla acu. Cén fáth go bhfuil an ceart go mbeifeá ábalta dul isteach sa chomhairle agus Gaeilge a labhairt nó cén fáth go mbeifeá ábalta Gaeilge a labhairt sa chúirt nuair atá Béarla agat?*
>
> ***Taighdeoir:*** *Agus an* stereotype *sin, an bhfuil sé sin dochrach don Ghaeilge?*

> ***Donnelly:*** *Sílim féin go bhfuil* yeah. *Agus tá a fhios agam go mbíonn daoine ag rá, ní muidinne a rinne polaitiú ar an teanga, ach, ag an am céanna, thiocfadh linn níos mó a dhéanamh le fáil réidh leis sin.*

Maidir le ceist an pholaitithe, luíonn an argóint seo le hargóint cuid Aontachtóirí ó thuaidh a mhaíonn go bhfuil an páirtí polaitiúil, Sinn Féin, ag déanamh polaitiú ar an nGaeilge. In alt sa *Belfast Telegraph* le polaiteoir de chuid an pháirtí aontachtaigh, an DUP, maíonn Nelson McCausland go bhfuil Sinn Féin ag déanamh polaitiú ar an nGaeilge le tríocha bliain anuas agus go bhfuil siad fós i mbun (McCausland, 2014: ar líne). Luann sé samplaí lena nascann Sinn Féin an Ghaeilge leis an ngluaiseacht phoblachtánach agus go háirithe leis an stailceoir ocrais, Bobby Sands. Luann sé an mana, 'Every phrase you learn is another bullet in the freedom struggle', a úsáideadh siar i 1982 ag seimineár i Conway Mill in iarthar Bhéal Feirste.

Séanann gníomhaire teanga de chuid an Dream Dearg, Ciarán Mac Giolla Bhéin, an argóint seo, áfach, agus maíonn sé go ndéanann na hargóintí maidir le polaitiú ar an nGaeilge neamhaird ar an gcomhthéacs stairiúil. Dar leis:

> Claims of 'politicisation', perhaps deliberately, ignore the historical context, wherein the language constituted the chief cultural target in the conquest and colonisation of Ireland. The Irish language's minoritised status was by no means natural or accidental, but paralleled a process of dispossession, genocide and exploitation in Britain's first colony. This history laid the ideological foundation for exclusionary Orange/One party rule after partition. The liberal post-conflict consensus has replaced "religious" dominance with "cultural" conformity through highly-politicised policies such as TBUC (Towards Building United Communities). Liberal condemnation of the politicisation of the language is, in reality, a reaction to activist community which has the audacity to challenge centuries of linguistic marginalisation in tandem with a rejection of contemporary socio-economic exclusion. Dissent against colonial legacy, empire and neoliberal dogma is not anti-progress, anti-peace or contrary to developing community relations. In fact, it lies at the heart of any genuine attempt to create a shared society based on equality and human dignity (Mac Giolla Bhéin, 2019: ar líne).

Ní mór a aithint sa chás seo go bhfuil forbairtí suntasacha déanta ó thaobh na Gaeilge de taobh istigh den phobal Protastúnach agus nach bhfuil naimhdeas don teanga ón bpobal sin forleathan. D'eascair an togra 'Turas' ó thionscnamh a cuireadh ar bun i 2011 a chruthaigh an East Belfast Mission le grúpa trasphobail ban agus a chuir cúrsa Gaeilge ar fáil don ghrúpa sin (Mitchell & Miller, 2019: 241). Eagraíodh

tuilleadh ranganna Gaeilge sa cheantar Protastúnach tar éis an tionscnaimh sin agus i 2012 chuir Foras na Gaeilge maoiniú ar fáil don East Belfast Mission chun clár oibre Gaeilge a chur i bhfeidhm (*ibid*.: 241). Ghlac Linda Ervine, deirfiúr chéile leis an gceannaire dílseora, David Ervine (*Belfast Telegraph*, 2018: ar líne), le post an chomhordaitheora ar Turas agus díríonn an clár oibre Gaeilge ar dhaoine ón bpobal Protastúnach atá amhrasach faoin nGaeilge (Mitchell & Miller, 2019: 241). De réir Mitchell agus Miller, cuireann Turas seacht rang Ghaeilge sheachtainiúla ar fáil do níos mó ná 200 duine chomh maith le réimse imeachtaí cultúrtha eile agus turais chuig an nGaeltacht (*ibid*.: 242). Faoi 2017, ghlac 8,000 duine páirt in imeachtaí Turas (*ibid*.: 242). Léiríonn an tionscnamh seo go bhfuil leibhéal éigin dea-thoil ann don Ghaeilge taobh istigh den phobal Protastúnach.

Iarradh ar na rannpháirtithe a dtuairimí a thabhairt ar conas na bagairtí a luaigh siad a shárú. Maidir leis an mbagairt a bhaineann le spleáchas ar an stát díríonn Mac Ionnrachtaigh ar úsáid na nuálaíochta chun cur le tionscadail ar leith. Léirítear meon féinchabhrach sa chás seo agus aitheantas don ghá a bheith féininmharthana mar phobal. I dtaca leis an nGaeilge a choinneáil i réim sa phobal agus srian a chur ar an mBéarla, pléann Mac Ionnrachtaigh an gá a bhí ann leis an gcomhchumann peile páirtaimseartha lán-Ghaeilge, Laochra Loch Laoi, a scaradh ón bpríomhchumann peile sa cheantar, Gort na Móna. Dar leis, is éard a bhí i gceist leis an scaradh seo ná meon fadtéarmach i leith na Gaeilge a spreagadh i measc na nGael a bhí bainteach leis an bhfoireann. Luann sé:

> ***Mac Ionnrachtaigh:*** *Ceann de na rudaí a bhí spéisiúil ná an cineál díospóireachta a chruthaigh sé insa phobal agus an cohórt is spéisiúla ná na daoine a bhí líofa insa Ghaeilge; na Gaeil nach raibh ag aistriú chuig an chumann úr agus a bhí páirteach insa tógáil seo againne nuair a bhí sé ina chomhchumann. An rud atá ann fá chomhchumann, is rud a tharlaíonn cúpla uair sa bhliain* so *ní raibh ort fáil réidh leis an dílseacht chumainn a bhí agat agus* just *a bheith páirteach cúpla uair insa bhliain. Leis seo bhí muidinne ag éileamh briseadh iomlán agus ag rá le daoine go raibh orthu a bheith mar chuid den rud trí chéad seasca is a cúig lá insa bhliain agus bhí a lán de na daoine ag argóint liomsa ag rá tá muid ag scriosadh an Ghaeilge insa cheantar. Tá muid ag iarraidh na Gaeilgeoirí a bhaint ó na cumainn eile agus go bhfuil muid a dhul an Ghaeilge a laghdú mar dhea agus* obviously

> *an argóint a bhí againn ná a mhalairt a tharla, go raibh muid ag iarraidh an Ghaeilge a scaipeadh. Ceann de na rudaí a bhí spéisiúil ná an deighilt sin idir an teanga ar bhun ócáidiúil, ar bhun chaitheamh aimsire, ar bhun* every now and again *go dtí an rud lánaimseartha, an fadtéarmachas a bhí muidinne ag éileamh agus, do chuid mhór daoine, bhí i bhfad barraíocht i gceist ansin. Bhí an briseadh ró-radacach. Sin an cineál briseadh atá de dhíth orainn [...]*

Aithníonn Fishman go mbíonn an iomarca buntáistí ag baint leis an mórtheanga do mhionteangóirí agus nach mbíonn an mionghrúpa toilteanach éirí as an mórtheanga go hiomlán cé go mbagraíonn sé ar an mionteanga (2001: 9). Dar leis, áfach, tá tábhacht ar leith ag baint le teorainneacha a chruthú leis an mórtheanga chun comhfheidhmeanna teanga a sheachaint (2001: 9-10). Tá togra ar leith idir lámha le dlúthphobal a bhfuil féiniúlacht Ghaelach chathrach aige a thógáil agus a chothú in iarthar Bhéal Feirste. Luann Mac Ionnrachtaigh go ndírítear ar sprioc-cheantair i mBéal Feirste sa phróiseas seo agus dóchas ag na gníomhairí teanga go mbuailfidh Gaeilgeoirí le chéile agus go dtógfar caidrimh idir fir agus mná.

De réir Bauman, oibríonn cumhachtaí domhanda tríd dlúthghréasáin idir daoine a scriosadh (2012: 14). Tuigtear mar sin go bhféadfadh dlúthghréasáin srian a chur ar chumhachtaí seachtracha agus, mar sin, tionchair sheachtracha a laghdú chomh maith. Tá suntas ag baint le taighde Milroy & Milroy don chás seo freisin ó thaobh dlúthghréasáin a úsáid chun noirm chanúna a chur i bhfeidhm (Milroy & Milroy, 1985). Tá tábhacht ag baint leis an laghdú seo don phobal mionteanga chun teorainneacha éifeachtacha a choinneáil leis an mórtheanga agus an cultúr a ghabhann leis. Feictear freisin go bhfuil diminsean níos buaine ag baint leis an dlúthphobal a phléann Mac Ionnrachtaigh mar gheall ar an mian atá ann go mbuailfidh lánúineacha lena chéile trí na gréasáin seo le féidearthachtaí ann go mbeidh clanna acu amach anseo a mbeidh baint acu leis an bpobal Gaelach chomh maith. Mar gheall ar nádúr an cheantair, is iad sin tréithe an gheiteo a phléann Ó hAdhmaill (1990), agus an sráidbhaile a phléann Mac Ionnrachtaigh, meastar go bhféadfadh dóchúlacht níos mó a bheith ann le rathúlacht ar na hiarrachtaí seo amach anseo.

Pléann Ó hAdhmaill an fhéiniúlacht chathrach a thóg Na Gaeil Óga i mBaile Átha Cliath agus an deis a chuir an club ar fáil chun caidrimh a thógáil idir fir agus mná. Tá gné idirghlúineach ag baint leis an gclub anois freisin:

> ***Ó hAdhmaill:*** *[...] chothaigh muid múnla cineál cathrach, fiú daoine nárbh as an chathair dóibh. Bhí an dílseacht pharóiste nó an dílseacht chlub áitiúil i gcathair. Bhí seo ag go leor daoine agus an freagra a thug an gnáthdhuine a d'aistrigh chugainn ná, b'fhéidir go raibh grá agam don pharóiste ach tá grá agam don Ghaeilge agus sin an rud a nascann muid uilig le chéile agus sin go mór le daoine ón Ghaeltacht agus daoine ón Ghalltacht, fiú daoine nach raibh caighdeán rómhaith Gaeilge acu ag toiseacht amach linn. Chonaic siad é mar dheis chun feabhas a chur uirthi agus de thairbhe go raibh eilimint an-sóisialta bainteach leis. Chomh luath is a bhunaigh muid foireann na mban sa chlub, d'athraigh an dinimic agus bhí i bhfad níos mó caidrimh idir na fir agus na mná. […] Anois tá an chéad ghlúin eile. Tá mise i nglúin na dtuismitheoirí atá ag cuidiú leis an fhoireann faoi aois.*

Léiríonn an méid a luann Ó hAdhmaill faoi theacht chun cinn na glúine nua sna Gaeil Óga go bhfuil deiseanna ann chun leanúnachas idirghlúineach a chothú taobh istigh de ghréasán sóisialta agus an pobal Gaelach a fhorbairt dá bharr. Tá gné phobail agus pharóiste ag baint leis an gCumann Lúthchleas Gael agus, mar a phléann Mac Ionnrachtaigh, bíonn dílseacht don chlub i gceist le ballraíocht. D'fhéadfadh an meon seo i leith an chlub a bheith tairbheach do na Gaeil Óga agus leanúnachas idirghlúine a spreagadh dá bhaill. Tugann an comhthéacs teanga a chuireann na Gaeil Óga ar fáil deis do Ghaeilgeoirí óga bualadh le chéile agus caidrimh a thógáil chomh maith le féidearthachtaí ann go saolófar clann dóibh agus go dtógfaí na páistí leis an sprioctheanga.

### 5.4.5 Cur chuige i bhforbairt pobail chomhaimseartha na Gaeilge

Lorgaíodh tuairimí na rannpháirtithe maidir leis an gcur chuige atá oiriúnach i bhforbairt pobail chomhaimseartha na Gaeilge agus an cur chuige atá in úsáid acu féin ina gcuid oibre agus éifeachtacht an chur chuige sin.

Luann Fusco go bhfuil cur chuige ar leith in úsáid ag Glór na Móna, cur chuige atá in oiriúint dá gceantar féin. Dar léi, ní féidir cur chuige amháin a chur i bhfeidhm do phobal na Gaeilge agus go mbeidh an cur chuige sin ag brath ar an bpobal féin:

> ***Fusco:*** *Ar ndóigh tá an oiread sin teoiric ann, tá na pleanálaithe teanga eile ann ach i dtaobh na Gaeilge gur féidir leat pointí agus b'fhéidir míreanna a bhaint ó theoiric ar leith* but*, i dtaobh cur chuige s'againn féin, níl taifead ann dó* so *is rud úr in amanna. [...] i dtaobh pobal na Gaeilge de, bíodh is go bhfuil tú i gceantar uirbeach, i gceantar tuaithe, níl rud amháin a dhul ag obair do gach duine atá ag iarraidh cur chun cinn na Gaeilge a dhéanamh. Tá sé go hiomlán ag brath ar an áit ina bhfuil tú féin, ar an phobal ina bhfuil tú féin ag feidhmiú.*

Maíonn Fusco go ndírítear isteach ar cad atá ag teastáil ón bpobal ina bhfuil siad ag feidhmiú agus go bhfuil foghlaim leanúnach i gceist leis an obair seo. Aithnítear go bhfuil béim ar leith curtha ar chur chuige na forbartha pobail sa chás seo agus go bhfuil áit tugtha do ghlór an phobail i bplean agus i bhfís na heagraíochta. Tá trácht déanta ag Meade *et al* don chur chuige seo agus luaitear gurb é an prionsabal creidimh ar a bhfuil an fhorbairt pobail bunaithe ná gur chóir do shaoránaigh a bheith ina 'active agents' in athrú sóisialta, eacnamaíochta, polaitiúil nó cultúrtha (2016: 2).

Luann Mac Ionnrachtaigh go mbíonn meascán den chur chuige ón mbun aníos agus ón mbarr anuas in úsáid ag Glór na Móna agus leagann sé béim ar chumhachtú agus ar fhorbairt an duine:

> ***Mac Ionnrachtaigh:*** *In amanna caithfidh muidinne glaoigh amach nuair atá muid ag déanamh cur i láthair nó ag caint le daoine agus ceann de na fáthanna ná go bhfuil an bhéim ar an bhun aníos agus go bhfuil an bhéim ar an cheist seo; go dtig linn daoine a chumhachtú fríd a bheith gníomhach agus sin ceann de na rudaí a d'fhoghlaim muidinne le blianta beaga anuas ná, nuair atá daoine páirteach i dtionscadal atá rannpháirteach agus go mothaíonn siad go bhfuil siad cumhachtaithe le seilbh a ghlacadh ar an rud, ciallaíonn sin go n-ardóidh an mhuinín s'acu de réir mar a thógann siad freagracht ar an rud agus go rachaidh siadsan go pearsanta fríd próiseas fáis ina dtiocfaidh siad amach an taobh eile níos láidre, níos éifeachtaí, níos muiníne* and then *cá bhfios cén áit a dtéann sin […]*

Aithnítear smaointeoireacht Freire ag teacht chun cinn sa chur chuige seo tríd rannpháirtíocht an duine a chinntiú sa phróiseas cinnteoireachta (1970: 66). Dar leis an údar seo '[…] to alienate human beings from their own decision-making is to

change them into objects' (*ibid*.: 66). Luíonn an bhéim ar an mbun aníos a luann Mac Ionnrachtaigh le cur chuige na forbartha pobail agus le ceisteanna a bhaineann le gaol stádais, ag an micrealeibhéal agus sa tsochaí níos mó (Gilchrist & Taylor, 2011: 117).

Is daoine áitiúla iad ball foirne Ghlór na Móna agus is cuid den phobal ina bhfuil siad ag obair iad. Feictear do Mhac Ionnrachtaigh go bhfuil ról an éascaitheora acu sa phróiseas forbartha pobail:

> ***Mac Ionnrachtaigh:*** *[…] an ról a bhíonn againne ná mar éascaitheoirí, go bhfuil muidinne ag iarraidh an próiseas sin a éascú* so *a lán de na daoine, an ball foirne anseo, don chuid is mó chuaigh siad uilig chuig an mheánscoil* so *is daoine áitiúla iad agus in amanna bíonn muidinne iontach cúramach nuair atá muid ag plé leis na rudaí seo agus muid ag caint ar an phobal agus déanann muid cinnte nach bhfuil an deighilt ann. Tá muidinne inár gcónaí insa phobal. Is as an cheantar seo domh. Ní fheicim go bhfuil mise scartha ón phobal; is mar chuid den phobal mé. Níl mé ag rá go labhraím thar cionn an phobail nó go bhfuil a fhios agam achan rud atá an pobal ag iarraidh* but *níl mé ag amharc orm féin mar dhuine taobh amuigh den phobal ag teacht isteach chun comhairliúchán a dhéanamh. Tá muid ann. Tá muid fite fuaite insa cheantar seo […]*

Léiríonn maíomh Mhic Ionnrachtaigh go bhfuil caipiteal sóisialta láidir le haireachtáil in iarthar Bhéal Feirste chomh maith le braistint chómhuintearais a fhorbraíonn ceangal leis an bpobal. Pléann Putnam (2000) agus Franklin (2007) na buntáistí a bhaineann le caipiteal sóisialta don phobal agus tá torthaí an chineáil chaipitil seo le léamh ón seintimint atá curtha in iúl ag Mac Ionnrachtaigh. Aithnítear anseo an stair a bhaineann le hiarthar Bhéal Feirste agus plé Uí Adhmaill (1990) maidir le tógáil an gheiteo agus aithnítear an ról a d'imir an geiteo i dtógáil dlúthphobail sa cheantar seo. Tacaíonn Mac Ionnrachtaigh le maíomh Fusco maidir le cur chuige agus maíonn sé nach féidir aon chur chuige ar leith a chur i bhfeidhm. Tá cumhachtú an phobail lárnach in idé-eolaíocht an ghrúpa seo:

> ***Mac Ionnrachtaigh:*** *[…] an bhunfhealsúnacht atá againn, ní dóigh liom go n-athraíonn sé sin trasna an bhoird, is é sin go bhfuil muidinne ag iarraidh an pobal seo a chumhachtú agus go bhfuil muid ag iarraidh go mbeidh sé*

> *athghiniúnach* so *níl muid ag iarraidh pearsantachtaí móra ag glacadh seilbh ar an rud agus ag caint i gcónaí agus ag cur iad féin chun cinn agus ag sealbhú achan rud.*

Airítear smaointeoireacht Freire sa phlé seo chomh maith agus an suntas a thugtar do dhearcthaí domhain an duine agus a gcomrádaí (1970: 105) leis an tseachaint a dhéantar ar phearsantachtaí áirithe a chur chun cinn. Mar chuid d'oideachas lucht na fulaingthe, caithfidh an duine a bheith ina mháistir ar a smaointeoireacht féin agus caithfear clár oideachais a aontú in éindí leis na daoine (*ibid*.: 105).

De réir Mhic Ionnrachtaigh, díríonn Glór na Móna ar dhaoine nua agus daoine óga a mhealladh isteach sa ghrúpa chun a athghiniúint agus leanúnachas a chinntiú agus chun spleáchas ar na daoine céanna a sheachaint.

Tá an eagraíocht lena n-oibríonn Donnelly, Pobal ar n'Iúl, i mbéal a forbartha ag an bpointe seo agus dar léi, tá deacrachtaí ann rannpháirtíocht a mhealladh ón bpobal níos leithne.

> ***Donnelly:*** *Déarfainn maidir le rudaí ag teacht ón bhun aníos nó ón bharr anuas, bheinn féin* subscriber *ón bhun aníos* but *sílim go bhfuil tionscadal s'againne cineál óg ag déanamh na fírinne lena bheith go hiomlán mar sin. [...] is craobh de Chonradh na Gaeilge muid agus […] mhothaigh muid sa chéad chúpla bliain go raibh achan rud spleách ormsa agus ar dhuine amháin eile agus rinne muid an-iarracht daoine a chumhachtú agus,* right ok*, tá muid a dhul an tionscadal seo a thabhairt don duine sin, tá muid a dhul an grúpa seo a thabhairt don duine sin, […]* so *ceann de na rudaí atá déanta againn anois ná oifigeach óige a cheapadh 16 uair in aghaidh na seachtaine agus go mbeidh sise freagrach as na tionscadail óige ar fad. Déanann muid iarracht é sin a dhéanamh ach ní oibríonn sé i gcónaí ónár dtaobhsa agus ní oibríonn sé i gcónaí ó thaobh na ndaoine de [...] Níl duine ar bith* really *sásta in amanna glacadh le rudaí* so *ar an drochuair titeann... [...] mothaím go bhfuil tionscadal s'againne iontach óg agus nach bhfuil sé chomh forbartha sin, go bhfuil duine nó beirt nó triúr chun tosaigh ag an tús agus go dtiocfaidh daoine eile isteach de réir a chéile agus tá sin ag tarlú de réir a chéile ach, sílim is próiseas iontach mall é […]*

Tá aghaidh á tabhairt ar an spleáchas seo agus iarrachtaí ar bun chun mianta an phobail a aimsiú. Luann Donnelly go bhfuil duine ceaptha chun straitéis a fhorbairt don eagraíocht Ghaeilge agus go bhfuil próiseas taighde ag baint leis sin a bhaileodh tuairimí ón bpobal. Tá deacrachtaí ann an pobal a mhealladh isteach chuig saol na Gaeilge agus daoine a choinneáil chomh maith agus, de réir Donnelly, níl déimeagrafach níos leithne ag baint leis an gcoiste. Luann Donnelly nach gcloiseann an eagraíocht ó dhaoine ón gceantar Protastúnach agus go bhfágann go leor daoine na ranganna Gaeilge. Meascán den chur chuige ón mbun aníos agus ón mbarr anuas a bhíonn i bhfeidhm i bhforbairt an phobail Ghaeilge san Ómaigh agus luann Donnelly go n-oibríonn an cur chuige seo in amanna ach ní oibríonn in amanna eile.

### 5.4.6 Pobail na Gaeilge agus Ról an Stáit

Sa chuid seo den ghrúpa fócais, iarradh ar na rannpháirtithe ról an stáit i bhforbairt phobail na Gaeilge a phlé agus éifeachtacht an róil sin a mheas. Bhíothas ag plé le dhá stát ar leith agus b'éigean do Ó hAdhmaill freastal ar imeacht réamhbheartaithe eile ag an bpointe seo. Mar gheall air seo, díríodh ar an stát ó thuaidh amháin don chuid seo.

Dar le Fusco, nascann an feidhmeannas ó thuaidh an Ghaeilge le cúrsaí oideachais agus ní aithnítear an ghné phobail a bhaineann leis an teanga:

> ***Fusco:*** *Sílim ó thaithí s'agam féin, taobh amuigh de pháirtí polaitiúil nó dhó, i dtaobh an fheidhmeannais ina iomláine agus roinnt seirbhísí, don chuid is mó [...] níl cur chuige ann ó thaobh forbairt pobail i dtaobh na Gaeilge. Amharcann siad ar an Ghaeilge mar ábhar scoile* so *tá sé bainteach leis na Gaelscoileanna [...]. I dtaobh forbairt pobail, ní dóigh liom go bhfuil an tuiscint sin ann. Déarfainn nach bhfuil an tuiscint á iarraidh. Níl an t-aitheantas sin ann go bhfuil forbairt pobail ag tarlú agus go bhfuil sé ag tarlú trí Ghaeilge.*

Nuair a bunaíodh an stát nua ó dheas i 1922, nascadh an Ghaeilge leis an gcóras oideachais agus braitheadh go mór ar na scoileanna chun an Ghaeilge a athbheochan (Ó hÉallaithe, 2004: 159). Léiríonn torthaí an bhirt seo go bhfuil amhras mór ag baint leis an gcur chuige seo sa chaoi is nár éirigh leis méid suntasach cainteoirí laethúla Gaeilge a chruthú agus gan ach 4.2% de dhaonra na 26 Contae ina gcainteoirí laethúla Gaeilge (CSO, 2016: ar líne). Taispeánann an sampla seo nach

féidir leis an gcóras oideachais iompar teanga i bhfabhar na mionteanga a spreagadh taobh amuigh de gheataí na scoile agus go bhfuil iarrachtaí athneartaithe teanga taobh amuigh den institiúid sin ag teastáil chun cainteoirí gníomhacha a chruthú.

Feictear i gcás na nGaelscoileanna ó dheas go bhfuil cainteoirí T2 á gcruthú den chuid is mó sa chóras sin agus de réir Uí Eadhra, Rúnaí Ginearálta an Foras Pátrúnachta (An Foras Pátrúnachta, n.d.: ar líne), níl níos mó ná 3 faoin gcéad d'áiteanna i nGaelscoileanna á gcoinneáil do pháistí atá á dtógáil le Gaeilge (McMahon, 2017: ar líne), figiúr a léiríonn go bhfuil tromlach na ndaltaí a fhreastalaíonn ar Ghaelscoileanna á dtógáil le Béarla nó le teanga eile. Déanann Mac Síomóin tagairt don easpa Gaeilge a úsáidtear taobh amuigh de gheataí na nGaelscoileanna agus luann sé '[...] with few exceptions, the Gaelicisation of Gaelscoil pupils is seldom heard beyond the school gate, where the dominion of their comfort language, English, more often than not, immediately re-asserts itself (2020: 118).

Tá baol ar leith ag baint le spleáchas ar chóras oideachais na mionteanga chun bisiúlacht na mionteanga a chinntiú ó thaobh na pleanála teanga de. Cé go gcruthaíonn an córas cainteoirí T2, ní éiríonn leis i gcónaí úsáid na mionteanga a spreagadh taobh amuigh den scoil nó tuismitheoirí nua a chruthú a chuirfidh an teanga ar aghaidh go horgánach go dtí an chéad ghlúin eile. Tá an cás seo pléite ag Nettle & Romaine (2000: 187) ach feictear i gcás na hEabhraise go bhfuil féidearthachtaí ag baint leis an gcóras oideachais in athbheochan na mionteanga ach na cúinsí cearta a bheith ann (Ó Laoire, 1999: 224). Luann Fishman nach mór don scoil dul i bhfeidhm ar thuismitheoirí na ndaltaí a fhreastalaíonn ar scoil mhionteanga chun an sprioctheanga a úsáid sa bhaile nó caomhnófar í mar T2 ar feadh glúine eile (2001: 14).

Maítear sa tráchtas seo go bhfuil gá le forbairt pobail éifeachtach laistigh den phobal Gaelach chun an Ghaeilge a chothú mar theanga phobail agus go mbeifí ag tógáil ar iarrachtaí athneartaithe teanga an chórais oideachais dá mbeadh an cur chuige seo á chur i bhfeidhm. Tá gá chomh maith le clár feasachta teanga a fhorbairt do lucht na nGaelscoileanna chun pleanáil teanga éifeachtach a theagasc do nuachainteoirí na Gaeilge agus chun iarracht a dhéanamh timthriall na nGaelscoileanna in éagmais seachadadh na teanga sa bhaile a bhriseadh.

Maidir le maoiniú stáit, maíonn Mac Ionnrachtaigh nach bhfuil maoiniú díreach ar fáil don Ghaeilge ó thuaidh, ach amháin trí Fhoras na Gaeilge, agus táthar ag brath ar fhoinsí éagsúla chun míreanna oibre ar leith a chumhdaigh. Dar leis, tá cearta teanga ag teastáil don phobal Gaeilge chun aghaidh a thabhairt ar an gceist seo. Maidir le maoiniú, luann sé:

> ***Mac Ionnrachtaigh:*** *[…] ach gurb é an t-airgead atá muid ag fáil fríd Foras na Gaeilge do na hoifigigh fhorbartha Ghaeilge ó thuaidh, níl ann d'airgead ar bith ón stát. An t-aon airgead eile a d'fhéadfá a rá atá suntasach ar bhealach ar bith ná an t-airgead óige atá muid ag fáil ó bhí 2010 ann fríd an Údarás Oideachais agus sparánachtaí Líofa […]*
>
> ***Fusco:*** *Bhí Feargal ag rá faoin E.A., an tÚdarás Oideachais, a bhí ag cur airgid ar fáil fá choinne oifigigh óige a fhostú* but *ar ndóigh [...] bhí Líofa ann ag an DCAL, An Roinn Fóillíochta agus Ealaíne.* But *arís eile, bhí sin ag leibhéal stáit* but *bhí sin curtha ar bun ag duine amháin i bhfírinne.*
>
> ***Mac Ionnrachtaigh:*** *Is fostaí amháin ach go díreach an pointe a bhí Brónagh á dhéanamh, tá maoiniú stáit ann* but *tá sé ag plé leis an earnáil phobail agus dheonach trí mheán an Bhéarla. Níl aon aitheantas ann gur chóir go mbeadh maoiniú ann acu siúd atá ag cur na Gaeilge chun cinn nó go bhfuil obair fhorbartha na Gaeilge insa chuntas mar obair fhorbartha pobail féin* so *sin an cineál dúshlán mór atá amach romhainn chun sin a bhriseadh síos: airgead ealaíne a fháil fá choinne na ndaoine atá ag cur cúrsaí ealaíne chun cinn trí mheán na Gaeilge, airgead pobail a fháil agus eile agus eile. Tá cuid de sin ag athrú. Tá cultúrlann ann agus tá beagáinín airgead breise á fháil ó fhoinsí éagsúla* but *is mionairgead atá ann i bhfírinne.*

Déantar trácht anseo don Aire Fóillíochta agus Ealaíne, Carál Ní Chúilin, ball de Shinn Féin a bhí i bhfeidhm ar an Roinn seo ó 2011-2016. Chuir an tAire Pobail de chuid an DUP, Paul Givan, deireadh le Scéim Sparánachtaí Líofa ag deireadh 2016 (Dunbar, 2017: ar líne). Airíonn pobal na Gaeilge naimhdeas don Ghaeilge ó pholaiteoirí aontachtacha agus déanann Fusco tagairt don chás seo:

> ***Fusco:*** *Fiú trí chomhairle an phobail ansin ag leibhéal stáit agus go fóill níl soláthar trasna an bhoird ann i dtaobh obair pobail trí Ghaeilge agus bhí*

*muid ag caint ansin ar Líofa a bhí ag an Roinn Fóillíochta agus Ealaíne, nuair a ceapadh Aire úr, Aire aontachtach, an chéad rud a rinneadh ná gur baineadh airgead ó na sparánachtaí Gaeltachta* so *níl aon chosaint ar chor ar bith nó aon seasamh ag forbairt pobail ag leibhéal stáit.*

Luann Donnelly gurb é comhairle ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí an chomhairle ceantair is mó go tíreolaíoch sna Sé Chontae agus go dtiteann cúraimí na Gaeilge faoi chúrsaí trasphobail, cultúrtha nó ealaíne. Bhí oifigeach Gaeilge amháin fostaithe ag an gcomhairle don cheantar iomlán. Dar le Donnelly, tá easpa tuisceana ann ar chúrsaí teanga:

> ***Donnelly:*** *Ní raibh aon chaint ar fhorbairt pobail. Sílim go ndéantar* compartmentalisation *den Ghaeilge. Tá Foras na Gaeilge ann agus tá Foras na Gaeilge ag plé le forbairt pobail, na scéimeanna maoinithe, le cúrsaí óige, scéimeanna samhraidh, le cúrsaí oideachais go pointe, le féilte, le cúrsaí ealaíne, le hobair óige, le hachan cineál rud agus go minic mothaím go bhfuil easpa iomlán tuisceana ar an fhorbairt pobail atá i gceist seachas caitheamh aimsire.*

Fiafraíodh cén sórt meoin atá ag na húdaráis i dtaobh na Gaeilge agus, de réir Donnelly, díríonn an meon sin ar ranganna ach go ndéantar neamhaird ar rudaí straitéiseacha agus cumasú na ngrúpaí Gaeilge. Tá gá le dualgas oifigiúil a bheith ar na húdaráis áitiúla, de réir Uí Thiarnaigh, agus reachtaíocht chun an Ghaeilge a chothú:

> ***Ó Tiarnaigh:*** *[...] mura bhfuil dualgas oifigiúil ar na húdaráis áitiúla, níl siad a dhul a dhath ar bith a dhéanamh. Ní leor bá áitiúil, ní leor grá nó toil ón phobal. Ní mór don ghníomh údarásach sin ó na comhairlí áitiúla teacht ón bharr anuas agus tagann sin fríd reachtaíocht. Ag an phointe seo, an t-aon phíosa reachtaíochta atá againn, an t-aon ghníomh nó aon dualgais oifigiúla a leagan ar na comhairlí sin ná an Chairt Eorpach um Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh a dhaingnigh rialtas na Breataine thart fá 2001. Seachas sin, níl aon dualgas stáit i bhfeidhm anseo sna Sé Chontae. Fiú leis an Chairt Eorpach, níl aon dlí áitiúil ann chun a bheith cinnte go gcuirfear sin i bhfeidhm […] Rinneadh measúnú agus achan measúnú atá déanta [...] ag Comhairle na hEorpa maidir le cur i bhfeidhm na Cairte Eorpaí, deir siad*

> *go bhfuil ag teip iomlán, ní amháin ar Stormont, ach ar rialtas na Breataine agus ar na comhairlí áitiúla dualgais idirnáisiúnta s'acu a chomhlíonadh agus, a bheag nó a mhór, achan uair a thógtar cás chomh fada leis an ardchúirt nó ceann de na cúirteanna áitiúla, an rud a deir siad ná gan aon reachtaíocht údarásach nó gan aon reachtaíocht áitiúil, níl aon dualgas dlíthiúil orthu an Chairt Eorpach sin fiú a úsáid* so *níl ann ach píosa páipéir gan aon chumhacht intíre anseo más mian leat.*

Dar le Ó Tiarnaigh, ag leibhéal an stáit, baineann an Ghaeilge le dea-chaidreamh agus mar gheall air seo, tá srianta i bhfeidhm don Ghaeilge:

> ***Ó Tiarnaigh:*** *Fiú ag amharc ar struchtúir na gcomhairlí ceantair anseo ó thuaidh, [...] amharctar ar an Ghaeilge mar rud a bhaineann le dea-chaidreamh agus, mar a thuigeann muid ar fad, is rud é an dea-chaidreamh a cruthaíodh chun ceisteanna costaisí Gaeilge a choinneáil greamaithe i mbosca. I gcomhairle Lár Uladh atá ar cheann de na ceantair chomhairlí is údarásaí i dtaobh na Gaeilge, feictear air mar cheist fhorbartha phobail. Ach taobh amuigh de sin, is beag dul chun cinn atá déanta ar an ábhar sin. Má amharcann muid ar na comhairlí a ba chóir a bheith freagrach don Ghaeilge, 'sé sin na comhairlí a bhfuil tromlach Náisiúnach acu, Iúr Chinn Trá, Lár Uladh, Doire agus an Srath Bán, ceantar na hÓmaí agus Fhear Manach, is iadsan fosta na comhairlí a bhfuil straitéisí agus polasaithe Ultaise acu fosta mar go gcruthaítear sin mar fhrithéileamh chun bac a chur ar an Ghaeilge. Má dhéanann tú trasnú idir sin agus na comhairlí ceantair a bhfuil tromlach aontachtach acu dar ndóigh níl aon reachtaíocht Ghaeilge ann ach chuige sin fosta, níl aon reachtaíocht Ultaise acu mar an bhunlíne ansin ná níor mhaith leo é. Cruthaítear an t-éileamh sin ar bhealach saorga chun bac oifigiúil a chur ar an Ghaeilge in áiteanna ina bhfuil sí láidir agus úsáidtear í ar chineál comhleibhéal chun bhuel, níl muid a dhul deich bpunt a chaitheamh ar an Ghaeilge muna bhfuil muid a dhul deich bpunt a chaitheamh ar an Ultais.*

De réir Uí Thiarnaigh, caithfidh aon reachtaíocht i leith na Gaeilge a bheith neamhspleách ón Ultais nó ní éireoidh leis an reachtaíocht teanga sin:

> ***Ó Tiarnaigh:*** *Cé go bhfeiceann muid, a Ursula, obair mhaith ag tarlú i gceantair chomhairle, bíonn bac ar an fhorbairt sin mar gheall ar an Ultais agus na comhairlí nach bhfuil tromlach ann don Ghaeilge. Ní fheictear aon dul chun cinn ar chor ar bith mar níl aon tromlach ann ag iarraidh sin. Tá an cur chuige sin ar fad ag teacht salach ar an Chairt Eorpach. Tá an Ghaeilge cosanta fríd* Strand *a 3 agus tá an Ultais ceangailte faoi* Strand *a 2* so *fiú ag Comhairle na hEorpa agus na Cairteanna Eorpacha sin, aithnítear an difríocht idir an dá theanga i dtaobh forbartha, i dtaobh pobail, i dtaobh cur amach oideachasúil agus achan rud eile* so *níor chóir go gcaitear leo ar an bhealach céanna. Níor chóir go gcaitear leo leis an reachtaíocht chéanna nó leis an maoiniú céanna ach mar bhac measartha soiniciúil a chur ar fhorbairt pobail mar a aithnítear iad. Déantar an comhchosc sin a chur ar an dá rud. Sin an áit ina bhfuil muid. Sin an fáth go bhfuil an feachtas sin chomh lárnach sin agus go bhfuil an téarmaíocht sin* 'stand alone' *chomh tábhachtach sin i dtaobh na reachtaíochta. Is é an chomhairle a fuair muid ó na saineolaithe ar fad, bíodh siad sin insa Náisiúin Aontaithe nó i gComhairle na hEorpa ná gur gá d'aon reachtaíocht don Ghaeilge a bheith léi féin ar fad. Níor chóir gur féidir í a chomhcheangail idir aon phíosa reachtaíochta eile don Ultais nó déanfaidh sé an rud a rinneadh le fiche bliain anuas. Is ceangal saorga chun an dá rud a choinneáil gan forbairt ag leibhéal pobail.*

Mar atá luaite ag Ó Tiarnaigh, tá tacaíocht d'acht Gaeilge léirithe ar leibhéal idirnáisiúnta le glaonna ón gComhairle Eorpach (Meredith, 2018: ar líne) agus ón gCoiste um Chearta Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúrtha na Náisiúin Aontaithe (Na Náisiúin Aontaithe, 2016: ar líne) chun Acht Gaeilge a chur i bhfeidhm.

### 5.5 Conclúid

Sa chaibidil seo pléadh an t-eolas a fuarthas le linn an agallaimh ghrúpa a rinneadh mar chuid den taighde seo. Ar dtús, cuireadh eolas ar fáil maidir le cúlraí na rannpháirtithe agus an ról atá acu i bpobail éagsúla na Gaeilge agus pléadh na téamaí a bhaineann leis an gcuid seo den taighde. Rinneadh anailís ansin ar an eolas a bailíodh ó na rannpháirtithe i gcomhthéacs na litríochta cuí a bhaineann le hábhar. Léiríonn an taighde ón agallamh grúpa go bhfuil tuiscint láidir ann ar an tábhacht a bhaineann le cinneadh comhfhiosach a ghlacadh ó thaobh páistí a thógáil le Gaeilge

de agus leagtar béim ar ról na dtuismitheoirí sa tógáil le Gaeilge. Tá suntasacht tugtha d'fhearann an bhaile roimhe seo (Fishman 1989, 1991, 2001; Nettle & Romaine, 2000; Mac Donnacha, 2000; Grenoble & Whaley, 2006) agus léiríonn an t-agallamh seo an tuiscint go bhfuil tuilleadh feasachta le hardú ar bheartas tábhachtach an tseachadta idirghlúine. Tugtar aitheantas freisin do na tacaíochtaí atá ag teastáil chun clann a thógáil le Gaeilge agus na heasnaimh atá soiléir sa chás seo. Moltar do Ghaeilgeoirí dul i mbun tógála agus forbartha chun na tacaíochtaí seo a chur ar fáil agus aithnítear cur chuige na forbartha pobail sa mheon seo. Maítear go bhfuil easpa gréasán Gaeilge ann do thuismitheoirí atá ag tógáil clainne le Gaeilge agus go bhfuil easpa tacaíochtaí ann do lánúineacha atá ag súil le páiste agus aithnítear an gá le forbairtí sna cásanna seo. Tá bearna ollmhór le haireachtáil ó thaobh freastal ar phobal na Gaeilge sa chás seo de agus tá gá ann díriú isteach ar an ngrúpa tábhachtach seo.

Léirítear amhras faoi éifeachtacht na nGaelscoileanna chun dul i bhfeidhm ar dhaltaí agus iad a spreagadh chun clann a thógáil le Gaeilge sa todhchaí. Aithnítear áfach, go n-éiríonn leo dea-thaithí a thabhairt dá ndaltaí agus go gcinneann na daltaí seo ag aois thuismitheoireachta a gcuid páistí féin a chur tríd an gcóras Gaelscolaíochta. Tá dearcthaí dearfacha i leith na sprioctheanga aitheanta mar fhachtóir atá tábhachtach do chothú na mionteanga (UNESCO, 2003; Mac Donnacha, 2000; Fishman, 1991; Grenoble & Whaley, 2006). Taispeántar sa chás seo, áfach, go mbíonn timthriall i gceist le Gaelscoileanna le briseadh suntasach ann i saol an pháiste óig le linn tréimhse chriticiúla an tsealbhaithe teanga a phléann Montrul (2008). Bheadh ardú feasachta maidir le tábhacht sheachadadh idirghlúine na sprioctheanga tairbheach do thodhchaí na Gaeilge agus a seachadadh orgánach. Léirítear imní freisin maidir le Gaeilgeoirí a thógann a bpáistí le Béarla toisc nach bhfuil Gaeilge ag a bpáirtí agus aithnítear an gá atá ann feasacht a mhúscailt faoin gceist seo. Ní mór tuismitheoirí a spreagadh chun fiú an dátheangachas a chur chun cinn i dteaghlach le meascán teangacha. Taispeántar i gcás amháin sa taighde seo an deacracht atá ann nósanna teanga sa bhaile a athrú tar éis don pháiste dul in aois agus an gá atá ann an sprioctheanga a thabhairt isteach i saol an pháiste chomh luath agus is féidir.

I gcás Ghlór na Móna i mBéal Feirste, tá cur chuige ón mbarr anuas agus ón mbun aníos á gcur i bhfeidhm ag an eagraíocht. Leagtar béim láidir ar an gcur chuige ón mbun aníos agus ar ghlór an phobail i bplean agus fís na heagraíochta agus leagtar

béim ar leith ar chumhachtú agus ar fhorbairt an duine, gné atá pléite ag Meade *et al* (2016) i gcomhthéacs na forbartha pobail. Aithnítear go bhfuil próiseas fáis i gceist don duine tríd a bheith rannpháirteach a spreagann muinín sa duine sin, feiniméan a aithníonn Freire sa phróiseas cinnteoireachta (1970). Taispeántar an bhraistint chómhuintearais atá ag muintir Ghlór na Mona leis an bpobal áitiúil agus an caipiteal sóisialta atá tógtha ann chomh maith. Tá na buntáistí a bhaineann leis an gcaipiteal sóisialta pléite ag Putnam (2000) agus Franklin (2007). Díríonn Glór na Móna ar dhaoine nua agus daoine óga a mhealladh isteach sa ghrúpa chun a leanúnachas agus athghiniúint a chinntiú agus chun spleáchas ar na daoine céanna a sheachaint, fachtóir atá ríthábhachtach i gcomhthéacs na mbagairtí a luadh sna príomhagallaimh maidir le spleáchas ar na daoine céanna.

Taispeántar i gcás Phobal ar ‘n Iúl na deacrachtaí a thagann chun cinn nuair a bhíonn eagraíocht i mbéal a forbartha. Maítear sa chás seo go bhfuil meascán den chur chuige ón mbarr anuas agus ón mbun aníos in úsáid agus go n-oibríonn an cur chuige seo in amanna ach ní oibríonn in amanna eile. Mothaítear go bhfuil obair na heagraíochta ag brath ar na daoine céanna i gcónaí, cás atá ardaithe sna hagallaimh leis na príomhchás-staidéir freisin. Aithnítear sa chás seo go bhfuil an eagraíocht seo ag staid luath sa tógáil ach, go fadtéarmach, an éifeachtacht a bhainfeadh le pleanáil straitéiseach in athghiniúint an phobail Ghaeilge.

Taispeántar sna Sé Chontae an bhraistint atá ann go bhfuil naimhdeas ann ó pholaiteoirí aontachtacha agus na srianta a chuireann an meon seo i bhfeidhm d’fhorbairt phobail na Gaeilge ansin. Aithnítear an baol a bhaineann leis an gcás seo tríd an imeallú atá á dhéanamh ar phobal na Gaeilge agus an neamhaird a dhéantar ar chearta an duine. Feictear go nascann an stát sin an Ghaeilge le caitheamh aimsire agus cúrsaí oideachais agus nach bhfuil tuiscint níos leithne ann maidir leis an ngné phobail a bhaineann leis an sprioctheanga. Sa chomhthéacs sin, feictear an baol atá ann d’fhorbairt níos leithne an phobail Ghaeilge gan an chosaint chuí a bheadh i gceist le hacht teanga. Aithnítear, áfach, go bhfuil reachtaíocht nua tógtha isteach i mbliana agus nach mór éifeachtacht na reachtaíochta sin a mheas ag staid níos déanaí sa todhchaí.

Maítear go bhfuil na meáin shóisialta agus an ré dhigiteach ina láidreacht ag pobail chomhaimseartha na Gaeilge toisc go gcuireann siad deiseanna breise ar fáil do

phobal na Gaeilge a nascann le chéile iad sa bhaile nó thar lear. Is fachtóir é seo a chuimsíonn measúnú UNESCO maidir leis an tábhacht a bhaineann le Fachtóir 5: Freagra d'fhearann nua agus do na meáin chumarsáide (2003: 7-16) agus léirítear sa chás seo go bhfuil iarrachtaí phobal na Gaeilge rathúil ina leith.

Taispeántar i gcás Ghlór na Móna an ról a imríonn stair phobal na Gaeilge sa cheantar agus an láidreacht atá ann do phobail chomhaimseartha na Gaeilge in iarthar Bhéal Feirste sa chomhthéacs seo. Aithnítear an tógáil agus an fhorbairt a rinne muintir Bhóthar Seoighe agus cimí poblachtánacha ar son na Gaeilge agus tá luachanna agus seintimintí na ngníomhairí sin i leith na sprioctheanga glactha ag an gcéad ghlúin eile. Léirítear anseo dearcthaí dearfacha arís i leith na Gaeilge atá idirghlúineach. Feictear chomh maith go bhfuil bunús ag baint le háiteamh Fishman sa chás seo a mhaíonn go mbíonn an cion atá ag an duine ar theanga siombalach ar luachanna, dhaoine, idé-eolaíochtaí agus iompair (1989: 251) agus go nascann an pobal Gaeilge an sprioctheanga le siombailí atá luachmhar dóibh.

Airítear go bhfuil naisc agus ceangail ann idir na pobail Ghaeilge éagsúla i ngach áit agus go bhfuil meon comhoibritheach ina measc a chuidíonn le forbairt pobail na Gaeilge trí chéile. Taispeántar sa chás seo an caipiteal sóisialta atá láidir i measc na nGael, buntáiste atá pléite ag Putnam (2000) agus Franklin (2007). Maítear go bhfuil ceist na Gaeilge ina croí-cheist pholaitíochta don chéad uair riamh mar gheall ar an diúltú d'Acht na Gaeilge. Sa chás seo, feictear go bhfuil an chumhacht aistrithe ó na polaiteoirí ar ais chuig an bpobal agus go bhfuil glúin nua de dhíograiseoirí teanga díograiseach faoi chúrsaí teanga. Maítear freisin go bhfuil luachanna i dtaobh na Gaeilge cothaithe ag an nglúin seo i gcomhthéacs an fheachtais 'Acht' agus gur bhfuil an teanga ina ceist fhéiniúlachta. Tuairiscítear gur éirigh leis an bhfeachtas ar son Acht na Gaeilge an pobal Gaeilge ó thuaidh a tharraingt le chéile ar bhealach nach bhfacthas go dtí seo. Tá moltaí Alinsky le haireachtáil sa chás seo a ghlaonn ar dhaoine teacht le chéile chun eagraíocht a thógáil. Dar leis, caithfidh daoine teacht le chéile chun eagraíocht a thógáil má tá athruithe le tarlú (1971: 113) agus taispeántar sa chás seo, go híorónta, go bhfuil pobal na Gaeilge neartaithe go mór mar gheall ar an diúltú do chearta teanga.

Tá meon féinchumhachtaithe le haireachtáil maidir leis an aitheantas a bhaineann le féininbhuanaitheacht a bhaint amach do phobal na Gaeilge, fachtóir a chuirfeadh go

mór le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach na sprioctheanga. Tá fearainn á gcruthú ina bhfuil an Ghaeilge mar an *dominant acoustic* leis na Gaeil Óga agus Laochra Loch Laoi agus aithnítear go bhfuil gá le himeachtaí a eagrú do lucht na Gaeilge amháin chun srian a chur ar an mBéarla, beartas atá aitheanta ag Ó Curnáin mar ghníomh ríthábhachtach do bhisiúlacht na mionteanga. Feictear freisin go bhfuil gné idirghlúineach ag baint le foireann peile na nGael Óga agus gur féidir leanúnachas don phobal Gaeilge a fhorbairt sa chás seo. Molann Ó Curnáin (2009: 30) an comhar gréasán do phobal na Gaeilge, áit nach bhfuil tearmann tíreolaíoch ar fáil dóibh agus taispeánann taighde Milroy & Milroy (1985: 359) go bhfuil dlúthghréasáin ábalta a bheith ina mheicníocht a chuireann noirm i bhfeidhm. Is féidir le dlúthghréasáin srian a chur ar chumhachtaí seachtracha agus, mar sin, laghdú a dhéanamh ar thionchair sheachtracha chomh maith (Bauman, 2012: 14). Aithnítear gur frithghníomh a bheadh i gceist le dlúthghréasáin a chruthú don phobal iar-nua-aoiseach a phléann Delanty (2003) atá scaoilte, neamhbhuan agus teibí. D'fhéadfadh dlúthghréasáin Ghaeilge, áfach, srian a chur ar an mBéarla trí theorainneacha éifeachtacha a choinneáil leis an mórtheanga agus cúinsí fabhracha a chruthú don sprioctheanga. Airítear i gcás iarthar Bhéal Feirste agus nádúr an gheiteo a bhaineann leis (Ó hAdhmaill, 1990) go bhféadfadh iarrachtaí athneartaithe teanga sa chás seo a bheith éifeachtach. I gcás Bhéal Feirste áfach, tuairiscítear deacrachtaí sa chás seo sa chaoi is gur léiríodh drogall ó Ghaeilgeoirí scaradh ó mhórphobal an Bhéarla i gcomhthéacs ar leith, cás atá pléite ag Fishman (2001: 9). Feictear go bhfuil gá le pobal na Gaeilge a spreagadh sa chomhthéacs seo ar mhaithe le hiarrachtaí athneartaithe teanga a chinntiú.

Léiríonn an taighde na baic éagsúla atá ann d'fhorbairt pobail na Gaeilge. Taispeántar go dtagann deacrachtaí chun cinn nuair a bhíonn Gaeilgeoirí scaipthe óna chéile go tíreolaíoch agus an tionchar a imríonn an scaipeadh sin ar fhorbairt agus theacht ar sheirbhísí éagsúla. Gan dáileadh níos dlúithe de Ghaeilgeoirí a bheith ann, tá sé deacair seirbhísí a chruthú do lucht na Gaeilge atá cóngarach dóibh in áit ar leith. Léirítear sa chás seo na buntáistí a bhaineann le dlúthphobal teanga a bheith ann ó thaobh seirbhísí don phobal teanga a éascú. Tá na buntáistí a bhaineann le mais chriticiúil don mhionteanga pléite ag Fishman (1991: 398) agus Ó Tuathaigh (2008: 41). Pléitear an easpa forbartha i dtaobh lonnaíochtaí Gaeilge a thógáil mar bhagairt inmheánach agus meastar go gcuireann an easpa seo bac ar shaol a chaitheamh trí

Ghaeilge. Tá Gaelphobal áitiúil molta ag an iliomad acadúlaigh agus gníomhairí teanga (Ó Cadhain 1964, 1969, 2002; Fennell 1969a-e, 1980; Ó Sé 1966, 2000; Breathnach 1994; Mac Síomóin 2006, 2011; Ó Curnáin 2009) ach airítear go mbeadh an iomarca deacrachtaí lena leithéid de ghníomh mar gheall ar na fadhbanna praiticiúla a bhaineann le pobal intinniúil a thógáil, cás atá pléite ag Ó Snodaigh (agallamh le Ó Snodaigh, 2016, 2017) agus Ó Cuilinn (comhfhreagras pearsanta, 2015).

Feictear go bhfuil bagairt ann do sheachadadh idirghlúine na Gaeilge sa chaoi is go roghnaíonn Gaeil an Béarla dá bpáistí mar phríomhtheanga chumarsáide agus go mbeidh seo ina bhagairt thubaisteach do thodhchaí na Gaeilge. Maítear go bhfuil easpa feasachta ann ó thaobh thábhacht an tseachadta idirghlúine agus meastar go bhfuil spleáchas ar an nGaelscolaíocht chun an Ghaeilge a thabhairt don ghlúin óg. Tagann castachtaí chun cinn nuair nach mbíonn Gaeilge ag tuismitheoir amháin agus, sa chás seo, go mbeartaítear Béarla a labhairt mar theanga an tí. Is léir go bhfuil tuilleadh forbartha ar sheirbhísí do thuismitheoirí nua ag teastáil chun tacú leis an seachadadh idirghlúine. Tá ríthábhacht le seachadadh idirghlúine na sprioctheanga, cás atá pléite ag Fishman (2001: 458), Grenoble & Whaley (2006: 6) agus Mac Donnacha (2000: 20), agus an gníomh seo molta mar an phríomhsprioc in aon iarrachtaí athneartaithe teanga mar sin ní mór feasacht ar an ngníomh seo a ardú agus dioscúrsa a spreagadh ina leith chomh maith.

Mothaítear go bhfuil deacrachtaí ann páistí a thógáil le Gaeilge i dtimpeallacht Bhéarla agus mar gheall ar an easpa Gaeilge atá ag baill an teaghlaigh níos leithne. Léirítear imní maidir leis an gceangal a dhéanfaidh an páiste leis an mórtheanga nuair a chloiseann sé an mháthair ag labhairt as Béarla le daoine eile, nasc atá pléite ag Webb maidir le stádas an Bhéarla (2002: 10). Léirítear imní maidir le páistí a bhfuil an Ghaeilge acu mar T1 ag idirghníomhú le páistí a bhfuil an Béarla acu mar T1 agus tuairiscítear i gcás amháin gur iompaigh páiste ar an mBéarla nuair a thosaigh sé sa naíonra le Béarlóirí T1. Tá an cás seo feicthe sa Ghaeltacht agus déantar tagairt dó san SCT (Ó Giollagáin *et al*, 2007a: 452). Ardaíonn an fhadhb seo ceisteanna maidir leis na riachtanais atá ag cainteoirí Gaeilge T1 agus na féidearthachtaí atá ann chun sruthanna oideachais ar leith a chruthú dóibh.

Airítear go bhfuil easpa físe agus féiniúlachta ann i leith na Gaeilge ag teacht amach as na Gaelscoileanna ó dheas, rud atá láidir ó thuaidh. Bheadh siombailí luachmhara a nascadh leis an nGaeilge tairbheach sa chás seo, mar atá feicthe i mBéal Feirste. Is léir go bhfuil dioscúrsa níos mó ag teastáil ar an gceist seo maidir leis na féidearthachtaí a bhaineann leis an gcóras Gaelscolaíochta chun pobail Ghaeilge a chruthú agus a chothú amach anseo chomh maith.

Airítear go bhfuil easpa acmhainní, maoinithe agus rannpháirtíochta ó phobal na Gaeilge ina laigí a bhaineann le pobail na Gaeilge inniu. Tá deacrachtaí ann Gaeil a spreagadh chun tacú le fiontair a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus teipeann ar fhiontair ar leith mar gheall ar an easpa tacaíochta seo. Airítear, áfach, an caipiteal sóisialta láidir atá le haireachtáil taobh istigh de phobal na Gaeilge agus na féidearthachtaí a chuireann an caipiteal seo ar fáil don phobal sa chomhthéacs seo.

Taispeánann easnaimh sa chóras Gaelscolaíochta an bac a chuirtear ar leanúnachas foghlamtha na Gaeilge i gcás Phobal ar ‘n Iúl agus aithnítear an bhagairt atá ann go gcaillfear Gaeilgeoirí óga mar gheall ar seo. Airítear go mbíonn scriosdó ina fhadhb dóibh siúd atá gníomhach i saol na Gaeilge agus go gcruthaíonn an fhadhb seo bac ó thaobh forbartha de. Meastar nach bhfuil rannpháirtíocht láidir ann ón bpobal i gcásanna áirithe agus go bhfuil gá le haghaidh a thabhairt ar athghiniúint na hearnála Gaeilge chun a chinntiú go bhfuil an ghlúin nua ag teacht in áit na seanghlúine. Meastar go bhfuil easpa tacaíochta airgeadais ón stát agus go gcuireann an cás seo bac ar fhorbairt na n-eagraíochtaí agus, mar sin, ar fhorbairt na bpobal Gaeilge. Léirítear sa chás seo na buntáistí a bhaineann le pleanáil d’inbhuanaitheacht i gcomhthéacs féinchothabhálach agus pleanála fadtéarmaí straitéisí. Tá tuilleadh forbartha ar shaineolas i réimsí ar leith d’earnáil na Gaeilge aitheanta freisin ach aithnítear fós féin go bhfuil an earnáil seo sách óg i gcomparáid le hearnáil an Bhéarla.

Aithnítear gur bagairt sheachtrach é ceist an domhandaithe agus an nualiobrálachais agus an easpa tábhachta a thugtar do mhionteangacha sa chomhthéacs seo. Meastar go bhféadfadh, áfach, buntáistí a bheith ag baint leis an staid seo agus go bhféadfaí cúrsaí féiniúlachta a úsáid mar ghléas chun daoine a thógáil le chéile agus cúinsí fabhracha a chruthú don mhionteanga. Pléann Fishman (2001: 6) domhandú an

chultúir Pan-Iartharach agus an gá le diultú do na cumhachtaí is láidre atá ann inniu chun mionteanga a chosaint.

Áitítear go bhfuil easpa tuisceana ann sa phobal maidir leis an mian atá ag Gaeilgeoirí saol a chaitheamh trí Ghaeilge. Chomh maith leis sin, maítear nach ndéantar nasc idir an Ghaeilge agus féiniúlacht na hÉireann agus go bhféachtar ar an nGaeilge mar chaitheamh aimsire i roinnt cásanna. Tá an easpa ceangail idir féiniúlacht an duine agus an mhionteanga pléite ag May (2003: 97) agus an dúshlán atá ann dóibh siúd a thacaíonn le cearta do mhionteangacha. Feictear anseo arís an buntáiste a bhaineann le luach siombalach a bheith ag sprioctheanga. Maítear i gcás Phobal ar ‘n Iúl go nascann daoine an teanga leis an bpoblachtánachas sa phobal sin agus go bhfuil meon i bhfeidhm i dtaobh na Gaeilge ag an móramh Béarla a thugann stádas níos airde don mhórtheanga. I gcás na nGael Óga, tá bagairt ann go gcaillfí daoine nuair a shroicheann siad aois ar leith agus iad ró-aosta don spórt agus go gcaithfear spás a aimsiú don aoisghrúpa seo chun iad a choinneáil.

Tá an diúltú d’Acht na Gaeilge ina bhac don phobal Gaeilge sna Sé Chontae. Tuairiscítear go bhfuil cearta ar leith ag baint leis an nGaeloideachas ó thuaidh ach tá doiléire ag baint leis na cearta sin agus tá an fhéidearthacht ann go bhféadfaí mí-leas a bhaint as an bpolasaí atá ann faoi láthair. Tá gá le soiléiriú ar an reachtaíocht agus go mbainfear ar shiúl ón Aire an léamh pearsanta a d’fhéadfadh a bheith aige/aici. Aithníonn Fachtóir 7 de mheasúnú UNESCO ar bheogacht teanga gurb é tacaíocht chothrom stáit don mhionteanga an staid is fabhraí don teanga (2003: 13).

# Caibidil 6: Anailís ar an eolas ón gCeistneoir

## 6.1 Réamhrá

Léirítear sa chaibidil seo na torthaí a bailíodh ón gceistneoir a dáileadh ar na ceithre phobal atá mar phríomhchás-staidéir don taighde seo. Tugtar eolas ar dtús maidir le próifíl dhéimeagrafach na bhfreagróirí agus ansin pléitear a gcuid cúlraí teanga, a n-úsáid teanga leis an teaghlach, lena bpáistí, lena ngrúpaí sóisialta, sa phobal ina gcónaíonn siad agus leis na meáin. Pléitear chomh maith dearcthaí na bhfreagróirí i leith na Gaeilge. Sa chonclúid, pléitear torthaí an cheistneora i gcomhthéacs na litríochta ábhartha.

Baineadh úsáid as an bpacáiste bogearraí, IBM SPSS (Statistical Package for the Social Sciences) chun anailís a dhéanamh ar staitisticí an cheistneora. San iomlán, fuarthas 176 ceistneoir ar ais agus bhí trí cheistneoir neamhbhailí. I gcás ceistneoir amháin, níor líonadh isteach ach an chéad cheist agus, i gcás an dara ceann, níor luadh an pobal. Is ceist lárnach é an cheist sin don taighde seo a bhfuil spleáchas ag torthaí an taighde uirthi mar sin ní fhéadfaí glacadh leis an gceistneoir sin. Sa tríú cás, ba léir gur líon freagróir amháin an ceistneoir isteach faoi dhó mar sin, baineadh torthaí an cheistneora sin ón taighde. Pléitear mar sin, le 173 ceistneoir don taighde seo, 36 (20.8%) dóibh siúd ag teacht ó Nua-Ghaeltacht Bhóthar Seoighe, 56 (32.3%) ó Ghaeltacht Ráth Chairn, 25 (14.4%) ó Líonra Gaeilge Chluain Dolcáin agus 56 (32.3%) ó Líonra Gaeilge Charn Tóchair.

Baintear úsáid as giorrúcháin sa chaibidil seo chun na pobail faoi scrúdú anseo a aithint:


BS: Bóthar Seoighe
RC: Ráth Chairn
CD: Cluain Dolcáin
CT: Carn Tóchair

## 6.2 Próifíl na bhfreagróirí

### 6.2.1 Inscne


San iomlán, is mná iad 56% d'fhreagróirí an cheistneora, 43.3% fir agus duine amháin, nó 1%, nár luaigh inscne. Feictear i mbeagnach gach cás gur mná iad a líon

isteach an ceistneoir den chuid is mó, ach amháin i gcás BS. Léiríonn torthaí an cheistneora gur fir iad beagnach 64% a líon isteach an ceistneoir ón phobal sin i gcomparáid le 36% mná. I gcás RC, léiríonn na torthaí go raibh beagáinín níos mó ná 30% fir ann, 67.85% mná agus duine amháin nár luaigh inscne. Maidir le CD bhí 40% fir ann agus 60% mná agus, i gcás CT, 44.64 % fir agus 55.35% mná.




*Léaráid 5: Inscne na bhfreagróirí de réir pobail*

### 6.2.2 Aoisghrúpaí




*Léaráid 6: Aoisghrúpaí na bhfreagróirí de réir pobail*

Léiríonn figiúirí an cheistneora gurb iad na haoisghrúpaí 25-34 (24.8% san iomlán) agus 35-44 (24.8% san iomlán) an dá ghrúpa is líonmhaire i ngach cás, ach amháin i CT, áit a bhfeictear dáileadh níos cothroime sna haoisghrúpaí ar fad, seachas an grúpa 65+. Airítear easnamh sna ceistneoirí a fuarthas ar ais ó BS agus ó CD i gcás

an aoisghrúpa 18-24 agus, maidir leis an aoisghrúpa 65+, is líon beag freagróirí a bhaineann leis an ngrúpa sin i gcás BS agus gan freagróir ar bith i CD.

### 6.2.3 Sórt ceantair


Chun eolas a fháil maidir leis an gcineál ceantair ina gcónaíonn na freagróirí, lorgaíodh eolas maidir le tíreolaíocht cheantair na bhfreagróirí. Sna ceantair thuaithe mar shampla, aithnítear go bhfuil sráidbhailte lonnaithe iontu chomh maith le ceantair thuaithe ina bhfuil an daonra scaipthe. Meastar go léireoidh an ceistneoir comhdhéanamh an cheantair chónaithe a bhaineann leis na freagróirí trí na freagraí a fuarthas ón gceist seo.

Mar a bheifí ag súil, thuairiscigh freagróirí BS (91.6%) agus CD (96%) den chuid is mó go gcónaíonn siad i gceantar uirbeach faoi thiús daoine le duine amháin i gcás an dá phobal sin a luaigh go bhfuil cónaí orthu i gceantar tuaithe faoi thiús daoine. Luaigh beirt ó BS go gcónaíonn siad i gceantar tuaithe faoi líon beag daoine agus, cé nach n-airítear Baile Andarsan mar cheantar den chineál seo, tá an pobal seo lonnaithe ar imeall chathair Bhéal Feirste cóngarach don Sliabh Dubh agus meastar go ndearnadh an comhcheangal seo mar gheall air sin. Chomh maith leis sin, thuairiscigh triúr ón phobal seo go bhfuil cónaí orthu taobh amuigh den phobal anois, beirt i Sasana agus duine eile san Iorua.

I gcás RC agus CT, thuairiscigh tromlach na bhfreagróirí, 67.85% agus 66% faoi seach, go bhfuil cónaí orthu i gceantar tuaithe faoi líon beag daoine. Luaigh 25% d'fhreagróirí RC go bhfuil cónaí orthu i gceantar tuaithe faoi thiús daoine agus 7% i gceantar uirbeach faoi thiús daoine agus, cé nach ceantar uirbeach é RC, meastar go bhfuil cónaí ar an dá ghrúpa seo i sráidbhaile an phobail nó go bhfuil seans ann go gcónaíonn na freagróirí uirbeacha taobh amuigh den phobal féin.

Luaigh 30% d'fhreagróirí CT go bhfuil cónaí orthu i gceantar tuaithe faoi thiús daoine agus duine amháin go gcónaíonn sí i gceantar uirbeach faoi thiús daoine. Mar an gcéanna le RC, glactar leis go bhfuil cónaí ar an bhfreagróir seo i sráidbhaile an phobail nó lasmuigh den phobal féin.


### 6.2.4 Stádas pósta




*Léaráid 7: Stádas pósta na bhfreagróirí de réir pobail*

Léiríonn torthaí an cheistneora gurb é an grúpa atá pósta nó in aontíos le páirtí an grúpa is líonmhaire i ngach pobal agus an grúpa singil an dara grúpa is líonmhaire. I bpobal BS baineann an grúpa pósta nó atá in aontíos le páirtí le 69.4% den phobal, le 57% de phobal RC, le 76% de phobal CD agus le beagnach 59% de phobal CT. Taispeánann na torthaí go mbaineann 19.4% d'fhreagróirí BS, beagnach 34% d'fhreagróirí RC, 24% d'fhreagróirí CD agus 30.3% d'fhreagróirí CT leis an ngrúpa singil. Airítear i gcás CT go mbaineann beagnach 18% d'fhreagróirí an phobail leis an aoisghrúpa 18-24 agus 16% i gcás RC, agus go bhfuil an t-aoisghrúpa sin níos líonmhaire sna pobail sin i gcomparáid leis na pobail eile. Meastar sa chás seo mar sin, go n-imríonn méid an aoisghrúpa 18-24 tionchar ar líon na ndaoine singil sna pobail chuí.


### 6.2.5 Leibhéal oideachais




*Léaráid 8: Leibhéal oideachais is airde na bhfreagróirí de réir pobail*

Taispeánann an taighde maidir leis an leibhéal oideachais is airde atá bainte amach ag na freagróirí go bhfuil ardoideachas le haireachtáil i ngach cás, go háirithe le BS agus CT, áit a dtuairiscítear go bhfuil beagnach 89% agus 87.5% d'fhreagróirí faoi seach a bhfuil céim ollscoile nó níos airde bainte amach acu. Léirítear go bhfuil 48% d'fhreagróirí RC agus 72% d'fhreagróirí CD sa chatagóir chéanna. I ngach pobal tá líon beag freagróirí nár chríochnaigh an mheánscoil: BS le 2.7%, RC le 14.2%, CD le 4% agus CT le 1.7%.

### 6.2.6 Stádas fostaíochta




*Léaráid 9: Stádas fostaíochta na bhfreagróirí de réir pobail*

Léirítear i gcás gach pobal gurb iad na freagróirí atá ag obair go lánaimseartha an grúpa is líonmhaire agus na freagróirí atá ag obair go páirtaimseartha an dara grúpa is líonmhaire. Tá fíorbheagán freagróirí nach bhfuil ag obair, le níos lú ná cúigear luaite i ngach cás a bheith dífhostaithe, tinn nó míchumasach, nó ar scor ón obair. Roghnaigh ceathrar 'eile' agus iad ag freagairt na ceiste seo agus sonraítear na freagraí seo a leanas:

BS:

- Ar saoire mháithreachais ó phost lánaimseartha
- Ceoltóir

RC:

- I am a (Baptist) religious minister from America. I am financially supported by churches in America.

CT:

- Ag ionadaí mar mhúinteoir

### 6.2.7 Gairm bheatha

Lorgaíodh eolas ó na freagróirí maidir leis an ngairm bheatha atá acu nó a bhí acu agus liostaítear thíos na freagraí a fuarthas ó na pobail ar fad:

| Gairmeacha beatha | | |
|---|---|---|
| **Bóthar Seoighe** | Múinteoir staire<br>Múinteoir scoile i Sasain<br>Scannánóir<br>Banaltra chardaíoch<br>Decision maker. Civil service<br>Bainisteoir Abhcóideachta<br>Ollamh<br>Bainisteoir<br>E01<br>Industrial Relations Practitioner<br>Ollamh Litríochta<br>Oifigeach Forbartha Gaeilge<br>teicneoir ealaíona<br>Bainisteoir<br>Múinteoir<br>Aistritheoir | Stiurthóir eagraíochta<br>Múinteoir cothaithe i nGaelscoil<br>Múinteoir<br>Leabharlannaí<br>Cúntóir riachtanais speisialta<br>Múinteoir agus ceoltóir<br>Múinteoir meánscoile<br>Assistant Youth Support Worker<br>Electrician<br>Múinteoir<br>Múinteoir<br>Múinteoir<br>Scríbhneoir<br>Leas príomhoide meánscoile<br>Cúntóir ranga<br>Príomhoide |
| **Ráth Chairn** | Múinteoir páirtaimseartha<br>Pluiméir<br>Ag obair i Tesco<br>Múinteoir meánscoile<br>Múinteoir<br>Maor / Príomh-Stiúrthóir<br>Naíonra<br>Nurse<br>Director<br>Múinteoir Meánscoile<br>Montessori múinteoir<br>Múinteoir<br>Call Operator<br>Allied Health Professional<br>Montessori teacher | Eagraí Imeachtaí Gaeilge<br>Civil Servant<br>Múinteoir scoile<br>Oifigeach Forbartha<br>Delivery van driver<br>Religious Minister<br>Stiúrthóir agus Oideathóir na luath bhlianta<br>Múinteoir<br>Veterinary Surgeon<br>rúnaí<br>Senior Credit Control Manager<br>Múinteoir<br>Múinteoir<br>Tour guide |

| | | |
|---|---|---|
| | Múinteoir<br>teagascóir ollscoile<br>Fear beáir<br>Development Officer with Catholic Youth Care in Dublin<br>Office administrator<br>Bainistíocht<br>Teagascóir ollscoile<br>Oibrí cúram leanaí. Déanaim obair in oifig freisin | Bainisteoir<br>Comhairleoir Pleanála Teanga<br>Múinteoir<br>Rúnaí<br>Rúnaíocht<br>Bean Tí le scoláirí samhraidh<br>Tógálaí |
| **Cluain Dolcáin** | Staraí<br>Stiúrthóir<br>Múinteoir bunscoile<br>Education welfare officer<br>Iriseoir<br>Feidhmeannach cumarsáide<br>Oifigeach Sinsearach Forbartha & Polasaí<br>Príomhoide<br>Innealtóir teileachumarsáide<br>Product manager<br>Príomhfheidhmeannach<br>Centre coordinator<br>Civil Servant in Revenue | Múinteoir<br>Múinteoir<br>Carer<br>Manager<br>Ceannasaí Cumarsáide agus Gnóthaí Poiblí<br>Ardoifigeach feidhmiúcháin<br>Altra<br>Studying for professional masters in primary education<br>Príomhoide Tánaisteach<br>Commissioners |
| **Carn Tóchair** | Teicneoir<br>Oibrí tacaíochta<br>Breastfeeding counsellor<br>Eagarthóir Foclóireachta<br>Bainisteoir oifige<br>Cúntóir ranga<br>Oifigeach Óige Gaeilge<br>Múinteoir<br>Léachtóir Ollscoile<br>Cúntóir Ranga<br>Stiúrthóir Airgeadais<br>Oifigeach Forbartha Gaeilge<br>Stiúrthóir Naíscoile<br>Data analyst<br>Múinteoir bunscoile<br>Website & Social Media Administrator<br>Mental health nurse<br>Paediatric nurse | Banaltra<br>Cúntóir ranga<br>Software engineer<br>Local government officer<br>Civil servant<br>bainisteoir<br>Nurse Specialist<br>Chief Executive<br>Teacher at first, then civil servant.<br>Secondary school teacher of French and English<br>Nurse<br>Léiritheoir teilifíse<br>Student Support<br>Bar person/waitress (full time during summer but normally only weekends throughout the year) |


| | | |
|---|---|---|
| | Cúntóir ranga<br>Stiúrthóir Airgidis<br>Máthair<br>Eagarthóir príomhfheidhmeannach<br>Riarthóir bunachar sonraí.<br>Oifigeach Forbartha Gaeilge<br>Co run own business<br>Múinteoir<br>Múinteoir | Is innealtóir mé<br>Is cúntóir scoile mé ar Ghaelscoil na gCrann ar an Ómaigh<br>Teicneolaí saotharlainne / Biomedical Scientist<br>Scon unity Worker<br>Lecturer in Electrical Engineering<br>Múinteoir<br>Múinteoir<br>Coslia/Podiatrist - Band 5 NHS<br>Is léachtóir innealtóireachta mé.<br>Múinteoir |

*Tábla 4: Gairmeacha beatha na bhfreagróirí de réir pobail*

San iomlán, d'fhreagair 149 duine an cheist seo nó 86% den sampla iomlán. Léiríonn an t-eolas a fuarthas maidir leis an gceist seo go bhfuil 59 freagróir ann ar a laghad atá ag obair san earnáil oideachais, is é sin beagnach 40% den sampla iomlán a d'fhreagair an cheist seo. I gcás BS, tuairiscítear go n-oibríonn 50% de na freagróirí a d'fhreagair an cheist seo in earnáil an oideachais agus beagnach 40% d'fhreagróirí RC. Tá líon níos lú i gceist le CD agus CT i dtaobh na ceiste seo, is iad sin 32% agus 36.5% faoi seach, ach fós féin, léiríonn na torthaí go bhfuil beagnach aon trian ar a laghad ag obair san earnáil seo.

## 6.3 Cúlra Teanga na bhfreagróirí

### 6.3.1 Cúlra Teanga




*Léaráid 10: Cúlra teanga na bhfreagróirí de réir pobail*


Lorgaíodh eolas sa cheistneoir maidir le cúlra teanga na bhfreagróirí agus airítear gurb é an grúpa is líonmhaire ná na freagróirí a tógadh le Béarla agus a d'fhoghlaim an Ghaeilge lasmuigh den teaghlach agus atá líofa sa Ghaeilge. Sa chás seo tuairiscíonn 39.7% dóibh siúd a d'fhreagair an cheist seo go mbaineann siad leis an ngrúpa seo. Is é an dara grúpa is líonmhaire ná na freagróirí a tógadh le meascán de Ghaeilge agus de Bhéarla, le 18.6% d'fhreagróirí na ceiste seo ag roghnú na catagóire seo. Feictear go mbaineann an líon is mó d'fhreagróirí a tógadh le Gaeilge le BS agus RC.

I gcás BS, tuairiscítear gur tógadh beagnach leath de na freagróirí le Béarla agus gur fhoghlaim siad an Ghaeilge lasmuigh den teaghlach agus go bhfuil siad líofa sa Ghaeilge. Léiríonn an t-eolas seo go bhfuil líon na bhfreagróirí a tógadh le leibhéal éigin Gaeilge beagnach ar chomhchéim le líon na ndaoine a tógadh le Béarla agus a fuair an Ghaeilge lasmuigh den teaghlach. Tá dóchúlacht ann gurb é an grúpa a tógadh le Béarla chéad lonnaitheoirí an phobail nó na chéad tuismitheoirí agus gurb é an grúpa a tógadh le Gaeilge an ghlúin a tógadh sa phobal.

Maidir le RC, airítear gurb é an grúpa is líonmhaire ná an grúpa a tógadh le Gaeilge ag 26.7% agus, má chuirtear na freagróirí a tógadh le meascán de Ghaeilge agus de Bhéarla san áireamh, go méadaíonn an figiúr seo go 51.7% de na freagróirí iomlána. I gcás CD, baineann an grúpa is líonmhaire leis an ngrúpa a tógadh le Béarla agus a d'fhoghlaim an Ghaeilge lasmuigh den teaghlach ach atá líofa sa Ghaeilge le 52% ag roghnú an chúlra seo. Níor tógadh freagróir ar bith ón phobal seo le Gaeilge amháin ach thuairiscigh 20% gur tógadh le meascán de Ghaeilge agus de Bhéarla iad.

Maidir le CT, tá torthaí cosúla le feiceáil le 41% ag maíomh gur tógadh le Béarla iad agus gur fhoghlaim siad an Ghaeilge lasmuigh den teaghlach agus go bhfuil siad líofa sa Ghaeilge. An dara grúpa is líonmhaire sa phobal seo ná an grúpa a tógadh le Béarla agus a d'fhoghlaim an Ghaeilge lasmuigh den teaghlach agus a bhfuil roinnt Gaeilge acu le 26.7% ag roghnú an chúlra seo. Tógadh beagnach 18% le leibhéal éigin Gaeilge agus tá cúigear ag foghlaim Gaeilge faoi láthair.

### 6.3.2 Cumas sa Ghaeilge




*Léaráid 11: Cumas Gaeilge na bhfreagróirí de réir pobail*

Taispeánann na torthaí ón gceist maidir le cumas sa Ghaeilge go dtuairiscítear Bóthar Seoighe mar an pobal is láidre ó thaobh cumas sa Ghaeilge de le 83.3% d'fhreagróirí ag maíomh go bhfuil siad líofa sa Ghaeilge. I gcás RC, tuairiscíonn 64% d'fhreagróirí an phobail sin go bhfuil líofacht sa Ghaeilge acu agus 53.5% ó CT ag freagairt don cheist chéanna. Maíonn 64% d'fhreagróirí CD go bhfuil líofacht sa sprioctheanga acu. Má chuirtear na freagróirí a bhfuil Ghaeilge mhaith acu san áireamh, ardaíonn na figiúirí sin go dtí 86%, 73.2%, 80% agus 71.4% i bpobail BS,

RC, CD agus CT faoi seach. Toisc go bhfuil an ceistneoir dírithe ar phobal na Gaeilge sna pobail seo agus gur sonraíodh é seo go soiléir sa cheistneoir agus do na rannpháirtithe a chabhraigh le dáileadh na gceistneoirí, ní ábhar iontais é go bhfuil ardchumas nó cumas maith sa Ghaeilge á thuairisciú ag na freagróirí.

| Aoisghrúpa | Gaeilge líofa | Gaeilge mhaith |
|---|---|---|
| 18-24 | 84.2% | 15.7% |
| 25-34 | 80.9% | 11.9% |
| 35-44 | 55.8% | 9.3% |
| 45-54 | 60.7% | 17.8% |
| 55-64 | 58.3% | 12.5% |
| 65+ | 50% | 0% |

*Tábla 5: Cainteoirí líofa na Gaeilge de réir aoisghrúpa*

Léiríonn an taighde gurb iad an dá aoisghrúpa is óige a thuairiscíonn cumas níos fearr sa Ghaeilge. Taispeánann an taighde gur tógadh 57.9% den aoisghrúpa 18-24 agus 35.7% den aoisghrúpa 25-34 le Gaeilge nó le meascán de Ghaeilge agus de Bhéarla. Chomh maith leis sin, léirítear go bhfuil cohórt suntasach, 36.8% i gcás an aoisghrúpa 18-24 agus 50% i gcás an aoisghrúpa 25-34, a d'fhoghlaim an Ghaeilge lasmuigh den teaghlach agus atá líofa anois. D'fhéadfaí a hipitéis a thabhairt sa chás seo mar sin, go gcuireann an fás i líon na nGaelscoileanna le daichead bliain anuas (Ó Duibhir *et al*, 2017: 1) le hardchumas na n-aoisghrúpaí is óige sa Ghaeilge i gcomparáid leis na haoisghrúpaí níos sine.

### 6.3.3 Cumas sa Bhéarla


| | BS | RC | CD | CT | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| **Béarla Líofa** | 33 | 49 | 25 | 51 | 158 |
| **Béarla maith** | 1 | 6 | 0 | 2 | 9 |
| **Béarla measartha** | 0 | 1 | 0 | 1 | 2 |
| **Gan freagra** | 2 | 0 | 0 | 2 | 4 |
| **Iomlán** | 36 | 56 | 25 | 56 | 173 |

*Tábla 6: Cumas Béarla na bhfreagróirí de réir pobail*

Mar a bheifí ag súil, tuairiscítear i ngach cás don chuid is mó go bhfuil ardchumas nó cumas maith sa Bhéarla ag freagróirí an cheistneora le 91.3% ag maíomh go bhfuil

Béarla líofa acu agus 5.2% ag maíomh go bhfuil Béarla maith acu. Ní áirítear ach beirt a bhfuil Béarla measartha acu agus bhí ceathrar ann nár fhreagair an cheist.

### 6.3.4 Teangacha laethúla




*Léaráid 12: Úsáid laethúil teangacha de réir pobail*

Léiríonn na figiúirí maidir le húsáid laethúil teangacha go bhfuil an dá phobal thíreolaíocha, BS agus RC, níos láidre i dtaobh úsáid laethúil na Gaeilge le 33.3% agus 32% d'fhreagróirí faoi seach ag maíomh go n-úsáideann siad Gaeilge amháin nó den chuid is mó ar bhonn laethúil. Maidir leis na Líonraí Gaeilge, taispeántar nach bhfuil aon fhreagróir a úsáideann an Ghaeilge amháin go laethúil ach go bhfuil 16% d'fhreagróirí CD agus beagnach 18% d'fhreagróirí CT a úsáideann í den chuid is mó le beagáinín Béarla go laethúil.

Taispeántar i gcásanna RC agus CT gurb é an grúpa a roghnaigh 'Béarla den chuid is mó le beagáinín Gaeilge' an grúpa is líonmhaire le 25% agus beagnach 43% faoi seach á roghnú. I gcás CD, luaigh 36% d'fhreagróirí go n-úsáideann siad Gaeilge agus Béarla 50/50 ar bhonn laethúil agus thuairiscigh an céatadán céanna go n-úsáideann siad Béarla den chuid is mó le beagáinín Gaeilge. Airítear i ngach cás go bhfuil mionlach ann a úsáideann Béarla amháin.

Léiríonn an taighde seo go bhfuil nasc ann idir cumas sa teanga agus úsáid laethúil na teanga le beagnach 48% dóibh siúd a thuairiscíonn go bhfuil Gaeilge líofa acu ag lua go n-úsáideann siad Gaeilge agus Béarla 50/50/Gaeilge den chuid is mó/Gaeilge amháin ar bhonn laethúil. Má chuirtear na freagróirí le Gaeilge mhaith san áireamh, ardaíonn an figiúr seo go 52%. Maidir leo siúd a bhfuil Gaeilge mheasartha nó

beagán Gaeilge acu, taispeántar go n-úsáideann 63.6% den ghrúpa sin Béarla don chuid is mó le beagáinín Gaeilge go laethúil agus 27% dóibh Béarla amháin.

Taispeánann na torthaí go n-imríonn cúlra teanga an fhreagróra tionchar ar úsáid na Gaeilge chomh maith. Léirítear gurb é an grúpa a tógadh le Gaeilge an grúpa is láidre sa chás seo le 70.3% de na freagróirí seo ag maíomh go n-úsáideann siad Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó le beagáinín Béarla ar bhonn laethúil. Roghnaigh 30% den ghrúpa a tógadh le meascán de Ghaeilge agus de Bhéarla na catagóirí seo agus 23.4% dóibh siúd a tógadh le Béarla agus a d'fhoghlaim an Ghaeilge lasmuigh den teaghlach ach atá líofa anois na catagóirí céanna.

Ó thaobh inscne de, léirítear go n-úsáideann 28.8% de mhná Gaeilge amháin nó den chuid is mó ar bhonn laethúil agus 26.8% Gaeilge agus Béarla 50/50. I gcás na bhfear, freagraíonn 22.3% agus 34.3% do na catagóirí céanna faoi seach.

| Aoisghrúpa | Gaeilge amháin/den chuid is mó | Gaeilge & Béarla 50/50 |
|---|---|---|
| 18-24 | 36.8% | 21% |
| 25-34 | 23.8% | 42.8% |
| 35-44 | 27.9% | 30% |
| 45-54 | 29.6% | 25.9% |
| 55-64 | 18% | 22.7% |
| 65+ | 27.2% | 9% |

*Tábla 7: Úsáid laethúil na Gaeilge de réir aoisghrúpa*

Léiríonn na staitisticí maidir le húsáid laethúil na Gaeilge gurb é an t-aoisghrúpa is óige an grúpa is láidre ó thaobh iompar teanga i bhfabhar na Gaeilge de le beagáinín níos mó den aoisghrúpa sin ag tuairisciú go n-úsáideann siad níos mó Gaeilge ar bhonn laethúil.

Maidir le húsáid laethúil na Gaeilge agus leibhéal oideachais, ní fheictear go bhfuil aon phatrún leanúnach le haireachtáil i bhfabhar úsáid na Gaeilge ach go bhfuil éagsúlacht le feiceáil tríd is tríd nach bhfuil ag brath ar leibhéal oideachais ar leith.

| Leibhéal Oideachais | Gaeilge amháin/den chuid is mó | Gaeilge agus Béarla 50/50 |
|---|---|---|
| Bunscoil | 0% | 0% |
| Meánscoil Íochtarach | 71.4% | 14.2% |
| Meánscoil Uachtarach | 23.5% | 11.7% |
| Iar-mheánscoil | 50% | 33.3% |
| An treasach is ísle | 15.3% | 30.7% |
| Céim Ollscoile | 17.7% | 35.4% |
| Máistreacht | 32.6% | 32.6% |
| Dochtúireacht | 37.5% | 25% |

*Tábla 8: Úsáid laethúil na Gaeilge de réir leibhéal oideachais*


Taispeántar i gcás stádas fostaíochta na bhfreagróirí nach bhfuil mórán éagsúlachta le haireachtáil sna catagóirí cuí i gcás na bhfreagróirí a úsáideann an méid is mó Gaeilge ach amháin i gcás na mac léinn atá chun tosaigh ar na catagóirí eile sa chás seo. Baineann na céatadáin is ísle leis na freagróirí a oibríonn go páirtaimseartha, nach n-oibríonn mar gheall ar thinneas nó mhíchumas agus atá ar scor ón obair. D'fhéadfaí hipitéis a thabhairt sa chás seo go bhfeidhmíonn an áit oibre agus an ollscoil mar fhearainn d'úsáid na Gaeilge.

| Stádas Fostaíochta | Gaeilge amháin/den chuid is mó | Gaeilge agus Béarla 50/50 |
|---|---|---|
| Féinfhostaithe | 22.2% | 44.4% |
| Ag obair go lánaimseartha | 28.8% | 33.3% |
| Ag obair go páirtaimseartha | 20% | 20% |
| Dualgaisí baile | 25% | 25% |
| Tinneas nó míchumas | 0 | 0 |
| Ar scor | 25% | 8.3% |
| Mac léinn | 33.3% | 25% |

*Tábla 9: Úsáid laethúil na Gaeilge de réir stádas fostaíochta*

## 6.4 Úsáid Teanga na bhfreagróirí leis an teaghlach

### 6.4.1 Teangacha a labhraítear sa bhaile




*Léaráid 13: Teangacha a labhraítear sa bhaile de réir pobail*

Tá tábhacht ar leith ag baint le fearann an bhaile ó thaobh cothú teanga de (Fishman, 1991; Mac Donnacha, 2000; Nettle & Romaine, 2000) agus aithnítear nach mór díriú isteach ar an bhfearann seo mar thosaíocht i gcothú na sprioctheanga. Léiríonn torthaí na ceiste seo go bhfuil iompar teanga níos láidre i bhfabhar úsáid na Gaeilge sa bhaile le haireachtáil ón eolas a fuarthas ó fhreagróirí BS agus RC. Tuairiscítear i gcás na bpobal sin go labhraíonn 37% d'fhreagróirí BS Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó san fhearann seo agus go n-ardaíonn an figiúr seo go 66.6% nuair a chuirtear 'Gaeilge agus Béarla 50/50' san áireamh.

Tuairiscíonn 35.8% d'fhreagróirí RC go n-úsáideann siad Gaeilge amháin nó den chuid is mó bhaile agus, nuair a chuirtear Gaeilge agus Béarla 50/50 san áireamh, go bhfuil níos mó ná leath d'fhreagróirí ag úsáid Gaeilge 50% den am ar a laghad. Léiríonn na figiúirí seo go bhfuil níos mó Béarla in úsáid ag beagnach leath na dteaghlach sa phobal seo.

Maidir le CD, tuairiscítear nach labhraíonn freagróir ar bith Gaeilge amháin sa bhaile agus go labhraíonn 12% Gaeilge den chuid is mó. Ardaíonn an figiúr seo go 30.4% nuair a chuirtear an grúpa a d'fhreagair 'Gaeilge agus Béarla 50/50' gan na freagróirí nár fhreagair an cheist san áireamh. Taispeánann na figiúirí seo go bhfuil an Béarla

chun cinn i dteaghlaigh an phobail seo le níos mó ná leath ag úsáid an Bhéarla den chuid is mó agus 17.3% Béarla amháin.

I gcás CT, tugtar le fios go labhraíonn 17.3% d'fhreagróirí Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó sa bhaile gan na freagróirí nár fhreagair an cheist seo san áireamh agus, leis an ngrúpa a d'fhreagair 'Gaeilge agus Béarla 50/50' san áireamh, sonraítear 35.3% d'fhreagróirí a labhraíonn Gaeilge sa bhaile 50% den am ar a laghad. As an 51 duine a d'fhreagair an cheist seo, thuairiscigh 47% go labhraíonn siad Béarla den chuid is mó agus shonraigh 13.7% d'fhreagróirí go labhraíonn siad Béarla amháin. Bhí beirt ann a thuairiscigh go gcónaíonn siad ina n-aonar. Taispeántar sa chás seo go bhfuil úsáid an Bhéarla chun cinn le formhór na dteaghlach sa phobal seo.

### 6.4.2 Teangacha a labhraítear le baill an teaghlaigh

Chun léargas a fháil ar sheachadadh idirghlúine na Gaeilge i gcás na bhfreagróirí, lorgaíodh eolas maidir le húsáid na Gaeilge le baill an teaghlaigh ó cheithre ghlúin éagsúla. Leagtar béim shuntasach ar an seachadadh idirghlúine ar mhaithe le cothú na sprioctheanga (Mac Donnacha, 2000; Fishman, 1991, 2001; UNESCO, 2003) agus tá tábhacht leis an measúnú seo chun treochtaí in úsáid na Gaeilge sa teaghlach a mheas. Taispeánann Tábla 10 líon na bhfreagróirí a labhair/a labhraíonn Gaeilge agus Béarla leis na baill teaghlach éagsúla.

Léiríonn an t-eolas a fuarthas maidir le húsáid na Gaeilge le baill éagsúla an teaghlaigh ar BS go bhfuil méadú le haireachtáil in úsáid na sprioctheanga trí na glúnta. I gcás an chéid ghlúin, taispeántar go raibh leibhéal an-íseal ann a d'úsáid an Ghaeilge le seantuismitheoirí ach go méadaíonn úsáid na teanga go leanúnach leis na glúnta a thagann ina diaidh. Feictear go soiléir i gcás na nglúnta is óige, na páistí agus na garpháistí, go bhfuil úsáid na Gaeilge nó an dátheangachas chun cinn le céatadán níos ísle ann a úsáideann an Béarla amháin lena bpáistí agus gan ach dhá chás ina n-úsáidtear Béarla amháin le garpháistí.

| | Gaeilge amháin | | | | Gaeilge agus Béarla | | | | Béarla amháin | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Le: | BS | RC | CD | CT | BS | RC | CD | CT | BS | RC | CD | CT |
| (i) Seantuismitheoir | 2<br>10.5% | 15<br>39.4% | 1<br>5% | 1<br>2.9% | 1<br>5.2% | 3<br>7.8% | 2<br>10% | 2<br>5.8% | 16<br>84.2% | 20<br>52.6% | 17<br>85% | 31<br>91.1% |
| (ii) Seantuismitheoir | 2<br>11.1% | 12<br>36.3% | 0 | 1<br>4.1% | 1<br>5.5% | 3<br>9% | 1<br>5.8% | 0 | 15<br>83.3% | 18<br>54.5% | 16<br>94.1% | 23<br>95.8% |
| (iii) Seantuismitheoir | 0 | 7<br>25% | 0 | 1<br>4.5% | 0 | 3<br>10.7% | 0 | 1<br>4.5% | 12<br>100% | 18<br>64.2% | 13<br>100% | 20<br>91% |
| (iv) Seantuismitheoir | 0 | 7<br>26% | 0 | 0 | 0 | 2<br>7.4% | 0 | 1<br>4.7% | 13<br>100% | 18<br>66.6% | 12<br>100% | 20<br>95.2% |
| Máthair | 9<br>31% | 13<br>31.7% | 1<br>4.7% | 4<br>9.3% | 2<br>6.9% | 10<br>24.4% | 3<br>14.2% | 6<br>13.9% | 18<br>62% | 18<br>43.9% | 17<br>80.9% | 33<br>76.7% |
| Athair | 9<br>34.6% | 14<br>34.1% | 1<br>4.7% | 6<br>14.6% | 6<br>23% | 7<br>17% | 3<br>14.2% | 7<br>17% | 11<br>42.3% | 20<br>48.7% | 17<br>80.9% | 28<br>68.2% |
| (i) Deartháir/Deirfiúr | 10<br>35.7% | 14<br>31.1% | 1<br>4.5% | 6<br>15% | 10<br>35.7% | 15<br>33.3% | 10<br>45.4% | 12<br>30% | 8<br>28.5% | 16<br>35.5% | 11<br>50% | 22<br>55% |
| (ii) Deartháir/Deirfiúr | 8<br>38% | 15<br>36.5% | 1<br>6.6% | 7<br>18% | 6<br>28.5% | 10<br>24.3% | 8<br>53.3% | 7<br>18% | 7<br>33.3% | 16<br>39% | 6<br>40% | 25<br>64% |
| (iii) Deartháir/Deirfiúr | 7<br>43.7% | 14<br>46.6% | 0 | 5<br>15% | 3<br>18.7% | 2<br>6.6% | 4<br>40% | 6<br>18% | 6<br>37.5% | 14<br>46.6% | 6<br>60% | 22<br>66.6% |
| (iv) Deartháir/Deirfiúr | 4<br>36.3% | 8<br>40% | 0 | 2<br>8% | 2<br>18.1% | 3<br>15% | 2<br>28.5% | 3<br>12% | 5<br>45.4% | 9<br>45% | 5<br>71.4% | 20<br>80% |
| (v) Deartháir/Deirfiúr | 0 | 5<br>55.5% | 0 | 2<br>11.1% | 0 | 1<br>11.1% | 1<br>25% | 3<br>16.6% | 3<br>100% | 3<br>33.3% | 3<br>75% | 13<br>72.2% |
| (vi) Deartháir/Deirfiúr | 0 | 5<br>62.5% | 0 | 2<br>13.3% | 0 | 1<br>12.5% | 1<br>33.3% | 3<br>20% | 3<br>100% | 2<br>25% | 2<br>66.6% | 10<br>66.6% |
| Fear/Bean c(h)éile/Páirtí | 4<br>18.1% | 12<br>32.4% | 0 | 5<br>14.7% | 8<br>36.3% | 8<br>21.6% | 9<br>50% | 11<br>32.3% | 10<br>45.4% | 17<br>45.9% | 9<br>50% | 18<br>52.9% |
| Páistí | 13<br>56.5% | 7<br>33.3% | 2<br>22.2% | 9<br>32.1% | 7<br>30.4% | 11<br>52.3% | 5<br>55.5% | 18<br>64.2% | 3<br>13% | 3<br>14.2% | 2<br>22.2% | 1<br>3.5% |
| (i) Garpháiste | 5<br>100% | 4<br>40% | 0 | 0 | 0 | 4<br>40% | 0 | 5<br>100% | 0 | 2<br>20% | 0 | 0 |
| (ii) Garpháiste | 1<br>50% | 2<br>28.5% | 0 | 0 | 1<br>50% | 3<br>42.8% | 0 | 3<br>100% | 0 | 2<br>28.5% | 0 | 0 |
| (iii) Garpháiste | 1<br>50% | 1<br>16.6% | 0 | 0 | 1<br>50% | 3<br>50% | 0 | 3<br>100% | 0 | 2<br>33.3% | 0 | 0 |
| (iv) Garpháiste | 1<br>100% | 1<br>16.6% | 0 | 0 | 0 | 3<br>50% | 0 | 2<br>100% | 0 | 2<br>33.3% | 0 | 0 |
| (v) Garpháiste | 1<br>100% | 0 | 0 | 0 | 0 | 3<br>60% | 0 | 0 | 0 | 2<br>40% | 0 | 0 |
| (vi) Garpháiste | 1<br>100% | 0 | 0 | 0 | 0 | 3<br>75% | 0 | 0 | 0 | 1<br>25% | 0 | 0 |
| (vii) Garpháiste | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 3<br>75% | 0 | 0 | 1<br>100% | 1<br>25% | 0 | 0 |
| (viii) Garpháiste | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 2<br>66.6% | 0 | 0 | 1<br>100% | 1<br>33.3% | 0 | 0 |

*Tábla 10: Úsáid teanga le baill an teaghlaigh de réir pobail*

Taispeántar i gcás RC go bhfuil méadú ann in úsáid na Gaeilge tar éis glúin na seantuismitheoirí agus go bhfuil an méadú seo le feiceáil le glúin na bpáistí go háirithe. Cé go bhfuil an dátheangachas chun cinn sa chás seo, léirítear titim mhór sa

chatagóir a roghnaigh Béarla amháin don ghlúin seo. I gcás na ngarpháistí áfach, taispeántar dáileadh níos cothroime i measc na dtrí chatagóir, leis an dátheangachas go mór chun cinn agus méadú ar an gcatagóir a roghnaigh Béarla amháin don ghlúin seo.

I gcás CD, airítear méadú leanúnach in úsáid na Gaeilge trí na glúnta le leibhéal thar a bheith íseal in úsáid na sprioctheanga le seantuismitheoirí ach ag méadú beagáinín le glúin na dtuismitheoirí agus níos mó le deartháireacha agus deirfiúracha. Taispeántar go bhfuil an dátheangachas chun cinn le páistí na bhfreagróirí ach, bunaithe ar úsáid teanga le céilí/páirtithe, ní ábhar iontais é an cleachtas teanga seo agus léirítear go bhfuil iompar teanga níos láidre ann leis an nglúin seo i gcomparáid le cleachtas teanga na gcéilí lena chéile. Léiríonn an cás seo go bhfuil teaghlaigh ann ina bhfuil an tuismitheoir a bhfuil Gaeilge acu sásta Gaeilge a labhairt leis na páistí in ainneoin easpa Gaeilge a bheith ag an bpáirtí eile.

Tá méadú suntasach in úsáid na Gaeilge le haireachtáil i gcás CT freisin le laghdú ollmhór in úsáid an Bhéarla ó ghlúin na seantuismitheoirí síos go dtí glúin na ngarpháistí, áit a bhfeictear gur labhair/go labhraíonn formhór mór na bhfreagróirí Béarla amháin le seantuismitheoirí ach 0% d'fhreagróirí ag labhairt Béarla amháin lena ngarpháistí. Cé go n-aithnítear go bhfuil an dátheangachas i réim i measc na nglúnta is óige, taispeántar go bhfuil úsáid an Bhéarla amháin leo thar a bheith íseal agus go bhféadfaí tógáil ar an iompar teanga sin chun staid na Gaeilge sa teaghlach a fheabhsú.

Nuair a chuirtear cúlra teanga na bhfreagróirí san áireamh, léiríonn an taighde gurb é an grúpa a tógadh le Gaeilge an grúpa is láidre ó thaobh Gaeilge amháin a labhairt lena bpáistí féin le 72.2% ag roghnú na catagóire seo agus 16.6% ag roghnú Gaeilge agus Béarla. Maidir leo siúd a tógadh le Gaeilge agus le Béarla, léirítear go bhfuil an dátheangachas chun cinn lena bpáistí le 66.6% ag maíomh go labhraíonn siad Gaeilge agus Béarla leo agus 22.2% ag maíomh go labhraíonn siad Gaeilge amháin. Taispeánann na figiúirí go bhfuil an grúpa a tógadh le Béarla agus a d'fhoghlaim an Ghaeilge taobh amuigh den teach ach atá líofa sa Ghaeilge anois sách láidir ó thaobh Gaeilge a úsáid le 50% den ghrúpa seo ag maíomh go labhraíonn siad Gaeilge amháin lena bpáistí agus 50% ag maíomh go labhraíonn siad Gaeilge agus Béarla leo.


Taispeántar i gcás na dtrí chatagóir thuas go bhfuil mionlach ann a labhraíonn Béarla amháin lena bpáistí le níos lú ná 11.2% ag roghnú na catagóire sna cásanna seo agus, i gcás na bhfreagróirí a tógadh le Béarla ach atá líofa sa teanga anois, nach bhfuil duine ar bith a labhraíonn Béarla amháin lena bpáistí. Maidir le foghlaimeoirí na Gaeilge, taispeántar go labhraítear Gaeilge agus Béarla le páistí i gcás 66.6% d'fhreagróirí agus Béarla amháin i gcás 33.3%.

Taispeántar go bhfuil níos mó Gaeilge le páistí in úsáid ag na fir le 48.6% ag tuairisciú go n-úsáideann siad Gaeilge amháin agus 45.9% ag tuairisciú Gaeilge agus Béarla i gcomparáid le 27.9% agus 55.8% de mhná ag freagairt do na catagóirí céanna.

## 6.5 Úsáid Teanga le páistí

### 6.5.1 Úsáid teanga an pháiste

Chun eolas a fháil ar úsáid teanga pháistí na bpobal, lorgaíodh eolas ó na freagróirí maidir le húsáid teangacha a gcuid páistí le baill an teaghlaigh agus comharsana.





*Léaráid 14: Úsáid teanga na bpáistí i gcás Bhóthar Seoighe*

I gcás BS, léirítear gur leis an athair agus le siblíní is mó a labhraítear Gaeilge amháin nó den chuid is mó agus go laghdaíonn úsáid na sprioctheanga i gcás na máthar. Taispeántar sa chás seo go bhfuil úsáid an Bhéarla den chuid is mó i gceist le beagnach leath de na máithreacha agus, i gcás an chaomhnóra, go bhfuil an Béarla

chun cinn. Tá an dátheangachas agus ceannas an Bhéarla le haireachtáil idir na páistí agus na tuismitheoirí agus siblíní freisin agus luann Ó Curnáin maidir leis an gcás seo go mbíonn an dátheangachas aontreoch i dtreo na mórtheanga nuair a théann an mhionteanga i ngleic léi (2012: 360). Léirítear, mar sin, an tábhacht leis an nGaeilge a bheith i réim i bhfearann an bhaile chun cothú na sprioctheanga sa chomhthéacs sin a chinntiú.

Maidir le húsáid teangacha le comharsana, taispeánann na torthaí go bhfuil an Béarla in uachtar sa chomhthéacs seo le 70% de na páistí ag úsáid Béarla den chuid is mó nó Béarla amháin sa chás seo. Áitíonn Fishman go bhfuil tábhacht leis an bhfearann seo don pháiste leis an gcomharsanacht ina cuid den choimpléasc baile-teaghlach-comharsanacht-pobal (1991: 95).


Feictear éagsúlacht i gcás seantuismitheoirí an pháiste ach léirítear fós gurb é an Béarla atá in uachtar le baill seo an teaghlaigh ach an Ghaeilge in úsáid le seantuismitheoirí ar leith. D'fhéadfadh na torthaí seo a léiriú gur fhoghlaim na freagróirí iad féin an sprioctheanga taobh amuigh den bhaile agus gur bheartaigh siad an teanga a thabhairt dá bpáistí.




*Léaráid 15: Úsáid teanga na bpáistí i gcás Ráth Chairn*

Cosúil le BS, aithnítear gur leis an máthair agus an athair is mó a labhraítear Gaeilge amháin i gcás RC ach go bhfuil seantuismitheoirí áirithe ann a úsáideann an


sprioctheanga chomh maith leis na páistí. Airítear iompar teanga láidir i bhfabhar na Gaeilge le níos lú ná 40% de shiblíní agus go bhfuil ceannas ag an mBéarla i gcás beagnach leath de na cásanna seo. Tá úsáid an Bhéarla chun cinn i gcás chaomhnóir eile agus taispeántar go bhfuil meascán den Ghaeilge agus den Bhéarla i bhfeidhm sa chomharsanacht. Luann Ó Giollagáin agus Ó Curnáin go bhfuil an cleachtas sóisialta dátheangach míbhuntáisteach don mhionteanga agus go mbeidh creimeadh ar úsáid shóisialta na Gaeilge le cur chun cinn an dátheangachais sna Gaeltachtaí (20 Nollaig 2009). Mar chuid lárnach de shaol an pháiste (Fishman, 1991: 95), ní mór a bheith airdeallach ar a bhfearann seo in iarrachtaí athneartaithe teanga.




*Léaráid 16: Úsáid teanga na bpáistí i gcás Chluain Dolcáin*

Léiríonn na torthaí a bhaineann le CD go bhfuil an Béarla ceannasach idir an páiste agus gach ball den teaghlach agus go bhfuil an mhórtheanga chun cinn i bhfearann na comharsanachta chomh maith. Tá an dátheangachas le haireachtáil i gcás líon suntasach de na tuismitheoirí, áfach, agus úsáid na Gaeilge amháin le feiceáil i gcás athair amháin. Taispeántar go bhfuil an Béarla chun cinn le siblíní eile agus i gcás an chaomhnóra ach aithnítear chomh maith go bhfuil úsáid an dá theanga le feiceáil i gcás níos mó ná aon triain de na baill teaghlaigh sin. Leagann Nettle & Romaine béim ar thábhacht an tí sa chothú teanga agus, dar leo, níl cothú na teanga indéanta gan an fearann seo a bheith slán (2000: 177). Airítear mar sin, go bhfuil ríthábhacht

ag baint leis an bhfearann seo agus nach mór díriú air chun cothú éifeachtach na sprioctheanga a chur i bhfeidhm.





*Léaráid 17: Úsáid teanga na bpáistí i gcás Charn Tóchair*

Léirítear i gcás CT gurb iad tuismitheoirí agus siblíní eile is mó lena n-úsáideann páistí an sprioctheanga ach go bhfuil ceannas ag an mBéarla le haireachtáil i go leor cásanna chomh maith. Taispeántar i gcás an chaomhnóra eile nach bhfuil an Ghaeilge in úsáid ach ag 15% de pháistí agus, i gcás na comharsanachta, go bhfuil an Béarla i bhfad chun cinn. Airítear, áfach, go bhfuil líon beag ann a thuairiscíonn go labhraíonn na páistí leibhéal éigin Gaeilge le comharsana agus go bhfuil cion de na seantuismitheoirí a úsáideann an sprioctheanga chomh maith. Dar le Fishman, ní mór dul i mbun dlúthú na n-institiúidí baile-teaghlach-comharsanacht-pobal (1991: 95) agus, le hiarrachtaí athneartaithe teanga ar bun sa phobal seo faoi láthair, bheifí ag súil le feabhas a fheiceáil sna hinstitiúidí seo amach anseo.

### 6.5.2 Cinneadh an tuismitheora

Aithnítear go bhfuil tábhacht ar leith ag baint le cinneadh comhfhiosach a ghlacadh maidir le páiste a thógáil le Gaeilge. Luann Denvir go mbíonn fios ag an duine nó an pobal a thugann faoin ngníomh seo na hiarmhairtí a bhaineann leis ach go mbíonn braistint fhéiniúlachta agus féinmhuinín láidir ag baint leis an gcinneadh seo (1999: 44). Fiafraíodh d'fhreagróirí an cheistneora 'Más rud é go raibh/bhfuil páistí agat a tógadh/atá á dtógáil le Gaeilge, an raibh sé seo ina chinneadh comhfhiosach duit?'

D’fhreagair 75 duine an cheist seo agus taispeántar gur cinneadh comhfhiosach a bhí i gceist den chuid is mó le níos mó ná 89% ag lua go raibh agus 10.3% ag lua nach raibh.





*Léaráid 18: Cinneadh comhfhiosach an tuismitheora maidir le páiste a thógáil le Gaeilge*

Léiríonn torthaí na ceiste seo gur ghlac tromlach na dtuismitheoirí sna pobail ar fad atá ag tógáil clainne le Gaeilge cinneadh comhfhiosach maidir leis an mbeartas seo. Léiríonn an t-eolas a fuarthas ar an gceist seo gurb é pobal BS is líonmhaire ó thaobh cinneadh comhfhiosach a ghlacadh maidir le páistí a thógáil le Gaeilge le 95% ag maíomh gur chinn siad é seo a dhéanamh. Thug beagnach 81% d’fhreagróirí RC le fios gur cinneadh comhfhiosach a bhí ann dóibh le 87.5% i gcás CD agus 92% i gcás CT.

### 6.5.3 Cumas Gaeilge an pháiste

D’fhreagair 82 duine an cheist seo agus tuairiscítear go bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith den chuid is mó ag páistí na bhfreagróirí. I gcás BS, tuairiscítear an figiúr is líonmhaire ó thaobh líofacht sa Ghaeilge de le 59% ag roghnú an fhreagra seo agus, nuair a chuirtear an grúpa a roghnaigh Gaeilge mhaith san áireamh, méadaíonn an figiúr seo go 77.2%. Maidir le RC, maíonn 50% d’fhreagróirí go bhfuil Gaeilge líofa ag a gcuid páistí agus, leis an ngrúpa a roghnaigh Gaeilge mhaith san áireamh, ardaíonn an figiúr seo go beagnach 71%.




*Léaráid 19: Cumas teanga an pháiste/na bpáistí de réir pobail*

I gcás CD, tuairiscíonn 66.6% go bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag na páistí agus, maidir le CT, maíonn beagnach 63% d'fhreagróirí go bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag a gcuid páistí. Léiríonn na figiúirí seo go bhfuil sciar suntasach de pháistí na bpobal seo a bhfuil cumas sásúil acu sa sprioctheanga agus an cumas acu chun feidhmiú trí mheán na Gaeilge ina saolta féin. Luaitear i roinnt tráchtanna sa cheistneoir nach bhfuil páistí áirithe ag aois labhartha go fóill.

### 6.5.4 Gaelscolaíocht

D'fhreagair 93 duine an cheist seo agus taispeántar i ngach cás gur fhreastal nó go bhfreastalaíonn tromlach na bpáistí sa chás seo ar Ghaelscoil. Léirítear i gcás BS gur fhreastal/go bhfreastalaíonn 66.6% de pháistí ar Ghaelscoil agus gur fhreastal/go bhfreastalaíonn páiste/páistí scoil Bhéarla i gcás amháin. Roghnaigh 29% an freagra 'eile' agus liostaítear na míniúcháin a fuarthas thíos maidir leis na freagróirí sin:

- Beidh sé ag freastal ar ghaelscoil agus é níos sine
- Bunscoil Ghaeilge agus Meánscoil Bhéarla
- D'fhreastail sé ar scoil san Iorua
- I Sasain
- I Sasain
- Ró-óg. Rachaidh siad beirt go Bunscoil Phobal Feirste amach anseo.




*Léaráid 20: Freastal na bpáistí ar Ghaelscoil de réir pobail*

I gcás RC, taispeánann na torthaí gur fhreastal/go bhfreastalaíonn beagnach 52% de pháistí ar Ghaelscoil agus tuairiscítear dhá chás (7.4%) inar fhreastal/fhreastalaíonn páistí áirithe ar Ghaelscoil agus páistí eile ar scoil Bhéarla. Tuairiscíonn 11% gur fhreastal/go bhfreastalaíonn a gcuid páistí ar scoil Bhéarla agus roghnaigh 29% 'eile' mar fhreagra. Liostaítear thíos na míniúcháin a fuarthas ón ngrúpa sin:

- Ceol, drámaíocht, damhsa, spórt, comórtais, Oireachtas, amhránaíocht sean-nós, scéalaíocht. Cuidíonn sé daoine fásta agus daoine óga meascadh le chéile ar nós fadó. Beidh na daoine óga déan aithris orthu agus pioc suas focail nua
- Home-schooled in English
- ró-óg don scoil (3 bliana d'aois)

Maidir le CD, tuairiscíonn 46% gur fhreastal/go bhfreastalaíonn a gcuid páistí ar Ghaelscoil agus 15.3% ar scoil Bhéarla. Roghnaigh cúigear 'eile' mar fhreagra agus liostaítear na míniúcháin thíos:

- Ró-óg don scoil
- Will in future

I gcás CT, tuairiscíonn 41.3% gur fhreastal/go bhfreastalaíonn a gcuid páistí ar Ghaelscoil agus beagnach 7% gur fhreastal/go bhfreastalaíonn páistí áirithe ar Ghaelscoil agus páistí eile ar scoil Bhéarla. Tuairiscíonn 31% gur fhreastal/go bhfreastalaíonn a gcuid páistí ar scoil Bhéarla agus roghnaigh 20.6% 'eile' mar fhreagra:

- D'fhreastail an bheirt is sine ar scoil Bhéarla agus duine amháin ar Ghaelscoil.
- D'fhreastail triúr ar bhunscoil agus páiste eile ar scoil Bhéarla.
- D'fhreastal 3 as 4 ar bhunscoil Ghaeilge
- One is at Bunscoil have another starting Naíscoil in September

Léiríonn an taighde gur tógadh 50% de na páistí a d'fhreastal/a fhreastalaíonn ar Ghaelscoil le Gaeilge amháin agus an leath eile le Gaeilge agus le Béarla.

### 6.5.5 Deacrachtaí an tuismitheora páiste a thógáil le Gaeilge

Lorgaíodh eolas ó thuismitheoirí a líon isteach an ceistneoir maidir leis na deacrachtaí atá ann dóibh ag tógáil páiste le Gaeilge agus na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh. San iomlán, d'fhreagair 66 duine an cheist seo.

Luaitear i gcás BS: easpa áiseanna oideachais; cláir theilifíse; easpa taithí ag tógáil clainne le Gaeilge agus an téarmaíocht a théann leis. Níl treoirleabhar ann do thuismitheoirí nó gníomhaireacht tacaíochta chun comhairle agus treoir a chur ar fáil; go bhfuil an Béarla in uachtar agus é gach áit. Bíonn deacrachtaí ann cloí le Gaeilge amháin taobh amuigh den teach agus an Béarla i réim le cairde, baill an teaghlaigh agus le seirbhísí stáit; gan stádas oifigiúil a bheith ag an nGaeilge agus níl ann ach tacaíochtaí pobalbhunaithe amháin; tá tuismitheoirí áirithe ag tógáil páistí i Sasana; easpa maoinithe stáit; drochmheon ag an bpáiste i leith na Gaeilge agus dearcadh ann nach bhfuil sí 'cool'; má tá cónaí ort taobh amuigh den Ghaeltacht, mothaítear gur beag tacaíocht atá ann do thuismitheoirí; easpa cumais an tuismitheora sa Ghaeilge; pobal Gaeilge a chluinstin; teacht ar spásanna agus thearmainn chuí chun úsáid bheo na teanga a éascú; easpa tacaíochta don tuismitheoir nach bhfuil Gaeilge acu; easpa cumais ag baill an teaghlaigh shínte.

I gcás RC luaitear: easpa téarmaíochta ag tuismitheoirí nár tógadh le Gaeilge. Luaitear go bhfuair an freagróir pacáiste leabhar agus dlúthdhioscaí ón Roinn a

chuidigh leis seo; caighdeán na Gaeilge atá ag na daoine a chuireann na himeachtaí ar fáil nó atá i mbun. Níl páistí ag iarraidh úsáid a bhaint as an nGaeilge atá acu. Is é an Béarla an teanga atá in úsáid do na rudaí is fearr leofa; deiseanna taobh amuigh den teaghlach; diabhal mórán atá ann taobh amuigh d'Ógras agus Glór na nGael; níl dóthain imeachtaí ar siúl trí Ghaeilge; mo pháiste an t-aon duine ina rang a raibh Gaeilge aici nuair a thosaigh sí ar scoil. D'fhoghlaim sí an Béarla de réir a chéile agus is trí Bhéarla a labhair sí lena cairde agus í ag fás aníos ansin; ní fheictear go bhfuil deacrachtaí. Má labhraíonn an tuismitheoir Gaeilge leo an t-am ar fad, beidh sí acu agus ón gcroí; níl aon ghrá acu don Ghaeilge; níl páistí timpeall orainn sásta Gaeilge a labhairt leo; easpa cumais an tuismitheora; páiste ann le riachtanais speisialta. Bhí ar an tuismitheoir í a chur ag scoil Bhéarla san Uaimh. Ní raibh aon tacaíocht di i Rath Cairn; canúintí éagsúla na múinteoirí atá deacair le tuiscint; tá tacaíocht phobail don Ghaeilge ar fheabhas ach taobh amuigh den phobal, tá fíorbheagán deiseanna ann chun í a labhairt.

I gcás CD luaitear: tá toil ann páistí a thógáil le Gaeilge ach tuigtear an dúshlán toisc go bhfuiltear timpeallaithe ag an mBéarla; ní fheictear go bhfuil tacaíocht áitiúil nó stáit ann don ghníomh seo; níl clú ag an stát nó ag an bpobal faoin méid páistí atá á dtógáil le Gaeilge; easpa deiseanna an Ghaeilge a labhairt lasmuigh den phobal scoile; easpa spreagtha; níl aon deacrachtaí faoi láthair; ag déileáil leis an stát – bíonn gach rud trí Bhéarla; tá deacracht ann páistí a choinneáil leis an nGaeilge agus iad sna déaga.

I gcás CT luaitear: ag leanúint leis an Ghaeilge in áit a bheith ag sleamhnú isteach sa Bhéarla; normalú na Gaeilge le páistí taobh amuigh den teaghlach agus den scoil. Meastar go bhfuil sé seo ag obair; freagraíonn an páiste i mBéarla; bíonn drogall ar dhaoine eile Gaeilge a labhairt; easpa Gaeilge taobh amuigh den phobal; easpa phróifíl don teanga taobh amuigh den cheantar; easpa seirbhísí agus stádas don teanga. Mothaítear mar eachtrannaigh; aithníonn daoine óga gur féidir leis a bheith dainséarach Gaeilge a labhairt in áiteanna áirithe agus gur rud conspóideach í i súile dhaoine éagsúla; easpa deiseanna chun í a úsáid; diúltú d'Acht na Gaeilge; in amanna bíonn drogall ar pháistí Gaeilge a labhairt le chéile má tá aon duine sa ghrúpa cairde nach bhfuil an teanga acu; is é an Béarla teanga an domhain; níl cúram leanaí ar fáil sa cheantar trí mheán na Gaeilge. Tá páistí cleachta le Béarla a labhairt le gach duine eile ó aois óg; easpa cumais sa Ghaeilge an tuismitheora; Is mionlach

iad na Gaeilgeoirí ar aon aois leo, ach idir an córas Gaeloideachais, imeachtaí an chlub óige sa Charn, agus roinnt teaghlaigh lán-Ghaeilge eile sa cheantar, tá ar a gcumas go leor dá saol taobh amuigh den teach a chaitheamh trí Ghaeilge; easpa cumais ón gcéile chun Gaeilge a fhoghlaim. Labhraítear Béarla mar gheall ar áisiúlacht sa chomhthéacs seo.

## 6.6 Úsáid teanga na bhfreagróirí le cairde

### 6.6.1 Grúpaí sóisialta

Lorgaíodh eolas ó fhreagróirí maidir lena ngrúpaí sóisialta agus iarradh orthu ceithre phíosa eolais a chur ar fáil maidir leo: ainm an ghrúpa sóisialta, an teanga a úsáidtear leis an ngrúpa sóisialta sin, minicíocht ó thaobh teagmhála de leis an ngrúpa sóisialta sin agus eolas a thabhairt más grúpa áitiúil a bhí i gceist nó nach raibh. Bhí éagsúlacht maidir le líon na bhfreagraí a fuarthas maidir leis na ceithre phíosa eolais agus feictear i gcás ainmniú na ngrúpaí sóisialta go bhfuarthas 604 freagra nó 3.49 freagra ar an meán i gcás gach freagróra. I gcás BS, fuarthas 111 freagra, nó 18.3% de na freagraí, 166 i gcás RC, nó 27.4%, 97 freagra ó fhreagróirí CD nó 16% de líon iomlán na bhfreagraí agus 230 freagra i gcás CT nó 38% den líon iomlán. Chomh maith leis sin, thug 12 freagróir tuilleadh eolais ag an deireadh.

Fuarthas 473 freagra maidir le teanga an ghrúpa shóisialta agus 178 freagra maidir le minicíocht ó thaobh teagmhála de agus úsáid teanga araon. Fuarthas an líon is lú freagraí ar ais maidir le bunús tíreolaíoch na ngrúpaí sóisialta le 171 freagra sa chás sin. Sa cheistneoir ar líne, tugadh roghanna éagsúla de ghrúpaí sóisialta do dhaoine agus, sa cheistneoir chrua, fágadh spás bán chun roghanna an fhreagróra a líonadh isteach. Sa cheistneoir ar líne níor roghnaigh freagróir ar bith na grúpaí ‘grúpa fear’ agus ‘an ghluaiseacht LGBT+’ mar sin baineadh de na torthaí iad. Ainmníodh 27 grúpa sóisialta san iomlán.

Léiríonn torthaí an cheistneora gurb iad na grúpaí sóisialta is mó lena mbíonn freagróirí na bpobal ar fad ag plé leo, ag tosú leis an ngrúpa is líonmhaire, ná:

1. Grúpa cairde
2. An teaghlach
3. Comhghleacaithe oibre
4. Eagraíocht Ghaeilge
5. Grúpa pobail

6. Cairde ollscoile
7. Foireann spóirt
8. Grúpa ceoil
9. Club sláinte
10. Cúrsa/traenáil oideachasúil
11. Grúpa creidimh

Taispeánann an taighde go bhfuil grúpa cairde ag barr an liosta ó thaobh grúpaí sóisialta de agus, leis an ngrúpa seo, go bhfuil Gaeilge amháin nó den chuid is mó ag baint le 26% d'fhreagróirí, Gaeilge agus Béarla 50/50 le 27.3% agus Béarla amháin nó den chuid is mó le 46.4%. Léirítear go mbíonn teagmháil rialta ag freagróirí leis an ngrúpa seo, ar bhonn seachtainiúil ar a laghad.

Tuairiscítear gurb é an teaghlach agus comhghleacaithe oibre is mó a bhíonn freagróirí i dteagmháil leo, ar bhonn laethúil den chuid is mó. Bíonn freagróirí i dteagmháil le grúpa cairde go minic freisin, ar a laghad uair sa tseachtain den chuid is mó agus taispeánann torthaí an cheistneora go mbíonn teagmháil le foireann spóirt ann go rialta freisin, uair sa tseachtain nó cúpla uair sa tseachtain den chuid is mó. Maidir le láidreacht na Gaeilge leis na grúpaí sóisialta seo, taispeánann na torthaí gurb í an eagraíocht Ghaeilge an grúpa is láidre ó thaobh na Gaeilge de le 93% ag tuairisciú go n-úsáidtear Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó agus 4.5% ag tuairisciú go n-úsáidtear Gaeilge agus Béarla 50/50.


I gcás an teaghlaigh, léiríonn na torthaí go bhfuil an Béarla chun cinn sa ghrúpa seo ach gur grúpa tábhachtach é le teagmháil laethúil i gceist leis don chuid is mó. Léiríonn na torthaí go n-úsáidtear Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó i gcás 27.5% d'fhreagróirí, Gaeilge agus Béarla 50/50 i gcás 18.7% agus Béarla den chuid is mó nó Béarla amháin i gcás 51.2%. Leis an suntas a thugtar don teaghlach i gcothú na sprioctheanga, is ábhar imní é go bhfuil an fearann seo níos laige ó thaobh na Gaeilge de.

Léiríonn an taighde go mbíonn Gaeilge amháin nó den chuid is mó in úsáid le comhghleacaithe oibre ag 53.5% d'fhreagróirí agus Gaeilge agus Béarla 50/50 in úsáid ag 8.9%. Bíonn freagróirí i dteagmháil leis an ngrúpa seo go laethúil don chuid is mó. Maidir le foireann spóirt, taispeántar go mbíonn freagróirí i dteagmháil leis an ngrúpa seo uair sa tseachtain nó cúpla uair sa tseachtain den chuid is mó ach gurb é

an Béarla atá chun cinn sa chás seo le 66.6% ag tuairisciú go n-úsáidtear Béarla amháin nó den chuid is mó. Úsáideann 23.3% Gaeilge agus Béarla 50/50 ach ní thuairiscíonn ach 10% go n-úsáidtear Gaeilge amháin nó den chuid is mó.

Maidir leis na grúpaí sóisialta eile is mó atá ann, taispeántar go bhfuil leibhéal sásúil Gaeilge i gceist leo le 44% ag úsáid Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó leis an ngrúpa pobail agus 23.5% ag úsáid Gaeilge agus Béarla 50/50. Úsáideann 40% Gaeilge amháin nó den chuid is mó le cairde ollscoile agus úsáideann 26.6% Gaeilge agus Béarla 50/50. Tuairiscíonn 35% go n-úsáideann siad Gaeilge amháin nó den chuid is mó leis an ngrúpa ceoil agus 35% Gaeilge agus Béarla 50/50. Úsáideann 50% Gaeilge amháin nó den chuid is mó le cúrsa/traenáil oideachasúil agus 16.6% Gaeilge agus Béarla 50/50.

Airítear áfach, go bhfuil an club sláinte agus an grúpa creidimh lag ó thaobh na Gaeilge de le 100% d'fhreagróirí an chlub sláinte ag maíomh go n-úsáidtear Béarla amháin nó den chuid is mó i gcás an ghrúpa seo agus dhá thrian d'fhreagróirí an ghrúpa chreidimh ag roghnú na gcatagóirí céanna. Tugtar briseadh síos ar ghrúpaí sóisialta na bpobal éagsúil thíos.





*Léaráid 21: Grúpaí sóisialta na bhfreagróirí de réir pobail*

Airítear i ngach cás gurb iad an teaghlach agus grúpa cairde a luaitear is mó ó thaobh grúpaí sóisialta de le beagnach 19% ag lua an teaghlaigh agus 20.7% grúpa cairde i gcás BS. Maidir le RC, luann 18% an teaghlach agus 19.2% grúpa cairde agus luann 18.5% an teaghlach agus 17.5% grúpa cairde i gcás CD. 14.3% a luann an teaghlach i gcás CT agus 15.6% grúpa cairde.

I gcás BS, luaitear eagraíocht Ghaeilge (11.7%), comhghleacaithe oibre (beagnach 10%) agus foireann spóirt (10.8%) is mó taobh amuigh den teaghlach agus grúpa cairde. Luaitear comhghleacaithe oibre le 10.2% d'fhreagróirí RC agus luann 6% d'fhreagróirí eagraíocht Ghaeilge, cairde ollscoile agus grúpa ceoil i ngach cás.


Maidir le CD, eagraíocht Ghaeilge agus comhghleacaithe oibre is mó a luaitear taobh amuigh den teaghlach agus grúpa cairde le 11.3% agus 13.4% faoi seach ag freagairt do na grúpaí sin.

I gcás CT, eagraíocht Ghaeilge, comhghleacaithe oibre agus grúpa pobail is mó a luaitear taobh amuigh den teaghlach agus grúpa cairde le 11.7%, 10.4% agus 10.8% faoi seach ag roghnú na ngrúpaí sóisialta seo.




*Léaráid 22: Teangacha na ngrúpaí sóisialta de réir teanga*

Léiríonn torthaí an cheistneora maidir leis na teangacha a úsáidtear leis na grúpaí sóisialta gurb é an grúpa ‘Gaeilge amháin’ an grúpa is líonmhaire le 26.6%. Is iad an teaghlach, eagraíocht Ghaeilge agus comhghleacaithe oibre is mó a bhaineann leis an gcatagóir seo. Nuair a chuirtear ‘Gaeilge den chuid is mó le beagáinín Béarla san áireamh anseo, ardaíonn an figiúr seo go 39.3% agus luaitear an teaghlach agus grúpa cairde is mó leis an gcatagóir seo. Maidir leis an ngrúpa Gaeilge agus Béarla 50/50, is iad an teaghlach agus grúpa cairde is mó a luaitear agus, nuair a chuirtear san áireamh é leis an gcéad dá chatagóir, léirítear go n-úsáidtear Gaeilge ar a laghad 50% den am le 57.5% de ghrúpaí sóisialta. Is é an grúpa ‘Béarla amháin’ an dara grúpa is líonmhaire le 25.7% de ghrúpaí ag úsáid na teanga sin agus luaitear an teaghlach, grúpa cairde, comhghleacaithe oibre, club sláinte agus foireann spóirt is mó anseo. Úsáidtear Béarla den chuid is mó le beagáinín Gaeilge i gcás 16.2% de na grúpaí sóisialta leis an teaghlach, grúpa cairde agus foireann spóirt luaite is mó. D’fhreagair beirt go n-úsáideann siad teanga eile.





*Léaráid 23: Teangacha na ngrúpaí sóisialta de réir pobail*

Taispeánann torthaí an cheistneora go n-úsáideann tromlach phobal BS Gaeilge ar a laghad 50% den am lena ghrúpaí sóisialta le 25.3% de ghrúpaí ag úsáid Gaeilge amháin, 20% ag úsáid Gaeilge den chuid is mó le beagáinín Béarla agus 26.6% ag úsáid Gaeilge agus Béarla 50/50. I gcás RC, tuairiscítear go n-úsáidtear Gaeilge amháin le 32.8% de ghrúpaí sóisialta agus Béarla amháin le 29.3% de ghrúpaí. Nuair a chuirtear Gaeilge den chuid is mó san áireamh leo siúd a d’fhreagair Gaeilge


amháin, ardaíonn an figiúr ó 32.8% go 42.6% agus go 57.3% nuair a chuirtear Gaeilge agus Béarla 50/50 san áireamh.

Is é an grúpa is líonmhaire i gcás CD ná an grúpa a roghnaigh Béarla amháin le grúpaí sóisialta le 32.3% de ghrúpaí sa chás seo. Maítear go n-úsáidtear Gaeilge amháin nó Gaeilge den chuid is mó le 22.5% de ghrúpaí. Ardaíonn an figiúr seo go 42.2% nuair a chuirtear Gaeilge agus Béarla 50/50 san áireamh. Tuairiscítear i gcás CT go n-úsáidtear Gaeilge amháin le 26.6% de ghrúpaí agus, leis an ngrúpa Gaeilge den chuid is mó san áireamh, ardaíonn an figiúr seo go 40.7%. Le Gaeilge agus Béarla 50/50 san áireamh, ardaíonn an figiúr seo go 57.6%.





*Léaráid 24: Bunús áitiúil na ngrúpaí sóisialta de réir pobail*

Léirítear i gcás gach pobal gur grúpaí áitiúla is mó a mbíonn freagróirí an cheistneora bainteach leo le 75.5% de ghrúpaí sóisialta bunaithe go háitiúil agus 24.4% go neamháitiúil. Airítear i gcás BS gur grúpaí áitiúla iad 81.5% de ghrúpaí sóisialta, 78.4% i gcás RC, 72.7% i gcás CD agus 66% i gcás CT.




*Léaráid 25: Grúpaí sóisialta áitiúla/neamháitiúla*

Mar a pléadh thuas, léiríonn an taighde ón gceistneoir go bhfuil tromlach ghrúpaí sóisialta na bhfreagróirí lonnaithe go háitiúil agus léirítear sa chás seo gurb iad cairde ollscoile agus cúrsaí traenála/oideachais na grúpaí amháin nach bhfuil chun tosaigh ó thaobh a bheith áitiúil de le 58.3% agus 60% de na grúpaí sin faoi seach lonnaithe go neamháitiúil.





*Léaráid 26: Teagmháil na bhfreagróirí le grúpaí áitiúla/neamháitiúla de réir minicíochta*

Taispeánann an taighde go mbíonn níos mó teagmhála ag freagróirí le grúpaí áitiúla ar bhonn laethúil agus ar bhonn seachtainiúil i gcomparáid le minicíochtaí eile le 82% agus 80% ag tuairisciú an eolais sin faoi seach.

## 6.7 Úsáid teanga na bhfreagróirí sa phobal


### 6.7.1 Úsáid teanga i réimsí an phobail




*Léaráid 27: Fearainn agus úsáid teanga i bpobal Bhóthar Seoighe*


Léiríonn na torthaí i gcás BS gurb iad na fearainn is fabhraí i leith úsáid na Gaeilge ná an scoil/ollscoil, an áit oibre, sa teach tábhairne, san ionad pobail, sa séipéal, le grúpaí deonacha agus ar na meáin shóisialta. Taispeántar sa chás seo go bhfuil an lámh in uachtar ag an mBéarla i gcomhthéacsanna áirithe ar nós na comharsanachta, sa chlub spóirt, sna siopaí áitiúla, i gcaiféanna/bialanna, le seirbhísí príobháideacha, le seirbhísí poiblí, leis an dochtúir agus na póilíní. Tuigtear i gcás BS gur luaigh triúr

freagróirí nach bhfuil cónaí orthu sa phobal agus go n-imríonn a bhfreagraí tionchar ar thorthaí an taighde sa chás seo.




*Léaráid 28: Fearainn agus minicíocht teagmhála i gcás Bhóthar Seoighe*


Taispeántar i gcás BS gurb iad comharsana, an scoil/ollscoil, an áit oibre agus na meáin shóisialta is mó a mbíonn freagróirí i dteagmháil leo le siopaí áitiúla agus an club spóirt in úsáid cúpla uair sa tseachtain agus go seachtainiúil faoi seach. Sa chás seo, feictear go bhfuil ról ag an scoil/ollscoil, an áit oibre agus na meáin shóisialta i gcothú na Gaeilge sa phobal seo.




*Léaráid 29: Fearainn agus úsáid teanga i gcás Ráth Chairn*


I gcás RC, léirítear gurb iad an áit oibre, na siopaí áitiúla, an t-ionad pobail, an séipéal, an teach tábhairne agus an chomharsanacht atá is fabhraí ó thaobh úsáid na Gaeilge de. Taispeántar go bhfuil an Béarla in uachtar i go leor comhthéacsanna chomh maith, mar shampla i gcaiféanna/bialanna, le seirbhísí príobháideacha, le seirbhísí poiblí, leis an dochtúir agus leis na Gardaí.

Léirítear i gcás RC gurb iad comharsana, an scoil/ollscoil, an áit oibre, siopaí áitiúla agus na meáin shóisialta is mó a mbíonn freagróirí an phobail seo i dteagmháil leo leis an gclub spóirt agus an séipéal in úsáid go minic chomh maith. Sa chás is léir go bhfuil ról ag an áit oibre, na siopaí áitiúla, an séipéal, agus an chomharsanacht i gcothú na Gaeilge sa phobal seo.





*Léaráid 30: Fearainn agus minicíocht teagmhála i gcás Ráth Chairn*

Taispeántar i gcás CD gurb iad an áit oibre, grúpaí deonacha agus na meáin shóisialta is mó ina n-úsáidtear Gaeilge agus go bhfuil úsáid an Bhéarla i bhfad chun tosaigh i réimsí eile an phobail.





*Léaráid 31: Fearainn agus úsáid teanga i gcás Chluain Dolcáin*




*Léaráid 32: Fearainn agus minicíocht teagmhála i gcás Chluain Dolcáin*


Tuairiscítear gurb iad an áit oibre is mó a mbíonn freagróirí an phobail i dteagmháil leis chomh maith le siopaí áitiúla, comharsana agus na meáin shóisialta i bpobal CD. Taispeántar sa chás seo go bhfuil ról ag an áit oibre agus na meáin shóisialta ag cothú na Gaeilge sa phobal seo. Tugadh an deis d'fhreagróirí comhthéacsanna eile a lua nach bhfuil luaite sa cheistneoir agus fuarthas ceithre fhreagra ó fhreagróirí CD:

1. German, where we spend a month each year in Germany and Austria
2. Leis an bhfoireann spóirt labhraím Béarla, Spáinnis agus Gearmáinis
3. R-phoist le cairde /obair –laethúil




*Léaráid 33: Fearainn agus úsáid teanga i gcás Charn Tóchair*

Léirítear i gcás CT gur san ionad pobail, san áit oibre, le comharsana agus ar na meáin shóisialta is mó a úsáidtear Gaeilge leis an mBéarla chun cinn sa chlub spóirt, sna siopaí áitiúla, leis an dochtúir, le seirbhísí poiblí agus leis na póilíní.




*Léaráid 34: Fearainn agus minicíocht teagmhála i gcás Charn Tóchair*

Taispeántar gurb iad an áit oibre, na meáin shóisialta, comharsana agus na siopaí áitiúla is mó lena mbíonn teagmháil ag freagróirí an phobail leo leis an ionad pobail agus caiféanna/bialanna in úsáid go minic chomh maith. Léirítear sa chás seo go bhfuil ról ag an ionad pobail, an áit oibre, an chomharsanacht agus na meáin shóisialta i gcothú na Gaeilge i CT.

Fuarthas dhá fhreagra bhreise ó fhreagróirí CT maidir le comhthéacsanna eile nach bhfuil luaite sa cheistneoir:

1. siúlóidí eagraithe
2. When I go to cúrsaí agus Gaeltacht areas eg. sa teach tábhairne.

### 6.7.2 Deiseanna cainte eile

Iarradh ar fhreagróirí an cheistneora deiseanna eile cainte atá acu chun Gaeilge a labhairt a lua agus sonraítear na freagraí a fuarthas ó na pobail éagsúla thíos:

| Pobal | Deiseanna cainte eile Gaeilge a úsáid |
|---|---|
| **Bóthar Seoighe** | Ag traenáil leis na Gaeil Óga dhá lá sa seachtain agus sa seomra foirne le cúpla múinteoir eile |
| | Gaeilge le gaolta sa bhaile 3 uair sa tseachtain agus ag laethanta saoire |
| | Guthán, cúpla uair sa tseachtain |
| | leis an teaghlach sínte |
| | Sa teach, le cairde, le comhghleacaithe, imeachtaí éagsúla |
| | sa teaghlach sínte |
| | Táim in ann Gaeilge a labhairt ar an teileafón, cúpla uair sa tseachtain. |
| | Gach lá san áit oibre agus i roinnt réimsí eile |
| | le gaolta agus cairde scoile |
| **Ráth Chairn** | Ag déanamh drámaí |
| | Cumann Ollscoile |
| | Don't speak Irish |
| | go laethúil ag an obair mar mhúinteoir meánscoile I scoil lán-Bhéarla Leis an bhfoireann agus le scoláirí taobh amuigh den seomra ranga agus freisin le Cairde |
| | In the school with the parents' association |
| | Labhraím Gaeilge le mo dheirfiúr is a clann uair nó dhó sa mhí agus le mo dheartháir go laethúil. |
| | Le beagnach chuile dhuine i rath chairn |
| | My daughter and I are using the Duolingo app to learn Irish. We also listen to the Irish radio station in the car. |
| | Níl |
| | None - Don't have a need to speak Irish |
| | Níl mórán sa mbaile. Le clann. |
| | obair, le mo chlann, uaireanta nuair atá mé amach ag bualadh le daoine |
| | Theagasc mé Gaeilge do thosaitheoirí i ranganna oíche - uair sa tseachtain |
| | Pop-up Gaeltacht uaireanta |
| **Cluain Dolcáin** | Áras Chrónáin, weekly at music sessions. |
| | Cairde á tógadh le Gaeilge |
| | Deiseanna agam toisc cairdeas atá cruthaithe that na blianta s toisc go bhfuil deiseanna cruthaithe againn |
| | Gaeltacht visit for 2 weeks. Corce Dhuibhne. 2 week Irish course as part of masters |
| | Glacaim saoire sa Ghaeltacht go minic agus bíonn deis agam Gaeilge a labhairt ansin |
| | Go míosúil ag an Pop-up Ghaeltacht! |

| | |
|---|---|
| | Is iad Na Gaeil Óga an fhoireann CLG lena mbainim. |
| | Níl mórán deiseanna lasmuigh de mo theaghlach, eagraíochtaí Gaeilge agus corr uair le mo chairde. Tá sé deacair teacht ar an nGaeilge sa sráidbhaile, bíodh sin i Ráth Cúil nó Cluain Dolcáin. Níl sé soiléir go leor ar na caiféanna i gCluain Dolcáin an bhfuil, nó nach bhfuil, Gaeilge san áit. Ba chóir comharthaí móra soiléire a chur ar an ndoras nó ar an gcomhartha ghnó. Ní fiú ceann beag bídeach. |
| | None. |
| | Ranganna ceol á múineadh trí Gaeilge, le cairde, in Áras Chrónáin |
| | Ríomhchluichí ar-líne, corr-uair sa bhliain. |
| | San obair, don chuid is mó. Le roinnt cairde, ach níl Gaeilge i gcónaí ag a gcéilithe. |
| | Thar sáile le mo chlann |
| | We speak to each other in Irish and we learn and practice Irish together we usually meet every Saturday, but we are on a break at the moment however we are actively looking for Irish speakers to speak to us |
| | Whatsapp |
| | With husband |
| **Carn Tóchair** | A rife conversations with daughter and granddaughter |
| | Ag An carn ag am ar bith |
| | Ag imeachtaí sóisialta ar nós ceolchoirmeacha, i ngrúpa amharclainne/aisteoireachta, le foghlaimeoirí Gaeilge ag ranganna a bhím ag teagasc |
| | Ag obair agus ag an carn., siopa srl |
| | Ag ranganna Gaeilge uair sa tseachtain |
| | Ag teagasc an Ghaeilge do Bhunrang. Lá amháin gach seachtaine  Campa samhraidh |
| | Ar oícheanta sóisialta, féilte agus le tuismitheoirí / daoine fásta eile a bhfuil Gaeilge líofa acu. |
| | At Classes in Carntogher, once a week |
| | At home each day. |
| | ar thurasanna na ceantracha Gaeltachta srl |
| | Bíonn deis agam Gaeilge a labhairt sa cheantar gach aon lá. Buailfidh mé le duine/daoine le Gaeilge agus ní ga coinne nó socrú a dhéanamh chun deis labhartha Gaeilge a chruthú dom féin. |
| | Bíonn deis agam Gaeilge a úsáid gach uile lá san áit oibre, leis na daoine óga ag na clubanna óige, ar an fhoireann spóirt s'agam, ag an chlub CLG. Is beag lá nach mbíonn Gaeilge á labhairt agam. |

| | |
|---|---|
| | Carntogher, Gaa, Pub, Conversation classes |
| | Cairde ollscoile corruair |
| | I use Irish in my job. |
| | Labhraím Gaeilge gach lá. |
| | Nuair a bhuailim le daoine ón cheantar sa bhaile srl nó ar saoire. |
| | Not many other opportunities. |
| | Nuair a théim ar saoire chun na Gaeltachta |
| | Oibrím sa Ghaeltacht i rith an tsamhraidh i gColáiste Mhachaire Rabhartaigh-Gaeilge an t-am ar fad |
| | Ranganna chúram páistí achan tseachtain |
| | Ranganna Gaeilge faoi dhó sa tseachtain. Imeachtaí Gaeilge sa cheantar |
| | sa bhaile agus ag an obair (scoil) |
| | Thig liom an Ghealtacht i dTír Chonaill a chuairt agus a bheith ag caint le daoine dúchais nó má a tá mé sna contaetha eile. |

*Tábla 11: Deiseanna eile cainte chun Gaeilge a úsáid*

### 6.7.3 Baic i leith úsáid na Gaeilge

Lorgaíodh eolas ó na freagróirí maidir leis na baic atá ann dóibh chun Gaeilge a úsáid agus liostaítear thíos na freagraí a fuarthas ó na pobail go léir:

I gcás BS luaitear: deiseanna; easpa Gaeilge ag daoine eile agus sa mhórphobal; am is mó; cónaí orthu i dtír eile; gan a bheith timpeallaithe le Gaeil eile i rith an ama; easpa cumais an fhreagróra; ganntanas Gaeilgeoirí sa chomhluadar; ní féidir dul i dteagmháil le seirbhísí poiblí, rannóga rialtais, srl. i nGaeilge sna Sé Chontae ach luaitear i gcás amháin nach mbíonn an freagróir i dteagmháil leo go rómhinic; nuair nach bhfuil Gaeilge ag daoine, bíonn ort tiontú ar an Bhéarla, bíodh sé i suíomh sóisialta, i suíomh proifisiúnta nó gnó pearsanta; cónaí ar an bhfreagróir thar lear agus imníoch faoina cuid Gaeilge a chailliúint; easpa sábháilteachta i roinnt áiteanna i mBéal Feirste chun Gaeilge a labhairt.

Maidir le RC luaitear: easpa féinmhuiníne; ardnósachas i leith na teanga agus féachtar uirthi mar bhealach chun daoine le cumas íseal a chur ó dhoras; easpa féinmhuiníne an Ghaeilge a labhairt taobh amuigh de chomhluadar cairde; daoine a fhreagraíonn i mBéarla - cé go bhfuil Gaeilge acu; easpa Gaeilge ins na seirbhísí poiblí, an chomhairle contae agus na Gardaí ach go háirithe; easpa seirbhísí áitiúla; nach mbíonn daoine sásta í a labhairt leat nó an comhrá a dhéanamh trí mheán na

Gaeilge; nach bhfuil chuile dhuine compordach Gaeilge a labhairt fiú más Gaeilge líofa atá acu; nach bhfuil go leor seirbhísí stáit ar fáil trí Ghaeilge; níl mórán baic ann; níl aon seirbhís Ghaeilge ar fáil ó Ghardaí ná ó na seirbhísí Stáit agus is é mo thaithí ná go mbíonn siad ag magadh fúm nuair a iarraim seirbhís trí Ghaeilge nó ar a laghad bíonn doicheall romham nó uaireanta "seirbhís an chúpla focal"; níl an Ghaeilge ag mórán daoine agus níl an mhuinín ag an bhfreagróir nuair atá siad timpeall Gaeilgeoirí líofa; níl Gaeilge ag mórán de na comharsana; níl go leor daoine le Gaeilge líofa taobh amuigh den Ghaeltacht agus grúpaí Gaeilge; fuaimniú na teanga; tá caighdeán scríofa agus labhartha na Gaeilge imithe i léig; tá an Ghaeilge lenar tógadh seandaoine ón bpobal difriúil ón nGaeilge atá ann inniu; meastar go bhfuil daoine ann a úsáideann na bunscoileanna chun go mbeidh Gaeilge ag an bpáiste ach nach leantar leis an teanga agus an t-oideachas curtha i gcrích; ní mhúintear an teanga ar bhealach cairdiúil nó atá oiriúnach don ghnáthdhalta. Tá disléicse ar pháistí dhuine de na freagróirí agus ní dhéanann siad teangacha ar chor ar bith.

I gcás CD luaitear: ag déileáil leis an stát trí Ghaeilge; Béarla le cloisteáil sna Gaeltachtaí; easpa cumais an fhreagróra sa Ghaeilge; easpa Gaeilge sna siopaí agus bialanna; cumas Gaeilge dhaoine eile; easpa deiseanna; easpa féinmhuiníne an fhreagróra i leith labhairt na Gaeilge; easpa tuisceana agus easpa suime ó dhaoine, ó chairde agus ó theaghlach; easpa Gaeilge ag daoine a oibríonn in Áras Chrónáin; níl aon bhaic ann; níl Gaeilge ag go leor den phobal; easpa seirbhísí as Gaeilge; easpa tola agus spreagtha ó dhaoine eile; níl cainteoirí Gaeilge ina gcónaí cóngarach dá chéile agus tá sé deacair bualadh le Gaeilgeoirí eile.

Luaitear i gcás CT: easpa teagmhála sóisialta le cainteoirí Gaeilge eile; easpa cumais sa Ghaeilge; daoine gan Gaeilge a bheith thart agus an buaireamh go bhfuil sé drochmhúinte Gaeilge a labhairt os a gcomhair; easpa deiseanna labhartha; easpa muiníne le daoine áirithe; easpa Gaeilge agus suime ag an gcéile; easpa seirbhísí poiblí trí mheán na Gaeilge; easpaí ábaltachta déileáil leis an dá stát - thuaidh ná theas; Béarla sa timpeallacht; gan comhluadar ann le Gaeilge; drochmheonta dhaoine i leith na Gaeilge agus na ceangail a dhéanann daoine idir an teanga agus an poblachtánachas; dearmad déanta ar an méid atá foghlamtha; is mionlach iad na Gaeilgeoirí; bíonn strainséirí ag féachaint go haisteach ar dhuine ag caint as Gaeilge; easpa tuisceana agus líofachta ag na glúnta níos sine; míthuiscint; tiontaíonn

Gaeilgeoirí ar an mBéarla nuair a thagann Béarlóir isteach sa chomhluadar; níl Gaeilge ag an teaghlach; níl mórán áiseanna ar fáil i nGaeilge; níl na seirbhísí atá ag teastáil le do shaol a chaitheamh trí mheán na Gaeilge ar fáil; easpa Gaeilge sna seirbhísí poiblí. Is é an t-oideachas an t-aon seirbhís stáit amháin atá ar fáil trí Ghaeilge; naimhdeas i leith na Gaeilge ón stát; easpa feasachta faoi líofacht dhaoine eile le Gaeilge; caithfear taisteal agus am a chur ar leataobh chun am a chaitheamh le Gaeilgeoirí eile.

### 6.7.4 Dáileadh an Phobail Teanga

Chun eolas a fháil ar an gceist taighde 'An bhfuil nasc ann idir dáileadh an phobail teanga agus iompar teanga an duine, agus an bhfuil suntas ag baint leis an bpobal áitiúil i gcothú na mionteanga?', lorgaíodh eolas sa cheistneoir maidir le húsáid teanga le comharsana. Scaradh amach an grúpa a d'fhreagair go n-úsáideann siad Gaeilge amháin nó den chuid is mó sa chomhthéacs seo agus scrúdaíodh iompar teanga na mball i dtrí réimse ar leith: sa saol laethúil, sa bhaile agus le páistí. Rinneadh comparáid leis an ngrúpa seo agus an grúpa a d'fhreagair go labhraíonn siad Béarla amháin nó den chuid is mó le comharsana.

Taispeánann torthaí an taighde go mbíonn teagmháil rialta ag formhór na bhfreagróirí le comharsana le 32% ag tuairisciú go mbíonn teagmháil laethúil acu leo, 41% go mbíonn teagmháil leo cúpla uair sa tseachtain agus 14% go mbíonn teagmháil sheachtainiúil i gceist. Feictear i gcásanna BS agus RC go mbíonn teagmháil níos minice i gceist le comharsana le 50% d'fhreagróirí BS ag maíomh gur teagmháil laethúil a bhíonn i gceist agus 47% i gcás RC.

Maidir le húsáid na Gaeilge le comharsana, taispeánann torthaí an cheistneora líon na bhfreagróirí a labhraíonn Gaeilge amháin nó den chuid is mó le comharsana mar seo a leanas: BS: 31.8%, RC: 31.5%, CD: 10%, CT: 7.7%. Léirítear i gcás an ghrúpa seo ina iomláine go dtaispeántar iompar teanga níos láidre i leith na Gaeilge le 59% dóibh siúd ag maíomh go n-úsáideann siad Gaeilge amháin nó den chuid is mó ar bhonn laethúil agus beagnach 32% ag maíomh go n-úsáideann siad Gaeilge agus Béarla 50/50 go laethúil. Ní úsáideann ach 9% den ghrúpa seo Béarla den chuid is mó go laethúil. Labhraíonn 54.5% den ghrúpa seo Gaeilge amháin nó den chuid is mó sa bhaile agus 22.7% Gaeilge agus Béarla 50/50. Labhraíonn 18% Béarla den

chuid is mó le beagáinín Gaeilge. Thuairiscigh duine amháin ón ngrúpa seo go gcónaíonn sí ina haonar.

Maidir leo siúd a labhraíonn Béarla amháin nó den chuid is mó le comharsana, taispeántar go dtiteann an figiúr seo go beagnach 11% i gcás na bhfreagróirí a úsáideann Gaeilge amháin nó den chuid is mó go laethúil agus tuairiscíonn 24.6% go n-úsáideann siad an Ghaeilge agus Béarla 50/50. Tuairiscíonn 56% den ghrúpa seo go n-úsáideann siad Béarla amháin nó den chuid is mó ar bhonn laethúil. Thuairiscigh beirt go gcónaíonn siad ina n-aonar.

Léirítear iompar teanga níos fabhraí i leith na Gaeilge freisin i measc na bhfreagróirí a labhraíonn Gaeilge lena gcomharsana le beagnach 91% den ghrúpa ag maíomh go labhraíonn siad Gaeilge amháin lena bpáistí. Titeann an figiúr seo go 22% i gcás na bhfreagróirí a labhraíonn Béarla amháin nó den chuid is mó lena gcomharsana agus taispeántar go bhfuil an dátheangachas chun cinn le 59% den ghrúpa seo ag tuairisciú go n-úsáideann siad Gaeilge agus Béarla lena bpáistí agus 18% go n-úsáideann siad Béarla amháin.


Ní airítear go n-imríonn an bunús uirbeach nó tuaithe aon tionchar ar iompar teanga le comharsana le beagnach 22% dóibh siúd a bhfuil an Ghaeilge i réim sa chomharsanacht ag tuairisciú go bhfuil cónaí orthu i gceantar uirbeach faoi thiús daoine, 18% i gceantar tuaithe faoi thiús daoine, agus 20% i gceantar tuaithe faoi líon beag daoine.

Léiríonn na figiúirí seo go bhfuil nasc ann idir dáileadh an phobail teanga agus iompar teanga an duine le hiompar teanga níos fabhraí i leith na Gaeilge le haireachtáil i gcás na bhfreagróirí a bhfuil cónaí orthu i gcomharsanacht Ghaeilge.

## 6.8 Dearcthaí na bhfreagróirí i leith na Gaeilge


### 6.8.1 Dearcthaí i leith na Gaeilge

Aithnítear go bhfuil dearcthaí dearfacha i leith na sprioctheanga ríthábhachtach (Mac Donnacha, 2000; UNESCO, 2003; Fishman, 1991; Grenoble & Whaley, 2006) mar sin lorgaíodh dearcthaí na bhfreagróirí maidir le hocht ráiteas ag baint úsáid as scála Likert chun na dearcthaí a mheas agus pléitear na torthaí thíos.




*Léaráid 35: 'Tá mo dhearcadh ginearálta i leith na Gaeilge an-dearfach'*


Léiríonn na torthaí ón ráiteas seo go bhfuil dearcthaí dearfacha láidir sna pobail ar fad atá faoi scrúdú le 83% ag aontú go láidir leis an ráiteas agus 11% ag aontú. Níor thuairiscigh ach 3.3% gur easaontaigh siad go láidir leis an ráiteas agus bhí 2.5% a thuairiscigh nach bhfuil a fhios acu. Tá an líon is mó atá i bhfabhar an ráitis seo sonraithe le freagróirí BS, áit a n-aontaíonn 95% go láidir.




*Léaráid 36: 'Tá an Ghaeilge tábhachtach i dtaobh féiniúlacht na hÉireann'*


Léirítear i gcás an ráitis seo go n-aontaíonn tromlach na bpobal leis le 8.4% ag aontú agus 88.1% ag aontú go láidir. Níor easaontaigh ach 1.7% d'fhreagróirí leis an ráiteas seo agus d'easaontaigh 0.8% go láidir. Feictear na dearcthaí is dearfaí i gcásanna BS agus CT, an dá phobal ó thuaidh, agus airítear suntas leis na torthaí seo

i gcomhthéacs phlé Mhic Ionnrachtaigh maidir le cur faoi chois na Gaeilge ó thuaidh ag stát na Breataine agus an mothú féiniúlachta a d'fhás sa phobal a bhain le cumhachtú (2013: 205).





*Léaráid 37: 'Tá an Ghaeilge tábhachtach do m'fhéiniúlacht féin'*

Taispeántar i gcás tábhacht na Gaeilge agus féiniúlacht na bhfreagróirí go n-aontaíonn 8.5% leis an ráiteas agus 84.6% go láidir leis. Bhí 0.8% nár aontaigh leis an ráiteas agus 3.4% a d'easaontaigh go láidir. Tá na torthaí is fabhraí i leith na Gaeilge le fáil ó fhreagróirí BS agus CT arís.





*Léaráid 38: 'Tá cothú/cur chun cinn na Gaeilge mar theanga phobail i mo phobal féin tábhachtach dom'*

Léiríonn na torthaí maidir leis an ráiteas seo go bhfuil tromlach na bhfreagróirí i ngach cás i bhfabhar cothú/cur chun cinn na Gaeilge mar theanga phobail ina bpobail féin le 11.1% ag aontú agus 81.1% ag aontú go láidir. Easaontaíonn 2.5% leis an ráiteas agus easaontaíonn 1.7% leis go láidir. I gcás BS, tá torthaí dearfacha leanúnacha le feiceáil le 15% ag aontú leis an ráiteas agus 85% ag aontú go láidir.





*Léaráid 39: 'Tá cothromaíocht idir an Ghaeilge agus an Béarla i mo phobal amach anseo tábhachtach dom'*

Lorg an ráiteas seo dearcthaí na bhfreagróirí maidir leis an dátheangachas ina bpobail féin agus taispeántar go bhfuil éagsúlacht ann ó thaobh na bhfreagraí de. D'fhéadfaí léamh ar leith a bhaint as an ráiteas seo atá i bhfabhar na Gaeilge nó an Bhéarla sa phobal nó diúltú don dátheangachas. Léirítear sa chás seo go n-aontaíonn 13.1% leis an ráiteas agus go n-aontaíonn 56% leis go láidir, céatadán níos lú i gcomparáid leis na ráitis eile. Thuairiscigh 18.6% nach a bhfuil a fhios acu, easaontaíonn 7.7% agus easaontaíonn 4.3% leis go láidir.





*Léaráid 40: 'Tá cothromaíocht idir phróifíl na Gaeilge agus an Bhéarla i mo phobal amach anseo tábhachtach dom': Carn Tóchair*

Léirítear i gcás CT go bhfuil tromlach an phobail i bhfabhar cothromaíocht a bheith ann idir phróifíl na Gaeilge agus an Bhéarla sa phobal amach anseo le 67.8% ag aontú go láidir agus 7.4% ag aontú leis an ráiteas seo. Thuairiscigh 21.4% nach bhfuil a fhios acu agus duine amháin nach n-aontaíonn siad leis an ráiteas. Sa chás seo arís, d'fhéadfaí léamh ar leith a bhaint as an ráiteas seo freisin.





*Léaráid 41: 'Tá sé tábhachtach dom go mbeidh an Ghaeilge in uachtar i mo phobal amach anseo'*

Taispeánann torthaí an ráitis seo go bhfuil sé tábhachtach do thromlach na bpobal go mbeidh an Ghaeilge in uachtar ina bpobal féin amach anseo le 64.4% ag aontú go láidir, 14.4% ag aontú, 10% ag easaontú agus 4.4% ag easaontú go láidir. Thuairiscigh 6.6% nach bhfuil a fhios acu. Tá na dearcthaí is láidre i bhfabhar na Gaeilge le fáil i bpobal BS le 90% d'fhreagróirí ag aontú/ag aontú go láidir leis an ráiteas seo.





*Léaráid 42: 'Tá sé tábhachtach dom go mbeidh an Ghaeilge in úsáid go laethúil ag formhór an chomhphobail amach anseo': Carn Tóchair*

Léiríonn na torthaí i gcás CT go bhfuil formhór na bhfreagróirí i bhfabhar úsáid laethúil na Gaeilge sa phobal le 75% ag aontú go láidir leis an ráiteas seo agus 10.7% ag aontú. Níor easaontaigh ach 3.5% d'fhreagróirí.




*Léaráid 43: 'Tá athbheochan na Gaeilge sa tír ina hiomlán tábhachtach dom'*

Taispeánann na torthaí go bhfuil na pobail ar fad i bhfách leis an ráiteas seo le 77.3% d'fhreagróirí ag aontú go láidir leis an ráiteas seo agus 12.6% ag aontú. Easaontaíonn 3.3% leis an ráiteas agus easaontaíonn 0.8% leis go láidir. Thuairiscigh 5.8% d'fhreagróirí nach bhfuil a fhios acu. Taispeántar go bhfuil an líon is mó dóibh siúd a aontaíonn/aontaíonn go láidir leis an ráiteas bainteach le pobail BS agus CT le 95% agus 100% faoi seach.




*Léaráid 44: 'Tá an rialtas ag déanamh a dhóthain chun bisiúlacht na Gaeilge amach anseo a chinntiú'*


Taispeánann na torthaí i leith an ráitis seo go bhfuil easaontas láidir i gceist maidir leis le 44.5% ag easaontú go láidir agus 40.3% nach n-aontaíonn leis an ráiteas. Aontaíonn 5.8% d'fhreagróirí go láidir leis an ráiteas agus thuairiscigh 9.2% nach bhfuil a fhios acu. Feictear an t-easaontas is mó ag teacht ó phobail BS agus CT le

90% d'fhreagróirí an dá phobal sin ag easaontú/easaontú go láidir. Léiríonn roinnt de na tráchtanna ó fhreagróirí go bhfuil baint ag an diúltú d'Acht Gaeilge do phobal na Gaeilge sna Sé Chontae leis an easaontas sin. Fós féin, léirítear easaontas sách láidir sna pobail ó dheas chomh maith.

Léiríonn na torthaí a bhaineann le dearcthaí i leith na Gaeilge go bhfuil dearcthaí na bhfreagróirí thar a bheith dearfach ina leith agus aithnítear gur fachtóir tábhachtach é seo i gcothú agus i gcur chun cinn na teanga sa phobal. Taispeántar, áfach, míshástacht shuntasach leis an rialtas sa dá stát maidir lena n-iarrachtaí féin i leith na Gaeilge agus léirítear go bhfuil easpa muiníne ag pobail na Gaeilge sa dá rialtas i dtaca leis an sprioctheanga a chothú


## 6.9 Úsáid teanga na bhfreagróirí agus na meáin chumarsáide

### 6.9.1 Úsáid na Gaeilge agus na meáin chumarsáide





*Léaráid 45: 'Breathnaím ar chláir theilifíse as Gaeilge'*

Taispeánann torthaí an cheistneora go bhfuil éagsúlacht mhór ann ó thaobh minicíochta de i gcás breathnú ar chláir theilifíse as Gaeilge le tromlach na bhfreagróirí ag breathnú cúpla uair sa tseachtain agus uair sa tseachtain ina dhiaidh sin.





*Léaráid 46: 'Éistim le cláir raidió as Gaeilge'*

Léiríonn na torthaí gurb é an grúpa is mó a éisteann le cláir raidió as Gaeilge ná an grúpa a éisteann go laethúil leis an ngrúpa a éisteann cúpla uair sa tseachtain cóngarach don chéad ghrúpa ó thaobh minicíochta de.




*Léaráid 47: 'Léim nuachtáin nó irisí as Gaeilge'*

Taispeántar i gcás nuachtáin nó irisí Gaeilge nach léitear go rialta iad agus gur beag daoine a léann go laethúil nó uair sa tseachtain iad. Aithnítear, áfach, go bhfuil na meáin chlóite ag dul i léig ar fud an domhain le teacht chun cinn an idirlín.




*Léaráid 48: 'Bainim úsáid as suíomhanna idirlíne as Gaeilge'*

Tuairiscítear líon níos mó a bhaineann úsáid suíomhanna idirlíne as Gaeilge i gcomparáid leis na meáin chlóite, le 35% ag maíomh go n-úsáideann siad go laethúil iad agus 15.7% go n-úsáideann siad iad uair sa tseachtain.

Léiríonn na torthaí a bhaineann leis na meáin chumarsáide go bhfuil rath measartha láidir ag baint leis na meáin Ghaeilge ó thaobh pobal na Gaeilge a mhealladh de. Meastar go bhfuil tábhacht ag baint leis an bhfachtóir seo i gcomhthéacs measúnú UNESCO maidir le freagra d'fhearainn nua agus do na meáin chumarsáide (2003: 7-16).

## 6.10 Conclúid

Sa chaibidil seo, pléadh na torthaí a bailíodh don cheistneoir ó fhreagróirí na bpobal faoi scrúdú. Chun beogacht na mionteanga a chinntiú, áitítear gurb é seachadadh idirghlúine na sprioctheanga an gníomh is tábhachtaí (Fishman, 2003; Grenoble & Whaley, 2006; UNESCO, 2003). Airítear ón gceistneoir go dtagann méadú leanúnach ar úsáid na Gaeilge trí na glúnta i ngach pobal faoi scrúdú. Taispeántar go mbíonn an Béarla chun cinn le glúin na seantuismitheoirí ach go n-éiríonn úsáid na Gaeilge níos láidre i ndiaidh gach glúin. Aithnítear áfach, go bhfuil an dátheangachas láidir sna pobail ar fad agus go labhraítear Béarla amháin le thart ar leath de pháirtithe na bhfreagróirí, rud a léiríonn gur teaghlaigh dhátheangacha iad cuid mhór de na teaghlaigh. Léirítear gurb é Bóthar Seoighe an pobal is láidre ó thaobh páistí a thógáil le Gaeilge amháin, leis an tógáil dhátheangach chun cinn sna Líonraí Gaeilge

agus an oiread céanna freagróirí ag tógáil páistí le Gaeilge amháin agus go dátheangach i Ráth Chairn. Tá 30% d'fhreagróirí Chluain Dolcáin ag tógáil clainne le Béarla amháin ach, i gcás na bpobal eile, tá líon beag teaghlaigh i gceist. Fágann an cás seo ceisteanna maidir le cumas na bpobal Gaeilge an pobal mionteanga a atáirgeadh leis an dátheangachas aontreoch ina bhagairt do na pobail sin.

Taispeántar i gcás na gceithre phobal atá faoi scrúdú don staidéar seo go bhfuil nasc ann idir seachadadh idirghlúine na Gaeilge agus úsáid laethúil na Gaeilge amháin nó den chuid is mó. Roghnaigh 70% dóibh siúd a tógadh le Gaeilge amháin nó den chuid is mó na catagóirí seo sa cheistneoir agus laghdaíonn an figiúr seo go 30% i gcás na bhfreagróirí a tógadh le meascán de Ghaeilge agus de Bhéarla. Laghdaíonn an figiúr seo arís go 23.4% i gcás na bhfreagróirí a tógadh le Béarla agus a d'fhoghlaim an Ghaeilge lasmuigh den teaghlach ach atá líofa anois. Tugann na figiúirí seo le fios go bhfuil iompar teanga níos fabhraí i leith na Gaeilge ag baint leo siúd a tógadh leis an sprioctheanga ach, a laghad Gaeilge lenar tógadh an freagróir, a laghad Gaeilge a úsáidtear go laethúil ag an am a líonadh isteach an ceistneoir. Tá suntas ag baint leis na torthaí seo toisc go léiríonn siad an tionchar fadtéarmach a imríonn seachadadh idirghlúine na sprioctheanga ar iompar teanga níos déanaí le linn an tsaoil.

Léiríonn na torthaí gurb é an grúpa a tógadh le Gaeilge an grúpa is láidre ó thaobh Gaeilge amháin a labhairt lena bpáistí féin agus go bhfuil an dátheangachas chun cinn i measc na bhfreagróirí a tógadh le meascán de Ghaeilge agus de Bhéarla le dhá thrian ag maíomh go labhraíonn siad Gaeilge agus Béarla lena bpáistí. Maidir leis na freagróirí a tógadh le Béarla agus a d'fhoghlaim an Ghaeilge taobh amuigh den teach ach atá líofa sa Ghaeilge anois, tuairiscítear go labhraíonn leath dóibh Gaeilge amháin lena bpáistí agus an leath eile Gaeilge agus Béarla. Is ábhar suntais é seo toisc go dtaispeánann sé go bhfuil rath de shaghas éigin ar iarrachtaí cainteoirí T2 a spreagadh chun an sprioctheanga a thabhairt don chéad ghlúin eile mar mháthairtheanga mar atá pléite ag Mac Donnacha (2000: 22).

I gcásanna Ráth Chairn agus Bhóthair Seoighe, taispeántar gurb iad tuismitheoirí an pháiste is mó lena n-úsáidtear an Ghaeilge. I ngach cás, seachas Ráth Chairn, léirítear go n-úsáideann páistí níos mó Gaeilge leis an athair. Más rud é gurb í an mháthair a chaitheann an méid is mó ama leis an bpáiste, bheadh sé níos fabhraí do

staid na Gaeilge dá mbeadh an sprioctheanga in úsáid níos mó ag an tuismitheoir sin ach bheadh tuilleadh taighde ar dhiminicí an tí ag teastáil chun tátal níos cuimsithí a bhaint as an gceist seo. Léirítear i gcás Chluain Dolcáin go bhfuil úsáid an Bhéarla chun tosaigh le siblíní ach, sna pobail eile, úsáidtear Gaeilge sa chomhthéacs sin i thart ar leath de na pobail sin ar a laghad 50% den am. Tá an Béarla chun cinn le caomhnóirí agus seantuismitheoirí. Léirítear arís an ghné dhátheangach a bhaineann leis na pobail ar fad agus aithnítear na himpleachtaí a bhaineann leis an gcás seo don sprioctheanga. Luann Dunbar nach gnáthrud é an dátheangachas cothrom, go háirithe i gcás phobal mionteanga (2011: 151), agus maíonn Ó Curnáin gurb é an dátheangachas aontreoch a bhíonn i ndán don mhionteanga (2012: 360). Tá tábhacht, mar sin, ag baint le feasacht ar an gceist seo don duine atá ag iarraidh an sprioctheanga a bheith ag an bpáiste mar T1.

Maidir leo siúd atá ag tógáil clainne le Gaeilge, taispeántar gur cinneadh comhfhiosach a bhí ann don tromlach i ngach pobal tabhairt faoin tógáil Ghaeilge, cás a léiríonn go bhfuil tuiscint de shaghas éigin ann maidir le suntasacht an ghnímh seo. Léiríonn roinnt de na tráchtanna a rinneadh sa cheistneoir go bhfuil feasacht ann faoi bhuanna an dátheangachais ach go bhfuil deacrachtaí ag baint le páistí a thógáil leis an mBéarla thart timpeall orthu. Taispeántar i gcás na bpobal ar fad go bhfuil, den chuid is mó, Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag páistí na bhfreagróirí.

Taispeánann torthaí an cheistneora go bhfuil úsáid na Gaeilge sa bhaile níos láidre i bpobail Bhóthar Seoighe agus Ráth Chairn ach go bhfuil an dátheangachas fós chun cinn sna pobail seo. I gcás na Líonraí Gaeilge, airítear go bhfuil an Béarla chun cinn i bhfearann an bhaile le níos mó ná dhá thrian d'fhreagróirí Chluain Dolcáin ag maíomh go n-úsáidtear Béarla amháin nó den chuid is mó agus 60.7% ag roghnú na gcatagóirí céanna i gCarn Tóchair. Áitíonn Fishman (1991) go bhfuil fearann an bhaile ríthábhachtach ó thaobh cothú na sprioctheanga de agus go bhfuil sé ina thosaíocht san aisiompú teanga agus léirítear sna cásanna seo go bhfuil iarrachtaí athneartaithe teanga san fhearann seo ag teastáil.

Taispeántar i gcás Bhóthar Seoighe go gcothaíonn an scoil/ollscoil, an áit oibre agus na meáin shóisialta úsáid na Gaeilge toisc go mbíonn teagmháil rialta ag freagróirí leis na fearainn seo agus go bhfuil an sprioctheanga chun cinn iontu. Taispeántar freisin go gcuireann an chomharsanacht, an club spóirt agus siopaí áitiúla úsáid na

Gaeilge i mbaol mar gheall ar láidreacht an Bhéarla iontu agus an mhinicíocht rialta lena mbíonn an freagróir i dteagmháil leo. I gcás Ráth Chairn, léirítear gurb iad an chomharsanacht, an áit oibre, an séipéal agus na siopaí áitiúla a chuireann le cothú na sprioctheanga. Léirítear go mbíonn freagróirí ón bpobal seo i dteagmháil go minic leis an gclub spóirt, an scoil/ollscoil agus leis na meáin shóisialta ach go bhfuil an Béarla chun cinn sa chlub spóirt agus go bhfuil meascán de Ghaeilge agus de Bhéarla in úsáid ar na meáin shóisialta.

I gcás Chluain Dolcáin, úsáidtear an Ghaeilge is mó san áit oibre agus ar na meáin shóisialta agus taispeántar go mbíonn an dá fhearann seo in úsáid go minic agus, mar sin, go bhfuil luachanna cothaithe ag baint leo. Tá an Béarla in uachtar i bhfearainn eile an phobail agus sna fearainn a úsáidtear is mó: siopaí áitiúla agus sa chomharsanacht. Luaitear an Ghaeltacht mar fhearann eile ina labhraítear Gaeilge chomh maith le ranganna ceoil in Áras Chrónáin. Taispeántar i gCarn Tóchair go gcothaíonn an áit oibre, an t-ionad pobail, an chomharsanacht agus na meáin shóisialta úsáid na Gaeilge sa phobal ach go gcothaíonn na siopaí áitiúla agus an club spóirt úsáid an Bhéarla mar gheall ar an minicíocht rialta lena mbíonn freagróirí i dteagmháil leo. Luaitear eolas breise i gcás Charn Tóchair maidir le húsáid na Gaeilge: siúlóidí eagraithe, an Ghaeltacht, ag ranganna Gaeilge, in ionad An Carn agus ag imeachtaí sóisialta.

Mar gheall ar theoiricí ar an iar-nua-aoiseachas agus nádúr athraithe an phobail a théann leis, beartaíodh gréasáin shóisialta na bhfreagróirí a iniúchadh agus tábhacht an phobail áitiúil a scrúdú i gcomhthéacs iompar teanga an duine. Léiríonn torthaí an taighde seo gurb iad na grúpaí sóisialta is mó lena mbíonn freagróirí an cheistneora i dteagmháil leo, san ord ceart, ná: grúpa cairde, an teaghlach, comhghleacaithe oibre, eagraíocht Ghaeilge, grúpa pobail, cairde ollscoile, foireann spóirt, grúpa ceoil, club sláinte, cúrsa/traenáil oideachasúil agus grúpa creidimh. Tá éagsúlacht i gceist le teangacha a úsáidtear le cairde agus airítear go bhfuil Gaeilge in úsáid le thart ar 40% de chairde agus Béarla le beagnach leath dóibh. Tá tábhacht leis an ngrúpa seo toisc gur luadh é níos mó ná aon ghrúpa eile agus go bhfuil bunús rialta ag baint leis.

Den chuid is mó bíonn freagróirí ag plé leis an teaghlach agus le comhghleacaithe oibre ar bhonn laethúil agus le foireann spóirt uair sa tseachtain nó cúpla uair sa tseachtain den chuid is mó. Taispeánann an taighde gurb é an eagraíocht Ghaeilge an

grúpa is láidre i leith úsáid na Gaeilge ach ní léirítear go mbíonn teagmháil rialta i gceist leis an ngrúpa seo. Béarla amháin nó den chuid is mó atá i gceist le níos mó ná leath de na freagróirí a roghnaigh an teaghlach agus, leis an suntas a thugtar don teaghlach i gcothú na sprioctheanga, is ábhar imní é go bhfuil an fearann seo níos laige ó thaobh na Gaeilge de. Taispeántar i gcás comhghleacaithe oibre go bhfuil an Ghaeilge chun tosaigh le sciar suntasach ag úsáid Gaeilge amháin/den chuid is mó/meascán den Ghaeilge agus Béarla sa chomhthéacs sin.

Taispeántar go bhfuil an Béarla chun tosaigh leis an bhfoireann spóirt le dhá thrian ag tuairisciú go n-úsáidtear Béarla amháin nó den chuid is mó leis an ngrúpa seo agus go mbíonn teagmháil rialta leis an ngrúpa seo. Taispeántar go bhfuil an Ghaeilge measartha láidir leis an ngrúpa pobail, le cairde ollscoile, le grúpa ceoil agus le cúrsa/traenáil oideachasúil. Léirítear sa chás seo go bhfuil dea-thionchar ag na fearainn seo ar iompar teanga i bhfabhar na Gaeilge. Béarla is mó atá in úsáid sa chlub sláinte, áfach, agus tuairiscíonn dhá thrian d'fhreagróirí go n-úsáidtear an Béarla is mó i gcás an ghrúpa chreidimh. Tá suntas leis na figiúirí seo toisc go léiríonn siad an baol a chruthaíonn na fearainn seo d'úsáid na Gaeilge.

Léirítear go n-úsáideann tromlach na bhfreagróirí ar Bhóthar Seoighe Gaeilge 50% den am ar a laghad lena ngrúpaí sóisialta le níos mó ná leath d'fhreagróirí Ráth Chairn agus Charn Tóchair ag roghnú na gcatagóirí céanna. Tuairiscíonn 42% d'fhreagróirí Chluain Dolcáin go n-úsáideann siad an leibhéal céanna Gaeilge lena ngrúpaí féin. Taispeántar i gcás na meán cumarsáide go mbaintear úsáid rialta astu sna pobail Ghaeilge. Tá suntas ag baint le húsáid na meán sóisialta agus láidreacht na Gaeilge iontu agus léiríonn an rath seo go bhfuil ag éirí le pobal na Gaeilge freagairt don fhearann nua seo, cás atá suntasach i gcomhthéacs measúnú UNESCO maidir leis an ngá atá ann do mhionteanga freagairt d'fhearainn nua agus do na meáin chumarsáide (2003: 7-16).

Maidir le hiompar teanga pháistí na bpobal, aithnítear go bhfuil an Béarla chun cinn i bhfearann na comharsanachta i gcás na bpobal ar fad le níos mó ná leath de na páistí i ngach cás ag úsáid an Bhéarla san fhearann sin. Leagann Fishman béim ar an bhfearann seo san aisiompú teanga agus maíonn sé gurb é coimpléasc an bhaile-teaghlaigh-comharsanachta-pobail coimpléasc saol iomlán an pháiste agus seachadadh idirghlúine na teanga (1991: 95) mar sin, tuigtear go bhfuil suntas ar

leith ag baint leis an bhfearann seo sa taighde seo. Taispeánann torthaí an cheistneora gur fhreastal nó go bhfreastalaíonn tromlach na bpáistí ó phobail Bhóthar Seoighe, Ráth Chairn agus Chluain Dolcáin ar scoil Ghaeilge agus níos lú ná leath i gcás Charn Tóchair. Aithnítear, áfach, gur luaigh go leor freagróirí go bhfuil a bpaistí féin ró-óg don scoil agus go gcuirfear chuig Gaelscoil iad amach anseo. Is fearann tábhachtach é an scoil a thacaíonn le hiarrachtaí athneartaithe teanga sa bhaile agus sa phobal (2000: 187).

Tacaíonn torthaí an cheistneora le Fachtóir 10 de mheasúnú UNESCO ar staid mhionteanga a mhaíonn go bhfuil tábhacht le dáileadh an phobail teanga agus go bhfuil an teanga níos sábháilte áit a bhfuil an pobal teanga níos dlúithe (UNESCO, 2011: 6). Léiríonn na torthaí go bhfuil iompar teanga i bhfad níos fabhraí i leith na Gaeilge i gceist leis an ngrúpa a bhfuil cónaí orthu i gcomharsanacht Ghaelach agus go n-úsáideann an grúpa seo níos mó Gaeilge i réimsí an tsaoil laethúil, an bhaile agus le páistí na bhfreagróirí i gcomparáid leis an ngrúpa a úsáideann Béarla amháin nó den chuid is mó le comharsana. Taispeánann an cás seo go bhfuil buntáistí ar leith ag baint leis an gcomharsanacht Ghaelach do phobal na Gaeilge agus go bhféadfadh tionchar a bheith ag an timpeallacht ar iompar teanga níos fabhraí i leith na sprioctheanga. Tacaíonn an t-eolas seo le smaointeoireacht Uí Churnáin (2009), Fishman (1991) agus Ó Giollagáin & Péterváry (2016) maidir le suntasacht na tíreolaíochta i gcás an phobail mhionteanga.

I gcomhthéacs theoiricí ar an iar-nua-aoiseachas agus an suntas a thugtar do ghréasáin nach bhfuil spleách ar ghaireacht fhisiciúil, lorgaíodh eolas sa cheistneoir maidir leis na grúpaí sóisialta lena mbíonn na freagróirí ag plé leo is mó, na teangacha a úsáidtear sna comhthéacsanna sin agus an bunús áitiúil atá acu. Léiríonn an t-eolas, ní amháin go bhfuil tromlach na ngréasán sóisialta atá ag na freagróirí bunaithe go háitiúil ach gurb í an Ghaeilge is mó a úsáidtear iontu. Taispeánann na torthaí seo go bhfuil suntas ag baint le pobail áitiúla na Gaeilge i gcomhthéacs theoiricí ar an iar-nua-aoiseachas. Léirítear i gcás gach pobal gur grúpaí áitiúla is mó a mbíonn freagróirí an cheistneora bainteach leo agus go mbíonn teagmháil an-rialta ag freagróirí le grúpaí áitiúla ar bhonn laethúil agus ar bhonn seachtainiúil.

Taispeánann torthaí an cheistneora go bhfuil dearcthaí thar a bheith dearfach sna pobail ar fad i leith na Gaeilge, rud atá aitheanta mar fhachtóir ríthábhachtach sa

chothú teanga (UNESCO, 2003: 7-16). Taispeántar i ngach cás go bhfuil tromlach na bhfreagróirí i bhfabhar na ráiteas sa cheistneoir ach amháin i gcás an ráitis a luann go bhfuil an rialtas ag déanamh a dhóthain chun bisiúlacht na Gaeilge amach anseo a chinntiú. D'easaontaigh tromlach na bhfreagróirí leis an ráiteas seo agus léiríonn na tráchtanna a d'fhág go leor de na freagróirí go bhfuil míshástacht shuntasach ann leis an stát ó thaobh a dhearcaidh féin i leith na Gaeilge. Meastar, maidir leis na pobail sna Sé Chontae, go bhfuil Acht Gaeilge ag teastáil chun an Ghaeilge a chothú, dearcadh a luíonn le Fachtóir 7 de mheasúnú UNESCO: Dearcthaí agus polasaithe rialtais agus institiúideacha, le stádas agus úsáid oifigiúil san áireamh (*ibid.*: 7-16). I gcás na 26 Chontae, maítear go bhfuil an rialtas ag déanamh neamhaird ar an nGaeilge agus nach bhfuil suim dá laghad acu sa teanga.

Luaitear sa cheistneoir go dtacaíonn An Carn agus Áras Chrónáin le húsáid na Gaeilge agus, maidir le clann a thógáil le Gaeilge, luaitear go bhfuil An Carn ina thacaíocht dóibh siúd atá i mbun agus go bhfuil sé i bhfad níos éasca páistí a thógáil le Gaeilge sa phobal seo sa lá atá inniu ann. Tá níos mó deiseanna labhartha ann i gcomparáid le deich mbliana ó shin le clubanna iarscolaíochta, spóirt agus ceoil ar fáil trí Ghaeilge. Luaitear Foras na Gaeilge freisin mar thacaíocht agus an mheánscoil Ghaeilge nua i nDún Geimhin.

Léiríonn na baic a luaitear maidir le clann a thógáil le Gaeilge go bhfuil tuilleadh tacaíochta agus teastáil sa réimse seo ó thaobh comhairle, áiseanna agus seirbhísí de agus go mbeadh tearmainn theanga tairbheach dóibh siúd atá i mbun an bheartais thábhachtaigh seo. Tá tuismitheoirí ann nár tógadh leis an sprioctheanga nach bhfuil an fhéinmhuinín acu páistí a thógáil le Gaeilge agus léiríonn an cás seo na buntáistí a bheadh ann dá mbeadh an tacaíocht chuí ar fáil dóibh. Tá tuilleadh deiseanna sóisialaithe ag teastáil sa réimse seo chun srian a chur ar an mBéarla agus chun dlúthghréasáin a thógáil sna pobail. Ní airítear go bhfuil tacaíocht stáit ann ón dá stát agus, go háirithe i dtaca leis na pobail ó thuaidh, bheadh cearta teanga buntáisteach chun fáil ar sheirbhísí trí mheán na sprioctheanga a bhaint amach. Is é an Béarla ollteanga an domhain agus tá gá le teorainneacha éifeachta a chruthú chun an Ghaeilge a chothú i bhfearainn lárnach an pháiste.

Maidir leis na baic a airíonn na freagróirí ó thaobh úsáid na Gaeilge de, taispeántar go bhfuil deiseanna sóisialaithe gann agus easpa féinmhuiníne ann i go leor cásanna.

Ní mhothaítear tacaíocht ón stát nó ó sheirbhísí stáit agus airítear drochmheonta ón mórphobal i leith na Gaeilge i roinnt cásanna. Tacaíonn torthaí an cheistneora sa chás seo leis an méid a luaigh na hagallaithe ón gceithre phobal faoi scrúdú agus rannpháirtithe an agallaimh ghrúpa maidir le baic i dtaobh na Gaeilge. Tá lucht na Gaeilge timpeallaithe ag mórphobal an Bhéarla agus léiríonn torthaí an cheistneora go mothaíonn Gaeilgeoirí an brú a bhaineann leis an gcás seo. Cruthaíonn na deacrachtaí seo baic don sprioctheanga agus tá gá le forbairt sna réimsí seo chun staid bhisiúil a bhaint amach di. Bheadh tairbhe ar leith le cruthú dlúthghréasán do phobal na Gaeilge sa chás seo chun srian a chur leis an mórtheanga agus tearmann tacúil a fhorbairt don phobal mionteanga.

# Caibidil 7: Achoimre agus Conclúidí

## 7.1 Réamhrá

Sa chaibidil seo déantar achoimre ar na ceisteanna taighde agus ar na príomhthorthaí a tháinig chun cinn ón bpróiseas taighde. Tarraingítear na príomhthorthaí ó na hagallaimh, ón agallamh grúpa agus ón gceistneoir le chéile faoi na fo-cheisteanna cuí. Pléitear teorainneacha an staidéir chomh maith le moltaí do thaighde amach anseo agus cuirtear léargais nua i láthair.

## 7.2 Achoimre ar na ceisteanna taighde agus mórthorthaí an staidéir

Rinne an staidéar seo iniúchadh ar phríomhcheist taighde an tráchtais seo: *Cad iad na fachtóirí a bhaineann le hinmharthanacht phobail chomhaimseartha na Gaeilge sa tsochaí nua-aoiseach?* Baineadh leas as modhanna cáilíochtúla agus cainníochtúla chun léargas cuimsitheach a fháil ar na fo-cheisteanna seo a leanas i gcás na gcás-staidéar faoi scrúdú don taighde seo:

- Cé chomh éifeachtach agus atá seachadadh idirghlúine na Gaeilge i nGaelphobail chomhaimseartha agus cad iad na tuiscintí i leith a shuntasachta?
- Cad iad na fearainn is láidre i dtaobh úsáid na Gaeilge sna Gaelphobail chomhaimseartha seo agus cad iad na himpleachtaí atá ann do chothú na teanga?
- An bhfuil nasc ann idir dáileadh an phobail teanga agus iompar teanga an duine, agus an bhfuil suntas ag baint leis an bpobal áitiúil i gcothú na mionteanga?
- Cén cur chuige atá éifeachtach i bhforbairt phobail Ghaeilge na linne?
- Cad iad na fachtóirí a chothaíonn agus a chuireann bac ar fhorbairt Ghaelphobail na linne?

***1. Cé chomh éifeachtach agus atá seachadadh idirghlúine na Gaeilge i nGaelphobail chomhaimseartha agus cad iad na tuiscintí i leith a shuntasachta?***

Taispeánann an taighde seo go dtagann méadú leanúnach ar úsáid na Gaeilge trí na glúnta sna ceithre phobal faoi scrúdú mar phríomhchás-staidéir. Tá an Béarla chun

cinn le glúin na seantuismitheoirí ach léirítear go n-éiríonn úsáid na Gaeilge níos láidre i ndiaidh gach glúin. Aithnítear áfach, go bhfuil an dátheangachas láidir sna pobail ar fad agus go labhraítear Béarla amháin le thart ar leath de pháirtithe na bhfreagróirí, rud a léiríonn gur teaghlaigh dhátheangacha iad cuid mhór de na teaghlaigh. Feictear go bhfuil meascán teangacha i gceist le tógáil clainne leis an dátheangachas i bhfeidhm i ngach pobal. Is é Bóthar Seoighe an pobal is láidre ó thaobh páistí a thógáil le Gaeilge amháin, leis an tógáil dhátheangach chun cinn sna Líonraí Gaeilge.

Taispeántar i gcás na gceithre phobal go n-imríonn cúlra teanga an duine tionchar ar a iompar teanga sa todhchaí. Léiríonn an taighde go n-úsáideann Gaeilgeoirí a tógadh leis an sprioctheanga níos mó Gaeilge ina saolta laethúla agus iad ina ndaoine fásta i gcomparáid leo siúd a tógadh le meascán de Ghaeilge agus Bhéarla agus iad siúd a tógadh le Béarla agus a bhain líofacht amach taobh amuigh d'fhearann an bhaile. Chomh maith leis sin, tá an grúpa seo níos láidre ó thaobh an sprioctheanga a labhairt lena bpáistí féin leis an dátheangachas chun cinn le páistí na bhfreagróirí a tógadh le meascán den dá theanga. Tacaíonn na torthaí seo leis an maíomh go bhfuil seachadadh idirghlúine na sprioctheanga ríthábhachtach agus go bhfuil ról ar leith aige in iarrachtaí athneartaithe teanga (Fishman, 1989, 1991, 2001; Nettle & Romaine, 2000; Grenoble & Whaley, 2006; Mac Donnacha, 2000). Léirítear áfach, go bhfuil líon mór ann a d'fhoghlaim an sprioctheanga taobh amuigh den bhaile ag tabhairt na Gaeilge don chéad ghlúin eile le leath de na freagróirí sin ag maíomh go n-úsáideann siad Gaeilge amháin leis an bpáiste agus an leath eile ag maíomh go n-úsáideann siad an dá theanga.

I gcásanna Ráth Chairn agus Bhóthair Seoighe, taispeántar gurb iad tuismitheoirí an pháiste is mó lena n-úsáidtear an Ghaeilge agus, sna pobail ar fad, seachas Ráth Chairn, léirítear go n-úsáideann páistí níos mó Gaeilge leis an athair. Tá an Béarla chun cinn le caomhnóirí agus seantuismitheoirí agus meascán den Ghaeilge agus Bhéarla le haireachtáil i gcás thuismitheoirí agus shiblíní sna pobail ar fad. Tuairiscítear i gcás gach pobal go bhfuil Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith ag an gcuid is mó de pháistí na bhfreagróirí.

Maidir leo siúd atá ag tógáil clainne le Gaeilge, taispeántar gur cinneadh comhfhiosach a bhí ann don tromlach i ngach pobal tabhairt faoin tógáil Ghaeilge,

cás a léiríonn go bhfuil tuiscint de shaghas éigin ann maidir le suntasacht an ghnímh seo. Feictear ón taighde cáilíochtúil, áfach, go bhfuil gá le tuismitheoirí a spreagadh chun an sprioctheanga a úsáid lena bpáistí áit nach bhfuil Gaeilge ag an bpáirtí.

***2. Cad iad na fearainn is láidre i dtaobh úsáid na Gaeilge sna Gaelphobail chomhaimseartha seo agus cad iad na himpleachtaí atá ann do chothú na teanga?***

I gcás an bhaile, áitíonn Fishman (1991), Mac Donnacha (2000) agus Nettle & Romaine (2000) go bhfuil an fearann seo ríthábhachtach ó thaobh cothú na sprioctheanga de agus go bhfuil sé ina thosaíocht san aisiompú teanga. Maidir leis an mbaile, taispeánann torthaí an cheistneora go bhfuil an dá phobal thíreolaíocha chun cinn ó thaobh iompar teanga i leith na Gaeilge de ach go bhfuil úsáid an Bhéarla thar a bheith láidir chomh maith. Taispeántar i gcás Bhóthar Seoighe agus Ráth Chairn go labhraíonn níos mó ná aon trian d'fhreagróirí Gaeilge amháin nó den chuid is mó san fhearann seo. Nuair a chuirtear na freagróirí a labhraíonn Gaeilge agus Béarla 50/50 san áireamh, ardaíonn an figiúr seo go dhá thrian i gcás Bhóthair Seoighe agus go beagán níos mó ná leath i gcás Ráth Chairn. Tá an Béarla chun cinn i mbailte na Líonraí Gaeilge le beagnach dhá thrian d'fhreagróirí Charn Tóchair ag tuairisciú go labhraíonn siad Béarla amháin nó den chuid is mó agus beagnach 70% d'fhreagróirí Chluain Dolcáin ag roghnú na gcatagóirí céanna. Taispeánann an taighde seo go bhfuil gá le fócas níos géire ar fhearann an bhaile i ngach pobal.

Leagann Fishman béim ar an gcomharsanacht (1991: 395) agus ar an bpobal i gcothú na mionteanga (1989: 399) agus léiríonn torthaí an cheistneora na fearainn phobail ina bhfuil úsáid na Gaeilge lag agus láidir iontu. Taispeánann an taighde seo go gcuireann an chomharsanacht, an club spóirt agus siopaí áitiúla úsáid na Gaeilge i mbaol i gcás Bhóthar Seoighe mar gheall ar láidreacht an Bhéarla iontu agus an mhinicíocht rialta lena mbíonn an freagróir i dteagmháil leo agus go gcothaíonn an scoil/ollscoil, an áit oibre agus na meáin shóisialta úsáid na Gaeilge leis an sprioctheanga chun cinn iontu. I gcás Ráth Chairn, cothaíonn an chomharsanacht, an áit oibre, an séipéal, an scoil/ollscoil agus na siopaí áitiúla úsáid na Gaeilge sa phobal sin ach léirítear go gcuireann an club spóirt úsáid na sprioctheanga i mbaol mar gheall ar cheannas an Bhéarla san fhearann sin. Cothaíonn an áit oibre agus na meáin chumarsáide úsáid na Gaeilge i bpobal Chluain Dolcáin ach taispeántar go bhfuil an Béarla in uachtar i ngach fearann eile. I gCarn Tóchair, taispeántar go gcothaíonn an áit oibre, an t-ionad pobail, an chomharsanacht agus na meáin

shóisialta úsáid na Gaeilge sa phobal ach go gcothaíonn na siopaí áitiúla agus an club spóirt úsáid an Bhéarla. Léiríonn an taighde go bhfuil pobal na Gaeilge ag freagairt d'fhearann na meán sóisialta go héifeachtach, fachtóir tábhachtach i measúnú UNESCO (2003: 7-16).

Taispeánann an taighde ar ghréasáin shóisialta gurb í an eagraíocht Ghaeilge is fabhraí ó thaobh úsáid na Gaeilge de le meascán teangacha in úsáid le cairde ach go bhfuil an Béarla beagáinín chun cinn sna grúpaí sin. Den chuid is mó pléitear leis an teaghlach agus le comhghleacaithe oibre ar bhonn laethúil agus le foireann spóirt uair sa tseachtain nó cúpla uair sa tseachtain den chuid is mó. Béarla amháin nó den chuid is mó atá i gceist le níos mó ná leath de na freagróirí a roghnaigh an teaghlach agus, leis an suntas a thugtar don teaghlach i gcothú na sprioctheanga, is ábhar imní é go bhfuil an fearann seo níos laige ó thaobh na Gaeilge de. Taispeántar i gcás comhghleacaithe oibre go bhfuil an Ghaeilge chun tosaigh le níos mó ná leath ag úsáid Gaeilge amháin nó den chuid is mó sa chomhthéacs sin agus go bhfuil an Béarla chun tosaigh leis an bhfoireann spóirt. Taispeántar go bhfuil an Ghaeilge measartha láidir leis an ngrúpa pobail, le cairde ollscoile, le grúpa ceoil agus le cúrsa/traenáil oideachasúil agus go bhfuil an Béarla in uachtar sa chlub sláinte agus i gcás an ghrúpa chreidimh.

Léirítear i gcás na meán cumarsáide go mbaintear úsáid rialta astu sna pobail Ghaeilge le tromlach na bhfreagróirí ag maíomh go mbreathnaíonn siad ar chláir theilifíse as Gaeilge cúpla uair sa tseachtain den chuid is mó. éistear le cláracha raidió as Gaeilge go laethúil den chuid is mó ach, i gcás nuachtáin nó irisí as Gaeilge a léamh, gur beag daoine a léann iad go laethúil nó ar bhonn seachtainiúil. Léiríonn an taighde go mbaineann líon níos mó daoine úsáid as suíomhanna idirlíne Gaeilge. Meastar go bhfuil úsáid na meán Gaeilge tábhachtach i gcomhthéacs measúnú UNESCO agus feictear sa chás seo go bhfuil ag éirí le hiarrachtaí sa réimse seo.

Leagtar béim ar thábhacht na comharsanachta mar fhearann suntasach i saol an pháiste agus leagtar béim air san aisiompú teanga (Fishman, 1991: 95). Aithnítear áfach, go bhfuil an Béarla chun cinn i bhfearann na comharsanachta i gcás na bpobal ar fad le níos mó ná leath de na páistí i ngach cás ag úsáid an Bhéarla. Taispeánann torthaí an cheistneora gur fhreastal nó go bhfreastalaíonn tromlach na bpáistí ó phobail Bhóthar Seoighe, Ráth Chairn agus Chluain Dolcáin ar scoil Ghaeilge agus

41.3% i gcás Carn Tóchair. Cé go n-aithnítear nach modh éifeachtach iad na scoileanna ó thaobh seachadadh idirghlúine na sprioctheanga a spreagadh (Mac Donnacha, 2000: 21), aithnítear ón taighde seo bhféadfaidís dearcthaí dearfacha a ghiniúint i measc na n-óg, fachtóir tábhachtach do chothú na mionteanga (UNESCO, 2003; Mac Donnacha, 2000; Fishman, 1991; Grenoble & Whaley, 2006).

***3. An bhfuil nasc ann idir dáileadh an phobail teanga agus iompar teanga an duine, agus an bhfuil suntas ag baint leis an bpobal áitiúil i gcothú na teanga?***
Tuairiscíonn na hagallaithe ar fad ón gceithre chás-staidéir go n-aithnítear dóibh go mbíonn iompar teanga níos láidre ann i bhfabhar na Gaeilge áit a mbíonn cónaí ar Ghaeilgeoirí le chéile. Tá aghaidh tugtha ar an dlúthphobal teanga i gcás trí cinn de na pobail agus ar Bhóthar Seoighe ach go háirithe. Meastar go mbíonn úsáid na Gaeilge níos láidre i bhfabhar na Gaeilge i bpobal Gaeilge tíreolaíoch agus léiríonn torthaí an cheistneora go bhfuil bunús leis an áiteamh seo le níos mó ná trí oiread níos mó d'fhreagróirí Bhóthar Seoighe agus Ráth Chairn ag tuairisciú go n-úsáideann siad Gaeilge amháin nó den chuid is mó le comharsana ná Cluain Dolcáin agus Carn Tóchair. Feictear gur chuir an dlúthphobal teanga ar Bhóthar Seoighe tús le próiseas níos leithne a bhaineann leis an nGaeilge, is é sin an fás sa chóras Gaelscolaíochta a d'eascair ón bpobal, an t-éileamh do mhúinteoirí a d'eascair ón bhfás sin agus an fhostaíocht a cruthaíodh do lucht na Gaeilge san earnáil sin.

Tacaíonn torthaí an cheistneora le Fachtóir 10 de mheasúnú UNESCO ar staid mhionteanga a mhaíonn go bhfuil tábhacht le dáileadh an phobail teanga agus go bhfuil an teanga níos sábháilte áit a bhfuil an pobal teanga níos dlúithe (UNESCO, 2011: 6). Léiríonn na torthaí go bhfuil iompar teanga níos fabhraí i leith na Gaeilge i gceist leis an ngrúpa a bhfuil cónaí orthu i gcomharsanacht Ghaelach agus go n-úsáideann an grúpa seo níos mó Gaeilge i réimsí an tsaoil laethúil, an bhaile agus le páistí na bhfreagróirí i gcomparáid leis an ngrúpa a úsáideann Béarla amháin nó den chuid is mó le comharsana. Taispeánann an cás seo go bhfuil buntáistí ar leith ag baint leis an gcomharsanacht Ghaelach do phobal na Gaeilge agus go bhféadfadh tionchar a bheith ag an timpeallacht ar iompar teanga níos fabhraí i leith na sprioctheanga.

Léiríonn an t-eolas ón gceistneoir go bhfuil tromlach na ngréasán sóisialta atá ag na freagróirí ar fad bunaithe go háitiúil le 75.5% de ghréasáin sa chatagóir seo.

Taispeánann na torthaí seo go bhfuil suntas ag baint le pobail áitiúla na Gaeilge i gcomhthéacs theoiricí ar an iar-nua-aoiseachas mar go bhfuil bunús áitiúil láidir ag baint leis na pobail seo. Feictear i gcomhthéacs na bpobal Gaeilge atá faoi scrúdú anseo, nach bhfuil bunús láidir ag na teoiricí iar-nua-aoiseacha a bhaineann le háit agus nach bhfuil Delanty iomlán ceart sa chás seo leis an easpa aire a thugann sé don phobal atá bunaithe go háitiúil. I gcás na Gaeilge, tugtar le fios sa taighde seo go bhfuil áit lárnach i saol an duine ag an bpobal áitiúil i gcomhthéacs na bpobal Gaeilge seo.

***4. Cén cur chuige atá éifeachtach i bhforbairt phobail Ghaeilge na linne?***

Léiríonn an taighde go bhfuil coistí i bhfeidhm ag trí chinn de na pobail a bhfuil freagracht ar leith acu as forbairt an phobail Ghaeilge sa cheantar. Tuairiscítear i gcásanna Ráth Chairn, Chluain Dolcáin agus Charn Tóchair go bhfuil coistí tofa ann a bhaineann lena n-eagraíochtaí pobail féin agus go mbíonn cur chuige ón mbarr anuas agus ón mbun aníos i gceist leis an bhforbairt pobail a bhíonn ar bun sna pobail chuí. Leagtar béim mhór ar imeachtaí sóisialta chun pobal na Gaeilge a thógáil le chéile sna pobail seo.

I gcás Bhóthar Seoighe, cur chuige ón mbun aníos atá i bhfeidhm le próiseas daonlathach ann ó thaobh déanamh cinntí de. Chinntigh cur chuige an phobail seo úinéireacht don phobal. Tá braistint láidir de smaointeoireacht fhéinchabhrach le haireachtáil sa chás seo, rud a phléann Putman (2000) maidir le grúpaí féinchabhracha agus Meade *et al* (2016) maidir leis an bhforbairt pobail agus na prionsabail fhéinchabharacha a ghabhann leis. Taispeántar i gcás Bhóthar Seoighe, cé gur tógadh dlúthphobal do phobal na Gaeilge, nach pobal leithlisithe a cruthaíodh a scar go hiomlán ón mórphobal ach pobal a léirigh tacaíocht dó agus a spreag foghlaim agus úsáid na Gaeilge ann.

Taispeántar i gcás na gceithre phobal faoi scrúdú go bhfuil leibhéal éigin féininbhuanaitheachta tábhachtach dóibh, go léirítear amhras faoi spleáchas ar an stát agus go bhfuil céimeanna tógtha chun an staid fhéinchothabhálach a bhaint amach dá bpobal. I gcás Bhóthar Seoighe, ní bhfuarthas aon tacaíocht stáit chun an dlúthphobal a thógáil agus bhíothas ag brath ar na cónaitheoirí chun costais na tógála a íoc. Molann Nettle & Romaine an cur chuige féinchothabhálach seo don mhionchultúr (2000: 189).

I gcás Chluain Dolcáin, maítear go dtugtar tús áite don óige sa phróiseas agus leagtar béim ar an gcéad ghlúin eile. Sa chás seo, aithnítear an tionchar a imreoidh an ghlúin seo ar an nglúin a thagann ina diaidh, rud a thaispeánann go ndéantar machnamh ar thodhchaí an phobail Ghaeilge. Tugtar le fios go bhfuil nádúr neamhbhuan ag baint leis an bpobal seo leis an easpa tiomantais fhadtéarmaigh a thuairiscítear i gcás na heagraíochta le rannpháirtíocht ón bpobal i gceist do thograí ar leith. Tá an cás seo aitheanta i dteoiricí an iar-nua-aoiseachais (Delanty, 2003; Allan & Turner, 2000) maidir le nádúr an phobail agus an ghné oscailte a bhaineann le gréasáin inniu. Creidtear go bhfuil an bealach saoil a bhaineann le ballraíocht de ghrúpaí imithe, tuairim a luíonn le teoiricí iar-nua-aoiseacha a bhaineann le ballraíocht pobail agus na naisc neamhbhuana a thagann leis an bpobal comhaimseartha (Delanty, 2003; Bauman, 2000).

Tá forbairt pobail níos leithne ar bun ag Coiste Forbartha Charn Tóchair sa chaoi is gur athbheochan chomhphobail ar dhóigheanna eacnamaíochúla, sóisialta, cultúrtha agus teanga é. Is cur chuige ar leith é atá in úsáid sa chás seo agus an Ghaeilge lárnach in atógáil níos leithne an phobail. Luíonn an cur chuige seo le hargóintí Webb (2002) agus Mhic Dhonnacha (2000) maidir le forbairt pobail níos cuimsithí a chur ar bun a dhíríonn ar riachtanais eile an phobail.

I gcás Ghlór na Móna i mBéal Feirste, tá cur chuige ón mbarr anuas agus ón mbun aníos á gcur i bhfeidhm ag an eagraíocht ach cuirtear béim láidir ar an gcur chuige ón mbun aníos agus ar ghlór an phobail i bplean agus fís na heagraíochta. Leagtar béim ar leith ar chumhachtú agus ar fhorbairt an duine, gné atá pléite ag Meade *et al* (2016) i gcomhthéacs na forbartha pobail. Taispeántar an bhraistint chómhuintearais atá ag muintir Ghlór na Mona leis an bpobal áitiúil agus an caipiteal sóisialta atá tógtha ann chomh maith. Tá na buntáistí a bhaineann le caipiteal sóisialta pléite ag Putnam (2000) agus Franklin (2007). Díríonn Glór na Móna ar dhaoine nua agus daoine óga a mhealladh isteach sa ghrúpa chun a leanúnachas agus athghiniúint a chinntiú agus chun spleáchas ar na daoine céanna a sheachaint.

Tá an eagraíocht Pobal ar n'Iúl i mbéal a forbartha agus maítear go bhfuil meascán den chur chuige ón mbarr anuas agus ón mbun aníos in úsáid. In amanna oibríonn an cur chuige seo ach ní oibríonn in amanna eile agus mothaítear go bhfuil obair na heagraíochta ag brath ar na daoine céanna i gcónaí. Tá daoine á mealladh chun na

heagraíochta de réir a chéile ach meastar gur próiseas mall é agus tá deacrachtaí ann daoine a mhealladh ó thaobh amuigh den phobal Gaeilge. Léiríonn an t-eolas seo go n-éiríonn le gnéithe ar leith den fhorbairt pobail atá ar bun ag na pobail thuas, go háirithe leis an suntas a thugtar don chur chuige ón mbun aníos agus an tábhacht a thugtar don chéad ghlúin eile ach, i gcásanna áirithe, go bhfuil deacrachtaí ann daoine a mhealladh isteach sa phobal agus iad a choinneáil.

Léirítear go bhfeictear príomhról an stáit i bhforbairt phobail na Gaeilge mar mhaoinitheoir ar na heagraíochtaí Gaeilge. Cé go bhfuil ról ag Údarás na Gaeltachta i bhforbairt pobail i Ráth Chairn, ní airítear go bhfuil éifeachtacht ag baint leis an ról seo mar gheall ar an easpa tuisceana a thugtar do chúrsaí fostaíochta do lucht na Gaeilge sa cheantar. Cáintear an easpa tacaíochta atá ann ón stát go ginearálta don Ghaeilge agus meastar go bhfuil earnáil na Gaeilge ina iomláine ag brath ar dhea-thoil ó dhíograiseoirí teanga chun obair ar son na Gaeilge. Ní airítear go bhfuil cluas éisteachta á tabhairt ag an stát do ghuth an phobail, cás a léiríonn go bhfuil na caidreamh cumhachta a phléann Gilchrist & Taylor (2011) i gcomhthéacs na forbartha pobail lag ar thaobh an phobail. Níor ghlac an stát ról ar bith i bhforbairt an phobail Ghaelaigh ar Bhóthar Seoighe agus léiríonn iarrachtaí an phobail seo go bhféadfadh rath ollmhór a bheith ann don phobal a ghlacann seilbh ar an ról seo.

Meastar go nascann an feidhmeannas ó thuaidh an Ghaeilge le cúrsaí oideachais, dea-chaidreamh agus mar chaitheamh aimsire agus nach n-aithnítear an ghné phobail a bhaineann leis an teanga nó go bhfuil tuiscint ann i dtaobh forbairt pobail na Gaeilge. Airítear naimhdeas don Ghaeilge ó pholaiteoirí aontachtacha ach is léir go bhfuil cumhachtú an phobail Ghaeilge ina thoradh ar an gcás seo agus go bhfuil forbairt pobail ag tarlú in ainneoin an naimhdis seo.

### *5. Cad iad na fachtóirí a chothaíonn agus a chuireann bac ar fhorbairt Ghaelphobail na linne?*

*Fachtóirí cothaithe:*

Léiríonn torthaí an taighde go bhfuil meon féinchabhrach i bhfeidhm i ngach ceann de na cás-staidéir agus iarrachtaí déanta chun féininbhuanaitheacht a bhaint amach dá n-eagraíochtaí. I gcás Bhóthar Seoighe, bhí féininbhuanaitheacht ríthábhachtach ón tús toisc go raibh rialtas ann a bhí naimhdeach don Ghaeilge. Taispeántar prionsabail láidre na forbartha pobail sa mheon seo, chomh maith le meon

féinchumhachtaithe agus foghlamtha (Meade *et al*, 2016; Putnam, 2000; Gilchrist & Taylor, 2011).

Taispeánann torthaí an cheistneora go bhfuil dearcthaí thar a bheith dearfach sna pobail ar fad i leith na Gaeilge, rud atá aitheanta mar fhachtóir ríthábhachtach sa chothú teanga (UNESCO, 2003: 7-16). Taispeántar i ngach cás go bhfuil tromlach na bhfreagróirí i bhfabhar na ráiteas sa cheistneoir ach nach meastar go bhfuil an rialtas ag déanamh a dhóthain chun bisiúlacht na Gaeilge amach anseo a chinntiú. Léiríonn na tráchtanna a d'fhág go leor de na freagróirí go bhfuil míshástacht shuntasach ann leis an dá stát ó thaobh a ndearcthaí féin i leith na Gaeilge.

Airítear go bhfeiceann lucht óg phobal Bhóthar Seoighe an luach a bhaineann leis an nGaeilge cé go bhfuil meascán teangacha in úsáid sa phobal agus go bhfuil tuiscint ann sa phobal gur togra speisialta a bhí i gceist le tógáil an phobail seo. Shínigh cónaitheoirí an phobail conradh a dhearbhaigh gurb í an Ghaeilge príomhtheanga an tí agus, dá mbeidís ag díol an tí, go ndíolfar le Gaeilgeoir eile é. Cé nach bhfuil seasamh dleathach ag baint leis an gconradh sin, níor bhriseadh go fóill é.

I Ráth Chairn, meastar go bhfuil Béarlóirí an phobail i bhfabhar na Gaeilge toisc go bhfuil siad ag iarraidh go mbeidh Gaeilge ag a gcuid páistí ar scoil agus go bhfuil áiseanna maithe ann don phobal seo agus go leor imeachtaí ar fáil. Tá áras pobail ann a fheidhmíonn mar áit lárnach dóibh a chruthaíonn tearmann teanga don Ghaeilge agus a nascann an teanga leis an gcultúr níos leithne. Tá ráchairt ag baint leis an gceol agus an damhsa sa phobal agus cothaítear nasc leis an nGaeilge trí na himeachtaí sin.

Aithnítear gurb iad stair an phobail agus an Ghaelscolaíocht sa cheantar fachtóirí a chothaíonn an Ghaeilge i gCluain Dolcáin. Tá Áras Chrónáin ann mar áis freisin agus leagtar béim ar ról an ghrúpa i reáchtáil na háise sin in áit an stáit. Creidtear go bhfuil comhoibriú le grúpaí Gaeilge eile tábhachtach i gcothú na Gaeilge agus go bhfuil caidreamh agus dea-ghiúmar mar fhachtóirí cothaithe an phobail Ghaeilge chomh maith leis an gcosc a chuireann Muintir Chrónáin ar reiligiún agus pholaitíocht san Áras. Leagtar béim ar an ngá atá ann go mothaíonn daoine páirteach sa togra seachas a bheith ar an imeall agus an fháil atá acu ar thacaíocht dhaoine eile nuair atá an grúpa faoi bhrú, gné atá tábhachtach san fhorbairt pobail agus ó thaobh an chaipitil shóisialta de (Putnam, 2000; Meade *et a*l, 2016).

I gcás Charn Tóchair, tuairiscítear go bhfuil nasc ann leis an gCumann Lúthchleas Gael, an eagraíocht spóirt is mó sa tír, agus go gcuireann an cumann Sleacht Néill béim mhór ar an nGaeilge. Maítear chomh maith go bhfuil caidreamh maith leis an gcomhairle áitiúil agus go bhfuil bá ann don Ghaeilge. Meastar go bhfuil dul chun cinn déanta ag an nGaeilge sa cheantar le blianta anuas agus go bhfuil an ceantar ag dul i dtreo ceantar Gaeltachta. Luaitear go bhfuil an stair a bhaineann leis an gceantar ó thaobh na Gaeilge de ina fachtóir cothaithe don Ghaeilge chomh maith leis an meon féinchothaithe atá i réim ag pobal na Gaeilge nach mbíonn ag súil le rud ar bith ón stát. Arís, feictear cur chuige na forbartha pobail i bhfeidhm sa chás seo (Meade *et al*, 2016; Putnam, 2000). Feictear chomh maith na dearcthaí a bhíonn ag an duine ar theanga i gcomhthéacs na luachanna atá siombalach orthu mar atá pléite ag Fishman (1989: 251), is é sin stair Charn Tóchair sa chás seo. Airítear chomh maith líon na bpáistí atá ag freastal ar an nGaeloideachas sa cheantar mar ábhar dóchais don todhchaí leis an líon sin dhá oiread níos mó ná líon na bpáistí atá ag dul tríd an gcóras scolaíochta Béarla. Luaitear Foras na Gaeilge freisin mar thacaíocht agus an mheánscoil Ghaeilge nua i nDún Geimhin. Léirítear dearcthaí dearfacha thuismitheoirí an phobail i leith na Gaeilge anseo leis an gcinneadh a ghlac siad an Gaeloideachas a roghnú dá bpáistí.

I gcás na nGaelscoileanna, tá leibhéal éigin leanúnachais idirghlúine le haireachtáil le hiardhaltaí Gaelscoile ag beartú an Ghaeloideachais dá gcuid páistí mar gheall ar a dtaithí dhearfach féin sa chóras. Tá dearcthaí dearfacha i leith na sprioctheanga aitheanta mar fhachtóir atá tábhachtach do chothú na mionteanga (UNESCO, 2003; Mac Donnacha, 2000; Fishman, 1991; Grenoble & Whaley, 2006). Maítear go bhfuil na meáin shóisialta agus an ré dhigiteach ina láidreacht ag pobail chomhaimseartha na Gaeilge toisc go gcuireann siad deiseanna breise ar fáil do phobal na Gaeilge a nascann le chéile iad. Cuireann an teicneolaíocht nua níos mó roghanna ar fáil ó thaobh cláracha teilifíse de do pháistí agus tá deiseanna ann do dhaoine atá ag foghlaim na Gaeilge. Taispeánann an ceistneoir gurb iad na meáin shóisialta ceann de na fearainn is mó lena n-úsáidtear an Ghaeilge freisin, fachtóir a chomhlíonann measúnú UNESCO maidir leis an tábhacht a bhaineann le Fachtóir 5: Freagra d'fhearainn nua agus do na meáin chumarsáide (2003: 7-16).

Airítear i gcás Ghlór na Móna go bhfuil oidhreacht agus stair phobal na Gaeilge sa cheantar ina láidreacht do phobail chomhaimseartha na Gaeilge in iarthar Bhéal

Feirste. Aithnítear an tógáil agus an fhorbairt a rinne muintir Bhóthar Seoighe agus cimí poblachtánacha i leith na Gaeilge agus go bhfuil dearcthaí dearfacha ann i leith na Gaeilge atá idirghlúineach. Taispeántar maíomh Fishman anseo arís maidir le dearcthaí ar theanga a bhaineann le luachanna agus idé-eolaíocht atá siombalach (1989) agus an ról a imríonn na luachanna sin sa chothú teanga. Feictear go bhfuil naisc agus ceangail ann idir na pobail Ghaeilge éagsúla i ngach áit agus go bhfuil meon comhoibritheach ina measc a chuidíonn le forbairt pobail na Gaeilge trí chéile. Taispeántar sa chás seo an caipiteal sóisialta atá láidir i measc na nGael, buntáiste atá pléite ag Putnam (2000) agus Franklin (2007). Tuairiscítear an rannpháirtíocht láidir a fheictear ó phobal na Gaeilge ar fud na hÉireann, go háirithe leis an bhfeachtas ar son Acht na Gaeilge sna Sé Chontae.

Maítear go bhfuil ceist na Gaeilge ina croí-cheist pholaitíochta don chéad uair riamh mar gheall ar an diúltú d'Acht na Gaeilge (Mar a luadh i gCaibidil 4, tá reachtaíocht nua i bhfeidhm anois ó thaobh na Gaeilge de sna Sé Chontae). Sa chás seo, feictear go bhfuil an chumhacht aistrithe ó na polaiteoirí ar ais chuig an bpobal agus go bhfuil glúin nua de dhíograiseoirí teanga rannpháirteach i bhfeachtasaíocht ar an gceist seo. Tá moltaí Alinsky le haireachtáil sa chás seo a ghlaonn ar dhaoine teacht le chéile chun eagraíocht a thógáil (1971: 113). Tá meon féinchumhachtaithe le haireachtáil maidir leis an aitheantas a bhaineann le féininbhuanaitheacht a bhaint amach do phobal na Gaeilge agus moltar nár chóir do phobal na Gaeilge a bheith spleách ar an stát agus go bhfuil sruthanna maoinithe dá gcuid féin ag teastáil. Tá fearainn á gcruthú ina bhfuil an Ghaeilge mar an *dominant acoustic* leis na Gaeil Óga agus Laochra Loch Laoi agus aithnítear go bhfuil gá le himeachtaí a eagrú do lucht na Gaeilge chun srian a chur ar an mBéarla. Feictear freisin go bhfuil gné idirghlúineach ag baint le foireann peile na nGael Óga, rud a chuireann leis an leanúnachas atá ag teastáil ó phobal mionteanga.

Molann Ó Curnáin (2009: 30) an comhar gréasán do phobal na Gaeilge, áit nach bhfuil tearmann tíreolaíoch ar fáil dóibh agus taispeánann taighde Milroy & Milroy (1985: 359) go bhfuil dlúthghréasáin ábalta a bheith ina mheicníocht a chuireann noirm i bhfeidhm. Is féidir le dlúthghréasáin srian a chur ar chumhachtaí seachtracha agus, mar sin, laghdú a dhéanamh ar thionchair sheachtracha chomh maith (Bauman, 2012: 14). Aithnítear gur frithghníomh a bheadh i gceist le dlúthghréasáin a chruthú don phobal iar-nua-aoiseach a phléann Delanty (2003) atá scaoilte, neamhbhuan

agus teibí ach aithnítear go bhféadfadh dlúthghréasáin Ghaeilge srian a chur ar an mBéarla trí theorainneacha éifeachtacha a choinneáil leis.

Moltar i gcás Ghlór na Móna an gréasán tuismitheoirí atá ag tógáil clainne le Gaeilge san ionad agus an grúpa tuistí is tachráin, Suigh agus Scíth. Tacaíonn an gréasán seo le hiarrachtaí athneartaithe teanga na dteaghlach Gaelach sa cheantar. Luíonn an smaointeoireacht a bhaineann leis an ngréasán seo leis an sóisialú teanga, féiniúlachta agus tiomantais a phléann Fishman (1991: 398) agus an tearmann aonteangach a mholann Ó Curnáin do pháistí aonteangacha (2009: 30).

*Baic**:***
Luaitear i gcás Bhóthar Seoighe go dtuigtear go bhfuil an saol athraithe sa chaoi is go n-oibríonn an mháthair anois agus, mar gheall air seo, go bhfuil laghdú ar an méid Gaeilge a chloiseann an páiste. Léiríonn an taighde seo freisin gurb é an t-athair is mó a labhraíonn Gaeilge leis an bpáiste i gcás an phobail seo. Pléitear ceannas an Bhéarla mar bhagairt sheachtrach don phobal agus an tábhacht a bhaineann leis an nGaeilge a úsáid sa bhaile chomh fada agus is féidir, fiú muna bhfuil Gaeilge ag an mbeirt thuismitheoirí. Aithnítear nach féidir an mhórtheanga a sheachaint, go háirithe i suíomh uirbeach agus, mar sin, go gcaithfear an Ghaeilge a choinneáil i réim i bhfearann an tí.

Taispeánann an ceistneoir go mothaíonn freagróirí an phobail seo deacrachtaí le páistí a thógáil le Gaeilge mar gheall ar an easpa taithí atá acu féin, easpa tearmainn don Ghaeilge, an easpa comhairle agus tacaíochta atá ar fáil dóibh agus uileláithreacht an Bhéarla taobh amuigh den teach. Luaitear freisin an diúltú d'Acht na Gaeilge agus seirbhísí stáit trí Ghaeilge. Mothaítear go bhfuil baic ann don Ghaeilge mar gheall ar easpa deiseanna chun í a úsáid agus ganntanas Gaeilgeoirí sa chomhluadar agus sa mhórphobal.

I gcás Ráth Chairn, airítear brú ón mBéarla agus ó lucht an Bhéarla sa phobal agus déantar tagairt don laghdú ar líon na dteaghlach ina bhfuil Gaeilge ag an mbeirt thuismitheoirí. Ní thógann sé ach duine amháin i gcomhluadar Ghaeilgeoirí gach duine a chur ag labhairt Béarla agus cloistear go leor Béarla ó pháistí ag imeacht ón scoil. Pléann Ó Curnáin an cás céanna nuair a bhíonn comhthéacs measctha teanga i bhfeidhm (2009: 12). Tá tuilleadh ag teastáil do dhéagóirí agus tá easpa áiseanna ann don phobal. Tá méid an phobail féin fadhbach agus é timpeallaithe ag an bpobal

Béarla, rud a chuireann brú ar an nGaeilge. Caithfear tiontú ar an mBéarla i go leor comhthéacsanna agus sna háiseanna sin atá lonnaithe taobh amuigh den phobal.

Tá imirce ard ann agus daoine óga ag fágáil an cheantair. Aithníonn páistí na teorainneacha a bhaineann leis an nGaeilge taobh amuigh de chomhthéacs na scoile agus nascann na páistí sin an Ghaeilge le hoideachas dá bharr. Tá baol ann sa chás seo go nascfar an mhionteanga le húdarás agus go bhforbrófar bac in intinn an pháiste i leith na Gaeilge. Tá an cás seo pléite ag Webb (2002: 10) agus léiríonn sé an tábhacht a bhaineann le fearainn eile sa chothú teanga. Ardaítear an easpa Gaeilge a úsáideann na daoine atá i gcumhacht agus moltar go n-úsáidfear níos mó Gaeilge ag an mbarr, go háirithe sa Dáil. Mothaítear gur saoránaigh den dara grád iad an pobal Gaeilge, gan tacaíocht chuí ó eagraíochtaí stáit. Tá aitheantas tugtha do stádas mhionteangacha roimhe seo agus an ról a imríonn cúrsaí cumhachta sa chás seo, mar atá pléite Webb (2002).

I gcás Chluain Dolcáin, taispeántar, in ainneoin an lín mhóir atá ag freastal ar Ghaelscoileanna sa cheantar, go bhfuil deacrachtaí ann na teaghlaigh sin a mhealladh isteach chuig Áras Chrónáin agus go bhfuil iomaíocht i gceist mar gheall ar sceidil pháistí. Meastar go bhfuil an Ghaeilge sa phobal fíorláidir mar gheall ar an líon mór daoine óga ag teacht tríd an nGaelscolaíocht ach go bhfuil easpa deiseanna ann chun an teanga a labhairt. Tá easpa acmhainní agus leanúnachais ina mbagairtí don Ghaeilge sa phobal seo agus déanann Áras Chrónáin iarracht aghaidh a thabhairt ar na bagairtí seo trí ghnó dá chuid féin a reáchtáil a thiomsaíonn airgead don áras. Léirítear dearcthaí neamhfhabhracha i leith na Gaeilge mar bhagairt sheachtrach agus mar bhac don sprioctheanga ach meastar go bhfuil siad seo ag athrú. Maítear go mbíonn náire i gceist leis an teanga, fachtóir atá pléite ag Freire (1970) agus Ngũgĩ Wa Thiong'o (1986) i gcomhthéacs phróiseas an choilíneachais agus iarrachtaí an choilínithe an coilíneachas a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

Airítear go bhfuil an easpa tuisceana i leith na Gaeilge ina bac agus meastar go gcaithfidh úsáid na teanga a bheith bainteach le feabhsú saoil an duine. Meastar gur caitheamh aimsire í an Ghaeilge i mBaile Átha Cliath le meon éagsúil i bhfeidhm i gcomparáid leis An Carn i gCarn Tóchair. Tá cás na Gaeilge ó thuaidh pléite ag Mac Ionnrachtaigh (2013) agus an bhraistint fhéiniúlachta a bhaineann léi don phobal ansin. Léirítear i gcás Chluain Dolcáin go bhfuil an pobal Gaeilge neamhbhuan le

daoine ag teacht agus imeacht, cás a thacaíonn le teoiricí ar an iar-nua-aoiseachas a mhaíonn go bhfuil pobail an lae inniu neamhbhuan agus scaoilte (Delanty, 2003). Tugtar le fios nach bhfuil tacaíocht stáit ann don phobal seo chun páistí a thógáil le Gaeilge agus go bhfuil easpa deiseanna ann chun í a úsáid taobh amuigh den scoil. Tá an pobal Gaeilge timpeallaithe ag an mBéarla chomh maith. Tá baic ann maidir leis an nGaeilge a úsáid mar gheall ar easpa cumais nó féinmhuiníne an duine nó an phobail sa Ghaeilge chomh maith le heaspa deiseanna. Maítear freisin nach féidir déileáil leis an stát trí Ghaeilge.

Pléitear an easpa maoinithe i gcás Charn Tóchair chomh maith leis an spleáchas ar na daoine céanna chun obair sa réimse seo. Cruthaíonn an cás seo neamhchinnteacht don eagraíocht ach tá céimeanna tógtha chun féininbhuanaitheacht a bhaint amach. Mothaíonn cuid den phobal nach bhfuil an teanga acu contúirt i leith na Gaeilge agus léirítear go bhfuil aighneas tagtha chun cinn mar gheall air seo. Tá baol ann go n-aireoidh an pobal Béarla eisiamh ó lucht na Gaeilge agus go mbeidh deacrachtaí ann iad a fháil ar bord leis an togra Gaeilge. Is léir freisin go bhféadfadh an t-aighneas seo bac a chur ar fhorbairt an phobail Ghaelaigh.

Meastar go bhfuil diúltú d'Acht Gaeilge ina bhagairt chomh maith le meon an phobail i leith titim Stormont. Tá baol ann go n-éireoidh daoine bréan den chás seo agus na ciorruithe atá ann do sheirbhísí eile mar gheall ar an bhfeidhmiúchán a bheith neamhghníomhach. Meastar go bhféadfadh an cás seo tacaíocht d'Acht na Gaeilge a ísliú. Áitítear go bhfuil diúltú d'Acht na Gaeilge ina bhac toisc go gcuireann sé srian ar chúrsaí airgeadais, seirbhísí trí Ghaeilge agus stádas don teanga. Spreagann an diúltú seo meon féinchabhrach i measc an phobail Ghaeilge áfach, fachtóir atá aitheanta mar chuid thábhachtach de thógáil an phobail agus atá pléite ag Ó Sé (2000: 294) agus Fennell (1969a: 8). Tá castachtaí ag baint le freastal ar phobal na Gaeilge sa cheantar mar gheall ar na leibhéil éagsúla chumais sa Ghaeilge atá i gceist leis an bpobal seo agus an easpa ama a fhágtar do phobal na Gaeilge líofa. Léirítear anseo na castachtaí a thagann chun cinn ó thaobh pobal atá measctha go teangeolaíoch agus an gá atá ann chun tearmainn ar leith a chruthú do phobal líofa na Gaeilge.

Taispeánann an taighde go bhfuil deacrachtaí ag baint le páistí a thógáil le Gaeilge sa phobal seo mar gheall ar an easpa Gaeilge a airítear taobh amuigh den phobal agus

an chumhacht a bhaineann leis an mBéarla. Bíonn drogall ar pháistí an sprioctheanga a labhairt má tá Béarlóir sa chomhluadar agus tá dainséar ag baint le Gaeilge a labhairt i gceantair áirithe. Chomh maith leis sin, imríonn an diúltú d'Acht na Gaeilge tionchar ar theacht ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Léiríonn na deacrachtaí a bhaineann le páistí a thógáil le Gaeilge an mionlú a tharlaíonn do phobal na Gaeilge agus é timpeallaithe ag mórphobal an Bhéarla gan tacaíocht stáit. Tá mionlú na Gaeilge agus síceolaíocht an mhionlaigh pléite ag Ó Curnáin i gcás na Gaeltachta (2009). Léiríonn an taighde freisin na baic a bhíonn ann do dhaoine Gaeilge a úsáid mar gheall ar mheonta neamhfhabhracha dhaoine eile ina leith agus an easpa Gaeilge ina mbailte féin. Luaitear easpa deiseanna labhartha agus seirbhísí trí mheán na Gaeilge agus naimhdeas don sprioctheanga ón stát.

Feictear go bhfuil dáileadh an phobail Ghaeilge neamhfhabhrach don phobal i mBaile Átha Cliath toisc go bhfuil sé scaipthe óna chéile i gcathair atá mór agus go bhfuil bac ann seirbhísí trí mheán na sprioctheanga a fhorbairt. Tá na buntáistí a bhaineann le mais chriticiúil don mhionteanga pléite ag Fishman (1991: 398) agus Ó Tuathaigh (2008: 41). Airítear go bhfuil an easpa forbartha i dtaobh lonnaíochtaí Gaeilge a thógáil ina bagairt inmheánach do phobal na Gaeilge agus meastar go gcuireann an easpa seo bac ar shaol a chaitheamh trí Ghaeilge. Tá argóintí curtha chun tosaigh ag Ó Cadhain (1964; 1969; 2002), Fennell (1969; 1980), Ó Sé (1966; 2000), Breathnach (1994), Mac Síomóin (2006; 2011) agus Ó Curnáin (2009) a mholann Gaelphobail cheantracha ach áitítear go bhfuil deacrachtaí leis an smaointeoireacht seo mar gheall ar na fadhbanna praiticiúla a bhaineann le pobal intinniúil a thógáil.

Feictear go bhfuil bagairt ann do sheachadadh idirghlúine na Gaeilge sa chaoi is go mbeartaíonn Gaeil an Béarla a labhairt lena bpáistí mar phríomhtheanga chumarsáide agus go mbeidh seo ina bhagairt thubaisteach do thodhchaí na Gaeilge. Téann an cás seo in aghaidh na n-argóintí i bhfabhar sheachadadh idirghlúine na sprioctheanga (Fishman, 1989, 1991, 2001) agus ardaíonn sé ceisteanna maidir le cumas an phobail Ghaelaigh an pobal a atáirgeadh.. Tá easpa feasachta ann ó thaobh thábhacht an tseachadta idirghlúine agus meastar go bhfuil spleáchas ar an nGaelscolaíocht chun an Ghaeilge a thabhairt don ghlúin óg. Tagann castachtaí chun cinn nuair nach mbíonn Gaeilge ag tuismitheoir amháin agus, sa chás seo, beartaítear Béarla a labhairt mar theanga an tí. Tuairiscítear nach bhfuil aon rud ann do thuismitheoirí atá

ag iarraidh páiste a thógáil le Gaeilge nó do thuismitheoirí atá ag súil. Pléann staidéar Walsh *et al* an bac a chuireann an comhthéacs measctha teanga i bhfeidhm i mbailte nuachainteoirí na Gaeilge (2015: 42-44). Mothaítear go bhfuil deacrachtaí ann páistí a thógáil le Gaeilge i dtimpeallacht Bhéarla agus mar gheall ar an easpa Gaeilge atá ag baill an teaghlaigh níos leithne. Léirítear imní maidir le páistí a bhfuil an Ghaeilge acu mar T1 ag idirghníomhú le páistí a bhfuil an Béarla acu mar T1 agus an tionchar a imríonn an dinimic sin ar úsáid na Gaeilge, cás atá feicthe roimhe seo sa Ghaeltacht (Ó Giollagáin *et al*, 2007a: 452).

Airítear go bhfuil easpa físe agus féiniúlachta ann i leith na Gaeilge ag teacht amach as na Gaelscoileanna ó dheas, rud atá láidir ó thuaidh. Maítear go bhfuil líon mór Gaelscoileanna ann ach nach pobal scoile iad agus go bhfeidhmíonn siad taobh istigh de gheataí na scoile amháin. Tá easpa acmhainní, maoinithe agus rannpháirtíochta ó phobal na Gaeilge ina laigí a bhaineann le pobail na Gaeilge inniu. Tá deacrachtaí ann Gaeil a spreagadh chun tacú le fiontair a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus teipeann ar fhiontair ar leith mar gheall ar an easpa tacaíochta seo.

Tá ábhar imní i gceist leis an easpa iardhaltaí Gaelscoile ag tógáil a gclanna féin le Gaeilge, cé go mbeartaítear i gcásanna a bpáistí féin a chur tríd an gcóras. Déanann Mac Donnacha tagairt don cheist seo agus an easpa dul chun cinn a bhíonn ann don sprioctheanga gan sealbhú clainne agus sochaíocha (Mac Donnacha, 2000: 21). Bíonn scriosdó ina fhadhb dóibh siúd atá gníomhach i saol na Gaeilge agus cruthaíonn an fhadhb seo bac ó thaobh forbartha de. Meastar nach bhfuil rannpháirtíocht láidir ann ón bpobal i gcásanna áirithe agus go bhfuil gá le haghaidh a thabhairt ar athghiniúint na hearnála Gaeilge chun a chinntiú go bhfuil glúin nua ag teacht in áit na seanghlúine.

Aithnítear go gcuireann spleáchas ar an stát srian le neartú an Ghaelphobail i nGlór na Móna chomh maith leis an easpa saineolais atá san earnáil Ghaeilge, go háirithe i dtaca leis an óige, i réimsí an oideachais agus cúrsaí traenála. Ardaítear ceist an domhandaithe agus an nualiobrálachais agus an staid neamhfhabhrach a chruthaíonn na comhthéacsanna seo do mhionteangacha ach meastar gur féidir cúrsaí féiniúlachta a úsáid mar ghléas chun daoine a thógáil le chéile agus cúinsí fabhracha a chruthú don mhionteanga. Níl tuiscint sa phobal maidir leis an mian atá ag Gaeilgeoirí saol a chaitheamh trí Ghaeilge. Chomh maith leis sin, maítear nach ndéantar nasc idir an

Ghaeilge agus féiniúlacht na hÉireann, cás atá pléite ag May (2003) i gcomhthéacs mhionteangacha, agus go bhféachtar ar an nGaeilge mar chaitheamh aimsire i roinnt cásanna.

Maítear i gcás Phobal ar ‘n Iúl go nascann daoine an teanga leis an bpoblachtánachas sa phobal sin agus go bhfuil meon i bhfeidhm i dtaobh na Gaeilge ag an móramh Béarla a thugann stádas níos airde don mhórtheanga. I gcás na nGael Óga, tá bagairt ann go gcaillfí daoine nuair a shroicheann siad aois ar leith agus iad ró-aosta don spórt. Caithfear spás a aimsiú don aoisghrúpa seo chun iad a choinneáil.

Tá an diúltú d’Acht na Gaeilge ina bhac don phobal Gaeilge sna Sé Chontae. Cé go bhfuil cearta ar leith ag baint leis an nGaeloideachas ó thuaidh, tá doiléire ag baint leis na cearta sin agus baintear mí-leas as an bpolasaí atá ann faoi láthair. Tá gá le soiléiriú ar an reachtaíocht agus go mbainfear ar shiúl ón Aire an léamh pearsanta a d’fhéadfadh a bheith aige/aici.

### 7.3 Teorainneacha an staidéir

Tá roinnt teorainneacha a bhaineann leis an taighde seo agus féidearthachtaí ann go bhfuil torthaí neamhiontaofa ag baint leis an staidéar. Díríodh an taighde seo go príomha ar cheithre phobal Ghaeilge le dhá cheann de na pobail sin, na Líonraí Gaeilge, scaipthe trí mhórphobail Bhéarla agus ag feidhmiú trí ghréasáin shóisialta. Chomh maith leis sin, tá leibhéil éagsúla chumais sa Ghaeilge le haireachtáil sna pobail seo chomh maith le leibhéil éagsúla rannpháirtíochta in imeachtaí an phobail. D’ardaigh an dá cheist seo ceisteanna maidir le cé a bhí mar bhall den phobal Gaeilge agus an critéar a bheadh i bhfeidhm. Chruthaigh an cás seo deacrachtaí ó thaobh méid na bpobal Gaeilge sna Líonraí Gaeilge a thomhas agus bhíothas ag brath ar eolas ó na príomhfhaisnéiseoirí chun figiúr a fháil ar líon na mball.

Aithnítear i gcás an cheistneora gur féintuairisciú atá i gceist leis an eolas a cuireadh ar fáil agus go bhféadfadh an modh taighde seo torthaí an taighde a chuir ar sceabha. Tá féidearthacht ann go mbeadh léamh ar leith ag freagróirí maidir lena gcumas agus a n-úsáid féin i leith na Gaeilge chomh maith le dearcthaí claonta maidir le hiompar teanga a bpáistí. Sa chás seo, bheadh staidéar eitneagrafach tairbheach chun an t-eolas is iontaofa a bhaint amach.

Roghnaíodh bean agus fear as na ceithre phobal a scrúdaíodh sa tráchtas seo ach aithnítear go bhféadfaí eolas níos leithne a bhailiú dá mbeadh níos mó agallaithe ó na pobail sin i gceist leis an taighde. Creidtear, áfach, gur líon an ceistneoir aon fholús a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar na gnéithe cainníochtúla agus cáilíochtúla a bhain leis. Feictear i gcás Bhóthar Seoighe gur líon méid beag iar-chónaitheoirí an phobail isteach an ceistneoir agus gur imir a bhfreagraí tionchar ar thorthaí an taighde.

Chuathas i mbun an taighde seo agus mé sa phríosún agus bhí go leor srianta bainteach leis an gcomhthéacs sin a d'imir tionchar ar an taighde seo. I gcás an agallaimh ghrúpa, cuireadh srianta ama i bhfeidhm agus bhí orm an t-agallamh a reáchtáil i ndá chuid. Aithnítear go bhféadfadh an cás seo cur isteach ar ghluaiseacht an chomhrá agus go bhféadfadh eolas tábhachtach a chailliúint sa chás seo. Bhí srianta a bhain le teagmháil a dhéanamh le daoine taobh amuigh den phríosún agus chruthaigh an cás seo deacrachtaí ó thaobh agallaithe a aimsiú don ghrúpa agallaimh agus do na hagallaithe eile a bhain leis an taighde. Bhíothas ag brath ar mo theagmhálacha féin sna pobail seo agus i ngluaiseacht na Gaeilge chun príomhfhaisnéiseoirí a mholadh agus chun teagmháil a dhéanamh leo maidir le hagallamh a dhéanamh liom ach meastar gur éirigh leis an taighde in ainneoin an cháis seo agus go bhfuarthas na faisnéiseoirí is fearr do na hagallaimh.

Bhí srianta ag baint le teacht ar an idirlíon chomh maith toisc, mar gheall ar chúrsaí slándála, go raibh ar bhall foirne an phríosúin a bheith i láthair nuair a bhí cimí ag úsáid an idirlín. D'imir an ganntanas foirne drochéifeacht ar infhaighteacht an idirlín agus chruthaigh an cás seo deacrachtaí maidir le teacht ar ábhar a bhain leis an léirmheas litríochta. Chomh maith leis sin, ní raibh fáil agam ar leabharlann ollscoile agus, cé gur éirigh liom go leor leabhar a cheannach a bhí ábhartha don staidéar, ní raibh an deis agam teacht ar an réimse leabhar níos leithne a bheadh ar fáil i leabharlann go dtí gur scaoileadh saor mé i 2018.

Ar deireadh, aithnítear an ról a imríonn claontacht in aon staidéar agus, mar dhíograiseoir agus ghníomhaire Gaeilge, go n-imríonn mo dhearcthaí féin i leith na Gaeilge tionchar ar an staidéar seo. Creidtear, áfach, gur éirigh leis an taighde seo eolas a bhailiú agus a anailísiú gan aon mhórchlaontaí a d'fhéadfadh na torthaí a chur as riocht.

### 7.4 Léargais nua agus moltaí do thaighde amach anseo

Rinne an staidéar seo iniúchadh ar cheithre phobal Ghaeilge, dhá phobal cheantrach-bhunaithe agus dhá Líonra Gaeilge, dhá phobal tuaithe agus dhá phobal uirbeacha, agus dhá phobal ó thuaidh agus dhá phobal ó dheas. Cuireann an taighde seo pictiúr leathan ar fáil maidir leis na fachtóirí éagsúla a chuireann le hinmharthanacht na nGaelphobail faoi scrúdú agus is taighde úr é a dhíríonn ar cheisteanna ar leith.

Bailíodh eolas don taighde seo ar iarrachtaí a rinneadh chun Gaelphobail nua tíreolaíocha a bhunú taobh amuigh den Ghaeltacht agus tá taifead ar na hiarrachtaí sin ar fáil sa tráchtas seo in aon áit amháin. Mar gheall ar an easpa eolais fhoilsithe a bhí ar fáil maidir leis na hiarrachtaí seo agus na hagallaimh a rinne an taighdeoir seo le gníomhairí teanga a bhí rannpháirteach sna hiarrachtaí sin, meastar go bhfuil go leor den eolas a bailíodh á insint don chéad uair.

Bhailigh an taighde seo eolas reatha ar úsáid na Gaeilge sna ceithre phobal faoi scrúdú agus rinneadh iniúchadh níos doimhne chun eolas a fháil ar na fearainn ina mbíonn an Ghaeilge in úsáid iontu agus sna grúpaí sóisialta éagsúla ina mbíonn baill na bpobal ag idirghníomhú. Bhí peirspictíocht ar leith ag baint leis an taighde seo sa chaoi is gur chuimsigh sé teoiricí ar an iar-nua-aoiseachas a bhaineann le nádúr athraithe an phobail agus gur scrúdaigh sé gnéithe a bhaineann le háitiúlacht agus teanga sa chomhthéacs seo. Léirigh an taighde go bhfuil suntas ag baint leis an bpobal áitiúil i nGaelphobail chomhaimseartha i gcomhthéacs na n-athruithe a aithnítear sa phobal leis an iar-nua-aoiseachas. Thaispeáin an taighde seo cé na fearainn agus na grúpaí sóisialta a chothaíonn an sprioctheanga agus a chuireann an sprioctheanga i mbaol sna pobail faoi scrúdú, eolas atá nua don réimse taighde seo.

Leagtar béim ar leith ar sheachadadh idirghlúine na sprioctheanga sa chothú teanga agus scrúdaigh an taighde seo éifeacht an ghnímh seo agus na tuiscintí ina leith sna ceithre phobal. Léirigh an taighde go bhfuil an beartas seo ag éirí níos láidre le ceithre ghlúin anuas sna ceithre phríomhphobal faoi scrúdú ach go bhfuil an dátheangachas thar a bheith láidir iontu agus brú mór ann ón timpeallacht Bhéarla. Thaispeáin an taighde seo freisin go mbíonn iompar teanga i bhfad níos láidre i gceist le daoine a tógadh leis an sprioctheanga i réimsí an tsaoil laethúil agus lena bpáistí agus tacaíonn sé leis an áiteamh go bhfuil ríthábhacht ag baint leis an seachadadh idirghlúine. Taispeánadh freisin gur ghlac tromlach na dtuismitheoirí atá

ag tógáil clainne le Gaeilge a ghlac páirt sa staidéar seo cinneadh comhfhiosach maidir leis an tógáil Ghaelach, cás a léiríonn go bhfuil tuiscintí agus feasacht ann maidir le suntasacht an bhirt seo sna Gaelphobail chuí. Cuireann an taighde ar na ceisteanna seo léargais nua ar fáil i gcomhthéacs sheachadadh idirghlúine na Gaeilge sna pobail faoi scrúdú.

Scrúdaigh an taighde seo argóintí i bhfabhar dlús an phobail teanga agus na buntáistí a bhaineann le gaireacht fhisiciúil don mhionteanga agus léiríodh go bhfuil bunús leis na hargóintí sin i gcás phobail na Gaeilge. Taispeánadh go léiríonn daoine a bhfuil cónaí orthu i gcomharsanachtaí ina labhraítear Gaeilge amháin nó is mó iompar teanga níos fabhraí i leith na Gaeilge i réimsí an tsaoil laethúil, an bhaile agus le páistí i gcomparáid leis an ngrúpa a úsáideann Béarla amháin nó den chuid is mó le comharsana. Tá an t-eolas seo nua agus suntasach do ghníomhairí teanga atá i mbun forbartha ar phobail Ghaeilge.

Bailíodh eolas ar an gcur chuige atá in úsáid i bhforbairt phobail na Gaeilge chun léargas a fháil ar mhodhanna oibre na bpobal. Chomh maith leis sin, thaispeáin an taighde seo an t-imeallú a mhothaíonn pobal na Gaeilge sna Sé Chontae mar gheall ar an diúltú d'Acht na Gaeilge tríd an taighde cáilíochtúil a rinneadh. Léiríonn an litríocht gur féidir le dlúthghréasáin srian a chur ar thionchair sheachtracha (Bauman, 2012) agus taispeánann taighde Milroy & Milroy (1985) gur féidir leo canúint a chothú. Aithníonn an taighde cáilíochtúil go bhféadfadh buntáistí cothaithe a bheith ann don Ghaeilge ag feidhmiú trí na dlúthghréasáin seo. Bheadh taighde dírithe go sonrach ar ghréasáin na Gaeilge tairbheach don réimse seo chun iniúchadh a dhéanamh ar a n-éifeacht i gcothú na Gaeilge.

Léiríonn an t-eolas a bailíodh ó na hagallaimh go mbeadh taighde ar iardhaltaí Gaelscoile tairbheach don réimse chomh maith chun scrúdú a dhéanamh ar a n-iompar teanga, go háirithe lena bpáistí féin, agus an leanúnachas idirghlúine a fheictear leis an gcóras Gaelscolaíochta. Bheadh sé buntáisteach freisin do thodhchaí na Gaeilge dá ndéanfaí measúnú ar na tuiscintí atá ag daltaí Gaelscoile maidir leis an tábhacht a bhaineann le seachadadh idirghlúine na Gaeilge agus na fachtóirí riachtanacha a bhaineann le cothú mionteanga.

Ar deireadh, aithnítear an tairbhe a bhainfeadh le taighde ar an mbealach is éifeachtaí chun pobal mionteanga a fhorbairt sa 21ú aois a chuirfeadh srian ar an domhandú atá

ag brú mionteangacha go dtí imeall na sochaí agus a chinnteodh bisiúlacht na Gaeilge sna glúnta amach romhainn.

# Leabharliosta


Ager, D., 2001. ‘Motivation in Language Planning and Policy’ I: Edwards, J., (eag.) *Multilingual Matters 119*. Clevedon: Multilingual Matters Ltd. 1-12.

Alinsky, S., 1946. *Reveille for Radicals*. Chicago: University of Chicago Press.

Alinsky, S., 1971. *Rules for Radicals: A Pragmatic Primer for Realistic Radicals*. Nua Eabhrac: Vintage Books.

Allan, K. & Turner, J. H., 2000. ‘A Formalization of Postmodern Theory’ I: *Sociological Perspectives, Vol. 43, No. 3 (Fómhair, 2000).* Sage Publications, Inc. 363-385.

Aloysius, G., 2009. ‘Demystifying Modernity: Notes Not so Tentative’ I: *Social Scientist, Iml. 37, Uimh. 9/10 (Meán Fómhair – Deireadh Fómhair 2009).* Social Scientist. 48-54.

An Phríomh-Oifig Staidrimh/Central Statistics Office (CSO), 2012. *This is Ireland: Highlights from Census 2011, Part 1.* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

Aronson, E., 2008. *The Social Animal (Tenth Edition).* Nua Eabhrac: Worth Publishers.

Bauman, Z., 2012. *Liquid Modernity*. Cambridge: Polity Press.

Beck, U., 1992. *Risk Society: Towards a New Modernity*. Londain: SAGE Publications Ltd.

Bell, C. & Newby, H., 1971. *Community Studies. An Introduction to the Sociology of the Local Community.* Londain: George Allen and Unwin Ltd.

Bell, D., 1973. *The Coming of Post-Industrial Society.* Middlesex: Penguin Books

Bernardo, F. & Palma-Oliveira, J.M. 2012. ‘Place identity: A central concept in understanding intergroup relationships in the urban context.’ I: *The role of place identity in the perception, understanding, and design of built environments (2012):* 35-46.

Bosi, L., 2008. ‘Explaining the Emergence Process of the Civil Rights Protest in Northern Ireland (1945–1968): Insights from a Relational Social Movement Approach 1’I: *Journal of Historical Sociology*, *21*(2-3), pp.242-271.

Breathnach, P., 1994. ‘Gaelphobail. An Dara Céad agus an Dara hAliyah’ I: *Comhar Teoranta*. Baile Átha Cliath, 22-27.

Bridger, J. C. & Luloff, A. E., 2001. ‘Building the Sustainable Community: Is Social Capital the Answer?’ I: *Sociological Inquiry, Iml. 71, Uimh. 4, Fómhair 2001*. Austin: University of Texas Press. 458-72.

Buttimer, N., 2003. ‘Language’ i Buttimer, N. agus Ní Annracháin, M. ‘Irish language and literature, 1921-84’, I: J. R. Hill (eag.)., *A new history of Ireland VIII: Ireland 1921-1984* (2003) 538-86 (538-71).

Byrne, J., 2012. ‘Belfast and beyond: Local and international narrative of physical segregation’ I: *Shared Space*, *12,* 5-22.

Castells, M., 1997. *The Power of Identity*. Oxford: Blackwell Publishers Inc.

Castells, M., 2000. ‘Toward a Sociology of the Network Society’ I: *Contemporary Sociology*, Iml. 29, Uimh. 5 (Meán Fómhair., 2000), 693-699.

Coiste Forbartha Charn Tóchair agus Glór na nGael, 2008. *An Bealach chun Tosaigh; Straitéis don Ghaeilge i gCarn Tóchair agus i Machaire Rátha.* Carn Tóchair: Coiste Forbartha Charn Tóchair agus Glór na nGael, Carn Tóchair.

Coiste Forbartha Charn Tóchair, 2015. *An Phleanáil Teanga: I dtreo na gníomhaíochta: Carn Tóchair. Tuairisc Dheiridh.* An Carn/Foras na Gaeilge.

Comhairle Contae Chorcaí, 2005. *Blarney Electoral Area. Local Area Plan.* Corcaigh: Comhairle Contae Chorcaí.

Conradh na Gaeilge, 2016. *Céard é an scéal? Tuairimí an Phobail i leith na Gaeilge: Anailís Bhliaintúil 2.* Baile Átha Cliath: Conradh na Gaeilge.

Crystal, D., 2004. *The Language Revolution.* Cambridge: Polity Press Ltd.

Crystal, D., 2006. *How Language Works*. Londain: Penguin Books.

Crystal, D. 2014. *Language Death*. Cambridge: Cambridge University Press.

Cullen, B., 1994. *A Programme in the Making: A Review of the Community Development Programme*. Combat Poverty Agency.

Currie Armstrong, T., 2011a. ‘Establishing new norms of language use: the circulation of linguistic ideology in three new Irish-language communities’ I: *Language Policy*, Bealtaine 2012, Iml. 11, Uimh. 2, 145-168.

Currie Armstrong, T., 2011b. ‘Bilingualism, Restoration and Language Norms’ I: Kirk, J.M. & Ó Baoill, D.P. (eag.í) *Strategies for Minority Languages: Northern Ireland, the Republic of Ireland, and Scotland.* Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona, 172-179.

Daoust, D., 1997. ‘Language Planning and Language Reform’ I: Coulmas, F., (eag) *The Handbook of Sociolinguistics.* Oxford: Blackwell Publishing Ltd. 436-452.

Darmody, M. & Daly, T., 2015. *Attitudes towards the Irish Language on the Island of Ireland.* Baile Átha Cliath: ESRI/Foras na Gaeilge.

Delanty, G., 2003. *Community*. Londain & Nua Eabhrac: Routledge.

Denvir, G., 1999. ‘The Irish Language in the New Millenium’ I: *New Hibernia Review/Irish Éireannach Nua*. Iml. 3, Uimh. 4 (Geimhreadh, 1999). 18-48.

Dominelli, L., 2018. ‘Globalising Communities: Players and Non-Players’ I: Dominelli, L. (eag.) *Revitalising communities in a globalising world*. Routledge. (e-book)

Dooley, B., 1998. *Black and green: the fight for civil rights in Northern Ireland & Black America*. Pluto Press.

Dunbar, R., 2011. ‘Bilingualism: Conceptual Difficulties and Practical Challenges’ I: *Strategies for Minority Languages: Northern Ireland, the Republic of Ireland, and Scotland*. Béal Feirste: Cló Ollscoil na Banríona. 150-162.

Fennell, D., 1969a. ‘Revival or Not?’ I: Fennell, D. *Iarchonnacht Began*. Gaillimh: Iarchonnachta 1985, 3-9.

Fennell, D., 1969b. ‘Iosrael in Iarchonnachta’ I: Fennell, D. *Iarchonnacht Began*. Gaillimh: Iarchonnachta 1985, 11-13.

Fennell, D., 1969c. ‘Slua ar thóir Pobail’ I: Fennell, D. *Iarchonnacht Began*. Gaillimh: Iarchonnachta 1985, 17-20.

Fennell, D., 1969d. ‘Níor Athbheodh an Laidin’ I: Fennell, D. *Iarchonnacht Began*. Gaillimh: Iarchonnachta 1985, 21-24.

Fennell, D., 1969e. ‘Iarfhocal: An Tarraingt Siar mar Ghníomh Réabhlóideach’ I: Fennell, D. *Iarchonnacht Began*. Gaillimh: Iarchonnachta 1985, 46-49.

Fennell, D., 1980. ‘The Irish language movement: its achievements and its failure’ I: *Twentieth Century Studies, No. 5.* Canterbury: University of Kent, 64-77.

Fishman, J.A., 1989. *Language and Ethnicity in Minority Sociolinguistic Perspective*. Clevedon & Philadelphia: Multilingual Matters.

Fishman, J.A., 1991. *Reversing Language Shift*. Clevedon: Multilingual Matters Ltd.

Fishman, J.A., 2001. ‘From Theory to Practice (and Vice Versa): Review, Reconsideration and Reiteration’ I: Fishman, J.A. (eag.) *Can Threatened Languages be Saved?* Clevedon: Multilingual Matters Ltd, 451-483.

Foras na Gaeilge, níl dáta. *Gaeilge: Beo sa phobal/Alive in the community.* Baile Átha Cliath/Béal Feirste: Foras na Gaeilge.

Franklin, J., 2007. *Social capital: between harmony and dissonance*. Londain: London South Bank University.

Freire, P., 1970. *Pedagogy of the Oppressed*. Londain: Penguin Books.

Giddens, A. and Sutton, P.W., 2017. *Essential concepts in sociology*. John Wiley & Sons. (e-book)

Gilchrist, A. & Taylor, M., 2011. *The Short Guide to Community Development.* Bristol: The Policy Press.

Giles, J., 2016. ‘No, it is a hobby for me: Examining the motivations of non-Irish learners of the Irish language in North America’I: *Language & Communication, 47*, 135-143.

Govindasamy, S. & Nambiar, M., 2003. ‘Social networks: applicability to minority communities in multilingual settings’ I: *International Journal of the Sociology of Language, 161 (2003).* Walter de Gruyter. 25-45.

Grenoble, L.A. & Whaley, L.J., 2006. *Saving Languages. An Introduction to Language Revitalization.* Nua Eabhrac: Cambridge University Press.

Grinde, B., Nes, R.B., MacDonald, I.F. agus Wilson, D.S., 2018. ‘Quality of life in intentional communities’ I: *Social Indicators Research, 137*(2), 625-640.

Habermas, J. & Ben-Habib, S., 1981. ‘Modernity versus Postmodernity’ I: *New German Critique, Uimh. 22, Special Issue on Modernism (Geimhreadh, 1981).* Duke University Press. 3-14.

Hernández, B., Hidalgo, M.C., Salazar-Laplace, M.E. agus Hess, S., 2007. ‘Place attachment and place identity in natives and non-natives’ I: *Journal of environmental psychology*, *27*(4), 310-319.

Hindley, R., 1990. *The Death of the Irish Language*. Londain: Routledge.

Hogan-Brun, G. & O’Rourke, B., 2019. ‘Introduction: Minority languages and communities in a changing world’ I: *The Palgrave handbook of minority languages and communities*. Londain: Palgrave Macmillan, 1-18.

Holmes, J. 2008. *An Introduction to Sociolinguistics (3rd Edition)*. Essex: Pearson Education Ltd.

Kachuk, P., 1994. ‘A Resistance to British Cultural Hegemony: Irish-Language Activism in West Belfast’ I: *Anthropologica, Iml. 36, Uimh. 2 (1994).* Canadian Anthropology Society. 135-154.

Kennedy, D., 2011. ‘Industrial Society: Requiem for a Concept’ I: *The American Sociologist*, Iml. 42, Uimh. 4 (Nollaig 2011). Springer. 368-383.

Kircher, R., 2019. ‘Intergenerational language transmission in Quebec: patterns and predictors in the light of provincial language planning’ I: *International Journal of Bilingual Education and Bilingualism*. 1-18.

Krauss, M., 1992. ‘The world's languages in crisis’ I: *Language, Iml. 68, Uimh. 1, 1992*. 6.

Kumar, R., 2014. *Research Methodology. A step-by-step guide for beginners* (4th edition). Londain: Sage.

Lanza, E. & Svendsen, B. A., 2007. ‘Tell me who your friends are and I might be able to tell you what language(s) you speak: Social network analysis, multilingualism, and identity’ I: *International Journal of Bilingualism, Iml. 11, Uimh. 3 (2007),* 275– 300.

Liddicoat, A.J. & Taylor-Leech, K., 2020. ‘Agency in language planning and policy’ I: *Current Issues in Language Planning*. 1-18.

Lyon, L., 1989. *The Community in Urban Society*. Illinois: Waveland Press Inc.

Mac Donnacha, J., 2000. ‘An Integrated Language Planning Model’ I: *Language Problems & Language Planning. Iml. 24, Uimh. 1, Spring 2000.* Amstardam: John Benjamins Publishing Company. 16-21.

Mac Donnacha, J., 2011. ‘The Role of the University in Sustaining Linguistic Minorities: An Irish Case Study’ I: Kirk, J.M. & Ó Baoill, D.P. (eag.aí). *Sustaining Minority Language Communities: Northern Ireland, the Republic of Ireland, and Scotland.* Béal Feirste: Ollscoil na Banríona, 53-64.

Mac Giolla Chríost, D. & Aitchison, J., 1998. ‘Ethnic identities and language in Northern Ireland’ I: *Area (1998) Vol. 30, Uimh. 4 (Nollaig 1998).* The Royal Geographic Society (with the Institute of British Geographers). 301-9.

Mac Giolla Chríost, D., 2012. ‘A question of national identity or minority rights? The changing status of the Irish language in Ireland since 1922’ I: *Nations and Nationalism, 18 (3), 2012.* Journal of the Association for the Study of Ethnicity and Nationalism/Blackwell Publishing Ltd. 398-416.

Mac Gréil, M. & Ó Reachtagáin, F., 2009. *An Ghaeilge agus Muintir na hÉireann (Achoimre).* Má Nuad: Ionad Suirbhéithe agus Taighde, An Roinn Shocheolaíochta, Ollscoil na hÉireann Má Nuad.

Mac Ionnrachtaigh, F., 2008. *‘An Ghaeilge faoi Ghlas: Republican prisoners and the Irish language in the North of Ireland-Power, Resistance and Revival’.* (Tráchtas PhD. Dámh na nEalaíon, na nDaonnachtaí agus na nEolaíochtaí Sóisialta. Ollscoil na Banríona, Béal Feirste)

Mac Ionnrachtaigh, F., 2013. *Language, Resistance and Revival: Republican Prisoners and the Irish Language in the North of Ireland.* Londain: Pluto Press.

Mac Seáin, S., 2010. *D’imigh sin agus tháinig seo. Scéal oibrí fir i mBéal Feirste a linne.* Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Mac Síomóin, T., 2006. *Ó Mharsa go Magla. Straitéis nua don Ghaeilge*. Baile Átha Cliath: Coiscéim.

Mac Síomóin, T., 2011. ‘Nua-Éireannachas: Namhad don Ghaeilge!’ I: Mac Cormaic, B. (eag.) *Féiniúlacht, Cultúr agus Teanga i Ré an Domhandaithe*. Baile Átha Cliath: Coiscéim, 236-253.

Mac Síomóin, T., 2014. *The Broken Harp: Identity and Language in Modern Ireland.* Nuascéalta Teoranta.

Mac Síomóin, T., 2020. *The Gael becomes Irish: An Unfinished Odyssey.* Nuascéalta Teoranta.

Maguire, G., 1991. *Our own language: An Irish initiative*. Clevedon: Multilingual matters.

Marin, A. & Wellman, B., 2011. ‘Social network analysis: An introduction’ I: (eag.) Scott, J. & Carrington, P.J. (2011) *The SAGE handbook of social network analysis*. Sage Publications. 11-25.

Massey, D. 1991. ‘A Global Sense Of Place’ I: *Marxism Today*. Meitheamh 1991. 24-29.

May, S. 2003. ‘Rearticulating the Case for Minority Language Rights’ I: *Current Issues in Language Planning, Iml. 4, Uimh. 2, 2003.* 95-125.

McCloskey, J., 2001. *Voices Silenced-Guthanna in Eag: Has Irish a Future-An Mairfidh an Ghaeilge Beo*. Baile Átha Cliath: Cois Life.

McMonagle, S., 2012a. ‘Finding the Irish language in Canada’ I: *New Hibernia Review/Iris Éireannach Nua, 16*(1), 134-149.

McMonagle, S., 2012b. ‘Gaeltacht Thuaisceart an Oileáin Úir: Post-territorial Irishness and Canadian multiculturalism’ I: *Irish Studies Review, 20*(4). 407-425.

McManus, R, níl dáta luaite. *Public Utility Societies, Dublin corporation and the Development of Dublin, 1920-1940.* Dún Dealgain: Regional Technical College, Dún Dealgain.

Meade, R. R., Shaw, M. & Banks, S., 2016. ‘Politics, power and community development: an introductory essay’ I: *Politics, power and community development.* Bristol: Policy Press. 1-27.

Meiksins Wood, E., 1997. ‘Modernity, Postmodernity or Capitalism?’ I: *Review of International Political Economy, Iml. 4, Uimh. 3, The Direction of Contemporary Capitalism (Fómhair, 1997).* Taylor & Francis, Ltd. 539-560.

Milroy, J. & Milroy, L., 1985. ‘Linguistic change, social network and speaker Innovation’ I: *Journal of Linguistics 21 (1985),* 339-384.

